Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

L 150

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

9 Meitheamh 2023

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849** [1] 1

★ **Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937** [1] 40

★ **Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010** [1] 206

[1] Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1113 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Bealtaine 2023

maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849

(athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a leasú go substaintiúil ([5]). Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Glacadh Rialachán (AE) 2015/847 chun a áirithiú go gcuirfí chun feidhme ceanglais an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) maidir le soláthraithe seirbhísí aistrithe de dhroim sreinge, agus go háirithe an oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a chur le haistrithe cistí, go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Na hathruithe is déanaí a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2019 i gcaighdeáin FATF maidir le teicneolaíochtaí nua, agus é mar aidhm leo sócmhainní fíorúla agus soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla a rialú, cuireadh ar fáil leis na hathruithe sin oibleagáidí nua agus comhchosúla le haghaidh soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla, chun inrianaitheacht aistrithe sócmhainní fíorúla a

([1]) IO C 68, 9.2.2022, lch. 2.
([2]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 89.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Aibreán 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023.
([4]) Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).
([5]) Féach Iarscríbhinn I.

éascú. Sa bhreis ar na hathruithe sin, tá soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla le faisnéis faoi thionscnóirí agus tairbhithe na n-aistrithe sócmhainní fíorúla sin a chur leis na haistrithe sin. Ceanglaítear chomh maith ar sholáthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla an fhaisnéis sin a fháil, a shealbhú agus a roinnt lena gcontrapháirtí ar an taobh eile den aistriú sócmhainní fíorúla agus í a chur ar fáil ar iarraidh ó na húdaráis inniúla.

(3) I bhfianaise nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2015/847 faoi láthair ach maidir le haistrithe cistí, is é sin le rá maidir le nótaí bainc agus monaí, airgead scríbhinne, agus airgead leictreonach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 2, de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), is iomchuí raon feidhme Rialachán (AE) 2015/847 a leathnú chun aistrithe sócmhainní fíorúla a chumhdach freisin.

(4) Is féidir le sreafaí airgid neamhdhleathaigh a chuirtear i gcúrsaíocht trí aistrithe cistí agus sócmhainní fíorúla dochar a dhéanamh do shláine, do chobhsaíocht agus do chlú na hearnála airgeadais agus a bheith ina bhagairt ar mhargadh inmheánach an Aontais agus ar an bhforbairt idirnáisiúnta. Tá sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus coireacht eagraithe ina bhfadhbanna móra fós ar ceart aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí fóntacht, sláine agus cobhsaíocht an chórais trína n-aistrítear cistí agus sócmhainní fíorúla, mar aon leis an muinín as an gcóras airgeadais sin ar fad a chur i mbaol de dheasca iarrachtaí ó choirpigh agus a gcomhpháirtithe bréagriocht a chur ar fhoinse a gcuid fáltas ó choireacht nó cistí nó sócmhainní fíorúla a aistriú le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla nó chun críoch sceimhlitheoireachta.

(5) D'fhonn a gcuid gníomhaíochtaí coiriúla a éascú, is dócha go ndéanfaidh lucht sciúrtha airgid agus maoinitheoirí sceimhlitheoireachta iarracht buntáiste a bhaint as an tsaoirse i ngluaiseachtaí caipitil laistigh de limistéar comhtháite airgeadais an Aontais, mura nglactar bearta comhordaithe áirithe ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm leis an gcomhar idirnáisiúnta faoi chuimsiú FATF agus le cur chun feidhme domhanda a chuid moltaí sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc le linn cistí nó sócmhainní fíorúla a aistriú.

(6) Mar gheall ar fhairsinge na gníomhaíochta a bheidh le déanamh, ba cheart don Aontas a áirithiú go ndéanfaí na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Sciúradh Airgid agus maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leata a Chomhrac a ghlac FATF an 16 Feabhra 2012 agus ar a rinne sé athbhreithniú ansin an 21 Meitheamh 2019 ("Moltaí athbhreithnithe FATF"), agus, go háirithe, Moladh 15 de chuid FATF maidir le teicneolaíochtaí nua, Moladh 16 de chuid FATF maidir le haistrithe de dhroim sreinge, agus na nótaí léirithe athbhreithnithe maidir leis na moltaí sin a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais agus, go háirithe, nach mbeidh aon idirdhealú nó neamhréiteach ann idir íocaíochtaí náisiúnta nó aistrithe sócmhainní fíorúla laistigh de Bhallstát, ar thaobh amháin, agus íocaíochtaí trasteorann nó aistrithe sócmhainní fíorúla trasteorann idir Ballstáit, ar an taobh eile. Maidir le gníomhaíocht neamh-chomhordaithe arna déanamh ag Ballstáit ag gníomhú uathu féin i réimse na n-aistrithe trasteorann cistí agus sócmhainní fíorúla, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aici ar fheidhmiú rianúil córas íocaíochta agus seirbhísí sócmhainní fíorúla ar leibhéal an Aontais agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sí dochar a dhéanamh don mhargadh inmheánach i réimse na seirbhísí airgeadais.

(7) D'fhonn cur chuige comhleanúnach a chothú sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus an éifeachtacht a fheabhsú maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, ba cheart d'aon ghníomhaíocht bhreise ón Aontas aird a thabhairt ar fhorbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe Moltaí athbhreithnithe FATF.

(8) Leis an raon domhanda atá acu, an luas ar féidir idirbhearta a dhéanamh agus an anaithnideacht a d'fhéadfadh a bheith ann trína n-aistriú, bíonn sócmhainní fíorúla go háirithe i mbaol mí-úsáid choiriúil, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid sócmhainní fíorúla chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, ba cheart don Aontas cur i bhfeidhm na gcaighdeán arna gcur chun feidhme leis an Rialachán seo agus forbairt ghné idirnáisiúnta agus thrasdlínse an chreata rialála agus maoirseachta a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda le haghaidh aistrithe sócmhainní fíorúla a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

([6]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

(9) Le Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), de thoradh an leasaithe a rinneadh uirthi le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), tugadh isteach sainmhíniú ar airgeadraí fíorúla agus tugadh aitheantas do sholáthraithe a ghabhann do sheirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat, chomh maith le soláthraithe tiachóg coinneála, i measc na n-eintiteas atá faoi réir ceanglais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac faoi dhlí an Aontais. Mar gheall ar fhorbairtí idirnáisiúnta le déanaí, go háirithe faoi chuimsiú FATF, feictear go bhfuil gá le catagóirí breise de sholáthraithe seirbhíse sócmhainní fíorúla a rialú nach gcumhdaítear go fóill agus go bhfuil gá leis an sainmhíniú ar airgeadra fíorúil atá ann faoi láthair a leathnú.

(10) Comhfhreagraíonn an sainmhíniú ar chripteashócmhainní i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) don sainmhíniú ar shócmhainní fíorúla a leagtar amach i Moltaí athbhreithnithe FATF, agus cuimsítear sa liosta seirbhísí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chumhdaítear sa Rialachán sin na soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla atá sainaitheanta mar sin ag FATF agus a mheastar gur dócha go n-ardófar leo ábhar imní maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Chun comhleanúnachas dhlí an Aontais a áirithiú sa réimse sin, ba cheart na sainmhínithe céanna ar chripteashócmhainní, ar sheirbhísí cripteashócmhainní agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a úsáid sa Rialachán seo agus a úsáidtear i Rialachán (AE) 2023/1114.

(11) Is modhanna ábhartha agus éifeachtacha iad cur chun feidhme agus forghníomhú an Rialacháin seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.

(12) Ní bheartaítear leis an Rialachán seo ualaí ná costais nach bhfuil gá leo a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ná ar dhaoine a úsáideann a gcuid seirbhísí. Maidir leis sin, ba cheart an cur chuige a bheith coisctheach spriocdhírithe agus comhréireach agus ba cheart dó saorghluaiseacht an chaipitil, ar ní é a ráthaítear ar fud an Aontais, a chomhlíonadh go hiomlán.

(13) Luaitear i Straitéis Leasaithe an Aontais maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta an 17 Iúil 2008 ("an Straitéis Athbhreithnithe"), nach mór leanúint leis na hiarrachtaí chun maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus chun rialú a dhéanamh ar sceimhlitheoirí amhrasta maidir lena gcuid acmhainní féin a úsáid. Aithnítear inti go bhfuil FATF de shíor ag iarraidh a mholtaí a fheabhsú agus go bhfuil sé ag oibriú i dtreo chomhthuiscint maidir leis an mbealach ina bhféadfar na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Tugtar dá n-aire sa Straitéis Athbhreithnithe go ndéantar measúnú ar bhonn rialta ar an mbealach a dhéanann gach ball de FATF agus gach ball de chomhlachtaí réigiúnacha atá ar aon stíl le FATF Moltaí athbhreithnithe FATF a chur chun feidhme agus go bhfuil sé tábhachtach, dá bhrí sin, cur chuige coiteann a bheith ag na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme.

(14) Sa bhreis air sin, i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020 dar teideal Action Plan for a comprehensive Union policy on preventing money laundering and terrorist financing [Plean Gníomhaíochta le haghaidh beartas cuimsitheach de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc], sainaithníodh sé réimse tosaíochta i dtaca le gníomhaíocht phráinneach chun feabhas a chur ar chóras an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear creat rialála comhleanúnach a bhunú san Aontas le haghaidh an chóras sin chun rialacha níos mionsonraithe agus níos comhchuibhithe a fháil, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí na nuálaíochta teicneolaíochta agus forbairtí i gcaighdeáin idirnáisiúnta agus chun cur chun feidhme ilchineálach na rialacha atá ann faoi láthair a sheachaint. Tugtar le tuiscint mar gheall ar obair ar an leibhéal idirnáisiúnta go bhfuil gá le raon feidhme na n-earnálacha nó na n-eintiteas a chumhdaítear leis an gcóras sin a leathnú agus leis an mbealach ar cheart feidhm a bheith aige maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nach gcumhdaítear go dtí seo a mheas.

([7]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([8]) Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

([9]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

(15) D'fhonn maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, rinneadh bearta arb é is cuspóir dóibh cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine, grúpaí agus eintiteas áirithe a reo, lena n-áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 2580/2001 ([10]), (CE) Uimh. 881/2002 ([11]) agus (AE) Uimh. 356/2010 ([12]) ón gComhairle. Chun na críche céanna sin, rinneadh bearta eile arb é is cuspóir dóibh an córas airgeadais a chosaint i gcoinne aistriú cistí agus acmhainní eacnamaíocha chun críocha sceimhlitheoireachta freisin. Tá roinnt beart den sórt sin i dTreoir (AE) 2015/849. Ní éiríonn go hiomlán leis na bearta sin, áfach, sceimhlitheoirí nó coirpigh eile a chosc ó rochtain a fháil ar chórais íocaíochta chun a gcistí a aistriú.

(16) Is féidir inrianaitheacht i ndáil le haistrithe cistí agus cripteashócmhainní a bheith ina huirlis an-tábhachtach agus an-luachmhar chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú agus a bhrath, agus chun bearta sriantacha a chur chun feidhme, go háirithe na cinn a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001, le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 agus le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go dtarchuirfí faisnéis fad an tslabhra íocaíochta nó an tslabhra aistrithe cripteashócmhainní, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le córas lena gcuirtear de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta go ngabhfaidh faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí le haistrithe cistí, agus go gcuirtear de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go ngabhfaidh faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí le haistrithe cripteashócmhainní.

(17) Bíonn fachtóirí sonracha ardriosca le haghaidh sciúrtha airgid, maoinithe sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí coiriúla eile i gceist le haistrithe áirithe cripteashócmhainní, go háirithe aistrithe a bhaineann le táirgí, idirbhearta nó teicneolaíochtaí a ceapadh chun anaithnideacht a fheabhsú, lena n-áirítear tiachóga príobháideachais, measctháirí nó rothlóirí. Chun inrianaitheacht na n-aistrithe sin a áirithiú, ba cheart don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) (ÚBE), a shoiléiriú, go háirithe, conas a chuireann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na fachtóirí riosca a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2015/849 san áireamh, lena n-áirítear agus idirbhearta á ndéanamh acu le heintitis nach eintitis den Aontas iad agus nach bhfuil rialáilte, cláraithe ná ceadúnaithe in aon tríú tír, nó le seoltaí féinóstáilte. I gcás ina sainaithnítear cásanna lena ngabhann riosca níos airde, ba cheart do ÚBE treoirlínte a eisiúint lena sonraítear na bearta díchill chuí feabhsaithe ar cheart d'eintitis faoi oibleagáid a bhreithniú iad a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú, lena n-áirítear nósanna imeachta iomchuí a ghlacadh ar nós uirlisí anailíseacha na teicneolaíochta mórleabhar dáilte (DLT) a úsáid, chun tionscnamh nó ceann scríbe cripteashócmhainní a bhrath.

(18) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do na bearta sriantacha náisiúnta ná do bhearta sriantacha de chuid an Aontais a fhorchuirtear leis na Rialacháin a bhunaítear ar Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, amhail Rialacháin (CE) Uimh. 2580/2001, (CE) Uimh. 881/2002 agus (AE) Uimh. 356/2010 agus Rialacháin (AE) Uimh. 267/2012 ([14]), (AE) 2016/1686 ([15]) agus (AE) 2017/1509 ([16]) ón gComhairle, a fhéadann a cheangal go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí agus na n-íocaithe, soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na dtionscnóirí agus na dtairbhithe, chomh maith le soláthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha an beart iomchuí le cistí áirithe agus cripteashócmhainní a reo nó go gcomhlíonfaidh siad na srianta sonracha a bhaineann le haistrithe áirithe cistí nó cripteashócmhainní. Ba cheart beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun cur chun feidhme na mbeart sriantach sin a áirithiú, lena n-áirítear bearta scagtha ó thaobh na ndaoine ainmnithe atá ar liosta an Aontais agus ar liostaí náisiúnta. Ba cheart do ÚBE treoirlínte a

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 70).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida (IO L 139, 29.5.2002, lch. 9).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlíthiúla, eintitis áirithe nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil (IO L 105, 27.4.2010, lch. 1).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

([15]) Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a bhaineann leo (IO L 255, 21.9.2016, lch. 1).

([16]) Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

eisiúint ina sonraítear na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe inmheánacha sin. Tá sé beartaithe go ndéanfar ceanglais an Rialacháin seo maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha a bhaineann le bearta sriantacha a aisghairm go luath amach anseo le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a chosc.

(19) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir go hiomlán le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Ba cheart diantoirmeasc a chur ar phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha tráchtála. Aithníonn na Ballstáit go léir gur foras leasa phoiblí tábhachtach é an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ní mór a cheangal aistriú sonraí pearsanta go tríú tír a dhéanamh i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. Maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fheidhmíonn i roinnt dlínsí a bhfuil craobhacha nó fochuideachtaí acu atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, tá sé tábhachtach nach gcuirfí cosc orthu sonraí faoi idirbhearta amhrasacha laistigh den eagraíocht chéanna a aistriú, ar an gcoinníoll go gcuireann siad cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra agus an tairbhí, ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra agus an íocaí agus ag na soláthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha agus na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha chun sonraí pearsanta a chosaint i gcoinne caillteanas timpisteach, athrú nó nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe.

(20) Maidir le daoine nach ndéanann ach doiciméid pháipéir a mhalartú ina sonraí leictreonacha agus atá ag gníomhú faoi chonradh le soláthraí seirbhísí íocaíochta agus maidir le daoine nach gcuireann ach córais teachtaireachtaí nó córais tacaíochta eile chun cistí a tharchur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nó nach gcuireann ach córais imréitigh agus socraíochta ar fáil dóibh, níor cheart dóibh teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(21) Maidir le daoine nach soláthraíonn ach bonneagar coimhdeach, amhail soláthraí seirbhísí líonra idirlín agus bonneagair, soláthraí néalseirbhísí nó forbróirí bogearraí, a chuireann ar chumas eintitis eile seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar, níor cheart dóibh teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo mura ndéanann siad aistrithe cripteashócmhainní.

(22) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le haistrithe cripteashócmhainní a dhéantar ó dhuine go duine gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leo, nó maidir le cásanna inar soláthraithe seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní iad an tionscnóir agus an tairbhí ag gníomhú dóibh thar a gceann féin.

(23) Maidir le haistrithe cistí a chomhfhreagraíonn do sheirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (a) go (m) agus pointe (o), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Is iomchuí freisin aistrithe cistí agus comharthaí ríomh-airgid, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114 ar beag an baol leo go ndéanfar sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart a chumhdach le heisiaimh den sórt sin cártaí íocaíochta, ionstraimí ríomh-airgid, fóin phóca nó feistí digiteacha nó teicneolaíochta faisnéise (TF) eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, i gcás ina mbaintear feidhm astu go heisiach le hearraí nó seirbhísí a cheannach agus ina ngabhann uimhir an chárta, na hionstraime nó na feiste le gach aistriú. Mar sin féin, maidir le húsáid cárta íocaíochta, ionstraime ríomh-airgid, fóin póca nó aon fheiste digití nó teicneolaíochta faisnéise eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu chun aistriú cistí nó comharthaí ríomh-airgid idir daoine nádúrtha, ag gníomhú dóibh mar thomhaltóirí, a dhéanamh chun críoch eile seachas trádáil, gnó nó gníomhaíocht ghairmiúil, tagann an úsáid sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ina theannta sin, maidir le haistarraingtí ó uathmheaisín bainc, íocaíochtaí cánach, fíneálacha nó tobhaigh eile, aistrithe cistí a dhéantar trí íomhánna seiceanna a mhalartú, lena n-áirítear seiceanna teasctha, nó billí malairte, agus aistrithe cistí nuair is soláthraithe seirbhísí íocaíochta iad an t-íocóir agus an t-íocaí araon ag feidhmiú thar a gceann féin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

([17]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([18]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

(24) Níl cripteashócmhainní uathúla neamh-idirmhalartacha faoi réir cheanglais an Rialacháin seo mura n-aicmítear iad mar chripteashócmhainní nó mar chistí faoi Rialachán (AE) 2023/1114.

(25) Is féidir le uathmheaisíní bainc cripteashócmhainní (criptea-UMBanna) úsáideoirí a chumasú aistrithe cripteashócmhainní a dhéanamh chuig seoladh cripteashócmhainní trí airgead tirim a thaisceadh, go minic gan aon chineál aitheantais agus fíoraithe custaiméara. Bíonn criptea-UMBanna an-neamhchosanta ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta toisc go bhfágann an anaithnideacht a sholáthraíonn siad agus an fhéidearthacht a bhaineann le hairgead tirim de bhunús anaithnid a úsáid gur uirlis fhoirfe iad le haghaidh gníomhaíochtaí aindleathacha. I bhfianaise ról criptea-UMBanna maidir le haistrithe cripteashócmhainní a sholáthar nó a éascú go gníomhach, ba cheart aistrithe cripteashócmhainní atá nasctha le criptea-UMBanna teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(26) D'fhonn léiriú a thabhairt ar shaintréithe na gcóras náisiúnta íocaíochta, agus ar choinníoll go bhfuil sé indéanta an t-aistriú cistí a rianú ar ais go dtí an t-íocóir i gcónaí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann aistrithe cistí baile áirithe a bhfuil luach íseal ag gabháil leo, lena n-áirítear íocaíochtaí gíoró leictreonacha, a úsáidtear le hearraí nó seirbhísí a cheannach, a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(27) I ngeall ar chineál gan teorainn agus raon domhanda na n-aistrithe cripteashócmhainní agus soláthar seirbhísí cripteashócmhainní, níl aon chúiseanna oibiachtúla ann chun idirdhealú a dhéanamh idir an chaoi a gcaitear le rioscaí an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta a ghabhann le haistrithe náisiúnta ón gcaoi a gcaitear le haistrithe trasteorann. Chun na gnéithe sonracha sin a léiriú, níor cheart aon díolúine ó raon feidhme an Rialacháin seo a dheonú d'aistrithe cripteashócmhainní baile a bhfuil luach íseal ag gabháil leo, i gcomhréir le ceanglas FATF chun caitheamh le gach aistriú cripteashócmhainní mar aistrithe trasteorann.

(28) Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú nach bhfuil an fhaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí ná faoin tionscnóir agus faoin tairbhí in easnamh ná neamhiomlán.

(29) Ionas nach mbainfí ó éifeachtúlacht na gcóras íocaíochtaí agus d'fhonn an riosca go mbrúfaí idirbhearta faoi thalamh de thoradh ceanglas aitheantais ródhian a chothromú leis an mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta ó mhion-aistrithe cistí, níor cheart an oibleagáid maidir le beachtas na faisnéise faoin íocóir nó faoin íocaí a sheiceáil a fhorchur, i gcás aistrithe cistí nach ndearnadh a fhíorú fós, ach amháin i gcás aistrithe aonair cistí os cionn EUR 1 000, mura rud é go ndealraíonn sé go bhfuil an t-aistriú nasctha le haistrithe cistí eile a bheadh os cionn EUR 1 000 lena chéile, i gcás ina bhfuarthas na cistí nó inar íocadh amach iad in airgead tirim nó in airgead leictreonach gan ainm, nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith i ndrochamhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

(30) I gcomparáid le haistrithe cistí, is féidir aistrithe cripteashócmhainní a dhéanamh thar dhlínsí iomadúla ar scála níos mó agus ar luas níos airde mar gheall ar a raon domhanda agus a saintréithe teicneolaíochta. Sa bhreis ar bhréag-anaithnideacht cripteashócmhainní, tugann na gnéithe sin d'aistrithe cripteashócmhainní deis do choirpigh aistrithe móra aindleathacha a dhéanamh ar ardluas agus, ag an am céanna, dul timpeall ar oibleagáidí inrianaitheachta agus an brath a sheachaint, trí idirbheart mór a struchtúrú ina mhéideanna níos lú, trí úsáid a bhaint as iliomad seoltaí DLT a cheaptar a bheith neamhghaolmhar, lena n-áirítear úsáid aonuaire seoltaí DLT, agus próisis uathoibrithe a úsáid. Tá an chuid is mó de chripteashócmhainní an-ghuagach freisin agus féadfaidh a luach luainiú go suntasach laistigh de thréimhse ama an-ghearr, rud a fhágann go mbíonn éiginnteacht níos mó ag roinnt le hidirbheart nasctha a ríomh. Chun na gnéithe sonracha sin a léiriú, ba cheart aistrithe cripteashócmhainní a bheith faoi réir na gceanglas céanna gan beann ar a méid agus ar iad a bheith ina n-aistrithe intíre nó trasteorann.

(31) I gcás aistrithe cistí nó i gcás aistrithe cripteashócmhainní ó chuntas ina meastar fíorú a bheith déanta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beachtas na faisnéise faoin íocóir nó faoin íocaí a ghabhann le gach aistriú cistí nó faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a ghabhann le gach aistriú cripteashócmhainní a fhíorú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849.

(32) I bhfianaise ghníomhartha reachtacha an Aontais i dtaca le seirbhísí íocaíochta, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), Treoir (AE) 2015/2366 agus Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), ba cheart gur leor foráil a dhéanamh gur faisnéis shimplithe agus í sin amháin a bheadh ag gabháil le haistrithe cistí laistigh den Aontas, amhail an uimhir chuntais íocaíochta nó aitheantóir idirbhirt uathúil.

(33) Ionas go bhféadfaidh na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i dtríú tíortha foinse na gcistí nó na gcripteashócmhainní a úsáidtear chun na gcríoch sin a rianú, ba cheart faisnéis iomlán faoin íocóir agus faoin íocaí a bheith ag gabháil le haistrithe cistí ón Aontas amach as an Aontas agus faoin tionscnóir agus faoin tairbhí i ndáil le haistrithe cripteashócmhainní ón Aontas lasmuigh den Aontas. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis iomlán faoin íocóir agus faoin íocaí an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI), nó aon aitheantóir oifigiúil coibhéiseach, i gcás ina soláthraíonn an t-íocóir an t-aitheantóir sin dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta, toisc go gcumasófaí leis sin sainaithint níos fearr na bpáirtithe atá páirteach in aistriú cistí agus bheadh sé éasca í a áireamh i bhformáidí teachtaireachta íocaíochta atá ann faoi láthair, mar shampla an ceann a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú ar mhaithe le cómhalartú sonraí leictreonacha idir institiúidí airgeadais. Níor cheart rochtain ar fhaisnéis iomlán faoin íocóir ná faoin íocaí ná faoin tionscnóir ná faoin tairbhí, de réir mar is infheidhme, a thabhairt do na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i dtríú tíortha ach amháin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

(34) Is ann do chripteashócmhainní i réaltacht fhíorúil gan teorainn agus féadfar iad a aistriú chuig aon soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, bíodh an soláthraí sin cláraithe i ndlínse nó ná bíodh. Tá rialacha i bhfeidhm maidir le cosaint sonraí agus forfheidhmiú cosanta sonraí ag roinnt mhaith dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, ar rialacha iad atá éagsúil leis na rialacha san Aontas. Agus cripteashócmhainní á n-aistriú thar ceann cliant chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nach bhfuil cláraithe san Aontas, ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra measúnú a dhéanamh ar chumas sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo a fháil agus a choinneáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, agus úsáid á baint, i gcás inarb iomchuí, as na roghanna atá ar fáil i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, treoirlínte a eisiúint maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas cosanta sonraí le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha i gcomhthéacs aistrithe cripteashócmhainní. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann nuair nach féidir sonraí pearsanta a sheoladh toisc nach féidir ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Ba cheart do ÚBE treoirlínte a eisiúint maidir le nósanna imeachta oiriúnacha chun a chinneadh ar cheart aistriú cripteashócmhainní a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí i gcásanna den sórt sin.

(35) Na húdaráis Ballstáit atá freagrach as sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus na húdaráis breithiúnacha agus na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart dóibh comhar a threisiú lena chéile agus le húdaráis ábhartha tríú tíortha, lena n-áirítear na húdaráis i dtíortha i mbéal forbartha, chun an trédhearcacht, comhroinnt na faisnéise agus na gcleachtas is fearr a neartú a thuilleadh.

(36) Ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra a áirithiú go mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil le haistrithe cripteashócmhainní: ainm an tionscnóra, seoladh mórleabhair dháilte an tionscnóra, i gcásanna ina bhfuil aistriú cripteashócmhainní cláraithe ar líonra a úsáideann DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil, uimhir cuntais cripteashócmhainní an tionscnóra, i gcásanna inarb ann don chuntas sin agus ina n-úsáidtear é chun an t-idirbheart a phróiseáil, seoladh an tionscnóra lena n-áirítear ainm na tíre, uimhir dhoiciméid phearsanta oifigiúil agus uimhir aitheantais an chustaiméara, nó, de rogha air sin, dáta breithe agus áit

([19]) Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22).

([20]) Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas (IO L 274, 30.7.2021, lch. 20).

bhreithe an tionscnóra, agus, faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid ábhartha teachtaireachta agus i gcás ina gcuireann an tionscnóir ar fáil dá sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní é, an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh reatha nó, ina éagmais sin, aon aitheantóir coibhéiseach oifigiúil eile de chuid an tionscnóra atá ar fáil. Ba cheart an fhaisnéis a thíolacadh ar bhealach slán agus roimh aistriú cripteashócmhainní, nó go comhuaineach nó i gcomhthráth leis an aistriú sin.

(37) Ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra a áirithiú freisin go mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil le haistrithe cripteashócmhainní: ainm an tairbhí, seoladh mórleabhair dháilte an tairbhí ag gabháil le haistrithe cripteashócmhainní, i gcás ina gclárófar aistriú cripteashócmhainní ar líonra a bhaineann úsáid as DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil, uimhir chuntais an tairbhí i gcás inarb ann don chuntas sin agus ina n-úsáidtear é chun an t-idirbheart a phróiseáil, agus, faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid ábhartha teachtaireachta, agus i gcás inar sholáthraigh an tionscnóir é dá sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní, LEI reatha, nó ina éagmais sin, aon aitheantóir oifigiúil coibhéiseach eile de chuid an tairbhí atá ar fáil. Ba cheart an fhaisnéis a thíolacadh ar bhealach slán agus roimh aistriú cripteashócmhainní, nó go comhuaineach nó i gcomhthráth leis an aistriú sin.

(38) Maidir le haistrithe cripteashócmhainní, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais an Rialacháin seo maidir le gach aistriú lena n-áirítear aistrithe cripteashócmhainní chuig seoladh féinóstáilte nó aistrithe cripteashócmhainní uaidh, fad a bheidh baint ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leo.

(39) I gcás aistriú chuig seoladh féinóstáilte nó aistrithe uaidh, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí araon a bhailiú, óna chliant de ghnáth. I bprionsabal, níor cheart a cheangal ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis faoi úsáideoir an tseolta fhéinóstáilte a fhíorú. Mar sin féin, i gcás aistriú méid ar mó é ná EUR 1 000 a sheoltar chuig seoladh féinóstáilte nó a fhaightear uaidh thar ceann cliaint de chuid soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin a fhíorú an bhfuil an seoladh féinóstáilte sin faoi úinéireacht nó faoi rialú éifeachtach an chliaint sin.

(40) A mhéid a bhaineann le haistrithe cistí ó íocóir aonair chuig roinnt íocaithe a bheidh le cur in aistriú baisc-chomhaid ina mbeidh aistrithe aonair ón Aontas amach as an Aontas, ba cheart foráil a dhéanamh chun nach mbeidh ach uimhir chuntais íocaíochta an íocóra nó an t-aitheantóir idirbhirt uathúil a bheith ag gabháil le haistrithe aonair den sórt sin, chomh maith leis an bhfaisnéis iomlán faoin íocaí, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis iomlán faoin íocóir sa bhaisc-chomhad a fhíorófar le haghaidh beachtais agus go mbeidh an fhaisnéis iomlán faoin íocaí iomlán inrianaithe.

(41) A mhéid a bhaineann le haistrithe baisc-chomhaid cripteashócmhainní, ba cheart glacadh le faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a thíolacadh i mbaisceanna, ar choinníoll go dtíolactar iad láithreach agus go slán. Níor cheart é a cheadú an fhaisnéis a cheanglaítear a thíolacadh tar éis an aistrithe, ós rud é nach mór iad a thíolacadh sula gcuirfear nó tráth a chuirfear an t-idirbheart chun críche, agus ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó eintitis eile faoi oibleagáid an fhaisnéis a cheanglaítear a thíolacadh san am céanna leis an aistriú baisc-chomhaid cripteashócmhainní.

(42) Ar mhaithe le seiceáil an bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí ag gabháil le haistrithe cistí, agus mar chuidiú le hidirbhearta amhrasacha a aithint, ba cheart nósanna imeachta éifeachtacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí agus ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach chun a bhrath an bhfuil faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí in easnamh nó neamhiomlán. Ba cheart a áireamh ar na nósanna imeachta sin faireachán tar éis aistrithe nó le linn aistrithe i gcás inarb iomchuí. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go n-áireoidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis idirbhirt a cheanglaítear leis an aistriú de dhroim sreinge nó leis an teachtaireacht lena mbaineann fad an tslabhra íocaíochta.

(43) A mhéid a bhaineann le haistrithe cripteashócmhainní, ba cheart do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme chun a bhrath an bhfuil an fhaisnéis faoin tionscnóir nó faoin tairbhí in easnamh nó neamhiomlán. Ba cheart a áireamh ar na nósanna imeachta sin faireachán tar éis aistrithe nó le linn aistrithe, i gcás inarb iomchuí. Níor cheart é a bheith de cheangal go mbeidh an fhaisnéis ceangailte go díreach leis an aistriú cripteashócmhainní féin, ar choinníoll go dtíolactar an fhaisnéis sin roimh an aistriú cripteashócmhainní, nó go comhuaineach nó i gcomhthráth leis an aistriú sin, agus go bhfuil sí le fáil ar iarraidh sin ó na húdaráis iomchuí.

(44) I bhfianaise na bagartha ionchasaí atá ag baint le haistrithe anaithnide go bhféadfar airgead a sciúradh agus an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, is iomchuí a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a iarraidh agus a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a iarraidh. I gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe arna fhorbairt ag FATF, is iomchuí na réimsí lena mbaineann an riosca is airde agus an riosca is ísle a shainaithint, d'fhonn díriú níos fearr ar na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta. Dá réir sin, ba cheart nósanna imeachta éifeachtacha agus rioscabhunaithe a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí, ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach agus ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach a bhfuil feidhm acu i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí ag gabháil le haistriú cistí, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir nó faoin tairbhí ag gabháil le haistriú cripteashócmhainní, chun ligean don soláthróir seirbhísí sin a chinneadh an t-aistriú sin a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí agus cén ghníomhaíocht leantach oiriúnach a bheadh le déanamh.

(45) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, mar ba cheart do gach eintiteas faoi oibleagáid, measúnú agus faireachán a dhéanamh ar an riosca a bhaineann lena gcliaint, lena dtáirgí agus lena mbealaí seachadta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú a dhéanamh freisin ar an riosca a bhaineann lena n-idirbhearta, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar aistrithe chuig seoltaí féinóstáilte nó aistrithe uaidh. I gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar an eolas nó i gcás ina dtagann sé ar an eolas go bhfuil an fhaisnéis faoi thionscnóir nó faoi thairbhí a úsáideann an seoladh féinóstáilte míchruinn, nó i gcás ina dtugann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoi deara patrúin neamhghnácha nó amhrasacha idirbheart nó cásanna lena ngabhann rioscaí níos airde sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann le haistrithe lena mbaineann seoltaí féinóstáilte, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin bearta díchill chuí feabhsaithe a chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú go hiomchuí. Ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní na himthosca sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige an bhfuil aistriú cripteashócmhainní, nó aon idirbheart gaolmhar, neamhghnách agus an bhfuil sé le tuairisciú don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849.

(46) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo i gcomhthéacs Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849, agus Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 a ghlacadh, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na forálacha ábhartha.

(47) Agus measúnú á dhéanamh aige ar na rioscaí, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, don soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach agus do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí nó an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach faireachas speisialta a dhéanamh, i gcás ina dtagann sé ar an eolas go bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí, nó faoin tionscnóir nó faoin tairbhí, de réir mar is infheidhme, in easnamh nó neamhiomlán, nó i gcás nach mór a mheas go bhfuil aistriú cripteashócmhainní amhrasach bunaithe ar thionscnamh nó ceann scríbe na gcripteashócmhainní lena mbaineann, agus ba cheart dóibh idirbhearta amhrasacha a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis na hoibleagáidí um thuairisciú a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/849.

(48) Cosúil le haistrithe cistí idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, d'fhéadfadh aistrithe cripteashócmhainní lena mbaineann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha a éascú mar eilimint idirmheánach i slabhra aistrithe cripteashócmhainní. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart do sholáthraithe idirghabhálacha den sórt sin a bheith faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo freisin, ar an mbealach céanna leis na hoibleagáidí atá ann cheana ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha.

(49) Tá feidhm leis na forálacha ar aistrithe cistí agus ar aistrithe cripteashócmhainní a bhfuil faisnéis ina leith faoin íocóir nó faoin íocaí nó faoin tionscnóir nó faoin tairbhí in easnamh nó neamhiomlán, agus ar ina leith nach mór a mheas gur amhrasach na haistrithe cripteashócmhainní bunaithe ar thionscnamh nó ar cheann scríbe na

gcripteashócmhainní lena mbaineann, gan dochar d'aon oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha, ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha, aon aistriú cistí agus aistrithe cripteashócmhainní a dhiúltú nó a fhionraí ar aistrithe iad a sháraíonn foráil de chuid an dlí shibhialta, riaracháin nó choiriúil.

(50) Chun neodracht na teicneolaíochta a áirithiú, níor cheart don Rialachán seo sainordú a thabhairt d'úsáid teicneolaíochta ar leith le haghaidh aistriú faisnéise idirbhirt arna dhéanamh ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Chun cur chun feidhme éifeachtúil na gceanglas is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoin Rialachán seo a áirithiú, beidh an-tábhacht ag roinnt le tionscnaimh socraithe caighdeán a mbeidh tionscal na gcripteashócmhainní páirteach iontu nó á stiúradh. Ba cheart na réitigh atá mar thoradh a bheith idir-inoibritheach trí úsáid a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta nó caighdeáin uile-Aontais chun gur féidir faisnéis a mhalartú go tapa.

(51) D'fhonn cabhrú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun cásanna a bhrath ina bhfaigheann siad aistrithe cistí nó aistrithe cripteashócmhainní ina bhfuil faisnéis faoin íocóir, faoin íocaí, faoin tionscnóir nó faoin tairbhí in easnamh nó neamhiomlán agus chun gníomhaíocht leantach éifeachtach a dhéanamh, ba cheart do ÚBE treoirlínte a eisiúint.

(52) Chun gur féidir beart sciobtha a dhéanamh sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní freagairt go pras ar iarratais ar fhaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí nó faoin tionscnóir agus faoin tairbhí ó na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac sa Bhallstát ina bhfuil na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin bunaithe nó ina bhfuil a n-oifig chláraithe ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sin.

(53) Is é an líon laethanta oibre atá caite i mBallstát sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a chinneann líon na laethanta chun freagairt a thabhairt ar iarratais ar fhaisnéis faoin íocóir.

(54) Ós rud é go bhféadfaidh sé, i gcás imscrúduithe coiriúla, nach mbeifear in ann na sonraí ná na daoine lena mbaineann in idirbheart a shainaithint go ceann míonna, nó blianta fiú, tar éis an aistrithe bhunaidh cistí nó an aistrithe bhunaidh cripteashócmhainní, agus ionas go mbeifear in ann rochtain a fháil ar an bhfianaise bhunriachtanach i gcomhthéacs imscrúduithe, is iomchuí a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní taifid a choimeád ar fhaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí nó faoin tionscnóir agus faoin tairbhí go ceann tréimhse ama, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Ba cheart nach rachadh an tréimhse sin os cionn 5 bliana, agus ba cheart na sonraí pearsanta uile a scriosadh ina dhiaidh sin, mura bhforáiltear a mhalairt sa dlí náisiúnta. Más gá chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus tar éis measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an mbeart agus ar a chomhréireacht, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheadú, nó a cheangal go leanfaí de, na taifid a choinneáil go ceann tréimhse bhreise nach faide ná 5 bliana, gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha i gcomhréir go hiomlán le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). D'fhéadfaí na bearta sin a athbhreithniú i bhfianaise ghlacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí.

(55) Chun comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo a fheabhsú agus i gcomhréir le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010 dar teideal Reinforcing sanctioning regimes in the financial services sector [Atreisiú córas smachtbhannaí in earnáil na seirbhísí airgeadais], ba cheart feabhas a chur ar an gcumhacht chun bearta maoirseachta a ghlacadh agus na cumhachtaí atá ag na húdaráis inniúla chun smachtbhannaí a fhorchur. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin agus, ag cur san áireamh a thábhachtaí is atá an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart do na Ballstáit smachtbhannaí agus bearta a leagan síos atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt ina leith don Choimisiún agus don choiste inmheánach buan um chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta dá dtagraítear in Airteagal 9a(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

([21]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

(56) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]).

(57) Tá roinnt tíortha agus críoch nach bhfuil ina gcuid de chríoch an Aontais in aontas airgeadaíochta le Ballstát, ina gcuid de limistéar airgeadra Ballstáit nó tá coinbhinsiún airgeadaíochta sínithe acu leis an Aontas a ndéanann Ballstát ionadaíocht air, agus tá soláthraithe seirbhísí íocaíochta acu a bhíonn rannpháirteach go díreach nó go hindíreach i gcórais íocaíochta agus socraíochta sa Bhallstát sin. Ionas nach mbeidh mórthionchar diúltach ar gheilleagair na dtíortha nó na gcríoch sin i ngeall ar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le haistrithe cistí idir na Ballstáit lena mbaineann agus na tíortha nó na críocha sin, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfaí déileáil le haistrithe cistí den chineál sin mar aistrithe cistí laistigh de na Ballstáit lena mbaineann.

(58) I bhfianaise na rioscaí arda a d'fhéadfadh a bheith ag baint le seoltaí féinóstáilte, agus na castachta teicneolaíochta agus rialála a bhaineann leo, lena n-áirítear maidir le faisnéis úinéireachta a fhíorú, faoin Iúil 2026, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta sonracha breise chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le haistrithe chuig seoltaí féinóstáilte nó uathu nó aistrithe chuig eintitis nach bhfuil bunaithe san Aontas nó uathu, lena n-áirítear an bhféadfaí srianta a thabhairt isteach, agus ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus comhréireacht na sásraí arna n-úsáid chun beachtas faisnéis maidir le húinéireacht seoltaí féinóstáilte a fhíorú.

(59) Faoi láthair, níl feidhm ag Treoir (AE) 2015/849 ach maidir le dhá chatagóir soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, eadhon soláthraithe tiachóg coinneála agus soláthraithe atá i mbun seirbhísí malartaithe idir airgeadraí fíorúla agus airgeadraí fiat. Chun na lúba ar lár atá sa chreat um an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac a dhúnadh agus chun dlí an Aontais a ailíniú le moltaí idirnáisiúnta, ba cheart Treoir (AE) 2015/849 a leasú chun gach catagóir de sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áireamh mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114 lena gcumhdaítear raon níos leithne soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Go háirithe, d'fhonn a áirithiú go bhfuil soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoi réir na gceanglas agus an leibhéal maoirseachta céanna agus atá institiúidí creidmheasa agus airgeadais, is iomchuí nuashonrú a dhéanamh ar liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid trí sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áireamh faoi chatagóir na n-institiúidí airgeadais chun críoch Threoir (AE) 2015/849. Ina theannta sin, agus é á chur san áireamh go dtagann institiúidí airgeadais traidisiúnta faoin sainmhíniú ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus seirbhísí den sórt sin á dtairiscint acu, agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní á sainaithint mar institiúidí airgeadais, ceadaítear sraith chomhsheasmhach aonair rialacha a bhfuil feidhm aici maidir le heintitis a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais traidisiúnta agus seirbhísí cripteashócmhainní araon. Ba cheart Treoir (AE) 2015/849 a leasú freisin chun a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní in ann na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhfuil siad neamhchosanta orthu a mhaolú go hiomchuí.

(60) An ghaolmhaireacht idir soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus eintitis arna mbunú i dtríú tíortha chun aistrithe cripteashócmhainní a fhorghníomhú nó chun seirbhísí cripteashócmhainní comhchosúla a sholáthar, tá cosúlachtaí idir an ghaolmhaireacht sin agus an ghaolmhaireacht baincéireachta comhfhreagraí arna bunú le hinstitiúid is freagróir i dtríú tír. Ós rud é go bhfuil gné leanúnach agus atriallach ag baint leis an ngaolmhaireacht sin, ba cheart í a mheas mar chineál gaolmhaireachta comhfhreagraí agus é a bheith faoi réir bearta sonracha díchill chuí feabhsaithe atá comhchosúil i bprionsabal leis na bearta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhthéacs seirbhísí baincéireachta agus airgeadais. Go háirithe, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus gaolmhaireacht chomhfhreagrach nua á bunú acu le freagróir, bearta sonracha díchill chuí feabhsaithe a chur i bhfeidhm chun neamhchosaint riosca an fhreagróra sin a shainaithint agus a mheasúnú, bunaithe ar a chlú, cáilíocht na maoirseachta agus a rialuithe maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT). Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailítear, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní comhfhreagracha bearta maolaithe riosca iomchuí a chur chun

([22]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

feidhme, ar cheart a chur san áireamh go háirithe an riosca níos airde sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann ó eintitis neamhchláraithe agus neamhcheadúnaithe. Tá sé sin ábhartha go háirithe fad atá cur chun feidhme chaighdeáin FATF maidir le cripteashócmhainní ar an leibhéal domhanda míchothrom, rud a chruthaíonn rioscaí agus dúshláin bhreise. Ba cheart do ÚBE treoir a thabhairt maidir leis an gcaoi ar cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an dícheall cuí feabhsaithe a dhéanamh agus ba cheart dó na bearta maolaithe riosca iomchuí a shonrú, lena n-áirítear an ghníomhaíocht íosta atá le déanamh, agus iad ag idirghníomhú le heintitis neamhchláraithe nó neamhcheadúnaithe a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní.

(61) Le Rialachán (AE) 2023/1114 bunaíodh creat rialála cuimsitheach le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní lena gcomhchuibhítear na rialacha a bhaineann le húdarú agus oibriú na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar fud an Aontais. Chun dúbailt na gceanglas a sheachaint, ba cheart Treoir (AE) 2015/849 a leasú chun deireadh a chur le ceanglais chlárúcháin i ndáil leis na catagóirí sin de sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheidh faoi réir córas ceadúnúcháin aonair faoi Rialachán (AE) 2023/1114.

(62) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear trí chaighdeáin idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus trí infhaighteacht bunfhaisnéise a áirithiú faoi íocóirí agus íocaithe aistrithe cistí, agus faoi thionscnóirí agus tairbhithe aistrithe cripteashócmhainní, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(63) Tá an Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]). Urramaítear leis na cearta bunúsacha agus na prionsabail a dtugtar aitheantas dóibh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47) agus prionsabal *ne bis in idem*.

(64) Chun comhsheasmhacht a áirithiú le Rialachán (AE) 2023/1114 ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Faoin dáta sin, ba cheart do na Ballstáit na leasuithe ar Threoir (AE) 2015/849 a thrasuí freisin.

(65) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 22 Meán Fómhair 2021 ([24]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le faisnéis faoi íocóirí agus íocaithe a ghabhann le haistrithe cistí, in aon airgeadra, agus maidir le faisnéis faoi thionscnóirí agus tairbhithe a ghabhann le haistriú cripteashócmhainní, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta nó de na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil baint acu le haistriú cistí nó aistriú cripteashócmhainní bunaithe san Aontas nó i gcás ina bhfuil a oifig chláraithe san Aontas, de réir mar is infheidhme. Ina theannta sin, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme beart sriantach a áirithiú i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta nó de na soláthraithe cripteashócmhainní a bhfuil baint acu le haistriú cistí nó aistriú cripteashócmhainní bunaithe san Aontas nó i gcás ina bhfuil a oifig chláraithe san Aontas, de réir mar is infheidhme.

([23]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([24]) IO C 524, 29.12.2021, lch. 10.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistrithe cistí, in aon airgeadra, a sheolfaidh nó a gheobhaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta nó soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach atá bunaithe san Aontas. Beidh feidhm aige freisin maidir le haistrithe cripteashócmhainní, lena n-áirítear aistrithe cripteashócmhainní a fhorghníomhaítear trí bhíthin criptea-UMBanna, i gcás ina bhfuil a oifig chláraithe ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra nó an tairbhí nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach an tionscnóra nó an tairbhí san Aontas.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na seirbhísí a liostaítear in Airteagal 3, pointí (a) go (m) agus pointe (o), de Threoir (AE) 2015/2366.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistrithe cistí nó maidir le haistrithe comharthaí ríomh-airgid, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114, a dhéantar le cárta íocaíochta, le hionstraim ríomh-airgid, le fón póca nó le haon fheiste dhigiteach nó TF eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) úsáidtear an cárta, an ionstraim nó an fheiste sin go heisiach chun íoc as earraí nó seirbhísí; agus

(b) gabhann uimhir an chárta, na hionstraime nó na feiste sin le gach aistriú a thagann as an idirbheart.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo, áfach, i gcás ina n-úsáidtear cárta íocaíochta, ionstraim ríomh-airgid, fón póca nó aon fheiste dhigiteach nó TF eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu chun aistriú cistí nó comharthaí ríomh-airgid a dhéanamh idir daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh mar thomhaltóirí chun críoch eile seachas trádáil, gnó nó gníomhaíocht ghairmiúil.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nach bhfuil aon ghníomhaíocht ar bun acu seachas doiciméid pháipéir a iompú ina sonraí leictreonacha agus a dhéanann amhlaidh de bhun chonradh le soláthraí seirbhísí íocaíochta ná maidir le daoine arb í an aon ghníomhaíocht atá ar bun acu córais teachtaireachtaí nó córais tacaíochta eile chun cistí a tharchur nó córais imréitigh agus socraíochta a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistriú cistí i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is é atá i gceist leis go ndéanann an t-íocóir airgead tirim a aistarraingt ó chuntas íocaíochta an íocóra féin;

(b) is ionann é agus cistí a aistriú chuig údarás poiblí mar íocaíocht ar chánacha, ar fhíneálacha nó ar thobhaigh eile laistigh de Bhallstát;

(c) is soláthraithe seirbhísí íocaíochta iad an t-íocóir agus an t-íocaí araon ag gníomhú dóibh thar a gceann féin;

(d) déantar é trí íomhánna seiceanna a mhalartú, lena n-áirítear seiceanna teasctha.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistriú cistí cripteashócmhainní i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní iad an tionscnóir agus an tairbhí araon ag gníomhú dóibh thar a gceann féin;

(b) is ionann an t-aistriú agus aistriú cripteashócmhainní ó dhuine go duine a dhéantar gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

Comharthaí ríomh-airgid, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114, caithfear leo mar chripteashócmhainní faoin Rialachán seo.

5. Féadfaidh Ballstát a chinneadh gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar aistrithe cistí laistigh dá chríoch chuig cuntas íocaíochta íocaí lena gceadófar íocaíocht go heisiach chun earraí nó seirbhísí a sholáthar i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi réir Threoir (AE) 2015/849;

(b) tá soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí in ann, trí bhíthin aitheantóir idirbhirt uathúil, an t-aistriú cistí ón duine a bhfuil comhaontú aige leis an íocaí chun earraí nó seirbhísí a sholáthar, a rianú siar tríd an íocaí;

(c) ní mó méid an aistrithe cistí ná EUR 1 000.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "maoiniú sceimhlitheoireachta" maoiniú sceimhlitheoireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(5) de Threoir (AE) 2015/849;

(2) ciallaíonn "sciúradh airgid" na gníomhaíochtaí sciúrtha airgid dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus (4) de Threoir (AE) 2015/849;

(3) ciallaíonn "íocóir" duine ag a bhfuil cuntas íocaíochta agus a cheadaíonn aistriú cistí ón gcuntas íocaíochta sin nó, i gcás nach bhfuil cuntas íocaíochta ann, duine a thugann ordú aistrithe cistí;

(4) ciallaíonn "íocaí" duine atá ceaptha an t-aistriú cistí a fháil;

(5) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí íocaíochta" na catagóirí soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 (1) de Threoir (AE) 2015/2366, daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thairbhíonn de tharscaoileadh de bhun Airteagal 32 di agus daoine dlítheanacha a thairbhíonn de tharscaoileadh faoi Airteagal 9 de Threoir 2009/110/CE, lena soláthraítear seirbhísí aistrithe cistí;

(6) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach" soláthraí seirbhísí íocaíochta, nach soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra ná an íocaí é, a fhaigheann agus a tharchuireann aistriú cistí thar ceann sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó an íocaí nó thar ceann soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach eile;

(7) ciallaíonn "cuntas íocaíochta" cuntas íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (12), de Threoir (AE) 2015/2366;

(8) ciallaíonn "cistí" cistí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (25), de Threoir (AE) 2015/2366;

(9) ciallaíonn "aistriú cistí" aon idirbheart a dhéantar go páirteach ar a laghad trí mhodhanna leictreonacha thar ceann íocóra trí sholáthraí seirbhísí íocaíochta, d'fhonn cistí a chur ar fáil d'íocaí trí sholáthraí seirbhísí íocaíochta, beag beann arb é an t-íocóir agus an t-íocaí an duine céanna agus beag beann arb é soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an duine céanna, lena n-áirítear:

(a) aistriú creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (24), de Threoir (AE) 2015/2366;

(b) dochar díreach mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (23), de Threoir (AE) 2015/2366;

(c) seoltán airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (22), de Threoir (AE) 2015/2366, bíodh sé náisiúnta nó trasteorann;

(d) aistriú cistí a dhéantar le cárta íocaíochta, le hionstraim ríomh-airgid, le fón póca nó le feiste dhigiteach nó TF eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu;

(10) ciallaíonn "aistriú cripteashócmhainní" aon idirbheart darb aidhm cripteashócmhainní a aistriú ó sheoladh mórleabhair dháilte amháin, ó chuntas cripteashócmhainní amháin nó ó fheiste eile lenar féidir cripteashócmhainní a stóráil go ceann eile, arna dhéanamh ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní amháin ar a laghad, ag gníomhú dó thar ceann tionscnóra nó tairbhí, gan beann ar cé acu is é nó nach é an t-aon duine amháin é an tionscnóir agus an tairbhí agus gan beann ar cé acu is é nó nach é an t-aon duine amháin é soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra agus soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí;

(11) ciallaíonn "aistriú baisc-chomhaid" beart aistrithe éagsúla aonair cistí nó aistrithe cripteashócmhainní arna gcur le chéile le haghaidh seachadadh;

(12) ciallaíonn "aitheantóir idirbhirt uathúil" teaglaim de litreacha, d'uimhreacha nó de shiombailí arna cinneadh ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta, i gcomhréir le prótacail na gcóras socraíochta agus íocaíochta nó na gcóras teachtaireachtaí a úsáidtear chun na cistí a aistriú, nó arna cinneadh ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lenar féidir an t-idirbheart a rianú siar go dtí an t-íocóir agus an t-íocaí nó aistriú na gcripteashócmhainní a rianú siar go dtí an tionscnóir agus an tairbhí;

(13) ciallaíonn "aistriú cripteashócmhainní ó dhuine go duine" aistriú cripteashócmhainní gan baint a bheith ag aon soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis;

(14) "ciallaíonn 'cripteashócmhainn" cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114 ach amháin i gcás ina dtagann sí faoi na catagóirí a liostaítear in Airteagal 2(2), (3) agus (4) den Rialachán sin nó i gcás ina gcáilíonn sí mar chistí ar chaoi eile;

(15) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní" soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1114, i gcás ina bhfuil seirbhís cripteashócmhainní amháin nó níos mó á soláthar aige mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16), den Rialachán sin;

(16) ciallaíonn "soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach" soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra ná an tairbhí é, a fhaigheann agus a tharchuireann aistriú cripteashócmhainní thar ceann sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra nó an tairbhí nó thar ceann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach eile;

(17) ciallaíonn "uathmheaisíní bainc cripteashócmhainní" nó "criptea-UMBanna" teirminéil leictreonacha fhisiceacha nó teirminéil leictreonacha ar líne a chuireann ar chumas soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní gníomhaíocht sheirbhísí an aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a dhéanamh, go háirithe, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (16)(j), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(18) ciallaíonn "seoladh mórleabhair dháilte" cód alfa-uimhriúil lena n-aithnítear seoladh ar líonra a úsáideann teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) nó teicneolaíocht chomhchosúil lenar féidir cripteashócmhainní a sheoladh nó a fháil;

(19) ciallaíonn "cuntas cripteashócmhainní " cuntas atá ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní in ainm duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó agus is féidir a úsáid chun aistrithe cripteashócmhainní a fhorghníomhú;

(20) ciallaíonn "seoladh féinóstáilte" seoladh mórleabhair dháilte nach bhfuil nasctha le ceachtar díobh seo a leanas:

(a) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) eintiteas nach bhfuil bunaithe san Aontas agus a sholáthraíonn seirbhísí atá cosúil leis na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(21) ciallaíonn "tionscnóir" duine ag a bhfuil cuntas cripteashócmhainní le soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, seoladh mórleabhair dháilte nó feiste eile lenar féidir cripteashócmhainní a stóráil, agus a cheadaíonn aistriú cripteashócmhainní ón gcuntas, ón seoladh mórleabhair dháilte, nó ón bhfeiste, nó, i gcás nach ann do chuntas den sórt sin, seoladh mórleabhair dháilte, nó feiste, duine a ordaíonn nó a thionscnaíonn aistriú cripteashócmhainní;

(22) ciallaíonn "tairbhí" faighteoir beartaithe an aistrithe cripteashócmhainní;

(23) ciallaíonn "aitheantóir eintitis dhlítheanaigh" nó "LEI" cód tagartha alfa-uimhriúil uathúil atá bunaithe ar chaighdeán ISO 17442 a shanntar d'eintiteas dlíthiúil;

(24) ciallaíonn "teicneolaíocht mórleabhar dáilte" nó "DLT" teicneolaíocht mórleabhar dáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) 2023/1114.

CAIBIDIL II

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta

Roinn 1

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra

Airteagal 4

Faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí

1. Áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir leis na haistrithe cistí:

(a) ainm an íocóra;

(b) uimhir chuntais íocaíochta an íocóra;

(c) seoladh an íocóra, lena n-áirítear ainm na tíre, uimhir dhoiciméid phearsanta oifigiúil, agus uimhir aitheantais chustaiméara nó, de rogha air sin, dáta breithe agus áit bhreithe an íocóra; agus

(d) faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid ábhartha teachtaireachta íocaíochtaí, agus i gcás ina gcuireann an t-íocóir ar fáil dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta é, LEI reatha an íocóra nó, ina éagmais sin, aon aitheantóir coibhéiseach oifigiúil atá ar fáil.

2. Áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin íocaí leis na haistrithe cistí:

(a) ainm an íocaí;

(b) uimhir chuntais íocaíochta an íocaí; agus

(c) faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid ábhartha teachtaireachta íocaíochtaí, agus i gcás ina gcuireann an t-íocóir ar fáil dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta é, LEI reatha an íocaí nó, ina éagmais sin, aon aitheantóir coibhéiseach oifigiúil atá ar fáil.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (b), agus mír 2, pointe (b), i gcás aistrithe nach ndéantar chuig cuntas íocaíochta nó ó chuntas íocaíochta, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go bhfuil aitheantóir idirbhirt uathúil ag gabháil leis an aistriú cistí in ionad uimhir an chuntais íocaíochta.

4. Sula n-aistreoidh sé na cistí, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra beachtas na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, i mír 3, ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a fuarthas ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách.

5. Measfar an fíorú dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a bheith déanta i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) fíoraíodh céannacht an íocóra i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849 agus rinneadh an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin;

(b) tá feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir (AE) 2015/849 maidir leis an íocóir.

6. Gan dochar do na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus Airteagal 6, ní dhéanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra aon aistriú cistí a fhorghníomhú sula n-áiritheoidh sé go bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh ina iomláine.

Airteagal 5

Aistrithe cistí laistigh den Aontas

1. De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus (2), i gcás ina bhfuil na soláthraithe seirbhísí íocaíochta uile a bhfuil baint acu leis an slabhra íocaíochta bunaithe san Aontas, beidh uimhir chuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí araon, nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil, ar a laghad, ag gabháil leis an aistriú cistí gan dochar, i gcás inarb infheidhme, do na ceanglais faisnéise a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 260/2012.

2. D'ainneoin mhír 1, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, laistigh de thrí lá oibre ó iarraidh ar fhaisnéis a fháil, in easnamh ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nó ón soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach, an méid seo a leanas a chur ar fáil:

(a) i gcás aistrithe cistí ar mó ná EUR 1 000 iad, cibé acu a dhéantar aistrithe den sórt sin in idirbheart aonair nó i roinnt idirbheart a dhealraíonn a bheith nasctha le chéile, an fhaisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí i gcomhréir le hAirteagal 4;

(b) i gcás aistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus nach ndealraíonn a bheith nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad, agus an t-aistriú i dtrácht san áireamh, ar a laghad:

(i) ainmneacha an íocóra agus an íocaí; agus

(ii) uimhreacha cuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil.

3. De mhaolú ar Airteagal 4(4), i gcás aistrithe cistí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), den Airteagal seo, ní gá do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an fhaisnéis a fhíorú, ar faisnéis í a bhaineann leis an íocóir, ach amháin:

(a) i gcás ina mbeidh na cistí atá le haistriú faighte ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí chun drochamhras a bheith air, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

Airteagal 6

Aistrithe cistí amach as an Aontas

1. Maidir le haistriú baisc-chomhaid ó íocóir aonair i gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocaithe bunaithe lasmuigh den Aontas, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) maidir leis na haistrithe aonair cuachta le chéile iontu, ar choinníoll go bhfuil san aistriú baisc-chomhaid an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), (2) agus (3), gur fíoraíodh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus (5), agus go bhfuil uimhir chuntais íocaíochta an íocóra nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), go bhfuil an t-aitheantóir idirbhirt uathúil ar na haistrithe aonair.

2. De mhaolú ar Airteagal 4(1), agus, i gcás inarb iomchuí, gan dochar don fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, is é a bheidh ag gabháil le haistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus a dhealraíonn nach bhfuil siad nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad agus an t-aistriú i dtrácht san áireamh, an méid seo a leanas ar laghad:

(a) ainmneacha an íocóra agus an íocaí; agus

(b) uimhreacha cuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil.

De mhaolú ar Airteagal 4(4), ní gá do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo a bhaineann leis an íocóir a fhíorú ach amháin:

(a) i gcás ina mbeidh na cistí atá le haistriú faighte ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra chun drochamhras a bheith air, gurb ann do sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

Roinn 2

Oibleagáidí ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí

Airteagal 7

Faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí atá in easnamh a bhrath

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme le brath an bhfuil na réimsí a bhaineann leis an bhfaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí sa chóras teachtaireachtaí nó sa chóras íocaíochta agus socraíochta a úsáidtear chun aistriú cistí a dhéanamh, líonta isteach agus carachtair nó ionchuir atá inghlactha i gcomhréir le cleachtais an chórais sin á n-úsáid.

2. Cuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faireachán tar éis na n-aistrithe nó lena linn, chun a bhrath an bhfuil an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir agus faoin íocaí in easnamh:

(a) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra bunaithe san Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5;

(b) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b);

(c) le haghaidh aistrithe baisc-chomhaid i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), i leith an aistrithe baisc-chomhaid sin.

3. I gcás aistrithe cistí ar mó ná EUR 1 000 iad, cibé an ndéantar na haistrithe sin in idirbheart aonair nó i roinnt idirbheart a dhealraíonn a bheith nasctha le chéile, sula ndéanfaidh sé iad a chur do shochar chuntas íocaíochta an íocaí nó na cistí a chur ar fáil don íocaí, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí beachtas na faisnéise faoin íocaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a fhíorú ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a bheidh faighte ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách, gan dochar do na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 83 agus 84 de Threoir (AE) 2015/2366.

4. I gcás aistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus a dhealraíonn nach bhfuil siad nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad agus an t-aistriú atá i gceist san áireamh, ní gá do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí beachtas na faisnéise a bhaineann leis an íocaí a fhíorú, ach amháin:

(a) i gcás ina ndéanann soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí na cistí a íoc amach in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí chun drochamhras a bheith air, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

5. Measfar an fíorú dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a bheith déanta i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) fíoraíodh céannacht an íocaí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849 agus rinneadh an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin;

(b) tá feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir (AE) 2015/849 maidir leis an íocaí.

Airteagal 8

Aistrithe cistí ina bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí in easnamh nó neamhiomlán

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta atá bunaithe ar an mbonn riosca-íogair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849 chun a chinneadh an ndéanfaidh sé aistriú cistí ina bhfuil an fhaisnéis iomlán a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí in easnamh a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a dhéanamh.

I gcás ina dtagann soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí ar an eolas, agus é ag fáil aistriú cistí, go bhfuil an fhaisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), Airteagal 5(1), nó Airteagal 6, in easnamh nó neamhiomlán, nó nach bhfuil sí líonta isteach agus na carachtair nó na hionchuir atá inghlactha faoi chleachtais an chórais teachtaireachtaí nó an chórais íocaíochta agus socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) á n-úsáid, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an méid seo a leanas ar bhonn riosca-íogair:

(a) an t-aistriú a dhiúltú; nó

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí a iarraidh sula ndéanfaidh sé na cistí a chur do shochar chuntas íocaíochta an íocaí nó na cistí a chur ar fáil don íocaí.

2. I gcás ina mainníonn soláthraí seirbhísí íocaíochta arís agus arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí a sholáthar, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh, agus féadfar a áireamh orthu sin ar dtús rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndéanfar aistriú a dhiúltú, a shrianadh nó a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (b) mura bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear curtha ar fáil go fóill; nó

(b) aon aistriú cistí amach anseo ón soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a dhiúltú go díreach, nó a ghaolmhaireacht ghnó leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a shrianadh nó a fhoirceannadh.

Tabharfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí tuairisc faoin mainneachtain sin, agus faoi na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Airteagal 9

Measúnú agus tuairisciú

Déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá in easnamh nó neamhiomlán a chur san áireamh le linn dó measúnú a dhéanamh an bhfuil aistriú cistí, nó aon idirbheart lena mbaineann, amhrasach, agus an bhfuil sé le tuairisciú don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849.

Roinn 3

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha

Airteagal 10

Faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a ghabhann leis an aistriú a choinneáil

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta idirghabhálacha go gcoinneofar an fhaisnéis ar fad a fuarthas faoin íocóir agus faoin íocaí a ghabhann le haistriú cistí leis an aistriú.

Airteagal 11

Faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá in easnamh a bhrath

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme le brath an bhfuil na réimsí a bhaineann leis an bhfaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí sa chóras teachtaireachtaí nó sa chóras íocaíochta agus socraíochta a úsáidtear chun aistriú cistí a dhéanamh líonta isteach agus carachtair nó ionchuir atá inghlactha i gcomhréir le cleachtais an chórais sin á n-úsáid.

2. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faireachán tar éis na n-aistrithe nó lena linn, chun a bhrath an bhfuil an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir nó faoin íocaí in easnamh:

(a) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus an íocaí bunaithe san Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5;

(b) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b);

(c) le haghaidh aistrithe baisc-chomhaid i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), i leith an aistrithe baisc-chomhaid sin.

Airteagal 12

Aistrithe cistí ina bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí in easnamh

1. Bunóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe chun a chinneadh aistriú cistí ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí in easnamh a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a dhéanamh.

I gcás ina dtagann an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach ar an eolas, agus é ag fáil aistriú cistí, go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), Airteagal 5(1), nó Airteagal 6, in easnamh nó nach bhfuil sí líonta isteach agus na carachtair nó na hionchuir atá inghlactha faoi chleachtais an chórais teachtaireachtaí nó an chórais íocaíochta agus socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) á n-úsáid, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach sin an méid seo a leanas ar bhonn riosca-íogair:

(a) an t-aistriú a dhiúltú; nó

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí a iarraidh sula dtarchuirfear an t-aistriú cistí nó ina dhiaidh sin.

2. I gcás ina mainníonn soláthraí seirbhísí íocaíochta arís is arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí a sholáthar, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh, agus féadfar a áireamh orthu sin ar dtús rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndéanfar aistriú a dhiúltú, a shrianadh nó a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (b) mura bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear curtha ar fáil go fóill; nó

(b) aon aistriú cistí amach anseo ón soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a dhiúltú go díreach, nó a ghaolmhaireacht ghnó leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin a shrianadh nó a fhoirceannadh.

Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach tuairisc faoin mainneachtain sin, agus faoi na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Airteagal 13

Measúnú agus tuairisciú

Cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá in easnamh san áireamh mar thoisc le linn dó measúnú a dhéanamh an bhfuil aistriú cistí, nó aon idirbheart lena mbaineann, amhrasach, agus an bhfuil sé le tuairisciú do AFA i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849.

CAIBIDIL III

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Roinn 1

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra

Airteagal 14

Faisnéis a ghabhann le haistrithe cripteashócmhainní

1. Áiritheoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin tionscnóir le haistrithe cripteashócmhainní:

(a) ainm an tionscnóra;

(b) seoladh mórleabhair dháilte an tionscnóra, i gcásanna ina bhfuil aistriú cripteashócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil, agus uimhir cuntais cripteashócmhainní an tionscnóra, i gcás inarb ann don chuntas sin agus ina n-úsáidtear é chun an t-idirbheart a phróiseáil;

(c) uimhir cuntais cripteashócmhainní an tionscnóra, i gcásanna nach bhfuil aistriú cripteashócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil;

(d) seoladh an tionscnóra, lena n-áirítear ainm na tíre, uimhir dhoiciméid phearsanta oifigiúil, agus uimhir aitheantais chustaiméara, nó, de rogha air sin, dáta breithe agus áit bhreithe an tionscnóra; agus

(e) faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid teachtaireachta ábhartha, agus i gcás ina ndéanann an tionscnóir é a chur ar fáil dá sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní, do LEI reatha nó, ina éagmais sin, d'aon aitheantóir coibhéiseach oifigiúil de chuid an tionscnóra atá ar fáil.

2. Áiritheoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin tairbhí le haistrithe cripteashócmhainní:

(a) ainm an tairbhí;

(b) seoladh mórleabhair dháilte an tairbhí, i gcásanna ina bhfuil aistriú cripteashócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil, agus uimhir cuntais cripteashócmhainní an tairbhí, i gcás inarb ann don chuntas sin agus ina n-úsáidtear é chun an t-idirbheart a phróiseáil;

(c) uimhir cuntais cripteashócmhainní an tairbhí, i gcásanna nach bhfuil aistriú cripteashócmhainní cláraithe ar líonra ina n-úsáidtear DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil; agus

(d) faoi réir an réimse is gá a bheith ann san fhormáid ábhartha teachtaireachta, agus i gcás ina ndéanann an tionscnóir é a chur ar fáil dá sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní, LEI reatha nó, ina éagmais sin, aon aitheantóir oifigiúil coibhéiseach eile de chuid an tairbhí atá ar fáil.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (c), agus mír 2, pointe (c), i gcás aistriú cripteashócmhainní nach bhfuil cláraithe ar líonra a úsáideann DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil agus nach ndéantar chuig cuntas cripteashócmhainní ná ó chuntas cripteashócmhainní, áiritheoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra go mbeidh aitheantóir idirbhirt uathúil ag gabháil leis an aistriú cripteashócmhainní.

4. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thíolacadh sula ndéanfar aistriú na gcripteashócmhainní, nó go comhuaineach nó i gcomhthráth leis an aistriú sin, ar bhealach slán agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Ní cheanglófar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a bheith ag gabháil go díreach leis an aistriú cripteashócmhainní ná ní cheanglófar an fhaisnéis a bheith san áireamh ann.

5. I gcás aistriú cripteashócmhainní a dhéantar chuig seoladh féinóstáilte, déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a fháil agus a shealbhú agus áiritheoidh sé gur féidir aistriú cripteashócmhainní a shainaithint ar bhonn aonair.

Gan dochar do bhearta maolaithe riosca sonracha arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19b de Threoir (AE) 2015/849, i gcás aistriú méid ar mó é ná EUR 1 000 chuig seoladh féinóstáilte, déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra bearta leordhóthanacha chun a mheas an bhfuil an seoladh sin faoi úinéireacht nó faoi rialú an tionscnóra.

6. Sula n-aistreoidh sé na cripteashócmhainní, áiritheoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra beachtas na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a fuarthas ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách.

7. Measfar an fíorú dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo a bheith déanta i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) fíoraíodh céannacht an tionscnóra i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849 agus rinneadh an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin;

(b) tá feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir (AE) 2015/849 maidir leis an tionscnóir.

8. Ní cheadófar do sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra aon aistriú cripteashócmhainní a thionscnamh ná a fhorghníomhú sula n-áiritheofar go gcomhlíonfar an tAirteagal seo go hiomlán.

Airteagal 15

Aistrithe baisc-chomhaid cripteashócmhainní

Maidir le haistriú baisc-chomhaid cripteashócmhainní ó thionscnóir aonair, ní bheidh feidhm ag Airteagal 14(1) maidir leis na haistrithe aonair cuachta le chéile iontu, ar choinníoll go bhfuil san aistriú baisc-chomhaid an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14 (1), (2) agus (3), gur fíoraíodh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAirteagal 14(6) agus (7), agus go bhfuil seoladh mórleabhair dháilte an tionscnóra ag gabháil leis na haistrithe aonair, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(2), pointe (b), go bhfuil uimhir cuntais cripteashócmhainní an tionscnóra ag gabháil leis na haistrithe aonair, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(2), pointe (c), nó go bhfuil an t-aitheantóir idirbhirt uathúil ag gabháil leis na haistrithe aonair, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(3).

Roinn 2

Oibleagáidí ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí

Airteagal 16

Faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí atá in easnamh a bhrath

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, faireachán tar éis na n-aistrithe nó lena linn, chun a bhrath an bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) faoin tionscnóir agus faoin tairbhí san áireamh, nó an eascraíonn an fhaisnéis as aistriú nó as aistriú baisc-chomhaid cripteashócmhainní.

2. I gcás aistriú cripteashócmhainní a dhéanfar ó sheoladh féinostáilte, déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) a fháil agus a shealbhú agus áiritheoidh sé gur féidir aistriú cripteashócmhainní a shainaithint ar bhonn aonair.

Gan dochar do bhearta maolaithe riosca sonracha arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19b de Threoir (AE) 2015/849, i gcás aistriú méid ar mó é ná EUR 1 000 ó sheoladh féinóstáilte, déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí bearta leordhóthanacha chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an seoladh sin faoi úinéireacht nó faoi rialú an tairbhí.

3. Sula gcuirfear na cripteashócmhainní ar fáil don tairbhí, fíoróidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí beachtas na faisnéise maidir leis an tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a fhaightear ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách.

4. Measfar an fíorú dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a bheith déanta i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) fíoraíodh céannacht an tairbhí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849 agus rinneadh an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin;

(b) tá feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir (AE) 2015/849 maidir leis an tairbhí.

Airteagal 17

Aistrithe cripteashócmhainní ina bhfuil faisnéis faoin tionscnóir nó faoin tairbhí in easnamh nó neamhiomlán

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta atá bunaithe ar an mbonn riosca-íogair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849, chun a chinneadh an ndéanfaidh sé aistriú cripteashócmhainní ina bhfuil an fhaisnéis iomlán a cheanglaítear faoin tionscnóir agus faoin tairbhí in easnamh a fhorghníomhú, a dhiúltú, a chur ar ais nó a chur ar fionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a dhéanamh.

I gcás ina dtagann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí ar an eolas go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) nó (2) nó in Airteagal 15 in easnamh nó neamhiomlán, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin an méid seo a leanas, ar bhonn riosca-íogair agus gan moill mhíchuí:

(a) an t-aistriú a dhiúltú nó na cripteashócmhainní a aistríodh a chur ar ais chuig cuntas cripteashócmhainní an tionscnóra; nó

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir nó faoin tairbhí a iarraidh sula gcuirfear na criptea-sócmhainní ar fáil don tairbhí.

2. I gcás ina mainneoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta arís is arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir nó faoin tairbhí a sholáthar, déanfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh, agus féadfar a áireamh orthu sin ar dtús rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndéanfar aistriú a dhiúltú, a shrianadh nó a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (b) mura bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear curtha ar fáil go fóill; nó

(b) aon aistriú cripteashócmhainní amach anseo chuig an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin nó ón soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin a dhiúltú go díreach, nó a ghaolmhaireacht ghnó leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin a shrianadh nó a fhoirceannadh.

Tabharfaidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí tuairisc faoin mhainneachtain sin, agus faoi na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Airteagal 18

Measúnú agus tuairisciú

Cuirfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an tairbhí faisnéis faoin tionscnóir nó faoin tairbhí atá in easnamh nó neamhiomlán san áireamh mar thoisc le linn dó measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aistriú cripteashócmhainní, nó aon idirbheart lena mbaineann, amhrasach, agus i dtaobh an bhfuil sé le tuairisciú chuig an AFA i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849.

Roinn 3

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha

Airteagal 19

Faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a ghabhann leis an aistriú a choinneáil

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálacha go ndéanfar an fhaisnéis uile a fhaightear faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a ghabhann le haistriú cripteashócmhainní a tharchur leis an aistriú agus go ndéanfar taifid den fhaisnéis sin a choimeád agus a chur ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin.

Airteagal 20

Faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí atá in easnamh a bhrath

Cuirfidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faireachán tar éis na n-aistrithe nó lena linn, chun a bhrath an bhfuil an fhaisnéis faoin tionscnóir nó faoin tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointí (a), (b) agus (c), agus in Airteagal 14(2) pointí (a), (b) agus (c), tíolactha roimhe sin, go comhuaineach nó i gcomhthráth le haistriú cripteashócmhainní nó aistriú baisc-chomhaid cripteashócmhainní, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar an t-aistriú chuig seoladh féinóstáilte nó ó sheoladh féinóstáilte.

Airteagal 21

Aistrithe cripteashócmhainní ina bhfuil faisnéis faoin tionscnóir nó faoin tairbhí in easnamh nó neamhiomlán

1. Bunóidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta atá bunaithe ar an mbonn riosca-íogair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849, chun a chinneadh an ndéanfaidh sé aistriú cripteashócmhainní ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir ná faoin tairbhí in easnamh a fhorghníomhú, a dhiúltú, a chur ar ais nó a chur ar fionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a dhéanamh.

I gcás ina dtagann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach ar an eolas, nuair a fhaigheann sé aistriú cripteashócmhainní, go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointí (a), (b) agus (c) agus Airteagal 14(2), pointí (a), (b) agus (c) nó Airteagal 15(1), in easnamh nó neamhiomlán, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach sin an méid seo a leanas, ar bhonn riosca-íogair agus gan moill mhíchuí:

(a) an t-aistriú a dhiúltú nó na cripteashócmhainní aistrithe a thabhairt ar ais; nó

(b) an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a iarraidh sula dtarchuirfear aistriú cripteashócmhainní.

2. I gcás ina mainneoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta arís is arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir nó faoin tairbhí a sholáthar, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach an méid seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh, agus féadfar a áireamh orthu sin ar dtús rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndéanfar aistriú a dhiúltú, a shrianadh nó a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (b) mura bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear curtha ar fáil go fóill; nó

(b) aon aistriú cripteashócmhainní amach anseo chuig an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin nó ón soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin a dhiúltú go díreach, nó a ghaolmhaireacht ghnó leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin a shrianadh nó a fhoirceannadh.

Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach tuairisc faoin mainneachtain sin, agus na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Airteagal 22

Measúnú agus tuairisciú

Déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach faisnéis atá in easnamh faoin tionscnóir nó faoin tairbhí a chur san áireamh mar thoisc le linn dó measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil aistriú cripteashócmhainní, nó aon idirbheart gaolmhar, amhrasach, agus an bhfuil sé le tuairisciú don AFA i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849.

CAIBIDIL IV

Comhbhearta is infheidhme ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Airteagal 23

Beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme beart sriantach a áirithiú

Beidh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun cur chun feidhme beart sriantach de chuid an Aontais agus cur chun feidhme beart sriantach náisiúnta a áirithiú agus aistrithe cistí agus cripteashócmhainní á ndéanamh acu faoin Rialachán seo.

Eiseoidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) treoirlínte faoin 30 Nollaig 2024 ina sonrófar na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo.

CAIBIDIL V

Faisnéis, cosaint sonraí, agus taifid a choinneál

Airteagal 24

Faisnéis a chur ar fáil

Freagróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go hiomlán agus gan mhoill, lena n-áirítear trí phointe teagmhála lárnach i gcomhréir le hAirteagal 45(9) de Threoir (AE) 2015/849 i gcás inar ceapadh pointe teagmhála den sórt sin, agus i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta atá leagtha síos i ndlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin bunaithe nó ina bhfuil a n-oifig chláraithe ag na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin, de réir mar is infheidhme, d'fhiosrúcháin a thig go heisiach ó údaráis an Bhallstáit sin atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo.

Airteagal 25

Cosaint sonraí

1. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679. Tá sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún nó ÚBE de bhun an Rialacháin seo faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ná soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn an Rialacháin seo ach amháin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach nach bhfuil ag luí leis na críocha sin. Toirmeascfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn an Rialacháin seo chun críoch tráchtála.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679 a chur ar fáil do chliaint nua sula mbunófar gaolmhaireacht ghnó nó sula ndéanfar idirbheart ócáideach. Soláthrófar an fhaisnéis sin i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2016/679 agus áireofar inti go háirithe fógra ginearálta faoi na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoin Rialachán seo nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil acu chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcónaí go ndéanfar aon sonraí pearsanta faoi na páirtithe a bhfuil baint acu le haistriú cistí nó aistriú cripteashócmhainní a tharchur i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Eiseoidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, treoirlínte maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas cosanta sonraí le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha i gcomhthéacs aistrithe cripteashócmhainní. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le nósanna imeachta oiriúnacha chun a chinneadh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar aistriú cripteashócmhainní a fhorghníomhú, a dhiúltú, a chur ar ais nó a chur ar fionraí, i gcásanna nach féidir comhlíonadh ceanglas cosanta sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha a áirithiú.

Airteagal 26

Taifid a choimeád

1. Ní dhéanfar faisnéis faoin íocóir ná faoin íocaí ná faoin tionscnóir ná faoin tairbhí a choinneáil níos faide ná mar is géarghá. Coinneoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra agus an íocaí taifid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 4 go 7, agus coinneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an tionscnóra agus an tairbhí taifid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14 go 16, ar feadh tréimhse 5 bliana.

2. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go scriosfar na sonraí pearsanta, mura bhforáiltear a mhalairt leis an dlí náisiúnta lena gcinntear na himthosca faoina bhféadfaidh nó faoina ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sonraí den sórt sin a choinneáil a thuilleadh. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tréimhse choinneála is faide a cheadú nó a cheangal ach amháin tar éis dóibh measúnú iomlán a dhéanamh ar an ngá le coinneáil bhreise den sórt sin agus ar a comhréireacht, agus i gcás ina measfaidh siad go bhfuil údar le coinneáil bhreise den sórt sin chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní rachaidh an tréimhse choinneála bhreise sin os cionn 5 bliana.

3. I gcás ina mbeidh imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh i mBallstát an 25 Meitheamh 2015, ar imeachtaí iad a bhaineann le sciúradh airgid amhrasta nó maoiniú sceimhlitheoireachta amhrasta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus i gcás ina mbeidh faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis na himeachtaí sin ar feitheamh i seilbh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta, féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis sin nó na doiciméid sin a choinneáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ar feadh tréimhse 5 bliana ón 25 Meitheamh 2015. Gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, féadfaidh na Ballstáit coinneáil faisnéise nó sonraí den sórt sin a cheadú nó a cheangal ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála breise den sórt sin chun sciúradh airgid amhrasta nó maoiniú sceimhlitheoireachta amhrasta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

Airteagal 27

Comhar idir na húdaráis inniúla

Beidh an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus le húdaráis ábhartha tríú tír faoin Rialachán seo faoi réir Threoir (AE) 2015/849.

CAIBIDIL VI

Smachtbhannaí agus faireachán

Airteagal 28

Smachtbhannaí agus bearta riaracháin

1. Gan dochar don cheart chun foráil a dhéanamh do smachtbhannaí coiriúla agus chun iad a fhorchur, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin is infheidhme i leith aon sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí agus na bearta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus beidh siad ar aon dul leis na smachtbhannaí a leagtar síos i gcomhréir le Caibidil VI, Roinn 4, de Threoir (AE) 2015/849.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan rialacha a leagan síos maidir le smachtbhannaí riaracháin nó bearta riaracháin mar gheall ar shárú ar fhorálacha an Rialacháin seo ar forálacha iad atá faoi réir smachtbhannaí coiriúla ina ndlí náisiúnta. Sa chás sin, cuirfidh na Ballstáit na forálacha ábhartha sin den dlí coiriúil in iúl don Choimisiún.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, áiritheoidh na Ballstáit i gcás sáraithe ar fhorálacha an Rialacháin seo, go bhféadfar smachtbhannaí nó bearta a chur i bhfeidhm, faoi réir an dlí náisiúnta, ar chomhaltaí chomhlacht bainistithe an tsoláthraí seirbhísí ábhartha agus ar aon duine nádúrtha eile atá, faoin dlí náisiúnta, freagrach as an sárú.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus don choiste inmheánach buan um chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta dá dtagraítear in Airteagal 9a(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan moill mhíchuí don Choimisiún agus don choiste inmheánach buan sin faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin orthu.

4. I gcomhréir le hAirteagal 58(4) de Threoir (AE) 2015/849, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe uile is gá chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú ag na húdaráis inniúla. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur, rachaidh na húdaráis inniúla i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh an toradh inmhianaithe ar na smachtbhannaí riaracháin sin nó ar na bearta riaracháin sin agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas mar gheall ar na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 29 ar bhain siad tairbhe astu, agus a rinne duine ar bith, ag gníomhú dó go leithleach nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh sin, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar aon cheann díobh seo a leanas:

(a) an chumhacht ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

(b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;

(c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

6. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh ceann de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 29 a dhéanamh chun leasa an duine dhlítheanaigh sin, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

7. Feidhmeoidh údaráis inniúla a gcuid cumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) trí fheidhm dhíreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile;

(c) trína bhfreagracht a tharmligean d'údaráis eile den sórt sin;

(d) trí iarratas a chur isteach chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

Maidir le feidhmiú a gcumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur, rachaidh na húdaráis inniúla i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh an toradh inmhianaithe ar na smachtbhannaí riaracháin sin nó ar na bearta riaracháin sin agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

Airteagal 29

Forálacha sonracha

Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar lena smachtbhannaí riaracháin agus lena mbearta riaracháin ar a laghad na cinn sin a leagtar síos in Airteagal 59(2) agus (3) de Threoir (AE) 2015/849 i gcás na sáruithe seo a leanas ar an Rialachán seo:

(a) mainneachtain arís is arís eile, nó mainneachtain chórasach, arna déanamh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta chun an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí a chur leis an aistriú cistí, de shárú ar Airteagail 4, 5, nó 6 nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tionscnóir agus faoin tairbhí a chur leis an aistriú cripteashócmhainní, de shárú ar Airteagal 14 nó 15;

(b) mainneachtain arís is arís eile, mainneachtain chórasach nó mainneachtain thromchúiseach arna déanamh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní taifid a choinneáil, de shárú ar Airteagal 26;

(c) mainneachtain arna déanamh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe a chur chun feidhme, de shárú ar Airteagail 8 nó 12, nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe a chur chun feidhme, de shárú ar Airteagal 17;

(d) mainneachtain thromchúiseach arna déanamh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta idirghabhálach Airteagal 11 nó Airteagal 12 a chomhlíonadh nó mainneachtain thromchúiseach ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní idirghabhálach Airteagail 19, 20 nó 21 a chomhlíonadh.

Airteagal 30

Smachtbhannaí agus bearta a fhoilsiú

I gcomhréir le hAirteagal 60(1), (2) agus (3) de Threoir (AE) 2015/849, déanfaidh na húdaráis inniúla na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin a fhorchuirtear sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 28 agus 29 den Rialachán seo a fhoilsiú gan moill mhíchuí, lena n-áirítear faisnéis faoi shaghas agus chineál an tsáraithe agus faoi chéannacht na ndaoine atá freagrach as, más rud é gur gá agus gur comhréireach déanamh amhlaidh tar éis meastóireacht de réir an cháis.

Airteagal 31

Na smachtbhannaí agus na bearta á gcur i bhfeidhm ag údaráis inniúla

1. Agus cineál na smachtbhannaí riaracháin nó na mbeart riaracháin agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin airgid á gcinneadh acu, déanfaidh na húdaráis inniúla na himthosca ábhartha ar fad a chur san áireamh, lena n-áirítear na cinn sin a liostaítear in Airteagal 60(4) de Threoir (AE) 2015/849.

2. Maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchuirtear i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 62 de Threoir (AE) 2015/849.

Airteagal 32

Sáruithe a thuairisciú

1. Bunóidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha chun go ndéanfar tuairisciú sáruithe ar an Rialachán seo chuig na húdaráis inniúla a spreagadh.

Maidir leis na sásraí sin, áireofar orthu ar a laghad na cinn dá dtagraítear in Airteagal 61(2) de Threoir (AE) 2015/849.

2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, nósanna imeachta inmheánacha iomchuí a bhunú dá gcuid fostaithe, nó do dhaoine a bhfuil post inchomparáide acu, chun sáruithe a thuairisciú go hinmheánach trí bhealach slán, neamhspleách, sonrach agus anaithnid, ar bealach é a bheidh comhréireach le cineál agus méid an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta nó an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann.

Airteagal 33

Faireachán

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar na húdaráis inniúla faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, agus na bearta is gá a dhéanamh chun an comhlíonadh sin a áirithiú agus spreagfaidh siad tuairisciú chuig na húdaráis inniúla, trí shásraí éifeachtacha, ar sháruithe ar fhorálacha an Rialachán seo.

2. Faoin 31 Nollaig 2026, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Chaibidil VI, agus aird ar leith á tabhairt ar chásanna trasteorann.

CAIBIDIL VII

Cumhachtaí cur chun feidhme

Airteagal 34

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Chosc ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL VIII

Maoluithe

Airteagal 35

Comhaontuithe le tíortha agus le críocha nach cuid de chríoch an Aontais iad

1. Féadfaidh an Coimisiún údarás a thabhairt d'aon Bhallstát comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír nó le críoch atá lasmuigh de raon feidhme críochach an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) dá dtagraítear in Airteagal 355 CFAE ("an tír nó an chríoch lena mbaineann"), ar comhaontú é ina bhfuil maoluithe ón Rialachán seo, ionas gur féidir déileáil le haistrithe cistí idir an tír nó an chríoch sin agus an Ballstát lena mbaineann amhail is gur aistrithe cistí iad laistigh den Bhallstát sin.

Ní fhéadfar comhaontuithe den sórt sin a údarú ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo ar fad a leanas:

(a) go bhfuil an tír nó an chríoch lena mbaineann in aontas airgeadaíochta leis an mBallstát lena mbaineann, go bhfuil sí mar chuid de limistéar airgeadra an Bhallstáit sin nó go bhfuil coinbhinsiún airgeadaíochta sínithe aici leis an Aontas a ndéanann Ballstát ionadaíocht dó;

(b) go bhfuil na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sa tír nó sa chríoch lena mbaineann rannpháirteach go díreach nó go hindíreach i gcórais íocaíochta agus socraíochta sa Bhallstát sin;

(c) go gceanglaíonn an tír nó an chríoch lena mbaineann ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá faoina dlínse na rialacha céanna leis na rialacha a bhunaítear faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

2. Ballstát ar mian leis comhaontú dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích, seolfaidh sé iarraidh chuig an gCoimisiún agus cuirfidh sé an fhaisnéis ar fad is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh ar fáil dó.

3. Ar iarraidh den sórt sin a fháil don Choimisiún, déileálfar go sealadach le haistrithe cistí idir an Ballstát sin agus an tír nó an chríoch lena mbaineann amhail is gur aistrithe cistí iad laistigh den Bhallstát sin, go dtí go dtiocfar ar chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

4. Más rud é, laistigh de 2 mhí ón iarraidh a fháil, go measann an Coimisiún nach bhfuil an fhaisnéis ar fad is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh aige, rachaidh sé i dteagmháil leis an mBallstát lena mbaineann agus sonróidh sé an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear.

5. Laistigh de mhí amháin tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ar fad a fháil a mheasann sé is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát iarrthach dá réir sin agus tarchuirfidh sé cóipeanna den iarraidh chuig na Ballstáit eile.

6. Laistigh de 3 mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a thabhairt, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) an údaróidh sé don Bhallstát lena mbaineann an comhaontú is ábhar don iarraidh a thabhairt i gcrích.

Déanfaidh an Coimisiún, in aon chás, cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh laistigh de 18 mí ón iarraidh a fháil.

CAIBIDIL IX

Forálacha eile

Airteagal 36

Treoirlínte

Déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla agus ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir le bearta a bheidh le déanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe maidir le hAirteagail 7, 8, 11 agus 12 den Rialachán seo a chur chun feidhme. Faoin 20 Meitheamh 2024, déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla agus ar na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní maidir le bearta a bheidh le déanamh a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Airteagail 14 go 17, agus Airteagail 19 go 22 den Rialachán seo.

Eiseoidh ÚBE treoirlínte lena sonrófar gnéithe teicniúla de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le dochair dhíreacha mar aon leis na bearta a bheidh le déanamh ag soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (18), de Threoir (AE) 2015/2366, faoin Rialachán seo, agus an ról teoranta atá acu in idirbhearta íocaíochta á chur san áireamh.

Déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint, a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla, maidir le saintréithe cur chuige rioscabhunaithe i leith maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus maidir leis na bearta atá le déanamh agus maoirseacht den sórt sin á déanamh acu.

Áiritheoidh ÚBE go mbeidh idirphlé tráthrialta ann le geallsealbhóirí maidir le réitigh idir-inoibritheacha theicniúla a fhorbairt d'fhonn cur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a éascú.

Airteagal 37

Athbhreithniú

1. Faoi 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm Rialacháin maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus, i gcás inarb iomchuí, leasuithe a mholadh chun cur chuige comhsheasmhach agus ailíniú leis an Rialachán maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a áirithiú.

2. Faoin 1 Iúil 2026, eiseoidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le haistrithe ó sheoltaí féinóstáilte nó eintitis nach bhfuil bunaithe san Aontas nó chucu, chomh maith leis an ngá atá le bearta sonracha chun na rioscaí sin a mhaolú, agus molfaidh sé, más iomchuí, leasuithe ar an Rialachán seo.

3. Faoin 30 Meitheamh 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach.

Beidh na gnéithe seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) measúnú ar éifeachtacht na mbeart dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus ar an méid atá an Rialachán seo á chomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) measúnú ar na réitigh theicneolaíocha chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear ar an bhforbairt is déanaí ar réitigh atá slán ó thaobh na teicneolaíochta de agus idir-inoibrithe chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ar úsáid uirlisí anailíseacha DLT chun tionscnamh agus ceann scríbe na n-aistrithe i gcripteashócmhainní a shainaithint agus chun measúnú "bí eolach ar d'idirbheart" (KYT) a dhéanamh;

(c) measúnú ar éifeachtacht agus oiriúnacht na dtairseach *de minimis* a bhaineann le haistrithe cistí, go háirithe maidir lena raon feidhme agus an tacar faisnéise a ghabhann le haistrithe, agus measúnú ar an ngá atá leis na tairsí sin a ísliú nó a bhaint;

(d) measúnú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tairseacha *de minimis* a thabhairt isteach a bhaineann leis an tacar faisnéise a ghabhann le haistrithe cripteashócmhainní, lena n-áirítear measúnú ar na rioscaí gaolmhara sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta;

(e) anailís ar na treochtaí i dtaca leis an úsáid a bhainfear as seoltaí féinóstáilte chun aistrithe a dhéanamh gan baint a bheith ag tríú páirtí leo, in éineacht le measúnú ar na rioscaí gaolmhara sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus meastóireacht ar an ngá atá le bearta maolaithe breise agus éifeachtacht agus in-fhorfheidhmitheacht na mbeart sin, amhail na hoibleagáidí sonracha ar sholáthraithe tiachóg crua-earraí agus bogearraí agus teorannú, rialú nó toirmeasc ar aistrithe lena mbaineann seoltaí féinóstáilte.

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sin forbairtí nua i réimse chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, chomh maith le meastóireachtaí, measúnuithe agus tuarascálacha ábhartha sa réimse sin arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag bunaitheoirí caighdeán, údaráis forfheidhmithe dlí agus gníomhaireachtaí faisnéise, soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó foinsí iontaofa eile.

CAIBIDIL X

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 38

Leasuithe ar Threoir (AE) 2015/849

Leasaítear Treoir (AE) 2015/849 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1), pointe (3), scriostar pointí (g) agus (h);

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i bpointe (2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(g) soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8):

"(8) ciallaíonn 'gaolmhaireacht chomhfhreagrach':

(a) seirbhísí baincéireachta a bheith á soláthar ag banc amháin mar an comhfhreagraí do bhanc eile mar an freagróir, lena n-áirítear cuntas dliteanais reatha nó eile agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, amhail bainistíocht airgid thirim, aistrithe cistí idirnáisiúnta, imréiteach seiceanna, cuntais 'iníoctha tríd' agus seirbhísí malairte eachtraí;

(b) an ghaolmhaireacht idir agus i measc institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn institiúid chomhfhreagrach seirbhísí comhchosúla d'institiúid is freagróir, agus lena n-áirítear an ghaolmhaireacht arna bunú le haghaidh idirbhearta urrús nó aistrithe cistí nó an ghaolmhaireacht arna bunú le haghaidh idirbhearta cripteashócmhainní nó aistrithe cripteashócmhainní;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 18 agus 19:

"(18) ciallaíonn 'cripteashócmhainn' cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) ach amháin i gcás ina dtagann sí faoi na catagóirí a liostaítear in Airteagal 2(2), (3) agus (4) den Rialachán sin nó i gcás ina gcáilíonn sí mar chistí ar chaoi eile;

(19) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní' soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1114 i gcás ina bhfuil seirbhís cripteashócmhainne amháin nó níos mó á soláthar aige mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16), den Rialachán sin, cé is moite de chomhairle a sholáthar maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (16)(h), den Rialachán sin;

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40.).";

(d) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(20) ciallaíonn 'seoladh féinóstáilte' seoladh féinóstáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (20), de Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1).";

(3) in Airteagal 18, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"5. Faoin.30 Nollaig 2024, déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint maidir le hathróga riosca agus fachtóirí riosca a bheidh le cur san áireamh ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus iad ag dul i mbun gaolmhaireacht ghnó nó ag déanamh idirbhearta i gcripteashócmhainní.

6. Soiléireoidh ÚBE, go háirithe, conas a chuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na fachtóirí riosca a liostaítear in Iarscríbhinn III san áireamh, lena n-áirítear nuair a bheidh idirbhearta á ndéanamh acu le daoine agus le heintitis nach gcumhdaítear leis an Treoir seo. Chuige sin, tabharfaidh ÚBE aird ar leith ar tháirgí, idirbhearta agus teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh anaithnideacht a éascú, amhail tiachóga príobháideachais, meascthóirí nó rothlóirí.

I gcás ina sainaithnítear cásanna lena ngabhann riosca níos airde, áireofar sna treoirlínte dá dtagraítear i mír 5 na bearta díchill chuí feabhsaithe a bhféachfaidh eintitis faoi oibleagáid an bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú, lena n-áirítear nósanna imeachta iomchuí a ghlacadh chun tionscnamh nó ceann scríbe cripteashócmhainní a bhrath.";

(4) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

"Airteagal 19a

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a mheasúnú i ndáil le haistrithe cripteashócmhainní atá dírithe ar sheoladh féinóstáilte nó ar de thionscnamh seolta fhéinóstáilte iad. Chuige sin, beidh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bearta maolaitheacha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rioscaí sainaitheanta. Ar na bearta maolaitheacha sin, áireofar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) bearta rioscabhunaithe a dhéanamh chun tionscnóir nó tairbhí an aistrithe arna dhéanamh chuig seoladh féinóstáilte nó ó sheoladh féinóstáilte nó úinéir tairbhiúil an tionscnóra nó an tairbhí sin a shainaithint agus a fhíorú, lena n-áirítear trí spleáchas ar thríú páirtithe;

(b) faisnéis bhreise a éileamh maidir le tionscnamh agus ceann scríbe na gcripteashócmhainní arna n-aistriú;

(c) faireachán leanúnach feabhsaithe a dhéanamh ar na hidirbhearta sin;

(d) aon bheart eile chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú agus a bhainistiú chomh maith leis an riosca nach gcuirfear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe chun feidhme agus go seachnófar iad agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a bhaineann le maoiniú leata.

2. Faoin 30 Nollaig 2024, déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint chun na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo a shonrú, lena n-áirítear na critéir agus na modhanna chun céannacht thionscnóir nó thairbhí an aistrithe arna dhéanamh chuig seoladh féinóstáilte nó ó sheoladh féinóstáilte a shainaithint agus a fhíorú, go háirithe trí spleáchas ar thríú páirtithe, agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí á gcur san áireamh.

Airteagal 19b

1. De mhaolú ar Airteagal 19, i ndáil le gaolmhaireacht chomhfhreagrach trasteorann lena mbaineann forghníomhú seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16), de Rialachán (AE) 2023/1114, cé is moite de phointe (h) den phointe sin, le heintiteas is freagróir nach bhfuil bunaithe san Aontas agus a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla, lena n-áirítear aistrithe cripteashócmhainní, ceanglóidh na Ballstáit, sa bhreis ar na bearta díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 13 den Treoir seo, ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus iad ag dul i mbun gaolmhaireacht ghnó le heintiteas den sórt sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chinneadh an bhfuil an t-eintiteas is freagróir ceadúnaithe nó cláraithe;

(b) faisnéis leordhóthanach a bhailiú faoin eintiteas is freagróir chun cineál gnó an fhreagróra a thuiscint go hiomlán agus chun cáil an eintitis agus cáilíocht na maoirseachta a chinneadh ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí;

(c) measúnú a dhéanamh ar rialuithe AML/CFT an eintitis is freagróir;

(d) formheas a fháil ón mbainistíocht shinsearach sula mbunófar gaolmhaireacht chomhfhreagrach nua;

(e) freagrachtaí faoi seach gach páirtí sa ghaolmhaireacht chomhfhreagrach a dhoiciméadú;

(f) maidir le cuntais cripteashócmhainní 'iníoctha tríd', a bheith sásta gur fhíoraigh an t-eintiteas is freagróir céannacht na gcustaiméirí agus go ndearnadh dícheall cuí leanúnach ar na custaiméirí a bhfuil rochtain dhíreach acu ar chuntais an eintitis comhfhreagraigh, agus go bhfuil sé ábalta sonraí ábhartha díchill chuí do chustaiméirí a sholáthar don eintiteas is freagróir, arna iarraidh sin.

I gcás ina gcinnfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gaolmhaireacht chomhfhreagrach a fhoirceannadh ar chúiseanna a bhaineann le beartas in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, déanfaidh siad a gcinneadh a dhoiciméadú agus a thaifeadadh.

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis díchill chuí don ghaolmhaireacht chomhfhreagrach a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta nó nuair a thagann rioscaí nua chun cinn i ndáil leis an eintiteas is freagróir.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 san áireamh chun na bearta iomchuí a chinneadh, ar bhonn riosca-íogair, atá le déanamh chun na rioscaí a bhaineann leis an eintiteas is freagróir a mhaolú.

3. Faoin 30 Meitheamh 2024, déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint chun na critéir agus na heilimintí a shonrú a chuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní san áireamh agus an measúnú dá dtagraítear i mír 1 agus na bearta maolaithe riosca dá dtagraítear i mír 2 á ndéanamh, lena n-áirítear an ghníomhaíocht íosta atá le déanamh ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcás nach bhfuil an t-eintiteas is freagróir cláraithe ná ceadúnaithe.";

(5) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 24a*

Faoin 1 Eanáir 2024, déanfaidh ÚBE treoirlínte a eisiúint ina sonrófar conas a bheidh feidhm ag bearta díchill chuí feabhsaithe do custaiméirí sa Roinn seo nuair a dhéanann eintitis faoi oibleagáid seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainítear in Airteagal 3(1), pointe (16), de Rialachán (AE) 2023/1114, cé is moite de phointe (h) den phointe sin, chomh maith le haistrithe cripteashócmhainne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 10, de Rialachán (AE) 2023/1113. Go háirithe, sonróidh ÚBE conas agus cathain a gheobhaidh na heintitis faoi oibleagáid sin faisnéis bhreise faoin tionscnóir agus faoin tairbhí.";

(6) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar eisitheoirí ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Threoir 2009/110/CE, ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (11), de Threoir (AE) 2015/2366 agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá bunaithe ar a gcríoch i bhfoirmeacha seachas brainse, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh ina gcríoch. Áiritheoidh an pointe teagmhála lárnach sin, thar ceann an eintitis atá ag feidhmiú ar bhonn trasteorann, go gcomhlíonfar rialacha AML/CFT agus éascóidh sé an mhaoirseacht a dhéanfaidh maoirseoirí, lena n-áirítear trí dhoiciméid agus faisnéis a sholáthar do mhaoirseoirí arna iarraidh sin dóibh.";

(7) in Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oifigí malartaithe airgeadra agus briste seiceanna, agus soláthraithe seirbhísí iontaobhais nó cuideachta ceadúnaithe nó cláraithe, agus go rialófar soláthraithe seirbhísí cearrbhachais.";

(8) in Airteagal 67, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 2(1), pointe 3, Airteagal 3, pointe (2)(g), Airteagal 3, pointí (8), (18), (19) agus (20), Airteagal 19ú(1), Airteagal 19b(1) agus (2), Airteagal 45(9) agus Airteagal 47(1) a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Nollaig 2024, agus foilseoidh siad iad. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 30 Nollaig 2024".

Airteagal 39

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) 2015/847 le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 40

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 31 Bealtaine 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN

IARSCRÍBHINN I

AN RIALACHÁN AISGHAIRTHE AGUS AN LEASÚ A RINNEADH AIR

Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1)	
Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1)	[Airteagal 6 agus an tAirteagal sin amháin)

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (AE) 2015/847	An Rialachán seo
Airteagal 1	*Airteagal 1*
Airteagal 2(1), (2) agus (3)	Airteagal 2(1), (2) agus (3)
Airteagal 2(4), an chéad fhomhír agus an dara fomhír	Airteagal 2(4), an chéad fhomhír agus an dara fomhír
—	Airteagal 2(4), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír
Airteagal 2(5)	Airteagal 2(5)
Airteagal 3, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 3, an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 3, pointí 1 go 9	Airteagal 3, pointí 1 go 9
—	Airteagal 3, pointe 10
Airteagal 3, pointe 10	Airteagal 3, pointe 11
Airteagal 3, pointe 11	Airteagal 3, pointe 12
Airteagal 3, pointe 12	—
—	Airteagal 3, pointí 13 go 24
Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 4(1), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c)	Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c)
—	Airteagal 4(1), pointe (d)
Airteagal 4(2), an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 4(2), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b)	Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b)
—	Airteagal 4(2), pointe (c)
Airteagal 4(3) go (6)	Airteagal 4(3) go (6)
Airteagail 5 go 13	Airteagail 5 go 13
—	Airteagail 14 go 23
Airteagal 14	*Airteagal 24*

Rialachán (AE) 2015/847	An Rialachán seo
Airteagal 15(1), (2) agus (3)	Airteagal 25(1), (2) agus (3)
Airteagal 15(4), an t-aon fhomhír amháin	Airteagal 25(4), an chéad fhomhír
—	Airteagal 25(4), an dara fomhír
Airteagal 16	*Airteagal 26*
—	*Airteagal 27*
Airteagal 17	*Airteagal 28*
Airteagal 18	*Airteagal 29*
Airteagal 19	*Airteagal 30*
Airteagal 20	*Airteagal 31*
Airteagal 21	*Airteagal 32*
Airteagal 22	*Airteagal 33*
Airteagal 23	*Airteagal 34*
Airteagal 24(1) go (6)	Airteagal 35(1) go (6)
Airteagal 24(7)	—
Airteagal 25, an t-aon fhomhír amháin	Airteagal 36, an chéad fhomhír
—	Airteagal 36, an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír
—	*Airteagal 37*
—	*Airteagal 38*
Airteagal 26	*Airteagal 39*
Airteagal 27	*Airteagal 40*
Iarscríbhinn	—
—	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinn II

RIALACHÁN (AE) 2023/1114 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Bealtaine 2023

maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is den tábhacht a áirithiú go bhfuil gníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais oiriúnach don ré dhigiteach, agus go ndéantar rannchuidiú leo le geilleagar a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a oibríonn do dhaoine, lena n-áirítear tríd an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nuálacha a chumasú. Tá leas beartais ag an Aontas i bhforbairt agus cur chun cinn ghlacadh na dteicneolaíochtaí claochlaitheacha san earnáil airgeadais, lena n-áirítear glacadh teicneolaíochta mórleabhar dáilte (DLT). Mar thoradh ar fheidhmeanna iomadúla na teicneolaíochta mórleabhar dáilte, lena n-áirítear teicneolaíocht bhlocshlabhra, nach ndearnadh staidéar iomlán orthu go fóill, táthar ag dréim leis go leanfar de chineálacha nua gníomhaíochta gnó agus samhlacha gnó a chruthú, as a dtiocfaidh, i gcomhair leis an earnáil cripteashócmhainní féin, fás eacnamaíoch agus deiseanna fostaíochta nua do shaoránaigh an Aontais.

(2) Tá cripteashócmhainní ar cheann de phríomhfheidhmeanna na teicneolaíochta mórleabhar dáilte. Is léirithe digiteacha ar luach nó ar chearta iad cripteashócmhainní ag a bhfuil d'acmhainneacht buntáistí suntasacha a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear sealbhóirí miondíola cripteashócmhainní. Le léirithe ar luach, áirítear luach seachtrach neamh-intreach arna shannadh do chripteashócmhainn ag na páirtithe lena mbaineann nó ag na rannpháirtithe sa mhargadh, lena gciallaítear go bhfuil an luach suibiachtúil agus nach bhfuil sé ach amháin bunaithe ar leas cheannaitheoir na cripteashócmhainne. Trí phróisis tiomsaithe caipitil a phríomhshruthú agus iomaíocht a fheabhsú, le tairiscintí ar chripteashócmhainní, d'fhéadfaí lamháil do bhealach nuálach agus uilechuimsitheach maoiniúcháin, lena n-áirítear le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Nuair a úsáidtear mar mhodh íocaíochta iad, is féidir le cripteashócmhainní deiseanna a chur ar fáil ó thaobh íocaíochtaí níos saoire, níos tapúla agus níos éifeachtúla de, go háirithe ar bhonn trasteorann, trí theorainn a chur le líon na n-idirghabhálaithe.

(3) Tá roinnt cripteashócmhainní ann, go háirithe na cripteashócmhainní sin a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), a thagann faoi raon feidhme ghníomhartha reachtacha an Aontais atá cheana ann maidir le seirbhísí airgeadais. Tá feidhm cheana féin, dá bhrí sin, ag tacar iomlán rialacha de chuid an Aontais i leith eisitheoirí na gcripteashócmhainní sin agus i leith gnólachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cripteashócmhainní sin.

([1]) IO C 152, 29.4.2021, lch. 1.
([2]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 31.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Aibreán 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023.
([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(4) Tá cripteashócmhainní eile ann, áfach, nach dtagann faoi raon feidhme ghníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais. Faoi láthair, níl aon rialacha ann, seachas na rialacha sin i leith frithsciúradh airgid, maidir leis an soláthar seirbhísí a bhaineann leis na cripteashócmhainní neamhrialáilte sin, lena n-áirítear maidir le hoibriú na n-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, malartú cripteashócmhainní le haghaidh cistí nó cripteashócmhainní eile, agus cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant. In éagmais rialacha den sórt sin, fágtar sealbhóirí na gcripteashócmhainní sin neamhchosanta ar rioscaí, go háirithe i réimsí nach gcumhdaítear le rialacha cosanta tomhaltóirí. Is féidir freisin, in éagmais rialacha den sórt sin, rioscaí substaintiúla a bheith ann do shláine an mhargaidh, lena n-áirítear ó thaobh drochúsáid margaidh de agus ó thaobh coireacht airgeadais de chomh maith. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, tá rialacha sonracha curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát le haghaidh na gcripteashócmhainní uile, nó fothacar de na cripteashócmhainní, nach dtagann faoi raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, agus tá breithniú á dhéanamh ag Ballstáit eile i dtaobh reachtaíocht a rith i réimse na gcripteashócmhainní.

(5) Is féidir, in éagmais creat foriomlán de chuid an Aontais le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní, easpa muiníne a bheith ag an úsáideoir as na sócmhainní sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chonstaic mhór ar an bhforbairt ar mhargadh sna sócmhainní sin agus a bheith ina shiocair le deiseanna a ligean amú ó thaobh seirbhísí digiteacha nuálacha, ionstraimí íocaíochta malartacha nó foinsí nua cistiúcháin de le haghaidh chuideachtaí an Aontais. Ina theannta sin, ní bheadh aon deimhneacht dhlíthiúil ag cuideachtaí a bhaineann úsáid as cripteashócmhainní maidir leis an gcaoi a láimhseálfaí a gcuid cripteashócmhainní sna Ballstáit éagsúla, lena mbainfí an bonn óna gcuid iarrachtaí cripteashócmhainní a úsáid le haghaidh nuálaíocht dhigiteach. D'fhéadfadh sé freisin, cheal chreat foriomlán an Aontais le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní, ilroinnt rialála a bheith mar thoradh air, rud a dhéanfadh iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh, a d'fhágfadh go mbeadh sé níos deacra do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcuid gníomhaíochtaí a mhéadú ar bhonn trasteorann agus a bheadh ina shiocair le harbatráiste rialála. Tá margaí i gcripteashócmhainní fós measartha ó thaobh méide de agus ní bagairt iad ar an gcobhsaíocht airgeadais, faoi láthair ar aon nós. D'fhéadfadh sé, áfach, go bhféadfadh sealbhóirí miondíola cineálacha cripteashócmhainní a ghlacadh go forleathan sa todhchaí, a bhfuil sé mar aidhm leo a bpraghas a chobhsú i ndáil le sócmhainn shonrach nó le bascaed sonrach sócmhainní, agus go bhféadfadh forbairt den sórt sin dúshláin sa bhreis a chruthú ó thaobh cobhsaíocht airgeadais, oibriú rianúil córais íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta nó ceannasacht airgeadaíochta de.

(6) Tá creat tiomnaithe agus comhchuibhithe le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní riachtanach, dá bhrí sin, ar leibhéal an Aontais chun rialacha sonracha le haghaidh cripteashócmhainní agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil nach bhfuil cumhdaithe fós faoi ghníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais. Ba cheart don chreat sin tacú leis an nuálaíocht agus le hiomaíocht chothrom, agus ardleibhéal cosanta do shealbhóirí miondíola agus do shláine na margaí i gcripteashócmhainní á áirithiú leis. Ach creat soiléir a bheith ann, ba cheart go gcuirfí ar chumas soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcuid gnólachtaí a mhéadú ar bhonn trasteorann agus éascú a dhéanamh ar an rochtain atá acu ar sheirbhísí baincéireachta chun go mbeidh ar a gcumas a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích go rianúil. Ba cheart foráil a dhéanamh i gcreat an Aontais le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní go gcaithfear go comhréireach le heisitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, as a dtiocfadh, dá bhrí sin, comhdheiseanna i leith iontráil sa mhargadh agus forbairt leanúnach agus thodhchaíoch ar na margaí i gcripteashócmhainní. Ba cheart dó freisin cobhsaíocht airgeadais agus oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí beartais airgeadaíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn as cripteashócmhainní arb é is aidhm dóibh a bpraghas a chobhsú i ndáil le sócmhainn shonrach nó le bascaed sonrach sócmhainní. Le rialáil chuí, coimeádtar iomaíochas na mBallstát ar mhargaí idirnáisiúnta airgeadais agus teicneolaíochta agus cuirtear tairbhí suntasacha ar fáil do chliaint ó thaobh rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus bainistiú sócmhainní de atá níos saoire, níos tapúla agus níos sábháilte. Níor cheart do chreat an Aontais le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní rialáil a dhéanamh ar an mbunteicneolaíocht. Ba cheart do ghníomhartha reachtacha an Aontais forchur ualaí rialála nach bhfuil gá leo agus atá díréireach ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht a sheachaint, ós rud é go bhféachann an tAontas agus na Ballstáit le hiomaíochas ar mhargadh domhanda a choimeád.

(7) D'fhéadfadh drochthionchair phríomha ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol a bheith ag na sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta i gcripteashócmhainní a bhailíochtú. Ba cheart, dá bhrí sin, do na sásraí comhthola sin réitigh atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a úsáid agus a áirithiú go ndéanfaidh eisitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aon drochthionchar príomha a d'fhéadfadh a bheith acu ar an aeráid, agus aon drochthionchar eile a bhaineann leis an gcomhshaol, a shainaithint agus a nochtadh go leordhóthanach. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an bhfuil drochthionchair ina bpríomhéifeachtaí, ba cheart prionsabal na comhréireachta agus méid agus líon na cripteashócmhainne a eisítear a chur san áireamh. Ba cheart, dá bhrí sin, sainordú a thabhairt don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (ESMA) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), i gcomhar leis an Údarás Maoirseachta

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun inneachar, modheolaíochtaí agus tíolacadh na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta a shonrú tuilleadh maidir le drochthionchair ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol, agus chun príomhtháscairí fuinnimh a leagan amach. Ba cheart do na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála comhsheasmhacht na nochtuithe a dhéanann eisitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú freisin. Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt, ba cheart do ESMA na cineálacha éagsúla sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta i gcripteashócmhainní a bhailíochtú, a saintréithe agus na difríochtaí atá eatarthu a chur san áireamh. Ba cheart do ESMA na ceanglais atá cheana ann maidir le nochtadh a chur san áireamh freisin, comhlántacht agus comhsheasmhacht a áirithiú, agus méadú ar an ualach atá ar chuideachtaí a sheachaint.

(8) Is margaí domhanda iad na margaí i gcripteashócmhainní agus is margaí trasteorann iad go bunúsach dá bhrí sin. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí idirnáisiúnta chun cóineasú a chur chun cinn maidir le láimhseáil cripteashócmhainní agus seirbhísí cripteashócmhainní trí eagraíochtaí nó comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

(9) Ba cheart gníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a bheith á dtreorú ag prionsabal 'na ngníomhaíochtaí céanna, na rioscaí céanna, na rialacha céanna' agus ag prionsabal na neodrachta teicneolaíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, cripteashócmhainní a thagann faoi ghníomhartha reachtacha an Aontais atá cheana ann maidir le seirbhísí airgeadais leanúint de bheith á rialáil faoin gcreat rialála atá cheana ann, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun iad a eisiúint nó a aistriú, seachas an Rialachán seo. Dá réir sin, eisiann an Rialachán seo go sainráite óna raon feidhme cripteashócmhainní a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE, iad siúd a cháilíonn mar thaiscí mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), lena n-áirítear taiscí struchtúraithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE, iad siúd a cháilíonn mar chistí mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ach amháin má cháilíonn siad mar chomharthaí ríomh-airgid, iad siúd a cháilíonn mar shuíomhanna urrúsaithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), agus iad siúd a cháilíonn mar chonarthaí árachais neamhshaoil nó saoil, mar tháirgí pinsin nó scéimeanna pinsin agus mar scéimeanna slándála sóisialta. Ag féachaint don fhíoras nár cheart déileáil le ríomh-airgead agus cistí a fhaightear mar mhalairt ar ríomh-airgead mar thaiscí i gcomhréir le Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), ní féidir déileáil le comharthaí ríomh-airgid mar thaiscí atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(10) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i leith cripteashócmhainní atá uathúil agus atá neamh-idirmhalartach le cripteashócmhainní eile, lena n-áirítear ealaín dhigiteach agus earraí inbhailithe. Tá luach na gcripteashócmhainní uathúla agus neamh-idirmhalartacha sin inchurtha i leith shaintréithe uathúla gach cripteashócmhainne agus i leith an fhóntais a thugann sé do shealbhóir an chomhartha. Níor cheart feidhm ach oiread a bheith ag an Rialachán seo i leith cripteashócmhainní arb ionann iad agus seirbhísí nó sócmhainní fisciúla atá uathúil agus neamh-idirmhalartach, amhail ráthaíochtaí táirge nó réadmhaoin. Cé go bhféadfaí na cripteashócmhainní sin a thrádáil ar an margadh agus a charnadh ar bhonn amhantrach, ní furasta iad a idirmhalartú agus, ar an ábhar go bhfuil gach aon cheann acu uathúil, ní féidir a luach coibhneasta i leith a chéile a dhéanamh amach trína gcur i gcomparáid le sócmhainn de chuid an mhargaidh reatha nó le sócmhainn choibhéiseach. Cuireann gnéithe den sórt sin teorainn leis an méid is féidir úsáid airgeadais a bhaint as na cripteashócmhainní sin, lena gcuirtear teorainn, dá bhrí sin, leis na rioscaí atá ann do shealbhóirí agus don chóras airgeadais, agus lena dtugtar údar maith lena n-eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(11) Maidir le cripteashócmhainn uathúil agus neamh-idirmhalartach, níor cheart a mheas go bhfuil codanna codánacha na cripteashócmhainne sin uathúil agus neamh-idirmhalartach. Ba cheart eisiúint cripteashócmhainní mar chomharthaí neamh-idirmhalartacha i sraith mhór nó i mbailiúchán mór a mheas mar thráscaire ar a n-idirmhalartacht. Ní leor aitheantóir uathúil a shannadh do chripteashócmhainn, ann féin,

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([7]) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

([8]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

([9]) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

([10]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras ríomh-airgid, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

chun go n-aicmeofaí í mar chripteashócmhainn uathúil agus mar chripteashócmhainn neamh-idirmhalartach. Ba cheart na sócmhainní nó na cearta a léirítear a bheith uathúil agus neamh-idirmhalartach chun go measfaí an chripteashócmhainn a bheith uathúil agus neamh-idirmhalartach. Ní dochar eisiamh na gcripteashócmhainní atá uathúil agus neamh-idirmhalartach ó raon feidhme an Rialacháin do cháiliú cripteashócmhainní den sórt sin mar ionstraimí airgeadais. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le cripteashócmhainní a dhealraíonn a bheith uathúil agus neamh-idirmhalartach, ach go bhfágfadh a ngnéithe *de facto* nó a ngnéithe atá nasctha lena n-úsáidí *de facto*, iad a bheith idirmhalartach nó gan a bheith uathúil. Ina leith sin, agus cripteashócmhainní á measúnú agus á n-aicmiú acu, ba cheart do na húdaráis inniúla cur chuige eacnamaíoch a ghlacadh trína gcinnfeadh gnéithe na cripteashócmhainne atá i dtrácht aicmiú na sócmhainne seachas a hainmniú ag an eisitheoir.

(12) Is iomchuí idirbhearta áirithe laistigh de ghrúpa agus roinnt eintitis phoiblí a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo toisc nach mbaineann rioscaí leo do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh, do chobhsaíocht airgeadais, d'oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, do tharchur beartais airgeadaíochta ná do cheannasacht airgeadaíochta. Ar na heagraíochtaí poiblí idirnáisiúnta sin atá díolmhaithe, áirítear an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.

(13) Níor cheart sócmhainní digiteacha arna n-eisiúint ag bainc cheannais ag gníomhú dóibh ina gcáil mar údarás airgeadaíochta, lena n-áirítear airgead bainc cheannais i bhfoirm dhigiteach, nó cripteashócmhainní arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí eile, lena n-áirítear riaracháin lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla, a bheith faoi réir chreat an Aontais le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní. Níor cheart ach oiread seirbhísí gaolmhara arna soláthar ag na bainc cheannais sin agus iad ag gníomhú ina gcáil mar údarás airgeadaíochta nó údaráis phoiblí eile a bheith faoi réir chreat sin an Aontais.

(14) Chun léiriú soiléir a áirithiú idir, ar thaobh amháin, cripteashócmhainní a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus, ar an taobh eile, ionstraimí airgeadais, ba cheart sainordú a thabhairt do ESMA treoirlínte a eisiúint maidir leis na critéir agus na coinníollacha le haghaidh cripteashócmhainní a cháiliú mar ionstraimí airgeadais. Leis na treoirlínte sin, ba cheart freisin go lamhálfaí do thuiscint níos fearr a bheith ann ar na cásanna ina bhféadfadh cripteashócmhainní a meastar a bheith uathúil seachas sin agus nach bhfuil idirmhalartach le cripteashócmhainní eile a bheith incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Chun cur chuige coiteann i leith aicmiú cripteashócmhainní a chur chun cinn, ba cheart do ÚBE, do ESMA agus don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) (ÚEÁPC), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) ('na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha' nó 'ÚMEnna') plé ar an aicmiú sin a chur chun cinn. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann tuairimí a iarraidh ó ÚMEnna maidir le haicmiú cripteashócmhainní, lena n-áirítear aicmithe arna moladh ag tairgeoirí nó daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu. Tá tairgeoirí nó daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu freagrach go príomha as aicmiú ceart na gcripteashócmhainní, a bhféadfadh na húdaráis inniúla dúshlán a thabhairt ina leith, roimh dháta foilsithe na tairisceana agus tráth ar bith ina dhiaidh sin. I gcás ina ndealraítear go bhfuil aicmiú cripteashócmhainne ar neamhréir leis an Rialachán seo nó le gníomhartha reachtacha ábhartha eile an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, ba cheart do ÚMEnna úsáid a bhaint as a gcumhachtaí faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 chun cur chuige comhsheasmhach agus comhleanúnach a áirithiú i leith an aicmithe sin.

(15) De bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá cur chun cinn oibriú rianúil na gcóras íocaíochta ar cheann de na bunchúraimí a chuirfear i gcrích tríd an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), de bhun Airteagal 22 de Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh atá i gceangal leis na Conarthaí, rialacháin a chruthú chun córais imréitigh agus íocaíochta éifeachtúla agus fhónta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tíortha eile. Chun na críche sin, ghlac BCE rialacháin maidir le ceanglais le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo. Tá an Rialachán seo gan dochar do na freagrachtaí atá ar BCE agus ar na bainc cheannais náisiúnta in CEBC as córais imréitigh agus íocaíochta éifeachtúla agus fhónta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tríú tíortha. Dá réir sin, agus ionas nach bhféadfadh sé go gcruthófaí tacair chomhthreomhara rialacha, ba cheart do ÚBE, do ESMA agus do BCE comhoibriú go dlúth le chéile nuair a bhíonn na dréachtchaighdeáin theicniúla ábhartha á n-ullmhú acu faoin Rialachán seo. Thairis sin, is den ríthábhacht é go mbeidh rochtain ag BCE agus ag na bainc cheannais náisiúnta ar fhaisnéis agus iad ag comhlíonadh a gcúraimí a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta, lena n-áirítear íocaíochtaí a imréiteach. Ina theannta sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([12]) agus ba cheart é a léirmhíniú ar bhealach nach bhfuil contrártha leis an Rialachán sin.

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

([12]) 1. Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).

(16) Ba cheart d'aon ghníomh reachtach a ghlactar i réimse na gcripteashócmhainní a bheith sonrach agus slán i bhfad na haimsire agus a bheith in ann fanacht bord ar bhord le forbairtí nuálaíochta agus teicneolaíochta agus a bheith fothaithe ar chur chuige dreasacht-bhunaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar na téarmaí 'cripteashócmhainní' agus 'teicneolaíocht mórleabhar dáilte' a bheith chomh forleathan agus is féidir chun gach cineál cripteashócmhainne nach dtagann faoi raon feidhme ghníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a chumhdach. Le haon ghníomh reachtach a ghlactar i réimse na gcripteashócmhainní, ba cheart rannchuidiú freisin leis an gcuspóir maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. Ar an gcúis sin, ba cheart d'eintitis a thairgeann seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo rialacha infheidhme an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta a chomhlíonadh, ar rialacha iad lena gcomhtháthaítear caighdeáin idirnáisiúnta.

(17) Ní thagann sócmhainní digiteacha nach féidir a aistriú chuig sealbhóirí eile faoin sainmhíniú ar chripteashócmhainní. Dá bhrí sin, sócmhainní digiteacha nach nglacann ach an t-eisitheoir nó an tairgeoir leo agus nach bhfuil sé indéanta go teicniúil a aistriú go díreach chuig sealbhóirí eile, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Áirítear ar na samplaí de na sócmhainní digiteacha sin scéimeanna dílseachta nach féidir na pointí dílseachta le haghaidh sochar a mhalartú ach amháin le heisitheoir nó tairgeoir na bpointí sin.

(18) Leis an Rialachán seo, aicmítear cripteashóchmainní i dtrí chineál ar cheart idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a bheith faoi réir ceanglais éagsúla ag brath ar na rioscaí a bhaineann leo. Tá an t-aicmiú bunaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil na cripteashócmhainní ag féachaint lena luach a chobhsú trí thagairt a dhéanamh do shócmhainní eile. Is é atá sa chéad chineál ná cripteashócmhainní arb é is aidhm dóibh a luach a chobhsú trí thagairt a dhéanamh d'airgeadra oifigiúil amháin. Tá feidhm na gcripteashócmhainní sin thar a bheith cosúil leis an bhfeidhm atá ag ríomh-airgead, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE. Amhail ríomh-airgead, is ionadaithe leictreonacha iad na cripteashócmhainní sin le haghaidh bonn agus nótaí bainc agus ar dóchúil go mbainfear úsáid astu chun íocaíochtaí a dhéanamh. Ba cheart na cripteashócmhainní sin a shainmhíniú sa Rialachán seo mar 'chomharthaí ríomh-airgid'. Baineann an dara cineál de chripteashócmhainní le 'comharthaí sócmhainn-tagartha', arb é is aidhm dóibh a luach a chobhsú trí thagairt a dhéanamh do luach nó ceart eile, nó teaglaim díobh sin, lena n-áirítear airgeadra oifigiúil amháin nó níos mó. Cumhdaítear leis an dara cineál sin na cripteashócmhainní eile uile, cé is moite de chomharthaí ríomh-airgid, a bhfuil sócmhainní mar thaca lena luach, ionas go ndéanfar imchéimniú a sheachaint agus chun go mbeidh an Rialachán seo slán i bhfad na haimsire. I ndeireadh na dála, is é atá sa tríú cineál ná cripteashócmhainní nach comharthaí sócmhainn-tagartha agus nach comharthaí ríomh-airgid iad, agus a chumhdaíonn raon leathan cripteashócmhainní, lena n-áirítear comharthaí fóntais.

(19) Faoi láthair, in ainneoin a gcosúlachtaí, tá difríochtaí i roinnt gnéithe tábhachtacha idir ríomh-airgead agus cripteashócmhainní lena dtagraítear d'airgeadra oifigiúil. Maidir le sealbhóirí ríomh-airgid mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE, tugtar éileamh dóibh i gcónaí ar an eisitheoir ríomh-airgid agus tá ceart conarthach acu luach airgid an ríomh-airgid atá ar seilbh a fhuascailt aon tráth agus ar parluach. I gcontrárthacht leis sin, ní thugann roinnt de na cripteashócmhainní a thagraíonn d'airgeadra oifigiúil éileamh den sórt sin dá gcuid sealbhóirí ar eisitheoirí cripteashócmhainní den sórt sin agus d'fhéadfaidís a bheith lasmuigh de raon feidhme Threoir 2009/110/CE dá bharr. Maidir le cripteashócmhainní eile a thagraíonn d'airgeadra oifigiúil, ní thugann siad éileamh atá ar parluach leis an airgeadra dá dtagraíonn siad nó cuireann siad teorainn leis an tréimhse fuascailte. Ós rud é nach bhfuil éileamh ag sealbhóirí cripteashócmhainní den sórt sin ar eisitheoirí cripteashócmhainní den sórt sin, nó nach bhfuil an t-éileamh sin ar parluach leis an airgeadra a dtagraíonn na cripteashócmhainní sin dó, d'fhéadfaí an bonn a bhaint ón muinín atá ag sealbhóirí na gcripteashócmhainní sin. Dá réir sin, chun imchéimniú a sheachaint i dtaca leis na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2009/110/CE, ba cheart d'aon sainmhíniú ar chomharthaí ríomh-airgid a bheith chomh forleathan agus is féidir chun na cineálacha cripteashócmhainní uile a thagraíonn d'airgeadra oifigiúil aonair a áireamh. Ina theannta sin, ba cheart coinníollacha dochta maidir le heisiúint comharthaí ríomh-airgid a leagan síos, lena n-áirítear oibleagáid go n-eiseodh institiúid creidmheasa a údaraítear faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) nó institiúid ríomh-airgid a údaraítear faoi Threoir 2009/110/CE comharthaí ríomh-airgid. Ar an gcúis chéanna, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a áirithiú gur féidir le sealbhóirí comharthaí den sórt sin a gceart a fheidhmiú chun a gcuid comharthaí a fhuascailt ag aon tráth agus ar parluach i gcoinne an airgeadra a thagraíonn do na comharthaí sin. Toisc gur cripteashócmhainní iad comharthaí ríomh-airgid agus gur féidir leo dúshláin nua a chruthú ó thaobh cosaint sealbhóirí miondíola agus shláine an mhargaidh de a bhaineann go sonrach le cripteashócmhainní, ba cheart iad a bheith faoi réir na rialacha freisin a leagtar síos sa Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

([13]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(20) I bhfianaise na rioscaí agus deiseanna éagsúla a thagann chun cinn le cripteashócmhainní, is gá rialacha a leagan síos le haghaidh tairgeoirí agus daoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála á iarraidh acu seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, mar aon le haghaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid. Is eintitis a bhfuil smacht acu ar chruthú cripteashócmhainní iad eisitheoirí cripteashócmhainní.

(21) Is gá rialacha sonracha a leagan síos d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le cripteashócmhainní. Cuimsítear sa chéad chatagóir de na seirbhísí sin go n-áirithítear oibriú ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní, lena ndéantar cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó cripteashócmhainní eile, lena soláthraítear cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, agus lena soláthraítear seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant. Cuimsítear sa dara catagóir de na seirbhísí sin cripteashócmhainní a láithriú, orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fháil nó a tharchur thar ceann cliant, orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant, comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní agus bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar. Ba cheart aon duine a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní ar bhonn gairmiúil i gcomhréir leis an Rialachán seo a mheas mar 'sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní'.

(22) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus maidir le gnóthais áirithe eile agus maidir leis na seirbhísí agus gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a dhéanann, a sholáthraíonn nó a rialaíonn siad, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear nuair is ar bhealach díláraithe a dhéantar cuid de na gníomhaíochtaí nó na seirbhísí sin. I gcás ina soláthraítear seirbhísí cripteashócmhainní ar bhealach lán-díláraithe gan aon idirghabhálaí, níor cheart dóibh teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Cumhdaítear faoin Rialachán seo cearta agus oibleagáidí eisitheoirí cripteashócmhainní, tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála á iarraidh acu agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. I gcás nach bhfuil aon eisitheoir inaitheanta ag cripteashócmhainní, níor cheart dóibh teacht faoi raon feidhme Theidil II, III nó IV den Rialachán seo. Ba cheart, áfach, soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí i leith na gcripteashócmhainní sin a chumhdach leis an Rialachán seo.

(23) Chun a áirithiú go ndéanfaidh údaráis inniúla faireachán cuí agus maoirseacht chuí ar gach tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a bhféadfadh úsáid airgeadais a bheith acu, nó ar gach ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ('ligean isteach chun trádála'), san Aontas, ba cheart do na táirgeoirí nó do na daoine uile a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu a bheith ina ndaoine dlítheanacha.

(24) Chun a gcosaint a áirithiú, ba cheart sealbhóirí miondíola ionchasacha cripteashócmhainní a chur ar an eolas maidir leis na saintréithe, na feidhmeanna agus na rioscaí a bhaineann leis na cripteashócmhainní atá beartaithe acu a cheannach. Agus cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid á dtairiscint don phobal nó nuair atá ligean isteach chun trádáil cripteashócmhainní den sórt sin a iarraidh san Aontas ba cheart do thairgeoirí nó do dhaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu doiciméad faisnéise ina bhfuil nochtuithe éigeantacha a dhréachtú, fógra a thabhairt dá n-údarás inniúil ina leith agus é a fhoilsiú ('páipéar bán maidir le cripteashócmhainní'). Ba cheart faisnéis ghinearálta a bheith i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní maidir leis an eisitheoir, tairgeoir nó duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, maidir leis an tionscadal a bheidh le cur i gcrích leis an gcaipiteal a thiomsófar, maidir leis an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó maidir lena ligean isteach chun trádála, maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis na cripteashócmhainní, maidir leis an mbunteicneolaíocht a úsáidtear le haghaidh cripteashócmhainní den sórt sin agus maidir leis na rioscaí gaolmhara. Mar sin féin, níor cheart tuairisc a bheith sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar rioscaí nach féidir a thuar agus a bhfuil a dteacht chun cinn an-neamhdhóchúil. Ba cheart an fhaisnéis atá sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus sa chumarsáid mhargaíochta ábhartha, amhail teachtaireachtaí fógraíochta agus ábhar margaíochta, agus lena n-áirítear trí chainéil nua amhail ardáin na meán sóisialta, a bheith cothrom, soiléir agus gan a bheith míthreorach. Ba cheart teachtaireachtaí fógraíochta agus ábhar margaíochta a bheith comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a sholáthraítear sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

(25) Ba cheart páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní, lena n-áirítear a n-achoimrí, agus rialacha oibriúcháin na n-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a tharraingt suas i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit baile agus aon Bhallstáit óstaigh nó, mar mhalairt air sin, i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta. Tráth glactha an Rialacháin seo, is é an Béarla an teanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta ach d'fhéadfadh forbairt teacht air sin sa todhchaí.

(26) Chun cur chuige comhréireach a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag aon cheanglais de chuid an Rialacháin seo i leith tairiscintí don phobal ar chripteashócmhainní cé is moite de chomharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a thairgtear saor in aisce nó a chruthaítear go huathoibríoch mar luaíocht as mórleabhar dáilte a chothabháil nó as idirbhearta a bhailíochtú i gcomhthéacs sásra comhthola. Ina theannta sin, níor cheart feidhm a bheith ag aon cheanglais i leith tairiscintí ar chomharthaí fóntais lena soláthraítear rochtain ar earra nó seirbhís atá cheana ann, lena gcuirtear ar chumas an tsealbhóra an t-earra a bhailiú nó an tseirbhís a úsáid, nó nuair nach bhfuil sé de cheart ag sealbhóir na gcripteashócmhainní iad a úsáid ach amháin mar mhalairt ar earraí

agus ar sheirbhísí i líonra teoranta ceannaithe a bhfuil socruithe conarthacha acu leis an tairgeoir. Níor cheart a áireamh ar eisceachtaí den sórt sin cripteashócmhainní arb ionann iad agus earraí stóráilte nach bhfuil beartaithe lena mbailiú ag an gceannaitheoir tar éis an ceannach a bheith déanta. Ná níor cheart feidhm a bheith ag an díolúine líonra teoranta i leith cripteashócmhainní atá deartha de ghnáth le haghaidh líonra soláthraithe seirbhíse atá ag fás go leanúnach. Ba cheart don údarás inniúil meastóireacht a dhéanamh ar an díolúine líonra theoranta gach uair a sháraíonn tairiscint, nó luach comhiomlán de níos mó ná tairiscint amháin, tairseach áirithe, lena gciallaítear nár cheart go mbainfeadh tairiscint nua tairbhe go huathoibríoch as díolúine ó thairiscint roimhe sin. Ba cheart go scoirfeadh na díolúintí sin d'fheidhm a bheith acu nuair a dhéanann an tairgeoir, nó duine eile atá ag gníomhú thar ceann an tairgeora, rún an tairgeora a chur in iúl maidir le ligean isteach chun trádála a iarraidh nó nuair a ligtear isteach chun trádála na cripteashócmhainní díolmhaithe.

(27) Chun cur chuige comhréireach a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag ceanglais an Rialacháin seo chun páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas agus a fhoilsiú i leith tairiscintí ar chripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a dhéantar le níos lú ná 150 duine in aghaidh an Bhallstáit, nó a dhírítear chuig infheisteoirí cáilithe amháin i gcás nach féidir ach leis na hinfheisteoirí cáilithe sin na cripteashócmhainní a shealbhú. Níor cheart do FBManna agus do ghnólachtaí nua-thionscanta a bheith faoi réir ualach iomarcach agus díréireach riaracháin. Dá réir sin, ba cheart tairiscintí don phobal ar chripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid san Aontas, nach mó a gcomaoin iomlán ná EUR 1 000 000 thar thréimhse 12 mhí a bheith díolmhaithe freisin ón oibleagáid i leith páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas.

(28) Níor cheart ligean isteach chun trádála ná foilsiú praghsanna tairgthe agus tairisceana, ann féin, a mheas mar thairiscint don phobal ar chripteashócmhainní. Níor cheart ligean isteach ná foilsiú den sórt sin a bheith ina thairiscint ar chripteashócmhainní don phobal ach amháin i gcás ina n-áirítear ann cumarsáid arb ionann í agus tairiscint don phobal faoin Rialachán seo.

(29) Cé go bhfuil roinnt tairiscintí ar chripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid díolmhaithe ó oibleagáidí éagsúla den Rialachán seo, leanfaidh gníomhartha reachtacha an Aontais a áirithíonn cosaint tomhaltóirí, amhail Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) nó Treoir 93/13/CEE ón gComhairle ([15]), lena n-áirítear aon oibleagáidí faisnéise atá iontu, de bheith infheidhme i leith tairiscintí ar chripteashócmhainní don phobal i gcás ina mbaineann siad le caidreamh gnólacht le tomhaltóir.

(30) I gcás ina mbaineann tairiscint don phobal le comharthaí fóntais le haghaidh earraí nach bhfuil ann go fóill nó seirbhísí nach bhfuil ag feidhmiú go fóill, ní bheidh fad na tairisceana don phobal mar a thugtar tuairisc air sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní níos faide ná 12 mhí. Ní bhaineann an teorainn sin ar fhad na tairisceana don phobal leis an bpointe nuair a thagann na hearraí nó seirbhíse chun bheith ann nó a thagann siad i mbun oibre agus is féidir le sealbhóir an chomhartha fóntais iad a úsáid tar éis don tairiscint don phobal dul in éag.

(31) Chun maoirseacht a chumasú, ba cheart do thairgeoirí agus do dhaoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála á iarraidh acu seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, sula ndéantar aon tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní san Aontas nó sula ligtear isteach na cripteashócmhainní sin chun a dtrádála, fógra a thabhairt faoina bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus, arna iarraidh sin don údarás inniúil, faoina gcumarsáid mhargaíochta d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a n-oifig chláraithe nó, i gcás nach bhfuil oifig chláraithe acu san Aontas, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a mbrainse. Ba cheart do thairgeoirí atá bunaithe i dtríú tír fógra a thabhairt faoina bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus, arna iarraidh sin don údarás inniúil, faoina gcumarsáid mhargaíochta d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe acu na cripteashócmhainní a thairiscint.

(32) Ba cheart d'oibreoir ardáin trádála a bheith freagrach as ceanglais Theideal II den Rialachán seo a chomhlíonadh i gcásanna ina ndéantar cripteashócmhainní a ligean isteach chun trádála ar a thionscnamh féin agus nach bhfuil an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní foilsithe cheana sna cásanna a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart d'oibreoir ardáin trádála a bheith freagrach freisin as na ceanglais sin a chomhlíonadh i gcásanna ina bhfuil comhaontú i scríbhinn tugtha i gcrích aige chuige sin leis an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige. Ba cheart don duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige a bheith freagrach i gcónaí nuair a thugann sé faisnéis mhíthreorach d'oibreoir an ardáin trádála. Ba cheart don duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige a bheith freagrach i gcónaí as ábhair nach dtarmligtear chuig oibreoir an ardáin trádála.

([14]) Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

([15]) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

(33) Chun ualach riaracháin míchuí a sheachaint, níor cheart é a bheith de cheangal ar na húdaráis inniúla páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhormheas sula ndéanfar é a fhoilsiú. Ba chearté a bheith de chumhacht ag údaráis inniúla, áfach, a iarraidh go ndéanfaí leasuithe ar an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus ar aon chumarsáid mhargaíochta agus, i gcás inar gá, a iarraidh go n-áireofaí faisnéis bhreise sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

(34) Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, nó ligean isteach na gcripteashócmhainní sin chun a dtrádála a chur ar fionraí nó a chosc, i gcás nach gcomhlíonann tairiscint den sórt sin don phobal nó ligean isteach chun trádála ceanglais infheidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil an páipéar bán nó an chumarsáid mhargaíochta cothrom, soiléir nó ina bhfuil siad míthreorach. Ba cheart é a bheith de chumhacht freisin ag údaráis inniúla rabhadh a fhoilsiú gur mhainnigh an tairgeoir nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige na ceanglais sin a chomhlíonadh, bíodh sin ar a suíomh gréasáin nó trí phreaseisiúint.

(35) Maidir le páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní ar tugadh fógra cuí ina leith d'údarás inniúil agus cumarsáid mhargaíochta, ba cheart iad a fhoilsiú. Tar éis an fhoilsithe sin, ba cheart cead a bheith ag táirgeoirí agus ag daoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála á iarraidh acu seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid na cripteashócmhainní sin a thairiscint ar fud an Aontais agus ligean isteach cripteashócmhainní den sórt sin chun a dtrádála a iarraidh san Aontas.

(36) Ba cheart socruithe éifeachtacha a bheith i bhfeidhm ag táirgeoirí cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, chun faireachán agus coimirciú a dhéanamh ar na cistí nó ar chripteashócmhainní eile a chruinnítear le linn a dtairisceana don phobal. Ba cheart a áirithiú leis na socruithe sin freisin go ndéanfar aon chistí nó aon chripteashócmhainní eile a bhailítear ó shealbhóirí nó ó shealbhóirí ionchasacha a thabhairt ar ais go cuí a luaithe is féidir i gcás ina ndéantar tairiscint don phobal a chur ar ceal ar chúis ar bith. Ba cheart don tairgeoir a áirithiú go ndéanfaidh tríú páirtí na cistí nó cripteashócmhainní eile a bhailítear le linn na tairisceana don phobal a choimirciú.

(37) Chun cosaint bhreise do shealbhóirí miondíola cripteashócmhainní a áirithiú, ba cheart cead chun tarraingt siar a thabhairt do shealbhóirí miondíola a fhaigheann cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid go díreach ón tairgeoir, nó ó sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanann cripteashócmhainní a láithriú thar ceann an tairgeora, le linn tréimhse 14 lá tar éis iad a fháil. Chun go gcuirfear tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní, atá teoranta ó thaobh ama de, i gcrích go rianúil, níor cheart do shealbhóirí miondíola an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú tar éis dheireadh na tréimhse suibscríbhinne. Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gceart chun tarraingt siar i gcás ina ndéantar cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a ligean isteach chun trádála sula ndéanfaidh an sealbhóir miondíola an ceannach toisc, i gcás den sórt sin, go mbraitheann praghas na gcripteashócmhainní sin ar luaineachtaí sna margaí i gcripteashócmhainní. I gcás ina bhfuil ceart chun tarraingt siar ag an sealbhóir miondíola faoin Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith ag an gceart chun tarraingt siar faoi Threoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]).

(38) Ba cheart do thairgeoirí agus do dhaoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála á iarraidh acu seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil, agus cumarsáid a dhéanamh le sealbhóirí cripteashócmhainní agus le sealbhóirí ionchasacha cripteashócmhainní ar bhealach atá cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach, ba cheart dóibh coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, agus ba cheart dóibh socruithe éifeachtacha riaracháin a bheith acu lena áirithiú go gcomhlíonann a gcórais agus a bprótacail slándála caighdeáin an Aontais. Chun cabhrú le húdaráis inniúla lena gcúraimí maoirseachta, ba cheart sainordú a thabhairt do ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, chun treoirlínte a eisiúint maidir leis na córais agus na prótacail slándála sin ar mhaithe leis na caighdeáin sin de chuid an Aontais a shonrú tuilleadh.

(39) Chun cosaint bhreise a thabhairt do shealbhóirí cripteashócmhainní, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha dliteanais shibhialta i leith tairgeoirí agus daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu agus i leith chomhaltaí a gcomhlachta bainistíochta i gcás na faisnéise a chuirtear ar fáil don phobal sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

(40) D'fhéadfadh sealbhóirí glacadh go forleathan le comharthaí sócmhainn-tagartha chun luach a aistriú nó mar mhodh malartaithe, rud a chruthódh, dá bhrí sin, rioscaí méadaithe ó thaobh chosaint shealbhóirí na gcripteashócmhainní de, go háirithe sealbhóirí miondíola, agus ó thaobh shláine an mhargaidh de i gcomparáid le cripteashócmhainní eile. Ba cheart, dá bhrí sin, d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a bheith faoi réir ceanglais níos déine le hais eisitheoirí cripteashócmhainní eile.

([16]) Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2002 maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus lena leasaítear Treoir 90/619/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE agus 98/27/CE (IO L 271, 9.10.2002, lch. 16).

(41) I gcás ina dtagann cripteashócmhainn faoin sainmhíniú ar chomhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, ba cheart feidhm a bheith ag Teideal III nó IV den Rialachán seo, gan beann ar an gcaoi a mbeartaíonn an t-eisitheoir an chripteashócmhainn a dhearadh, lena n-áirítear an sásra chun luach cobhsaí na cripteashócmhainne a choinneáil. Is amhlaidh atá i gcás 'cripteamhonaí cobhsaí' algartamacha mar a thugtar orthu arb é is aidhm dóibh luach cobhsaí a choinneáil i ndáil le hairgeadra oifigiúil, nó i ndáil le sócmhainn amháin nó níos mó, trí phrótacail, a fhorálann do mhéadú nó laghdú ar sholáthar na gcripteashócmhainní sin mar fhreagairt ar athruithe ar an éileamh. Maidir le tairgeoirí nó daoine a bhfuil ligean isteach cripteashócmhainní algartamacha chun a dtrádála á iarraidh acu agus nach bhfuil sé d'aidhm acu luach na gcripteashócmhainní a chobhsú trí thagairt a dhéanamh do shócmhainn amháin nó níos mó, ba cheart dóibh, in aon chás, Teideal II den Rialachán seo a chomhlíonadh.

(42) Chun maoirseacht chuí agus faireachán cuí ar thairiscintí don phobal ar chomharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú, ba cheart d'eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha oifig chláraithe a bheith acu san Aontas.

(43) Níor cheart tairiscintí don phobal ar chomharthaí sócmhainn-tagartha san Aontas nó tairiscintí ina n-iarrtar ligean isteach cripteashócmhainní den sórt sin chun a dtrádála a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil údarú tugtha ag an údarás inniúil d'eisitheoir na gcripteashócmhainní sin déanamh amhlaidh agus ina bhfuil formheas tugtha aige i leith an pháipéir bháin ábhartha maidir le cripteashócmhainní. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag an gceanglas údarúcháin i gcás ina ndírítear comharthaí sócmhainn-tagartha ar infheisteoirí cáilithe amháin, nó i gcás ina bhfuil an tairiscint don phobal ar chomharthaí sócmhainn-tagartha faoi bhun EUR 5 000 000. Sna cásanna sin, ba cheart ceangal fós a bheith ar eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi shaintréithe agus rioscaí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus ba cheart freisin é a bheith faoi cheangal fógra a thabhairt don údarás inniúil ábhartha i leith an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní, sula bhfoilseofar é.

(44) Níor cheart údarú eile a bheith ag teastáil ó institiúidí creidmheasa arna n-údarú faoi Threoir 2013/36/AE faoin Rialachán seo chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint nó chun ligean isteach chun trádála a iarraidh ina leith. Ba cheart feidhm a bheith ag nósanna imeachta náisiúnta arna mbunú faoin Treoir sin ach ba cheart iad a chomhlánú le ceanglas chun fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit baile arna ainmniú faoin Rialachán seo faoi na heilimintí a chuireann ar chumas an údaráis sin fíorú a dhéanamh ar chumas an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint nó ligean isteach comharthaí sócmhainn-tagartha chun a dtrádála a iarraidh. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa a thairgeann comharthaí sócmhainn-tagartha nó a bhfuil ligean isteach chun trádála á lorg acu ina leith a bheith faoi réir na gceanglas uile a bhfuil feidhm acu i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha cé is moite de cheanglais údarúcháin, de cheanglais cistí dílse agus den nós imeachta formheasa maidir le scairshealbhóirí cáilitheacha, ós rud é go gcumhdaítear na hábhair sin le Treoir 2013/36/AE agus le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit baile páipéar bán maidir le cripteashócmhainní arna tharraingt suas ag institiúid creidmheasa den sórt sin a fhormheas sula bhfoilseofar é. Ba cheart institiúidí creidmheasa arna n-údarú faoi fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/36/AE agus a thairgeann comharthaí sócmhainn-tagartha nó a iarrann ligean isteach chun trádála ina leith a bheith faoi réir na gcumhachtaí riaracháin a leagtar amach faoin Treoir sin agus a bheith faoi réir na gcumhachtaí riaracháin sin faoin Rialachán seo freisin, lena n-áirítear srian nó teorannú ar ghnó institiúide creidmheasa agus tairiscint don phobal ar chomharthaí sócmhainn-tagartha a chur ar fionraí nó a thoirmeasc. I gcás ina bhfuil forluí idir na hoibleagáidí a bhfuil feidhm acu i leith na n-institiúidí creidmheasa sin faoin Rialachán seo agus oibleagáidí Threoir 2013/36/AE, ba cheart do na hinstitiúidí creidmheasa na ceanglais atá níos sonraí nó níos déine a chomhlíonadh, lena n-áirithítear, dá bhrí sin, comhlíonadh an dá thacar rialacha. Ba cheart an nós imeachta um fhógra a thabhairt le haghaidh institiúidí creidmheasa a bhfuil sé beartaithe acu comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint nó ligean isteach chun trádála a iarraidh ina leith faoin Rialachán seo a bheith gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/36/AE ina leagtar amach nósanna imeachta maidir le hinstitiúidí creidmheasa a údarú chun na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a sholáthar.

(45) Ba cheart d'údarás inniúil údarú a dhiúltú ar fhorais oibiachtúla agus inléirithe, lena n-áirítear i gcás ina bhféadfadh samhail ghnó an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha is iarratasóir a bheith ina bagairt thromchúiseach ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais nó ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta. Ba cheart don údarás inniúil dul i gcomhairle le ÚBE, ESMA, agus BCE agus, i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil aige nó i gcás ina bhfuil airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha ag tagairt d'airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é, le banc ceannais an Bhallstáit sin sula ndeonófar nó sula ndiúltófar údarú. Le tuairimí neamhcheangailteacha ÚBE agus ESMA, ba cheart aghaidh a thabhairt ar aicmiú na cripteashócmhainne, agus ba cheart do BCE agus, i gcás inarb infheidhme, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann tuairim a thabhairt don údarás inniúil maidir leis na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais, d'oibriú rianúil na gcóras

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

íocaíochta, do tharchur beartais airgeadaíochta nó do cheannasacht airgeadaíochta. Ba cheart do na húdaráis inniúla údarú a dhiúltú i gcásanna ina dtugann BCE nó an banc ceannais de chuid Ballstáit tuairim dhiúltach ar na forais go bhfuil riosca ann d'oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, do tharchur beartais airgeadaíochta, nó do cheannasacht airgeadaíochta. I gcás ina ndeonaítear údarú d'eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha is iarratasóir, ba cheart a mheas go bhfuil an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní arna tharraingt suas ag an eisitheoir sin formheasta freisin. Ba cheart don údarú a thugann an t-údarás inniúil a bheith bailí ar fud an Aontais agus ba cheart deis a thabhairt leis don eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha na cripteashócmhainní sin a thairiscint ar an margadh inmheánach agus ligean isteach chun trádála a iarraidh ina leith. Ar an mbealach céanna, ba cheart don pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a bheith bailí don Aontas ar fad, agus gan aon fhéidearthacht a bheith ann do na Ballstáit ceanglais bhreise a fhorchur.

(46) I roinnt cásanna ina dtéitear i gcomhairle le BCE faoin Rialachán seo, ba cheart a thuairim a bheith ceangailteach a mhéid a chuireann sé d'oibleagáid ar údarás inniúil údarú eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha a dhiúltú, a tharraingt siar nó a theorannú nó bearta sonracha a fhorchur ar an eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha. Foráiltear sa chéad mhír d'Airteagal 263 CFAE, gur cheart do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha BCE seachas moltaí nó tuairimí. Ba cheart a mheabhrú, áfach, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé an fhoráil sin a léirmhíniú i bhfianaise shubstaint agus éifeachtaí na tuairime ó BCE.

(47) Chun cosaint sealbhóirí miondíola a áirithiú, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha faisnéis atá iomlán, cothrom, soiléir, agus nach bhfuil míthreorach a sholáthar i gcónaí do shealbhóirí na gcomharthaí sin. Maidir le páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comharthaí sócmhainn-tagartha, ba cheart faisnéis faoin sásra cobhsaíochta, faoi bheartas infheistíochta na gcúlsócmhainní, faoi shocruithe cumhdaigh maidir leis na cúlsócmhainní agus faoi na cearta a chuirtear ar fáil do shealbhóirí a áireamh iontu.

(48) Anuas ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha faisnéis a chur ar fáil freisin ar bhonn leanúnach do shealbhóirí na gcomharthaí sin. Go háirithe, ba cheart dóibh méid na gcomharthaí sócmhainn-tagartha atá i gcúrsaíocht agus luach agus comhdhéanamh na gcúlsócmhainní a nochtadh ar a suíomh gréasáin. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha freisin aon teagmhas a bhfuil nó ar dóchúil go mbeidh tionchar suntasach aige ar luach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha nó ar luach na gcúlsócmhainní a nochtadh freisin, gan beann ar cibé an ligtear isteach chun trádála na cripteashócmhainní sin.

(49) Chun cosaint sealbhóirí miondíola a áirithiú, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil i gcónaí agus chun leasa shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nós imeachta soiléir a chur i bhfeidhm freisin maidir leis na gearáin a fhaightear ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a láimhseáil.

(50) Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartas a chur i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh ar féidir leo teacht chun cinn as a gcaidreamh lena scairshealbhóirí nó lena gcomhaltaí, nó le haon scairshealbhóir nó comhalta, bíodh sé díreach nó indíreach, ag a bhfuil sealúchas cáilitheach sna heisitheoirí, nó le comhaltaí a gcomhlachta bainistíochta, lena bhfostaithe, le sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.

(51) Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha socruithe láidre rialachais a bheith acu, lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil ag a mbeidh freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, agus próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a fhaire agus tuairisciú a dhéanamh orthu. Ba cheart do chomhaltaí chomhlacht bainistíochta na n-eisitheoirí sin a bheith oiriúnach agus cuí agus níor cheart, go háirithe, gur ciontaíodh iad in aon chion i réimse an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ná in aon chion eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Ba cheart dea-cháil leordhóthanach a bheith ar na scairshealbhóirí nó ar na comhaltaí, cibé acu díreach nó indíreach, daoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu in eisitheoirí den sórt sin, agus níor cheart, go háirithe, gur ciontaíodh iad in aon chion i réimse an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ná in aon chion eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha acmhainní a chur ag obair a bheidh comhréireach le scála a ngníomhaíochtaí agus ba cheart dóibh leanúnachas agus rialtacht a áirithiú i gcónaí i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí. Chun na críche sin, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartas leanúnachais gnó a bhunú arb é is aidhm dó feidhmiú a bpríomhníomhaíochtaí a bhaineann leis na comharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú i gcás ina gcuirtear isteach ar a gcórais agus ar a nósanna imeachta. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha sásraí láidre rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta éifeachtacha a bheith acu freisin le haghaidh bainistiú riosca, mar aon le córas a ráthaíonn sláine agus rúndacht na faisnéise a fhaightear. Is é is aidhm do na hoibleagáidí sin cosaint sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú, go háirithe sealbhóirí miondíola, agus gan bacainní neamhriachtanacha a chruthú.

(52) Is gnách le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a bheith i lár líonra eintiteas a áirithíonn eisiúint na gcripteashócmhainní sin, a n-aistriú agus a ndáileadh ar shealbhóirí. Ba cheart, dá bhrí sin, a éileamh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha socruithe conarthacha iomchuí a bhunú agus a choimeád ar bun le heintitis tríú páirtí lena n-áirithítear an sásra cobhsaíochta agus infheistíocht na gcúlsócmhainní atá mar thaca do luach na gcomharthaí, cumhdach na gcúlsócmhainní sin agus, i gcás inarb infheidhme, dáileadh na gcomharthaí sócmhainn-tagartha ar an bpobal.

(53) Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an chórais airgeadais i gcoitinne, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a bheith faoi réir ceanglais cistí dílse. Ba cheart do na ceanglais sin a bheith comhréireach le méid eisiúna na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a ríomh mar chéatadán den chúlchiste sócmhainní atá mar thaca do luach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha. Ba cheart údaráis inniúla a bheith in ann, áfach, méid na gcistí dílse atá riachtanach a mhéadú bunaithe, *inter alia*, ar an meastóireacht ar phróiseas um bainistíocht riosca agus ar shásraí rialaithe inmheánaigh an eisitheora, ar cháilíocht agus luaineacht na gcúlsócmhainní atá mar thaca do na comharthaí sócmhainn-tagartha nó ar luach comhiomlán agus líon na n-idirbheart atá socraithe i gcomharthaí sócmhainn-tagartha.

(54) Chun a ndliteanas i gcoinne sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a chumhdach, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha cúlchiste sócmhainní a bhunú agus a choimeád ar bun a chomhfhreagraíonn do na rioscaí a léirítear sa dliteanas sin. Ba cheart an cúlchiste sócmhainní a úsáid chun leasa shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha nuair nach mbíonn an t-eisitheoir in ann a oibleagáidí i leith na sealbhóirí a chomhlíonadh, amhail i gcás dócmhainneachta. Ba cheart an cúlchiste sócmhainní a bheith comhdhéanta agus bainistithe sa chaoi go mbeidh rioscaí margaidh agus airgeadra cumhdaithe. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú go ndéanfar bainistiú stuama ar an gcúlchiste sócmhainní agus ba cheart dóibh a áirithiú, go háirithe, gurb ionann luach an chúlchiste ar a laghad agus luach comhfhreagrach na gcomharthaí atá i gcúrsaíocht agus go ndéanfar bainistiú leordhóthanach ar athruithe a thiocfaidh ar an gcúlchiste chun tionchar tromchúiseach ar mhargaí na gcúlsócmhainní a sheachaint. Ba cheart, dá bhrí sin, d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartais shoiléire agus mhionsonraithe a bheith acu ina dtugtar tuairisc, *inter alia*, ar chomhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní, dáileadh na sócmhainní a áirítear ann, measúnú cuimsitheach ar na rioscaí a thagann chun cinn de bharr na gcúlsócmhainní, an nós imeachta chun na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt, an nós imeachta chun na cúlsócmhainní a laghdú agus a mhéadú agus, i gcás ina ndéantar na cúlsócmhainní a infheistiú, an beartas infheistíochta a gcloíonn na heisitheoirí leis. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a mhargaítear san Aontas agus i dtríú tíortha araon a áirithiú go bhfuil a gcúlchiste sócmhainní ar fáil chun dliteanas na n-eisitheoirí i leith shealbhóirí an Aontais a chumhdach. Maidir leis an gceanglas i leith cúlchiste sócmhainní a shealbhú le gnólachtaí faoi réir dhlí an Aontais, ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith aige i gcomhréir leis an sciar comharthaí sócmhainn-tagartha a mheastar a mhargófar san Aontas.

(55) Chun cosc a chur ar an mbaol caillteanais do chomharthaí sócmhainn-tagartha agus chun luach na sócmhainní sin a chaomhnú, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartas cumhdaigh leordhóthanach a bheith acu dá gcuid cúlsócmhainní. Ba cheart a áireamh leis an mbeartas sin go ndéantar na cúlsócmhainní a leithscaradh go hiomlán ó shócmhainní an eisitheora féin ag gach tráth, nach bhfuil na cúlsócmhainní ualaithe nó nach ngealltar mar chomhthaobhacht iad, agus go mbeidh rochtain mhear ag an eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha ar na cúlsócmhainní sin. Ba cheart na cúlsócmhainní, ag brath ar a gcineál, a bheith faoi choimeád ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ag institiúid creidmheasa a údaraítear faoi Threoir 2013/36/AE nó ag gnólacht infheistíochta atá údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE. Níor cheart a eisiamh leis sin an fhéidearthacht sealbhú na sócmhainní fisiceacha a tharmligean chuig eintiteas eile. Ba cheart soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta a ghníomhaíonn mar choimeádaithe cúlsócmhainní a bheith freagrach as caillteanas na gcúlsócmhainní sin *vis-à-vis* eisitheoir nó sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, mura gcruthaíonn siad gur tharla an caillteanas sin mar gheall ar theagmhas seachtrach nach raibh aon smacht réasúnach acu air. Ba cheart comhchruinnithe de choimeádaithe cúlsócmhainní a sheachaint. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta mar gheall ar easpa roghanna oiriúnacha. Sna cásanna sin, ba cheart a mheas go bhfuil comhchruinniú sealadach inghlactha.

(56) Chun sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a chosaint ar laghdú ar luach na sócmhainní atá mar thaca do luach na gcomharthaí, níor cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha na cúlsócmhainní a infheistiú ach amháin i sócmhainní slána, ísealriosca lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe. Toisc go bhféadfaí na comharthaí sócmhainn-tagartha a úsáid mar mhodh malartaithe, ba cheart d'eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha an brabús nó an caillteanas uile a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar infheistiú na gcúlsócmhainní a sheasamh.

(57) Ba cheart buancheart fuascailte a bheith ag sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha ionas go gceanglófar ar an eisitheoir na comharthaí sócmhainn-tagartha a fhuascailt tráth ar bith, arna iarraidh sin do shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha. Ba cheart d'eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha an fhuascailt a dhéanamh trí shuim i gcistí a íoc, seachas ríomh-airgead, atá coibhéiseach le margadhluach na sócmhainní atá faoi thagairt ag na comharthaí sócmhainn-tagartha, nó trí na sócmhainní atá faoi thagairt ag na comharthaí a sheachadadh. Ba cheart d'eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha an rogha a thabhairt i gcónaí don sealbhóir na comharthaí sócmhainn-tagartha a fhuascailt i gcistí seachas ríomh-airgead atá ainmnithe san airgeadra oifigiúil céanna ar ghlac an t-eisitheoir leis agus na comharthaí á ndíol aige. Ba cheart don eisitheoir faisnéis atá mionsonraithe go leor agus sothuigthe a sholáthar maidir leis na foirmeacha éagsúla fuascailte atá ar fáil.

(58) Chun an riosca a laghdú go n-úsáidfear comharthaí sócmhainn-tagartha mar stór luacha, níor cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha á soláthar acu, ús a dheonú do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a bhaineann leis an bhfad ama ar lena linn atá na comharthaí sócmhainn-tagartha sin á sealbhú ag sealbhóirí den sórt sin.

(59) Ba cheart a mheas go bhfuil comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid suntasach nuair a chomhlíonann siad, nó nuair is dóchúil go gcomhlíonfaidh siad, critéir áirithe, lena n-áirítear bonn mór custaiméirí, caipitliú margaidh ard, nó líon mór idirbheart. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh líon mór sealbhóirí iad a úsáid agus d'fhéadfadh a n-úsáid dúshláin shonracha a chruthú ó thaobh cobhsaíocht airgeadais, tarchur beartais airgeadaíochta nó ceannasacht airgeadaíochta de. Ba cheart, dá bhrí sin, na comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha sin agus na comharthaí ríomh-airgid suntasacha sin a bheith faoi réir ceanglas níos déine ná comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid nach meastar a bheith suntasach. Go sonrach, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha a bheith faoi réir ceanglais chaipitil níos airde, ceanglais idir-inoibritheachta agus ba cheart dóibh beartas bainistithe leachtachta a bhunú. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na dtairseach chun comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid a aicmiú mar chomhartha suntasach mar chuid dá athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an athbhreithniú sin.

(60) Tá sé tábhachtach faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar éiceachóras iomlán na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha chun fíormhéid agus fíorthionchar na gcomharthaí sin a chinneadh. Chun gach idirbheart a dhéantar i ndáil le haon chomhartha sócmhainn-tagartha ar leith a ghabháil, áirítear, dá bhrí sin, leis an bhfaireachán ar na comharthaí sin faireachán ar na hidirbhearta uile a shocraítear, cibé acu a shocraítear iad ar an mórleabhar dáilte ('ar an slabhra') nó lasmuigh den mhórleabhar dáilte ('seachshlabhra'), agus lena n-áirítear idirbhearta idir cliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chéanna.

(61) Tá sé thar a bheith tábhachtach meastachán a dhéanamh ar idirbhearta a shocraítear le comharthaí sócmhainn-tagartha a bhaineann le húsáidí mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair, eadhon, na hidirbhearta sin a bhaineann le fiachais a íoc lena n-áirítear i gcomhthéacs idirbhearta le ceannaithe. Níor cheart a áireamh sna hidirbhearta sin idirbhearta a bhaineann le feidhmeanna agus seirbhísí infheistíochta amhail modh malartaithe le haghaidh cistí nó cripteashócmhainní eile, mura bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear an comhartha sócmhainn-tagartha chun idirbhearta a shocrú i gcripteashócmhainní eile. Bheadh úsáid chun idirbhearta a shocrú i gcripteashócmhainní eile ann i gcásanna ina socraítear sna comharthaí sócmhainn-tagartha, idirbheart a bhaineann le dhá chéim de chripteashócmhainní, atá éagsúil ó na comharthaí sócmhainn-tagartha. Thairis sin, i gcás ina n-úsáidtear comharthaí sócmhainn-tagartha go forleathan mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair, ba cheart ceangal a chur ar eisitheoirí an leibhéal gníomhaíochta a laghdú. Ba cheart a mheas go bhfuil comhartha sócmhainn-tagartha in úsáid go forleathan mar mhodh malartaithe nuair is mó meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann le húsáidí mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair ná 1 mhilliún idirbheart agus EUR 200 000 000 faoi seach.

(62) I gcás ina bhfuil comharthaí sócmhainn-tagartha ina mbagairt thromchúiseach ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta nó ceannasacht airgeadaíochta, ba cheart do bhainc cheannais a bheith in ann a iarraidh ar an údarás inniúil údarú eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin a tharraingt siar. I gcás ina bhfuil comharthaí sócmhainn-tagartha ina mbagairt ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta nó ceannasacht airgeadaíochta, ba cheart do bhainc cheannais a bheith in ann a iarraidh ar an údarás inniúil teorainn a chur le méid na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin atá le heisiúint, nó íosmhéid ainmníochta a fhorchur.

(63) Tá an Rialachán seo gan dochar don dlí náisiúnta lena rialaítear úsáid airgeadraí baile agus eachtracha in oibríochtaí idir cónaitheoirí, arna nglacadh ag Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus a saincheart maidir le ceannasacht airgeadaíochta á fheidhmiú acu.

(64) Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha plean téarnaimh a ullmhú ina ndéantar foráil maidir le bearta atá le déanamh ag an eisitheoir chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme i leith cúlchiste sócmhainní a athbhunú, lena n-áirítear i gcásanna ina gcruthaíonn comhlíonadh iarrataí ar fhuascailt neamhchothromaíochtaí sealadacha sa chúlchiste sócmhainní. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an údarás inniúil chun fuascailt comharthaí sócmhainn-tagartha a chur ar fionraí go sealadach chun leasanna shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus an chobhsaíocht airgeadais a chosaint.

(65) Ba cheart plean a bheith ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha le haghaidh fhuascailt ordúil na gcomharthaí chun a áirithiú go gcosnófar cearta shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha i gcás nach bhfuil na heisitheoirí in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás ina scoirfear de na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint. I gcás inar institiúid creidmheasa nó eintiteas a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) an t-eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha, ba cheart don údarás inniúil dul i gcomhairle leis an údarás réitigh freagrach. Ba cheart a cheadú don údarás réitigh sin an plean fuascailte a scrúdú d'fhonn aon eilimintí atá ann a shainaithint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inréiteacht an eisitheora, do straitéis réitigh an eisitheora, nó d'aon ghníomhaíochtaí dá bhforáiltear i bplean réitigh an eisitheora, agus moltaí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maidir leis na hábhair sin. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ba cheart cead a bheith ag an údarás réitigh a mheas an bhfuil gá le haon athruithe ar an bplean réitigh nó ar an straitéis réitigh, i gcomhréir le forálacha Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), de réir mar is infheidhme. Níor cheart go ndéanfadh an scrúdú sin ag an údarás réitigh difear do chumhachtaí an údaráis maoirseachta stuamachta nó an údaráis réitigh, de réir mar is infheidhme, chun bearta coiscthe géarchéime nó bearta bainistithe géarchéime a dhéanamh.

(66) Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a bheith údaraithe mar institiúid creidmheasa faoi Threoir 2013/36/AE nó mar institiúid ríomh-airgid faoi Threoir 2009/110/CE. Ba cheart comharthaí ríomh-airgid a mheas mar 'ríomh-airgead' mar a shainmhínítear an téarma sin i dTreoir 2009/110/CE agus ba cheart dá n-eisitheoirí, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, na ceanglais ábhartha a leagtar amach i dTreoir 2009/110/CE a chomhlíonadh maidir le dul i mbun gnó institiúidí ríomh-airgid, an gnó sin a shaothrú agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air agus ba cheart dóibh na ceanglais a chomhlíonadh maidir le heisiúint agus infhuascailteacht comharthaí ríomh-airgid. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas agus fógra a thabhairt ina leith dá n-údarás inniúil. I gcás díolúintí maidir le líonraí teoranta, maidir le hidirbhearta áirithe arna ndéanamh ag soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí agus maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid nach n-eisíonn ach uasmhéid teoranta ríomh-airgid, bunaithe ar na díolúintí roghnacha a shonraítear i dTreoir 2009/110/CE, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le comharthaí ríomh-airgid. Mar sin féin, ba cheart ceangal a bheith fós ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi shaintréithe agus rioscaí na gcomharthaí ríomh-airgid agus ba cheart ceangal a bheith orthu freisin fógra a thabhairt don údarás inniúil ábhartha faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní sula bhfoilseofar é.

(67) Ba cheart éileamh ar eisitheoir na gcomharthaí ríomh-airgid a chur ar fáil do shealbhóirí comharthaí ríomh-airgid. Ba cheart ceart fuascailte a dheonú i gcónaí do shealbhóirí comharthaí ríomh-airgid atá ar parluach i gcás cistí atá ainmnithe san airgeadra oifigiúil dá dtagraíonn an comhartha ríomh-airgid. Maidir le Treoir 2009/110/CE maidir leis an bhféidearthacht táille a ghearradh i ndáil le fuascailt, níl forálacha na Treorach sin ábhartha i gcomhthéacs comharthaí ríomh-airgid.

(68) Chun an riosca a laghdú go n-úsáidfear comharthaí ríomh-airgid mar stór luacha, níor cheart d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid á soláthar acu, ús a dheonú do shealbhóirí comharthaí ríomh-airgid, lena n-áirítear ús nach mbaineann leis an bhfad ama ar lena linn atá na comharthaí ríomh-airgid sin á sealbhú ag sealbhóirí den sórt sin.

([18]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([19]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

(69) Sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní arna dhréachtú ag eisitheoir comharthaí ríomh-airgid, ba cheart an fhaisnéis ar fad a bheith ann a bhaineann leis an eisitheoir sin agus leis an tairiscint ar chomharthaí ríomh-airgid nó a ligean isteach chun trádála atá riachtanach chun a chur ar chumas ceannaitheoirí ionchasacha cinneadh eolas ach maidir le ceannach a dhéanamh agus na rioscaí a bhaineann leis an tairiscint ar chomharthaí ríomh-airgid a thuiscint. Ba cheart tagairt shainráite a dhéanamh sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní freisin do cheart sealbhóirí comharthaí ríomh-airgid a gcomharthaí ríomh-airgid a fhuascailt le haghaidh cistí atá ainmnithe san airgeadra oifigiúil dá dtagraíonn na comharthaí ríomh-airgid ar parluach agus ag am ar bith.

(70) I gcás ina ndéanann eisitheoir comharthaí ríomh-airgid na cistí a fhaightear mar mhalairt ar chomharthaí ríomh-airgid a infheistiú, ba cheart na cistí sin a infheistiú i sócmhainní atá ainmnithe san airgeadra oifigiúil céanna leis an gceann dá dtagraíonn an comhartha ríomh-airgid chun rioscaí trasairgeadra a sheachaint.

(71) D'fhéadfadh comharthaí ríomh-airgid suntasacha rioscaí méadaitheacha a chruthú don chobhsaíocht airgeadais ná mar a dhéanann comharthaí ríomh-airgid nach bhfuil suntasach agus ríomh-airgead traidisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá ina n-institiúidí ríomh-airgid a bheith faoi réir ceanglais bhreise. Ba cheart d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha go háirithe a bheith faoi réir ceanglais chaipitil níos airde ná eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid eile, agus a bheith faoi réir ceanglais idir-inoibritheachta agus beartas bainistithe leachtachta a bhunú. Ba cheart dóibh freisin comhlíonadh a dhéanamh ar chuid de na ceanglais chéanna a bhfuil feidhm acu i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha maidir le cúlchiste sócmhainní, amhail na cinn atá ann i leith chumhdach agus infheistíocht an chúlchiste sócmhainní. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha in ionad Airteagail 5 agus 7 de Threoir 2009/110/CE. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin de Threoir 2009/110/CE maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus ríomh-airgead á eisiúint acu, níor cheart feidhm ach oiread a bheith ag na ceanglais bhreise maidir le comharthaí ríomh-airgid suntasacha faoin Rialachán seo.

(72) Ba cheart pleananna téarnaimh agus fuascailte a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid chun a áirithiú go bhfuil cearta shealbhóirí na gcomharthaí ríomh-airgid cosanta nuair nach mbeidh eisitheoirí in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

(73) I bhformhór na mBallstát, ní rialáiltear soláthar seirbhísí cripteashócmhainní go fóill in ainneoin na rioscaí féideartha a bhaineann leo do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh agus do chobhsaíocht airgeadais. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, soláthraítear leis an Rialachán seo ceanglais oibríochtúla, eagraíochtúla agus stuamachta ar leibhéal an Aontais, is infheidhme i leith soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

(74) Chun maoirseacht éifeachtach a chumasú agus chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht maoirseacht a sheachaint nó teacht timpeall uirthi, níor cheart ach do dhaoine dlítheanacha seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar, ar daoine iad a bhfuil oifig chláraithe acu i mBallstát ina ndéanann siad gníomhaíochtaí substainteacha gnó, lena n-áirítear seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar. Ba cheart cead a bheith ag gnóthais nach daoine dlítheanacha iad, amhail comhpháirtíochtaí tráchtála, faoi choinníollacha áirithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar freisin. Tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bainistiú éifeachtach ar a ngníomhaíochtaí san Aontas ionas nach mbainfear an bonn ó mhaoirseacht stuamachta éifeachtach agus chun forfheidhmiú na gceanglas faoin Rialachán seo a áirithiú, ar ceanglais iad atá beartaithe chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ba cheart dlúth-theagmháil dhíreach thráthrialta idir maoirseoirí agus bainistiú freagrach na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith ina ngné bhunriachtanach de mhaoirseacht den sórt sin. Ba cheart, dá bhrí sin, do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a n-áit bainistíochta éifeachtaí a bheith acu san Aontas, agus ba cheart duine amháin ar a laghad de na stiúrthóirí a bheith ina chónaí san Aontas. Ciallaíonn an áit bainistíochta éifeachtaí an áit ina ndéantar na príomhchinntí bainistíochta agus tráchtála atá riachtanach chun an gnó a sheoladh.

(75) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh don fhéidearthacht a bheidh ag daoine atá bunaithe san Aontas seirbhísí cripteashócmhainní a fháil ó ghnólacht tríú tír ar a dtionscnamh féin. I gcás ina soláthraíonn gnólacht tríú tír seirbhísí cripteashócmhainní ag gníomhú dó ar thionscnamh duine atá bunaithe san Aontas, níor cheart na seirbhísí cripteashócmhainní a mheas mar sheirbhísí a soláthrófar san Aontas. I gcás ina ndéanann gnólacht tríú tír cliaint nó cliaint ionchasacha san Aontas a shireadh nó a ndéanann sé seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a chur chun cinn nó fógraíocht a dhéanamh ina leith san Aontas, níor cheart a mheas gur seirbhísí cripteashócmhainní iad a chuid seirbhísí a soláthraítear ar fhéintionscnamh an chliaint. I gcás den sórt sin, ba cheart don ghnólacht tríú tír a bheith údaraithe mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

(76) I bhfianaise go bhfuil scála na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measartha beag go dtí seo, ba cheart an chumhacht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla chun na soláthraithe seirbhíse sin a údarú agus a mhaoirsiú. Ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eintiteas údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dheonú, a dhiúltú nó a tharraingt siar. I gcás ina ndéantar údarú a dheonú, ba cheart na seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní údaraithe ina leith a bheith léirithe agus ba cheart é a bheith bailí don Aontas ar fad.

(77) Chun cosaint leanúnach chóras airgeadais an Aontais ar na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a áirithiú, is gá a áirithiú go ndéanann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní seiceálacha breise ar oibríochtaí airgeadais lena mbaineann custaiméirí agus institiúidí airgeadais ó thríú tíortha a liostaítear mar thríú tíortha ardriosca toisc gur dlínsí iad a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcórais náisiúnta i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ar bagairtí suntasacha iad ar chóras airgeadais an Aontais dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]).

(78) Ba cheart cead a bheith ag gnólachtaí áirithe atá faoi réir ghníomhartha reachtacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais na seirbhísí cripteashócmhainní uile nó roinnt díobh a sholáthar gan ceangal a bheith orthu údarú a fháil mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní faoin Rialachán seo má thugann siad fógra dá n-údaráis inniúla le faisnéis áirithe sula soláthróidh siad na seirbhísí sin den chéad uair. Sna cásanna sin, ba cheart a mheas gur soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní iad na gnólachtaí sin agus ba cheart feidhm a bheith ag na cumhachtaí riaracháin ábhartha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ina leith, lena n-áirítear an chumhacht chun seirbhísí cripteashócmhainní áirithe a chur ar fionraí nó a thoirmeasc. Ba cheart na gnólachtaí sin a bheith faoi réir na gceanglas uile is infheidhme i leith soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoin Rialachán seo cé is moite de cheanglais údarúcháin, de cheanglais cistí dílse agus den nós imeachta formheasa maidir le scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu, ós rud é go gcumhdaítear na hábhair sin le gníomhartha reachtacha an Aontais faoi seach faoinar údaraíodh iad. Ba cheart an nós imeachta um fhógra a thabhairt le haghaidh institiúidí creidmheasa a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar faoin Rialachán seo a bheith gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2013/36/AE ina leagtar amach nósanna imeachta maidir le hinstitiúidí creidmheasa a údarú chun na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a sholáthar.

(79) Chun cosaint tomhaltóirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gníomhú i gcónaí ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil chun leasa a gcliant. Ba cheart seirbhísí cripteashócmhainní a mheas mar 'sheirbhísí airgeadais' mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/65/CE i gcásanna ina gcomhlíonann siad critéir na Treorach sin. I gcás ina ndéantar margaíocht chianda orthu, ba cheart do na conarthaí atá idir soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus tomhaltóirí a bheith faoi réir Threoir 2002/65/CE chomh maith, murab é a mhalairt a shonraítear go sainráite sa Rialachán seo. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis atá iomlán, cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach a sholáthar dá gcliant agus ba cheart dóibh rabhadh a thabhairt dóibh maidir leis na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mbeartais phraghsála a chur ar fáil go poiblí, ba cheart dóibh nósanna imeachta láimhseála gearán a bhunú agus ba cheart dóibh beartas láidir a bheith acu chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh.

(80) Chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear faoin Rialachán seo ceanglais stuamachta áirithe a chomhlíonadh. Ba cheart na ceanglais stuamachta sin a leagan síos mar mhéid socraithe nó mar mhéid a bheidh i gcomhréir le forchostais sheasta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní de chuid na bliana roimhe sin, ag brath ar na cineálacha seirbhísí a sholáthraíonn siad.

(81) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith faoi réir ceanglais láidre eagraíochtúla. Ba cheart do chomhaltaí chomhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith oiriúnach agus cuí agus níor cheart, go háirithe, gur ciontaíodh iad in aon chion i réimse an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ná in aon chion eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Ba cheart dea-cháil leordhóthanach a bheith ar na scairshealbhóirí nó ar na comhaltaí, cibé acu díreach nó indíreach, daoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu i soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus níor cheart, go háirithe, gur ciontaíodh iad in aon chion i réimse an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ná in aon chion eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Ina theannta sin, i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh an tionchar a fheidhmíonn scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu soláthraithe seirbhísí

([20]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

cripteashócmhainní dochar do bhainistiú fónta agus stuama an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus aird á tabhairt, as measc nithe eile, ar na gníomhaíochtaí a rinne siad roimhe seo, an riosca go rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí aindleathacha, nó an tionchar nó an rialú ag rialtas tríú tír, ba cheart é a bheith de chumhacht ag na húdaráis inniúla aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní bainistíocht agus foireann a fhostú ag a bhfuil na scileanna leordhóthanacha, an t-eolas leordhóthanach agus an saineolas leordhóthanach agus ba cheart dóibh gach céim réasúnach a ghlacadh chun a bhfeidhmeanna a dhéanamh, lena n-áirítear trí phlean leanúnachais gnó a ullmhú. Ba cheart dóibh sásraí rialaithe inmheánaigh agus measúnaithe riosca fónta a bheith acu chomh maith le córais leordhóthanacha agus nósanna imeachta leordhóthanacha chun sláine agus rúndacht na faisnéise a fhaightear a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní socruithe iomchuí a bheith acu chun taifid a choimeád ar gach idirbheart, ordú agus seirbhís a bhaineann leis na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn siad. Ba cheart dóibh córais a bheith acu freisin chun drochúsáid a d'fhéadfadh cliaint a bhaint as an margadh a bhrath.

(82) Chun cosaint a gcliant a áirithiú, ba cheart socruithe leordhóthanacha a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun cearta úinéireachta na gcliant a choimirciú i ndáil leis na cripteashócmhainní atá ina seilbh acu. I gcás ina n-éilíonn a samhail ghnó orthu cistí a shealbhú mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366 i bhfoirm nótaí bainc, bonn, airgead taisce nó ríomh-airgid de chuid a gcliant, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cistí sin a chur in institiúid creidmheasa nó i mbanc ceannais, i gcás ina bhfuil cuntas leis an mbanc ceannais ar fáil. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith údaraithe chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh i dtaca leis na seirbhísí cripteashócmhainní a thairgeann siad ach amháin i gcás ina bhfuil siad údaraithe mar institiúid íocaíochta i gcomhréir leis an Treoir sin.

(83) Ag brath ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus i ngeall ar na rioscaí sonracha a bhaineann le gach cineál seirbhíse, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bheith faoi réir ceanglais a bhaineann go sonrach leis na seirbhísí sin. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcliant lena ngabhann forálacha éigeantacha áirithe agus ba cheart dóibh beartas cumhdaigh a bhunú agus a chur chun feidhme ar beartas é ba cheart a chur ar fáil i bhformáid leictreonach do chliaint arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart a shonrú i gcomhaontú den sórt sin, *inter alia*, cineál na seirbhíse a sholáthraítear, lena bhféadfaí sealbhú cripteashócmhainní ar le cliaint iad nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní sin a áireamh ann, ina bhféadfadh an cliant, sa chás sin, smacht a choinneáil ar na cripteashócmhainní faoi chumhdach. De rogha air sin, d'fhéadfaí na cripteashócmhainní nó na modhanna rochtana atá orthu a aistriú chuig rialú iomlán an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil cripteashócmhainní ar le cliaint iad, nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní sin, á sealbhú acu a áirithiú nach n-úsáidtear na cripteashócmhainní sin dá gcuntas féin. Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú go mbeidh na cripteashócmhainní uile a shealbhaítear neamhualaithe i gcónaí. Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sin a bheith faoi dhliteanas freisin i leith aon chaillteanas a tharlaíonn mar thoradh ar theagmhas a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ('TFC'), lena n-áirítear teagmhas a tharlaíonn mar thoradh ar chibirionsaí, gadaíocht nó aon mhífheidhm. Níor cheart do sholáthraithe crua-earraí ná bogearraí tiachóg neamhchoinneála teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(84) Chun feidhmiú ordúil margaí i gcripteashócmhainní a áirithiú, ba cheart rialacha oibriúcháin mionsonraithe a bheith ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil a gcuid córas agus a gcuid nósanna imeachta athléimneach go leordhóthanach, ba cheart dóibh a bheith faoi réir ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála atá curtha in oiriúint do na margaí i gcripteashócmhainní, agus ba cheart dóibh rialacha trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a shocrú, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena rialaítear rochtain ar a n-ardáin. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní struchtúr táillí trédhearcach a bheith acu freisin le haghaidh na seirbhísí a sholáthraítear ionas nach ndéanfar orduithe a d'fhéadfadh rannchuidiú le drochúsáid margaidh nó le coinníollacha trádála mí-ordúla. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a bheith in ann idirbhearta a fhorghníomhaítear ar ardáin trádála a shocrú ar an slabhra agus seachshlabhra, agus ba cheart dóibh socraíocht thráthúil a áirithiú. Ba cheart socraíocht idirbheart a thionscnamh laistigh de 24 uair an chloig tar éis idirbheart a fhorghníomhú ar an ardán trádála. I gcás socraíocht seachshlabhra, ba cheart an tsocraíocht a thionscnamh an lá gnó céanna, ach i gcás socraíocht ar an slabhra, d'fhéadfadh sé go dtógfadh an tsocraíocht níos mó ama mar nach bhfuil sí á rialú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn an t-ardán trádála.

(85) Chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní le haghaidh cistí nó cripteashócmhainní eile trína gcaipiteal féin a úsáid, beartas tráchtála neamh-idirdhealaitheach a tharraingt suas. Ba cheart dóibh luachanna daingne nó an mhodheolaíocht atá in úsáid acu a fhoilsiú chun praghas na gcripteashócmhainní is mian leo a mhalartú a chinneadh, agus ba cheart dóibh aon teorainneacha is mian leo a bhunú ar an méid atá le malartú a fhoilsiú. Ba cheart dóibh freisin a bheith faoi réir ceanglais trédhearcachta iarthrádála.

(86) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann tríú páirtithe beartas forghníomhúcháin a tharraingt suas agus ba cheart dóibh díriú i gcónaí ar an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach dá gcliant, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad mar chontrapháirtí cliaint. Ba cheart dóibh na céimeanna riachtanacha go léir a ghlacadh chun an mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bhfostaithe a bhaint as faisnéis a bhaineann le horduithe cliant a sheachaint. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann orduithe agus a tharchuireann na horduithe sin chuig soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile nósanna imeachta a chur chun feidhme ionas go seolfar na horduithe sin go mear agus i gceart. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aon bhuntáistí airgeadaíochta ná neamhairgeadaíochta a fháil de bharr na horduithe sin a tharchur chuig aon ardán trádála áirithe le haghaidh cripteashócmhainní nó chuig aon soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile. Ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a socruithe forghníomhúcháin orduithe agus a mbeartas forghníomhúcháin, agus measúnú á dhéanamh acu i dtaobh an ndéanann na hionaid forghníomhúcháin a áirítear sa bheartas forghníomhúcháin orduithe foráil don toradh is fearr is féidir don chliant, nó i dtaobh an gá dóibh athruithe a dhéanamh ar a socruithe forghníomhúcháin, agus ba cheart dóibh na cliaint a bhfuil caidreamh leanúnach acu leo a chur ar an eolas maidir le haon athruithe ábhartha ar a socruithe forghníomhúcháin orduithe nó ar a mbeartas forghníomhúcháin.

(87) Nuair is é contrapháirtí an chliaint soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, d'fhéadfadh cosúlachtaí a bheith ann le seirbhísí a bhaineann le malartú cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile. Mar sin féin, agus cripteashócmhainní á malartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile, is é an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chinneann gan bhac an praghas ar mhalartuithe den sórt sin mar mhalartú airgeadra. Mar sin féin, agus orduithe le haghaidh cripteashócmhainní á bhforghníomhú thar ceann cliant, ba cheart don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú i gcónaí go bhfaighidh sé an toradh is fearr is féidir dá chliant, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn sé mar chontrapháirtí an chliaint, i gcomhréir lena bheartas forghníomhúcháin is fearr. Níor cheart malartú cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile nuair a dhéanann an t-eisitheoir nó an tairgeoir é a bheith ina sheirbhís cripteashócmhainní.

(88) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chuireann cripteashócmhainní ar fáil do shealbhóirí ionchasacha faisnéis a thabhairt do na daoine sin maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu a seirbhís a fheidhmiú sula dtugtar conradh chun críche. Chun cosaint a gcuid cliant a áirithiú, ba cheart nósanna imeachta sonracha agus leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe chun cripteashócmhainní a láithriú chun aon choinbhleachtaí leasa a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh agus chun faireachán a dhéanamh orthu, ar coinbhleachtaí leasa iad a eascraíonn ó láithriú na gcripteashócmhainní lena gcliaint féin agus a eascraíonn ó rómheastachán nó gannmheas ar an bpraghas atá beartaithe maidir le láithriú na gcripteashócmhainní. Níor cheart a mheas gur tairiscint ar leithligh é cripteashócmhainní a láithriú thar ceann tairgeora.

(89) Chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní, arna iarraidh sin do chliant nó ar a dtionscnamh féin, nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní, measúnú a dhéanamh an bhfuil na seirbhísí cripteashócmhainní sin nó na cripteashócmhainní sin oiriúnach do na cliaint, agus aird á tabhairt ar thaithí, eolas, cuspóirí a gcuid cliant agus a gcumas caillteanais a iompar. I gcás nach soláthraíonn na cliaint faisnéis do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní maidir lena dtaithí, a n-eolas, a gcuspóirí agus a gcumas caillteanais a iompar, nó gur léir nach n-oireann na cripteashócmhainní do na cliaint, níor cheart do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní nó cripteashócmhainní den sórt sin a mholadh do na cliaint sin, ná tosú le bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar. Agus comhairle á tabhairt acu maidir le cripteashócmhainní, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tuarascáil a sholáthar do chliaint, tuarascáil inar cheart an measúnú oiriúnachta a áireamh ina sonraítear an chomhairle a tugadh agus conas a chomhlíonann sí roghanna agus cuspóirí na gcliant. Agus bainistiú punainne cripteashócmhainní á sholáthar acu, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ráitis thréimhsiúla a sholáthar dá gcliaint, ráitis ar cheart a áireamh iontu athbhreithniú ar a ngníomhaíochtaí agus ar fheidhmiú na punainne chomh maith le ráiteas nuashonraithe maidir leis an measúnú oiriúnachta.

(90) D'fhéadfadh roinnt seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, cripteashócmhainní a láithriú, agus seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant, forluí a dhéanamh le seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366.

(91) D'fhéadfadh sé nach bhféadfaí na huirlisí a sholáthraíonn eisitheoirí ríomh-airgid dá gcliaint chun comhartha ríomh-airgid a bhainistiú a idirdhealú ón ngníomhaíocht maidir le seirbhísí cumhdaigh agus riaracháin a sholáthar mar a rialáiltear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí ríomh-airgid a bheith in ann seirbhísí cumhdaigh a sholáthar gan údarú a fháil roimh ré faoin Rialachán seo chun seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar i ndáil le comharthaí ríomh-airgid arna n-eisiúint acu agus i ndáil leo sin amháin.

(92) Is ionann gníomhaíocht na ndáileoirí traidisiúnta ríomh-airgid, eadhon, an ghníomhaíocht a bhaineann le ríomh-airgead a dháileadh thar ceann eisitheoirí, agus an ghníomhaíocht a bhaineann le cripteashócmhainní a láithriú chun críocha an Rialacháin seo. Mar sin féin, ba cheart do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil cead acu ríomh-airgead a dháileadh faoi Threoir 2009/110/CE a bheith in ann comharthaí ríomh-airgid a dháileadh thar ceann eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid gan ceangal a bheith orthu réamhúdarú a fháil faoin Rialachán seo chun seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart dáileoirí den sórt sin a bheith díolmhaithe ón gceanglas údarú a lorg mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní don ghníomhaíocht cripteashócmhainní a láithriú.

(93) Ba cheart do sholáthraí seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a bheith ina eintiteas a dhéanann foráil maidir le cripteashócmhainní a aistriú, thar ceann cliaint, ó sheoladh nó cuntas mórleabhar dáilte amháin go ceann eile. Níor cheart a áireamh i tseirbhís aistrithe den sórt sin na bailíochtóirí, na nóid ná na mianadóirí a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid d'idirbheart a dheimhniú agus staid an mhórleabhair dáilte fholuitigh a thabhairt cothrom le dáta. Tairgeann go leor soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cineál éigin seirbhíse aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní mar chuid, mar shampla, den tseirbhís cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, malartú cripteashócmhainní le haghaidh cistí nó cripteashócmhainní eile, nó forghníomhú orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant. Ag brath ar ghnéithe beachta na seirbhísí a bhaineann le haistriú comharthaí ríomh-airgid, d'fhéadfadh na seirbhísí sin titim faoin sainmhíniú atá ar sheirbhís íocaíochta i dTreoir (AE) 2015/2366. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'eintiteas atá údaraithe chun seirbhísí íocaíochta den chineál sin a sholáthar na haistrithe sin a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir sin.

(94) Níor cheart aghaidh a thabhairt sa Rialachán seo ar an iasachtú ná ar an iasachtaíocht cripteashócmhainní, lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid, agus dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh sé dochar don dlí náisiúnta is infheidhme. Ba cheart measúnú breise a dhéanamh ar a indéanta agus a riachtanaí atá sé gníomhaíochtaí den sórt sin a rialáil.

(95) Tá sé tábhachtach muinín i margaí i gcripteashócmhainní agus i sláine na margaí sin a áirithiú. Is gá dá bhrí sin rialacha a leagan síos chun drochúsáid margaidh a dhíspreagadh le haghaidh cripteashócmhainní a ligtear isteach chun trádála. Mar sin féin, ós rud é gur FBManna a bhíonn i gceist le heisitheoirí cripteashócmhainní agus le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go minic, bheadh sé díréireach forálacha uile Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) a chur i bhfeidhm orthu. Is gá, dá bhrí sin, rialacha sonracha a leagan síos ina gcuirtear cosc ar iompraíochtaí áirithe is dóigh a bhainfeadh an bonn ó mhuinín úsáideoirí i margaí i gcripteashócmhainní agus i sláine na margaí sin, lena n-áirítear déileáil cos istigh, nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh agus cúbláil margaidh a bhaineann le cripteashócmhainní. Ba cheart na rialacha saincheaptha sin maidir le drochúsáid margaidh a dhéantar i ndáil le cripteashócmhainní a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna ina ligtear cripteashócmhainní isteach chun trádála.

(96) Ba cheart deimhneacht dhlíthiúil do rannpháirtithe i margaí cripteashócmhainní a fheabhsú trí thréithriú a thabhairt ar dhá cheann de na heilimintí atá riachtanach don sainmhíniú ar fhaisnéis ón taobh istigh, eadhon cineál beacht na faisnéise sin agus tábhacht an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aici ar phraghsanna na gcripteashócmhainní. Ba cheart na heilimintí sin a mheas freisin chun drochúsáid margaidh a chosc i gcomhthéacs margaí i gcripteashócmhainní agus i gcomhthéacs a bhfeidhmithe, agus úsáid na meán sóisialta, úsáid conarthaí cliste chun orduithe a fhorghníomhú agus comhchruinniú na linnte mianadóireachta á gcur san áireamh, mar shampla.

(97) Maidir le díorthaigh a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE, agus ar cripteashócmhainn í a mbunsócmhainn, tá siad faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 nuair a thrádáiltear iad ar mhargadh rialáilte, i saoráid trádála iltaobhach nó i saoráid trádála eagraithe. Maidir le cripteashócmhainní a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ar bunsócmhainní na ndíorthach sin iad, ba cheart go mbeidís faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo maidir le drochúsáid margaidh.

(98) Ba cheart dóthain cumhachtaí a thabhairt d'údaráis inniúla chun maoirseacht a dhéanamh ar chripteashócmhainní a eisiúint, a thairiscint don phobal agus a ligean isteach chun trádála, lena n-áirítear comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Ba cheart a áireamh ar na cumhachtaí sin an chumhacht chun tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála nó soláthar seirbhísí cripteashócmhainní a chur ar fionraí nó a thoirmeasc, agus chun sáruithe ar na rialacha maidir le drochúsáid margaidh a imscrúdú. Níor cheart eisitheoirí cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a bheith faoi réir maoirseacht faoin Rialachán seo nuair nach tairgeoir é an t-eisitheoir ná duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige.

([21]) Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid margaidh (an rialachán maidir le drochúsáid margaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

(99) Ba cheart é a bheith de chumhacht freisin ag údaráis inniúla chun pionóis a fhorchur ar eisitheoirí cripteashócmhainní, ar thairgeoirí nó ar dhaoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála, lena n-áirítear comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Agus cineál agus leibhéal an phionóis riaracháin nó bearta eile riaracháin á gcinneadh acu, ba cheart do na húdaráis inniúla na himthosca ábhartha uile a chur san áireamh, lena n-áirítear tromchúis agus fad an tsáraithe agus an ndearnadh d'aon ghnó é.

(100) I bhfianaise chineál trasteorann na margaí i gcripteashócmhainní, ba cheart d'údaráis inniúla oibriú i gcomhar le chéile chun aon sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus a dhíspreagadh.

(101) Chun trédhearcacht maidir le cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a éascú, ba cheart do ESMA clár páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhunú.

(102) Is féidir comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha a úsáid mar mhodh malartaithe agus chun méideanna móra idirbheart íocaíochta a dhéanamh. Ós rud é gur féidir le méideanna móra den sórt sin rioscaí sonracha a chruthú do bhealaí tarchurtha airgeadaíochta agus don cheannasacht airgeadaíochta, is iomchuí an cúram a shannadh do ÚBE maoirseacht a dhéanamh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, a luaithe a aicmítear na comharthaí sin mar chomharthaí suntasacha. Leis an sannadh sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chineál an-sonrach na rioscaí a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha, agus níor cheart fasach a leagan síos le haghaidh aon ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais.

(103) Ba cheart d'údaráis inniúla atá i gceannas ar mhaoirseacht faoi Threoir 2009/110/CE eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a mhaoirsiú. Mar sin féin, i bhfianaise na húsáide forleithne a d'fhéadfaí a bhaint as comharthaí ríomh-airgid suntasacha mar mhodh íocaíochta agus na rioscaí is féidir leo a chruthú don chobhsaíocht airgeadais, is gá do na húdaráis inniúla agus do ÚBE araon démhaoirseacht a dhéanamh ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha. Ba cheart do ÚBE maoirsiú a dhéanamh ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha féachaint an gcomhlíonann siad na ceanglais shonracha bhreise a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh comharthaí den sórt sin. Ós rud é nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais shonracha bhreise ach amháin maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha, ba cheart d'institiúidí creidmheasa a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha, nach bhfuil feidhm ag na ceanglais sin maidir leo, leanúint de bheith á maoirsiú ag a n-údaráis inniúla faoi seach. Leis an démhaoirseacht sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chineál an-sonrach na rioscaí a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid, agus níor cheart fasach a leagan síos le haghaidh aon ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais.

(104) Is féidir le comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá ainmnithe in airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit seachas an euro a úsáidtear mar mhodh malartaithe agus chun méideanna móra idirbheart íocaíochta a shocrú, cé nach dócha go dtarlóidh siad, rioscaí sonracha a chruthú do cheannasacht airgeadaíochta an Bhallstáit a bhfuil siad ainmnithe ina airgeadra oifigiúil. I gcás ina bhfuil 80 % ar a laghad de líon na sealbhóirí agus de mhéid idirbheart na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha sin comhchruinnithe sa Bhallstát baile, níor cheart na freagrachtaí maoirseachta a aistriú chuig ÚBE.

(105) Ba cheart do ÚBE coláiste maoirseoirí a bhunú do gach eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha. Ós rud é go mbíonn eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha ag croílár líonra eintiteas de ghnáth lena n-áirithítear eisiúint, aistriú agus dáileadh cripteashócmhainní den sórt sin, ba cheart dá bhrí go n-áireofaí ar bhaill an choláiste maoirseoirí do gach eisitheoir, i measc nithe eile, údaráis inniúla uile na n-ardán trádála is ábhartha le haghaidh cripteashócmhainní, i gcásanna ina ligtear isteach chun trádála na comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó na comharthaí ríomh-airgid suntasacha, agus údaráis inniúla na n-eintiteas is ábhartha agus na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithíonn cumhdach agus riar na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha thar ceann na sealbhóirí. Ba cheart don choláiste maoirseoirí d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha an comhar agus an malartú faisnéise a éascú i measc a chuid ball agus ba cheart dó tuairimí neamhcheangailteacha a eisiúint maidir le hathruithe ar údarú nó bearta maoirseachta maidir le heisitheoirí den sórt sin, i measc nithe eile.

(106) Chun eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha a mhaoirsiú, ba cheart do ÚBE na cumhachtaí a bheith aige, i measc nithe eile, chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, bearta maoirseachta a dhéanamh agus fíneálacha a ghearradh.

(107) Ba cheart do ÚBE táillí a fhorchur ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha chun a chuid costas a chumhdach, lena n-áirítear le haghaidh forchostas. I gcás eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, ba cheart an táille a bheidh i gcomhréir le méid a gcúlchiste sócmhainní féin. I gcás eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha, ba cheart an táille a bheith i gcomhréir le méid na gcistí a fuarthas mar mhalairt ar na comharthaí ríomh-airgid suntasacha.

(108) Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le gnéithe teicniúla de na sainmhínithe a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú tuilleadh d'fhonn iad a chur in oiriúint d'fhorbairtí sa mhargadh agus d'fhorbairtí teicneolaíochta, chun a chinneadh cibé ar cheart comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid a aicmiú mar chomhartha suntasach, lena gcinnfear cathain a bheidh ábhar imní suntasach ann maidir le cosaint infheisteoirí nó bagairt ar fheidhmiú cuí agus sláine na margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais ina iomláine nó cuid de, sonrú breise a dhéanamh ar na rialacha nós imeachta maidir le feidhmiú chumhacht ÚBE fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta cosanta, forálacha ama, agus fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú, agus na tréimhsí teorann chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur agus a fhorfheidhmiú, agus cineál agus méid na dtáillí is féidir le ÚBE a ghearradh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó comharthaí ríomh-airgid suntasacha a shonrú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([22]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(109) Ba cheart caighdeáin theicniúla a fhorbairt chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear cosaint leordhóthanach do shealbhóirí cripteashócmhainní agus cliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe nuair is tomhaltóirí iad. Tá sé éifeachtúil agus iomchuí forbairt na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála, nach mbeadh roghanna beartais ag baint leo, a chur ar iontaoibh ÚBE agus ESMA, mar chomhlachtaí a bhfuil saineolas an-speisialaithe acu, lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin.

(110) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚBE agus ESMA a ghlacadh i dtaca le: hinneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar dhrochthionchair phríomha ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a eisiúint; an nós imeachta chun páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní arna gcur isteach ag institiúidí creidmheasa a fhormheas nuair a eisíonn siad comharthaí sócmhainn-tagartha; an fhaisnéis atá in iarratas ar údarú mar eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha; an mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar mheánlíon ráithiúil agus meánluach comhiomlán ráithiúil na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann le húsáidí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é mar mhodh malartaithe i ngach limistéar airgeadra aonair; na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta chun gearáin ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus ó chliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a láimhseáil; na ceanglais maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh agus na mionsonraí agus an mhodheolaíocht maidir le hábhar an nochta sin; an nós imeachta agus an tréimhse ama atá ag eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha chun dul in oiriúint do cheanglais maidir le cistí dílse níos airde, na critéir chun cistí dílse níos airde a éileamh, na híoscheanglais maidir le cláir tástála struis a dhearadh; na ceanglais maidir le cumhdach leachtachta do chúlchiste sócmhainní; na hionstraimí airgeadais inar féidir an cúlchiste sócmhainní a infheistiú; inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar éadáil bheartaithe an tsealúchais cháilithigh in eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha; ceanglais maidir le hoibleagáidí breise areisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha; an fhaisnéis a dtugann institiúidí creidmheasa, taisclanna lárnacha urrús, gnólachtaí infheistíochta, oibreoirí margaidh, institiúidí ríomh-airgid, cuideachtaí bainistíochta GCUI, nó bainisteoirí ciste infheistíochta mhalartaigh, a bhfuil sé i gceist acu seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar, fógra ina leith do na húdaráis inniúla; an fhaisnéis atá in iarratas ar údarú soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní; inneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise a chuireann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar fáil go poiblí agus a bhaineann le drochthionchair phríomha ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun gach cripteashócmhainn a eisiúint a soláthraíonn siad seirbhísí ina leith; bearta lena n-áirithítear leanúnachas agus rialtacht i bhfeidhmíocht na seirbhísí cripteashócmhainní agus na taifid atá le coimeád ar na seirbhísí, na horduithe agus na hidirbhearta cripteashócmhainní go léir a ghabhann siad de láimh; na ceanglais maidir leis na beartais chun coinbhleachtaí leasa soláthraithe seirbhísí

([22]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

cripteashócmhainní a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh agus na mionsonraí agus an mhodheolaíocht maidir le hábhar an nochta sin; an bealach ina dtairgfear sonraí trédhearcachta oibreoir ardáin trádála agus ábhar agus formáid na dtaifead leabhar orduithe maidir leis an ardán trádála; inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar éadáil bheartaithe an tsealúchais cháilithigh i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní; na socruithe, córais agus nósanna imeachta iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar dhrochúsáid margaidh agus chun drochúsáid margaidh a bhrath; an teimpléad fógra chun amhras faoi dhrochúsáid margaidh a thuairisciú agus nósanna imeachta comhordúcháin idir na húdaráis inniúla ábhartha chun drochúsáid margaidh a bhrath; an fhaisnéis atá le malartú idir na húdaráis inniúla; doiciméad teimpléid maidir le socruithe comhair idir údaráis inniúla na mBallstát agus údaráis mhaoirseachta tríú tíortha; na sonraí is gá chun páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní a aicmiú i gclár ESMA agus na socruithe praiticiúla is gá a shonrú lena áirithiú go mbeidh na sonraí sin meaisín-inléite; na coinníollacha faoina measfar comhaltaí áirithe coláiste maoirseoirí d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha a bheith ar na comhaltaí is ábhartha ina gcatagóir; agus na coinníollacha faoina meastar go n-úsáidtear comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid ar mhórscála chun comhaltaí áirithe den choláiste sin a cháiliú agus mionsonraí faoi na socruithe praiticiúla d'fheidhmiú an choláiste sin. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus de (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach.

(111) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚBE agus ESMA a ghlacadh, maidir le: foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú le haghaidh páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní; foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú chun faisnéis a tharchur chun críocha an iarratais ar údarú mar eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha; lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha chun críocha an tuairiscithe ar chomharthaí sócmhainn-tagartha agus ar chomharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é agus a eisítear ag a bhfuil luach níos airde ná EUR 100 000 000; lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha maidir le fógra a thabhairt d'údaráis inniúla ag institiúidí creidmheasa, taisclanna lárnacha urrús, gnólachtaí infheistíochta, oibreoirí margaidh, institiúidí ríomh-airgid, cuideachtaí bainistíochta GCUI agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar; foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú le haghaidh an iarratais ar údarú mar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní; na modhanna teicniúla a chinneadh chun faisnéis ón taobh istigh a nochtadh go poiblí agus chun nochtadh poiblí faisnéise ón taobh istigh a mhoilliú; agus foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus na nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú maidir le comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus idir údaráis inniúla, ÚBE agus ESMA. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(112) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon aghaidh a thabhairt ar dheighilt an chreata dhlíthiúil is infheidhme maidir le tairgeoirí nó daoine atá ag iarraidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a ligean isteach chun a dtrádála, maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid agus maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus feidhmiú cuí na margaí i gcripteashócmhainní a áirithiú agus cosaint sealbhóirí cripteashócmhainní agus cliant soláthraithe cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola, agus cosaint shláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais á n-áirithiú ag an am céanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, trí chreat a chruthú ar a bhféadfaí margadh trasteorann níos mó le haghaidh cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorbairt, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(113) Ionas nach gcuirfear isteach ar rannpháirtithe sa mhargadh a sholáthraíonn seirbhísí agus gníomhaíochtaí i ndáil le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a eisíodh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart d'eisitheoirí na gcripteashócmhainní sin díolúine a fháil ón oibleagáid páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhoilsiú agus ó cheanglais áirithe eile an Rialacháin seo. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí áirithe nuair a ligeadh na cripteashócmhainní sin isteach chun a dtrádála roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun cur isteach ar rannpháirtithe margaidh atá ann cheana a sheachaint, tá gá le forálacha idirthréimhseacha d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a bhí i bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(114) Ós rud é go bhfuil difríocht i measc na mBallstát sna creataí rialála náisiúnta is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an deis ag na Ballstáit sin nach bhfuil ceanglais stuamachta láidre i bhfeidhm acu le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá ag feidhmiú faoina gcreataí rialála faoi láthair a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní den sórt sin a bheith faoi réir ceanglais níos déine ná na ceanglais faoi na creataí rialála náisiúnta. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit gan an idirthréimhse 18 mí a chur i bhfeidhm nó í a laghdú, ar idirthréimhse í lena gceadófaí do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní seachas sin seirbhísí a sholáthar bunaithe ar an gcreat rialála náisiúnta atá acu cheana. Níor cheart a leagan síos le rogha den sórt sin fasach le haghaidh aon ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais.

(115) Ba cheart do sceithirí eolais a bheith in ann faisnéis nua a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil a chabhraíonn leo chun sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus pionóis a fhorchur. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo dá bhrí sin go bhfuil socruithe leordhóthanacha ann chun cur ar chumas sceithirí eolais rabhadh a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir le sáruithe iarbhír nó sáruithe ionchasacha ar an Rialachán seo agus chun iad a chosaint ar fhrithbheart. Ba cheart é sin a dhéanamh trí Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) a leasú chun é a dhéanamh infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo.

(116) Ós rud é gur cheart sainordú a thabhairt do ÚBE le maoirseacht dhíreach ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha, agus gur cheart sainordú a thabhairt do ESMA úsáid a bhaint as a chumhachtaí i ndáil le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha, is gá a áirithiú go mbeidh ÚBE agus ESMA in ann a gcumhachtaí agus a gcúraimí uile a fheidhmiú chun a gcuspóirí a chomhlíonadh maidir le leas an phobail a chosaint trí rannchuidiú le cobhsaíocht agus éifeachtacht ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach an chórais airgeadais do gheilleagar an Aontais, dá shaoránaigh agus dá ghnólachtaí agus chun a áirithiú go gcumhdaítear eisitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní le Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin sin a leasú dá réir.

(117) D'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le cripteashócmhainní a eisiúint, a thairiscint nó a iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála agus le soláthar seirbhísí cripteashócmhainní. Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir leis an gcuid sin de dhlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá an Rialachán seo gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]).

(118) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 24 Meitheamh 2021 ([26]).

(119) Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ionas go mbeifear in ann na caighdeáin theicniúla rialála, na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe is gá a ghlacadh chun eilimintí áirithe den Rialachán seo a shonrú tuilleadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos ceanglais aonfhoirmeacha maidir le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a thairiscint don phobal agus a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála, chomh maith le ceanglais maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

([23]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

([24]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([25]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([26]) IO C 337, 23.8.2021, lch. 4.

2. Go háirithe, leis an Rialachán seo, leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) ceanglais maidir le trédhearcacht agus nochtadh chun cripteashócmhainní a eisiúint, a thairiscint don phobal agus a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ('ligean isteach chun trádála');

(b) ceanglais maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a údarú agus a mhaoirsiú, chomh maith lena n-oibriú, a n-eagrú agus a rialachas;

(c) ceanglais maidir le sealbhóirí cripteashócmhainní a chosaint agus iad á n-eisiúint, á dtairiscint don phobal agus á ligean isteach chun cripteashócmhainní a thrádáil;

(d) ceanglais maidir le cliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chosaint;

(e) bearta chun cosc a chur ar dhéileáil cos istigh, nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh agus cúbláil margaidh a bhaineann le cripteashócmhainní, chun sláine na margaí i gcripteashócmhainní a áirithiú.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus gnóthais áirithe eile atá ag gabháil de chripteashócmhainní a eisiúint, a thairiscint don phobal agus a ligean isteach chun a dtrádála nó a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le cripteashócmhainní san Aontas.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) daoine a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní go heisiach dá máthairchuideachtaí, dá bhfochuideachtaí féin nó d'fhochuideachtaí eile de chuid a máthairchuideachtaí;

(b) leachtaitheoirí nó riarthóirí ag gníomhú dóibh i rith nós imeachta dócmhainneachta, ach amháin chun críocha Airteagal 47;

(c) BCE, bainc cheannais na mBallstát agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta, nó údaráis phoiblí eile de chuid na mBallstát;

(d) an Banc Eorpach Infheistíochta agus a fhochuideachtaí;

(e) an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach;

(f) eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le cripteashócmhainní atá uathúil agus nach bhfuil idirmhalartach le cripteashócmhainní eile.

4. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le cripteashócmhainní a cháilíonn mar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) ionstraimí airgeadais;

(b) taiscí, lena n-áirítear taiscí struchtúrtha;

(c) cistí, ach amháin má cháilíonn siad mar chomharthaí ríomh-airgid;

(d) suíomhanna urrúsaithe i gcomhthéacs urrúsú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2017/2402;

(e) táirgí árachais neamhshaoil nó saoil a thagann faoi na haicmí árachais a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) nó conarthaí athárachais agus aisghéillte dá dtagraítear sa Treoir sin;

(f) táirgí pinsin a aithnítear, faoin dlí náisiúnta, mar tháirgí arb é is príomhchuspóir dóibh ioncam a sholáthar don infheisteoir agus an t-infheisteoir ar scor agus lena dtugtar teideal don infheisteoir sochair áirithe a ghnóthú;

(g) scéimeanna pinsin ceirde a aithnítear go hoifigiúil a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) nó Threoir 2009/138/CE;

([27]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

([28]) Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

(h) táirgí pinsin aonair a gceanglaítear ranníocaíocht airgeadais ón bhfostóir ina leith sa dlí náisiúnta agus nach bhfuil aon rogha ag an bhfostóir ná ag an bhfostaí maidir leis an táirge pinsin nó maidir le soláthraí an táirge pinsin;

(i) Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]);

(j) scéimeanna slándála sóisialta a chumhdaítear le Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 ([30]) agus (CE) Uimh. 987/2009 ([31]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

5. Faoin 30 Nollaig 2024, eiseoidh ESMA, chun críocha mhír 4, pointe (a), den Airteagal seo, treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir leis na coinníollacha agus na critéir chun cripteashócmhainní a cháiliú mar ionstraimí airgeadais.

6. Ní dochar an Rialachán seo do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

Airteagal 3

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'teicneolaíocht mórleabhar dáilte' nó 'DLT' teicneolaíocht lena gcumasaítear oibriú agus úsáid mórleabhar dáilte;

(2) ciallaíonn 'mórleabhar dáilte' taisclann faisnéise ina gcoimeádtar taifid ar idirbhearta agus a chomhroinntear ar fud tacar de nóid líonra DLT agus a shioncrónaítear idir nóid líonra DLT, agus úsáid á baint as sásra comhthola;

(3) ciallaíonn 'sásra comhthola' rialacha agus nósanna imeachta trína mbaintear amach comhaontú, i measc nóid líonra DLT, go ndéantar idirbheart a bhailíochtú;

(4) ciallaíonn 'nód líonra DLT' gaireas nó próiseas ar cuid de líonra é agus ina bhfuil macasamhail iomlán nó pháirteach de thaifid de na hidirbhearta uile i dtaca le teicneolaíocht mórleabhair dáilte;

(5) ciallaíonn 'cripteashócmhainn' léiriú digiteach ar luach nó ar cheart ar féidir é a aistriú agus a stóráil go leictreonach trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíocht den chineál céanna;

(6) ciallaíonn 'comhartha sócmhainn-tagartha' cineál cripteashócmhainne nach comhartha ríomh-airgid é agus a airbheartaíonn luach cobhsaí a choimeád trí thagairt a dhéanamh do luach nó ceart eile nó teaglaim díobh, lena n-áirítear airgeadra oifigiúil amháin nó níos mó;

(7) ciallaíonn 'comhartha ríomh-airgid' cineál cripteashócmhainne a airbheartaíonn luach cobhsaí a choimeád trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra oifigiúil amháin;

(8) ciallaíonn 'airgeadra oifigiúil' airgeadra oifigiúil tíre a eisíonn banc ceannais nó údarás eile airgeadaíochta;

(9) ciallaíonn 'comhartha fóntais' cineál cripteashócmhainne nach bhfuil beartaithe leis ach rochtain a thabhairt ar earra nó ar sheirbhís a sholáthraíonn a eisitheoir;

(10) ciallaíonn 'eisitheoir' duine nádúrtha nó dlítheanach, nó gnóthas eile, a eisíonn cripteashócmhainní;

(11) ciallaíonn 'eisitheoir is iarratasóir' eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a dhéanann iarratas ar údarú chun na cripteashócmhainní sin a thairiscint don phobal nó a iarrann go ligfí isteach iad chun a dtrádála;

(12) ciallaíonn 'tairiscint don phobal' teachtaireacht a thugtar do dhaoine i bhfoirm ar bith, nó ar aon mhodh, ina gcuirtear faisnéis leordhóthanach i láthair faoi théarmaí na tairisceana agus faoi na cripteashócmhainní atá le tairiscint chun cur ar chumas infheisteoirí ionchasacha cinneadh a dhéanamh an gceannóidh siad na cripteashócmhainní sin;

(13) ciallaíonn 'tairgeoir' duine nádúrtha nó dlítheanach, nó gnóthas eile, nó an t-eisitheoir, a thairgeann cripteashócmhainní don phobal;

(14) ciallaíonn 'cistí' cistí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (25), de Threoir (AE) 2015/2366;

([29]) Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

([30]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

([31]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

(15) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní’ duine dlítheanach nó gnóthas eile arb é an ghairm bheatha nó an gnó atá aige seirbhís cripteashócmhainní amháin nó níos mó a sholáthar do chliaint ar bhonn gairmiúil, agus a cheadaítear dó seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 59;

(16) ciallaíonn ‘seirbhís cripteashócmhainní’ aon cheann de na seirbhísí agus gníomhaíochtaí seo a leanas a bhaineann le haon chripteashócmhainn:

(a) cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant;

(b) ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú;

(c) cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí;

(d) cripteashócmhainní a mhalartú ar chripteashócmhainní eile;

(e) orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant;

(f) cripteashócmhainní a láithriú;

(g) orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a ghlacadh agus a tharchur thar ceann cliant;

(h) comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní;

(i) bainistiú punainne a sholáthar maidir le cripteashócmhainní;

(j) seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant;

(17) ciallaíonn ‘cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant’ cripteashócmhainní a shlánchoimeád nó a rialú thar ceann cliant nó na modhanna rochtana ar chripteashócmhainní den sórt sin, i gcás inarb infheidhme i bhfoirm eochracha cripteagrafacha príobháideacha;

(18) ciallaíonn ‘ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú’ córas iltaobhach amháin nó níos mó a bhainistiú, a thugann le chéile roinnt leasanna ceannacháin agus díolacháin tríú páirtí i gcripteashócmhainní nó a dhéanann éascú ar leasanna den sórt sin, laistigh den chóras agus i gcomhréir le rialacha an chórais, ar bhealach a mbíonn conradh ann dá bharr, trí chripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó trí chripteashócmhainní a mhalartú ar chripteashócmhainní eile;

(19) ciallaíonn ‘cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí’ conarthaí ceannacháin nó díolacháin a bhaineann le cripteashócmhainní a thabhairt i gcrích le cliaint i gcoinne cistí trí úsáid a bhaint as caipiteal dílsithe;

(20) ciallaíonn ‘cripteashócmhainní a mhalartú ar chripteashócmhainní eile’ conarthaí ceannacháin nó díolacháin a bhaineann le cripteashócmhainní a thabhairt i gcrích le cliaint i gcoinne cripteashócmhainní eile trí úsáid a bhaint as caipiteal dílsithe;

(21) ciallaíonn ‘orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant’ comhaontuithe a thabhairt i gcrích, thar ceann cliant, chun cripteashócmhainn amháin nó níos mó a cheannach nó a dhíol nó suibscríobh le haghaidh cripteashócmhainn amháin nó níos mó thar ceann cliant, agus áirítear leis conarthaí a thabhairt i gcrích chun cripteashócmhainní a dhíol tráth a dtairgtear iad don phobal nó a ligtear isteach iad chun a dtrádála;

(22) ciallaíonn ‘cripteashócmhainní a láithriú’ cripteashócmhainní a mhargú, thar ceann an tairgeora nó páirtí a bhaineann leis an tairgeoir nó i gcomhair chuntas an tairgeora nó i gcomhair cuntas páirtí a bhaineann leis an tairgeoir, le ceannaitheoirí;

(23) ciallaíonn ‘orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a ghlacadh agus a tharchur thar ceann cliant’ ordú a fháil ó dhuine chun cripteashócmhainn amháin nó níos mó a cheannach nó a dhíol nó suibscríobh le haghaidh cripteashócmhainn amháin nó níos mó agus an t-ordú sin a tharchur chuig tríú páirtí lena fhorghníomhú;

(24) ciallaíonn ‘comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní’ moltaí pearsantaithe a thairiscint nó a thabhairt do chliant, nó comhaontú ar mholtaí pearsantaithe a thabhairt do chliant, arna iarraidh sin don chliant nó ar thionscnamh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn an chomhairle, i dtaca le hidirbheart amháin nó níos mó a bhaineann le cripteashócmhainn, nó seirbhísí cripteashócmhainní a úsáid;

(25) ciallaíonn ‘bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar’ punanna a bhainistiú i gcomhréir le sainorduithe arna dtabhairt ag cliaint ar bhonn lánroghnach cliant-ar-chliant i gcás ina n-áirítear le punanna den sórt sin cripteashócmhainn amháin nó níos mó;

(26) ciallaíonn ‘ seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant’ seirbhísí a sholáthar arb é atá iontu cripteashócmhainní a aistriú, thar ceann duine nádúrtha nó dlítheanach, ó sheoladh nó cuntas mórleabhair dháilte amháin go ceann eile;

(27) ciallaíonn 'comhlacht bainistíochta' comhlacht nó comhlachtaí eisitheora, tairgeora nó duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó comhlacht nó comhlachtaí soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis a shocrú, agus a dhéanann formhaoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta san eintiteas agus áirítear ann nó iontu na daoine a stiúrann gnó an eintitis go héifeachtach;

(28) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a údaraítear faoi Threoir 2013/36/AE;

(29) ciallaíonn 'gnólacht infheistíochta' gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a údaraítear faoi Threoir 2014/65/AE;

(30) ciallaíonn 'infheisteoirí cáilithe' daoine nó eintitis atá liostaithe i Roinn I, pointí (1) go (4), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(31) ciallaíonn 'dlúthbhaint' dlúthbhaint mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (35), de Threoir 2014/65/AE;

(32) ciallaíonn 'cúlchiste sócmhainní' an bascaed cúlsócmhainní lena n-urraítear an t-éileamh i gcoinne an eisitheora;

(33) ciallaíonn 'Ballstát baile':

(a) i gcás ina bhfuil a oifig chláraithe nó a bhrainse san Aontas ag an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an tairgeoir sin nó an duine sin;

(b) i gcás nach bhfuil aon oifig chláraithe san Aontas ag an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, ach go bhfuil brainse amháin nó níos mó aige san Aontas, an Ballstát a roghnaigh an tairgeoir sin nó an duine sin as measc na mBallstát ina bhfuil brainsí aige;

(c) i gcás ina bhfuil an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, bunaithe i dtríú tír agus nach bhfuil aon bhrainse aige san Aontas, an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe na cripteashócmhainní a thairiscint don phobal den chéad uair nó, ar rogha an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, an Ballstát ina ndéantar an chéad iarraidh ar na cripteashócmhainní sin a ligean isteach chun a dtrádála;

(d) i gcás eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha, an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha;

(e) i gcás eisitheoir comharthaí ríomh-airgid, an Ballstát ina bhfuil an t-eisitheoir comharthaí ríomh-airgid údaraithe mar institiúid creidmheasa faoi Threoir 2013/36/AE nó mar institiúid ríomh-airgid faoi Threoir 2009/110/CE;

(f) i gcás soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(34) ciallaíonn 'Ballstát óstach' an Ballstát ina ndearna tairgeoir nó duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó ina bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó ina soláthraíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní, i gcás ina bhfuil sé sin difriúil ón mBallstát baile;

(35) ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás amháin nó níos mó:

(a) arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 93 a bhaineann le tairgeoirí, daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag gach Ballstát chun Treoir 2009/110/CE a chur i bhfeidhm a bhaineann le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid;

(36) ciallaíonn 'sealúchas cáilitheach' sealúchas díreach nó indíreach ar bith in eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha nó i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní arb ionann é agus 10 % ar a laghad den chaipiteal nó de na cearta vótála i gceist, mar a leagtar amach in Airteagail 9 agus 10 de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), faoi seach, agus na coinníollacha maidir le comhiomlánú de a leagtar amach in Airteagal 12(4) agus (5) den Treoir sin á gcur san áireamh, nó a chiallaíonn gur féidir tionchar suntasach a imirt ar bhainistiú an tairgeora comharthaí sócmhainn-tagartha nó ar bhainistiú an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina bhfuil an sealúchas sin ar marthain;

(37) ciallaíonn 'sealbhóir miondíola' aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críoch nach mbaineann le gnó, gnólacht, ceird nó gairm bheatha an duine sin;

(38) ciallaíonn 'comhéadan ar líne' aon bhogearra, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, a oibríonn tairgeoir nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó a oibrítear thar a cheann, agus a fhónann chun rochtain a thabhairt do shealbhóirí cripteashócmhainní ar a gcripteashócmhainní agus chun rochtain a thabhairt do chliaint ar sheirbhísí cripteashócmhainní;

(39) ciallaíonn 'cliant' aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá soláthraíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní;

(40) ciallaíonn 'trádáil bunairgid mheaitseáilte' trádáil bhunairgid mheaitseáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (38), de Threoir 2014/65/AE;

(41) ciallaíonn 'seirbhísí íocaíochta' seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Threoir (AE) 2015/2366;

(42) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí íocaíochta' soláthraí seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (11), de Threoir (AE) 2015/2366;

(43) ciallaíonn 'institiúid ríomh-airgid' institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE;

(44) ciallaíonn 'ríomh-airgead' ríomh-airgead mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2009/110/CE;

(45) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679;

(46) ciallaíonn 'institiúid íocaíochta' institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366;

(47) ciallaíonn 'cuideachta bainistíochta GCUI' cuideachta bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]);

(48) ciallaíonn 'bainisteoir cistí infheistíochta malartacha' BCIM mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]);

(49) ciallaíonn 'ionstraim airgeadais' ionstraim airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (15), de Threoir 2014/65/AE;

(50) ciallaíonn 'taisce' taisce mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3) de Threoir 2014/49/AE;

(51) ciallaíonn 'taisce struchtúraithe"taisce struchtúraithe' taisce struchtúraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (43), de Threoir 2014/65/AE.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 139 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí eilimintí teicniúla de na sainmhínithe a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, agus chun na sainmhínithe sin a chur in oiriúint d'fhorbairtí an mhargaidh agus d'fhorbairtí teicneolaíochta.

([32]) Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

([33]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúchán agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

([34]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

TEIDEAL II

CRIPTEASHÓCMHAINNÍ SEACHAS COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA NÓ COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID

Airteagal 4

Cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a thairiscint don phobal

1. Ní dhéanfaidh duine tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid san Aontas ach amháin más rud é gur fíor an méid seo a leanas i leith an duine sin:

(a) is duine dlítheanach é;

(b) tá páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin tarraingthe suas aige i gcomhréir le hAirteagal 6;

(c) tá fógra faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní tugtha aige i gcomhréir le hAirteagal 8;

(d) tá an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní foilsithe aige i gcomhréir le hAirteagal 9;

(e) tá an chumarsáid mhargaíochta, más ann di, i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin dréachtaithe aige i gcomhréir le hAirteagal 7;

(f) tá an chumarsáid mhargaíochta, más ann di, i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin foilsithe aige i gcomhréir le hAirteagal 9;

(g) comhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos do thairgeoirí in Airteagal 14.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (b), (c), (d) agus (f), maidir le haon cheann de na tairiscintí seo a leanas don phobal ar chripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid:

(a) tairiscint do níos lú ná 150 duine nádúrtha nó dlítheanach in aghaidh an Bhallstáit i gcás ina bhfuil daoine den sórt sin ag gníomhú ar a gcuntas féin;

(b) thar thréimhse 12 mhí, ag tosú le tús na tairisceana, ní mó ná EUR 1 000 000, nó an méid coibhéiseach in airgeadra oifigiúil eile nó i gcripteashócmhainní, comaoin iomlán tairisceana don phobal ar chripteashócmhainn san Aontas;

(c) tairiscint ar chripteashócmhainn atá dírithe ar infheisteoirí cáilithe, agus orthu amháin, i gcás nach féidir ach le hinfheisteoirí cáilithe den sórt sin an chripteashócmhainn a shealbhú.

3. Ní bheidh feidhm ag an Teideal seo maidir le tairiscintí cripteashócmhainní don phobal seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) tairgtear an chripteashócmhainn saor in aisce;

(b) cruthaítear an chripteashócmhainn go huathoibríoch mar luach saothair ar an mórleabhar dáilte a chothabháil nó ar idirbhearta a bhailíochtú;

(c) baineann an tairiscint le comhartha fóntais lena soláthraítear rochtain ar earra nó ar sheirbhís atá ann nó atá ag feidhmiú;

(d) níl an ceart ag sealbhóir na cripteashócmhainne í a úsáid ach amháin mar mhalairt ar earraí agus seirbhísí i líonra teoranta ceannaithe a bhfuil socruithe conarthacha acu leis an tairgeoir.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní mheasfar go bhfuil cripteashócmhainn á tairiscint saor in aisce i gcás ina n-éilítear ar cheannaitheoirí sonraí pearsanta a sholáthar don tairgeoir nó gealltanas a thabhairt sonraí pearsanta a sholáthar don tairgeoir mar mhalairt ar an gcripteashócmhainn sin, nó i gcás ina bhfaigheann tairgeoir na cripteashócmhainne ó shealbhóirí ionchasacha na cripteashócmhainne sin aon táillí, coimisiúin, sochair airgeadaíochta nó sochair neamhairgeadaíochta mar mhalairt ar an gcripteashócmhainn sin.

Más rud é, ar feadh gach tréimhse 12 mhí a thosaíonn ó thús na tairisceana tosaigh don phobal, gur mó ná EUR 1 000 000 comaoin iomlán tairisceana don phobal ar chripteashócmhainn sna himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (d), san Aontas, seolfaidh an tairgeoir fógra chuig an údarás inniúil ina mbeidh tuairisc ar an tairiscint agus ina míneofar cén fáth a bhfuil an tairiscint díolmhaithe ón Teideal seo de bhun na chéad fhomhíre, pointe (d).

Bunaithe ar an bhfógra dá dtagraítear sa tríú fomhír, déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a bhfuil údar cuí leis i gcás ina measann sé nach gcáilíonn an ghníomhaíocht do dhíolúine mar líonra teoranta faoin gcéad fhomhír, pointe (d), agus cuirfidh sé an tairgeoir ar an eolas dá réir sin.

4. Ní bheidh feidhm ag na díolúintí a liostaítear i míreanna 2 agus 3 i gcás ina gcuireann an tairgeoir, nó duine eile atá ag gníomhú thar ceann an tairgeora, in iúl in aon chumarsáid go bhfuil rún aige ligean isteach chun trádáil cripteashócmhainní a iarraidh seachas comhartha sóchmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid.

5. Ní gá údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní de bhun Airteagal 59 chun cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant nó chun seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar i ndáil le cripteashócmhainní a bhfuil a dtairiscintí don phobal díolmhaithe de bhun mhír 3 den Airteagal seo, mura rud é:

(a) go bhfuil tairiscint eile ann don phobal ar an gcripteashócmhainn chéanna agus nach mbaineann an tairiscint sin tairbhe as an díolúine; nó

(b) go ligtear an chripteashócmhainn atá á tairiscint isteach ar ardán trádála.

6. I gcás ina mbaineann an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid le comhartha fóntais lena dtugtar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil ann go fóill nó nach bhfuil ag feidhmiú go fóill, ní bheidh fad na tairisceana don phobal mar a thugtar tuairisc air sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní níos faide ná 12 mhí ó dháta foilsithe an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní.

7. Aon tairiscint don phobal a dhéantar ina dhiaidh sin ar an gcripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, measfar gur tairiscint ar leithligh don phobal í a bhfuil feidhm ag ceanglais mhír 1 maidir léi, gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha mhír 2 nó 3 maidir leis an tairiscint don phobal ina dhiaidh sin.

Ní bheidh aon pháipéar bán breise maidir le cripteashócmhainní ag teastáil le haghaidh aon tairiscint don phobal ina dhiaidh sin ar an gcripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid fad a bheidh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní foilsithe i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 12, agus a thoileoidh an duine atá freagrach as páipéar bán den sórt sin a tharraingt suas lena úsáid i scríbhinn.

8. I gcás ina bhfuil tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid díolmhaithe ón oibleagáid páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhoilsiú faoi mhír 2 nó 3, ach ina ndéantar páipéar bán a tharraingt suas go deonach mar sin féin, beidh feidhm ag an Teideal seo.

Airteagal 5

Ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid

1. Ní iarrfaidh duine go ligfí isteach cripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid chun a trádála laistigh den Aontas ach amháin más rud é gur fíor an méid seo a leanas i leith an duine sin:

(a) is duine dlítheanach é;

(b) tá páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin tarraingthe suas aige i gcomhréir le hAirteagal 6;

(c) tá fógra faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní tugtha aige i gcomhréir le hAirteagal 8;

(d) tá an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní foilsithe aige i gcomhréir le hAirteagal 9;

(e) tá an chumarsáid mhargaíochta, más ann di, i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin dréachtaithe aige i gcomhréir le hAirteagal 7;

(f) tá an chumarsáid mhargaíochta, más ann di, i dtaca leis an gcripteashócmhainn sin foilsithe aige i gcomhréir le hAirteagal 9;

(g) comhlíonann sé na ceanglais do dhaoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála a leagtar síos in Airteagal 14.

2. Nuair a ligtear cripteashócmhainn isteach chun a trádála ar thionscnamh oibreora ardáin trádála agus nár foilsíodh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 9 sna cásanna a cheanglaítear leis an Rialachán seo, comhlíonfaidh oibreoir an ardáin trádála sin le haghaidh cripteashócmhainní na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

3. De mhaolú ar mhír 1, duine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid chun a trádála agus oibreoir an ardáin trádála lena mbaineann, féadfaidh siad a chomhaontú i scríbhinn gurb é oibreoir an ardáin trádála é a mbeidh sé de cheangal air na ceanglais uile dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) go (g), nó cuid díobh, a chomhlíonadh.

Luafar go soiléir sa chomhaontú i scríbhinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo go bhfuil sé de cheangal ar an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige an fhaisnéis uile is gá a sholáthar d'oibreoir an ardáin trádála chun a chur ar chumas an oibreora sin na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) go (g), a chomhlíonadh, de réir mar is infheidhme.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (b), (c) agus (d), sna cásanna seo a leanas:

(a) tá an chripteashócmhainn ligthe isteach chun a trádála cheana ar ardán trádála eile le haghaidh cripteashócmhainní san Aontas; agus

(b) déantar an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 6, arna nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 12, agus toilíonn an duine atá freagrach as páipéar bán den sórt sin a tharraingt suas lena úsáid i scríbhinn.

Airteagal 6

Inneachar agus foirm an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní

1. Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn I:

(a) faisnéis faoin tairgeoir nó faoin duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

(b) faisnéis faoin eisitheoir, más rud é nach ionann é agus an tairgeoir nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

(c) faisnéis faoi oibreoir an ardáin trádála i gcásanna ina dtarraingíonn sé suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(d) faisnéis faoin tionscadal cripteashócmhainní;

(e) faisnéis faoin tairiscint don phobal ar an gcripteashócmhainn nó faoina ligean isteach chun a trádála;

(f) faisnéis faoin gcripteashócmhainn;

(g) faisnéis faoi na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an gcripteashócmhainn;

(h) faisnéis faoin mbunteicneolaíocht;

(i) faisnéis faoi na rioscaí;

(j) faisnéis faoi na drochthionchair phríomha ar an aeráid agus faoi dhrochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a eisiúint.

I gcásanna nach iad na daoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a tharraingíonn suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, áireofar freisin sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní céannacht an duine a tharraing suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus an chúis ar tharraing an duine áirithe sin suas é.

2. Beidh an fhaisnéis uile a liostaítear i mír 1 cothrom agus soiléir agus ní bheidh sí míthreorach. Ní bheidh aon easnaimh ábhartha sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus cuirfear i láthair é i bhfoirm ghonta agus intuigthe.

3. Beidh an ráiteas soiléir feiceálach seo a leanas ar an gcéad leathanach den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní:

'Níl an páipéar bán seo maidir le cripteashócmhainní formheasta ag aon údarás inniúil in aon Bhallstát den Aontas Eorpach. Is é tairgeoir na cripteashócmhainne, agus eisean amháin, atá freagrach as inneachar an pháipéir bháin seo maidir le cripteashócmhainní.'.

I gcás inarb é an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó oibreoir ardáin trádála a tharraingíonn suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, ansin, in ionad 'tairgeoir na gcripteashócmhainní', áireofar tagairt do 'an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach na cripteashócmhainní chun a dtrádála' nó 'oibreoir ardán trádála na gcripteashócmhainní' sa ráiteas dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Ní bheidh aon dearbhuithe sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a mhéid a bhaineann le luach na cripteashócmhainne sa todhchaí, seachas an ráiteas dá dtagraítear i mír 5.

5. Beidh ráiteas soiléir gan débhrí maidir leis na nithe seo a leanas sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní:

(a) féadfaidh an chripteashócmhainn a luach a chailleadh i bpáirt nó go hiomlán;

(b) féadfaidh sé nach mbeidh an chripteashócmhainn inaistrithe i gcónaí;

(c) féadfaidh sé nach cripteashócmhainn leachtach í an chripteashócmhainn;

(d) i gcás ina mbaineann an tairiscint don phobal le comhartha fóntais, féadfaidh sé nach mbeifear in ann an comhartha fóntais sin a mhalartú ar an earra nó ar an tseirbhís a ghealltar sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, go háirithe i gcás ina gcliseann ar an tionscadal cripteashócmhainní nó nach leantar de a thuilleadh;

(e) ní chumhdaítear an chripteashócmhainn leis na scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí faoi Threoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([35]);

(f) ní chumhdaítear an chripteashócmhainn leis na scéimeanna ráthaithe taiscí faoi Threoir 2014/49/AE.

6. Beidh ráiteas ó chomhlacht bainistíochta an tairgeora, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó oibreoir an ardáin trádála sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Deimhneofar leis an ráiteas sin, a chuirfear isteach tar éis an ráitis dá dtagraítear i mír 3, go gcomhlíonann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní an Teideal seo agus, chomh fada agus is eol don chomhlacht bainistíochta, go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní cothrom agus soiléir agus nach bhfuil sí míthreorach agus nach bhfuil aon easnamh sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

7. Beidh achoimre sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, a chuirfear isteach tar éis an ráitis dá dtagraítear i mír 6, ina dtabharfar, i dteanga ghonta agus neamhtheicniúil, faisnéis bhunriachtanach faoin tairiscint don phobal ar an gcripteashócmhainn nó faoi ligean isteach na cripteashócmhainne sin chun a trádála atá beartaithe. Beidh an achoimre sothuigthe agus déanfar í a chur i láthair agus a leagan amach i bhformáid shoiléir chuimsitheach, agus úsáid á baint as carachtair atá inléite ó thaobh méide de. San achoimre ar an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainn, tabharfar faisnéis iomchuí faoi shaintréithe na cripteashócmhainne lena mbaineann chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha na cripteashócmhainne cinneadh feasach a dhéanamh.

Beidh rabhadh maidir leis na nithe seo a leanas san achoimre:

(a) ba cheart í a léamh mar réamhrá don pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(b) ba cheart don sealbhóir ionchasach aon chinneadh maidir le ceannach na cripteashócmhainne a bhunú ar inneachar an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní ar an iomlán agus níor cheart dó aon chinneadh den sórt sin a bhunú ar an achoimre amháin;

(c) ní hionann an tairiscint don phobal ar an gcripteashócmhainn agus tairiscint nó sirtheoireacht chun ionstraimí airgeadais a cheannach agus ní féidir aon tairiscint nó sirtheoireacht den sórt sin a dhéanamh ach amháin trí bhíthin réamheolaire nó doiciméid tairisceana eile de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

(d) ní hionann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus réamheolaire amhail dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([36]) ná aon doiciméad tairisceana eile de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

8. Beidh dáta a fhógra agus clár ábhar sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

9. Tarraingeofar suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit baile, nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

I gcás ina dtairgtear an chripteashócmhainn freisin i mBallstát seachas an Ballstát baile, tarraingeofar suas freisin an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit óstaigh, nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

10. Cuirfear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite.

11. Déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 10.

([35]) Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22).

([36]) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

12. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (j), i leith na dtáscairí inbhuanaitheachta i ndáil le drochthionchair ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt aige, breithneoidh ESMA na cineálacha éagsúla sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta i gcripteashócmhainní a bhailíochtú, a struchtúir dreasachta agus úsáid fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus acmhainní nádúrtha, táirgeadh dramhaíola agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Déanfaidh ESMA na caighdeáin theicniúla rialála sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíocha.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 7

Cumarsáid mhargaíochta

1. Le haon chumarsáid mhargaíochta a bhaineann le tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó a bhaineann le cripteashócmhainn den sórt sin a ligean isteach chun a trádála, comhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) táthar in ann a aithint go soiléir gur cumarsáid mhargaíochta atá ann;

(b) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta cothrom agus soiléir agus níl sí míthreorach;

(c) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, i gcás ina n-éilítear páipéar bán maidir le cripteashócmhainní den sórt sin de bhun Airteagal 4 nó 5;

(d) luaitear go soiléir sa chumarsáid mhargaíochta gur foilsíodh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus léirítear go soiléir inti seoladh shuíomh gréasáin an tairgeora, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó oibreoir an ardáin trádála le haghaidh na cripteashócmhainne lena mbaineann, chomh maith le huimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist chun teagmháil a dhéanamh leis an duine sin;

(e) tá an ráiteas soiléir feiceálach seo a leanas sa chumarsáid mhargaíochta:

'Níl athbhreithniú déanta ag aon údarás inniúil in aon Bhallstát den Aontas Eorpach ar an gcumarsáid mhargaíochta seo maidir le cripteashócmhainní ná níl sé formheasta ag aon údarás inniúil den sórt sin. Is é tairgeoir na cripteashócmhainne, agus eisean amháin, atá freagrach as inneachar na cumarsáide margaíochta seo maidir le cripteashócmhainní.'.

I gcás inarb é an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó oibreoir ardáin trádála a ullmhaíonn an chumarsáid mhargaíochta, ansin, in ionad 'tairgeoir na gcripteashócmhainní', áireofar tagairt do 'an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach na cripteashócmhainní chun a dtrádála' nó 'oibreoir ardán trádála na gcripteashócmhainní' sa ráiteas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (e).

2. I gcás ina bhfuil gá le páipéar bán maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 4 nó 5, ní scaipfear aon chumarsáid mhargaíochta sula bhfoilseofar an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Ní dhéanfar difear do chumas an tairgeora, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó oibreora ardáin trádála sondálacha margaidh a dhéanamh.

3. Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil an Bhallstáit ina scaiptear an chumarsáid mhargaíochta measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá mír 1 á comhlíonadh i ndáil leis an gcumarsáid mhargaíochta sin.

I gcás inar gá, beidh údarás inniúil an Bhallstáit baile de chúnamh ag údarás inniúil an Bhallstáit ina scaiptear an chumarsáid mhargaíochta maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na cumarsáide margaíochta leis an bhfaisnéis atá sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

4. Maidir le leas a bhaint as aon cheann de na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha a leagtar amach in Airteagal 94 i ndáil le forfheidhmiú an Airteagail seo ag údarás inniúil Ballstáit óstaigh, tabharfar fógra ina leith sin gan moill mhíchuí don údarás inniúil i mBallstát baile an tairgeora, don duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó d'oibreoir an ardáin trádála le haghaidh na gcripteashócmhainní.

Airteagal 8

Fógra a thabhairt faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus faoin gcumarsáid mhargaíochta

1. Tairgeoirí, daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, nó oibreoirí ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, déanfaidh siad fógra a thabhairt faoina bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní d'údarás inniúil a mBallstáit baile.

2. Tabharfar fógra faoi chumarsáid mhargaíochta, arna iarraidh sin, d'údarás inniúil an Bhallstáit baile agus d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh nuair a dhírítear iad chuig sealbhóirí ionchasacha cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid sna Ballstáit sin.

3. Ní éileoidh údaráis inniúla go ndéanfar páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní, ná aon chumarsáid mhargaíochta lena mbaineann, a fhormheas roimh ré sula bhfoilseofar iad faoi seach.

4. Cuirfear ag gabháil leis an bhfógra faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear i mír 1 míniú i dtaobh cén fáth nár cheart an chripteashócmhainn a dtugtar tuairisc uirthi sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a mheas mar a leanas:

(a) cripteashócmhainn arna heisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(4),

(b) comhartha ríomh-airgid; nó

(c) comhartha sócmhainn-tagartha.

5. Tabharfar fógra faoi na heilimintí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 d'údarás inniúil an Bhallstáit baile 20 lá oibre ar a laghad roimh dháta foilsithe an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní.

6. Tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, soláthróidh siad, in éineacht leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, liosta de na Ballstáit óstacha, más ann dóibh, d'údarás inniúil a mBallstáit baile, i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu a gcripteashócmhainní a thairiscint don phobal nó ina bhfuil sé beartaithe acu ligean isteach chun trádála a iarraidh. Cuirfidh siad údarás inniúil a mBallstáit baile ar an eolas freisin faoi dháta tosaigh na tairisceana beartaithe don phobal nó dáta an ligin isteach chun trádála atá beartaithe agus faoi aon athrú ar an dáta sin.

Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra do phointe teagmhála aonair na mBallstát óstach faoin tairiscint bheartaithe don phobal nó faoin ligean isteach chun trádála atá beartaithe agus cuirfidh sé in iúl don phointe teagmhála aonair sin an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní lena mbaineann laistigh de 5 lá oibre ón liosta de na Ballstáit óstacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil.

7. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile in iúl do ESMA an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 mar aon le dáta tosaigh na tairisceana beartaithe don phobal nó an ligean isteach chun trádála atá beartaithe agus aon athrú ar an dáta sin. Cuirfidh sé faisnéis den sórt sin in iúl laistigh de 5 lá oibre ón bhfaisnéis sin a fháil ón tairgeoir nó ón duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige.

Cuirfidh ESMA an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar fáil sa chlár, faoi Airteagal 109(2), faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal nó an ligin isteach chun trádála.

Airteagal 9

Páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhoilsiú agus cumarsáid mhargaíochta a fhoilsiú

1. Tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, foilseoidh siad a bpáipéir bhána maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, a gcumarsáid mhargaíochta, ar a suíomh gréasáin, a mbeidh rochtain ag an bpobal air, tráth réasúnach roimh an tairiscint don phobal ar na cripteashócmhainní sin nó ligean isteach na gcripteashócmhainní sin chun a dtrádála, agus, in aon chás, roimh dháta tosaigh na tairisceana don phobal ar na cripteashócmhainní sin nó ligean isteach na gcripteashócmhainní sin chun a dtrádála. Beidh na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid mhargaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin na dtairgeoirí nó na ndaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu chomh fada agus atá na cripteashócmhainní á sealbhú ag an bpobal.

2. Beidh na páipéir bhána fhoilsithe maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid mhargaíochta fhoilsithe comhionann leis an leagan a dtugtar fógra ina leith don údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 8 nó, i gcás inarb infheidhme, leis an leagan a mhodhnaítear i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 10

Toradh na tairisceana don phobal agus na socruithe coimirce

1. Tairgeoirí cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a leagann teorainn ama síos maidir lena dtairiscint don phobal ar na cripteashócmhainní sin, foilseoidh siad ar a suíomh gréasáin toradh na tairisceana don phobal laistigh de 20 lá oibre ó dheireadh na tréimhse suibscríbhinne.

2. Tairgeoirí cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid nach leagann teorainn ama síos maidir lena dtairiscint don phobal ar na cripteashócmhainní sin, foilseoidh siad ar a suíomh gréasáin ar bhonn leanúnach, ar bhonn míosúil ar a laghad, líon aonaid na gcripteashócmhainní atá i gcúrsaíocht.

3. Tairgeoirí cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a leagann teorainn ama síos maidir lena dtairiscint don phobal ar na cripteashócmhainní sin, beidh socruithe éifeachtacha i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar na cistí nó ar chripteashócmhainní eile a chruinnítear le linn na tairisceana don phobal agus chun na cistí nó cripteashócmhainní eile sin a choimirciú. Chun na críche sin, áiritheoidh na tairgeoirí sin go gcoimeádfaidh ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas faoi chumhdach na cistí nó cripteashócmhainní a chruinnítear le linn na tairisceana don phobal:

(a) institiúid creidmheasa, ina mbailítear cistí le linn na tairisceana don phobal;

(b) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainne a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant.

4. Nuair nach bhfuil aon teorainn ama leis an tairiscint don phobal, comhlíonfaidh an tairgeoir mír 3 den Airteagal seo go dtí go rachaidh ceart tarraingthe siar an tsealbhóra miondíola de bhun Airteagal 13 in éag.

Airteagal 11

Cearta tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainní-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid

1. Tar éis an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 9 agus, i gcás inarb infheidhme, tar éis an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 12, féadfaidh tairgeoirí cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a thairiscint ar fud an Aontais agus féadfar cripteashócmhainní den sórt sin a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní san Aontas.

2. Tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a d'fhoilsigh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 9 agus, i gcás inarb infheidhme, páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 12, ní bheidh siad faoi réir aon cheanglais bhreise faisnéise maidir leis an tairiscint don phobal nó maidir leis an gcripteashócmhainn sin a ligean isteach chun a trádála.

Airteagal 12

Modhnú ar pháipéir bhána fhoilsithe maidir le cripteashócmhainní agus ar chumarsáid mhargaíochta fhoilsithe

1. Tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoirí ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, modhnóidh siad a bpáipéir bhána fhoilsithe maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, a gcumarsáid mhargaíochta fhoilsithe, aon uair atá toisc nua shuntasach, botún ábhartha nó míchruinneas ábhartha ann a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mheasúnú na gcripteashócmhainní. Beidh feidhm ag an gceanglas sin ar feadh ré na tairisceana don phobal nó chomh fada a ligtear an chripteashócmhainn isteach chun a trádála.

2. Tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoirí ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, tabharfaidh siad fógra faoin bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainn agus, i gcás inarb infheidhme, faoi chumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta, agus faoin dáta foilsithe atá beartaithe, d'údarás inniúil a mBallstáit baile, lena n-áirítear na cúiseanna le modhnú den sórt sin, 7 lá oibre ar a laghad sula bhfoilseofar iad.

3. Ar dháta an fhoilsithe, nó níos luaithe má éilíonn an t-údarás inniúil é, cuirfidh an tairgeoir, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó oibreoir an ardáin trádála an pobal ar an eolas láithreach ar a shuíomh gréasáin go bhfuil fógra faoi pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní tugtha aige d'údarás inniúil a Bhallstáit baile agus soláthróidh sé achoimre ar na cúiseanna ar thug sé fógra faoi pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní.

4. Beidh ord na faisnéise i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainn agus, i gcás inarb infheidhme, i gcumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó sa chumarsáid mhargaíochta a foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 9.

5. Laistigh de 5 lá oibre ón bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, ón gcumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta a fháil, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra faoin bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, faoin gcumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta d'údarás inniúil na mBallstát óstach dá dtagraítear in Airteagal 8(6) agus cuirfidh sé an fógra agus an dáta foilsithe in iúl do ESMA.

Déanfaidh ESMA an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a chur ar fáil sa chlár, faoi Airteagal 109(2), tráth a fhoilsithe.

6. Tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu nó oibreoirí ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, foilseoidh siad an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainn agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta, lena n-áirítear na cúiseanna le modhnú den sórt sin, ar a suíomh gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 9.

7. Beidh stampa ama ar an bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainn agus, i gcás inarb infheidhme, ar an gcumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta. Marcálfar an páipéar bán modhnaithe is déanaí maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta mar an leagan is infheidhme. Beidh na páipéir bhána mhodhnaithe ar fad maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta ar fad ar fáil chomh fada agus atá na cripteashócmhainní á sealbhú ag an bpobal.

8. I gcás ina mbaineann an tairiscint don phobal le comhartha fóntais lena dtugtar rochtain ar earraí agus seirbhísí nach bhfuil ann go fóill nó nach bhfuil ag feidhmiú go fóill, ní fhadófar an teorainn ama de 12 mhí dá dtagraítear in Airteagal 4(6) leis na hathruithe a dhéantar sa pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, sa chumarsáid mhodhnaithe mhargaíochta.

9. Leanfaidh leaganacha níos sine den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus den chumarsáid mhargaíochta de bheith ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na dtairgeoirí, na ndaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoirí na n-ardán trádála, go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis dháta foilsithe na leaganacha níos sine sin, agus rabhadh feiceálach leo á rá nach bhfuil siad bailí a thuilleadh agus le hipearnasc chuig an roinn thiomnaithe ar an suíomh gréasáin ina bhfoilsítear an leagan is déanaí de na doiciméid sin.

Airteagal 13

Ceart chun tarraingt siar

1. Beidh ceart chun tarraingt siar ag sealbhóirí miondíola a cheannaíonn cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, go díreach ó thairgeoir nó ó sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní thar ceann an tairgeora sin.

Beidh tréimhse 14 lá féilire ag sealbhóirí miondíola ar lena linn ar féidir leo tarraingt siar óna gcomhaontú chun cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a cheannach gan aon táillí ná costais a thabhú agus gan ceangal a bheith orthu cúiseanna a thabhairt. Tosóidh an tréimhse chun tarraingt siar a dhéanamh ón lá a chomhaontaíonn an sealbhóir miondíola na cripteashócmhainní sin a cheannach.

2. Aisíocfar gach íocaíocht a fuarthas ó shealbhóir miondíola, lena n-áirítear, más infheidhme, aon mhuirir, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a gcuirtear an tairgeoir nó an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní thar ceann an tairgeora sin ar an eolas faoi chinneadh an tsealbhóra miondíola tarraingt siar ón gcomhaontú chun na cripteashócmhainní sin a cheannach.

Déanfar aisíocaíocht den sórt sin trí úsáid a bhaint as na modhanna íocaíochta céanna a d'úsáid an sealbhóir miondíola don idirbheart tosaigh, ach amháin má chomhaontaíonn an sealbhóir miondíola a mhalairt go sainráite agus ar choinníoll nach dtabhóidh an sealbhóir miondíola aon táillí ná costais mar thoradh ar aisíocaíocht den sórt sin.

3. Soláthróidh tairgeoirí cripteashócmhainní faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 ina bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

4. Ní bheidh feidhm ag an gceart chun tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 i gcás inar ligeadh na cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála sular cheannaigh an sealbhóir miondíola iad.

5. I gcás ina bhfuil teorainn ama maidir lena dtairiscint don phobal ar chripteashócmhainní den sórt sin leagtha síos ag tairgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 10, ní fheidhmeofar an ceart chun tarraingt siar tar éis dheireadh na tréimhse suibscríbhinne.

Airteagal 14

Oibleagáidí tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainní-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid

1. I gcás tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid:

(a) gníomhóidh siad ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil;

(b) déanfaidh siad cumarsáid le sealbhóirí agus sealbhóirí ionchasacha na gcripteashócmhainní ar bhealach atá cothrom agus soiléir agus nach bhfuil míthreorach;

(c) déanfaidh siad aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh;

(d) coimeádfaidh siad a gcórais uile agus a bprótacail rochtana slándála uile ar bun i gcomhréir le caighdeáin iomchuí an Aontais.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, eiseoidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, faoin 30 Nollaig 2024 treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun na caighdeáin sin de chuid an Aontais a shonrú.

2. Tairgeoirí agus daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, gníomhóidh siad chun leasa na sealbhóirí cripteashócmhainní sin agus caithfidh siad mar an gcéanna leo ar fad, ach amháin má nochtar aon chóir fhabhrach do shealbhóirí sonracha agus na cúiseanna leis an gcóir fhabhrach sin sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, sa chumarsáid mhargaíochta.

3. I gcás ina ndéantar tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid a chur ar ceal, áiritheoidh tairgeoirí cripteashócmhainne den sórt sin go dtugtar ar ais go cuí aon chistí a bhailítear ó shealbhóirí nó ó shealbhóirí ionchasacha tráth nach déanaí ná 25 lá féilire tar éis dháta an chealaithe.

Airteagal 15

Dliteanas i leith na faisnéise a thugtar i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní

1. I gcás inar sháraigh tairgeoir, duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó oibreoir ardáin trádála Airteagal 6 trí fhaisnéis a sholáthar ina pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir nó atá míthreorach, beidh an tairgeoir sin, an duine sin a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó an t-oibreoir ardáin trádála sin agus comhaltaí a chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta faoi dhliteanas do shealbhóir na cripteashócmhainne as aon chaillteanas a thabhaítear mar gheall ar an sárú sin.

2. Bainfear éifeacht dhlíthiúil d'aon eisiamh conarthach nó teorannú ar dhliteanas sibhialta dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás ina n-ullmhaíonn oibreoir an ardáin trádála an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus an chumarsáid mhargaíochta i gcomhréir le hAirteagal 5(3), is é an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige a bheidh freagrach freisin nuair a sholáthraíonn sé faisnéis nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir, nó atá míthreorach d'oibreoir an ardáin trádála.

4. Beidh sé de fhreagracht ar shealbhóir na cripteashócmhainne fianaise a chur i láthair lena léirítear gur sháraigh an tairgeoir, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó oibreoir an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid Airteagal 6 trí fhaisnéis a sholáthar nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir, nó atá míthreorach agus gur imríodh tionchar ar chinneadh an tsealbhóra an chripteashócmhainn sin a cheannach, a dhíol nó a mhalartú mar gheall ar bheith ag brath ar fhaisnéis den sórt sin.

5. An tairgeoir, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aigeaige, nó oibreoir an ardáin trádála agus comhaltaí a chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ní bheidh siad faoi dhliteanas do shealbhóir cripteashócmhainne i leith caillteanais a thabhaítear mar thoradh ar bheith ag brath ar an bhfaisnéis arna soláthar in achoimre dá dtagraítear in Airteagal 6(7), lena n-áirítear aon aistriúchán uirthi, ach amháin i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an achoimre:

(a) tá sí míthreorach, míchruinn nó neamhréireach nuair a léitear in éineacht leis na codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í; nó

(b) nuair a léitear in éineacht le codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í, ní sholáthraítear léi faisnéis bhunriachtanach chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha na cripteashócmhainne agus breithniú á dhéanamh acu an gceannóidh siad cripteashócmhainn den sórt sin.

6. Ní dochar an tAirteagal seo d'aon dliteanas sibhialta eile de bhun an dlí náisiúnta.

TEIDEAL III

COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA

CAIBIDIL 1

Údarú chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal agus chun a iarraidh go ligfí isteach chun a dtrádála iad

Airteagal 16

Údarú

1. Ní dhéanfaidh duine tairiscint don phobal ar chomhartha sócmhainn-tagartha, ná ní iarrfaidh sé go ligfí isteach chun a thrádála é, laistigh den Aontas, ach amháin más rud é gurb é eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin an duine sin agus gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) is duine dlítheanach nó gnóthas eile é atá bunaithe san Aontas agus atá údaraithe ag údarás inniúil a Bhallstáit baile i gcomhréir le hAirteagal 21; nó

(b) is institiúid creidmheasa a chomhlíonann Airteagal 17 é.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ar thoiliú i scríbhinn ón eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha, féadfaidh daoine eile an comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach é chun a thrádála. Comhlíonfaidh na daoine sin Airteagail 27, 29 agus 40.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní fhéadfaidh gnóthais eile comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint ach amháin má áirithítear leis an bhfoirm dhlíthiúil atá acu leibhéal cosanta do leasanna tríú páirtithe atá coibhéiseach leis an leibhéal a thugann daoine dlítheanacha agus má tá siad faoi réir maoirseacht stuamachta choibhéiseach is iomchuí dá bhfoirm dhlíthiúil.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) thar thréimhse 12 mhí, arna ríomh ag deireadh gach lae féilire, ní sháraíonn meánluach gan íoc an chomhartha sócmhainn-tagartha arna eisiúint ag eisitheoir EUR 5 000 000 riamh, nó an méid coibhéiseach in airgeadra oifigiúil eile, agus níl an t-eisitheoir nasctha le líonra eisitheoirí díolmhaithe eile; nó

(b) is chuig infheisteoirí cáilithe amháin a dhírítear an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha agus ní féidir ach le hinfheisteoirí cáilithe den sórt sin an comhartha sócmhainn-tagartha a shealbhú.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an mír seo, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá bhforáiltear in Airteagal 19 a tharraingt suas agus tabharfaidh siad fógra faoin bpáipéar bán sin maidir le cripteashócmhainní agus, arna iarraidh sin, faoi aon chumarsáid mhargaíochta, d'údarás inniúil a mBallstáit baile.

3. Beidh an t-údarú a thugann an t-údarás inniúil do dhuine dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), bailí don Aontas ar fad agus ceadóidh sé d'eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha an comhartha sócmhainn-tagartha a bhfuil sé údaraithe ina leith a thairiscint don phobal, ar fud an Aontais, nó a iarraidh go ligfí isteach comhartha sócmhainn-tagartha den sórt sin chun a thrádála.

4. An ceadú a thugann an t-údarás inniúil do pháipéar bán de chuid eisitheora maidir le cripteashócmhainní faoi Airteagal 17(1) nó Airteagal 21(1) nó don pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainn faoi Airteagal 25, beidh sé bailí ar fud an Aontais.

Airteagal 17

Ceanglais ar institiúidí creidmheasa

1. Féadfar comhartha sócmhainn-tagartha arna eisiúint ag institiúid creidmheasa a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a thrádála má dhéanann an institiúid creidmheasa an méid seo a leanas:

(a) páipéar bán maidir le cripteashócmhainní amhail dá dtagraítear in Airteagal 19 a tharraingt suas le haghaidh an chomhartha sócmhainn-tagartha, an páipéar bán sin maidir le cripteashócmhainní a thíolacadh lena fhormheas ag údarás inniúil a Ballstáit baile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun mhír 8 den Airteagal seo, agus formheas a fháil ón údarás inniúil maidir leis an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(b) fógra a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann, 90 lá oibre ar a laghad roimh an gcomhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint den chéad uair, tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar dó:

(i) clár oibríochtaí, ina leagtar amach an tsamhail ghnó a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa a leanúint;

(ii) tuairim dhlíthiúil nach gcáilíonn an comhartha sócmhainn-tagartha mar cheachtar díobh seo a leanas:

— cripteashócmhainn atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(4);

— comhartha ríomh-airgid;

(iii) tuairisc mhionsonraithe ar na socruithe rialachais dá dtagraítear in Airteagal 34(1);

(iv) na beartais agus na nósanna imeachta a liostaítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír;

(v) tuairisc ar na socruithe conarthacha le heintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an dara fomhír;

(vi) tuairisc ar an mbeartas leanúnachais gnó dá dtagraítear in Airteagal 34(9);

(vii) tuairisc ar na sásraí rialaithe inmheánaigh agus na nósanna imeachta um bainistiú riosca dá dtagraítear in Airteagal 34(10);

(viii) tuairisc ar na córais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34(11) a choimirciú.

2. Institiúid creidmheasa a thug fógra roimhe sin don údarás inniúil i gcomhréir le mír 1, pointe (b), agus comhartha sócmhainn-tagartha eile á eisiúint aici, ní cheanglófar uirthi aon fhaisnéis a thíolaic sí roimhe sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil i gcás ina mbeadh faisnéis den sórt sin comhionann. Agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 1, pointe (b), á tíolacadh, deimhneoidh an institiúid creidmheasa go sainráite go bhfuil aon fhaisnéis nár tíolacadh arís cothrom le dáta fós.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil a fhaigheann fógra dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), measúnú, laistigh de 20 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis atá liostaithe ann a fháil, i dtaobh ar soláthraíodh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin bpointe sin. I gcás ina dtagann an t-údarás inniúil ar an tátal nach bhfuil fógra comhlánaithe toisc go bhfuil faisnéis in easnamh, cuirfidh sé an institiúid creidmheasa a thug fógra ar an eolas faoi sin láithreach agus leagfaidh sé síos spriocdháta faoina gceanglófar ar an institiúid creidmheasa sin an fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar.

Ní bheidh an spriocdháta chun aon fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar níos faide ná 20 lá oibre ó dháta na hiarrata. Go dtí go rachaidh an spriocdháta sin in éag, cuirfear an tréimhse a leagtar síos le mír 1, pointe (b), ar fionraí. Beidh sé de rogha ag an údarás inniúil aon iarrataí breise a dhéanamh ar chomhlánú nó soiléiriú na faisnéise ach ní chuirfear an tréimhse a leagtar síos le mír 1, pointe (b), ar fionraí dá mbarr.

Ní dhéanfaidh an institiúid creidmheasa tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha ná ní iarrfaidh sí go ligfí isteach an comhartha sócmhainn-tagartha chun a thrádála fad is atá an fógra neamhchomhlánaithe.

4. Ní bheidh institiúid creidmheasa a eisíonn comharthaí sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, faoi réir Airteagail 16, 18, 20, 21, 24, 35, 41 agus 42.

5. Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl do BCE gan mhoill an fhaisnéis iomlán a fuarthas faoi mhír 1 agus, i gcás ina bhfuil an institiúid creidmheasa bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil aige nó i gcás ina bhfuil airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha, do bhanc ceannais an Bhallstáit sin freisin.

Déanfaidh BCE agus, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Bhallstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír, laistigh de 20 lá oibre ón bhfaisnéis iomlán a fháil, tuairim a eisiúint maidir leis an bhfaisnéis sin agus an tuairim sin a tharchur chuig an údarás inniúil.

Cuirfidh an t-údarás inniúil de cheangal ar an institiúid creidmheasa gan an comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach chun a thrádála é i gcásanna ina dtugann BCE nó, i gcás inarb infheidhme, banc ceannais an Bhallstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír tuairim dhiúltach ar an bhforas go bhfuil riosca ann d'oibriú rianúil córas íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta nó ceannasacht airgeadaíochta.

6. Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl do ESMA an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 109(3) tar éis iomláine na faisnéise a fhaightear faoi mhír 1 den Airteagal seo a fhíorú.

Cuirfidh ESMA faisnéis den sórt sin ar fáil sa chlár, faoi Airteagal 109(3), faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal nó an ligin isteach chun trádála.

7. Cuirfidh an t-údarás inniúil ábhartha in iúl do ESMA, laistigh de 2 lá oibre tar éis an t-údarú a tharraingt siar, gur tarraingíodh siar údarú institiúide creidmheasa a eisíonn comharthaí sócmhainn-tagartha. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis ar tharraingt siar den sórt sin ar fáil sa chlár faoi Airteagal 109(3) gan moill mhíchuí.

8. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú tuilleadh a dhéanamh ar an nós imeachta chun páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a fhormheas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 18

Iarratas ar údarú

1. Daoine dlítheanacha nó gnóthais eile a bhfuil sé beartaithe acu comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála, déanfaidh siad a n-iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 16 a chur faoi bhráid údarás inniúil a mBallstáit baile.

2. Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas san iarratas dá dtagraítear i mír 1:

(a) seoladh an eisitheora is iarratasóir;

(b) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eisitheora is iarratasóir;

(c) airteagail chomhlachais an eisitheora is iarratasóir, i gcás inarb infheidhme;

(d) clár oibríochtaí, ina leagtar amach an tsamhail ghnó a bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir í a leanúint;

(e) tuairim dhlíthiúil nach gcáilíonn an comhartha sócmhainn-tagartha mar cheachtar díobh seo a leanas:

(i) cripteashócmhainn atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(4); nó

(ii) comhartha ríomh-airgid;

(f) tuairisc mhionsonraithe ar shocruithe rialachais an eisitheora is iarratasóir dá dtagraítear in Airteagal 34(1);

(g) i gcás inarb ann do shocruithe comhair le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sonracha, tuairisc ar a sásraí rialaithe inmheánaigh agus ar a nósanna imeachta um rialú inmheánach chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a áirithiú maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc faoi Threoir (AE) 2015/849;

(h) céannacht chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an eisitheora is iarratasóir;

(i) cruthúnas go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar na daoine dá dtagraítear i bpointe (h) agus go bhfuil an t-eolas iomchuí, na scileanna iomchuí agus an taithí iomchuí acu chun an t-eisitheoir is iarratasóir a bhainistiú;

(j) cruthúnas go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar aon scairshealbhóir nó comhalta, bíodh sé díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchas cháilitheach aige san eisitheoir is iarratasóir;

(k) páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 19;

(l) na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír;

(m) tuairisc ar na socruithe conarthacha leis na heintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an dara fomhír;

(n) tuairisc ar bheartas leanúnachais gnó an eisitheora is iarratasóir dá dtagraítear in Airteagal 34(9);

(o) tuairisc ar shásraí rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta um bainistiú riosca dá dtagraítear in Airteagal 34 (10);

(p) tuairisc ar na córais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí dá dtagraítear in Airteagal 34(11) a choimirciú;

(q) tuairisc ar nósanna imeachta láimhseála gearán an eisitheora is iarratasóir dá dtagraítear in Airteagal 31;

(r) i gcás inarb infheidhme, liosta de na Ballstáit óstacha ina bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir an comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a bhfuil sé beartaithe aige a iarraidh go ligfí isteach an comhartha sócmhainn-tagartha chun a thrádála.

3. Ní cheanglófar ar eisitheoirí a údaraíodh cheana i leith comhartha sócmhainn-tagartha amháin aon fhaisnéis a chuir siad faoi bhráid an údaráis inniúil roimhe sin a thíolacadh, chun críoch údaraithe i leith comhartha sócmhainn-tagartha eile, i gcás ina mbeadh faisnéis den sórt sin comhionann. Agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 á tíolacadh, deimhneoidh an t-eisitheoir go sainráite go bhfuil aon fhaisnéis nár atíolacadh fós cothrom le dáta.

4. Admhóidh an t-údarás inniúil go pras, agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ó iarratas a fháil de bhun mhír 1, i scríbhinn don eisitheoir is iarratasóir go bhfuarthas iarratas den sórt sin.

5. Chun críocha mhír 2, pointí (i) agus (j), soláthróidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha is iarratasóir cruthúnas ar gach ceann díobh seo a leanas:

(a) i gcás gach comhalta den chomhlacht bainistíochta, easpa taifead coiriúil i leith ciontuithe nó easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, an dlí dócmhainneachta agus an dlí seirbhísí airgeadais, nó maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, le calaois nó le dliteanas gairmiúil;

(b) go bhfuil an t-eolas iomchuí, scileanna iomchuí agus taithí iomchuí ag comhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha is iarratasóir chun eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha a bhainistiú agus go gceanglaítear ar na daoine sin dóthain ama a thiomnú dá gcuid dualgas a dhéanamh;

(c) i gcás na scairshealbhóirí agus na gcomhaltaí uile, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu san eisitheoir is iarratasóir, easpa taifead coiriúil i leith ciontuithe agus easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, an dlí dócmhainneachta agus an dlí seirbhísí airgeadais, nó maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, le calaois nó le dliteanas gairmiúil.

6. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú don fhaisnéis atá le cur ar áireamh san iarratas chun aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud an Aontais.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 19

Inneachar agus foirm an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn II, i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comhartha sócmhainn-tagartha:

(a) faisnéis faoi eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha;

(b) faisnéis faoin gcomhartha sócmhainn-tagartha;

(c) faisnéis faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó faoina ligean isteach chun a thrádála;

(d) faisnéis faoi na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha;

(e) faisnéis faoin mbunteicneolaíocht;

(f) faisnéis faoi na rioscaí;

(g) faisnéis faoin gcúlchiste sócmhainní;

(h) faisnéis faoi na drochthionchair phríomha ar an aeráid agus faoi dhrochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun an comhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint.

Áireofar freisin sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní céannacht an duine seachas an t-eisitheoir a thairgeann comhartha sócmhainn-tagartha don phobal nó a iarrann go ligfí isteach é chun a thrádála de bhun Airteagal 16(1), an dara fomhír, agus an chúis a dtairgeann an duine áirithe sin an comhartha sócmhainn-tagartha sin nó a n-iarrann go ligfí isteach é chun a thrádála. I gcásanna nach é an t-eisitheoir a tharraingíonn suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, áireofar freisin sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní céannacht an duine a tharraing suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus an chúis ar tharraing an duine áirithe sin suas é.

2. Beidh an fhaisnéis uile a liostaítear i mír 1 cothrom agus soiléir agus ní bheidh sí míthreorach. Ní bheidh easnaimh ábhartha sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus cuirfear i láthair é i bhfoirm ghonta agus intuigthe.

3. Ní bheidh aon dearbhuithe sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní i ndáil le luach na gcripteashócmhainní sa todhchaí, seachas an ráiteas dá dtagraítear i mír 4.

4. Beidh ráiteas soiléir gan débhrí maidir leis na nithe seo a leanas sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní:

(a) féadfaidh an comhartha sócmhainn-tagartha a luach a chailleadh go páirteach nó go hiomlán;

(b) féadfaidh sé nach mbeidh an comhartha sócmhainn-tagartha inaistrithe i gcónaí;

(c) féadfaidh sé nach comhartha sócmhainn-tagartha leachtach é an comhartha sócmhainn-tagartha;

(d) ní chumhdaítear an comhartha sócmhainn-tagartha leis na scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí faoi Threoir 97/9/CE;

(e) ní chumhdaítear an comhartha sócmhainn-tagartha leis na scéimeanna ráthaithe taiscí faoi Threoir 2014/49/AE.

5. Beidh ráiteas ó chomhlacht bainistíochta eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Deimhneofar sa ráiteas sin go gcomhlíonann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní an Teideal seo agus, chomh fada agus is eol don chomhlacht bainistíochta, go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní cothrom, soiléir agus nach bhfuil sí míthreorach agus nach bhfuil aon easnamh sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá allmhairiú.

6. Beidh achoimre sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, a chuirfear isteach tar éis an ráitis dá dtagraítear i mír 5, ina dtabharfar, i dteanga ghonta agus neamhtheicniúil, faisnéis bhunriachtanach faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó faoi ligean isteach an chomhartha sócmhainn-tagartha sin chun a thrádála atá beartaithe. Beidh an achoimre sothuigthe agus déanfar í a chur i láthair agus a leagan amach i bhformáid shoiléir chuimsitheach, agus úsáid á baint as carachtair atá inléite ó thaobh méide de. San achoimre ar an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní, tabharfar faisnéis iomchuí faoi shaintréithe an chomhartha sócmhainn-tagartha lena mbaineann chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha an chomhartha sócmhainn-tagartha sin cinneadh feasach a dhéanamh.

Beidh rabhadh maidir leis na nithe seo a leanas san achoimre:

(a) ba cheart í a léamh mar réamhrá don pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(b) ba cheart don sealbhóir ionchasach aon chinneadh maidir le ceannach an chomhartha sócmhainn-tagartha a bhunú ar inneachar an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní ina iomláine agus níor cheart dó aon chinneadh den sórt sin a bhunú ar an achoimre amháin;

(c) ní hionann an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha agus tairiscint nó sirtheoireacht chun ionstraimí airgeadais a cheannach agus ní féidir an tairiscint nó an tsirtheoireacht sin a dhéanamh ach amháin trí bhíthin réamheolaire nó doiciméid tairisceana eile de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

(d) ní hionann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus réamheolaire amhail dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/1129 ná aon doiciméad tairisceana eile de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

Luafar san achoimre go bhfuil ceart fuascailte ag sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha tráth ar bith, agus na coinníollacha maidir le fuascailt den sórt sin.

7. Beidh dáta a fhógra agus clár ábhar sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

8. Tarraingeofar suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit baile, nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

I gcás ina dtairgtear an comhartha sócmhainn-tagartha freisin i mBallstát seachas Ballstát baile an eisitheora, tarraingeofar suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní freisin i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit óstaigh nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta

9. Cuirfear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite.

10. Déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 9.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

11. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (h), i leith na dtáscairí inbhuanaitheachta i ndáil le drochthionchair ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt aige, breithneoidh ESMA na cineálacha éagsúla sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta i gcripteashócmhainní a bhailíochtú, a struchtúir dreasachta agus úsáid fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus acmhainní nádúrtha, táirgeadh dramhaíola agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Déanfaidh ESMA na caighdeáin theicniúla rialála sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíocha.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 20

Measúnú ar an iarratas ar údarú

1. Déanfaidh údaráis inniúla a fhaigheann iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 18 measúnú, laistigh de 25 lá oibre ó iarratas den sórt sin a fháil, i dtaobh an gcuimsítear an fhaisnéis uile is gá san iarratas sin, lena n-áirítear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 19. Tabharfaidh siad fógra láithreach don eisitheoir is iarratasóir cibé acu atá nó nach bhfuil faisnéis in easnamh san iarratas, lena n-áirítear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní. I gcás nach bhfuil an t-iarratas, lena n-áirítear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, comhlánaithe, leagfaidh na húdaráis inniúla síos spriocdháta faoina mbeidh ar an eisitheoir is iarratasóir aon fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla, laistigh de 60 lá oibre ó iarratas comhlánaithe a fháil, measúnú i dtaobh an gcomhlíonann an t-eisitheoir is iarratasóir ceanglais an Teidil seo agus déanfaidh siad dréachtchinneadh lán-réasúnaithe lena ndeonaítear údarú nó lena ndiúltaítear údarú. Laistigh den 60 lá oibre sin, féadfaidh údaráis inniúla aon fhaisnéis maidir leis an iarratas a iarraidh ar an eisitheoir is iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 19.

Le linn an phróisis measúnaithe, féadfaidh údaráis inniúla comhoibriú le húdaráis inniúla maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, aonaid um fhaisnéis airgeadais nó comhlachtaí poiblí eile.

3. Cuirfear an tréimhse mheasúnaithe faoi mhíreanna 1 agus 2 ar fionraí ar feadh na tréimhse idir dáta na hiarrata ar fhaisnéis atá in easnamh ó na húdaráis inniúla agus an dáta a bhfaighidh siad freagra ina leith ón eisitheoir is iarratasóir. Ní bheidh an fhionraí níos faide ná 20 lá oibre. Beidh sé de rogha ag na húdaráis inniúla aon iarrataí breise a dhéanamh ar chomhlánú nó soiléiriú na faisnéise ach ní chuirfear an tréimhse mheasúnaithe faoi mhíreanna 1 agus 2 ar fionraí dá mbarr.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla, tar éis na tréimhse 60 lá oibre dá dtagraítear i mír 2, a ndréachtchinneadh agus an t-iarratas a tharchur chuig ÚBE, ESMA agus BCE. I gcás ina bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil aige, nó i gcás ina bhfuil airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha, tarchuirfidh na húdaráis inniúla a ndréachtchinneadh agus an t-iarratas chuig banc ceannais an Bhallstáit sin freisin.

5. Déanfaidh ÚBE agus ESMA, arna iarraidh sin don údarás inniúil, agus laistigh de 20 lá oibre ón dréachtchinneadh agus an t-iarratas a fháil, tuairim a eisiúint maidir lena meastóireacht ar an tuairim dhlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (e), agus tarchuirfidh siad a dtuairimí faoi seach chuig an údarás inniúil lena mbaineann.

Déanfaidh BCE nó, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear i mír 4 tuairim a eisiúint, laistigh de 20 lá oibre ón dréachtchinneadh agus an t-iarratas a fháil, maidir lena mheastóireacht ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha sin a eisiúint don chobhsaíocht airgeadais, d'oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, do tharchur beartais airgeadaíochta agus do cheannasacht airgeadaíochta, agus déanfaidh sé a thuairim a tharchur chuig an údarás inniúil lena mbaineann.

Gan dochar d'Airteagal 21(4), beidh na tuairimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo neamhcheangailteach.

Breithneoidh an t-údarás inniúil go cuí, áfach, na tuairimí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo.

Airteagal 21

An t-údarú a dheonú nó diúltú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla, laistigh de 25 lá oibre ó na tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 20(5) a fháil, cinneadh lán-réasúnaithe a dhéanamh lena ndeonaítear údarú don eisitheoir is iarratasóir nó lena ndiúltaítear údarú dó agus, laistigh de 5 lá oibre ón gcinneadh sin a dhéanamh, tabharfaidh siad fógra ina leith don eisitheoir is iarratasóir. I gcás ina n-údaraítear eisitheoir is iarratasóir, measfar go bhfuil a pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní formheasta.

2. Diúltóidh údaráis inniúla d'údarú i gcás ina bhfuil forais oibiachtúla agus inléirithe ann lena léirítear na nithe seo a leanas:

(a) d'fhéadfadh comhlacht bainistíochta an eisitheora is iarratasóir bagairt a dhéanamh ar a bhainistíocht éifeachtach fhónta stuama agus ar a leanúnachas gnó agus ar aird leordhóthanach a thabhairt ar leas a chliant agus ar shláine an mhargaidh;

(b) ní chomhlíonann comhaltaí an chomhlachta bainistíochta na critéir a leagtar amach in Airteagal 34(2);

(c) ní chomhlíonann scairshealbhóirí agus comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu na critéir maidir le dea-cháil leordhóthanach a leagtar amach in Airteagal 34(4);

(d) mainníonn an t-eisitheoir is iarratasóir aon cheann de cheanglais an Teidil seo a chomhlíonadh nó is dóigh go mainneoidh sé aon cheann de na ceanglais sin a chomhlíonadh;

(e) d'fhéadfadh samhail ghnó an eisitheora is iarratasóir a bheith ina bagairt thromchúiseach ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais nó ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, nó fágann sí go bhfuil an t-eisitheoir nó an earnáil neamhchosanta ar rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

3. Déanfaidh ÚBE agus ESMA, faoin 30 Meitheamh 2024, treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach, maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí chomhlacht bainistíochta na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus na scairshealbhóirí agus na gcomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu in eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha.

4. Diúltóidh údaráis inniúla d'údarú freisin má thugann BCE nó, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais tuairim dhiúltach faoi Airteagal 20(5) ar na forais go bhfuil riosca ann d'oibriú rianúil córas íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta, nó ceannasacht airgeadaíochta.

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla, laistigh de 2 lá oibre ó údarú a dheonú, an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 109 (3) a chur in iúl do phointe teagmhála aonair na mBallstát óstach, do ESMA, do ÚBE, do BCE agus, i gcás inarb infheidhme, don bhanc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4).

Cuirfidh ESMA faisnéis den sórt sin ar fáil sa chlár, faoi Airteagal 109(3), faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal nó an ligin isteach chun trádála.

6. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE, ESMA, BCE agus, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) ar an eolas faoi na hiarrataí uile ar údaruithe a diúltaíodh, agus soláthróidh siad an bhunréasúnaíocht don chinneadh agus, i gcás inarb infheidhme, míniú ar aon imeacht ó na tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 20(5).

Airteagal 22

Tuairisciú ar chomharthaí sócmhainn-tagartha

1. Maidir le gach comhartha sócmhainn-tagartha ag a bhfuil luach eisiúna atá níos airde ná EUR 100 000 000, tuairisceoidh an t-eisitheoir an fhaisnéis seo a leanas don údarás inniúil ar bhonn ráithiúil:

(a) líon na sealbhóirí;

(b) luach an chomhartha sócmhainn-tagartha arna eisiúint agus méid an chúlchiste sócmhainní;

(c) meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae le linn na ráithe ábhartha;

(d) meastachán ar mheánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae le linn na ráithe ábhartha a bhaineann lena úsáidí mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair.

Chun críocha phointí (c) agus (d) den chéad fhomhír, ciallóidh 'idirbheart' aon athrú ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá i dteideal an chomhartha sócmhainn-tagartha mar thoradh ar aistriú an chomhartha sócmhainn-tagartha ó sheoladh nó cuntas mórleabhair dháilte amháin go ceann eile.

Maidir le hidirbhearta a bhaineann leis an malartú le haghaidh cistí nó cripteashócmhainní eile leis an eisitheoir nó le soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ní mheasfar go bhfuil baint acu le húsáidí an chomhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malartaithe, mura bhfuil fianaise ann go n-úsáidtear an comhartha sócmhainn-tagartha chun idirbhearta i gcripteashócmhainní eile a shocrú.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an oibleagáid maidir le tuairisciú dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh i ndáil le comharthaí sócmhainn-tagartha arna n-eisiúint ag a bhfuil luach níos lú ná EUR 100 000 000.

3. Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha, soláthróidh siad an fhaisnéis is gá d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú, lena n-áirítear trí idirbhearta lasmuigh den mhórleabhar dáilte a thuairisciú.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis a fhaightear a roinnt le BCE agus, i gcás inarb infheidhme, leis an mbanc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) agus le húdaráis inniúla na mBallstát óstach.

5. Féadfaidh BCE agus, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) a measacháin féin a sholáthar don údarás inniúil maidir le meánlíon ráithiúil agus meánluach comhiomlán ráithiúil na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann le húsáidí an chomhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malairte laistigh de limistéar airgeadra aonair.

6. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an mhodheolaíocht a shonrú chun measachán a dhéanamh ar mheánlíon ráithiúil agus meánluach comhiomlán ráithiúil na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann le húsáidí an chomhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 agus chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a sholáthar.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 23

Srianta ar eisiúint comharthaí sócmhainn-tagartha a úsáidtear go forleathan mar mhodh malartaithe

1. Más rud é, i gcás comhartha sócmhainn-tagartha, go bhfuil meánlíon ráithiúil measta agus meánluach comhiomlán ráithiúil measta na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann lena úsáidí mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair níos airde ná 1 mhilliún idirbheart agus EUR 200 000 000, faoi seach, déanfaidh an t-eisitheoir an méid seo a leanas:

(a) deireadh a chur leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha sin a eisiúint; agus

(b) laistigh de 40 lá oibre ón tairseach sin a bhaint amach, plean a chur faoi bhráid an údaráis inniúil chun a áirithiú go gcoinneofar meánlíon ráithiúil measta agus meánluach comhiomlán ráithiúil measta na n-idirbheart sin in aghaidh an lae faoi bhun 1 mhilliún idirbheart agus EUR 200 000 000 faoi seach.

2. Úsáidfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis arna soláthar ag an eisitheoir, a mheastachán féin, nó an meastachán arna sholáthar ag BCE nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mbanc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4), cibé acu is airde, chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an tairseach dá dtagraítear i mír 1 bainte amach.

3. I gcás ina n-eisíonn roinnt eisitheoirí an comhartha sócmhainn-tagartha céanna, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na critéir dá dtagraítear i mír 1 tar éis dó na sonraí ó gach eisitheoir a chomhiomlánú.

4. Cuirfidh an t-eisitheoir an plean dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), faoi bhráid an údaráis inniúil lena fhormheas. I gcás inar gá, éileoidh an t-údarás inniúil modhnuithe, amhail íosmhéid ainmníochta a fhorchur, chun a áirithiú go laghdófar go tráthúil úsáid an chomhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malartaithe.

5. Ní cheadóidh an t-údarás inniúil don eisitheoir an comhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint arís ach amháin nuair atá fianaise aige go bhfuil meánlíon ráithiúil measta agus meánluach comhiomlánaithe na n-idirbheart in aghaidh an lae a bhaineann lena úsáidí mar mhodhanna malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair níos ísle ná 1 mhilliún idirbheart agus EUR 200 000 000 faoi seach.

Airteagal 24

An t-údarú a tharraingt siar

1. Déanfaidh údaráis inniúla údarú eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha a tharraingt siar in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) scoir an t-eisitheoir de bheith ag gabháil do ghnó ar feadh 6 mhí as a chéile, nó níor úsáid sé a údarú ar feadh 12 mhí as a chéile;

(b) fuair an t-eisitheoir a údarú ar mhodh neamhrialta, amhail trí ráitis bhréagacha a dhéanamh san iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 18 nó in aon pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní arna mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 25;

(c) ní chomhlíonann an t-eisitheoir na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú a thuilleadh;

(d) sháraigh an t-eisitheoir forálacha an Teidil seo go tromchúiseach;

(e) bhí an t-eisitheoir faoi réir plean fuascailte;

(f) thréig an t-eisitheoir an t-údarú go sainráite nó chinn sé stop a chur lena oibríochtaí;

(g) tá gníomhaíocht an eisitheora ina bagairt thromchúiseach ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais nó ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta nó fágann sí go bhfuil an t-eisitheoir nó an earnáil neamhchosanta ar rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

Tabharfaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha fógra dá údarás inniúil faoi aon cheann de na cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (e) agus (f).

2. Déanfaidh údaráis inniúla údarú eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha a tharraingt siar freisin nuair a eisíonn BCE nó, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) tuairim go bhfuil an comhartha sócmhainn-tagartha ina bhagairt thromchúiseach ar oibriú rianúil córas íocaíochta, ar tharchur beartais airgeadaíochta nó ar cheannasacht airgeadaíochta.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla teorainn leis an méid comhartha sócmhainn-tagartha atá le heisiúint nó forchuirfidh siad íosmhéid ainmníochta i leith an chomhartha sócmhainn-tagartha nuair a eisíonn BCE nó, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) tuairim go bhfuil an comhartha sócmhainn-tagartha ina bhagairt ar oibriú rianúil córas íocaíochta, ar tharchur beartais airgeadaíochta nó ar cheannasacht airgeadaíochta, agus sonróidh siad an teorainn nó an t-íosmhéid ainmníochta is infheidhme.

4. Tabharfaidh na húdaráis inniúla ábhartha fógra gan mhoill d'údarás inniúil eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha faoi na cásanna seo a leanas:

(a) maidir le heintiteas tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h), den Rialachán seo, chaill sé a údarú mar institiúid creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2013/36/AE, mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 59 den Rialachán seo, mar institiúid íocaíochta, nó mar institiúid ríomh-airgid;

(b) maidir le comhaltaí chomhlacht bainistíochta an eisitheora nó scairshealbhóirí nó comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu san eisitheoir, sháraigh siad forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849.

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla údarú eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha a tharraingt siar i gcás ina bhfuil siad den tuairim go ndéanann na cásanna dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo difear do dhea-cháil chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an eisitheora sin nó do dhea-cháil aon scairshealbhóirí nó comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu san eisitheoir, nó má léirítear gur chlis ar na socruithe rialachais nó ar na sásraí rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 34.

Nuair a tharraingítear an t-údarú siar, cuirfidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha an nós imeachta faoi Airteagal 47 chun feidhme.

6. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl do ESMA, laistigh de 2 lá oibre tar éis údarú a tharraingt siar, gur tarraingíodh siar údarú eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis ar tharraingt siar den sórt sin ar fáil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109 gan moill mhíchuí.

Airteagal 25

Modhnú ar pháipéir bhána fhoilsithe maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Tabharfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha fógra d'údarás inniúil a mBallstáit baile faoi aon athrú atá beartaithe ar a samhail ghnó ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aige ar chinneadh ceannaigh aon sealbhóirí nó aon sealbhóirí ionchasacha comharthaí sócmhainn-tagartha, a tharlaíonn tar éis an údaraithe de bhun Airteagal 21 nó tar éis an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhormheas de bhun Airteagal 17, agus i gcomhthéacs Airteagal 23 freisin. Áirítear ar athruithe den sórt sin, i measc nithe eile, aon mhodhnuithe ábhartha ar na nithe seo a leanas:

(a) na socruithe rialachais, lena n-áirítear línte tuairiscithe don chomhlacht bainistíochta agus an creat bainistithe riosca;

(b) na cúlsócmhainní agus cumhdach na gcúlsócmhainní;

(c) na cearta a thugtar do na sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha;

(d) an sásra trína ndéantar comhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt;

(e) na prótacail chun na hidirbhearta i gcomharthaí sócmhainn-tagartha a bhailíochtú;

(f) feidhmiú na teicneolaíochta dílsithe mórleabhar dáilte atá ag eisitheoirí, i gcás ina ndéantar na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint, a aistriú agus a stóráil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte den sórt sin;

(g) na sásraí chun leachtacht comharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú, lena n-áirítear an beartas bainistithe leachtachta agus na nósanna imeachta bainistithe leachtachta d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 45;

(h) na socruithe le heintitis tríú páirtí, lena n-áirítear chun na cúlsócmhainní a bhainistiú agus an cúlchiste a infheistiú, na cúlsócmhainní a chumhdach, agus, i gcás inarb infheidhme, na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh ar an bpobal;

(i) na nósanna imeachta láimhseála gearán;

(j) an measúnú riosca maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus beartais ghinearálta agus nósanna imeachta ginearálta a bhaineann leis.

Tabharfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha fógra d'údarás inniúil a mBallstáit baile 30 lá oibre ar a laghad sula dtiocfaidh na hathruithe atá beartaithe i bhfeidhm.

2. I gcás ina bhfuil fógra tugtha don údarás inniúil faoi aon athrú atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas agus áiritheoidh sé go bhfuil ord na faisnéise atá ann comhsheasmhach lena bhfuil sa bhunpháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

Tabharfaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha fógra faoin dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní d'údarás inniúil an Bhallstáit baile.

Admhóidh an t-údarás inniúil go leictreonach go bhfuarthas an dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a luaithe is féidir, agus 5 lá oibre ar a dhéanaí tar éis dó é a fháil.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil formheas don dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, nó diúltóidh sé don dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a fhormheas, laistigh de 30 lá oibre ón tráth a admhaíodh go bhfuarthas é. Le linn an scrúdaithe ar an dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, féadfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise, mínithe nó réasúnuithe a iarraidh i dtaca leis an dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní. Nuair a dhéanann an t-údarás inniúil an iarraidh sin, ní thosóidh an teorainn ama 30 lá oibre ach amháin nuair a bheidh an fhaisnéis bhreise a iarradh faighte ag an údarás inniúil.

3. I gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhféadfadh na modhnuithe ar pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a bheith ábhartha d'oibriú rianúil córas íocaíochta, tarchur beartais airgeadaíochta agus ceannasacht airgeadaíochta, rachaidh sé i gcomhairle le BCE agus, i gcás inarb infheidhme, leis an mbanc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4). Féadfaidh an t-údarás inniúil dul i gcomhairle le ÚBE agus le ESMA freisin i gcásanna den sórt sin.

Tabharfaidh BCE nó an banc ceannais ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, ÚBE agus ESMA tuairim laistigh de 20 lá oibre ón gcomhairliúchán dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil.

4. I gcás ina bhformheasann an t-údarás inniúil an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, féadfaidh sé an méid seo a leanas a cheangal ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha:

(a) sásraí a chur i bhfeidhm chun cosaint sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha a áirithiú, nuair is féidir le modhnú féideartha ar oibríochtaí an eisitheora éifeacht ábhartha a bheith aige ar luach, cobhsaíocht nó rioscaí an chomhartha sócmhainn-tagartha nó na gcúlsócmhainní;

(b) aon bhearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le sláine an mhargaidh, le cobhsaíocht airgeadais nó le hoibriú rianúil na gcóras íocaíochta.

Cuirfidh an t-údarás inniúil de cheangal ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha aon bhearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le hoibriú rianúil córas íocaíochta, le tarchur beartais airgeadaíochta, nó le ceannasacht airgeadaíochta, má mholann BCE nó, i gcás inarb infheidhme, an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) bearta ceartaitheacha den sórt sin sna comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

I gcás ina bhfuil BCE nó an banc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 20(4) tar éis bearta atá éagsúil leis na bearta a éilíonn an t-údarás inniúil a mholadh, déanfar na bearta molta a chomhcheangal nó, mura féidir é, éileofar an beart is déine.

5. Cuirfidh an t-údarás inniúil an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní in iúl do ESMA, do phointí teagmhála aonair na mBallstát óstach, do ÚBE, do BCE agus, i gcás inarb infheidhme, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann laistigh de 2 lá oibre ón bhformheas a dheonú.

Cuirfidh ESMA an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní ar fáil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109 gan moill mhíchuí.

Airteagal 26

Dliteanas eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha i leith na faisnéise a thugtar i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní

1. I gcás inar sháraigh eisitheoir Airteagal 19 trí fhaisnéis a sholáthar ina pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir, nó atá míthreorach, beidh an t-eisitheoir sin agus comhaltaí a chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta faoi dhliteanas do shealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha den sórt sin as aon chaillteanas arna thabhú mar gheall ar an sárú sin.

2. Bainfear éifeacht dhlíthiúil d'aon eisiamh conarthach nó teorannú ar dhliteanas sibhialta dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh sé de fhreagracht ar shealbhóir an chomhartha sócmhainn-tagartha fianaise a chur i láthair lena léirítear gur sháraigh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin Airteagal 19 trí fhaisnéis a sholáthar ina pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, faisnéis nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir, nó atá míthreorach agus gur imríodh tionchar ar chinneadh an tsealbhóra an comhartha sócmhainn-tagartha sin a cheannach, a dhíol nó a mhalartú mar gheall ar bheith ag brath ar fhaisnéis den sórt sin.

4. An t-eisitheoir nó comhaltaí a chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ní bheidh siad faoi dhliteanas i leith caillteanas a tharla mar thoradh ar bheith ag brath ar an bhfaisnéis arna soláthar in achoimre de bhun Airteagal 19, lena n-áirítear aon aistriúchán uirthi, ach amháin i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an achoimre:

(a) tá sí míthreorach, míchruinn nó neamhréireach nuair a léitear in éineacht leis na codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í; nó

(b) nuair a léitear in éineacht le codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í, ní sholáthraítear léi faisnéis bhunriachtanach chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha agus breithniú á dhéanamh acu an gceannóidh siad an comhartha sócmhainn-tagartha.

5. Ní dochar an tAirteagal seo d'aon dliteanas sibhialta eile de bhun an dlí náisiúnta.

CAIBIDIL 2

Oibleagáidí eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

Airteagal 27

An oibleagáid gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil chun leasa na sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Gníomhóidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil agus déanfaidh siad cumarsáid le sealbhóirí agus sealbhóirí ionchasacha comharthaí sócmhainn-tagartha ar bhealach atá cothrom agus soiléir agus nach bhfuil míthreorach.

2. Gníomhóidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha chun leasa sealbhóirí comharthaí den sórt sin agus caithfidh siad mar an gcéanna leo ar fad, ach amháin má nochtar aon chóir fhabhrach sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, sa chumarsáid mhargaíochta.

Airteagal 28

Foilsiú an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní

Foilseoidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha ar a shuíomh gréasáin an páipéar bán formheasta maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 17(1) nó Airteagal 21(1) agus, i gcás inarb infheidhme, an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 25. Beidh rochtain ag an bpobal ar an bpáipéar bán formheasta maidir le cripteashócmhainní faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó ligean isteach an chomhartha sin chun a thrádála. Beidh an páipéar bán formheasta maidir le cripteashócmhainní agus, i gcás inarb infheidhme, an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin an eisitheora chomh fada agus atá an comhartha sócmhainn-tagartha á shealbhú ag an bpobal.

Airteagal 29

Cumarsáid mhargaíochta

1. Le haon chumarsáid mhargaíochta a bhaineann le tairiscint don phobal ar chomhartha sócmhainn-tagartha, nó a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha sin a ligean isteach chun a thrádála, comhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) táthar in ann a aithint go soiléir gur cumarsáid mhargaíochta atá inti;

(b) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta cothrom agus soiléir agus níl sí míthreorach;

(c) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(d) luaitear go soiléir sa chumarsáid mhargaíochta gur foilsíodh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus léirítear go soiléir inti seoladh shuíomh gréasáin eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha, chomh maith le huimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist chun teagmháil a dhéanamh leis an eisitheoir.

2. Beidh ráiteas soiléir gan débhrí i gcumarsáid mhargaíochta go bhfuil ceart fuascailte ag sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha i gcoinne an eisitheora tráth ar bith.

3. Déanfar cumarsáid mhargaíochta agus aon mhodhnuithe uirthi a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an eisitheora.

4. Ní éileoidh údaráis inniúla go ndéanfar cumarsáid mhargaíochta a fhormheas roimh ré sula bhfoilseofar í.

5. Tabharfar fógra d'údaráis inniúla i leith cumarsáid mhargaíochta arna iarraidh sin dóibh.

6. Ní scaipfear aon chumarsáid mhargaíochta sula bhfoilseofar an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Le srian den sórt sin, ní dhéantar difear do chumas eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sondálacha margaidh a dhéanamh.

Airteagal 30

Faisnéis leanúnach do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha méid na gcomharthaí sócmhainn-tagartha atá i gcúrsaíocht, agus luach agus comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36, a nochtadh ar bhealach soiléir, cruinn agus trédhearcach, in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi, ar a suíomh gréasáin. Déanfar faisnéis den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta gach mí ar a laghad.

2. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha achoimre ghonta, shoiléir, chruinn agus thrédhearcach ar an tuarascáil iniúchóireachta, chomh maith leis an tuarascáil iniúchóireachta iomlán agus neamhfholaithe, i ndáil leis an gcúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a fhoilsiú a luaithe is féidir in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi ar a suíomh gréasáin.

3. Gan dochar d'Airteagal 88, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha aon imeacht a raibh tionchar suntasach aige ar luach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, nó ar an gcúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36, nó ar dócha go mbeidh éifeacht shuntasach aige orthu, a nochtadh a luaithe is féidir agus ar bhealach soiléir, cruinn agus trédhearcach, in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi, ar an suíomh gréasáin.

Airteagal 31

Nósanna imeachta láimhseála gearán

1. Bunóidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha agus coimeádfaidh siad ar bun iad chun gearáin a fhaightear ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus ó pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha, a láimhseáil go pras, go cothrom agus go comhsheasmhach, agus foilseoidh siad tuairiscí ar na nósanna imeachta sin. I gcás ina ndéanann eintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h), na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh, go hiomlán nó i bpáirt, bunóidh eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha nósanna imeachta chun éascú a dhéanamh freisin ar láimhseáil gearán den sórt sin idir sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus eintitis tríú páirtí den sórt sin.

2. Beidh sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha in ann gearáin a dhéanamh saor in aisce le heisitheoirí a gcomharthaí sócmhainn-tagartha nó, i gcás inarb infheidhme, leis na heintitis tríú páirtí dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás inarb infheidhme, na heintitis tríú páirtí dá dtagraítear i mír 1 teimpléad a fhorbairt agus a chur ar fáil do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha chun gearáin a chomhdú agus coinneoidh siad taifead ar na gearáin go léir a fuarthas agus ar aon bhearta a rinneadh mar fhreagairt orthu.

4. Imscrúdóidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha gach gearán ar bhealach tráthúil agus cothrom agus cuirfidh siad torthaí imscrúduithe den sórt sin in iúl do shealbhóirí a gcomharthaí sócmhainn-tagartha laistigh de thréimhse réasúnta ama.

5. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú tuilleadh a dhéanamh ar na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 32

Coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun chun coinbhleachtaí leasa idir iad féin agus na daoine seo a leanas a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh:

(a) a scairshealbhóirí nó a gcomhaltaí;

(b) aon scairshealbhóir nó comhalta, bíodh sé díreach nó indíreach, ag a bhfuil sealúchas cáilitheach sna heisitheoirí;

(c) comhaltaí a gcomhlachta bainistíochta;

(d) a bhfostaithe;

(e) sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha; nó

(f) aon tríú páirtí a sholáthraíonn ceann de na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h).

2. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, go háirithe, bearta iomchuí chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as bainistiú agus infheistiú an chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh.

3. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha cineál ginearálta agus foinsí na gcoinbhleachtaí leasa dá dtagraítear i mír 1 agus na bearta a rinneadh chun iad a mhaolú a nochtadh, in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin, do shealbhóirí a gcomharthaí sócmhainn-tagartha.

4. Beidh an nochtadh dá dtagraítear i mír 3 beacht go leor chun cur ar chumas shealbhóirí ionchasacha a gcomharthaí sócmhainn-tagartha cinneadh feasach ceannaigh a dhéanamh faoi na comharthaí sócmhainn-tagartha.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) na ceanglais maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1;

(b) na mionsonraí agus an mhodheolaíocht maidir le hinneachar an nochta dá dtagraítear i mír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 33

Fógra a thabhairt faoi athruithe ar an gcomhlacht bainistíochta

Tabharfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha fógra láithreach dá n-údarás inniúil faoi aon athruithe ar a gcomhlacht bainistíochta, agus cuirfidh siad an fhaisnéis uile is gá ar fáil dá n-údarás inniúil chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá Airteagal 34(2) á chomhlíonadh.

Airteagal 34

Socruithe rialachais

1. Beidh ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha socruithe láidre rialachais, lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil ina bhfuil freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus sásraí leordhóthanacha rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta ó thaobh an riaracháin agus na cuntasaíochta de.

2. Maidir le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta de chuid eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, beidh dea-cháil leordhóthanach orthu agus beidh an t-eolas iomchuí, scileanna iomchuí agus taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon, chun a gcuid dualgas a dhéanamh. Go háirithe, ní bheidh siad ciontaithe i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó in aon chionta eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Léireoidh siad freisin go bhfuil sé ar a gcumas acu dóthain ama a thiomnú dá gcuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach.

3. Déanfaidh comhlacht bainistíochta eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha measúnú agus athbhreithniú tréimhsiúil ar éifeachtacht na socruithe beartais agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun Caibidlí 2, 3, 5 agus 6 den Teideal seo a chomhlíonadh agus déanfaidh sé bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

4. Beidh dea-cháil leordhóthanach ar scairshealbhóirí nó ar chomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu in eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus, go háirithe, ní bheidh siad ciontaithe i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó in aon chionta eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil.

5. Glacfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach go leor chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartais agus nósanna imeachta a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an cúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36;

(b) cumhdach na gcúlsócmhainní, lena n-áirítear leithscaradh sócmhainní, mar a shonraítear in Airteagal 37;

(c) na cearta a dheonaítear do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha, mar a shonraítear in Airteagal 39;

(d) an sásra trína ndéantar comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt;

(e) na prótacail chun idirbhearta i gcomharthaí sócmhainn-tagartha a bhailíochtú;

(f) feidhmiú theicneolaíocht dhílsithe mórleabhar dáilte na n-eisitheoirí, i gcás ina ndéantar na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint, a aistriú agus a stóráil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte den sórt sin nó teicneolaíocht chomhchosúil arna hoibriú ag na heisitheoirí nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann;

(g) na sásraí chun leachtacht comharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú, lena n-áirítear an beartas bainistithe leachtachta agus na nósanna imeachta bainistithe leachtachta d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 45;

(h) socruithe le heintitis tríú páirtí chun an cúlchiste sócmhainní a fheidhmiú, agus chun na cúlsócmhainní a infheistiú, na cúlsócmhainní a chumhdach agus, i gcás inarb infheidhme, na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh ar an bpobal;

(i) toiliú i scríbhinn ó eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha arna dtabhairt do dhaoine eile a d'fhéadfadh na comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint nó ligean isteach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha chun a dtrádála a iarraidh;

(j) láimhseáil gearán, mar a shonraítear in Airteagal 31;

(k) coinbhleachtaí leasa, mar a shonraítear in Airteagal 32.

I gcás ina ndéanann eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha socruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (h), leagfar amach na socruithe sin i gconradh leis na heintitis tríú páirtí. Leis na socruithe conarthacha sin, leagfar amach róil, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus na n-eintiteas tríú páirtí araon. Forálfar le haon socrú conarthach lena ngabhann impleachtaí trasdlínse do rogha gan débhrí maidir leis an dlí is infheidhme.

6. Murar thionscain siad plean fuascailte dá dtagraítear in Airteagal 47, cuirfidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha córais iomchuí agus chomhréireacha, acmhainní iomchuí agus comhréireacha agus nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm chun feidhmiú leanúnach agus rialta a gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a áirithiú. Chuige sin, coimeádfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a gcórais uile agus a bprótacail rochtana slándála uile ar bun i gcomhréir le caighdeáin iomchuí an Aontais.

7. Má chinneann eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha scor dá sheirbhísí agus dá ghníomhaíochtaí a sholáthar, lena n-áirítear trí scor d'eisiúint an chomhartha sócmhainn-tagartha sin, cuirfidh sé plean faoi bhráid an údaráis inniúil chun scor den sórt sin a fhormheas.

8. Sainaithneoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha foinsí riosca oibriúcháin agus déanfaidh siad iad a íoslaghdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt.

9. Bunóidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartas agus pleananna leanúnachais gnó chun a áirithiú, i gcás ina gcuirtear isteach ar a gcórais agus a nósanna imeachta TFC, go gcaomhnaítear sonraí agus feidhmeanna riachtanacha agus go gcoimeádtar a ngníomhaíochtaí ar bun nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, go n-athshlánaítear na sonraí agus na feidhmeanna sin go tráthúil agus go n-atosaítear a ngníomhaíochtaí go tráthúil.

10. Beidh sásraí rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha maidir le bainistiú riosca, lena n-áirítear socruithe éifeachtacha rialaithe agus coimirce chun córais TFC a bhainistiú mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]). Forálfar leis na nósanna imeachta do mheasúnú cuimsitheach a bhaineann leis an spleáchas ar eintitis tríú páirtí dá dtagraítear i mír 5, an chéad fhomhír, pointe (h), den Airteagal seo. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha faireachán agus measúnú ar bhonn tráthrialta ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na sásraí rialaithe inmheánaigh agus na nósanna imeachta um measúnú riosca agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

11. Beidh córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha atá leordhóthanach chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a choimirciú mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554 agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Déanfaidh na córais sin sonraí agus faisnéis ábhartha a bhailítear agus a tháirgtear le linn ghníomhaíochtaí na n-eisitheoirí a thaifeadadh agus a a choimirciú.

12. Áiritheoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha go ndéanann iniúchóirí neamhspleácha iniúchadh orthu go tráthrialta. Cuirfear torthaí na n-iniúchtaí sin in iúl do chomhlacht bainistíochta an eisitheora lena mbaineann agus cuirfear ar fáil don údarás inniúil iad.

13. Faoin.30 Meitheamh 2024, déanfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena sonraítear an t-íosmhéid inneachair atá le bheith sna socruithe rialachais maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na huirlisí faireacháin le haghaidh na rioscaí dá dtagraítear i mír 8;

(b) an plean leanúnachais gnó dá dtagraítear i mír 9;

(c) an sásra rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear i mír 10;

(d) na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 12, lena n-áirítear an doiciméadacht íosta atá le húsáid san iniúchadh.

Agus na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír á n-eisiúint, cuirfidh ÚBE san áireamh na forálacha maidir le ceanglais rialachais i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear Treoir 2014/65/AE.

Airteagal 35

Ceanglais cistí dílse

1. Beidh cistí dílse ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, i gcónaí, arb ionann iad agus an méid is airde díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) EUR 350 000;

(b) 2 % de mheánmhéid an chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36;

(c) ceathrú d'fhorchostais sheasta na bliana roimhe sin.

Chun críocha pointe (b) den chéad fhomhír, ciallóidh meánmhéid na gcúlsócmhainní meánmhéid na gcúlsócmhainní ag deireadh gach lae féilire, arna ríomh thar na 6 mhí roimhe sin.

I gcás ina dtairgeann eisitheoir níos mó ná comhartha sócmhainn-tagartha amháin, is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír suim mheánmhéid na gcúlsócmhainní atá mar thaca do gach comhartha sócmhainn-tagartha.

Déanfar an méid dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a athbhreithniú go bliantúil agus a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 67(3).

2. Is é a bheidh sna cistí dílse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ítimí agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan na díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) agus Airteagal 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

([37]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 14.12.2022, lch. 1).

3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile a cheangal ar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha méid cistí dílse a shealbhú atá suas le 20 % níos airde ná an méid a eascraíonn as cur i bhfeidhm mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina léirítear le measúnú ar aon cheann díobh seo a leanas leibhéal níos airde riosca:

(a) an mheastóireacht ar phróisis bainistithe riosca agus sásraí rialaithe inmheánaigh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha dá dtagraítear in Airteagal 34(1), (8) agus (10);

(b) cáilíocht agus luaineacht an chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36;

(c) na cineálacha ceart a dheonaíonn eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha do shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha i gcomhréir le hAirteagal 39;

(d) i gcás ina n-áirítear infheistíochtaí sa chúlchiste sócmhainní, na rioscaí i leith an chúlchiste sócmhainní a bhaineann leis an mbeartas infheistíochta;

(e) an luach comhiomlán agus an líon idirbheart a shocraítear sa chomhartha sócmhainn-tagartha;

(f) tábhacht na margaí ar a dtairgtear agus ar a margaítear an comhartha sócmhainn-tagartha;

(g) i gcás inarb infheidhme, caipitliú margaidh an chomhartha sócmhainn-tagartha.

4. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile a cheangal ar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nach bhfuil suntasach aon cheanglas a leagtar amach in Airteagal 45 a chomhlíonadh, i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal níos airde rioscaí arna shainaithint i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, nó ar aon rioscaí eile a bhfuil sé mar aidhm le hAirteagal 45 aghaidh a thabhairt orthu, amhail rioscaí leachtachta.

5. Gan dochar do mhír 3, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha tástáil struis, ar bhonn tráthrialta, lena gcuirtear san áireamh cásanna struis airgeadais atá dian ach inchreidte, amhail suaití rátaí úis, agus cásanna struis neamhairgeadais, amhail riosca oibriúcháin. Bunaithe ar thoradh tástála struis den sórt sin, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile de cheangal ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha méid cistí dílse a bheith ina seilbh aige atá idir 20 % agus 40 % níos airde ná an méid a thagann as cur i bhfeidhm mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), in imthosca áirithe, ag féachaint don ionchas riosca agus do thorthaí na tástála struis.

6. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear tuilleadh an méid seo a leanas:

(a) an nós imeachta agus an tréimhse ama atá ag eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha chun dul in oiriúint do cheanglais maidir le cistí dílse níos airde mar a leagtar amach i mír 3;

(b) na critéir chun méid níos airde cistí dílse a éileamh mar a leagtar amach i mír 3;

(c) na híoscheanglais maidir le cláir tástála struis a dhearadh, agus méid, castacht agus cineál an chomhartha sócmhainn-tagartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

(i) na cineálacha tástála struis agus a bpríomhchuspóirí agus a bpríomhfheidhmeanna;

(ii) minicíocht na gcleachtaí éagsúla tástála struis;

(iii) na socruithe rialachais inmheánaigh;

(iv) an bonneagar sonraí iomchuí;

(v) modheolaíocht agus inchreidteacht na dtoimhdí;

(vi) cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta maidir leis na híoscheanglais ar fad, bídís cainníochtúil nó cáilíochtúil; agus

(vii) tréimhsiúlacht íosta na dtástálacha struis agus paraiméadair thagartha chomhchoiteanna na gcásanna tástála struis.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

CAIBIDIL 3

Cúlchiste sócmhainní

Airteagal 36

An oibleagáid cúlchiste sócmhainní a bheith acu, agus comhdhéanamh agus bainistíocht cúlchiste sócmhainní den sórt sin

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha cúlchiste sócmhainní a bhunú agus a choimeád ar bun iad i gcónaí.

Déanfar an cúlchiste sócmhainní a chomhdhéanamh agus a bhainistiú ar bhealach ina ndéantar an méid seo a leanas:

(a) cumhdaítear na rioscaí a bhaineann leis na sócmhainní atá faoi thagairt ag na comharthaí sócmhainn-tagartha; agus

(b) tugtar aghaidh ar na rioscaí leachtachta a bhaineann le buanchearta fuascailte na sealbhóirí.

2. Déanfar an cúlchiste sócmhainní a leithscaradh go dlíthiúil ó eastát na n-eisitheoirí, agus ón gcúlchiste sócmhainní comharthaí sócmhainn-tagartha eile, chun leasanna sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, ionas nach rachaidh creidiúnaithe na n-eisitheoirí ar iontaoibh an chúlchiste sócmhainní, go háirithe i gcás dócmhainneachta.

3. Áiritheoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha go ndéantar an cúlchiste sócmhainní a leithscaradh go hoibríochtúil óna n-eastát, agus ón gcúlchiste sócmhainní comharthaí eile.

4. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear a thuilleadh na ceanglais leachtachta, agus aird á tabhairt ar mhéid, castacht agus cineál an chúlchiste sócmhainní agus an chomhartha sócmhainn-tagartha é féin.

Bunófar leis na caighdeáin theicniúla rialála an méid seo a leanas go háirithe:

(a) an céatadán ábhartha den chúlchiste sócmhainní de réir aibíochtaí laethúla, lena n-áirítear an céatadán de chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais is féidir a fhoirceannadh trí réamhfhógra aon lae oibre amháin a thabhairt, nó an céatadán d'airgead tirim is féidir a aistarraingt trí réamhfhógra aon lae oibre amháin a thabhairt;

(b) an céatadán ábhartha den chúlchiste sócmhainní de réir aibíochtaí seachtainiúla, lena n-áirítear an céatadán de chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais is féidir a fhoirceannadh trí réamhfhógra 5 lá oibre a thabhairt, nó an céatadán d'airgead tirim is féidir a aistarraingt trí réamhfhógra 5 lá oibre a thabhairt;

(c) aibíochtaí ábhartha eile, agus teicnící foriomlána le haghaidh bainistiú leachtachta;

(d) na híosmhéideanna i ngach airgeadra oifigiúil dá dtagraítear a shealbhú mar thaiscí in institiúidí creidmheasa, nach féidir a bheith níos lú ná 30 % den mhéid dá dtagraítear i ngach airgeadra oifigiúil.

Chun críocha phointí (a), (b) agus (c) den dara fomhír, cuirfidh ÚBE san áireamh, i measc nithe eile, na tairseacha ábhartha a leagtar síos in Airteagal 52 de Threoir 2009/65/CE.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

5. Déanfaidh eisitheoirí a thairgeann dhá chomhartha sócmhainn-tagartha nó níos mó don phobal linnte leithscartha de chúlchistí sócmhainní a oibriú agus a choimeád ar bun le haghaidh gach comhartha sócmhainn-tagartha. Déanfar gach ceann de na linnte sin de na cúlchistí sócmhainní a bhainistiú ar leithligh.

I gcás ina dtairgeann eisitheoirí éagsúla comharthaí sócmhainn-tagartha an comhartha sócmhainn-tagartha céanna don phobal, ní dhéanfaidh na heisitheoirí sin ach cúlchiste sócmhainní amháin a oibriú agus a choimeád ar bun don chomhartha sócmhainn-tagartha sin.

6. Áiritheoidh comhlachtaí bainistíochta eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha go ndéantar an cúlchiste sócmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtach stuama. Áiritheoidh na heisitheoirí go ndéantar eisiúint agus fuascailt comharthaí sócmhainn-tagartha a mheaitseáil i gcónaí le méadú nó laghdú comhfhreagrach ar an gcúlchiste sócmhainní.

7. Déanfaidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha luach comhiomlán an chúlchiste sócmhainní a chinneadh trí phraghsanna an mhargaidh a úsáid. Beidh a luach comhiomlán cothrom ar a laghad le luach comhiomlán na n-éileamh i gcoinne an eisitheora ó shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha i gcúrsaíocht.

8. Beidh beartas soiléir mionsonraithe ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha ina dtugtar tuairisc ar shásra cobhsaíochta comharthaí den sórt sin. Sa bheartas sin, déanfar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na sócmhainní atá faoi thagairt ag na comharthaí sócmhainn-tagartha agus comhdhéanamh na sócmhainní sin a liostú;

(b) tuairisc a thabhairt ar an gcineál sócmhainní agus ar leithdháileadh beacht na sócmhainní a áirítear sa chúlchiste sócmhainní;

(c) measúnú mionsonraithe ar na rioscaí a áireamh ann, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca comhchruinnithe agus riosca leachtachta mar thoradh ar an gcúlchiste sócmhainní;

(d) tuairisc a thabhairt ar an nós imeachta trína ndéantar na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt, agus ar an nós imeachta trína mbeidh méadú agus laghdú comhfhreagrach ar an gcúlchiste sócmhainní mar thoradh ar an eisiúint agus ar an bhfuascailt sin;

(e) a lua an bhfuil cuid den chúlchiste sócmhainní infheistithe mar a fhoráiltear in Airteagal 38;

(f) i gcás ina n-infheistíonn eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha cuid den chúlchiste sócmhainní dá bhforáiltear in Airteagal 38, tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar an mbeartas infheistíochta agus measúnú a áireamh ar an gcaoi ar féidir leis an mbeartas infheistíochta sin difear a dhéanamh do luach an chúlchiste sócmhainní;

(g) tuairisc a thabhairt ar an nós imeachta chun comharthaí sócmhainn-tagartha a cheannach agus chun comharthaí den sórt sin a fhuascailt i gcoinne an chúlchiste sócmhainní, agus na daoine nó na catagóirí daoine atá i dteideal déanamh amhlaidh a liostú.

9. Gan dochar d'Airteagal 34(12), tabharfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha sainordú d'iniúchadh neamhspleách ar an gcúlchiste sócmhainní gach 6 mhí, lena ndéantar measúnú ar chomhlíonadh rialacha na Caibidle seo, amhail ó dháta a n-údaraithe de bhun Airteagal 21 nó ó dháta formheasa an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17.

10. Tabharfaidh an t-eisitheoir fógra faoi thorthaí an iniúchta dá dtagraítear i mír 9 don údarás inniúil gan mhoill, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 seachtaine ó dháta tagartha na luachála. Foilseoidh an t-eisitheoir toradh an iniúchta laistigh de 2 sheachtain ón dáta ar tugadh fógra don údarás inniúil. Féadfaidh an t-údarás inniúil treoir a thabhairt d'eisitheoir moill a chur ar fhoilsiú thorthaí an iniúchta sna cásanna seo a leanas:

(a) ceanglaíodh ar an eisitheoir socrú téarnaimh nó bearta téarnaimh a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 46 (3);

(b) ceanglaíodh ar an eisitheoir plean fuascailte a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 47;

(c) meastar gur gá leasanna eacnamaíocha shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha a chosaint;

(d) meastar gur gá éifeacht dhíobhálach shuntasach ar chóras airgeadais an Bhallstáit baile nó ar chóras airgeadais Ballstáit eile a sheachaint.

11. Déanfar an luacháil ag praghsanna an mhargaidh dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo trí mharcáil de réir an mhargaidh a úsáid, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]), aon uair is féidir.

([38]) Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8)

Agus luacháil marcála ón margadh á húsáid, déanfar an chúlsócmhainn a luacháil ag an taobh is stuama den tairgeadh agus den tairiscint ach amháin más féidir an chúlsócmhainn a dhúnadh amach sa mheánmhargadh. Ní úsáidfear ach sonraí margaidh de cháilíocht mhaith, agus déanfar measúnú ar shonraí den sórt sin bunaithe ar na tosca uile seo a leanas:

(a) líon agus cáilíocht na gcontrapháirtithe;

(b) méid agus láimhdeachas na cúlsócmhainne sa mhargadh;

(c) méid an chúlchiste sócmhainní.

12. I gcás nach féidir marcáil de réir an mhargaidh dá dtagraítear i mír 11 den Airteagal seo a úsáid nó nach bhfuil na sonraí margaidh ar cháilíocht sách maith, déanfar an chúlsócmhainn a luacháil go coimeádach trí mharcáil de réir samhla a úsáid, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (AE) 2017/1131.

Leis an tsamhail, déanfar luach intreach na cúlsócmhainne a mheas go cruinn, bunaithe ar gach ceann de na príomhthosca cothrom le dáta seo a leanas:

(a) méid agus láimhdeachas na cúlsócmhainne sin sa mhargadh;

(b) méid an chúlchiste sócmhainní;

(c) an riosca margaidh, an riosca ráta úis agus an riosca creidmheasa a bhaineann leis an gcúlsócmhainn.

Agus marcáil de réir samhla á húsáid, ní úsáidfear modh an chostais amúchta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (10), de Rialachán (AE) 2017/1131.

Airteagal 37

Cumhdach na gcúlsócmhainní

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartais chumhdaigh, nósanna imeachta cumhdaigh agus socruithe conarthacha cumhdaigh a bhunú, a choimeád ar bun, agus a chur chun feidhme chun na nithe seo a leanas a áirithiú i gcónaí:

(a) ní ualaítear na cúlsócmhainní ná ní ghealltar na cúlsócmhainní mar shocrú comhthaobhachta airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([39]);

(b) coimeádtar na cúlsócmhainní faoi chumhdach i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo;

(c) tá rochtain phras ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha ar na cúlsócmhainní chun aon iarrataí ar fhuascailt ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a chomhlíonadh;

(d) seachnaítear comhchruinnithe i gcoimeádaithe cúlsócmhainní;

(e) seachnaítear riosca maidir le comhchruinniú cúlsócmhainní.

2. Beidh beartas cumhdaigh i bhfeidhm ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a eisíonn dhá chomhartha sócmhainn-tagartha nó níos mó san Aontas le haghaidh gach linne sócmhainní. Déanfaidh eisitheoirí éagsúla comharthaí sócmhainn-tagartha a d'eisigh an comhartha sócmhainn-tagartha céanna beartas cumhdaigh aonair a oibriú agus a choimeád ar bun.

3. Coimeádfaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas na cúlsócmhainní faoi chumhdach tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dháta eisiúna an chomhartha sócmhainn-tagartha:

(a) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, i gcás ina bhfuil na cúlsócmhainní i bhfoirm cripteashócmhainní;

(b) institiúid creidmheasa, le haghaidh gach cineáil cúlsócmhainní;

([39]) Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

(c) gnólacht infheistíochta a sholáthraíonn an tseirbhís choimhdeach maidir le slánchoimeád agus riar ionstraimí airgeadais do chuntais cliant dá dtagraítear i Roinn B, pointe (1), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, i gcás ina bhfuil na cúlsócmhainní i bhfoirm ionstraimí airgeadais.

4. Feidhmeoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha gach scil chuí, cúram cuí agus dícheall cuí agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a cheaptar mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní dá dtagraítear i mír 3 á roghnú, á gceapadh agus á n-athbhreithniú. Duine dlítheanach nach ionann agus an t-eisitheoir a bheidh sa choimeádaí.

Áiritheoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha go bhfuil an saineolas agus an clú margaidh is gá ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, ag na hinstitiúidí creidmheasa agus ag na gnólachtaí infheistíochta a cheaptar mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní dá dtagraítear i mír 3 chun gníomhú mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní sin, agus cleachtais chuntasaíochta, nósanna imeachta maidir le slánchoimeád agus sásraí rialaithe inmheánaigh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta sin á gcur san áireamh. Áiritheofar le socruithe conarthacha a dhéantar idir eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus na coimeádaithe go ndéantar na cúlsócmhainní arna gcoimeád faoi chumhdach a chosaint i gcoinne éilimh ó chreidiúnaithe na gcoimeádaithe.

5. Leagfar amach sna beartais chumhdaigh agus sna nósanna imeachta cumhdaigh dá dtagraítear i mír 1 na critéir roghnúcháin maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta a cheapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní agus an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheapachán den sórt sin.

Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha athbhreithniú ar cheapadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní ar bhonn tráthrialta. Chun críocha an athbhreithnithe sin, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a neamhchosaintí ar choimeádaithe den sórt sin a mheas, agus raon feidhme iomlán a gcaidrimh leo á chur san áireamh, agus déanfaidh siad faireachán ar staideanna airgeadais na gcoimeádaithe sin ar bhonn leanúnach.

6. Áiritheoidh coimeádaithe na gcúlsócmhainní dá dtagraítear i mír 4 go gcoimeádfar na cúlsócmhainní sin faoi chumhdach ar an mbealach seo a leanas:

(a) coimeádfaidh institiúidí creidmheasa cistí faoi chumhdach i gcuntas a osclaítear i leabhair na n-institiúidí creidmheasa;

(b) maidir le hionstraimí airgeadais is féidir a choimeád faoi chumhdach, déanfaidh institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta gach ionstraim airgeadais is féidir a chlárú i gcuntas ionstraimí airgeadais a osclaítear i leabhair na n-institiúidí creidmheasa nó na ngnólachtaí infheistíochta agus gach ionstraim airgeadais is féidir a sheachadadh go fisiciúil chuig institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta den sórt sin a choimeád faoi chumhdach;

(c) maidir le cripteashócmhainní is féidir a choimeád faoi chumhdach, déanfaidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cripteashócmhainní a áirítear sna cúlsócmhainní nó na modhanna rochtana ar chripteashócmhainní den sórt sin a choimeád faoi chumhdach, i gcás inarb infheidhme, i bhfoirm eochracha cripteagrafacha príobháideacha;

(d) maidir le sócmhainní eile, fíoróidh na hinstitiúidí creidmheasa úinéireacht eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus coimeádfaidh siad taifead ar na cúlsócmhainní sin ar deimhin leo ina leith gur le heisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha na cúlsócmhainní sin.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, áiritheoidh institiúidí creidmheasa go gcláraítear cistí i leabhair na n-institiúidí creidmheasa ar chuntas leithscartha i gcomhréir le forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 16 de Threoir 2006/73/CE ón gCoimisiún ([40]). Osclófar an cuntas sin in ainm eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha chun cúlsócmhainní gach comhartha sócmhainn-tagartha a bhainistiú, ionas gur féidir a shainaithint go soiléir go mbaineann na cistí atá á gcoimeád faoi chumhdach le gach cúlchiste sócmhainní.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, áiritheoidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, maidir le gach ionstraim airgeadais is féidir a chlárú i gcuntas ionstraimí airgeadais a osclaítear i leabhair na n-institiúidí creidmheasa agus i leabhair na ngnólachtaí infheistíochta, go gcláraítear í i leabhair na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta ar chuntais leithscartha i gcomhréir le forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 16 de Threoir 2006/73/CE. Osclófar an cuntas ionstraimí airgeadais in ainm eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha chun cúlsócmhainní gach comhartha sócmhainn-tagartha a bhainistiú, ionas gur féidir a shainaithint go soiléir go mbaineann na hionstraimí airgeadais atá á gcoimeád faoi chumhdach le gach cúlchiste sócmhainní.

([40]) Treoir ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2006 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin (IO L 241, 2.9.2006, lch. 26).

Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír, osclóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní clár suíomhanna in ainm eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha chun cúlsócmhainní gach comhartha sócmhainn-tagartha a bhainistiú, ionas gur féidir a shainaithint go soiléir go mbaineann na cripteashócmhainní atá á gcoimeád faoi chumhdach le gach cúlchiste sócmhainní.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, beidh an measúnú i dtaobh an bhfuil na cúlsócmhainní ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha bunaithe ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid arna soláthar ag eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás ina bhfuil fáil uirthi, ar fhianaise sheachtrach.

7. Maidir le ceapadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, tabharfar fianaise ina leith sin trí bhíthin socrú conarthach dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an dara fomhír. Leis na socruithe conarthacha sin, rialófar, i measc nithe eile, an sreabhadh faisnéise is gá chun go mbeidh eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta in ann a bhfeidhmeanna mar choimeádaithe a chomhlíonadh.

8. Na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta a cheaptar mar choimeádaithe i gcomhréir le mír 4, gníomhóidh siad go hionraic, go cothrom, go gairmiúil, go neamhspleách agus ar mhaithe le leas eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus shealbhóirí na gcomharthaí sin.

9. Na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta a cheaptar mar choimeádaithe i gcomhréir le mír 4, ní dhéanfaidh siad gníomhaíochtaí maidir le heisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha a d'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa a chruthú idir na heisitheoirí sin, sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus iad féin ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa nó na gnólachtaí infheistíochta tar éis feidhmiú a gcúraimí cumhdaigh a scaradh go feidhmiúil agus go hordúil óna gcúraimí a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leo;

(b) rinne eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint mar is cuí, rinne siad faireachán cuí orthu, rinne siad iad a bhainistiú agus a nochtadh mar is cuí do shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, i gcomhréir le hAirteagal 32.

10. I gcás ina gcailltear ionstraim airgeadais nó cripteashócmhainn atá á coimeád faoi chumhdach de bhun mhír 6, déanfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, an institiúid creidmheasa nó an gnólacht infheistíochta a chaill an ionstraim airgeadais sin nó an chripteashócmhainn sin ionstraim airgeadais nó cripteashócmhainn de chineál comhionann nó an luach comhfhreagrach a chúiteamh nó a aiseag le heisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha gan moill mhíchuí. Ní bheidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, an institiúid creidmheasa ná an gnólacht infheistíochta lena mbaineann faoi dhliteanas maidir le cúiteamh nó aiseag i gcás inar féidir leis nó léi a chruthú gur tharla an caillteanas mar thoradh ar theagmhas seachtrach nach raibh neart réasúnach aige nó aici air, ar teagmhas é nárbh fhéidir a iarmhairtí a sheachaint in ainneoin gach iarrachta réasúnaí a rinneadh ina leith.

Airteagal 38

Infheistíocht an chúlchiste sócmhainní

1. Na heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a infheistíonn cuid den chúlchiste sócmhainní, ní dhéanfaidh siad na sócmhainní sin a infheistiú ach in ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe. Beifear in ann na hinfheistíochtaí a leachtú go tapa gan ach éifeacht dhíobhálach íosta a imirt ar phraghsanna.

2. Measfar aonaid i ngnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) a bheith ina sócmhainní lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe chun críocha mhír 1, i gcás nach n-infheistíonn an GCUI sin ach i sócmhainní mar atá sonraithe tuilleadh ag ÚBE i gcomhréir le mír 5 agus i gcás ina n-áirithíonn eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha go ndéantar an cúlchiste sócmhainní a infheistiú ar bhealach ina n-íoslaghdaítear an riosca comhchruinnithe.

3. Déanfar na hionstraimí airgeadais ina n-infheistítear an cúlchiste sócmhainní a choimeád faoi chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 37.

4. Is é eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha a iompróidh an brabús nó an caillteanas uile, lena n-áirítear luaineacht i luach na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i mír 1, agus aon riosca contrapháirtí nó oibriúcháin a thagann chun cinn mar thoradh ar infheistíocht an chúlchiste sócmhainní.

5. Forbróidh ÚBE, i gcomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na hionstraimí airgeadais is féidir a mheas a bheith fíorleachtach agus lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe dá dtagraítear i mír 1. Agus na hionstraimí airgeadais sin á sonrú aige, cuirfidh ÚBE an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na cineálacha éagsúla sócmhainní is féidir a bheith faoi thagairt ag comhartha sócmhainn-tagartha;

(b) an comhghaol idir na sócmhainní atá faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha agus na hionstraimí airgeadais fíorleachtacha ina bhféadfadh an t-eisitheoir infheistiú;

(c) an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 412 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus mar a shonraítear tuilleadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ([41]);

(d) srianta ar chomhchruinniú lena gcuirtear cosc ar an eisitheoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) níos mó ná céatadán áirithe de chúlsócmhainní a infheistiú in ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe arna n-eisiúint ag eintiteas aonair;

(ii) níos mó ná céatadán áirithe de chripteashócmhainní nó sócmhainní a choimeád faoi chumhdach le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó institiúidí creidmheasa a bhaineann leis an ngrúpa céanna, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]), nó gnólachtaí infheistíochta.

Chun críocha phointe (d)(i) den chéad fhomhír, ceapfaidh ÚBE teorainneacha oiriúnacha chun na ceanglais chomhchruinnithe a chinneadh. Cuirfear san áireamh sna teorainneacha sin, i measc tairseacha eile, na tairseacha ábhartha a leagtar síos in Airteagal 52 de Threoir 2009/65/CE.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 39

Ceart fuascailte

1. Beidh ceart fuascailte ag sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha i gcónaí i gcoinne eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, agus i leith na gcúlsócmhainní nuair nach bhfuil eisitheoirí in ann a n-oibleagáidí dá dtagraítear i gCaibidil 6 den Teideal seo a chomhlíonadh. Déanfaidh eisitheoirí beartais shoiléire agus mhionsonraithe agus nósanna imeachta soiléire agus mionsonraithe a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme maidir le buancheart fuascailte den sórt sin.

2. Arna iarraidh sin do shealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha, fuasclóidh eisitheoir comhartha den sórt sin trí mhéid i gcistí a íoc, seachas ríomh-airgead, atá coibhéiseach le margadhluach na sócmhainní atá faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha atá á shealbhú nó trí na sócmhainní atá faoi thagairt ag an gcomhartha a sheachadadh. Bunóidh eisitheoirí beartas maidir le buancheart fuascailte den sórt sin lena leagtar amach an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha, lena n-áirítear na tairseacha, na tréimhsí agus na hachair ama, atá ag sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha ceart fuascailte den sórt sin a fheidhmiú;

(b) na sásraí agus na nósanna imeachta chun fuascailt na gcomharthaí sócmhainn-tagartha a áirithiú, lena n-áirítear in imthosca struis sa mhargadh, agus i gcomhthéacs chur chun feidhme an phlean téarnaimh a leagtar amach in Airteagal 46 nó, i gcás fuascailt ordúil comharthaí sócmhainn-tagartha, faoi Airteagal 47;

([41]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh institiúidí creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

([42]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(c) luacháil na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus na gcúlsócmhainní, nó prionsabail luachála na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus na gcúlsócmhainní, nuair is é sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha a fheidhmíonn an ceart fuascailte, lena n-áirítear tríd an modheolaíocht luachála a leagtar amach in Airteagal 36 (11) a úsáid;

(d) na coinníollacha chun an fhuascailt a shocrú; agus

(e) bearta a dhéanann na heisitheoirí chun méaduithe nó laghduithe ar an gcúlchiste sócmhainní a bhainistiú go leordhóthanach chun aon drochthionchar ar mhargadh na gcúlsócmhainní a sheachaint.

I gcás ina nglacann eisitheoirí, agus comhartha sócmhainn-tagartha á dhíol acu, le híocaíocht i gcistí seachas ríomh-airgead, atá ainmnithe in airgeadra oifigiúil, cuirfidh siad rogha ar fáil i gcónaí an comhartha a fhuascailt i gcistí seachas ríomh-airgead, atá ainmnithe san airgeadra oifigiúil céanna.

3. Gan dochar d'Airteagal 46, ní bheidh fuascailt comharthaí sócmhainn-tagartha faoi réir táille.

Airteagal 40

Toirmeasc ar ús a dheonú

1. Ní dhéanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha ús a dheonú i ndáil le comharthaí sócmhainn-tagartha.

2. Ní dheonóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ús, agus seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha á soláthar acu.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, láimhseálfar mar ús aon luach saothair nó aon sochar eile a bhaineann leis an bhfad ama ar lena linn a shealbhaíonn sealbhóir comharthaí sócmhainn-tagartha comharthaí sócmhainn-tagartha den sórt sin. Áirítear leis sin glanchúiteamh nó lascainí, ag a bhfuil éifeacht atá coibhéiseach le héifeacht úis a fhaigheann sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, go díreach ón eisitheoir nó ó thríú páirtithe, agus ag a bhfuil baint dhíreach leis na comharthaí sócmhainn-tagartha nó ó luach saothair nó ó phraghsáil táirgí eile.

CAIBIDIL 4

Éadálacha na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

Airteagal 41

Measúnú ar éadálacha beartaithe na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon duine den sórt sin ag gníomhú de chomhbheart dóibh a bheartaíonn sealúchas cáilitheach in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha a fháil, go díreach nó go hindíreach, nó sealúchas cáilitheach den sórt sin a mhéadú, go díreach nó go hindíreach, ionas go sroichfeadh nó go sáródh sciar na gceart vótála nó an chaipitil atá á shealbhú 20 %, 30 % nó 50 %, nó ionas go mbeadh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha ina fhochuideachta aige ('an faighteoir beartaithe'), tabharfaidh sé fógra i scríbhinn d'údarás inniúil an eisitheora faoi, agus méid an tsealúchais atá beartaithe agus an fhaisnéis a cheanglaítear sna caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42(4) á gcur in iúl.

2. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cinneadh déanta aige sealúchas cáilitheach in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha a dhiúscairt go díreach nó go hindíreach, déanfaidh sé, sula ndiúscrófar an sealúchas sin, fógra a thabhairt i scríbhinn don údarás inniúil faoina chinneadh agus méid an tsealúchais sin a chur in iúl. Tabharfaidh an duine sin fógra don údarás inniúil freisin i gcás ina bhfuil cinneadh déanta aige sealúchas cáilitheach a laghdú ionas go dtitfeadh sciar na gceart vótála nó an chaipitil atá á shealbhú faoi bhun 10 %, 20 %, 30 % nó 50 %, nó ionas go scoirfeadh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha de bheith mar fhochuideachta ag an duine sin.

3. Admhóidh an t-údarás inniúil, go pras agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ó fhógra a fháil de bhun mhír 1, i scríbhinn go bhfuarthas é.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an éadáil bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42(4), laistigh de 60 lá oibre ón dáta a admhaíodh i scríbhinn go bhfuarthas an fógra dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Agus admháil á tabhairt aige go bhfuarthas an fógra, cuirfidh an t-údarás inniúil an faighteoir beartaithe ar an eolas faoi dháta éaga na tréimhse measúnaithe.

5. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 4 á dhéanamh acu, féadfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise is gá chun an measúnú sin a chur i gcrích a iarraidh ar an bhfaighteoir beartaithe. Déanfar iarraidh den sórt sin sula dtabharfar an measúnú chun críche, agus tráth nach déanaí ná an 50ú lá oibre ón dáta a admhaíodh i scríbhinn go bhfuarthas an fógra dá dtagraítear i mír 3. Déanfar iarrataí den sórt sin i scríbhinn agus sonrófar an fhaisnéis bhreise is gá iontu.

Cuirfidh an t-údarás inniúil an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4 ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo faighte aige. Ní rachaidh an tréimhse fionraí thar 20 lá oibre. Ní bheidh aon fhionraí bhreise ar thréimhse an mheasúnaithe mar thoradh ar aon iarrataí ón údarás inniúil ina dhiaidh sin ar fhaisnéis bhreise nó ar shoiléiriú ar fhaisnéis a fuarthas.

Féadfaidh an t-údarás inniúil an fhionraí dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a fhadú suas le 30 lá oibre más rud é go bhfuil an faighteoir beartaithe suite lasmuigh den Aontas nó go bhfuil sé á rialáil faoi dhlí tríú tír.

6. Údarás inniúil, ar an measúnú dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt i gcrích, a chinneann cur in aghaidh na héadála beartaithe dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh sé fógra faoin méid sin don fhaighteoir beartaithe laistigh de 2 lá oibre, agus in aon chás roimh an dáta dá dtagraítear i mír 4 arna fhadú, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le mír 5, an dara agus an tríú fomhír. Tabharfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin san fhógra.

7. I gcás nach gcuireann an t-údarás inniúil in aghaidh na héadála beartaithe dá dtagraítear i mír 1 roimh an dáta dá dtagraítear i mír 4 arna fhadú, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le mír 5, an dara agus an tríú fomhír, measfar an éadáil bheartaithe a bheith formheasta.

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil uastréimhse a shocrú chun an éadáil bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt chun críche, agus féadfaidh sé an uastréimhse sin a fhadú i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 42

Inneachar an mheasúnaithe ar éadálacha beartaithe na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

1. Agus an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 41(4) á dhéanamh acu, tabharfaidh an t-údarás inniúil breithmheas ar oiriúnacht an fhaighteora bheartaithe agus ar fhóntacht airgeadais na héadála beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 41(1) i gcoinne gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) clú an fhaighteora bheartaithe;

(b) clú, eolas, scileanna agus taithí aon duine a stiúrfaidh gnó eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha de thoradh na héadála beartaithe;

(c) fóntacht airgeadais an fhaighteora bheartaithe, go háirithe i ndáil leis an gcineál gnó a bheartaítear agus a shaothraítear i leith eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha ina bhfuil an éadáil beartaithe;

(d) an mbeidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha in ann forálacha an Teidil seo a chomhlíonadh agus leanúint dá gcomhlíonadh;

(e) an bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras, i dtaca leis an éadáil bheartaithe, go bhfuil nó go raibh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(3) agus (5), faoi seach, de Threoir (AE) 2015/849 á dhéanamh, nó gur féachadh nó go bhfuiltear ag féachaint lena dhéanamh, nó go bhféadfadh an éadáil bheartaithe an riosca ina leith a mhéadú.

2. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil cur in aghaidh na héadála beartaithe ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann déanamh amhlaidh bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 41(4) neamhiomlán nó bréagach.

3. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon choinníollacha roimh ré maidir le leibhéal an tsealúchais cháilithigh a cheanglaítear a fháil faoin Rialachán seo ná ní cheadóidh siad dá n-údaráis inniúla an éadáil bheartaithe a scrúdú i dtéarmaí riachtanais eacnamaíocha an mhargaidh.

4. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 41(4), an chéad fhomhír, a dhéanamh. Beidh an fhaisnéis atá de dhíth ábhartha chun measúnú stuamachta a dhéanamh, agus beidh sí comhréireach agus oiriúnaithe do chineál an fhaighteora bheartaithe agus don éadáil bheartaithe dá dtagraítear in Airteagal 41(1).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

CAIBIDIL 5

Comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha

Airteagal 43

Comharthaí sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha

1. Is iad seo a leanas na critéir chun na comharthaí sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, mar a shonraítear tuilleadh leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 11:

(a) tá líon shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha níos mó ná 10 milliún;

(b) tá luach an chomhartha sócmhainn-tagartha a eisíodh, a chaipitliú margaidh nó méid chúlchiste sócmhainní eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha níos mó ná EUR 5 000 000 000;

(c) tá meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart sa chomhartha sócmhainn-tagartha sin in aghaidh an lae le linn na tréimhse ábhartha níos airde ná 2,5 milliún idirbheart agus EUR 500 000 000 faoi seach;

(d) tá eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha ina sholáthraí croísheirbhísí ardáin atá ainmnithe mar gheatóir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([43]);

(e) tábhacht ghníomhaíochtaí eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha ar scála idirnáisiúnta, lena n-áirítear úsáid an chomhartha sócmhainn-tagartha le haghaidh íocaíochtaí agus seoltán;

(f) idirnascacht an chomhartha sócmhainn-tagartha nó a eisitheoirí leis an gcóras airgeadais;

(g) eisíonn an t-aon eisitheoir amháin comhartha sócmhainn-tagartha breise amháin ar a laghad nó comhartha ríomh-airgid breise amháin ar a laghad, agus soláthraíonn sé seirbhís cripteashócmhainní amháin ar a laghad.

2. Déanfaidh ÚBE comharthaí sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha i gcás ina gcomhlíontar ar a laghad trí cinn de na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo:

(a) le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcéad tuarascáil ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, tar éis údarú a fháil de bhun Airteagal 21 nó tar éis an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhormheas de bhun Airteagal 17; nó

(b) le linn na tréimhse a chumhdaítear le dhá thuarascáil ar fhaisnéis as a chéile ar a laghad dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.

3. I gcás ina n-eisíonn roinnt eisitheoirí an comhartha sócmhainn-tagartha céanna, déanfar measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i mír 1 tar éis na sonraí óna heisitheoirí sin a chomhiomlánú.

4. Tuairisceoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an eisitheora do ÚBE agus do BCE faisnéis atá ábhartha don mheasúnú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis a fuarthas faoi Airteagal 22, dhá uair sa bhliain ar a laghad.

I gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil aige, nó i gcás ina bhfuil airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha, tarchuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chuig banc ceannais an Bhallstáit sin freisin.

5. I gcás ina dtagann ÚBE ar an tátal go gcomhlíonann comhartha sócmhainn-tagartha na critéir a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir le mír 2, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh chun an comhartha sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin, d'údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, an dara fomhír, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

([43]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

Beidh 20 lá oibre ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha den sórt sin, ag a n-údaráis inniúla, ag BCE agus, i gcás inarb infheidhme, ag banc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann ón dáta ar tugadh fógra faoi dhréachtchinneadh ÚBE barúlacha agus tráchtanna a chur ar fáil i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

6. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh an aicmeoidh sé comhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach laistigh de 60 lá oibre ón dáta ar tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 5 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin agus dá údarás inniúil.

7. I gcás inar aicmíodh comhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach de bhun cinneadh ó ÚBE arna ghlacadh i gcomhréir le mír 6, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh sin ó údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora chuig ÚBE laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh sin.

Oibreoidh ÚBE agus an t-údarás inniúil i gcomhar le chéile chun aistriú rianúil inniúlachtaí maoirseachta a áirithiú.

8. Déanfaidh ÚBE athmheasúnú bliantúil ar aicmiú na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear ó na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 nó ón bhfaisnéis a fuarthas faoi Airteagal 22.

I gcás ina dtagann ÚBE ar an tátal nach gcomhlíonann comharthaí sócmhainn-tagartha áirithe na critéir a leagtar amach i mír 1 a thuilleadh i gcomhréir le mír 2, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh gan na comharthaí sócmhainn-tagartha a aicmiú a thuilleadh mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach agus cuirfidh sé an dréachtchinneadh sin in iúl d'eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin agus d'údarás inniúil a mBallstáit baile, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, an dara fomhír, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Beidh 20 lá oibre ag eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha den sórt sin, ag a n-údaráis inniúla, ag BCE agus ag an mbanc ceannais dá dtagraítear i mír 4 ón dáta ar tugadh fógra faoin dréachtchinneadh sin barúlacha agus tráchtanna a chur ar fáil i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

9. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh nach n-aicmeoidh sé comhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach a thuilleadh laistigh de 60 lá oibre ón dáta ar tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 8 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin agus dá údarás inniúil.

10. I gcás nach n-aicmítear comhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha suntasach a thuilleadh de bhun cinneadh ó ÚBE arna dhéanamh i gcomhréir le mír 9, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin ó ÚBE chuig údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh sin.

Oibreoidh ÚBE agus an t-údarás inniúil lena mbaineann i gcomhar le chéile chun aistriú rianúil inniúlachtaí maoirseachta a áirithiú.

11. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 139 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonrú breise a dhéanamh ar na critéir a leagtar amach i mír 1 chun comhartha sócmhainn-tagartha a bheith aicmithe mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach agus cinnfidh sé an méid seo a leanas:

(a) na himthosca faoina meastar go bhfuil gníomhaíochtaí eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach ar scála idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas;

(b) na himthosca faoina measfar na comharthaí sócmhainn-tagartha agus a n-eisitheoirí a bheith idirnasctha leis an gcóras airgeadais;

(c) inneachar agus formáid na faisnéise a sholáthraíonn na húdaráis inniúla do ÚBE agus do BCE faoi mhír 4 den Airteagal seo agus Airteagal 56(3).

Airteagal 44

Aicmiú roghnach comharthaí sócmhainn-tagartha mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha

1. Féadfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha is iarratasóirí a chur in iúl ina n-iarratas ar údarú de bhun Airteagal 18, nó ina bhfógra de bhun Airteagal 17, gur mian leo go n-aicmeofaí a gcomharthaí sócmhainn-tagartha mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha. Sa chás sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra láithreach faoi iarraidh den sórt sin ón eisitheoir is iarratasóir do ÚBE, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(4), do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Ionas gur féidir comhartha sócmhainn-tagartha a aicmiú mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach faoin Airteagal seo, léireoidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha is iarratasóir, trí chlár mionsonraithe oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)(i), agus Airteagal 18(2), pointe (d), gur dócha go gcomhlíonfaidh sé trí cinn ar a laghad de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1).

2. Ullmhóidh ÚBE, laistigh de 20 lá oibre ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, dréachtchinneadh ina mbeidh a thuairim, bunaithe ar chlár na n-oibríochtaí, i dtaobh an gcomhlíonann an comhartha sócmhainn-tagartha trí cinn ar a laghad de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) nó an dócha go gcomhlíonfaidh sé iad agus cuirfidh sé an dréachtchinneadh sin in iúl d'údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora is iarratasóir, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 43(4), an dara fomhír, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Beidh 20 lá oibre ag údaráis inniúla eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha den sórt sin, ag BCE agus, i gcás inarb infheidhme, ag banc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann, ón dáta ar tugadh fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tráchtanna a thabhairt i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

3. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh an aicmeoidh sé comhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach laistigh de 60 lá oibre ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir is iarratasóir comhartha sócmhainn-tagartha den sórt sin agus dá údarás inniúil.

4. I gcás inar aicmíodh comharthaí sócmhainn-tagartha mar chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha de bhun cinneadh ó ÚBE arna dhéanamh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin ón údarás inniúil chuig ÚBE ar dháta chinneadh an údaráis inniúil an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 21(1) a dheonú nó ar dháta formheasta an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17.

Airteagal 45

Oibleagáidí breise sonracha ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun, ar beartas é lena ndéantar an bainistiú riosca fónta agus éifeachtach eisitheoirí den sórt sin a chur chun cinn agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeáin riosca a mhaolú.

2. Áiritheoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha gur féidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní éagsúla a údaraítear chun cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nach mbaineann leis an ngrúpa céanna, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir 2013/34/AE, na comharthaí sin a choimeád faoi chumhdach ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.

3. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha measúnú agus faireachán ar na riachtanais leachtacha chun freastal ar iarrataí ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha chun na comharthaí sócmhainn-tagartha sin a fhuascailt. Chun na críche sin, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha beartas bainistithe leachtachta agus nósanna imeachta bainistithe leachtachta a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme. Áiritheofar leis an mbeartas sin agus leis na nósanna imeachta sin go bhfuil próifíl leachtachta athléimneach ag na cúlsócmhainní lena gcuirtear ar chumas eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha leanúint de bheith ag feidhmiú mar is gnách, lena n-áirítear i gcásanna struis leachtachta.

4. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha tástáil struis leachtachta ar bhonn tráthrialta. Ag brath ar thoradh tástálacha den sórt sin, féadfaidh ÚBE a chinneadh na ceanglais leachtachta dá dtagraítear i mír 7, an chéad fhomhír, pointe (b), den Airteagal seo agus in Airteagal 36(6) a neartú.

I gcás ina dtairgeann eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha dhá chomhartha sócmhainn-tagartha nó níos mó nó ina soláthraíonn siad seirbhísí cripteashócmhainní, cumhdófar leis na tástálacha struis sin na gníomhaíochtaí sin go léir ar bhealach cuimsitheach agus iomlánaíoch.

5. Socrófar an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 35(1), an chéad fhomhír, pointe (b), ag 3 % de mheánmhéid na gcúlsócmhainní d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha.

6. I gcás ina dtairgeann roinnt eisitheoirí an t-aon chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach amháin, beidh feidhm ag míreanna 1 go 5 maidir le gach eisitheoir.

I gcás ina dtairgeann eisitheoir dhá chomhartha sócmhainn-tagartha nó níos mó san Aontas agus ina n-aicmítear ceann amháin ar a laghad de na comharthaí sócmhainn-tagartha sin mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, beidh feidhm ag míreanna 1 go 5 maidir leis an eisitheoir sin.

7. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an méid seo a leanas:

(a) an t-íosmhéid inneachair atá le bheith sna socruithe rialachais maidir leis an mbeartas luacha saothair dá dtagraítear i mír 1;

(b) íosmhéid inneachair an bheartais bainistithe leachtachta agus na nósanna imeachta bainistithe leachtachta mar a leagtar amach i mír 3, agus ceanglais leachtachta, lena n-áirítear trí íosmhéid na dtaiscí i ngach airgeadra oifigiúil dá dtagraítear a shonrú, íosmhéid nach féidir a bheith níos ísle ná 60 % den mhéid dá dtagraítear i ngach airgeadra oifigiúil;

(c) an nós imeachta agus an tréimhse ama atá ag eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh chun méid a chistí dílse a a choigeartú mar a cheanglaítear le mír 5.

I gcás institiúidí creidmheasa, déanfaidh ÚBE na caighdeáin theicniúla a chalabrú agus aon idirghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na ceanglais rialála a bhunaítear leis an Rialachán seo agus na ceanglais rialála arna mbunú le gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais á gcur san áireamh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin.30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

8. Eiseoidh ÚBE, i ndlúthchomhar le ESMA agus le BCE, treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 d'fhonn paraiméadair thagartha chomhchoiteanna na gcásanna tástála struis a bhunú lena n-áireamh sna tástálacha struis dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Tabharfar na treoirlínte sin cothrom le dáta go tréimhsiúil agus na forbairtí is déanaí sa mhargadh á gcur san áireamh.

CAIBIDIL 6

Pleananna téarnaimh agus fuascailte

Airteagal 46

Plean téarnaimh

1. Déanfaidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha plean téarnaimh a tharraingt suas agus a choimeád ar bun ina ndéantar foráil maidir le bearta atá le déanamh ag an eisitheoir chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a athbhunú i gcásanna nach gcomhlíonann an t-eisitheoir na ceanglais sin.

Áireofar sa phlean téarnaimh freisin caomhnú sheirbhísí an eisitheora a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha, aisghabháil thráthúil oibríochtaí agus comhlíonadh oibleagáidí an eisitheora i gcás teagmhais lena ngabhann riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí.

Áireofar sa phlean téarnaimh coinníollacha agus nósanna imeachta iomchuí chun cur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí téarnaimh a áirithiú chomh maith le raon leathan roghanna téarnaimh, lena n-áirítear:

(a) táillí leachtachta ar fhuascailtí;

(b) teorainneacha ar mhéid an chomhartha sócmhainn-tagartha is féidir a fhuascailt ar aon lá oibre;

(c) fionraí fuascailtí.

2. Tabharfaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha fógra faoin bplean téarnaimh don údarás inniúil laistigh de 6 mhí ó dháta an údaraithe de bhun Airteagal 21 nó laistigh de 6 mhí ó dháta formheasta an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17. Éileoidh an t-údarás inniúil leasuithe ar an bplean téarnaimh i gcás inar gá chun a chur chun feidhme cuí a áirithiú agus déanfaidh sé fógra faoina chinneadh lena n-iarrtar na leasuithe sin a thabhairt don eisitheoir laistigh de 40 lá oibre ó dháta fógartha an phlean sin. Cuirfidh an t-eisitheoir an cinneadh sin chun feidhme laistigh de 40 lá oibre ó dháta fógartha an chinnidh sin. Déanfaidh an t-eisitheoir an plean téarnaimh a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an t-eisitheoir fógra faoin bplean téarnaimh dá údaráis réitigh agus dá údaráis maoirseachta stuamachta i gcomhthráth leis an údarás inniúil.

3. I gcás ina mainníonn an t-eisitheoir na ceanglais is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní dá dtagraítear i gCaibidil 3 den Teideal seo a chomhlíonadh nó, mar gheall ar staid airgeadais atá ag dul in olcas go tapa, gur dócha nach gcomhlíonfaidh sé na ceanglais sin go luath, beidh sé de chumhacht ag an údarás inniúil, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais is infheidhme, a cheangal ar an eisitheoir ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh a chur chun feidhme nó plean téarnaimh den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta i gcás nach ionann na himthosca agus na toimhdí a leagtar amach sa phlean téarnaimh tosaigh agus ceann amháin nó níos mó de na socruithe nó de na bearta a leagtar amach sa phlean nuashonraithe a chur chun feidhme laistigh de thréimhse shonrach.

4. Sna himthosca dá dtagraítear i mír 3, beidh sé de chumhacht ag an údarás inniúil fuascailt comharthaí sócmhainn-tagartha a chur ar fionraí go sealadach, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt leis an bhfionraí ag féachaint do leasanna shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus don chobhsaíocht airgeadais.

5. I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra d'údaráis réitigh agus údaráis maoirseachta stuamachta an eisitheora maidir le haon bheart a dhéantar de bhun mhíreanna 3 agus 4.

6. Tar éis dul i gcomhairle le ESMA, eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chun formáid an phlean téarnaimh agus an fhaisnéis atá le soláthar sa phlean téarnaimh a shonrú.

Airteagal 47

Plean fuascailte

1. Déanfaidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha plean oibríochtúil a tharraingt suas agus a choimeád ar bun chun tacú le fuascailt ordúil gach comhartha sócmhainn-tagartha, atá le cur chun feidhme ar chinneadh ón údarás inniúil nach bhfuil an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás dócmhainneachta nó, i gcás inarb infheidhme, réitigh nó i gcás údarú an eisitheora a tharraingt siar, gan dochar do thús a chur le beart coiscthe géarchéime nó beart bainistithe géarchéime mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (1), pointí (101) agus (102), faoi seach, de Threoir 2014/59/AE nó gníomhaíocht réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]).

2. Leis an bplean fuascailte, léireofar cumas eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha fuascailt a dhéanamh ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha gan íoc a eisíodh gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh dá shealbhóirí ná do chobhsaíocht mhargaí na gcúlsócmhainní.

Áireofar sa phlean fuascailte socruithe conarthacha, nósanna imeachta agus córais, lena n-áirítear riarthóir sealadach a ainmniú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, chun a áirithiú go gcaitear go cothrom le gach sealbhóir comharthaí sócmhainn-tagartha agus chun a áirithiú go n-íoctar sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha ar bhealach tráthúil ó na fáltais ó dhíol na gcúlsócmhainní atá fágtha.

Áiritheofar leis an bplean fuascailte leanúnachas aon ghníomhaíochtaí criticiúla atá riachtanach don fhuascailt ordúil agus a dhéanann eisitheoirí nó aon eintiteas tríú páirtí.

3. Tabharfaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha fógra faoin bplean fuascailte don údarás inniúil laistigh de 6 mhí ó dháta an údaraithe de bhun Airteagal 21 nó laistigh de 6 mhí ó dháta formheasta an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17. Éileoidh an t-údarás inniúil leasuithe ar an bplean fuascailte i gcás inar gá chun a chur chun feidhme cuí a áirithiú agus déanfaidh sé fógra faoina chinneadh lena n-iarrtar na leasuithe sin a thabhairt don eisitheoir laistigh de 40 lá oibre ó dháta fógartha an phlean sin. Cuirfidh an t-eisitheoir an cinneadh sin chun feidhme laistigh de 40 lá oibre ó dháta fógartha an chinnidh sin. Déanfaidh an t-eisitheoir an plean fuascailte a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

4. I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoin bplean fuascailte d'údarás réitigh agus d'údarás maoirseachta stuamachta an eisitheora.

Féadfaidh an t-údarás réitigh an plean fuascailte a scrúdú d'fhonn aon ghníomhaíochtaí sa phlean fuascailte a shainaithint a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar inréiteacht an eisitheora, agus féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil ina leith sin.

([44]) Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1).

5. Eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chun an méid seo a leanas a shonrú:

(a) inneachar an phlean fuascailte agus tréimhsiúlacht an athbhreithnithe, agus méid, castacht agus cineál an chomhartha sócmhainn-tagartha agus samhail ghnó a eisitheora á gcur san áireamh; agus

(b) na truicir chun an plean fuascailte a chur chun feidhme.

TEIDEAL IV

COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID

CAIBIDIL 1

Ceanglais atá le comhlíonadh ag gach eisitheoir comharthaí ríomh-airgid

Airteagal 48

Ceanglais maidir leis an tairiscint don phobal ar chomharthaí ríomh-airgid nó maidir lena ligean isteach chun a dtrádála

1. Ní dhéanfaidh duine tairiscint don phobal ar chomhartha ríomh-airgid ná ní iarrfaidh sé go ligfí isteach chun a thrádála é, laistigh den Aontas, ach amháin más rud é gurb é eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin an duine sin agus gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) tá sé údaraithe mar institiúid creidmheasa nó mar institiúid ríomh-airgid; agus

(b) tá fógra tugtha aige don údarás inniúil faoi pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus tá an páipéar bán sin maidir le cripteashócmhainní foilsithe aige i gcomhréir le hAirteagal 51.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ar thoiliú i scríbhinn ón eisitheoir, féadfaidh daoine eile an comhartha ríomh-airgid a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach é chun a thrádála. Comhlíonfaidh na daoine sin Airteagail 50 agus 53.

2. Measfar gur ríomh-airgead é comharthaí ríomh-airgid.

Aon chomhartha ríomh-airgid atá faoi thagairt ag airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit, measfar é a bheith á thairiscint don phobal san Aontas.

3. Beidh feidhm ag Teidil II agus III de Threoir 2009/110/CE maidir le comharthaí ríomh-airgid mura sonraítear a mhalairt sa Teideal seo.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 2009/110/CE.

5. Ní bheidh feidhm ag an Teideal seo, cé is moite de mhír 7 den Airteagal seo agus cé is moite d'Airteagal 51, maidir le comharthaí ríomh-airgid atá díolmhaithe de bhun Airteagal 1(4) agus (5) de Threoir 2009/110/CE.

6. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid, 40 lá oibre ar a laghad roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe acu na comharthaí ríomh-airgid sin a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála, fógra a thabhairt dá n-údarás inniúil faoin rún sin.

7. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 4 nó 5, déanfaidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas agus tabharfaidh siad fógra don údarás inniúil faoin bpáipéar bán sin maidir le cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 51.

Airteagal 49

Eisiúint agus infhuascailteacht comharthaí ríomh-airgid

1. De mhaolú ar Airteagal 11 de Threoir 2009/110/CE, maidir le heisiúint agus infhuascailteacht comharthaí ríomh-airgid, ní bheidh feidhm ach ag na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid.

2. Beidh éileamh ag sealbhóirí comharthaí ríomh-airgid in aghaidh eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin.

3. Eiseoidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid comharthaí ríomh-airgid ar parluach agus ar chistí a fháil.

4. Arna iarraidh sin do shealbhóir comharthaí ríomh-airgid, déanfaidh eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin é a fhuascailt, tráth ar bith agus ar parluach, trí luach airgid an chomhartha ríomh-airgid atá á shealbhú a íoc i gcistí, seachas airgead leictreonach, le sealbhóir an chomhartha ríomh-airgid.

5. Luafaidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid go feiceálach na coinníollacha maidir le fuascailt sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 51(1), an chéad fhomhír, pointe (d).

6. Gan dochar d'Airteagal 46, ní bheidh fuascailt comharthaí ríomh-airgid faoi réir táille.

Airteagal 50

Toirmeasc ar ús a dheonú

1. D'ainneoin Airteagal 12 de Threoir 2009/110/CE, ní dhéanfaidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid ús a dheonú i ndáil le comharthaí ríomh-airgid.

2. Ní dheonóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ús, agus seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid á soláthar acu.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, láimhseálfar mar ús aon luach saothair nó aon sochar eile a bhaineann leis an bhfad ama a sealbhaíonn sealbhóir comhartha ríomh-airgid an comhartha ríomh-airgid sin lena linn. Áirítear leis sin glanchúiteamh nó lascainí, ag a bhfuil éifeacht atá coibhéiseach le héifeacht úis a fhaigheann sealbhóir an chomhartha ríomh-airgid, go díreach ón eisitheoir nó ó thríú páirtithe, agus ag a bhfuil baint dhíreach leis an gcomhartha ríomh-airgid nó ó luach saothair nó ó phraghsáil táirgí eile.

Airteagal 51

Inneachar agus foirm an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comharthaí ríomh airgid

1. Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní le haghaidh comhartha ríomh-airgid, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn III:

(a) faisnéis faoi eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid;

(b) faisnéis faoin gcomhartha ríomh-airgid;

(c) faisnéis faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid nó faoina ligean isteach chun a thrádála;

(d) faisnéis faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis an gcomhartha ríomh-airgid;

(e) faisnéis faoin mbunteicneolaíocht;

(f) faisnéis faoi na rioscaí;

(g) faisnéis faoi na drochthionchair phríomha ar an aeráid agus faoi dhrochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun an comhartha ríomh-airgid a eisiúint.

Áireofar freisin sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní céannacht an duine seachas an t-eisitheoir a thairgeann an comhartha ríomh-airgid don phobal nó a iarrann go ligfí isteach é chun a thrádála de bhun Airteagal 48(1), an dara fomhír, agus an chúis a dtairgeann an duine áirithe sin an comhartha ríomh-airgid sin nó a n-iarrann go ligfí isteach é chun a thrádála.

2. Beidh an fhaisnéis uile a liostaítear i mír 1 cothrom agus soiléir agus ní bheidh sí míthreorach. Ní bheidh easnaimh ábhartha sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus cuirfear i láthair é i bhfoirm ghonta agus intuigthe.

3. Beidh an ráiteas soiléir feiceálach seo a leanas ar an gcéad leathanach den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní:

'Níl an páipéar bán seo maidir le cripteashócmhainní formheasta ag aon údarás inniúil in aon Bhallstát den Aontas Eorpach. Is é eisitheoir na cripteashócmhainne, agus eisean amháin, atá freagrach as inneachar an pháipéir bháin seo maidir le cripteashócmhainní.'.

4. Beidh rabhadh soiléir maidir leis na nithe seo a leanas sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní:

(a) ní chumhdaítear an comhartha ríomh-airgid leis na scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí faoi Threoir 97/9/CE;

(b) ní chumhdaítear an comhartha ríomh-airgid leis na scéimeanna ráthaithe taiscí faoi Threoir 2014/49/AE.

5. Beidh ráiteas ó chomhlacht bainistíochta eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Deimhneofar leis an ráiteas sin, a chuirfear isteach tar éis an ráitis dá dtagraítear i mír 3, go gcomhlíonann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní an Teideal seo agus, chomh fada agus is eol don chomhlacht bainistíochta, go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní iomlán, cothrom, soiléir agus nach bhfuil sé míthreorach agus nach bhfuil aon easnamh sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

6. Beidh achoimre sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, a chuirfear isteach tar éis an ráitis dá dtagraítear i mír 5, ina dtabharfar, i dteanga ghonta agus neamhtheicniúil, faisnéis bhunriachtanach faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid nó faoi ligean isteach an chomharthaí ríomh-airgid sin chun a thrádála atá beartaithe. Beidh an achoimre sothuigthe agus déanfar í a chur i láthair agus a leagan amach i bhformáid shoiléir chuimsitheach, agus úsáid á baint as carachtair atá inléite ó thaobh méide de. San achoimre ar an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní, tabharfar faisnéis iomchuí faoi shaintréithe na gcripteashócmhainní lena mbaineann chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha na gcripteashócmhainní cinneadh feasach a dhéanamh.

Beidh rabhadh maidir leis na nithe seo a leanas san achoimre:

(a) ba cheart í a léamh mar réamhrá don pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(b) ba cheart don sealbhóir ionchasach aon chinneadh maidir le ceannach an chomhartha ríomh-airgid a bhunú ar inneachar an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní ina iomláine agus níor cheart dó aon chinneadh den sórt sin a bhunú ar an achoimre amháin;

(c) ní hionann an tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid agus tairiscint nó sirtheoireacht chun ionstraimí airgeadais a cheannach agus ní féidir aon tairiscint nó sirtheoireacht den sórt sin a dhéanamh ach amháin trí bhíthin réamheolaire nó doiciméid tairisceana eile de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

(d) ní hionann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus réamheolaire amhail dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/1129 ná aon doiciméad tairisceana eile de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.

Luafar san achoimre go bhfuil ceart fuascailte ag sealbhóirí an chomhartha ríomh-airgid tráth ar bith agus ar parluach agus luafar na coinníollacha maidir le fuascailt inti freisin.

7. Beidh dáta a fhógra agus clár ábhar sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

8. Tarraingeofar suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit baile nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

I gcás ina dtairgtear an comhartha ríomh-airgid freisin i mBallstát seachas an Ballstát baile, tarraingeofar suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit óstaigh nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

9. Cuirfear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite.

10. Déanfaidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 9.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

11. Tabharfaidh eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid fógra dá n-údarás inniúil faoina bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní 20 lá oibre ar a laghad roimh dháta a bhfoilsithe.

Ní éileoidh údaráis inniúla go ndéanfar páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní a fhormheas roimh ré sula bhfoilseofar iad.

12. Tabharfar tuairisc ar aon toisc nua shuntasach, ar aon bhotún ábhartha nó ar aon mhíchruinneas ábhartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mheasúnú ar an gcomhartha ríomh-airgid i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní arna tharraingt suas ag na heisitheoirí, tabharfar fógra ina leith do na húdaráis inniúla agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na n-eisitheoirí iad.

13. Sula dtairgfidh sé an comhartha ríomh-airgid don phobal san Aontas nó sula n-iarrfaidh sé go ligfí isteach an comhartha ríomh-airgid chun a thrádála, foilseoidh eisitheoir comhartha ríomh-airgid den sórt sin páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar a shuíomh gréasáin.

14. Soláthróidh eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid, in éineacht leis an bhfógra faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní de bhun mhír 11 den Airteagal seo, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 109(4) don údarás inniúil. Laistigh de 5 lá oibre ón bhfaisnéis a fháil ón eisitheoir, cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl do ESMA an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 109(4).

Cuirfidh an t-údarás inniúil aon pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní agus aon tarraingt siar údarú eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid in iúl do ESMA freisin.

Cuirfidh ESMA an fhaisnéis sin ar fáil sa chlár, faoi Airteagal 109(4), faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal nó an ligin isteach chun trádála nó, i gcás páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, nó tarraingt siar údaraithe, gan moill mhíchuí.

15. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise dá dtagraítear i mír 1, pointe (g), i leith na dtáscairí inbhuanaitheachta i ndáil le drochthionchair ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt aige, breithneoidh ESMA na cineálacha éagsúla sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta i gcripteashócmhainní a bhailíochtú, a struchtúir dreasachta agus úsáid fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus acmhainní nádúrtha, táirgeadh dramhaíola agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Déanfaidh ESMA na caighdeáin theicniúla rialála a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíocha.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024..

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 52

Dliteanas eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid i leith na faisnéise a thugtar i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní

1. I gcás inar sháraigh eisitheoir comhartha ríomh-airgid Airteagal 51, trí fhaisnéis a sholáthar ina pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó i bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní, faisnéis nach bhfuil iomlán, cothrom ná soiléir nó atá míthreorach, beidh an t-eisitheoir sin agus comhaltaí a chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta faoi dhliteanas do shealbhóir comhartha ríomh-airgid den sórt sin as aon chaillteanas arna thabhú mar gheall ar an sárú sin.

2. Bainfear éifeacht dhlíthiúil d'aon eisiamh conarthach nó teorannú ar dhliteanas sibhialta dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh sé de fhreagracht ar shealbhóir an chomhartha ríomh-airgid fianaise a chur i láthair lena léirítear gur sháraigh eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin Airteagal 51 trí fhaisnéis a sholáthar ina pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó i bpáipéar bán modhnaithe, faisnéis nach bhfuil iomlán, cothrom nó soiléir, nó atá míthreorach agus gur imríodh tionchar ar chinneadh an tsealbhóra an comhartha ríomh-airgid sin a cheannach, a dhíol nó a mhalartú mar gheall ar bheith ag brath ar fhaisnéis den sórt sin.

4. An t-eisitheoir nó comhaltaí a chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ní bheidh siad faoi dhliteanas i leith caillteanas a tharla mar thoradh ar bheith ag brath ar an bhfaisnéis arna soláthar in achoimre de bhun Airteagal 51(6), lena n-áirítear aon aistriúchán uirthi, ach amháin i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an achoimre:

(a) tá sí míthreorach, míchruinn nó neamhréireach nuair a léitear in éineacht leis na codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í; nó

(b) nuair a léitear in éineacht le codanna eile den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní í, ní sholáthraítear léi faisnéis bhunriachtanach chun cabhrú le sealbhóirí ionchasacha agus breithniú á dhéanamh acu an gceannóidh siad comharthaí ríomh-airgid den sórt sin.

5. Ní dochar an tAirteagal seo d'aon dliteanas sibhialta eile de bhun an dlí náisiúnta.

Airteagal 53

Cumarsáid mhargaíochta

1. Le cumarsáid mhargaíochta a bhaineann le tairiscint don phobal ar chomhartha ríomh-airgid, nó a bhaineann le comhartha ríomh-airgid den sórt sin a ligean isteach chun a thrádála, comhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) táthar in ann a aithint go soiléir gur cumarsáid mhargaíochta atá inti;

(b) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta cothrom agus soiléir agus níl sí míthreorach;

(c) tá an fhaisnéis sa chumarsáid mhargaíochta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(d) luaitear go soiléir sa chumarsáid mhargaíochta gur foilsíodh páipéar bán maidir le cripteashócmhainní agus léirítear go soiléir inti seoladh shuíomh gréasáin eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid, chomh maith le huimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist chun teagmháil a dhéanamh leis an eisitheoir.

2. Beidh ráiteas soiléir gan débhrí i gcumarsáid mhargaíochta go bhfuil ceart fuascailte ag sealbhóirí an chomhartha ríomh-airgid i gcoinne an eisitheora tráth ar bith agus ar parluach.

3. Déanfar cumarsáid mhargaíochta agus aon mhodhnuithe uirthi a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an eisitheora.

4. Ní éileoidh údaráis inniúla go ndéanfar cumarsáid mhargaíochta a fhormheas roimh ré sula bhfoilseofar í.

5. Tabharfar fógra do na húdaráis inniúla faoi chumarsáid mhargaíochta arna iarraidh sin dóibh.

6. Ní scaipfear aon chumarsáid mhargaíochta sula bhfoilsítear an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní. Le srian den sórt sin, ní dhéantar difear do chumas eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sondálacha margaidh a dhéanamh.

Airteagal 54

Infheistíocht cistí a fhaightear mar mhalairt ar chomharthaí ríomh-airgid

Maidir le cistí a fhaigheann eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid mar mhalairt ar chomharthaí ríomh-airgid agus a choimircítear i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Threoir 2009/110/CE, comhlíonfar an méid a leanas leo:

(a) déantar 30 % ar a laghad de na cistí a fhaightear a thaisceadh i gcónaí i gcuntais ar leithligh in institiúidí creidmheasa;

(b) déantar na cistí eile a fhaightear a infheistiú i sócmhainní slána, ísealriosca a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe, i gcomhréir le hAirteagal 38(1) den Rialachán seo, agus déantar iad a ainmniú san airgeadra oifigiúil céanna leis an gceann atá faoi thagairt ag an gcomhartha ríomh-airgid.

Airteagal 55

Plean téarnaimh agus fuascailte

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Teideal III, Caibidil 6, maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid.

De mhaolú ar Airteagal 46(2), beidh an dáta faoina bhfuil fógra le tabhairt don údarás inniúil faoin bplean téarnaimh, i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid, laistigh de 6 mhí ó dháta na tairisceana don phobal nó ó dháta an ligin isteach chun trádála.

De mhaolú ar Airteagal 47(3), beidh an dáta faoina bhfuil fógra le tabhairt don údarás inniúil faoin bplean fuascailte, i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid, laistigh de 6 mhí ó dháta na tairisceana don phobal nó ó dháta an ligin isteach chun trádála.

CAIBIDIL 2

Comharthaí ríomh-airgid suntasacha

Airteagal 56

Comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí ríomh-airgid suntasacha

1. Déanfaidh ÚBE comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí ríomh-airgid suntasacha i gcás ina gcomhlíontar ar a laghad trí cinn de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1):

(a) le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcéad tuarascáil ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, tar éis na comharthaí sin a thairiscint don phobal nó tar éis a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála; nó

(b) le linn na tréimhse a chumhdaítear le dhá thuarascáil ar fhaisnéis as a chéile ar a laghad dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

2. I gcás ina n-eisíonn roinnt eisitheoirí an comhartha ríomh-airgid céanna, déanfar measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 43(1) tar éis na sonraí óna heisitheoirí sin a chomhiomlánú.

3. Tuairisceoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an eisitheora do ÚBE agus do BCE faisnéis atá ábhartha don mheasúnú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 43(1), lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis a fuarthas faoi Airteagal 22, dhá uair sa bhliain ar a laghad.

I gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil aige, nó i gcás ina bhfuil airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha ríomh-airgid, tarchuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chuig banc ceannais an Bhallstáit sin freisin.

4. I gcás ina dtagann ÚBE ar an tátal go gcomhlíonann comhartha ríomh-airgid na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh chun an comhartha ríomh-airgid a aicmiú mar chomhartha ríomh-airgid suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid, d'údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír, den Airteagal seo, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Beidh 20 lá oibre ag eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid den sórt sin, ag a n-údaráis inniúla, ag BCE agus, i gcás inarb infheidhme, ag banc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann ón dáta ar tugadh fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tráchtanna a thabhairt i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

5. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh an aicmeoidh sé comhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach laistigh de 60 lá oibre ón dáta ar tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 4 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin agus dá údarás inniúil.

6. I gcás inar aicmíodh comhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach de bhun cinneadh ó ÚBE arna dhéanamh i gcomhréir le mír 5, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin ó údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora chuig ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 117(4) laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh sin.

Oibreoidh ÚBE agus an t-údarás inniúil i gcomhar le chéile chun aistriú rianúil inniúlachtaí maoirseachta a áirithiú.

7. De mhaolú ar mhír 6, maidir le freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá ainmnithe in airgeadra oifigiúil Ballstáit seachas an euro, i gcás ina bhfuil 80 % ar a laghad de líon na sealbhóirí agus de mhéid idirbheart na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha sin comhchruinnithe sa Bhallstát baile, ní aistreofar chuig ÚBE iad.

Soláthróidh údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora faisnéis do ÚBE go bliantúil maidir le haon chásanna ina gcuirtear an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm.

Chun críocha na chéad fhomhíre, measfar idirbheart a bheith déanta sa Bhallstát baile nuair atá an t-íocóir nó an t-íocaí bunaithe sa Bhallstát sin.

8. Déanfaidh ÚBE athmheasúnú bliantúil ar aicmiú na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear ó na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo nó ón bhfaisnéis a fuarthas faoi Airteagal 22.

I gcás ina dtagann ÚBE ar an tátal nach gcomhlíonann comharthaí ríomh-airgid áirithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) a thuilleadh, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ullmhóidh ÚBE dréachtchinneadh gan an comhartha ríomh-airgid a aicmiú a thuilleadh mar chomhartha suntasach agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin, d'údaráis inniúla a mBallstáit baile, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear i mír 3, an dar fomhír, den Airteagal seo, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Beidh 20 lá oibre ag eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid den sórt sin, ag a n-údaráis inniúla, ag BCE agus ag banc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann ón dáta ar tugadh fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tráchtanna a thabhairt i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

9. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh nach n-aicmeoidh sé comhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach a thuilleadh laistigh de 60 lá oibre ón dáta ar tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 8 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin agus dá údarás inniúil.

10. I gcás nach n-aicmítear comhartha ríomh-airgid a thuilleadh mar chomhartha ríomh-airgid suntasach de bhun cinneadh ó ÚBE arna dhéanamh i gcomhréir le mír 9, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid sin ó ÚBE chuig údarás inniúil an Bhallstáit baile an eisitheora laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh sin.

Oibreoidh ÚBE agus an t-údarás inniúil i gcomhar le chéile chun aistriú rianúil inniúlachtaí maoirseachta a áirithiú.

Airteagal 57

Aicmiú roghnach comharthaí ríomh-airgid mar chomharthaí ríomh-airgid suntasacha

1. Féadfaidh eisitheoir comhartha ríomh-airgid atá údaraithe mar institiúid creidmheasa nó mar institiúid ríomh-airgid, nó a dhéanann iarratas ar údarú den sórt sin, a chur in iúl gur mian leis go n-aicmeofaí a chomhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach Sa chás sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra láithreach faoi iarraidh den sórt sin ón eisitheoir do ÚBE, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 56(3), an dara fomhír, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Ionas go n-aicmeofar an comhartha ríomh-airgid mar chomhartha suntasach faoin Airteagal seo, léireoidh eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid, trí chlár mionsonraithe oibríochtaí, gur dócha go gcomhlíonfaidh sé trí cinn ar a laghad de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1).

2. Ullmhóidh ÚBE, laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, dréachtchinneadh ina mbeidh a thuairim bunaithe ar chlár oibríochtaí an eisitheora i dtaobh an gcomhlíonann an comhartha ríomh-airgid trí cinn ar a laghad de na critéir a leagtar amach in Airteagal 43(1) nó an dócha go gcomhlíonfaidh sé iad agus tabharfaidh sé fógra faoin dréachtchinneadh sin d'údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora, do BCE agus, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 56(3), an dara fomhír, do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann.

Beidh 20 lá oibre ag údaráis inniúla eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid den sórt sin, ag BCE agus, i gcás inarb infheidhme, ag banc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann ón dáta ar tugadh fógra faoin dréachtchinneadh sin chun barúlacha agus tráchtanna chur ar fáil i scríbhinn. Déanfaidh ÚBE na barúlacha agus na tráchtanna sin a bhreithniú go cuí sula nglacfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

3. Déanfaidh ÚBE a chinneadh críochnaitheach i dtaobh an aicmeoidh sé comhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach laistigh de 60 lá oibre ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1 agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin láithreach d'eisitheoir comhartha ríomh-airgid den sórt sin agus dá údarás inniúil.

4. I gcás inar aicmíodh comhartha ríomh-airgid mar chomhartha ríomh-airgid suntasach de bhun cinneadh ó ÚBE arna dhéanamh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, aistreofar na freagrachtaí maoirseachta maidir le heisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid sin ón údarás inniúil chuig ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 117(4) laistigh de 20 lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh sin.

Oibreoidh ÚBE agus na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile chun aistriú rianúil inniúlachtaí maoirseachta a áirithiú.

5. De mhaolú ar mhír 4, ní aistreofar na freagrachtaí maoirseachta i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha atá ainmnithe in airgeadra oifigiúil Ballstáit seachas an euro chuig ÚBE, i gcás ina bhfuil nó i gcás ina bhfuiltear ag súil go mbeidh 80 % ar a laghad de líon na sealbhóirí agus de mhéid idirbheart na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha sin comhchruinnithe sa Bhallstát baile.

Soláthróidh údarás inniúil Bhallstát baile an eisitheora faisnéis do ÚBE go bliantúil maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar maolaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Chun críocha na chéad fhomhíre, measfar idirbheart a bheith déanta sa Bhallstát baile nuair atá an t-íocóir nó an t-íocaí bunaithe sa Bhallstát sin.

Airteagal 58

Oibleagáidí breise sonracha ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid

1. Beidh institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 36, 37, 38 agus 45, (1) go (4), den Rialachán seo, in ionad Airteagal 7 de Threoir 2009/110/CE;

(b) na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 35(2), (3) agus (5) agus Airteagal 45(5) den Rialachán seo, in ionad Airteagal 5 de Threoir 2009/110/CE.

De mhaolú ar Airteagal 36(9), tabharfar sainordú don iniúchadh neamhspleách, i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha, gach 6 mhí ó dháta an chinnidh na comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí suntasacha de bhun Airteagal 56 nó 57, de réir mar is infheidhme.

2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát baile a cheangal ar institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid nach bhfuil suntasach aon cheanglas dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhfuil sé d'aidhm ag na forálacha sin aghaidh a thabhairt orthu, amhail rioscaí leachtachta, rioscaí oibriúcháin, nó rioscaí a eascraíonn as neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le cúlchiste sócmhainní a bhainistiú.

3. Beidh feidhm ag Airteagail 22, 23 agus 24(3) maidir le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é.

TEIDEAL V

ÚDARÚ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ AGUS COINNÍOLLACHA OIBRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ

CAIBIDIL 1

Údarú soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Airteagal 59

Údarú

1. Ní sholáthróidh duine seirbhísí cripteashócmhainní, laistigh den Aontas, ach amháin más rud é gur fíor an méid seo a leanas i leith an duine sin:

(a) is duine dlítheanach nó gnóthas eile é atá údaraithe mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 63; nó

(b) is institiúid creidmheasa, taisclann lárnach urrús, gnólacht infheistíochta, oibreoir margaidh, institiúid ríomh-airgid, cuideachta bainistíochta GCUI, nó bainisteoir ciste infheistíochta malartach a bhfuil cead aige seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar de bhun Airteagal 60 é.

2. Beidh oifig chláraithe ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 63 i mBallstát ina ndéanann siad cuid dá seirbhísí cripteashócmhainní ar a laghad. Is san Aontas a bheidh a n-áit bainistíochta éifeachtaí agus beidh cónaí ar dhuine amháin ar a laghad de na stiúrthóirí san Aontas.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (a), ní sholáthróidh gnóthais eile nach daoine dlítheanacha iad seirbhísí cripteashócmhainní ach amháin má áirithíonn a bhfoirm dhlíthiúil leibhéal cosanta do leasanna tríú páirtithe atá coibhéiseach leis an leibhéal a thugann daoine dlítheanacha agus má tá siad faoi réir maoirseacht stuamachta choibhéiseach is iomchuí dá bhfoirm dhlíthiúil.

4. Comhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 63 na coinníollacha maidir lena n-údarú i gcónaí.

5. Ní úsáidfidh duine nach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é ainm, ná ainm corparáideach, ná ní eiseoidh sé cumarsáid mhargaíochta ná ní tabharfaidh sé faoi aon phróiseas eile a thugann le fios gur soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní é nó ar dócha go gcruthóidh sé mearbhall ina leith sin.

6. Áiritheoidh na húdaráis inniúla a dheonaíonn údaruithe i gcomhréir le hAirteagal 63 go sonraítear in údaruithe den sórt sin na seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar.

7. Ceadófar do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar ar fud an Aontais, tríd an gceart bunaíochta, lena n-áirítear trí bhrainse, nó tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Ní chuirfear de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní ar bhonn trasteorann láithreacht fhisiciúil a bheith aige i gcríoch Ballstáit óstaigh.

8. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá ag iarraidh seirbhísí cripteashócmhainní a chur lena n-údarú amhail dá dtagraítear in Airteagal 63, iarrfaidh siad ar na húdaráis inniúla a dheonaigh a n-údarú tosaigh síneadh a chur lena n-údarú tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 62 a chomhlánú agus a nuashonrú. Déanfar an iarraidh ar shíneadh a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 63.

Airteagal 60

Soláthar seirbhísí cripteashócmhainní ag eintitis airgeadais áirithe

1. Féadfaidh institiúid creidmheasa seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar má chuireann sí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7 in iúl d'údarás inniúil a Ballstáit baile 40 lá oibre ar a laghad sula soláthróidh sí na seirbhísí sin den chéad uair.

2. Ní dhéanfaidh taisclann lárnach urrús a údaraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]) cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant ach amháin má thugann sí fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo 40 lá oibre ar a laghad sula soláthróidh sí an tseirbhís sin den chéad uair.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, meastar go bhfuil soláthar cumhdaigh agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant coibhéiseach le cuntais urrús a sholáthar, a choimeád ar bun nó a oibriú i ndáil leis an tseirbhís socraíochta dá dtagraítear i Roinn B, pointe (3), den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

3. Féadfaidh gnólacht infheistíochta seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar san Aontas atá coibhéiseach leis na seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta dá bhfuil sé údaraithe go sonrach faoi Threoir 2014/65/AE má thugann sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo 40 lá oibre ar a laghad roimh na seirbhísí sin a sholáthar den chéad uair.

Chun críocha na míre seo:

(a) meastar go bhfuil soláthar cumhdaigh agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant coibhéiseach leis an tseirbhís choimhdeach dá dtagraítear i Roinn B, pointe (1), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(b) meastar go bhfuil oibriú ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní coibhéiseach le hoibriú saoráide trádála iltaobhaí agus oibriú saoráide trádála eagraithe dá dtagraítear i Roinn A, pointí (8) agus (9), faoi seach, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

([45]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

(c) meastar go bhfuil malartú cripteashócmhainní le haghaidh cistí agus cripteashócmhainní eile coibhéiseach le déileáil ar a gcuntas féin dá dtagraítear i Roinn A, pointe (3), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(d) meastar go bhfuil forghníomhú orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant coibhéiseach le forghníomhú orduithe thar ceann cliant dá dtagraítear i Roinn A, pointe (2), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(e) meastar go bhfuil láithriú cripteashócmhainní coibhéiseach le hionstraimí airgeadais a fhrithghealladh nó a láithriú ar bhonn gealltanas daingean agus le hionstraimí airgeadais a láithriú gan bonn gealltanas daingean dá dtagraítear i Roinn A, pointe (6) agus pointe (7), faoi seach, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(f) meastar go bhfuil glacadh agus tarchur orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant coibhéiseach le horduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó dá dtagraítear i Roinn A, pointe (1), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(g) meastar go bhfuil tabhairt comhairle maidir le cripteashócmhainní coibhéiseach leis an gcomhairle infheistíochta dá dtagraítear i Roinn A, pointe (5), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;

(h) meastar go bhfuil bainistiú punainne maidir le cripteashócmhainní coibhéiseach le bainistiú punainne dá dtagraítear i Roinn A, pointe (4), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE.

4. Ní dhéanfaidh institiúid ríomh-airgid a údaraítear faoi Threoir 2009/110/CE cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant agus seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant maidir leis na comharthaí ríomh-airgid a eisíonn ach amháin má thugann sí fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo 40 lá oibre ar a laghad sula soláthróidh sí na seirbhísí sin den chéad uair.

5. Féadfaidh cuideachta bainistíochta GCUI nó bainisteoir cistí infheistíochta malartacha seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar atá coibhéiseach le bainistiú punann infheistíochta agus seirbhísí nach croísheirbhísí iad dá bhfuil sí údaraithe faoi Threoir 2009/65/CE nó Treoir 2011/61/AE má thugann sí fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo 40 lá oibre ar a laghad sula soláthróidh sí na seirbhísí sin den chéad uair.

Chun críocha na míre seo:

(a) meastar go bhfuil glacadh agus tarchur orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant coibhéiseach le horduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(4), pointe (b)(iii), de Threoir 2011/61/AE;

(b) meastar go bhfuil tabhairt comhairle maidir le cripteashócmhainní coibhéiseach le comhairle infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(4), pointe (b)(i), de Threoir 2011/61/AE agus in Airteagal 6(3), pointe (b)(i), de Threoir 2009/65/CE;

(c) meastar go bhfuil bainistiú punainne maidir le cripteashócmhainní coibhéiseach leis na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(4), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE agus in Airteagal 6(3), pointe (a), de Threoir 2009/65/CE.

6. Féadfaidh oibreoir margaidh a údaraítear faoi Threoir 2014/65/AE ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú má thugann sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo 40 lá oibre ar a laghad sula soláthróidh sé na seirbhísí sin den chéad uair.

7. Chun críocha mhíreanna 1 go 6, tabharfar fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas:

(a) clár oibríochtaí lena leagtar amach na cineálacha seirbhísí cripteashócmhainní atá beartaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir a sholáthar, lena n-áirítear an áit agus an chaoi a ndéanfar na seirbhísí sin a mhargú;

(b) tuairisc ar:

(i) na sásraí rialaithe inmheánaigh, ar na beartais rialaithe inmheánaigh agus ar na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh chun comhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849 a áirithiú;

(ii) an creat measúnaithe riosca chun rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhainistiú; agus

(iii) tuairisc ar an bplean leanúnachais gnó;

(c) doiciméadacht theicniúil na gcóras TFC agus na socruithe slándála, agus tuairisc orthu i dteanga neamhtheicniúil;

(d) tuairisc ar an nós imeachta chun cripteashócmhainní agus cistí cliant a leithscaradh;

(e) tuairisc ar an mbeartas cumhdaigh agus riaracháin, i gcás ina bhfuil sé beartaithe cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant;

(f) tuairisc ar rialacha oibriúcháin an ardáin trádála agus ar na nósanna imeachta agus ar an gcóras chun drochúsáid margaidh a bhrath, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú;

(g) tuairisc ar an mbeartas tráchtála neamh-idirdhealaitheach lena rialaítear an caidreamh le cliaint chomh maith le tuairisc ar an modheolaíocht chun praghas na gcripteashócmhainní atá sé beartaithe acu a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile a chinneadh, i gcás ina bhfuil sé beartaithe cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó cripteashócmhainní eile;

(h) tuairisc ar an mbeartas forghníomhúcháin, i gcás ina bhfuil sé beartaithe orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant;

(i) fianaise go bhfuil an t-eolas agus an saineolas is gá chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh ag na daoine nádúrtha a thugann comhairle thar ceann an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir nó a bhainistíonn punanna thar ceann an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir, i gcás ina bhfuil sé beartaithe comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne a sholáthar maidir le cripteashócmhainní;

(j) an mbaineann an tseirbhís cripteashócmhainní le comharthaí sócmhainn-tagartha, comharthaí ríomh-airgid nó cripteashócmhainní eile.

(k) faisnéis maidir leis an mbealach ina soláthrófar seirbhísí aistrithe den sórt sin, i gcás ina bhfuil sé beartaithe seirbhísí aistrithe a sholáthar le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant.

8. Déanfaidh údarás inniúil a fhaigheann fógra dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 measúnú, laistigh de 20 lá oibre tar éis dó an fógra sin a fháil, i dtaobh ar soláthraíodh an fhaisnéis uile a cheanglaítear. I gcás ina dtagann an t-údarás inniúil ar an tátal nach bhfuil fógra iomlán, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach don eintiteas a thugann fógra agus socróidh sé spriocdháta faoina gceanglaítear ar an eintiteas sin an fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar.

Ní bheidh an spriocdháta chun aon fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar níos faide ná 20 lá oibre ó dháta na hiarrata. Go dtí go rachaidh an spriocdháta sin in éag, cuirfear gach tréimhse mar a leagtar amach i míreanna 1 go 6 ar fionraí. Beidh sé de rogha ag an údarás inniúil aon iarrataí breise a dhéanamh ar chomhlánú nó soiléiriú na faisnéise ach ní chuirfear aon tréimhse a leagtar amach i míreanna 1 go 6 ar fionraí dá mbarr.

Ní thosóidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar fad is atá an fógra neamhchomhlánaithe.

9. Ní cheanglófar ar na heintitis dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 aon fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7 a chuir siad faoi bhráid an údaráis inniúil roimhe sin a thíolacadh i gcás ina mbeadh an fhaisnéis sin comhionann. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7 á tíolacadh, luafaidh na heintitis dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 go sainráite go bhfuil aon fhaisnéis a tíolacadh roimhe sin fós cothrom le dáta.

10. I gcás ina soláthraíonn na heintitis dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 den Airteagal seo seirbhísí cripteashócmhainní, ní bheidh siad faoi réir Airteagail 62, 63, 64, 67, 83 agus 84.

11. Déanfar an ceart chun seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 den Airteagal seo a chúlghairm ar tharraingt siar an údaraithe ábhartha a chuir ar chumas an eintitis faoi seach na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar gan ceangal a bheith air údarú a fháil de bhun Airteagal 59.

12. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 109(5) a chur in iúl do ESMA, tar éis iomláine na faisnéise dá dtagraítear i mír 7 a fhíorú.

Cuirfidh ESMA faisnéis den sórt sin ar fáil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109 faoi dháta tosaigh a bheartaítear seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar.

13. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

14. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú don fhógra de bhun mhír 7.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 61

Soláthar seirbhísí cripteashócmhainní ar thionscnamh eisiach an chliaint

1. I gcás ina dtionscnóidh cliant atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas, ar a thionscnamh eisiach féin, gnólacht tríú tír a shireadh chun seirbhís nó gníomhaíocht cripteashócmhainní a sholáthar, ní bheidh feidhm ag an gceanglas chun údarú a fháil faoi Airteagal 59 maidir le soláthar na seirbhíse nó na gníomhaíochta cripteashócmhainní sin ag an ngnólacht tríú tír don chliant sin, lena n-áirítear caidreamh a bhaineann go sonrach le soláthar na seirbhíse nó na gníomhaíochta cripteashócmhainní sin.

Gan dochar do chaidreamh ionghrúpa, i gcás ina ndéanann gnólacht tríú tír, lena n-áirítear trí eintiteas atá ag gníomhú thar a cheann féin nó a bhfuil dlúthnaisc aige leis an ngnólacht tríú tír sin nó aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an eintitis sin, cliaint nó cliaint ionchasacha a shireadh san Aontas, gan beann ar na modhanna cumarsáide a úsáidtear chun sirtheoireacht, cur chun cinn nó fógraíocht a dhéanamh san Aontas, ní mheasfar gur seirbhís é a sholáthraítear ar thionscnamh eisiach an chliaint féin.

Beidh feidhm ag an dara fomhír d'ainneoin aon chlásal conarthach nó séanadh a mhaíonn a mhalairt a lua, lena n-áirítear aon chlásal nó séanadh go measfar gur seirbhís a sholáthraítear ar thionscnamh eisiach an chliaint féin é soláthar seirbhísí ag gnólacht tríú tír.

2. Ní fhágfaidh tionscnamh eisiach cliaint féin dá dtagraítear i mír 1 go mbeidh gnólacht tríú tír i dteideal cineálacha nua cripteashócmhainní nó seirbhísí cripteashócmhainní a mhargú don chliant sin.

3. Déanfaidh ESMA, faoin 30 Nollaig 2024, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun na cásanna a shonrú ina measfar go bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliaint atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas.

Chun cóineasú a chothú agus maoirseacht chomhsheasmhach a chur chun cinn i ndáil leis an riosca go mbainfí drochúsáid as an Airteagal seo, eiseoidh ÚEUM treoirlínte freisin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir le cleachtais mhaoirseachta chun dul timpeall ar an Rialachán seo a bhrath agus a chosc.

Airteagal 62

Iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní

1. Déanfaidh daoine dlítheanacha nó gnóthais eile a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar a n-iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chur faoi bhráid údarás inniúil a mBallstáit baile.

2. Beidh an fhaisnéis uile seo a leanas san iarratas dá dtagraítear i mír 1:

(a) an t-ainm, lena n-áirítear an t-ainm dlíthiúil agus aon ainm tráchtála eile a úsáidtear, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir, an suíomh gréasáin atá á oibriú ag an soláthraí, seoladh ríomhphoist teagmhála, uimhir theileafóin theagmhála agus a sheoladh fisiciúil;

(b) foirm dhlíthiúil an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir;

(c) airteagail chomhlachais an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir, i gcás inarb infheidhme;

(d) clár oibríochtaí, ina leagtar amach na cineálacha seirbhísí cripteashócmhainní atá beartaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar, lena n-áirítear cá háit agus cén chaoi a ndéanfar na seirbhísí sin a mhargú;

(e) cruthúnas go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir na ceanglais le haghaidh coimircí stuamachta a leagtar amach in Airteagal 67;

(f) tuairisc ar shocruithe rialachais an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir;

(g) cruthúnas go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir agus go bhfuil an t-eolas iomchuí, na scileanna iomchuí agus an taithí iomchuí acu chun an soláthraí sin a bhainistiú;

(h) céannacht aon scairshealbhóirí agus comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir agus méideanna na sealúchas sin, chomh maith le cruthúnas go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar na daoine sin;

(i) tuairisc ar shásraí rialaithe inmheánaigh, beartais rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir chun rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, agus plean leanúnachais gnó;

(j) doiciméadacht theicniúil na gcóras TFC agus na socruithe slándála, agus tuairisc orthu i dteanga neamhtheicniúil;

(k) tuairisc ar an nós imeachta chun cripteashócmhainní agus cistí cliant a leithscaradh;

(l) tuairisc ar nósanna imeachta láimhseála gearán an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir;

(m) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, tuairisc ar an mbeartas cumhdaigh agus riaracháin;

(n) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú, tuairisc ar rialacha oibriúcháin an ardáin trádála agus ar an nós imeachta agus córas chun drochúsáid margaidh a bhrath;

(o) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó cripteashócmhainní eile, tuairisc ar an mbeartas tráchtála, a bheidh neamh-idirdhealaitheach, lena rialófar an caidreamh le cliaint chomh maith le tuairisc ar an modheolaíocht chun praghas na gcripteashócmhainní a chinneadh a bheartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile;

(p) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant, tuairisc ar an mbeartas forghníomhúcháin;

(q) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir comhairle ar chripteashócmhainní a sholáthar nó bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar, cruthúnas go bhfuil an t-eolas agus an saineolas is gá ag na daoine nádúrtha a thugann comhairle thar ceann an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir nó atá ag bainistiú punann thar ceann an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh;

(r) i gcás ina mbeartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, faisnéis faoin mbealach a soláthrófar na seirbhísí aistrithe sin;

(s) an cineál cripteashócmhainne lena mbaineann an tseirbhís cripteashócmhainní.

3. Chun críocha mhír 2, pointí (g) agus (h), soláthróidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir cruthúnas ar gach ceann díobh seo a leanas:

(a) i gcás gach comhalta de chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir, easpa taifead coiriúil i leith ciontuithe agus easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, an dlí dócmhainneachta agus an dlí seirbhísí airgeadais, nó maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, le calaois nó le dliteanas gairmiúil;

(b) go bhfuil an t-eolas iomchuí, scileanna iomchuí agus taithí iomchuí ag comhaltaí chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir chun an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhainistiú agus go gceanglaítear ar na daoine sin dóthain ama a thiomnú dá gcuid dualgas a dhéanamh;

(c) i gcás gach scairshealbhóra agus gach comhalta, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir, easpa taifead coiriúil i leith ciontuithe nó easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, an dlí dócmhainneachta agus an dlí seirbhísí airgeadais, nó maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, le calaois nó le dliteanas gairmiúil.

4. Ní éileoidh údaráis inniúla ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir aon fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a fuair siad cheana féin faoi na nósanna imeachta um údarú faoi seach i gcomhréir le Treoir 2009/110/CE, 2014/65/AE nó (AE) 2015/2366, nó de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le seirbhísí cripteashócmhainní roimh an.29 Meitheamh 2023, ar choinníoll go bhfuil faisnéis nó cáipéisí den sórt sin a tíolacadh roimhe sin fós cothrom le dáta.

5. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú le haghaidh na faisnéise atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 63

Measúnú ar an iarratas ar údarú agus an t-údarú a dheonú nó a dhiúltú

1. Admhóidh na húdaráis inniúla go pras, agus in aon chás laistigh de 5 lá oibre ó iarratas a fháil faoi Airteagal 62 (1), i scríbhinn don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir go bhfuarthas iarratas den sórt sin.

2. Laistigh de 25 lá oibre ó iarratas a fháil faoi Airteagal 62(1), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú i dtaobh an bhfuil an t-iarratas sin comhlánaithe trína sheiceáil gur tíolacadh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 62(2).

I gcás nach bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, leagfaidh na húdaráis inniúla spriocdháta síos faoina bhfuil ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir aon fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar.

3. Féadfaidh údaráis inniúla diúltú athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais i gcás ina bhfuil iarratais den sórt sin fós neamhchomhlánaithe tar éis don spriocdháta atá leagtha síos acu i gcomhréir le mír 2, an dara fomhír, dul in éag.

4. A luaithe a bheidh iarratas comhlánaithe, cuirfidh na húdaráis inniúla an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir ar an eolas faoi sin go pras.

5. Sula ndéanann siad údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dheonú nó a dhiúltú, rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle le húdaráis inniúla Ballstáit eile i gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir i gceann de na suíomhanna seo a leanas maidir le hinstitiúid creidmheasa, taisclann lárnach urrús, gnólacht infheistíochta, oibreoir margaidh, cuideachta bainistíochta GCUI, bainisteoir cistí infheistíochta malartacha, institiúid íocaíochta, gnóthas árachais, institiúid ríomh-airgid nó institiúid um chóir ar scor ceirde, atá údaraithe sa Bhallstát eile sin:

(a) is fochuideachta di nó dó é;

(b) is fochuideachta é de mháthairghnóthas an eintitis sin; nó

(c) tá sé á rialú ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha céanna a rialaíonn an t-eintiteas sin.

6. Sula ndéanann siad údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dheonú nó a dhiúltú, maidir le húdaráis inniúla:

(a) féadfaidh siad dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, agus aonaid um fhaisnéis airgeadais, chun a fhíorú nach raibh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir ina ábhar d'imscrúdú ar iompar a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta;

(b) áiritheoidh siad go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir a oibríonn bunaíochtaí nó a bhraitheann ar thríú páirtithe atá bunaithe i dtríú tíortha ardriosca a shainaithnítear de bhun Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849 forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Airteagail 26(2), 45(3) agus 45(5) den Treoir sin;

(c) áiritheoidh siad, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil nósanna imeachta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir chun forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 18a(1) agus (3) de Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh.

7. I gcás ina bhfuil dlúthnaisc idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile, ní dheonóidh údaráis inniúla údarú ach amháin mura gcuireann na naisc sin cosc ar fheidhmiú éifeachtach a bhfeidhmeanna maoirseachta.

8. Diúltóidh údaráis inniúla údarú i gcás ina ndéantar, le forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin tríú tír lena rialaítear duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó a bhfuil dlúthnaisc ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir leis nó leo, nó ag a bhfuil deacrachtaí a bhaineann lena bhforfheidhmiú, cosc a chur ar fheidhmiú éifeachtach a bhfeidhmeanna maoirseachta.

9. Déanfaidh údaráis inniúla, laistigh de 40 lá oibre ón dáta a fhaightear an t-iarratas comhlánaithe, measúnú i dtaobh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir an Teideal seo agus glacfaidh siad cinneadh lán-réasúnaithe lena ndeonaítear nó lena ndiúltaítear údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra don iarratasóir faoina gcinneadh laistigh de 5 lá oibre ó dháta an chinnidh sin. Sa mheasúnú sin, cuirfear san áireamh cineál, scála agus castacht na seirbhísí cripteashócmhainní a bheartaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir a sholáthar.

10. Diúltóidh údaráis inniúla údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcás ina bhfuil forais oibiachtúla agus inléirithe ann:

(a) gur bagairt é comhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir ar a bhainistiú éifeachtach, fónta agus stuama agus ar a leanúnachas gnó, agus ar bhreithniú leordhóthanach ar leas a chliant agus ar shláine an mhargaidh, nó go gcuireann sé an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir i mbaol tromchúiseach maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta;

(b) nach gcomhlíonann comhaltaí chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir na critéir a leagtar amach in Airteagal 68(1);

(c) nach gcomhlíonann na scairshealbhóirí nó na comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir na critéir maidir le dea-cháil leordhóthanach a leagtar amach in Airteagal 68(2);

(d) mainníonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir aon cheann de cheanglais an Teidil seo a chomhlíonadh nó is dócha nach gcomhlíonfaidh sé ceanglais an Teidil seo.

11. Eiseoidh ESMA agus ÚBE i gcomhpháirt le chéile treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, faoi seach, maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir agus na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, cibé acu díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir.

Eiseoidh ESMA agus ÚBE na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 30 Meitheamh 2024.

12. Féadfaidh údaráis inniúla, le linn na tréimhse measúnaithe dá bhforáiltear i mír 9, agus tráth nach déanaí ná an 20ú lá oibre den tréimhse sin, aon fhaisnéis bhreise is gá a iarraidh chun an measúnú a chur i gcrích. Déanfar iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir agus sonrófar inti an fhaisnéis bhreise is gá.

Cuirfear an tréimhse mheasúnaithe faoi mhír 9 ar fionraí don tréimhse idir dáta na hiarrata ar fhaisnéis atá in easnamh ó na húdaráis inniúla agus an dáta a bhfaighidh siad freagra ina leith ón soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is iarratasóir. Ní bheidh an fhionraí níos faide ná 20 lá oibre. Beidh sé de rogha ag na húdaráis inniúla aon iarrataí breise a dhéanamh ar chomhlánú nó soiléiriú na faisnéise ach ní chuirfear an tréimhse mheasúnaithe faoi mhír 9 ar fionraí dá mbarr.

13. Déanfaidh na húdaráis inniúla, laistigh de 2 lá oibre tar éis dóibh údarú a dheonú, an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 109(5) a chur in iúl do ESMA. Cuirfidh na húdaráis inniúla ESMA ar an eolas freisin maidir le haon diúltú údaruithe. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 109(5) ar fáil sa chlár dá dtagraítear san Airteagal sin faoi dháta tosaigh sholáthar na seirbhísí cripteashócmhainní.

Airteagal 64

Údarú soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar

1. Déanfaidh údaráis inniúla údarú soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar i gcás ina ndéanann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) níor úsáid sé a údarú laistigh de 12 mhí ó dháta an údaraithe;

(b) thréig sé a údarú go sainráite;

(c) níor sholáthair sé seirbhísí cripteashócmhainní ar feadh 9 mí as a chéile;

(d) fuair sé a údarú trí mhodhanna neamhrialta, amhail trí ráitis bhréagacha a dhéanamh ina iarratas ar údarú;

(e) níl na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh aige agus níl an ghníomhaíocht cheartaitheach atá iarrtha ag an údarás inniúil déanta aige laistigh den tréimhse shonraithe ama;

(f) níl córais, nósanna imeachta ná socruithe éifeachtacha i bhfeidhm aige chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhrath agus a chosc i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849;

(g) tá sárú tromchúiseach déanta aige ar an Rialachán seo, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le cosaint sealbhóirí cripteashócmhainní nó cliant soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, nó sláine an mhargaidh.

2. Féadfaidh údaráis inniúla údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) sháraigh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849;

(b) chaill an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a údarú mar institiúid íocaíochta nó a údarú mar institiúid ríomhairgid, agus níor éirigh leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an cás a leigheas laistigh de 40 lá féilire.

3. I gcás ina ndéanann údarás inniúil údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra do ESMA agus do phointí teagmhála aonair na mBallstát óstach gan moill mhíchuí. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis sin ar fáil ar an gclár dá dtagraítear in Airteagal 109.

4. Féadfaidh údaráis inniúla tarraingt siar an údaraithe a theorannú do sheirbhís cripteashócmhainní áirithe.

5. Sula ndéantar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar, rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle le húdarás inniúil i mBallstát eile i gcás ina mbaineann an méid seo a leanas leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann:

(a) is fochuideachta de sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear sa Bhallstát eile sin é;

(b) is fochuideachta de mháthairghnóthais soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear sa Bhallstát eile sin é;

(c) tá sé faoi rialú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha céanna a rialaíonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear sa Bhallstát eile sin.

6. Sula ndéantar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar, féadfaidh údaráis inniúla dul i gcomhairle leis an údarás atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

7. Féadfaidh ÚBE, ESMA agus aon údarás inniúil de Bhallstát óstach a iarraidh tráth ar bith go scrúdódh údarás inniúil an Bhallstáit baile cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní fós na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú, nuair atá forais ann le bheith in amhras go mb'fhéidir nach amhlaidh atá an cás a thuilleadh.

8. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú, a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun lena n-áirithítear go ndéantar cripteashócmhainní agus cistí a gcliant a aistriú go tráthúil agus go hordúil chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile nuair a tharraingítear údarú siar.

Airteagal 65

Soláthar trasteorann seirbhísí cripteashócmhainní

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil sé beartaithe aige seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar i níos mó ná Ballstát amháin an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit baile:

(a) an liosta de na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar;

(b) na seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar ar bhonn trasteorann;

(c) dáta tosaigh sholáthar beartaithe na seirbhísí cripteashócmhainní;

(d) liosta de gach gníomhaíocht eile a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, laistigh de 10 lá oibre ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fháil, an fhaisnéis sin in iúl do phointí teagmhála aonair na mBallstát óstach, do ESMA agus do ÚBE.

3. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit a dheonaigh an t-údarú an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann ar an eolas faoin gcumarsáid dá dtagraítear i mír 2 gan mhoill.

4. Féadfaidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tús a chur le seirbhísí cripteashócmhainní sholáthar i mBallstát seachas a Bhallstát baile ón dáta a fhaightear an chumarsáid dá dtagraítear i mír 3 nó ar a dhéanaí an 15ú lá féilire tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh.

CAIBIDIL 2

Oibleagáidí ar gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní

Airteagal 66

An oibleagáid gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil chun leasa na gcliant

1. Gníomhóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil i gcomhréir le leas a gcliant agus leas a gcliant ionchasach.

2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis chothrom, shoiléir agus nach bhfuil míthreorach ar fáil dá gcliaint, lena n-áirítear i gcumarsáid mhargaíochta, agus déanfar cumarsáid den sórt sin a shainaithint mar chumarsáid mhargaíochta. Ní chuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cliant ar míthreoir, d'aon ghnó ná le faillí, maidir leis na fíorbhuntáistí ná na buntáistí braite a bhaineann le haon chripteashócmhainní.

3. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní rabhadh do chliaint maidir leis na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta i gcripteashócmhainní.

Agus ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní á oibriú, cripteashócmhainní á malartú ar chistí nó cripteashócmhainní eile, comhairle á tabhairt maidir le cripteashócmhainní nó bainistiú punainne cripteashócmhainní á sholáthar, soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní hipearnaisc dá gcliaint chuig aon pháipéir bhána maidir le cripteashócmhainní le haghaidh na gcripteashócmhainní a bhfuil na seirbhísí sin á soláthar acu ina leith.

4. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mbeartais maidir le praghsáil, costais agus táillí ar fáil go poiblí, in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin.

5. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar fáil go poiblí, in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin, faisnéis a bhaineann leis na drochthionchair phríomha ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag an sásra comhthola a úsáidtear chun gach cripteashócmhainn a eisiúint, a soláthraíonn siad seirbhísí ina leith. Féadfar an fhaisnéis sin a fháil ó na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní.

6. Forbróidh ESMA, i gcomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le hinneachar, modheolaíochtaí agus cur i láthair faisnéise dá dtagraítear i mír 5 i leith na dtáscairí inbhuanaitheachta i ndáil le drochthionchair ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt aige, breithneoidh ESMA na cineálacha éagsúla sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta cripteashócmhainní a bhailíochtú, a struchtúir dreasachta agus úsáid fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus acmhainní nádúrtha, táirgeadh dramhaíola agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Déanfaidh ESMA na caighdeáin theicniúla rialála a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí rialála agus teicneolaíocha.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 67

Ceanglais stuamachta

1. Beidh coimircí stuamachta i bhfeidhm, i gcónaí, ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní arb ionann iad agus, ar a laghad, an méid is airde díobh seo a leanas:

(a) líon na mbuancheanglas íosta caipitil a shonraítear in Iarscríbhinn IV, ag brath ar chineál na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear;

(b) aon cheathrú d'fhorchostais sheasta na bliana roimhe sin, agus athbhreithniú á dhéanamh ar na costais sin go bliantúil.

2. Úsáidfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nach raibh ag gabháil do ghnó le haghaidh bliain amháin ón dáta a thosaigh siad ag soláthar seirbhísí na forchostais sheasta réamh-mheasta a áiríodh ina réamh-mheastacháin don soláthar ina gcéad 12 mhí seirbhíse, mar a cuireadh isteach lena n-iarratas ar údarú, don ríomh dá dtagraítear i mír 1, pointe (b).

3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), ríomhfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhforchostais sheasta sa bhliain roimhe sin, ag úsáid figiúirí atá mar thoradh ar an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, trí na míreanna seo a leanas a asbhaint ó na costais iomlána i ndiaidh dáileadh brabús ar scairshealbhóirí ar chomhaltaí ina ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta is déanaí nó, i gcás nach bhfuil ráitis iniúchta ar fáil, i ráitis airgeadais bhliantúla atá fíoraithe ag maoirseoirí náisiúnta:

(a) bónais foirne agus luach saothair eile, a mhéid atá na bónais agus an luach saothair sin ag brath ar ghlanbhrabús na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sa bhliain ábhartha;

(b) scaireanna brabúis de chuid fostaithe, stiúrthóirí agus comhpháirtithe;

(c) leithreasuithe eile brabúis agus luach saothair inathraithe eile, a mhéid atá siad go hiomlán lánroghnach;

(d) costais neamh-athfhillteacha ó ghníomhaíochtaí neamhchoitianta.

4. Beidh na coimircí stuamachta dá dtagraítear i mír 1 i gceann de na foirmeacha seo a leanas nó teaglaim díobh sin:

(a) cistí dílse, arb éard atá iontu míreanna agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí de bhun Airteagail 46 agus 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm;

(b) polasaí árachais a chumhdaíonn críocha an Aontais ina soláthraítear seirbhísí cripteashócmhainní nó ráthaíocht inchomparáide.

5. Déanfar an polasaí árachais dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), a nochtadh don phobal ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus beidh na saintréithe seo a leanas ar a laghad ag gabháil leis:

(a) tá téarma tosaigh nach lú ná bliain amháin aige;

(b) tá íostréimhse fógartha 90 lá aige chun é a chealú;

(c) faightear é ó ghnóthas atá údaraithe chun árachas a sholáthar, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta;

(d) cuireann eintiteas tríú páirtí é ar fáil.

6. Áireofar sa pholasaí árachais dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), cumhdach in aghaidh riosca gach ceann díobh seo a leanas:

(a) caillteanas cáipéisí;

(b) mífhaisnéis nó ráitis mhíthreoracha a rinneadh;

(c) gníomhartha, earráidí nó easnaimh a mbíonn sárú ar an méid seo a leanas mar thoradh orthu:

(i) oibleagáidí dlíthiúla agus rialála;

(ii) an oibleagáid gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil le cliaint;

(iii) oibleagáidí rúndachta;

(d) mainneachtain nósanna imeachta iomchuí a bhunú, a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun chun coinbhleachtaí leasa a chosc;

(e) caillteanais a eascraíonn as briseadh sa ghníomhaíocht ghnó nó as clistí córas;

(f) i gcás inarb infheidhme don tsamhail ghnó, mórfhaillí i gcoimirciú chripteashócmhainní agus chistí na gcliant;

(g) dliteanas na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i leith cliant de bhun Airteagal 75(8).

Airteagal 68

Socruithe rialachais

1. Maidir le comhaltaí chomhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, beidh dea-cháil leordhóthanach orthu agus beidh an t-eolas iomchuí, scileanna iomchuí agus taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon, chun a gcuid dualgas a dhéanamh. Go háirithe, ní bheidh comhaltaí chomhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní tar éis a bheith ciontaithe i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó in aon chionta eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil. Léireoidh siad freisin go bhfuil sé ar a gcumas acu dóthain ama a thiomnú dá gcuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach.

2. Beidh dea-cháil leordhóthanach ar scairshealbhóirí agus comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu i soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus, go háirithe, nár ciontaíodh iad i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó aon chionta eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil.

3. I gcás inar dócha go ndéanfaidh an tionchar a fheidhmíonn na scairshealbhóirí nó na comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní dochar do bhainistiú fónta agus stuama an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin, déanfaidh na húdaráis inniúla bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

Féadfar a áireamh ar na bearta sin iarratais ar orduithe breithiúnacha nó forchur pionós i gcoinne stiúrthóirí agus iad siúd atá freagrach as bainistiú, nó feidhmiú na gceart vótála a ghabhann leis na scaireanna atá ag na scairshealbhóirí nó na comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil na sealúchais cháilitheacha acu a chur ar fionraí.

4. Glacfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach go leor chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

5. Fostóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní pearsanra ag a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an saineolas atá riachtanach chun na freagrachtaí a leithdháiltear orthu a chomhlíonadh, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear á gcur san áireamh.

6. Déanfaidh comhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú agus athbhreithniú go tréimhsiúil ar éifeachtacht na socruithe agus nósanna imeachta beartais a cuireadh i bhfeidhm chun Caibidlí 2 agus 3 den Teideal seo a chomhlíonadh agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

7. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gach beart réasúnta chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú maidir le feidhmiú a seirbhísí cripteashócmhainní. Chuige sin, bainfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní leas as acmhainní agus nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach, lena n-áirítear córais TFC atá athléimneach agus slán mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554.

Bunóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartas leanúnachais gnó, lena n-áireofar pleananna leanúnachais gnó TFC chomh maith le pleananna freagartha agus téarnaimh TFC arna mbunú de bhun Airteagail 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2022/2554 arb é is aidhm dóibh caomhnú sonraí agus feidhmeanna riachtanacha agus cothabháil seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú i gcás briseadh ina gcórais agus nósanna imeachta TFC, nó murar féidir sin, athshlánú tráthúil sonraí agus feidhmeanna den sórt sin agus atosú tráthúil seirbhísí cripteashócmhainní.

8. Beidh sásraí, córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554, chomh maith le nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha le haghaidh measúnú riosca, chun forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh. Déanfaidh siad faireachán agus, ar bhonn tráthrialta, déanfaidh siad meastóireacht ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na sásraí, na gcóras agus na nósanna imeachta sin, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear á gcur san áireamh, agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

Beidh córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a choimirciú de bhun Rialachán (AE) 2022/2554.

9. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní socrú chun taifead a choinneáil ar na seirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta cripteashócmhainní go léir a dhéanann siad. Beidh na taifid sin leordhóthanach chun na húdaráis inniúla a chumasú lena gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh agus bearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh, agus go háirithe chun a fhionnadh cibé a chomhlíon nó nár chomhlíon soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na hoibleagáidí uile lena n-áirítear na hoibleagáidí a bhaineann le cliaint nó cliaint ionchasacha agus le sláine an mhargaidh.

Déanfar na taifid a choimeádtar de bhun na chéad fhomhíre a sholáthar do na cliaint arna iarraidh sin agus coimeádfar iad ar feadh tréimhse 5 bliana agus, i gcás ina n-iarrfaidh an t-údarás inniúil é sula mbeidh 5 bliana caite, ar feadh tréimhse suas le 7 mbliana.

10. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) na bearta lena n-áirithítear leanúnachas agus rialtacht i bhfeidhmiú na seirbhísí cripteashócmhainní dá dtagraítear i mír 7;

(b) na taifid atá le coimeád ar na seirbhísí, na gníomhaíochtaí, na horduithe agus na hidirbhearta cripteashócmhainní go léir faoina dtugtar dá dtagraítear i mír 9.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoi 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 69

Faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla

Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní fógra dá n-údarás inniúil gan mhoill faoi aon athruithe ar a gcomhlacht bainistíochta, sula bhfeidhmeoidh aon chomhaltaí nua gníomhaíochtaí, agus cuirfidh siad an fhaisnéis uile atá riachtanach ar fáil dá n-údarás inniúil chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá Airteagal 68 á chomhlíonadh.

Airteagal 70

Cripteashócmhainní agus cistí na gcliant a shlánchoimeád

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil cripteashócmhainní a gcliant ina seilbh acu nó a bhfuil na modhanna rochtana acu ar chripteashócmhainní den sórt sin socruithe leordhóthanacha chun cearta úinéireachta na gcliant a choimirciú, go háirithe i gcás dhócmhainneacht an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus chun úsáid chripteashócmhainní na gcliant dá gcuntas féin a chosc.

2. I gcás, de bharr a samhlacha gnó nó na seirbhísí cripteashócmhainní, ina bhfuil ceangal orthu cistí cliant, seachas comharthaí ríomh-airgid, a choinneáil, beidh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun cearta úinéireachta na gcliant a choimirciú agus chun úsáid chistí na gcliant dá gcuntas féin a chosc.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, faoi dheireadh an lae gnó tar éis an lae a fuarthas cistí cliant seachas comharthaí ríomh-airgid, na cistí sin a chur i mbanc ceannais nó in institiúid creidmheasa.

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gach beart is gá lena áirithiú go ndéanfar cistí cliant seachas comharthaí ríomh-airgid atá á sealbhú ag banc ceannais nó institiúid creidmheasa a choimeád i gcuntas is féidir a aithint go leithleach ó aon chuntais a úsáidtear chun cistí ar leis na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní iad a choimeád.

4. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí íocaíochta a bhaineann leis an tseirbhís cripteashócmhainní a tháirgeann siad a sholáthar iad féin, nó trí thríú páirtí, ar choinníoll go n-údaraítear don soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní féin, nó don tríú páirtí, na seirbhísí sin a sholáthar faoi Threoir (AE) 2015/2366.

I gcás ina soláthraítear seirbhísí íocaíochta, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcliaint ar an eolas faoi gach ceann díobh seo a leanas:

(a) cineál agus téarmaí agus coinníollacha na seirbhísí sin, lena n-áirítear tagairtí don dlí náisiúnta is infheidhme agus do chearta cliant;

(b) cibé an bhfuil na seirbhísí sin á gcur ar fáil acu go díreach nó ag tríú páirtí.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar institiúidí ríomh-airgid, institiúidí íocaíochta nó institiúidí creidmheasa iad.

Airteagal 71

Nósanna imeachta láimhseála gearán

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha a bhunú agus a choimeád ar bun chun gearáin a fhaightear ó chliaint a láimhseáil go pras agus ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach, agus foilseoidh siad tuairiscí ar na nósanna imeachta sin.

2. Beidh cliaint in ann gearáin a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní saor in aisce.

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cliaint ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a dhéanamh. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní teimpléad chun géaráin a dhéanamh ar fáil do chliaint agus coinneoidh siad taifead ar na gearáin go léir a fhaightear agus aon bhearta a dhéantar mar fhreagairt orthu.

4. Imscrúdóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gach gearán ar bhealach tráthúil agus cothrom agus cuirfidh siad torthaí imscrúduithe den sórt sin in iúl dá gcliaint laistigh de thréimhse réasúnta ama.

5. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta láimhseála gearán a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 72

Coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear á gcur san áireamh, chun coinbhleachtaí leasa idir na nithe seo a leanas a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh:

(a) iad féin agus:

(i) a scairshealbhóirí nó a gcomhaltaí;

(ii) aon duine atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní nó lena scairshealbhóirí nó lena gcomhaltaí trí rialú;

(iii) comhaltaí dá gcomhlacht bainistíochta;

(iv) a bhfostaithe; nó

(v) a gcliaint; nó

(b) dhá chliant nó níos mó a bhfuil a leasanna frithpháirteacha ag teacht salach ar a chéile.

2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cineál ginearálta agus foinsí na gcoinbhleachtaí leasa dá dtagraítear i mír 1 agus na bearta a rinneadh chun iad a mhaolú a nochtadh, in áit fheiceálach ar a suíomh gréasáin, dá gcliaint agus dá gcliaint ionchasacha.

3. Déanfar an nochtadh dá dtagraítear i mír 2 i bhformáid leictreonach agus beidh mionsonraí leordhóthanacha ann, ag cur cineál gach cliaint san áireamh, chun cur ar chumas gach cliaint cinneadh feasach a dhéanamh faoin tseirbhís cripteashócmhainní i gcomhthéacs na gcoinbhleachtaí leasa a thiocfaidh chun cinn.

4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní measúnú ar a mbeartas maidir le coinbhleachtaí leasa, agus déanfaidh siad é a athbhreithniú go bliantúil ar a laghad, agus déanfaidh siad gach beart iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh ina leith sin.

5. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) na ceanglais maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear á gcur san áireamh;

(b) na mionsonraí agus an mhodheolaíocht maidir le hábhar an nochta dá dtagraítear i mír 2.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 73

Seachfhoinsiú

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sheachfhoinsíonn seirbhísí nó gníomhaíochtaí go tríú páirtithe chun feidhmeanna oibríochta a fheidhmiú gach beart réasúnach chun riosca oibriúcháin breise a sheachaint. Leanfaidh siad de bheith freagrach go hiomlán as a n-oibleagáidí go léir a chomhlíonadh de bhun an Teidil seo agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas i gcónaí:

(a) ní bhíonn tarmligean fhreagracht na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní mar thoradh ar sheachfhoinsiú;

(b) ní athraíonn seachfhoinsiú an caidreamh idir na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus a gcliaint, ná oibleagáidí na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i leith a gcliant;

(c) ní athraíonn seachfhoinsiú na coinníollacha d'údarú na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

(d) oibríonn tríú páirtithe a bhfuil baint acu leis an seachfhoinsiú i gcomhar leis an údarás inniúil i mBallstát baile an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus ní choisceann an seachfhoinsiú feidhmiú fheidhmeanna maoirseachta na n-údarás inniúil, lena n-áirítear rochtain ar an láthair chun teacht ar aon fhaisnéis ábhartha atá ag teastáil chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh;

(e) coinníonn na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an saineolas agus na hacmhainní is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear, chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na seirbhísí seachfhoinsithe agus chun na rioscaí a bhaineann le seachfhoinsiú a bhainistiú ar bhonn leanúnach;

(f) bíonn rochtain dhíreach ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar fhaisnéis ábhartha na seirbhísí seachfhoinsithe;

(g) áirithíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní go gcomhlíonann tríú páirtithe a bhfuil baint acu leis an seachfhoinsiú caighdeáin cosanta sonraí an Aontais.

Chun críocha phointe (g) den chéad fhomhír, tá soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní freagrach as a áirithiú go leagtar amach na caighdeáin cosanta sonraí sna comhaontuithe i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3.

2. Beidh beartas ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní maidir lena seachfhoinsiú, lena n-áirítear maidir le pleananna teagmhais agus straitéisí imeachta, agus scála, cineál agus raon na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear á gcur san áireamh.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcearta agus a n-oibleagáidí agus cearta agus oibleagáidí na dtríú páirtithe a bhfuil siad ag seachfhoinsiú chucu a shainmhíniú i gcomhaontú i scríbhinn. Tabharfaidh comhaontuithe seachfhoinsithe an ceart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na comhaontuithe sin a fhoirceannadh.

4. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus tríú páirtithe an fhaisnéis uile atá riachtanach do na húdaráis inniúla agus do na húdaráis eile lena mbaineann ar fáil, arna iarraidh sin, ar faisnéis í lena gcumasaítear na húdaráis sin chun comhlíonadh cheanglais an Teidil seo ag na gníomhaíochtaí seachfhoinsithe a mheas.

Airteagal 74

Clabhsúr ordúil de sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Beidh plean i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagail 75 go 79, ar plean é atá iomchuí chun tacú le clabhsúr ordúil a ngníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear leanúnachas nó téarnamh aon ghníomhaíochtaí criticiúla a dhéanann na soláthraithe seirbhísí sin. Leis an bplean sin, léireofar cumas soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní clabhsúr ordúil a chur i gcrích gan dochar míchuí eacnamaíoch a dhéanamh dá gcliaint.

CAIBIDIL 3

Oibleagáidí i dtaca le seirbhísí cripteashócmhainní sonracha

Airteagal 75

Cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcliaint chun a ndualgais agus a bhfreagrachtaí a shonrú. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i gcomhaontú den sórt sin:

(a) céannacht na bpáirtithe sa chomhaontú;

(b) cineál na seirbhíse cripteashócmhainní a sholáthraítear agus tuairisc ar an tseirbhís sin;

(c) an beartas cumhdaigh;

(d) na modhanna cumarsáide idir an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus an cliant, lena n-áirítear córas fíordheimhniúcháin an chliaint;

(e) tuairisc ar na córais slándála a úsáideann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(f) na táillí, na costais agus na muirir a ghearrann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(g) an dlí is infheidhme.

2. Coinneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant clár suíomhanna, arna n-oscailt in ainm gach cliaint, a chomhfhreagraíonn do chearta gach cliaint ar na cripteashócmhainní. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aon ghluaiseachtaí de réir treoracha óna gcuid cliant a thaifeadadh sa chlár sin a luaithe is féidir. I gcásanna den sórt sin, áiritheofar lena nósanna imeachta inmheánacha go léireofar aon ghluaiseacht a mbeidh tionchar aici ar chlárú na gcripteashócmhainní le hidirbheart a chláraítear go tráthrialta i gclár suíomhanna an chliaint.

3. Bunóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant beartas cumhdaigh ina bhfuil rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha chun slánchoimeád nó rialú cripteashócmhainní den sórt sin a áirithiú, nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní,

Leis an mbeartas cumhdaigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, íoslaghdófar an riosca go gcaillfí cripteashócmhainní cliant nó na cearta a bhaineann leis na cripteashócmhainní sin nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní mar gheall ar chalaois, cibearbhagairtí nó faillí.

Cuirfear achoimre ar an mbeartas cumhdaigh ar fáil do chliaint arna iarraidh sin dóibh i bhformáid leictreonach.

4. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant feidhmiú na gceart a ghabhann leis na cripteashócmhainní a éascú. Déanfar aon teagmhas ar dóigh dó cearta cliaint a chruthú nó a mhodhnú a thaifeadadh láithreach i gclár suíomhanna an chliaint.

I gcás ina bhfuil athruithe ar an mbunteicneolaíocht mórleabhar dáilte nó ar aon teagmhas eile ar dócha go gcruthóidh nó go modhnóidh sé cearta cliaint, beidh an cliant i dteideal aon chripteashócmhainní nó aon chearta nuachruthaithe ar bhonn agus ar mhéid shuíomhanna an chliaint tráth a dtarlaíonn an t-athrú nó an teagmhas sin, ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt go sainráite le comhaontú bailí arna shíniú leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant de bhun mhír 1 roimh an athrú nó an teagmhas sin.

5. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant ráiteas ar shuíomh na gcripteashócmhainní atá taifeadta in ainm na gcliant ar fáil dá gcliaint uair amháin gach 3 mhí ar a laghad agus ar an iarraidh ón gcliant lena mbaineann. Is i bhformáid leictreonach a dhéanfar an ráiteas ar shuíomh sin. Sainaithneofar na cripteashócmhainní lena mbaineann, a n-iarmhéid, a luach agus an t-aistriú cripteashócmhainní a rinneadh le linn na tréimhse lena mbaineann sa ráiteas ar shuíomh.

Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant aon fhaisnéis ar fáil a luaithe is féidir dá gcliaint maidir le hoibríochtaí ar chripteashócmhainní a dteastaíonn freagairt ó na cliaint sin ina leith.

6. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant go gcuirfear nósanna imeachta is gá i bhfeidhm chun go dtabharfar cripteashócmhainní atá á gcoimeád thar ceann a gcliant, nó na bealaí rochtana, ar ais do na cliaint sin a luaithe is féidir.

7. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant sealúchais cripteashócmhainní a leithscaradh thar ceann a gcliant óna sealúchais féin agus áiritheoidh siad go sainaithneofar go soiléir na modhanna rochtana ar chripteashócmhainní a gcliant mar mhodhanna rochtana. Áiritheoidh siad, ar an mórleabhar dáilte, go gcoinneofar cripteashócmhainní a gcliant ar leithligh óna gcripteashócmhainní féin.

Déanfar na cripteashócmhainní atá á gcoimeád faoi chumhdach a leithscaradh go dlíthiúil ó eastát an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar mhaithe le leas chliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, ionas nach mbeidh aon iontaoibh ag creidiúnaithe an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ar chripteashócmhainní atá á gcoimeád faoi chumhdach ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe i gcás dócmhainneachta.

Áiritheoidh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní go ndéanfar na cripteashócmhainní atá á gcoimeád faoi chumhdach a leithscaradh go hoibríochtúil ó eastát an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

8. Beidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant faoi dhliteanas dá gcliaint maidir le caillteanas aon chripteashócmhainní nó na modhanna rochtana ar na cripteashócmhainní mar thoradh ar theagmhas atá inchurtha i leith na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Cuirfear uasteorainn le dliteanas an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ag luach margaidh na cripteashócmhainne a cailleadh, tráth a tharla an caillteanas.

Áirítear ar theagmhais nach bhfuil inchurtha i leith an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní aon teagmhas a léiríonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina leith gur tharla sé go neamhspleách ar sholáthar na seirbhíse ábhartha, nó go neamhspleách ar oibríochtaí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, amhail fadhb a bhaineann go dlúth le hoibriú an mhórleabhair dáilte nach rialaíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

9. Má bhaineann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant úsáid as soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile den tseirbhís sin, ní bhainfidh siad úsáid ach as soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 59.

Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant agus a bhaineann úsáid as soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile den tseirbhís sin, cuirfidh siad a gcliaint ar an eolas faoi sin.

Airteagal 76

Ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní rialacha oibriúcháin soiléire agus trédhearcacha a leagan síos, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme don ardán trádála. Déanfar an méid seo a leanas ar a laghad sna rialacha oibriúcháin sin:

(a) socrófar na próisis um fhormheas, lena n-áirítear ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a bheidh i gcomhréir leis an riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an iarratasóir i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849, a chuirfear i bhfeidhm sula ligfear isteach cripteashócmhainní ar an ardán trádála;

(b) déanfar catagóirí eisiaimh, más ann dóibh, a shainmhíniú maidir leis na cineálacha cripteashócmhainní nach ligtear isteach chun a dtrádála;

(c) leagfar amach na beartais, na nósanna imeachta agus na leibhéil táillí, más ann dóibh, maidir le ligean isteach chun trádála;

(d) socrófar rialacha oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus critéir chomhréireacha maidir le rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí trádála, a chuireann rochtain chothrom agus oscailte ar an ardán chun cinn le haghaidh cliaint ar mian leo trádáil;

(e) socrófar rialacha agus nósanna imeachta neamhroghnacha chun trádáil chothrom ordúil agus critéir oibiachtúla a áirithiú chun orduithe a fhorghníomhú go héifeachtúil;

(f) socrófar coinníollacha ionas go bhfanfaidh cripteashócmhainní inrochtana le haghaidh trádála, lena n-áirítear tairseacha leachtachta agus ceanglais maidir le nochtadh tréimhsiúil;

(g) socrófar coinníollacha faoinar féidir trádáil cripteashócmhainní a chur ar fionraí;

(h) socrófar nósanna imeachta chun socrú éifeachtúil cripteashócmhainní agus cistí a áirithiú.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, luafar go soiléir sna rialacha oibríochta nach ligfear cripteashócmhainn isteach chun a trádála i gcás nár foilsíodh páipéar bán comhfhreagrach maidir le cripteashócmhainní sna cásanna a cheanglaítear leis an Rialachán seo.

2. Sula ligfear isteach cripteashócmhainn chun a trádála, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní go gcomhlíonann an chripteashócmhainn rialacha oibriúcháin an ardáin trádála agus déanfaidh siad oiriúnacht na cripteashócmhainne lena mbaineann a mheasúnú. Agus measúnú á dhéanamh acu ar oiriúnacht cripteashócmhainne, déanfaidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála meastóireacht, go háirithe, ar iontaofacht na réiteach teicniúil a úsáidtear agus ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhaíochtaí aindleathacha nó calaoiseacha, agus taithí, cuntas teiste agus clú eisitheoir na gcripteashócmhainní sin agus a fhoirne forbartha á gcur san áireamh. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála measúnú freisin ar oiriúnacht na gcripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid dá dtagraítear in Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, pointí (a) go (d).

3. Coiscfidh rialacha oibriúcháin an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála a bhfuil feidhm anaithnidithe ionsuite acu ach amháin más féidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní sealbhóirí na gcripteashócmhainní sin agus a stair idirbhearta a shainaithint.

4. Déanfar na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit baile, nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

Má chuirtear oibriú ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní ar fáil i mBallstát eile, déanfar na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit óstaigh, nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

5. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní déileáil ar a gcuntas féin ar an ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibríonn siad, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn siad malartú cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile.

6. Ní cheadófar do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní dul i mbun trádáil bhunairgid mheaitseáilte ach amháin i gcás inar thoiligh an cliant leis an bpróiseas sin. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faisnéis don údarás inniúil lena míneofar an úsáid a bhaineann siad as trádáil bhunairgid mheaitseáilte. Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán ar rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i dtrádáil bhunairgid mheaitseáilte, agus áiritheoidh sé go leanfaidh sí de bheith rannpháirteach i dtrádáil bhunairgid mheaitseáilte a thagann faoin sainmhíniú ar an trádáil sin agus nach n-eascróidh coinbhleachtaí leasa idir na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus a gcliaint.

7. Beidh córais, nósanna imeachta agus socruithe éifeachtacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní chun an méid seo a leanas a áirithiú maidir lena gcórais trádála:

(a) go bhfuil siad athléimneach;

(b) go bhfuil cumas leordhóthanach acu chun déileáil le buaic-líonta orduithe agus teachtaireachtaí;

(c) go bhfuil siad in ann trádáil ordúil a áirithiú tráth a bhíonn dálaí diana anáis sa mhargadh;

(d) gur féidir leo orduithe a sháraíonn na tairseacha réamhchinntithe maidir le méid agus praghas nó ar léir go bhfuil siad earráideach a dhiúltú;

(e) go ndéantar iad a thástáil go hiomlán chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha faoi phointí (a) go (d);

(f) go bhfuil siad faoi réir socruithe um leanúnachas gnó chun leanúnachas a seirbhísí a áirithiú i gcás ina gclisfeadh ar an gcóras trádála;

(g) go bhfuil siad in ann drochúsáid margaidh a chosc nó a bhrath;

(h) go bhfuil siad láidir go leor chun drochúsáid ar mhaithe le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc.

8. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a n-údarás inniúil ar an eolas nuair a shainaithníonn siad cásanna de dhrochúsáid margaidh nó d'iarracht ar dhrochúsáid margaidh a tharlaíonn ar a gcórais trádála nó trína gcórais trádála.

9. Poibleoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní aon tairiscint agus iarrfaidh siad praghsanna agus leibhéal an leasa trádála ag na praghsanna sin a fhógraítear le haghaidh cripteashócmhainní trína n-ardáin trádála. Cuirfidh na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann an fhaisnéis sin ar fáil don phobal ar bhonn leanúnach le linn uaireanta trádála.

10. Poibleoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní praghas, méid agus am na n-idirbheart a forghníomhaíodh i leith cripteashócmhainní a trádáladh ar a n-ardáin trádála. Déanfaidh siad na mionsonraí sin le haghaidh gach idirbhirt den sórt sin a phoibliú chomh gar d'fhíor-am agus is féidir go teicniúil.

11. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní an fhaisnéis a fhoilsítear i gcomhréir le míreanna 9 agus 10 ar fáil don phobal ar bhonn réasúnta tráchtála agus áiritheoidh siad rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an bhfaisnéis sin. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil saor in aisce 15 nóiméad tar éis foilsiú i bhformáid atá meaisín-inléite agus leanfaidh sí de bheith foilsithe ar feadh 2 bhliain ar a laghad.

12. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní tús le socraíocht deiridh idirbhirt cripteashócmhainne ar an mórleabhar dáilte laistigh de 24 uair an chloig ó fhorghníomhú an idirbhirt ar an ardán trádála nó, i gcás idirbheart a shocraítear lasmuigh den mhórleabhar dáilte, faoi dhúnadh an lae ar a dhéanaí.

13. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní go bhfuil a struchtúir maidir le táillí trédhearcach, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach agus nach gcruthaíonn siad dreasachtaí chun orduithe a chur isteach, a mhodhnú nó a chealú nó chun idirbhearta a fhorghníomhú ar bhealach a gcuireann le coinníollacha trádála mí-ordúla nó le drochúsáid margaidh dá dtagraítear i dTeideal VI.

14. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní acmhainní a chothabháil agus beidh saoráidí cúltaca i bhfeidhm acu chun bheith in ann tuairisciú dá n-údarás inniúil i gcónaí.

15. Coinneoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála na sonraí ábhartha a bhaineann le gach ordú i gcripteashócmhainní a fhógraítear trína gcórais ar fáil don údarás inniúil, ar feadh cúig bliana ar a laghad, nó tabharfaidh siad rochtain don údarás inniúil ar an leabhar orduithe ionas go mbeidh an t-údarás inniúil in ann faireachán a dhéanamh ar an ngníomhaíocht trádála. Beidh saintréithe an ordaithe sna sonraí ábhartha sin, lena n-áirítear na saintréithe sin a nascann ordú leis na hidirbhearta forghníomhaithe a eascraíonn as an ordú sin.

16. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) an chaoi a ndéanfar sonraí trédhearcachta, lena n-áirítear leibhéal imdhealaithe na sonraí atá le cur ar fáil don phobal dá dtagraítear i míreanna 1, 9 agus 10 a chur i láthair;

(b) inneachar agus formáid na dtaifead leabhar orduithe atá le coimeád mar a shonraítear i mír 15.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 77

Cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile

1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile beartas tráchtála neamh-idirdhealaitheach lena léirítear, go háirithe, an cineál cliant a aontaíonn siad chun idirbheart a dhéanamh leis na cliaint sin agus na coinníollacha a chomhlíonfaidh cliaint den sórt sin.

2. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile praghas daingean na gcripteashócmhainní nó modh chun praghas na gcripteashócmhainní a bheartaíonn siad a mhalartú ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile a chinneadh, agus aon teorainn is infheidhme arna cinneadh ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin maidir leis an méid atá le malartú.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile orduithe cliant a fhorghníomhú ag na praghsanna a thaispeántar nuair a bhíonn an t-ordú le haghaidh malartaithe críochnaitheach. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a gcliaint ar an eolas faoi na coinníollacha chun go measfar a n-ordú a bheith críochnaitheach.

4. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartaíonn cripteashócmhainní ar chistí nó ar chripteashócmhainní eile faisnéis faoi na hidirbhearta a thug siad i gcrích, amhail méideanna agus praghsanna idirbheart.

Airteagal 78

Orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant gach beart is gá, nuair atá orduithe á bhforghníomhú acu, chun an toradh is fearr a fháil dá gcliaint agus tosca á gcur san áireamh acu, is iad sin praghas, costas, luas, dóchúlacht an fhorghníomhaithe agus na socraíochta, méid, cineál, coinníollacha cumhdaigh na gcripteashócmhainní nó aon chúinse eile atá ábhartha d'fhorghníomhú an ordaithe.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ní cheanglófar ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant na bearta is gá dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh i gcásanna ina bhforghníomhaíonn siad orduithe le haghaidh cripteashócmhainní de réir treoracha sonracha arna dtabhairt ag a gcliaint.

2. Chun comhlíonadh mhír 1 a áirithiú, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant socruithe forghníomhúcháin éifeachtacha a bhunú agus a chur chun feidhme. Go háirithe, déanfaidh siad beartas forghníomhúcháin orduithe a bhunú agus a chur chun feidhme chun a chur ar a gcumas mír 1 a chomhlíonadh. Déanfar foráil sa bheartas forghníomhúcháin orduithe, i measc nithe eile, maidir le forghníomhú pras, cothrom agus gasta orduithe cliant agus mí-úsáid a d'fhéadfadh fostaithe na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhaint as aon fhaisnéis a bhaineann le horduithe cliant a chosc.

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant faisnéis iomchuí agus shoiléir ar fáil dá gcliaint maidir lena mbeartas forghníomhúcháin orduithe dá dtagraítear i mír 2 agus maidir le haon athrú suntasach air. Míneofar go soiléir san fhaisnéis sin, le mionsonraí leordhóthanacha agus ar bhealach is féidir le cliaint a thuiscint go héasca, conas a dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní orduithe cliant a fhorghníomhú. Gheobhaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní réamhthoiliú ó gach cliant maidir leis an mbeartas forghníomhúcháin orduithe.

4. Beidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant in ann a léiriú dá gcliaint, arna iarraidh sin dóibh, go bhfuil a n-orduithe forghníomhaithe acu i gcomhréir lena mbeartas forghníomhúcháin orduithe agus beidh siad in ann a léiriú don údarás inniúil, arna iarraidh sin dó, go gcomhlíonann siad an tAirteagal seo.

5. I gcás ina bhforáiltear leis an mbeartas forghníomhúcháin orduithe go bhféadfaí orduithe cliant a fhorghníomhú lasmuigh d'ardán trádála, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant a gcuid cliant ar an eolas faoin bhféidearthacht sin agus gheobhaidh siad toiliú sainráite roimh ré óna gcliaint sula rachaidh siad ar aghaidh lena n-orduithe a fhorghníomhú lasmuigh d'ardán trádála, i bhfoirm comhaontú ginearálta nó i ndáil le hidirbhearta aonair.

6. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant faireachán ar éifeachtacht a socruithe forghníomhúcháin orduithe agus a mbeartais forghníomhúcháin orduithe chun aon easnaimh ina leith sin a shainaithint agus, i gcás inarb iomchuí, a cheartú. Go háirithe, déanfaidh siad measúnú, ar bhonn tráthrialta, i dtaobh an soláthraíonn na hionaid forghníomhúcháin a áirítear sa bheartas forghníomhúcháin orduithe an toradh is fearr is féidir do chliaint nó an gá dóibh athruithe a dhéanamh ar a socruithe forghníomhúcháin orduithe. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant fógra do chliaint a bhfuil caidreamh cliaint leanúnach acu leo faoi aon athruithe ábhartha ar a socruithe forghníomhúcháin orduithe nó ar a mbeartas forghníomhúcháin orduithe.

Airteagal 79

Cripteashócmhainní a láithriú

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl don tairgeoir, don duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó d'aon tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann, sula ndéanfaidh siad comhaontú leo:

(a) an cineál socraithe atá á bhreithniú, lena n-áirítear cibé a ráthaítear nó nach ráthaítear íosmhéid ceannaigh;

(b) léiriú faoi mhéid na dtáillí idirbheart a bhaineann leis an láithriú beartaithe;

(c) an t-uainiú, próiseas agus praghas is dócha a bheidh ann don oibríocht bheartaithe;

(d) faisnéis faoi na ceannaitheoirí a spriocdhírítear orthu.

Gheobhaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a láithríonn cripteashócmhainní, sula láithríonn siad na cripteashócmhainní sin, comhaontú eisitheoirí na gcripteashócmhainní sin nó aon tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann i ndáil leis an bhfaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír.

2. Beidh nósanna imeachta sonracha agus leordhóthanacha i bhfeidhm ag rialacha soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní maidir le coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 72(1) chun aon choinbhleachtaí leasa a eascraíonn as na cásanna seo a leanas a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh:

(a) láithríonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na cripteashócmhainní lena gcliaint féin;

(b) déantar rómheastachán nó gannmheastachán ar an bpraghas beartaithe do láithriú na gcripteashócmhainní;

(c) íocann nó deonaíonn an tairgeoir dreasachtaí, lena n-áirítear dreasachtaí neamhairgeadaíochta, le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

Airteagal 80

Orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a ghlacadh agus a tharchur thar ceann cliant

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann agus a tharchuireann orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant nósanna imeachta agus socruithe a bhunú agus a chur chun feidhme lena bhforálfar do tharchur pras agus cuí orduithe cliant lena bhforghníomhú ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní nó chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile.

2. Ní bhfaighidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann agus a tharchuireann orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant aon luach saothair, lascaine ná sochar neamhairgeadaíochta mar mhalairt ar orduithe arna bhfáil ó chliaint a ródú chuig ardán trádála áirithe le haghaidh cripteashócmhainní nó chuig soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní eile.

3. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhaigheann agus a tharchuireann orduithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant mí-úsáid a bhaint as faisnéis a bhaineann le horduithe cliaint atá ar feitheamh, agus déanfaidh siad gach beart réasúnach chun mí-úsáid faisnéise den sórt sin ag aon duine dá bhfostaithe a chosc.

Airteagal 81

Comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní agus bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní measúnú i dtaobh an bhfuil na seirbhísí cripteashócmhainní nó na cripteashócmhainní oiriúnach dá gcliaint nó dá gcliaint ionchasacha, ag tabhairt aird ar a gcuid eolais agus taithí maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i gcripteashócmhainní, a gcuspóirí infheistíochta, lena n-áirítear lamháltas riosca, agus a staid airgeadais, lena n-áirítear a gcumas caillteanais a iompar.

2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní, in am trátha sula dtabharfaidh siad comhairle maidir le cripteashócmhainní, cliaint ionchasacha ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cibé an soláthraítear nó nach soláthraítear an chomhairle ar bhonn neamhspleách;

(b) cibé an bhfuil sí bunaithe ar anailís leathan nó ar anailís níos srianta ar chripteashócmhainní éagsúla, lena n-áirítear i dtaobh an bhfuil an chomhairle teoranta do chripteashócmhainní arna n-eisiúint nó arna dtairiscint ag eintitis a bhfuil dlúthnaisc acu leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó le haon chaidreamh dlíthiúil nó eacnamaíoch eile, amhail caidrimh chonarthacha, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do neamhspleáchas na comhairle a sholáthraítear.

3. I gcás ina gcuireann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní in iúl don chliant ionchasach go soláthraítear comhairle ar bhonn neamhspleách, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) measúnú ar raon leordhóthanach cripteashócmhainní atá ar fáil ar an margadh agus nach mór a bheith éagsúil go leor chun a áirithiú gur féidir cuspóirí infheistíochta an chliaint a bhaint amach go hiomchuí agus nár cheart a bheith teoranta do chripteashócmhainní a eisíonn nó a sholáthraíonn:

(i) an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní céanna sin;

(ii) eintitis a bhfuil dlúthnaisc acu leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní céanna sin; nó

(iii) eintitis eile a bhfuil dlúthchaidrimh dhlíthiúla nó eacnamaíocha ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní céanna sin leo, amhail caidreamh conarthach, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhunús neamhspleách na comhairle a thugtar;

(b) gan glacadh le táillí, coimisiúin ná aon sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta arna n-íoc nó arna soláthar ag aon tríú páirtí nó ag duine atá ag gníomhú thar ceann tríú páirtí i ndáil leis an tseirbhís a sholáthar do chliaint, agus gan na táillí, coimisiúin ná sochair sin a choinneáil.

D'ainneoin phointe (b) den chéad fhomhír, ceadófar mionsochair neamhairgeadaíochta atá in ann cáilíocht na seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear do chliant a fheabhsú agus atá de scála agus de chineál nach gcuireann siad isteach ar chomhlíonadh oibleagáid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní gníomhú chun leasa a chliaint i gcásanna ina nochtar go soiléir iad don chliant.

4. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní faisnéis do chliaint ionchasacha freisin maidir leis na costais agus na muirir ghaolmhara uile, lena n-áirítear costas na comhairle, i gcás inarb infheidhme, costas na gcripteashócmhainní a mholtar nó a mhargaítear don chliant agus conas a cheadaítear don chliant íoc as na cripteashócmhainní, lena gcuimsítear aon íocaíochtaí tríú páirtí freisin.

5. Ní ghlacfaidh ná ní choimeádfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní táillí, coimisiúin ná aon sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta arna n-íoc nó arna soláthar ag eisitheoir, tairgeoir, duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, nó aon tríú páirtí, nó duine a ghníomhaíonn thar ceann tríú páirtí, i ndáil le bainistiú punainne cripteashócmhainní a sholáthar dá gcliaint.

6. I gcás ina gcuireann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní in iúl do chliant ionchasach nach soláthraíonn sé comhairle ar bhonn neamhspleách, féadfaidh an soláthraí sin aslaigh a fháil faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil an íocaíocht nó an sochar deartha chun cáilíocht na seirbhíse ábhartha a fheabhsú don chliant; agus

(b) nach gcuireann an íocaíocht ná an sochar isteach ar chomhlíonadh na hoibleagáide atá ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní gníomhú ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil i gcomhréir le leasanna a chliant.

Déanfar láithreacht, cineál agus méid na híocaíochta nó an tsochair dá dtagraítear i mír 4, nó, i gcás nach féidir an méid a fhionnadh, an modh chun an méid sin a ríomh, a nochtadh go soiléir don chliant, ar bhealach atá cuimsitheach, cruinn agus intuigthe, sula soláthrófar an tseirbhís cripteashócmhainní ábhartha.

7. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní go bhfuil an t-eolas agus an inniúlacht is gá ag daoine nádúrtha a thugann comhairle nó faisnéis faoi chripteashócmhainní, ar a son, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Foilseoidh na Ballstáit na critéir a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus inniúlacht den sórt sin.

8. Chun críocha an mheasúnaithe oiriúnachta dá dtagraítear i mír 1, gheobhaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní an fhaisnéis is gá óna gcliaint nó óna gcliaint ionchasacha maidir lena n-eolas agus a dtaithí ar infheistiú, lena n-áirítear i gcripteashócmhainní, a gcuspóirí infheistíochta, lena n-áirítear lamháltas riosca, a staid airgeadais lena n-áirítear a gcumas caillteanais a iompar agus a mbuntuiscint ar na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní a cheannach, ionas go gcuirfear ar chumas soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a mholadh do chliaint nó do chliaint ionchasacha i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil na cripteashócmhainní oiriúnach dóibh agus, go háirithe, an bhfuil siad i gcomhréir lena lamháltas riosca agus lena gcumas caillteanais a iompar.

9. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní rabhadh do chliaint nó do chliaint ionchasacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) d'fhéadfadh luach cripteashócmhainní athrú;

(b) d'fhéadfadh na cripteashócmhainní a bheith faoi réir caillteanais iomlána nó pháirteacha;

(c) d'fhéadfadh sé nach cripteashócmhainní leachtacha iad na cripteashócmhainní;

(d) i gcás inarb infheidhme, ní chumhdaítear na cripteashócmhainní leis na scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí faoi Threoir 97/9/CE;

(e) ní chumhdaítear na cripteashócmhainní leis na scéimeanna ráthaithe taiscí faoi Threoir 2014/49/AE.

10. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní beartais agus nósanna imeachta a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme chun a chur ar a gcumas an fhaisnéis uile is gá a bhailiú agus a mheasúnú chun an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh do gach cliant. Déanfaidh siad gach beart réasúnach chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a bhaileofar faoina gcliaint nó faoina gcliaint ionchasacha iontaofa.

11. I gcás nach soláthraíonn cliaint an fhaisnéis is gá de bhun mhír 8, nó i gcás ina measann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní nach bhfuil na seirbhísí cripteashócmhainní ná na cripteashócmhainní oiriúnach dá gcliaint, ní mholfaidh siad seirbhísí cripteashócmhainní ná cripteashócmhainní den sórt sin, ná ní chuirfidh siad tús le bainistiú punainne na gcripteashócmhainní sin a sholáthar.

12. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní nó a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní athbhreithniú tráthrialta i leith gach cliaint ar an measúnú oiriúnachta dá dtagraítear i mír 1 gach dhá bhliain ar a laghad tar éis an mheasúnaithe tosaigh arna dhéanamh i gcomhréir leis an mír sin.

13. A luaithe a dhéanfar an measúnú oiriúnachta dá dtagraítear i mír 1 nó an t-athbhreithniú air faoi mhír 12, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a thugann comhairle maidir le cripteashócmhainní tuarascáil ar oiriúnacht ar fáil do chliaint lena sonraítear an chomhairle a tugadh agus conas a chomhlíonann an chomhairle sin roghanna, cuspóirí agus saintréithe eile na gcliant. Is i bhformáid leictreonach a dhéanfar an tuairisc agus a chuirfear in iúl do chliaint í. Sa tuairisc sin, ar a laghad:

(a) áireofar faisnéis nuashonraithe maidir leis an measúnú dá dtagraítear i mír 1; agus

(b) soláthrófar achoimre ar an gcomhairle a tugadh.

Léireofar go soiléir sa tuarascáil ar oiriúnacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír go bhfuil an chomhairle bunaithe ar eolas agus taithí an chliaint maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i gcripteashócmhainní, ar chuspóirí infheistíochta, lamháltas riosca, staid airgeadais an chliaint agus ar chumas an chliaint caillteanais a iompar.

14. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn bainistiú punainne cripteashócmhainní ráitis thréimhsiúla dá gcliaint, i bhformáid leictreonach, maidir leis na gníomhaíochtaí bainistithe punainne a dhéantar thar a gceann. Sna ráitis thréimhsiúla sin beidh athbhreithniú cóir agus cothrom ar na gníomhaíochtaí a rinneadh agus ar fheidhmiú na punainne le linn na tréimhse tuairiscithe, ráiteas nuashonraithe maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann na gníomhaíochtaí a rinneadh roghanna, cuspóirí agus saintréithe eile an chliaint, chomh maith le faisnéis nuashonraithe maidir leis an measúnú oiriúnachta dá dtagraítear i mír 1 nó a athbhreithniú faoi mhír 12.

Soláthrófar an ráiteas tréimhsiúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo gach 3 mhí, ach amháin i gcásanna ina bhfuil rochtain ag cliant ar chóras ar líne inar féidir rochtain a fháil ar luachálacha cothrom le dáta ar phunann an chliaint agus ar fhaisnéis nuashonraithe maidir leis an measúnú oiriúnachta dá dtagraítear i mír 1, agus ina bhfuil fianaise ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní go bhfuair an cliant rochtain ar luacháil uair amháin ar a laghad le linn na ráithe ábhartha. Measfar gur formáid leictreonach é an córas ar líne sin.

15. Déanfaidh ÚEUM, faoin 30 Nollaig 2024, treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena sonraítear an méid seo a leanas:

(a) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus inniúlacht an chliaint i gcomhréir le mír 2;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 8; agus

(c) formáid an ráitis thréimhsiúil dá dtagraítear i mír 14.

Airteagal 82

Seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant comhaontú a thabhairt i gcrích lena gcliaint chun a ndualgais agus a bhfreagrachtaí a shonrú. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad i gcomhaontú den sórt sin:

(a) céannacht na bpáirtithe sa chomhaontú;

(b) tuairisc ar mhódúlachtaí na seirbhíse aistrithe arna soláthar;

(c) tuairisc ar na córais slándála a úsáideann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(d) na táillí a ghearrann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(e) an dlí is infheidhme.

2. Eiseoidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní thar ceann cliant maidir le nósanna imeachta agus beartais, lena n-áirítear cearta cliant, i gcomhthéacs seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní.

CAIBIDIL 4

Éadáil soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Airteagal 83

Measúnú ar éadálacha beartaithe soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

1. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó daoine den sórt sin a ghníomhaíonn de chomhbheart dóibh ('an faighteoir beartaithe') a rinne cinneadh sealúchas cáilitheach a fháil i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, go díreach nó go hindíreach, nó sealúchas cáilitheach den sórt sin a mhéadú, go díreach nó go hindíreach, ionas go sroichfeadh cion na gceart vótála nó an chaipitil a shealbhaítear 20 %, 30 % nó 50 % nó níos mó ná sin, nó ionas go mbeadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina fhochuideachta, tabharfaidh siad fógra i scríbhinn d'údarás inniúil an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin ina léireofar méid an tsealúchais atá beartaithe agus an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun na gcaighdeán teicniúil rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 84(4).

2. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cinneadh déanta aige sealúchas cáilitheach i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a dhiúscairt go díreach nó go hindíreach, tabharfaidh an duine sin fógra i scríbhinn don údarás inniúil, sula ndéanfaidh an duine sin an sealúchas sin a dhiúscairt, faoina chinneadh agus tabharfaidh sé méid an tsealúchais sin le fios. Tabharfaidh an duine sin fógra freisin don údarás inniúil ar an mbealach céanna i gcás ina bhfuil cinneadh déanta aige sealúchas cáilitheach a laghdú ionas go dtitfeadh céatadán na gceart vótála nó an chaipitil atá ar teachtadh faoi bhun 10 %, 20 %, 30 % nó 50 % nó ionas go scoirfeadh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní de bheith ina fhochuideachta de chuid an duine sin.

3. Admhóidh an t-údarás inniúil, go pras agus in aon chás laistigh de 2 lá oibre ó fhógra a fháil de bhun mhír 1, i scríbhinn go bhfuarthas é.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an éadáil bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ar an bhfaisnéis a cheanglaítear de bhun na gcaighdeán teicniúil rialála arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 84(4) laistigh de 60 lá oibre ón dáta a admhaíodh i scríbhinn go bhfuarthas an fógra dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal. Agus admháil á tabhairt aige go bhfuarthas an fógra, cuirfidh an t-údarás inniúil an faighteoir beartaithe ar an eolas faoi dháta éaga na tréimhse measúnaithe.

5. Chun críocha an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4, féadfaidh an t-údarás inniúil dul i gcomhairle leis údarás inniúil maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta agus aonaid um fhaisnéis airgeadais agus breithneoidh sé a dtuairimí go cuí.

6. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 4 á dhéanamh acu, féadfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis bhreise is gá chun an measúnú sin a chur i gcrích a iarraidh ar an bhfaighteoir beartaithe. Déanfar an iarraidh sin sula dtabharfar an measúnú chun críche, agus tráth nach déanaí ná an 50ú lá oibre ón dáta a admhaíodh i scríbhinn go bhfuarthas an fógra dá dtagraítear i mír 3. Déanfar iarrataí den sórt sin i scríbhinn agus sonrófar an fhaisnéis bhreise is gá iontu.

Cuirfidh an t-údarás inniúil an tréimhse mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4 ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo faighte acu. Ní rachaidh an tréimhse fionraí thar 20 lá oibre. Ní bheidh aon fhionraí bhreise ar thréimhse an mheasúnaithe mar thoradh ar aon iarrataí ón údarás inniúil ina dhiaidh sin ar fhaisnéis bhreise nó ar shoiléiriú ar fhaisnéis a fuarthas.

Féadfaidh an t-údarás inniúil an fhionraí dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a fhadú suas le 30 lá oibre más rud é go bhfuil an faighteoir beartaithe suite lasmuigh den Aontas nó go bhfuil sé á rialáil faoi dhlí tríú tír.

7. An t-údarás inniúil, ar an measúnú dá dtagraítear i mír 4 a thabhairt i gcrích, a chinneann cur in aghaidh na héadála beartaithe dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh sé fógra faoin méid sin don fhaighteoir beartaithe laistigh de 2 lá oibre agus in aon chás roimh an dáta dá dtagraítear i mír 4 arna fhadú, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le mír 6, an dara agus an tríú fomhír. Tabharfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin san fhógra.

8. I gcás nach gcuireann an t-údarás inniúil in aghaidh na héadála beartaithe dá dtagraítear i mír 1 roimh an dáta dá dtagraítear i mír 4 arna fhadú, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le mír 6, an dara agus an tríú fomhír, measfar an éadáil bheartaithe a bheith formheasta.

9. Féadfaidh an t-údarás inniúil uastréimhse a shocrú chun an éadáil bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt chun críche, agus féadfaidh siad an uastréimhse sin a fhadú i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 84

Inneachar an mheasúnaithe ar éadálacha beartaithe na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

1. Agus an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 83(4) á dhéanamh acu, tabharfaidh an t-údarás inniúil breithmheas ar oiriúnacht an fhaighteora bheartaithe agus ar fhóntacht airgeadais na héadála beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 83(1) i gcoinne gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) clú an fhaighteora bheartaithe;

(b) clú agus taithí aon duine a stiúrfaidh gnó an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní de thoradh na héadála beartaithe;

(c) fóntacht airgeadais an fhaighteora bheartaithe, go háirithe i ndáil leis an gcineál gnó a bheartaítear agus a shaothraítear i leith an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ina bhfuil an éadáil beartaithe;

(d) an mbeidh an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní in ann forálacha an Teidil seo a chomhlíonadh agus leanúint dá gcomhlíonadh;

(e) an bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras, i dtaca leis an éadáil bheartaithe, go bhfuil nó go raibh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(3) agus (5), faoi seach, de Threoir (AE) 2015/849 á dhéanamh, nó gur féachadh nó go bhfuiltear ag féachaint lena dhéanamh, nó go bhféadfadh an éadáil bheartaithe an riosca ina leith a mhéadú.

2. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil cur i gcoinne na héadála beartaithe ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann déanamh amhlaidh ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 83(4) neamhiomlán nó bréagach.

3. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon choinníollacha roimh ré maidir le leibhéal an tsealúchais cháilithigh a cheanglaítear a fháil faoin Rialachán seo ná ní cheadóidh siad dá n-údaráis inniúla an éadáil bheartaithe a scrúdú i dtéarmaí riachtanais eacnamaíocha an mhargaidh.

4. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 83(4), an chéad fhomhír, a dhéanamh. Beidh an fhaisnéis atá de dhíth ábhartha chun measúnú stuamachta a dhéanamh, agus beidh sí comhréireach agus oiriúnaithe do chineál an fhaighteora bheartaithe agus don éadáil bheartaithe dá dtagraítear in Airteagal 83(1).

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

CAIBIDIL 5

Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha

Airteagal 85

Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha a shainaithint

1. Measfar soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bheith suntasach más rud é go bhfuil 15 mhilliún úsáideoir gníomhach ar a laghad aige san Aontas, ar an meán, in aon bhliain féilire amháin, i gcás ina ríomhtar an meán mar mheánlíon laethúil na n-úsáideoirí gníomhacha le linn na bliana féilire roimhe sin.

2. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní fógra dá n-údaráis inniúla laistigh de 2 mhí tar éis dóibh an líon úsáideoirí gníomhacha a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach. I gcás ina gcomhaontaíonn an t-údarás inniúil go gcomhlíontar an tairseach a leagtar amach i mír 1, tabharfaidh sé fógra do ÚEUM faoin méid sin.

3. Gan dochar do fhreagrachtaí na n-údarás inniúil faoin Rialachán seo, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát baile nuashonruithe bliantúla a sholáthar do Bhord Maoirseoirí ESMA maidir leis na forbairtí maoirseachta seo a leanas i ndáil le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha:

(a) údaruithe atá fós ar siúl nó a tugadh i gcrích, ar údaruithe iad dá dtagraítear in Airteagal 59;

(b) próisis atá fós ar siúl nó a tugadh i gcrích maidir le húdaruithe a tharraingt siar, ar próisis iad dá dtagraítear in Airteagal 64;

(c) cumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú mar a leagtar amach in Airteagal 94(1), an chéad fhomhír, pointí (b), (c), (e), (f), (g), (y) agus (aa).

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile nuashonruithe níos minice a sholáthar do Bhord Maoirseoirí ESMA, nó fógra a thabhairt dó sula ndéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile aon chinneadh maidir leis an gcéad fhomhír, pointí (a), (b) nó (c).

4. Tar éis an nuashonraithe dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3, féadfaidh Bord Maoirseoirí ESMA tuairimí a mhalartú.

5. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh ESMA úsáid a bhaint as a chumhachtaí faoi Airteagail 29, 30, 31 agus 31b de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

TEIDEAL VI

DROCHÚSÁID MARGAIDH A bhFUIL BAINT AG CRIPTEASHÓCMHAINNÍ LÉI A CHOSC AGUS A THOIRMEASC

Airteagal 86

Raon feidhme na rialacha maidir le drochúsáid margaidh

1. Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir le gníomhuithe a dhéanann aon duine a bhfuil baint aige le cripteashócmhainní agus a ligtear isteach chun a dtrádála nó a bhfuil iarraidh déanta ina leith iad a ligean isteach chun a dtrádála.

2. Beidh feidhm ag an Teideal seo freisin maidir le haon idirbheart, ordú nó iompraíocht a bhaineann le cripteashócmhainní dá dtagraítear i mír 1, is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an t-idirbheart, an t-ordú nó an iompraíocht sin ar ardán trádála.

3. Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir le gníomhuithe agus easnaimh, san Aontas agus i dtríú tíortha, a bhaineann le cripteashócmhainní dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 87

Faisnéis ón taobh istigh

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh faisnéis ón taobh istigh comhdhéanta de na cineálacha faisnéise seo a leanas:

(a) faisnéis de chineál beacht, nár poiblíodh, a bhaineann, go díreach nó go hindíreach, le heisitheoir cripteashócmhainní amháin nó níos mó, le tairgeoir amháin nó níos mó nó le duine amháin nó níos mó a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó acu, nó le cripteashócmhainn amháin nó níos mó, agus ar dócha, dá gcuirfí ar fáil go poiblí í, go mbeadh éifeacht shuntasach aici ar phraghsanna na gcripteashócmhainní sin nó ar phraghas cripteashócmhainne gaolmhaire;

(b) maidir le daoine a bhfuil cúram orthu maidir le horduithe le haghaidh cripteashócmhainní a fhorghníomhú thar ceann cliant, ciallaíonn sé freisin faisnéis ar de chineál beacht í a chuireann cliant in iúl agus a bhaineann le horduithe an chliaint i gcripteashócmhainní atá ar feitheamh, a bhaineann, go díreach nó go hindíreach, le heisitheoir amháin nó níos mó, le tairgeoir amháin nó níos mó nó le duine amháin nó níos mó a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó acu nó le cripteashócmhainn amháin nó níos mó, agus ar dócha, dá gcuirfí ar fáil go poiblí í, go mbeadh éifeacht shuntasach aici ar phraghsanna na gcripteashócmhainní sin nó ar phraghas cripteashócmhainne gaolmhaire.

2. Chun críocha mhír 1, measfar go mbeidh faisnéis ina faisnéis de chineál beacht má léirítear leis an bhfaisnéis sin gur ann do thacar imthosca nó go bhféadfaí a bheith ag dréim leis, go réasúnach, go dtiocfadh ann don tacar imthosca sin, nó gur ann do theagmhas atá tarlaithe nó go bhféadfaí a bheith ag dréim leis, go réasúnach, go dtarlódh sé, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin sách sonrach chun go bhféadfaí tátal a bhaint as faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tacar imthosca sin nó an teagmhas sin ar phraghsanna na gcripteashócmhainní. I ndáil leis sin, i gcás próiseas a bhfuil fad bainte as, ar próiseas é atá beartaithe imthosca áirithe nó teagmhas áirithe a thuismiú nó a bheith ina chúis leis na himthosca sin nó an teagmhas sin amach anseo, ní hamháin gur féidir na himthosca sin nó an teagmhas sin atá le teacht a mheas mar fhaisnéis bheacht, ach is féidir a mheas freisin gur faisnéis bheacht céimeanna idirmheánacha an phróisis sin a bhaineann leis na himthosca sin nó an teagmhas sin atá le teacht a thuismiú nó na céimeanna idirmheánacha arb iad na himthosca sin nó an teagmhas sin atá le teacht is toradh.

3. Maidir le céim idirmheánach i bpróiseas a bhfuil fad bainte as, más rud é go gcomhlíonann sí, inti féin agus aisti féin, na critéir d'fhaisnéis ón taobh istigh dá dtagraítear i mír 2, measfar gur faisnéis ón taobh istigh í.

4. Chun críocha mhír 1, ciallóidh faisnéis ar dócha go mbeadh éifeacht shuntasach aici ar phraghsanna cripteashócmhainní, dá bpoibleofaí í, faisnéis ar dócha do shealbhóir réasúnach cripteashócmhainní í a úsáid mar chuid den bhunús le cinntí infheistíochta an tsealbhóra.

Airteagal 88

Faisnéis ón taobh istigh a nochtadh go poiblí

1. Déanfaidh eisitheoirí, tairgeoirí agus daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu an pobal a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoin bhfaisnéis ón taobh istigh dá dtagraítear in Airteagal 87 agus a bhaineann go díreach leo, ar bhealach ina gcuirfear ar chumas an phobail rochtain thapa a bheith acu ar an bhfaisnéis agus measúnú iomlán, ceart agus tráthúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis. Ní dhéanfaidh eisitheoirí, tairgeoirí ná daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu nochtadh faisnéise ón taobh istigh don phobal a chomhcheangal le margú a gcuid gníomhaíochtaí. Déanfaidh eisitheoirí, tairgeoirí agus daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu an fhaisnéis uile ón taobh istigh a bhfuil sé de cheangal orthu í a nochtadh go poiblí a phostáil agus a choinneáil ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad.

2. Féadfaidh eisitheoirí, tairgeoirí agus daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, ar a bhfreagracht féin, moill a chur ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh don phobal dá dtagraítear in Airteagal 87 ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is dócha go ndéanfaí dochar do leasanna dlisteanacha na n-eisitheoirí, na dtairgeoirí agus na ndaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, le nochtadh láithreach;

(b) ní dócha go gcuirfeadh an mhoill a bhaineann leis an nochtadh an pobal ar míthreoir;

(c) tá eisitheoirí, tairgeoirí nó na daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu in ann rúndacht na faisnéise sin a áirithiú.

3. I gcás inar chuir eisitheoir, tairgeoir nó duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige moill ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh i gcomhréir le mír 2, cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas gur cuireadh moill ar nochtadh na faisnéise agus soláthróidh sé míniú i scríbhinn faoin gcaoi ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, díreach tar éis an fhaisnéis a nochtadh don phobal. De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach gcuirfear taifead den mhíniú sin ar fáil ach amháin arna iarraidh sin don údarás inniúil.

4. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na modhanna teicniúla a chinneadh do na nithe seo a leanas:

(a) nochtadh poiblí iomchuí faisnéise ón taobh istigh dá dtagraítear i mír 1; agus

(b) moill a chur ar nochtadh poiblí na faisnéise ón taobh istigh dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 89

Toirmeasc ar dhéileáil cos istigh

1. Chun críocha an Rialacháin seo, meastar déileáil cos istigh a bheith ann i gcás ina mbíonn faisnéis ón taobh istigh ag duine agus ina n-úsáideann sé an fhaisnéis sin trí chripteashócmhainní lena mbaineann an fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt, dá chuntas féin nó do chuntas tríú páirtí, go díreach nó go hindíreach. Measfar freisin gur déileáil cos istigh é faisnéis ón taobh istigh a úsáid trí ordú maidir le cripteashócmhainn lena mbaineann an fhaisnéis sin a chealú nó a leasú i gcás inar socraíodh an t-ordú sula raibh an fhaisnéis ón taobh istigh ag an duine lena mbaineann. Cuimsítear chomh maith le húsáid a bhaint as faisnéis ón taobh istigh tairiscint ó dhuine a thíolacadh, a mhodhnú nó a tharraingt siar dá chuntas féin nó do chuntas tríú páirtí.

2. Ní bheidh aon duine ag gabháil de dhéileáil cos istigh nó ag iarraidh a bheith ag gabháil di, ná ní úsáidfidh aon duine faisnéis ón taobh istigh maidir le cripteashócmhainní chun na cripteashócmhainní sin a fháil, nó a dhiúscairt, go díreach ná go hindíreach, cibé acu do chuntas féin an duine sin nó do chuntas tríú páirtí. Ní mholfaidh aon duine do dhuine eile a bheith ag gabháil do dhéileáil cos istigh ná ní dhéanfaidh sé duine eile a spreagadh le bheith ag gabháil do dhéileáil cos istigh.

3. Ní dhéanfaidh aon duine a bheidh i seilbh faisnéise ón taobh istigh maidir le cripteashócmhainní, ar bhonn na faisnéise sin ón taobh istigh, an méid seo a leanas a mholadh ná a spreagadh do dhuine eile:

(a) na cripteashócmhainní sin a fháil nó a dhiúscairt; nó

(b) ordú a bhaineann leis na cripteashócmhainní sin a chealú nó a leasú.

4. Is ionann moladh nó spreagadh a úsáid dá dtagraítear i mír 3 agus déileáil cos istigh de réir bhrí an Airteagail seo nuair is eol don duine nó nuair is ceart gur eol don duine sin a bhainfidh úsáid as an moladh nó as an spreagadh gur bunaithe ar fhaisnéis ón taobh istigh atá sé.

5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haon duine a bhfuil faisnéis ón taobh istigh aige mar thoradh ar aon cheann de na cúinsí seo a leanas:

(a) duine atá ina chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an eisitheora, an tairgeora, nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

(b) sealúchas a bheith aige i gcaipiteal de chuid an eisitheora, an tairgeora, nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

(c) rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis i bhfeidhmiú fostaíochta, gairme nó dualgas nó i ndáil lena ról sa teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó i dteicneolaíocht chomhchosúil; nó

(d) baint a bheith aige le gníomhaíochtaí coiriúla.

Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le haon duine a mbeidh faisnéis ón taobh istigh ina sheilbh aige faoi chúinsí seachas na cúinsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa chás inarb eol don duine sin, nó inar cheart gurbh eol dó, gur faisnéis ón taobh istigh atá ann.

6. Nuair is duine dlítheanach é an duine dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na daoine nádúrtha a bheidh rannpháirteach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, sa chinneadh ordú a fháil, a dhiúscairt, a chealú nó a leasú do chuntas an duine dhlítheanaigh lena mbaineann.

Airteagal 90

Toirmeasc ar nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh

1. Ní dhéanfaidh aon duine a bhfuil faisnéis ón taobh istigh aige faisnéis ón taobh istigh a nochtadh go neamhdhleathach d'aon duine eile, ach amháin i gcás ina ndéantar an nochtadh sin i ngnáthfheidhmiú fostaíochta, gairme nó dualgas.

2. Is ionann nochtadh chun tosaigh moltaí nó spreagthaí dá dtagraítear in Airteagal 89(4) agus nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh i gcás inarb eol don duine nó i gcás inar cheart gurbh eol dó go bhfuil siad bunaithe ar fhaisnéis ón taobh istigh.

Airteagal 91

Toirmeasc ar chúbláil margaidh

1. Ní ghabhfaidh aon duine de chúbláil margaidh ná ní dhéanfaidh aon duine iarracht ar ghabháil di.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh cúbláil margaidh comhdhéanta d'aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) mura ndéantar í ar chúiseanna dlisteanacha, dul i mbun idirbhirt, ordú chun trádála a dhéanamh nó gabháil d'aon iompraíocht eile:

(i) lena dtabharfar, nó lenar dócha go dtabharfar, comharthaí bréagacha nó míthreoracha maidir le soláthar, éileamh nó praghas cripteashócmhainne;

(ii) lena ndaingneofar, nó ar dócha go ndaingneofar léi, praghas cripteashócmhainne amháin nó níos mó ar leibhéal neamhghnách nó saorga;

(b) dul i mbun idirbhirt, ordú chun trádála a dhéanamh nó aon ghníomhaíocht eile nó aon iompraíocht eile lena n-imrítear tionchar, nó lenar dócha go n-imreofar tionchar, ar phraghas cripteashócmhainne amháin nó níos mó, agus úsáid á baint as gléas bréige nó aon fhoirm eile de dhallamullóg nó d'acra;

(c) faisnéis a scaipeadh trí na meáin, lena n-áirítear an t-idirlíon, nó ar aon bhealach eile, lena dtabharfar, nó lenar dócha go dtabharfar, comharthaí bréagacha nó míthreoracha maidir le soláthar, éileamh nó praghas cripteashócmhainne amháin nó níos mó, nó lena ndaingneofar, nó lenar dócha go ndaingneofar, praghas cripteashócmhainne amháin nó níos mó ar leibhéal neamhghnách nó saorga, lena n-áirítear ráflaí a scaipeadh i gcás ina raibh a fhios ag an duine a scaip an fhaisnéis, nó inar cheart go mbeadh a fhios ag an duine sin, gur faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a bhí inti.

3. Measfar gur cúbláil margaidh í an iompraíocht seo a leanas, *inter alia*:

(a) ceannasacht a fháil ar sholáthar cripteashócmhainne, nó ar an éileamh atá uirthi, a mbeidh nó ar dócha go mbeidh an éifeacht aige sin, go díreach nó go hindíreach, praghsanna ceannaigh nó díola a shocrú nó ar dócha go gcruthófar dálaí mí-chóra trádála léi;

(b) orduithe a chur chuig ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní, lena n-áirítear aon chealú nó aon mhodhnú ar na horduithe sin, trí mheán aon mhodha trádála atá ar fáil, agus a bhfuil ceann de na héifeachtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), leis:

(i) trí chur isteach ar fheidhmiú an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní nó moill a chur ar a fheidhmiú nó gabháil d'aon ghníomhaíochtaí ar dócha go mbeidh an éifeacht sin acu;

(ii) trína dhéanamh níos deacra do dhaoine eile fíor-orduithe a shainaithint ar an ardán trádála, nó trí pháirt a ghlacadh in aon ghníomhaíochtaí ar dócha go mbeidh an éifeacht sin acu, lena n-áirítear orduithe a chur isteach arb é an toradh a bheidh orthu gnáthfheidhmiú an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní a dhíchobhsú;

(iii) trí chomhartha bréagach nó míthreorach a chruthú faoi sholáthar nó praghas cripteashócmhainne, nó faoin éileamh atá uirthi, go háirithe trí orduithe a chur isteach chun treocht a thosú nó a ghéarú, nó trí pháirt a ghlacadh in aon ghníomhaíochtaí ar dócha go mbeidh an éifeacht sin acu;

(c) trí leas a bhaint as rochtain ócáideach nó rochtain tráthrialta ar na meáin thraidisiúnta nó na meáin leictreonacha trí thuairim a chur in iúl maidir le cripteashócmhainn, agus staideanna a bheith glactha ag an duine sin roimhe sin maidir leis an gcripteashócmhainn sin, agus é tar éis brabús a dhéanamh de bharr thionchar na dtuairimí a cuireadh in iúl maidir leis an gcripteashócmhainn sin, gan an choinbhleacht leasa sin a nochtadh don phobal ag an am céanna ar bhealach ceart agus éifeachtach.

Airteagal 92

Drochúsáid margaidh a chosc agus a bhrath

1. Beidh socruithe, córais agus nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm ag aon duine a dhéanann idirbhearta i gcripteashócmhainní a shocrú nó a fhorghníomhú go gairmiúil chun drochúsáid margaidh a chosc agus a bhrath. Beidh an duine sin faoi réir na rialacha maidir le fógra a thabhairt an Bhallstáit ina bhfuil sé cláraithe nó ina bhfuil a cheannoifig aige nó, i gcás brainse, an Bhallstáit ina bhfuil an brainse lonnaithe, agus tuairisceoidh sé gan mhoill d'údarás inniúil an Bhallstáit sin aon amhras réasúnach a bhaineann le hordú nó idirbheart, lena n-áirítear aon chealú nó modhnú ina leith, agus maidir le gnéithe eile d'fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte amhail an sásra comhthola, i gcás ina bhféadfadh imthosca a bheith ann lena léirítear gur tharla drochúsáid margaidh, go bhfuil drochúsáid margaidh ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh drochúsáid margaidh.

Déanfaidh na húdaráis inniúla a fhaigheann tuairisc ar orduithe nó idirbhearta amhrasacha an fhaisnéis sin a tharchur láithreach chuig údaráis inniúla na n-ardán trádála lena mbaineann.

2. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú tuilleadh:

(a) socruithe, córais agus nósanna imeachta iomchuí chun go gcomhlíonfaidh daoine mír 1;

(b) an teimpléad atá le húsáid ag daoine chun mír 1 a chomhlíonadh;

(c) maidir le cásanna drochúsáide margaidh trasteorann, nósanna imeachta comhordúcháin idir na húdaráis inniúla ábhartha chun drochúsáid margaidh a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Nollaig 2024.

3. Chun comhsheasmhacht na gcleachtas maoirseachta a áirithiú faoin Airteagal seo, déanfaidh ESMA faoin 30 Meitheamh 2025 treoirlínte a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir le cleachtais mhaoirseachta i measc na n-údarás inniúil chun drochúsáid margaidh a chosc agus a bhrath, mura bhfuil siad cumhdaithe cheana féin ag na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 2.

TEIDEAL VII

ÚDARÁIS INNIÚLA, ÚBE AGUS ESMA

CAIBIDIL 1

Cumhachtaí na n-údarás inniúil agus comhar idir údaráis inniúla, ÚBE agus ESMA

Airteagal 93

Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla atá freagrach as na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i gcrích. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do ÚBE agus do ESMA maidir leis na húdaráis inniúla sin.

2. I gcás ina n-ainmneoidh Ballstáit níos mó ná údarás inniúil amháin de bhun mhír 1, cinnfidh siad a gcúraimí faoi seach agus ainmneoidh siad údarás inniúil amháin le bheith ina phointe aonair teagmhála do chomhar riaracháin trasteorann idir údaráis inniúla agus do chomhar le ÚBE agus le ESMA freisin. Féadfaidh na Ballstáit pointe teagmhála aonair éagsúil a ainmniú do gach ceann de na cineálacha comhair riaracháin sin.

3. Foilseoidh ESMA liosta de na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 ar a shuíomh gréasáin.

Airteagal 94

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Chun a gcuid dualgas a dhéanamh faoi Theidil II go VI den Rialachán seo, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha seo a leanas ar a laghad ag na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

(a) a cheangal ar aon duine faisnéis agus doiciméid a sholáthar a mheasann na húdaráis inniúla a bheith iomchuí chun a gcuid dualgas a dhéanamh;

(b) soláthar seirbhísí cripteashócmhainní a chur ar fionraí, nó a cheangal ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an soláthar a chur ar fionraí, go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(c) toirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní i gcás ina gcinneann siad go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(d) an fhaisnéis ábhartha uile a nochtadh, nó a chur de cheangal ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní í a nochtadh, ar faisnéis í a bhféadfadh éifeacht a bheith aici ar sholáthar na seirbhísí cripteashócmhainní lena mbaineann, chun cosaint leasanna cliant, go háirithe sealbhóirí miondíola, nó oibriú rianúil an mhargaidh a áirithiú;

(e) an fíoras a phoibliú go mainníonn soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh;

(f) soláthar seirbhísí cripteashócmhainní a chur ar fionraí, nó a cheangal ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní an soláthar a chur ar fionraí i gcás ina measann na húdaráis inniúla go bhfuil staid an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní de chineál a fhágann go ndéanfar dochar do leasanna cliant, go háirithe sealbhóirí miondíola;

(g) a cheangal go n-aistreofar conarthaí atá ann cheana chuig soláthraí eile seirbhísí cripteashócmhainní i gcásanna ina dtarraingeofar siar údarú soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 64, faoi réir comhaontú a fháil ó na cliaint agus ón soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil na conarthaí le haistriú chucu;

(h) i gcás ina bhfuil cúis lena cheapadh go bhfuil duine ag soláthar seirbhísí cripteashócmhainní gan údarú, scor láithreach den ghníomhaíocht a ordú gan réamhrabhadh a thabhairt ná sprioc-am a fhorchur;

(i) a cheangal ar thairgeoirí cripteashócmhainní, ar dhaoine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála, nó eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní a leasú nó a bpáipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní a leasú tuilleadh, i gcás ina gcinnfidh siad nach bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 6, 19 nó 51 sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní ná sa pháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní;

(j) a cheangal ar thairgeoirí cripteashócmhainní, ar dhaoine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála, nó eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, a gcumarsáid mhargaíochta a leasú, i gcás ina gcinnfidh siad nach gcomhlíonann an chumarsáid mhargaíochta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7, 29 nó 53 den Rialachán seo;

(k) a cheangal ar thairgeoirí cripteashócmhainní, ar dhaoine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála, nó ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, faisnéis bhreise a chur isteach ina bpáipéir bhána maidir le cripteashócmhainní, i gcás inar gá sin ar mhaithe le cobhsaíocht airgeadais nó le cosaint leasanna sealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola;

(l) tairiscint don phobal nó ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(m) tairiscint don phobal nó ligean isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála i gcás ina gcinneann siad go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndéanfar é a shárú;

(n) trádáil na gcripteashócmhainní a chur ar fionraí, nó a cheangal ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní trádáil na gcripteashócmhainní a chur ar fionraí, go ceann tréimhse nach faide na 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(o) trádáil cripteashócmhainní ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a thoirmeasc i gcás ina gcinneann siad go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndéanfar é a shárú;

(p) cumarsáid mhargaíochta a chur ar fionraí nó a thoirmeasc i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(q) a cheangal ar thairgeoirí, daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a thrádála, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid nó na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha scor de chumarsáid mhargaíochta nó iad a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide na 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(r) an fíoras a phoibliú go mainníonn tairgeoir, duine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainn isteach chun a trádála nó eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid a chuid oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh;

(s) an fhaisnéis ábhartha uile a nochtadh, nó a cheangal ar an tairgeoir, an duine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainn isteach chun a trádála nó eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó na gcomharthaí ríomh-airgid an fhaisnéis ábhartha uile a nochtadh, ar faisnéis í a bhféadfadh éifeacht a bheith aici ar mheasúnú na cripteashócmhainne a thairgtear don phobal nó dá dtugtar cead trádála chun cosaint leasanna sealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola, nó oibriú fónta an mhargaidh a áirithiú;

(t) trádáil na gcripteashócmhainní a chur ar fionraí, nó a cheangal ar an soláthraí ábhartha seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn an t-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní trádáil na gcripteashócmhainní a chur ar fionraí, i gcás ina meastar go bhfuil staid an tairgeora, an duine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainn isteach chun a trádála nó an eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid de chineál a fhágann go ndéanfaí dochar do leasanna sealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola, leis an trádáil sin;

(u) i gcás ina bhfuil cúis lena cheapadh go bhfuil duine ag eisiúint comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid gan údarú nó go bhfuil duine ag tairiscint nó ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, gan fógra arna thabhairt faoi pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 8, scor láithreach den ghníomhaíocht a ordú gan réamhrabhadh a thabhairt ná sprioc-am a fhorchur;

(v) aon chineál birt a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh tairgeoir cripteashócmhainní nó duine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála, eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní an Rialachán seo a chomhlíonadh lena n-áirítear a cheangal go scoirfear d'aon chleachtas nó iompar a mheasann an t-údarás a bheith contrártha leis an Rialachán seo;

(w) cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair a dhéanamh ar láithreacha seachas áiteanna cónaithe príobháideacha daoine nádúrtha, agus chun na críche sin, dul isteach in aon áitreabh chun doiciméid agus sonraí eile in aon fhormáid a rochtain;

(x) fíoruithe nó imscrúduithe a sheachfhoinsiú chuig iniúchóirí nó saineolaithe;

(y) a cheangal go mbainfear duine nádúrtha de chomhlacht bainistíochta eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(z) a iarraidh ar aon duine bearta a dhéanamh chun méid a staide nó a neamhchosaint ar chripteashócmhainní a laghdú;

(aa) i gcás nach mbeidh aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun an scor den sárú ar an Rialachán seo a thabhairt i gcrích agus chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do leasanna cliant nó sealbhóirí cripteashócmhainní a sheachaint, na bearta uile is gá a dhéanamh, lena n-áirítear trína iarraidh ar thríú páirtí nó ar údarás poiblí bearta den sórt sin a chur chun feidhme, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) inneachar a bhaint nó rochtain a shrianadh ar chomhéadan ar líne nó a ordú go gcuirfí rabhadh ar taispeáint go sainráite a bheadh le feiceáil ag cliaint agus ag sealbhóirí cripteashócmhainní agus iad ag rochtain comhéadan ar líne;

(ii) a ordú do sholáthraí seirbhísí óstála rochtain ar chomhéadan ar líne a bhaint, a chur as feidhm, nó a shrianadh; nó

(iii) a ordú do chlárlanna nó do chláraitheoirí fearainn ainm fearainn láncháilithe a scriosadh agus a cheadú don údarás inniúil lena mbaineann é a chlárú;

(ab) a cheangal ar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, i gcomhréir le hAirteagal 23(4), 24(3) nó 58(3), íosmhéid ainmníochta a thabhairt isteach nó teorainn a chur leis an méid a eisítear.

2. Tá cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha arna bhfeidhmiú i ndáil le tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, eisitheoirí agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, gan dochar do chumhachtaí arna ndeonú do na húdaráis mhaoirseachta chéanna nó d'údaráis mhaoirseachta eile maidir leis na heintitis sin, lena n-áirítear cumhachtaí arna ndeonú d'údaráis inniúla ábhartha faoi dhlíthe náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2009/110/CE agus na cumhachtaí maoirseachta stuamachta arna ndeonú do BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

3. Chun a gcuid dualgas a dhéanamh faoi Theideal VI, beidh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha seo a leanas ar a laghad, sa bhreis ar na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 ag údaráis inniúla:

(a) rochtain ar dhoiciméad ar bith agus ar shonraí i bhfoirm ar bith agus cóip den doiciméad sin nó de na sonraí sin a fháil nó a ghlacadh;

(b) faisnéis a iarraidh ar aon duine nó a éileamh ar aon duine, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu go comhleanúnach le tarchur na n-orduithe nó le seoladh na n-oibríochtaí lena mbaineann, chomh maith lena bpríomhaithe, agus más gá, aon duine den sórt sin a thoghairm nó a cheistiú d'fhonn faisnéis a fháil;

(c) dul isteach in áitribh daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha chun doiciméid agus sonraí eile in aon fhoirm a urghabháil, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann go bhféadfadh doiciméid agus sonraí eile a bhaineann le hábhar na cigireachta nó an imscrúdaithe a bheith ábhartha chun cás maidir le déileáil cos istigh nó le cúbláil margaidh a chruthú;

(d) ábhair a tharchur i gcomhair ionchúiseamh coiriúil;

(e) a mhéid a cheadaítear é faoin dlí náisiúnta, taifid atá ann cheana ar thrácht sonraí atá i seilbh oibreoir teileachumarsáide a éileamh i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann maidir le sárú agus i gcás ina bhféadfadh taifid den sórt sin a bheith ábhartha maidir leis an imscrúdú ar shárú ar Airteagail 88 go 91;

(f) reo nó forlámhú sócmhainní, nó an dá rud, a iarraidh;

(g) toirmeasc sealadach a fhorchur ar ghníomhaíocht ghairmiúil a chleachtadh;

(h) na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas ceart ag an bpobal, *inter alia*, trí fhaisnéis nochta atá bréagach nó míthreorach a cheartú, lena n-áirítear trína chur de cheangal ar thairgeoir, ar dhuine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, ar eisitheoir nó ar dhuine eile a d'fhoilsigh nó a scaip faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú.

4. I gcás inar gá faoin dlí náisiúnta, féadfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh ar an gcúirt ábhartha cinneadh a dhéanamh maidir le húsáid na gcumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

5. Feidhmeoidh údaráis inniúla a gcumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) go díreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile, lena n-áirítear údaráis atá inniúil chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac;

(c) faoina bhfreagracht, trí tharmligean chuig na húdaráis dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) trí iarratas a chur faoi bhráid na gcúirteanna inniúla.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh údaráis inniúla na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha ar fad is gá a fheidhmiú chun a gcuid dualgas a dhéanamh.

7. Ní mheasfar go bhfuil duine a chuireann faisnéis ar fáil don údarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo ag sárú aon sriain maidir le nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le haon chonradh nó le haon fhoráil reachtach, rialála nó riaracháin, agus ní bheidh an duine sin faoi aon dliteanas d'aon chineál maidir leis an bhfógra sin.

Airteagal 95

Comhar idir na húdaráis inniúla

1. Oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile chun críocha an Rialacháin seo. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cúnamh d'údaráis inniúla na mBallstát eile, agus do ÚBE agus ESMA. Déanfaidh siad faisnéis a mhalartú gan moill mhíchuí agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin.

I gcás inar leag Ballstáit síos, i gcomhréir le hAirteagal 111(1), an dara fomhír, pionóis choiriúla as na sáruithe ar an Rialachán seo dá dtagraítear in Airteagal 111(1), an chéad fhomhír, áiritheoidh siad go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh na cumhachtaí uile is gá ag na húdaráis inniúla chun idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha, le húdaráis ionchúisimh nó le húdaráis um cheartas coiriúil laistigh dá ndlínse chun faisnéis shonrach a fháil maidir le himscrúduithe nó imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh de dheasca sáruithe ar an Rialachán seo agus chun an fhaisnéis chéanna a sholáthar d'údaráis inniúla eile agus do ÚBE agus do ESMA freisin, chun a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hoibriú i gcomhar le chéile chun críocha an Rialacháin seo.

2. Ní fhéadfaidh údarás inniúil diúltú gníomhú de bhun iarraidh ar fhaisnéis nó de bhun iarraidh comhoibriú le himscrúdú ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) d'fhéadfadh cur in iúl faisnéise ábhartha dochar a dhéanamh do shlándáil an Bhallstáit a ndírítear an iarraidh chuige, go háirithe i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus coireanna tromchúiseacha eile;

(b) i gcás inar dócha go mbeidh éifeacht dhiúltach ar a ghníomhaíochtaí imscrúdaithe nó forfheidhmiúcháin féin nó, i gcás inarb ábhartha, ar imscrúdú coiriúil má chomhlíonann sé iarraidh;

(c) i gcás ina ndearnadh imeachtaí a thionscnamh cheana féin i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna agus i gcoinne na ndaoine nádúrtha céanna nó i gcoinne na ndaoine dlítheanacha céanna os comhair chúirteanna an Bhallstáit ar díríodh an iarraidh sin chuige;

(d) i gcás inar tugadh breithiúnas críochnaitheach cheana féin i leith na caingne céanna agus i gcoinne an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh chéanna sa Bhallstát ar díríodh an iarraidh sin chuige.

3. Soláthróidh údaráis inniúla aon fhaisnéis is gá chun críocha an Rialacháin seo gan moill mhíchuí, arna iarraidh sin.

4. Féadfaidh údarás inniúil cúnamh a iarraidh ar údarás inniúil de chuid Ballstát eile maidir le cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair.

Cuirfidh údarás inniúil ÚBE agus ESMA ar an eolas faoi aon iarraidh a dhéantar de bhun na chéad fhomhíre. I gcás ina bhfaigheann údarás inniúil iarraidh ó údarás inniúil Ballstáit eile cigireacht ar an láthair nó imscrúdú ar an láthair a dhéanamh, féadfaidh sé:

(a) an chigireacht ar an láthair nó an t-imscrúdú ar an láthair a dhéanamh é féin;

(b) cead a thabhairt don údarás inniúil a thíolaic an iarraidh páirt a ghlacadh i gcigireacht nó imscrúdú ar an láthair;

(c) cead a thabhairt don údarás inniúil a thíolaic an iarraidh an chigireacht nó an t-imscrúdú a dhéanamh é féin;

(d) cúraimí sonracha a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta a roinnt leis na húdaráis inniúla eile.

5. I gcás cigireacht ar an láthair nó imscrúdú dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh ESMA, i gcás ina n-iarrfaidh ceann de na húdaráis inniúla é, an chigireacht nó an t-imscrúdú a chomhordú.

I gcás ina mbaineann an chigireacht nó an t-imscrúdú dá dtagraítear i mír 4 le heisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid nó ina mbaineann siad le heisitheoir seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha nó le comharthaí ríomh-airgid, déanfaidh ÚBE, i gcás ina n-iarrfaidh ceann de na húdaráis inniúla é, an chigireacht nó an t-imscrúdú a chomhordú.

6. Féadfaidh na húdaráis inniúla an t-ábhar a chur faoi bhráid ESMA i gcás inar diúltaíodh d'iarraidh ar chomhar, go háirithe maidir le malartú faisnéise, nó murar gníomhaíodh de bhun na hiarrata sin laistigh de thréimhse réasúnach ama. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 sna cásanna sin.

7. De mhaolú ar mhír 6 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ÚBE a chur ar an eolas i gcásanna inar diúltaíodh d'iarraidh ar chomhar, go háirithe maidir le faisnéis, nó murar gníomhaíodh de bhun na hiarrata sin laistigh de thréimhse réasúnach ama, ar iarraidh í sin maidir le heisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó maidir le seirbhísí cripteashócmhainní a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha nó le comharthaí ríomh-airgid. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 sna cásanna sin.

8. Déanfaidh na húdaráis inniúla a maoirseacht a chomhordú go dlúth chun sáruithe ar an Rialachán seo a shainaithint agus a leigheas, chun dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun comhoibriú a éascú, chun comhsheasmhacht maidir le léiriú a chothú agus chun measúnuithe trasdlínse a sholáthar i gcás aon easaontaithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, comhlíonfaidh ÚBE agus ESMA ról comhordúcháin idir na húdaráis inniúla agus ar fud na gcoláistí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 119 d'fhonn cultúr maoirseachta comhchoiteann agus cleachtais mhaoirseachta chomhleanúnacha a fhorbairt, agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha a áirithiú.

9. I gcás ina bhfaigheann údarás inniúil nár comhlíonadh ceann de na ceanglais faoin Rialachán seo nó ina bhfuil cúis aige lena chreidiúint gurb amhlaidh atá, cuirfidh sé údarás inniúil an eintitis nó na n-eintiteas atá faoi amhras maidir leis an sárú sin ar an eolas maidir lena thorthaí ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach.

10. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an fhaisnéis atá le malartú idir údaráis inniúla de bhun mhír 1 a shonrú tuilleadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

11. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú don chomhar agus don mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 96

Comhar le ÚBE agus ESMA

1. Chun críocha an Rialacháin seo, oibreoidh na húdaráis inniúla i ndlúthchomhar le ESMA i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus le ÚBE i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Déanfaidh siad faisnéis a mhalartú chun a gcuid dualgas a dhéanamh faoin gCaibidil seo agus faoi Chaibidlí 2 agus 3 den Teideal seo.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis uile is gá ar fáil, gan mhoill, do ÚBE agus do ESMA chun a gcuid dualgas a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach.

3. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú don chomhar agus don mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla agus ÚBE agus ESMA.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 97

Cóineasú i dtaobh aicmiú cripteashócmhainní a chur chun cinn

1. Faoin 30 Nollaig 2024, déanfaidh ÚMEnna treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun inneachar agus foirm an mhínithe a ghabhann leis an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 8(4) agus na dtuairimí dlíthiúla maidir le cáiliú comharthaí sócmhainn-tagartha dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)(ii), agus Airteagal 18(2), pointe (e), a shonrú. Áireofar sna treoirlínte teimpléad don mhíniú agus don tuairim agus tástáil chaighdeánaithe chun cripteashócmhainní a aicmiú.

2. Déanfaidh ÚMEnna, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach, plé a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil maidir le haicmiú na gcripteashócmhainní lena n-áirítear maidir le haicmiú na gcripteashócmhainní sin atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(3). Sainaithneoidh ÚMEnna freisin foinsí dibhéirseachta a d'fhéadfadh a bheith i gcur chuige na n-údarás inniúil maidir le haicmiú na gcripteashócmhainní sin agus déanfaidh siad, a mhéid is féidir, cur chuige comhchoiteann ina leith sin a chur chun cinn.

3. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát baile nó na mBallstát óstach tuairim a iarraidh ar ESMA, ÚEÁPC nó ÚBE, de réir mar is iomchuí, tuairim maidir le haicmiú cripteashócmhainní, lena n-áirítear iad siúd atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2(3). Tabharfaidh ESMA, ÚEÁPC nó ÚBE an tuairim sin, de réir mar is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, de réir mar is infheidhme, laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fuair na húdaráis inniúla an iarraidh.

4. Déanfaidh ÚMEnna tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas go comhpháirteach bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109 agus ar thorthaí a gcuid oibre dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, lena sainaithneofar deacrachtaí maidir le cripteashócmhainní a aicmiú agus na héagsúlachtaí sna cineálacha cur chuige ó na húdaráis inniúla.

Airteagal 98

Comhar le húdaráis eile

I gcás ina ngabhfaidh tairgeoir, duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige nó eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní do ghníomhaíochtaí seachas na cinn a chumhdaítear faoin Rialachán seo, oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as maoirseacht nó fomhaoirseacht na ngníomhaíochtaí eile sin de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, lena n-áirítear údaráis chánach agus údaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha.

Airteagal 99

An dualgas maidir le fógra a thabhairt

Faoin 30 Meitheamh 2025, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do ÚBE agus do ESMA faoi na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin lena gcuirtear an Teideal seo chun feidhme, lena n-áirítear aon fhorálacha ábhartha den dlí coiriúil. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan moill mhíchuí don Choimisiún, do ÚBE agus do ESMA faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin orthu.

Airteagal 100

Rúndacht ghairmiúil

1. Maidir leis an bhfaisnéis uile a dhéantar a mhalartú idir na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo agus a bhaineann le dálaí gnó nó oibríochtúla agus le gnóthaí eacnamaíochta nó pearsanta eile, measfar gur faisnéis rúnda í agus beidh sí faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla, ach amháin sa chás ina sonraíonn an t-údarás inniúil tráth na cumarsáide go bhféadfar an fhaisnéis sin a nochtadh nó go bhfuil an nochtadh sin riachtanach i gcomhair imeachtaí dlíthiúla nó cásanna a chumhdaítear le cánachas náisiúnta nó an dlí coiriúil.

2. Beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis na daoine nádúrtha agus na daoine dlítheanacha uile a oibríonn nó a d'oibrigh do na húdaráis inniúla. Ní fhéadfar faisnéis atá cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil a nochtadh d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile ná d'aon údarás eile ach amháin de bhua ghníomhartha reachtacha an Aontais nó gníomhartha reachtacha náisiúnta.

Airteagal 101

Cosaint sonraí

I ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, déanfaidh na húdaráis inniúla a gcúraimí chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Déanfar próiseáil sonraí pearsanta ag ÚBE agus ESMA chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 102

Bearta réamhchúraim

1. I gcás ina bhfuil forais shoiléire agus inléirithe drochamhrais ag údarás inniúil Ballstáit óstaigh go bhfuil neamhrialtachtaí i ngníomhaíochtaí tairgeora nó duine atá ag iarraidh go ligfí cripteashócmhainní isteach chun a dtrádála eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, cuirfidh sé é sin in iúl go pras d'údarás inniúil an Bhallstáit baile agus do ESMA.

I gcás ina mbaineann na neamhrialtachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír le heisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó seirbhís cripteashócmhainní atá gaolmhar le comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ÚBE ar an eolas freisin.

2. Más rud é, d'ainneoin na mbeart arna ndéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit baile, go leanann na neamhrialtachtaí dá dtagraítear i mír 1, arb ionann iad agus sárú ar an Rialachán seo, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, tar éis dó údarás inniúil an Bhallstáit baile, ESMA agus, i gcás inarb iomchuí, ÚBE a chur ar an eolas, bearta iomchuí chun cliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus sealbhóirí cripteashócmhainní a chosaint, go háirithe sealbhóirí miondíola. Áirítear ar na bearta sin cosc a chur ar an tairgeoir, an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid nó an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach. Cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA agus, i gcás inarb iomchuí, ÚBE ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí. Cuirfidh ESMA, agus i gcás ina bhfuil sé rannpháirteach, ÚBE, an Coimisiún ar an eolas dá réir sin gan moill mhíchuí.

3. I gcás ina n-easaontaíonn údarás inniúil an Bhallstáit baile le haon cheann de na bearta arna ndéanamh ag údarás inniúil de chuid an Bhallstáit óstaigh de bhun mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh sé ESMA a chur ar an eolas faoi. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 i gcásanna den sórt sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, i gcás ina mbaineann na bearta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo le heisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó le seirbhís cripteashócmhainní a bhfuil baint aici le comharthaí sócmhainn-tagartha nó le comharthaí ríomh-airgid, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ÚBE a chur ar an eolas faoi. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i gcásanna den sórt sin.

Airteagal 103

Cumhachtaí idirghabhála sealadacha ESMA

1. I gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, féadfaidh ESMA, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, toirmeasc nó srian sealadach a chur ar an méid seo a leanas:

(a) margú, dáileadh nó díol cripteashócmhainní áirithe seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid nó cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a bhfuil gnéithe sonraithe áirithe acu; nó

(b) cineál gníomhaíochta nó cleachtais a bhaineann le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid.

Féadfaidh feidhm a bheith ag toirmeasc nó ag srian i dtosca áirithe, nó a bheith faoi réir eisceachtaí, arna sonrú ag ESMA.

2. Ní dhéanfaidh ESMA beart de bhun mhír 1 ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) leis an toirmeasc nó an srian atá beartaithe, tugtar aghaidh ar ábhar mór imní maidir le cosaint infheisteoirí nó ar bhagairt ar fheidhmiú rianúil agus sláine margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais ina iomláine nó cuid de;

(b) ní thugtar aghaidh ar an mbagairt atá i gceist leis na ceanglais rialála faoi dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis na cripteashócmhainní agus leis na seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha;

(c) ní dhearna údarás inniúil ábhartha gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt atá i gceist nó ní thugann na gníomhaíochtaí a rinneadh aghaidh ar an mbagairt sin ar bhealach leordhóthanach.

3. Agus beart á dhéanamh aige de bhun mhír 1, áiritheoidh ESMA nach mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an mbeart:

(a) ní bheidh éifeacht dhíobhálach aige ar éifeachtúlacht na margaí i gcripteashócmhainní ná ar shealbhóirí cripteashócmhainní ná ar chliaint a fhaigheann seirbhísí cripteashócmhainní a bheidh díréireach le tairbhí an bhirt; agus

(b) ní chruthófar riosca arbatráiste rialála leis.

I gcás ina bhfuil beart déanta ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 105, féadfaidh ESMA aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh gan tuairim de bhun Airteagal 106(2) a eisiúint.

4. Sula ndéanfar cinneadh beart a dhéanamh de bhun mhír 1, tabharfaidh ESMA fógra do na húdaráis inniúla ábhartha maidir leis an mbeart atá beartaithe aige a dhéanamh.

5. Foilseoidh ESMA fógra ar a shuíomh gréasáin maidir le cinneadh a bhaineann le beart a dhéanamh de bhun mhír 1. Sonrófar san fhógra sin mionsonraí an toirmisc nó an tsriain arna fhorchur agus sonrófar ann tráth i ndiaidh fhoilsiú an fhógra óna ngabhfaidh éifeacht leis na bearta. Ní bheidh feidhm ag toirmeasc ná srian ach amháin maidir le gníomhaíochtaí tar éis d'éifeacht gabháil leis an mbeart.

6. Déanfaidh ESMA athbhreithniú ar thoirmeasc nó ar shrian arna fhorchur de bhun mhír 1 ag idirthréimhsí iomchuí, agus gach 6 mhí ar a laghad. Tar éis dhá athnuachan i ndiaidh a chéile ar a laghad agus iad bunaithe ar anailís chuí ina ndéantar measúnú ar an tionchar ar an tomhaltóir, féadfaidh ESMA cinneadh a dhéanamh maidir le hathnuachan bhliantúil an toirmisc nó an tsriain.

7. Beidh forlámhas ag bearta arna ndéanamh ag ESMA de bhun an Airteagail seo ar aon bheart a rinne na húdaráis inniúla ábhartha roimhe sin maidir leis an ábhar céanna.

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 139 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína shonrú cé na critéir agus na tosca atá le cur i gcuntas ag ESMA agus é ag cinneadh cibé an ann d'ábhar mór imní maidir le cosaint infheisteoirí nó do bhagairt ar fheidhmiú ordúil agus sláine na margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht chóras iomlán airgeadais an Aontais chun críocha mhír 2, pointe (a), den Airteagal seo, nó ar chobhsaíocht cuid de.

Airteagal 104

Cumhachtaí idirghabhála sealadacha ÚBE

1. I gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, féadfaidh ÚBE, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, toirmeasc nó srian sealadach a chur ar an méid seo a leanas:

(a) comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid áirithe nó comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid a bhfuil gnéithe sonraithe áirithe acu a mhargú, a dháileadh nó a dhíol; nó

(b) cineál gníomhaíochta nó cleachtais a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid.

Féadfaidh feidhm a bheith ag toirmeasc nó ag srian i dtosca áirithe, nó a bheith faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag ÚBE.

2. Ní dhéanfaidh ÚBE beart de bhun mhír 1 ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) leis an toirmeasc nó an srian atá beartaithe, tugtar aghaidh ar ábhar mór imní maidir le cosaint infheisteoirí nó ar bhagairt ar fheidhmiú rianúil agus sláine margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais ina iomláine nó cuid de;

(b) ní thugtar aghaidh ar an mbagairt atá i gceist leis na ceanglais rialála faoi dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis na comharthaí sócmhainn-tagartha, na comharthaí ríomh-airgid nó na seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha a bhaineann leo;

(c) níl gníomhaíocht déanta ag údarás inniúil ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt atá i gceist nó ní thugann na gníomhaíochtaí a rinneadh aghaidh ar an mbagairt sin ar bhealach leordhóthanach.

3. Agus beart á dhéanamh aige de bhun mhír 1, áiritheoidh ESMA nach mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an mbeart:

(a) ní bheidh éifeacht dhíobhálach aige ar éifeachtúlacht na margaí i gcripteashócmhainní ná ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid ná ar chliaint a fhaigheann seirbhísí cripteashócmhainní atá díréireach le tairbhí an bhirt; agus

(b) ní chruthófar riosca arbatráiste rialála leis.

I gcás ina bhfuil beart déanta ag údaráis inniúla de bhun Airteagal 105, féadfaidh ÚBE aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh gan tuairim de bhun Airteagal 106(2) a eisiúint.

4. Sula ndéanfar cinneadh beart a dhéanamh de bhun mhír 1, tabharfaidh ÚBE fógra do na húdaráis inniúla ábhartha maidir leis an mbeart atá beartaithe aige a dhéanamh.

5. Foilseoidh ÚBE ar a shuíomh gréasáin fógra maidir le cinneadh a bhaineann le beart a dhéanamh de bhun mhír 1 a fhorchur. Sonrófar san fhógra sin mionsonraí an toirmisc nó an tsriain arna fhorchur agus sonrófar ann tráth i ndiaidh fhoilsiú an fhógra óna ngabhfaidh éifeacht leis na bearta. Ní bheidh feidhm ag toirmeasc ná srian ach amháin maidir le gníomhaíocht a dhéanfar tar éis d'éifeacht gabháil leis an mbeart.

6. Déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar thoirmeasc nó ar shrian arna fhorchur de bhun mhír 1 ag idirthréimhsí iomchuí, agus gach 6 mhí ar a laghad. Tar éis dhá athnuachan i ndiaidh a chéile ar a laghad agus iad bunaithe ar anailís chuí ina ndéantar measúnú ar an tionchar ar thomhaltóirí, féadfaidh ÚBE cinneadh a dhéanamh maidir le hathnuachan bhliantúil an toirmisc nó an tsriain.

7. Beidh forlámhas ag bearta arna ndéanamh ag ÚBE de bhun an Airteagail seo ar aon bheart a rinne an t-údarás inniúil ábhartha roimhe sin maidir leis an ábhar céanna.

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 139 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína shonrú cé na critéir agus na tosca atá le cur i gcuntas ag ÚBE agus é ag cinneadh cibé an ann d'ábhar mór imní maidir le cosaint infheisteoirí nó do bhagairt ar fheidhmiú ordúil agus sláine na margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht chóras iomlán airgeadais an Aontais chun críocha mhír 2, pointe (a), den Airteagal seo, nó ar chobhsaíocht cuid de.

Airteagal 105

Idirghabháil táirgí arna déanamh ag na húdaráis inniúla

1. Féadfaidh údarás inniúil toirmeasc nó srian a chur ar na nithe seo a leanas ina Bhallstát nó óna Bhallstát:

(a) cripteashócmhainní nó cripteashócmhainní áirithe a bhfuil gnéithe sonraithe áirithe acu a mhargú, a dháileadh nó a dhíol; nó

(b) cineál gníomhaíochta nó cleachtais a bhaineann le cripteashócmhainní.

2. Ní dhéanfaidh údarás inniúil beart de bhun mhír 1 ach amháin má tá sé sásta faoin méid seo a leanas ar fhorais réasúnacha:

(a) maidir le cripteashócmhainn, tá sí ina siocair le hábhair mhóra imní i ndáil le cosaint infheisteoirí nó tá bagairt shuntasach ag gabháil léi ar fheidhmiú rianúil agus sláine margaí i gcripteashócmhainní nó ar chobhsaíocht cuid den chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine i mBallstát amháin ar a laghad;

(b) maidir leis na ceanglais rialála atá ann cheana faoi dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis an gcripteashócmhainn nó leis an tseirbhís cripteashócmhainní lena mbaineann, ní thugtar aghaidh go leordhóthanach leo ar na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus ní thabharfaí faoin tsaincheist ar bhealach níos fearr trí mhaoirseacht fheabhsaithe a dhéanamh nó trí na ceanglais atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr;

(c) tá an beart comhréireach, agus cineál na rioscaí atá sainaitheanta á gcur i gcuntas, mar aon le leibhéal sofaisticiúlachta na n-infheisteoirí nó na rannpháirtithe sa mhargadh lena mbaineann agus an tionchar is dócha a bheidh ag an mbeart ar infheisteoirí agus ar rannpháirtithe sa mhargadh a fhéadfaidh an chripteashócmhainn nó an tseirbhís cripteashócmhainní lena mbaineann a shealbhú nó a úsáid, nó tairbhe a bhaint aisti;

(d) tá an t-údarás inniúil tar éis dul i gcomhairle mar is ceart leis na húdaráis inniúla i mBallstáit eile a bhféadfaidh an beart difear suntasach a dhéanamh dóibh; agus

(e) níl tionchar idirdhealaitheach ag an mbeart ar sheirbhísí ná ar ghníomhaíochtaí a sholáthraítear ó Bhallstát eile.

I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an t-údarás inniúil an toirmeasc nó an srian dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur ar bhonn réamhchúraim sula ndéanfar cripteashócmhainn a mhargú, a dháileadh nó a dhíol le cliaint.

Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh an toirmeasc nó an srian dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcúinsí áirithe nó é a chur faoi réir eisceachtaí.

3. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc nó srian a fhorchur faoin Airteagal seo ach amháin más rud é, tráth nach luaithe ná mí amháin roimh an am a bheartófar go ngabhfaidh éifeacht leis an mbeart, go mbeidh fógra tugtha aige do gach údarás inniúil eile agus do ESMA, nó do ÚBE maidir le comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, ar fógra é a bheidh i scríbhinn nó trí mheán eile a bheidh aontaithe idir na húdaráis, maidir le mionsonraí na nithe seo a leanas:

(a) an chripteashócmhainn nó an ghníomhaíocht nó an cleachtas lena mbaineann an beart a mholtar;

(b) cineál beacht an toirmisc nó an tsriain a mholtar agus an dáta a bhfuil sé beartaithe go mbeidh éifeacht leis; agus

(c) an fhianaise a mbeidh sé tar éis a chinneadh a bhunú uirthi agus a bhfuil sé sásta ina leith go mbeidh gach ceann de na coinníollacha i mír 2, an chéad fhomhír, comhlíonta.

4. I gcásanna eisceachtúla ina measfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil gá leis ionas nach dtiocfaidh aon éifeachtaí dochracha as cripteashócmhainn nó gníomhaíocht nó cleachtas dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil beart práinneach a dhéanamh ar bhonn sealadach tar éis fógra 24 uair an chloig ar a laghad a thabhairt i scríbhinn, roimh an am a bheartaítear éifeacht a bheith leis an mbeart, do na húdaráis inniúla eile go léir agus do ESMA, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir ar fad a liostaítear san Airteagal seo agus, ina theannta sin, go suitear go soiléir nach mbeadh tréimhse fógra mí amháin leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sonrach nó ar an mbagairt shonrach. Ní rachaidh ré na mbeart a dhéanfar ar bhonn sealadach thar 3 mhí.

5. Foilseoidh an t-údarás inniúil fógra ar a shuíomh gréasáin maidir le cinneadh chun toirmeasc nó srian dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur. Sonrófar san fhógra sin mionsonraí an toirmisc nó an tsriain arna fhorchur agus sonrófar ann tráth tar éis fhoilsiú an fhógra óna ngabhfaidh éifeacht leis na bearta agus an fhianaise ar ar bhunaigh an t-údarás inniúil a chinneadh agus a bhfuil sé sásta ina leith go bhfuil gach ceann de na coinníollacha i mír 2, an chéad fhomhír, comhlíonta. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc ná ag an srian ach amháin maidir le gníomhaíochtaí tar éis d'éifeacht gabháil leis na bearta.

6. Déanfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc nó srian a aisghairm mura bhfuil feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha i mír 2.

7. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 139 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir a shonrú agus tosca a bheidh le cur i gcuntas ag na húdaráis inniúla agus é ag cinneadh cibé an ann d'ábhar mór imní maidir le cosaint infheisteoirí nó do bhagairt ar fheidhmiú ordúil agus sláine na margaí i gcripteashócmhainní, nó ar chobhsaíocht an chórais iomláin airgeadais nó cobhsaíocht cuid de laistigh de Bhallstát amháin ar a laghad chun críocha mhír 2, an chéad fhomhír, pointe (a).

Airteagal 106

Comhordú le ESMA nó le ÚBE

1. Beidh ról éascaithe agus comhordúcháin ag ESMA nó, i gcás comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, ag ÚBE i ndáil le bearta arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 105. Áiritheoidh ESMA nó, i gcás comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, áiritheoidh ÚBE, go háirithe, go mbeidh údar cuí leis na bearta a dhéanfaidh údarás inniúil agus go mbeidh siad comhréireach, agus go nglacfaidh na húdaráis inniúla cur chuige comhsheasmhach, i gcás inarb iomchuí.

2. Tar éis dó fógra a fháil i gcomhréir le hAirteagal 105(3) maidir le haon bheart atá le déanamh de bhun an Airteagail sin, déanfaidh ESMA nó, i gcás comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, déanfaidh ÚBE tuairim a eisiúint i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis an toirmeasc nó leis an srian agus an bhfuil sé comhréireach. Más rud é go measfaidh ESMA, nó i gcás comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, ÚBE, go bhfuil gá le beart ó údaráis inniúla eile a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca, tabharfaidh sé an méid sin le fios sa tuairim uaidh. Foilseofar an tuairim ar shuíomh gréasáin ESMA nó, i gcás comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, ar shuíomh gréasáin ÚBE.

3. I gcás ina mbeartóidh údarás inniúil bearta a dhéanamh, nó ina ndéanfaidh sé bearta, nó ina ndiúltóidh sé bearta a dhéanamh, ar bearta iad atá contrártha le tuairim arna heisiúint ag ESMA nó ag ÚBE de bhun mhír 2, foilseoidh sé an méid sin láithreach ar a shuíomh gréasáin agus tabharfaidh sé míniú cuimsitheach ar na cúiseanna atá leis.

Airteagal 107

Comhar le tríú tíortha

1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, i gcás inar gá, socruithe comhair a thabhairt i gcrích le húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha maidir le malartú faisnéise leis na húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha sin agus maidir le forfheidhmiú oibleagáidí faoin Rialachán seo sna tríú tíortha sin. Áiritheofar leis na socruithe comhair sin malartú éifeachtach faisnéise ar a laghad, lenar féidir leis na húdaráis inniúla a gcuid dualgas a dhéanamh faoin Rialachán seo.

Cuirfidh údarás inniúil ÚBE, ESMA agus na húdaráis inniúla eile ar an eolas i gcás ina mbeartaíonn sé socrú den sórt sin a thabhairt i gcrích.

2. Déanfaidh ESMA, i gcás inar féidir, agus i ndlúthchomhar le ÚBE, éascú agus comhordú ar fhorbairt socruithe comhair idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis mhaoirseachta ábhartha de chuid tríú tíortha.

3. Déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena mbunaítear doiciméad ar teimpléad é do shocruithe comhair dá dtagraítear i mír 1 a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát i gcás inar féidir.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Déanfaidh ESMA freisin, i ndlúthchomhar le ÚBE, i gcás inar féidir, éascú agus comhordú ar an malartú faisnéise idir údaráis inniúla, ar faisnéis í arna fáil ó údaráis mhaoirseachta de chuid tríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le bearta a dhéanamh faoi Chaibidil 3 den Teideal seo.

5. Ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis mhaoirseachta de chuid tríú tíortha ach amháin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis arna nochtadh faoi réir ráthaíochtaí rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a leagtar amach in Airteagal 100. Beidh an malartú faisnéise sin ann ar mhaithe le feidhmiú chúraimí na n-údarás inniúil sin faoin Rialachán seo.

Airteagal 108

Láimhseáil gearán ag na húdaráis inniúla

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla nósanna imeachta ar bun lena ligfear do chliaint agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí, gearáin a chur faoina mbráid maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a líomhnaítear a bheith déanta ag tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Glacfar le gearáin i scríbhinn, lena n-áirítear go leictreonach, agus i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina ndéantar an gearán a chur isteach, nó i dteanga a nglacann údaráis inniúla an Bhallstáit sin léi.

2. Cuirfear faisnéis maidir leis na nósanna imeachta láimhseála gearán dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil ar shuíomh gréasáin gach údaráis inniúil agus déanfar í a chur in iúl do ÚBE agus do ESMA. Foilseoidh ESMA hipearnaisc chuig na ranna sin de shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil a bhaineann leis na nósanna imeachta láimhseála gearán ina chlár cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 109.

CAIBIDIL 2

Clár ESMA

Airteagal 109

Clár páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

1. Bunóidh ESMA clár don mhéid seo a leanas:

(a) páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid;

(b) eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha;

(c) eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid; agus

(d) soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

Beidh clár ESMA ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn tráthrialta. Chun nuashonrú den sórt sin a éascú, cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl do ESMA aon athruithe ar tugadh fógra dóibh ina leith maidir leis an bhfaisnéis a shonraítear i míreanna 2 go 5.

Soláthróidh na húdaráis inniúla do ESMA na sonraí is gá chun páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní a aicmiú sa chlár mar a shonraítear i gcomhréir le mír 8.

2. I ndáil le páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, beidh na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní agus aon pháipéir bhána mhodhnaithe maidir le cripteashócmhainní sa chlár. Coinneofar aon leaganacha as dáta de na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní i gcartlann ar leithligh agus marcálfar go soiléir iad mar leaganacha atá as dáta.

3. Maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chlár:

(a) ainm, foirm dhlíthiúil agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eisitheora;

(b) ainm tráchtála, seoladh fisiciúil, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus suíomh gréasáin an eisitheora;

(c) na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní agus aon pháipéir bhána mhodhnaithe maidir le cripteashócmhainní, agus na leaganacha as dáta den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní á gcoinneáil i gcartlann ar leithligh agus iad marcáilte go soiléir mar pháipéir bhána atá as dáta;

(d) an liosta de na Ballstáit óstacha ina bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó ina bhfuil sé beartaithe aige a iarraidh go ligfí isteach na comharthaí sócmhainn-tagartha chun a dtrádála;

(e) dáta tosaigh nó, mura bhfuil sé ar fáil tráth an fhógra ón údarás inniúil, an dáta tosaigh atá beartaithe maidir leis an tairiscint don phobal nó leis an ligean isteach chun trádála;

(f) aon seirbhísí eile a sholáthraíonn an t-eisitheoir agus nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, le tagairt do dhlí an Aontais is infheidhme nó don dlí náisiúnta is infheidhme;

(g) dáta an údaraithe chun comhartha sócmhainn-tagartha nó údarú mar institiúid creidmheasa a thairiscint nó don phobal a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála agus, i gcás inarb infheidhme, dáta an údaraithe chun ceachtar den dá údarú a tharraingt siar.

4. Maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid, beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chlár:

(a) ainm, foirm dhlíthiúil agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an eisitheora;

(b) ainm tráchtála, seoladh fisiciúil, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus suíomh gréasáin an eisitheora;

(c) na páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní agus aon pháipéir bhána mhodhnaithe maidir le cripteashócmhainní, agus na leaganacha atá as dáta den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní á gcoinneáil i gcartlann ar leithligh agus iad marcáilte go soiléir mar pháipéir bhána atá as dáta;

(d) dáta tosaigh na tairisceana don phobal nó an ligin isteach chun trádála nó, mura bhfuil sé ar fáil tráth an fhógra ón údarás inniúil, an dáta tosaigh atá beartaithe;

(e) aon seirbhísí eile a sholáthraíonn an t-eisitheoir agus nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, le tagairt do dhlí an Aontais is infheidhme nó don dlí náisiúnta is infheidhme;

(f) dáta an údaraithe mar institiúid creidmheasa nó mar institiúid ríomh-airgid agus, i gcás inarb infheidhme, dáta aistarraingt an údaraithe sin.

5. Maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chlár:

(a) ainm, foirm dhlíthiúil agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus, i gcás inarb infheidhme, brainsí an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) ainm tráchtála, seoladh fisiciúil, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus suíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus, i gcás inarb ábhartha, an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní atá á oibriú ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(c) ainm agus seoladh an údaráis inniúil a dheonaigh an t-údarú agus na sonraí teagmhála a ghabhann leis;

(d) an liosta de sheirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(e) an liosta de na Ballstáit óstacha ina bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar;

(f) dáta tosaigh, nó, mura bhfuil sé ar fáil tráth an fhógra ón údarás inniúil, an dáta tosaigh atá beartaithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar;

(g) aon seirbhísí eile a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní agus nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, mar aon le tagairt do dhlí an Aontais is infheidhme nó don dlí náisiúnta is infheidhme;

(h) dáta an údaraithe agus, i gcás inarb iomchuí, dáta tarraingthe siar údaraithe.

6. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra gan mhoill do ESMA faoi na bearta a liostaítear in Airteagal 94(1), an chéad fhomhír, pointe (b), (c), (f), (l), (m), (n), (o) nó (t), agus aon bhearta réamhchúraim poiblí arna ndéanamh de bhun Airteagal 102 a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní nó d'eisiúint, tairiscint nó úsáid cripteashócmhainní. Cuirfidh ESMA an fhaisnéis sin sa chlár.

7. Leanfaidh aon tarraingt siar a dhéantar ar údarú eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha, eisitheora comhartha ríomh-airgid, nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus aon bheart a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le mír 6, de bheith foilsithe sa chlár ar feadh tréimhse 5 bliana.

8. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na sonraí is gá a shonrú tuilleadh chun páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní a aicmiú, lena n-áirítear aitheantóirí eintitis dhlítheanaigh, sa chlár agus na socruithe praiticiúla is gá a shonrú lena áirithiú go mbeidh na sonraí sin meaisín-inléite.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 110

Clár na n-eintiteas neamhchomhlíontach a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní

1. Bunóidh ESMA clár neamh-uileghabhálach d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní de shárú ar Airteagal 59 nó 61.

2. Beidh sa chlár ar a laghad ainm tráchtála nó suíomh gréasáin eintitis neamhchomhlíontaigh agus ainm an údaráis inniúil a thíolaic an fhaisnéis.

3. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ESMA i bhformáid mheaisín-inléite agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn tráthrialta chun aon athruithe ar imthosca nó aon fhaisnéis a chuirtear in iúl do ESMA maidir leis na heintitis neamhchomhlíontacha chláraithe a chur san áireamh. Leis an gclár, beifear in ann rochtain láraithe a fháil ar fhaisnéis arna tíolacadh ag údaráis inniúla ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha, agus ó ÚBE.

4. Déanfaidh ESMA an clár a thabhairt cothrom le dáta chun faisnéis a chur ar áireamh maidir le haon chás a bhaineann le sárú ar an Rialachán seo a sainaithníodh ar a thionscnamh féin i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, inar ghlac sé cinneadh faoi mhír 6 den Airteagal sin a dhírítear ar eintiteas neamhchomhlíontach a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní, nó aon fhaisnéis faoi eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní gan an t-údarú nó an clárú is gá arna thíolacadh ag na húdaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha.

5. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, féadfaidh ESMA cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha ábhartha na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 94(1) a chur i bhfeidhm maidir le heintitis neamhchomhlíontacha a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní.

CAIBIDIL 3

Pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile arna ndéanamh ag údaráis inniúla

Airteagal 111

Pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile

1. Gan dochar d'aon phionóis choiriúla agus gan dochar do chumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha na n-údarás inniúil a liostaítear in Airteagal 94, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, foráil maidir le cumhacht a bheith ag na húdaráis inniúla chun pionóis riaracháin iomchuí agus bearta riaracháin eile a dhéanamh maidir leis na sáruithe seo a leanas ar a laghad:

(a) sáruithe ar Airteagail 4 go 14;

(b) sáruithe ar Airteagail 16, 17, 19, 22, 23, 25, Airteagail 27 go 41, Airteagail 46 agus 47;

(c) sáruithe ar Airteagail 48 go 51, ar Airteagail 53, 54 agus 55;

(d) sáruithe ar Airteagail 59, 60, 64 agus ar Airteagail 65 go 83;

(e) sáruithe ar Airteagail 88 go 92;

(f) easpa comhair nó neamhchomhlíonadh i ndáil le himscrúdú, cigireacht nó iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 94(3).

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan rialacha a leagan síos le haghaidh pionóis riaracháin i gcás ina mbeidh na sáruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), (b), (c), (d) nó (e), faoi réir pionóis choiriúla ina ndlí náisiúnta cheana faoin 30 Meitheamh 2024. I gcás ina gcinneann siad amhlaidh, tabharfaidh na Ballstáit fógra mionsonraithe don Choimisiún, do ESMA agus do ÚBE i dtaobh na gcodanna ábhartha dá ndlí coiriúil.

Faoin 30 Meitheamh 2024, tabharfaidh na Ballstáit fógra mionsonraithe don Choimisiún, do ÚBE agus do ESMA maidir leis na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír. Tabharfaidh siad fógra freisin don Choimisiún, do ÚBE agus do ESMA gan mhoill i dtaobh aon leasaithe ina dhiaidh sin orthu.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla na pionóis riaracháin seo a leanas ar a laghad agus bearta riaracháin eile a fhorchur i ndáil leis na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a) go (d):

(a) ráiteas poiblí ina léireofar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú agus cineál an tsáraithe;

(b) ordú lena gceanglófar ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach scor den iompar arb ionann é agus an sárú agus gan an t-iompar sin a dhéanamh in athuair;

(c) fíneálacha riaracháin uasta dar luach ar a laghad dhá oiread mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú, i gcás inar féidir iad sin a chinneadh, fiú más mó é sin ná na méideanna uasta a leagtar amach sa mhír seo, pointe (d) den mhír seo, maidir le daoine nádúrtha, nó i mír 3 maidir le daoine dlítheanacha;

(d) i gcás duine nádúrtha, fíneálacha riaracháin airgid uasta dar luach EUR 700 000 ar a laghad nó, i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra oifigiúil an 29 Meitheamh 2023.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla, i ndáil le sáruithe arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha, fíneálacha riaracháin uasta a fhorchur dar luach mar a leanas ar a laghad:

(a) EUR 5 000 000, nó, sna Ballstáit nach é an euro an t-airgeadra oifigiúil iontu, an luach comhfhreagrach san airgeadra oifigiúil an 29 Meitheamh 2023, i ndáil leis na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a) go (d);

(b) 3 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh de réir na ráiteas airgeadais deireanach atá ar fáil agus a d'fhormheas an comhlacht bainistíochta, i ndáil leis na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a);

(c) 5 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh de réir na ráiteas airgeadais deireanach atá ar fáil agus a d'fhormheas an comhlacht bainistíochta, i ndáil leis na sáruithe a liostaítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (d);

(d) 12,5 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh de réir na ráiteas airgeadais deireanach atá ar fáil agus a d'fhormheas an comhlacht bainistíochta, i ndáil leis na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (b) agus (c).

I gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta de chuid an mháthairghnóthais é an duine dlítheanach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (d), a bhfuil ceangal air ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE, is é an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach a bheidh sa láimhdeachas bliantúil ábhartha iomlán, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme i réimse na cuntasaíochta de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh.

4. I dteannta na bpionós riaracháin agus na mbeart eile riaracháin chomh maith leis na fíneálacha riaracháin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla toirmeasc sealadach a fhorchur lena gcuirfear cosc, i gcás na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (d), ar aon chomhalta de chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, ó fheidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (e), go mbeidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla na pionóis riaracháin seo a leanas ar a laghad a fhorchur agus na bearta riaracháin seo a leanas ar a laghad a ghlacadh:

(a) ráiteas poiblí ina léireofar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach agus cineál an tsáraithe;

(b) ordú lena gceanglófar ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach scor den iompar arb ionann é agus an sárú agus gan an iompar sin a dhéanamh an athuair;

(c) aon bhrabús a gnóthaíodh nó aon chaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú a fhorghéilleadh a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(d) údarú soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a tharraingt siar nó a chur ar fionraí;

(e) toirmeasc sealadach ar aon chomhalta de chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, ó fheidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú i soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

(f) i gcás sárú leantach ar Airteagal 89, 90, 91 nó 92, toirmeasc 10 mbliana ar a laghad ar aon chomhalta de chomhlacht bainistíochta soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, ó fheidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(g) toirmeasc sealadach ar aon chomhalta de chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, ó dhéileáil ar a chuntas féin;

(h) fíneálacha riaracháin uasta dar luach ar a laghad trí oiread mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú, i gcás inar féidir iad sin a chinneadh, fiú más mó é sin ná na méideanna uasta a leagtar amach i bpointe (i) nó (j), de réir mar is infheidhme;

(i) i leith duine nádúrtha, fíneálacha riaracháin uasta de EUR 1 000 000 ar a laghad as sáruithe ar Airteagal 88 agus EUR 5 000 000 as sáruithe ar Airteagail 89 go 92 nó sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an 29 Meitheamh 2023;

(j) i leith daoine dlítheanacha, fíneálacha uasta riaracháin de ar a laghad EUR 2 500 000 as sáruithe ar Airteagal 88 agus EUR 15 000 000 as sáruithe ar Airteagail 89 go 92, nó 2 % as sáruithe ar Airteagal 88 agus 15 % as sáruithe ar Airteagail 89 go 92 de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh, de réir na gcuntas is deireanaí atá ar fáil atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, nó sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra oifigiúil acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra oifigiúil an 29 Meitheamh 2023.

Chun críche phointe (j) den chéad fhomhír, i gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta de chuid máthairghnóthais an duine dlítheanach a bhfuil sé de cheangal air ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE, is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme i réimse na cuntasaíochta de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh.

6. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh cumhachtaí eile ag údaráis inniúla i dteannta na gcumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le leibhéil níos airde pionós ná iad siúd atá bunaithe sna míreanna sin, i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha araon atá freagrach as an sárú.

Airteagal 112

Cumhachtaí maoirseachta agus cumhachtaí forchurtha pionóis a fheidhmiú

1. Agus cineál agus leibhéal an phionóis riaracháin nó beart eile riaracháin atá le forchur i gcomhréir le hAirteagal 111 á gcinneadh acu, cuirfidh údaráis inniúla na cúinsí ábhartha go léir san áireamh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, iad seo a leanas:

(a) tromchúis agus fad an tsáraithe;

(b) cibé acu d'aon ghnó nó le faillí a rinneadh an sárú;

(c) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú;

(d) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú, arna léiriú le láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh atá freagrach nó le hioncam bliantúil agus glansócmhainní an duine nádúrtha atá freagrach;

(e) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú, nó méid na gcaillteanas a sheachain sé, a mhéid agus is féidir iad sin a chinneadh;

(f) caillteanais tríú páirtithe de dheasca an tsáraithe, a mhéid agus is féidir iad sin a chinneadh;

(g) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá le haisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin, nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain sé, a áirithiú;

(h) sáruithe arna ndéanamh roimhe sin ar an Rialachán seo ag an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú;

(i) bearta a rinne an duine atá freagrach as an sárú chun athdhéanamh an tsáraithe a chosc;

(j) tionchar an tsáraithe ar leasanna sealbhóirí cripteashócmhainní agus ar leasanna cliant soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola.

2. Agus a gcuid cumhachtaí á bhfeidhmiú acu i dtaca le pionóis riaracháin agus bearta eile riaracháin a fhorchur faoi Airteagal 111, gníomhóidh údaráis inniúla i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh feidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha, agus na pionóis riaracháin agus bearta eile riaracháin a fhorchuirfidh siad, éifeachtach agus iomchuí. Comhordóidh siad a ngníomhaíocht chun dúbláil agus forluí a sheachaint le linn dóibh a gcumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha a fheidhmiú agus le linn dóibh pionóis riaracháin agus bearta eile riaracháin a fhorchur i leith cásanna trasteorann.

Airteagal 113

Ceart achomhairc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cinntí arna ndéanamh ag údaráis inniúla faoin Rialachán seo cuí-réasúnaithe agus faoi réir ceart achomhairc os comhair cúirte. Beidh feidhm ag ceart achomhairc os comhair cúirte freisin i gcás nach ndéanfar aon chinneadh, laistigh de 6 mhí tar éis a thíolactha, i ndáil le hiarratas ar údarú ina soláthraítear an fhaisnéis ar fad a cheanglaítear.

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil gur féidir le ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí seo a leanas, arna gcinneadh faoin dlí náisiúnta, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, gníomhú os comhair na gcúirteanna nó na gcomhlachtaí riaracháin inniúla chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm:

(a) comhlachtaí poiblí nó a n-ionadaithe;

(b) eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu i sealbhóirí cripteashócmhainní a chosaint;

(c) eagraíochtaí gairmiúla a bhfuil leas dlisteanach acu chun a gcomhaltaí a chosaint.

Airteagal 114

Cinntí a fhoilsiú

1. Déanfaidh údaráis inniúla cinneadh lena bhforchuirtear pionóis riaracháin agus bearta eile riaracháin as sárú ar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 111 a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin oifigiúla gan moill mhíchuí tar éis don fhógra faoin gcinneadh sin a bheith tugtha don duine nádúrtha nó dlítheanach is ábhar don chinneadh sin. Áireofar san fhoilsiú sin, ar a laghad, faisnéis maidir le cineál agus nádúr an tsáraithe, mar aon le céannacht na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach. Ní gá cinntí lena bhforchuirtear bearta de chineál imscrúdaitheach a fhoilsiú.

2. I gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil foilsiú chéannacht na n-eintiteas dlítheanach nó chéannacht nó sonraí pearsanta na ndaoine nádúrtha míréireach agus sin mar gheall ar mheasúnú cás ar chás a rinneadh maidir le comhréireacht fhoilsiú na sonraí sin, nó i gcás ina gcuirfeadh foilsiú den sórt sin imscrúdú atá ar siúl ag an am sin i mbaol, déanfaidh na húdaráis inniúla ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) foilsiú an chinnidh chun pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhorchur a chur siar go dtí an tráth a scoirfidh cúiseanna a neamhfhoilsithe de bheith ann;

(b) an cinneadh a fhoilsiú chun pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhorchur gan ainm ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás ina n-áirithítear, leis an bhfoilsiú gan ainm sin, cosaint éifeachtach na sonraí pearsanta lena mbaineann;

(c) gan an cinneadh maidir le pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhorchur i gcás ina meastar nach leor iad na roghanna dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b) chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(i) nach gcuirtear cobhsaíocht na margaí airgeadais i mbaol;

(ii) comhréireacht i dtaca le cinneadh mar sin a fhoilsiú ag féachaint do bhearta a meastar gur mionbhearta iad.

Má dhéantar cinneadh pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhoilsiú gan ainm, amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), féadfar foilsiú na sonraí ábhartha a chur siar go ceann tréimhse réasúnach i gcás ina dtuartar go mbeidh deireadh laistigh den tréimhse sin leis na cúiseanna a bheith ann don fhoilsiú sin gan ainm.

3. I gcás ina bhfuil an cinneadh pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhorchur faoi achomharc os comhair na gcúirteanna ábhartha nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha, déanfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis sin, agus aon fhaisnéis eile maidir leis an toradh ar an achomharc sin, a fhoilsiú láithreach, ar a suíomh gréasáin oifigiúil. Thairis sin, foilseofar freisin aon chinneadh lena gcuirtear cinneadh roimhe sin chun pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a fhorchur ar neamhní.

4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go bhfanfaidh aon fhoilseachán i gcomhréir leis an Airteagal seo ar a suíomh gréasáin oifigiúil ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana i ndiaidh a fhoilsithe. Ní choimeádfar sonraí pearsanta atá san fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil an údaráis inniúil ach don tréimhse atá riachtanach i gcomhréir leis na rialacha infheidhme um chosaint sonraí.

Airteagal 115

Tuairisciú ar phionóis riaracháin agus ar bhearta eile riaracháin do ESMA agus ÚBE

1. Soláthróidh an t-údarás inniúil, ar bhonn bliantúil, faisnéis chomhiomlán do ESMA agus do ÚBE maidir leis na pionóis riaracháin agus na bearta eile riaracháin atá forchurtha acu i gcomhréir le hAirteagal 111. Foilseoidh ESMA an fhaisnéis sin i dtuarascáil bhliantúil.

I gcás inar leag Ballstáit síos, i gcomhréir le hAirteagal 111(1), an dara fomhír, pionóis choiriúla as na sáruithe ar na forálacha dá dtagraítear ann, déanfaidh a n-údaráis inniúla sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe maidir leis na himscrúduithe coiriúla uile a rinneadh agus na pionóis choiriúla uile a forchuireadh a sholáthar do ÚBE agus do ESMA ar bhonn bliantúil. Déanfaidh ESMA sonraí i dtaobh pionóis choiriúla arna bhforchur a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil.

2. I gcás inar nocht an t-údarás inniúil pionóis riaracháin, bearta riaracháin nó pionóis choiriúla eile don phobal, déanfaidh sé iad sin a thuairisciú do ESMA an tráth céanna.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE agus ESMA ar an eolas maidir le gach pionós riaracháin nó beart eile riaracháin a forchuireadh ach nár foilsíodh, lena n-áirítear aon achomharc ina leith agus an toradh a bhí air. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh údaráis inniúla faisnéis agus an breithiúnas deiridh i ndáil le haon phionós coiriúil a forchuireadh agus go gcuirfear faoi bhráid ÚBE agus ESMA iad. Coinneoidh ESMA bunachar sonraí lárnach de na pionóis agus na bearta riaracháin a chuirtear in iúl dó chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla. Ní bheidh rochtain ar an mbunachar sonraí sin ach ag ÚBE, ag ESMA agus ag na húdaráis inniúla agus déanfar é a nuashonrú bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh na húdaráis inniúla.

Airteagal 116

Sáruithe a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a thuairisciú agus maidir leis na daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin a chosaint.

CAIBIDIL 4

Freagrachtaí maoirseachta ÚBE i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha agus coláistí maoirseoirí

Airteagal 117

Freagrachtaí maoirseachta ÚBE i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha

1. I gcás inar aicmíodh comhartha sócmhainn-tagartha a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 43 nó le hAirteagal 44, déanfaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha sin a chuid gníomhaíochtaí faoi mhaoirseacht ÚBE.

Gan dochar do chumhachtaí na n-údarás inniúil náisiúnta faoi mhír 2 den Airteagal seo, feidhmeoidh ÚBE cumhachtaí na n-údarás inniúil a thugtar le hAirteagail 22 go 25, 29, 33, Airteagal 34(7) agus (12), Airteagal 35(3) agus (5), Airteagal 36(10) agus Airteagail 41, 42, 46 agus 47 maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha.

2. I gcás ina soláthróidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh seirbhísí cripteashócmhainní freisin nó ina n-eiseoidh sé cripteashócmhainní nach comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha iad, fanfaidh na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí sin faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit baile.

3. I gcás inar aicmíodh comhartha sócmhainn-tagartha a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 43, déanfaidh ÚBE athmheasúnú maoirseachta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-eisitheoir Teideal III.

4. I gcás inar aicmíodh comhartha ríomh-airgid arna eisiúint ag institiúid ríomh-airgid a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 56 nó le hAirteagal 57, déanfaidh ÚBE maoirsiú ar chomhlíonadh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh den sórt sin Airteagal 55 agus 58.

Chun críocha na maoirseachta ar chomhlíonadh Airteagail 55 agus 58, feidhmeoidh ÚBE cumhachtaí na n-údarás inniúil a thugtar dóibh le hAirteagail 22 agus 23, Airteagal 24(3), Airteagal 35(3) agus (5), Airteagal 36(10) agus Airteagail 46 agus 47 a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí sócmhainn-airgid suntasacha.

5. Feidhmeoidh ÚBE a chumhachtaí maoirseachta dá bhforáiltear i míreanna 1 go 4 i ndlúthchomhar le húdaráis inniúla eile atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an eisitheoir, go háirithe:

(a) an t-údarás maoirseachta stuamachta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) údaráis inniúla ábhartha faoin dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2009/110/CE, i gcás inarb infheidhme;

(c) na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1).

Airteagal 118

Coiste um chripteashócmhainní ÚBE

1. Cruthóidh ÚBE buanchoiste inmheánach de bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chun cinntí ÚBE atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 44 de a ullmhú, lena n-áirítear cinntí a bhaineann leis na cúraimí maoirseachta a tugadh do ÚBE leis an Rialachán seo.

2. Féadfaidh an coiste um chripteashócmhainní cinntí a ullmhú freisin i ndáil le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a bhaineann le cúraimí maoirseachta a tugadh do ÚBE leis an Rialachán seo.

3. Áiritheoidh ÚBE nach ndéanfaidh an coiste cripteashócmhainní ach na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus aon chúraimí eile is gá chun a ghníomhaíochtaí a bhaineann le cripteashócmhainní a dhéanamh.

Airteagal 119

Coláistí d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha

1. Laistigh de 30 lá féilire ó chinneadh chun comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid a aicmiú a bheith suntasach de bhun Airteagal 43, 44, 56 nó 57, de réir mar is infheidhme, déanfaidh ÚBE coláiste maoirseachta comhairleach a bhunú agus a bhainistiú, agus déanfaidh sé cathaoirleacht air, do gach eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, chun feidhmiú a gcúraimí maoirseachta a éascú agus gníomhú mar mheán chun gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú faoin Rialachán seo.

2. Is éard a bheidh i gcoláiste dá dtagraítear i mír 1:

(a) ÚBE;

(b) ESMA;

(c) údaráis inniúla an Bhallstáit baile ina bhfuil eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh bunaithe;

(d) údaráis inniúla na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na n-institiúidí creidmheasa nó na ngnólachtaí infheistíochta is ábhartha a áirithíonn cumhdach na gcúlsócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 37 nó cumhdach na gcistí a fhaightear mar mhalairt ar na comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(e) i gcás inarb infheidhme, údaráis inniúla na n-ardán trádála is ábhartha le haghaidh cripteashócmhainní ina ligtear isteach na comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó na comharthaí ríomh-airgid suntasacha chun a dtrádála;

(f) údaráis inniúla na soláthraithe seirbhísí íocaíochta is ábhartha a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i ndáil leis na comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(g) i gcás inarb infheidhme, údaráis inniúla na n-eintiteas a áirithíonn na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h);

(h) i gcás inarb infheidhme, údaráis inniúla na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní is ábhartha a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant i ndáil leis na comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó leis na comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(i) BCE;

(j) i gcás ina bhfuil eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh bunaithe i mBallstát nach é an euro a airgeadra oifigiúil, nó ina bhfuil airgeadra oifigiúil nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin;

(k) i gcás ina bhfuil eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh bunaithe i mBallstát nach é an euro a airgeadra oifigiúil, nó ina bhfuil airgeadra oifigiúil nach é an euro é faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin;

(l) údaráis inniúla Ballstát ina n-úsáidtear an comhartha sócmhainn-tagartha nó an comhartha ríomh-airgid ar mórscála, arna iarraidh sin dóibh;

(m) údaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha lena bhfuil comhaontuithe riaracháin déanta ag ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 126.

3. Féadfaidh ÚBE a iarraidh ar údaráis eile a bheith ina gcomhaltaí sa choláiste dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina mbeidh na heintitis a ndéanfaidh siad maoirseacht orthu ábhartha d'obair an choláiste.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil de chuid Ballstáit nach comhalta den choláiste é aon fhaisnéis a iarraidh ar an gcoláiste a bheidh ábhartha maidir lena chuid dualgas maoirseachta a dhéanamh faoin Rialachán seo.

5. Déanfaidh coláiste dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, gan dochar do fhreagrachtaí údarás inniúil faoin Rialachán seo, an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) ullmhú na tuairime neamhcheangailtí dá dtagraítear in Airteagal 120;

(b) malartú faisnéise i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(c) comhaontú maidir le cúraimí a chur ar iontaoibh a chomhaltaí ar bhonn deonach.

Chun na cúraimí a shanntar do choláistí de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo a chomhlíonadh, beidh comhaltaí an choláiste dá dtagraítear i mír 2 i dteideal rannchuidiú le clár oibre chruinnithe an choláiste a shocrú, go háirithe trí phointí a chur le clár oibre cruinnithe.

6. Beidh bunú agus feidhmiú an choláiste dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar chomhaontú i scríbhinn idir a chomhaltaí uile.

Sa chomhaontú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cinnfear na socruithe praiticiúla maidir le feidhmiú an choláiste, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta vótála amhail dá dtagraítear in Airteagal 120(3);

(b) na nósanna imeachta chun clár oibre chruinnithe an choláiste a shocrú;

(c) minicíocht chruinnithe an choláiste;

(d) na hachair ama íosta iomchuí i ndáil leis an measúnú a dhéanfaidh comhaltaí an choláiste ar an doiciméadacht ábhartha;

(e) na módúlachtaí cumarsáide idir comhaltaí an choláiste;

(f) roinnt coláistí a chruthú, coláiste amháin le haghaidh gach cripteashócmhainne nó grúpa cripteashócmhainní ar leith.

Féadfar sa chomhaontú freisin cúraimí a chinneadh atá le cur ar iontaoibh ÚBE nó ar chomhalta eile an choláiste.

7. Mar chathaoirleach ar gach coláiste, déanfaidh ÚBE an méid seo a leanas:

(a) socruithe agus nósanna imeachta a bhunú i scríbhinn d'fheidhmiú an choláiste, tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí eile an choláiste;

(b) gníomhaíochtaí uile an choláiste a chomhordú;

(c) cruinnithe uile an choláiste a thionól agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu agus comhaltaí an choláiste a choinneáil ar an eolas go hiomlán roimh eagrú chruinnithe an choláiste, faoi na príomh-shaincheisteanna a bheidh le plé agus faoi na míreanna a bheidh le breithniú;

(d) fógra a thabhairt do chomhaltaí an choláiste faoi aon chruinnithe pleanáilte ionas go bhféadfaidh siad rannpháirtíocht iontu a iarraidh;

(e) comhaltaí an choláiste a choinneáil ar an eolas, ar mhodh tráthúil, faoi chinntí agus torthaí na gcruinnithe sin.

8. Chun feidhmiú comhsheasmhach agus comhleanúnach na gcoláistí a áirithiú, forbróidh ÚBE, i gcomhar le ESMA agus le BCE, dréachtchaighdeáin rialála lena sonraítear an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha faoina measfar gurb iad na heintitis dá dtagraítear i mír 2, pointí (d), (e), (f) agus (h) na heintitis is ábhartha;

(b) na coinníollacha faoina meastar go n-úsáidtear comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid ar mórscála, amhail dá dtagraítear i mír 2, pointe (l); agus

(c) sonraí na socruithe praiticiúla dá dtagraítear i mír 6.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 120

Tuairimí neamhcheangailteacha na gcoláistí d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus comharthaí ríomh-airgid suntasacha

1. Féadfaidh coláiste dá dtagraítear in Airteagal 119(1) tuairim neamhcheangailteach a eisiúint ar an méid seo a leanas:

(a) an t-athmheasúnú maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 117(3);

(b) aon chinneadh ceangal a chur ar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó comhartha ríomh-airgid shuntasaigh méid níos airde de chistí dílse a bheith ina sheilbh i gcomhréir le hAirteagal 35(2), (3) agus (5), Airteagal 45(5) agus Airteagal 58(1), de réir mar is infheidhme;

(c) aon nuashonrú ar phlean téarnaimh nó ar phlean fuascailte eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheora comhartha ríomh-airgid shuntasaigh de bhun Airteagail 46, 47 agus 55, de réir mar is infheidhme;

(d) aon athrú ar mhúnla gnó eisitheora comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh de bhun Airteagal 25(1);

(e) dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 25(2);

(f) aon bhearta ceartaitheacha iomchuí atá beartaithe de bhun Airteagal 25(4);

(g) aon bhearta maoirseachta atá beartaithe de bhun Airteagal 130;

(h) aon chomhaontú riaracháin atá beartaithe maidir le faisnéis a mhalartú le húdarás maoirseachta tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 126;

(i) aon tarmligean de chúraimí maoirseachta ó ÚBE chuig údarás inniúil de bhun Airteagal 138;

(j) aon athrú atá beartaithe maidir le húdarú chomhaltaí an choláiste, nó aon bheart maoirseachta atá beartaithe ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 119(2), pointí (d) go (h);

(k) dréachtpháipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 51(12).

2. I gcás ina n-eisíonn an coláiste tuairim i gcomhréir le mír 1, arna iarraidh sin d'aon chomhalta den choláiste agus ar a glacadh ag tromlach den choláiste i gcomhréir le mír 3, féadfaidh aon mholtaí a bheith san áireamh sa tuairim a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar easnaimh an bhirt atá beartaithe ag ÚBE nó ag na húdaráis inniúla.

3. Glacfar tuairim ón gcoláiste bunaithe ar thromlach simplí dá chomhaltaí.

I gcás ina bhfuil roinnt comhaltaí den choláiste in aghaidh an Bhallstáit, ní bheidh vóta ach ag duine amháin de na comhaltaí sin.

I gcás inar comhalta den choláiste i roinnt cáileanna é BCE, lena n-áirítear cáileanna maoirseachta, ní bheidh ach aon vóta amháin aige.

Ní bheidh aon chearta vótála ag údaráis mhaoirseachta tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 119(2), pointe (m), i leith tuairim ón gcoláiste.

4. Déanfaidh ÚBE agus na húdaráis inniúla an tuairim neamhcheangailteach ón gcoláiste a bhreithniú go cuí, ar tuairim í ar thángthas uirthi i gcomhréir le mír 3, lena n-áirítear aon mholtaí a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar easnaimh an bhirt maoirseachta atá beartaithe i leith eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, eintitis nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 119(2), pointí (d) go (h). I gcás nach n-aontóidh ÚBE nó údarás inniúil le tuairim ón gcoláiste, lena n-áirítear aon mholtaí a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar easnaimh an bhirt maoirseachta atá beartaithe, beidh a chúiseanna agus míniú sa chinneadh ar aon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na moltaí sin.

CAIBIDIL 5

Cumhachtaí agus inniúlachtaí ÚBE i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus i leith eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha

Airteagal 121

Pribhléid dhlíthiúil

Maidir leis na cumhachtaí a thugtar do ÚBE le hAirteagail 122 go 125, nó d'aon oifigeach nó duine eile arna údarú ag ÚBE, ní bhainfear úsáid astu chun a cheangal go nochtfar faisnéis atá faoi réir pribhléid dhlíthiúil.

Airteagal 122

Iarraidh ar fhaisnéis

1. Chun a fhreagrachtaí maoirseachta faoi Airteagal 117 a chomhlíonadh, féadfaidh ÚBE trí iarraidh shimplí nó trí chinneadh a cheangal ar na daoine seo a leanas an fhaisnéis ar fad atá de dhíth a sholáthar chun cur ar chumas ÚBE a chuid dualgas a dhéanamh faoin Rialachán seo:

(a) eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó duine a rialaíonn eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, nó duine atá faoi rialú díreach nó indíreach eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh;

(b) tríú páirtí amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h), a bhfuil socrú conarthach ag eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh leis;

(c) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta a áirithíonn cumhdach na gcúlsócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 37;

(d) eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh nó duine a rialaíonn eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, nó duine atá faoi rialú díreach nó indíreach eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh;

(e) soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i ndáil le comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(f) duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil mar chúram air comharthaí ríomh-airgid suntasacha a dháileadh thar ceann eisitheoir comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(g) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant i ndáil le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó le comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(h) oibreoir ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní a lig comhartha sócmhainn-tagartha suntasach nó comhartha ríomh-airgid suntasach isteach chun a thrádála;

(i) comhlacht bainistíochta na ndaoine dá dtagraítear i bpointí (a) go (h).

2. Maidir le hiarraidh shimplí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1:

(a) déanfaidh sí tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí na hiarrata sin;

(b) luafaidh sí cuspóir na hiarrata;

(c) sonróidh sí an fhaisnéis atá ag teastáil;

(d) áireoidh sí teorainn ama nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh di;

(e) déanfaidh sí an duine a n-iarrtar an fhaisnéis uaidh a chur ar an eolas nach bhfuil sé d'oibleagáid air an fhaisnéis a chur ar fáil ach, i gcás ina dtabharfaidh sé freagra ar an iarraidh sin dá dheoin féin gur gá an fhaisnéis a sholáthrófar a bheith ceart agus gan a bheith míthreorach; agus

(f) déanfaidh sí an fhíneáil dá bhforáiltear in Airteagal 131 a léiriú, i gcás ina bhfuil na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh mícheart nó míthreorach.

3. Nuair a cheanglaítear faisnéis a sholáthar de bhun mhír 1 le cinneadh, déanfaidh ÚBE an méid seo a leanas:

(a) tagairt a dhéanamh don Airteagal seo mar bhunús dlí na hiarrata sin;

(b) cuspóir na hiarrata a lua;

(c) an fhaisnéis atá ag teastáil a shonrú;

(d) teorainn ama a leagan síos ar laistigh di nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil;

(e) na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132 a léiriú i gcás ina bhfuil faisnéis ag teastáil;

(f) an fhíneáil dá bhforáiltear in Airteagal 131 a léiriú, i gcás ina bhfuil na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh mícheart nó míthreorach;

(g) a léiriú gurb ann don cheart achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair Bhord Achomhairc ÚBE agus chun an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 60 agus 61 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí, an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar.

5. Seolfaidh ÚBE gan mhoill cóip den iarraidh shimplí nó dá chinneadh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil sainchónaí ar na daoine lena mbaineann an iarraidh ar fhaisnéis nó ina bhfuil siad bunaithe.

Airteagal 123

Cumhachtaí ginearálta imscrúdaitheacha

1. Chun a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh faoi Airteagal 117 den Rialachán seo, féadfaidh ÚBE imscrúduithe a dhéanamh maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha. Chuige sin, tabharfar de chumhacht do na hoifigigh agus do na daoine eile a bheidh údaraithe ag ÚBE an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) scrúdú a dhéanamh ar aon taifid, ar aon sonraí, ar aon nósanna imeachta agus ar aon ábhar eile atá ábhartha i ndáil le cur i gcrích a chúraimí, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte;

(b) cóipeanna deimhnithe a dhéanamh nó cóipeanna deimhnithe a thógáil a fháil de na taifid sin, de na sonraí sin, de na nósanna imeachta sin agus den ábhar eile sin, nó sleachta astu a thógáil nó a fháil;

(c) aon eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, nó a comhlacht bainistíochta nó a fhoireann, a thoghairm agus a iarraidh orthu mínithe ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar fhíorais nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar agus cuspóir an imscrúdaithe agus na freagraí a thaifeadadh;

(d) agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar imscrúdaithe;

(e) taifid a iarraidh de thrácht teileafóin agus sonraí.

Cuirfear coláiste amhail dá dtagraítear in Airteagal 119(1) ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chinntí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le cur i gcrích a chúraimí.

2. Déanfaidh na hoifigigh agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag ÚBE chun críocha an imscrúdaithe dá dtagraítear i mír 1 a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a sholáthar ina mbeidh ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe sonraithe. Sonrófar san údarú sin freisin na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132 i gcás nach soláthrófar na taifid, na sonraí, na nósanna imeachta, ná aon ábhar eile a éilítear ná freagraí ar na ceisteanna a cuireadh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha nó i gcás ina mbeidh na nithe sin neamhiomlán, agus sonrófar ann na fíneálacha dá bhforáiltear in Airteagal 131, i gcás ina bhfuil na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha mícheart nó míthreorach.

3. Tá sé de cheangal ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha dul faoi imscrúduithe arna seoladh bunaithe ar chinneadh ó ÚBE. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132, na leigheasanna dlí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

4. Laistigh de thréimhse réasúnta ama roimh imscrúdú dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh ÚBE údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-imscrúdú le déanamh ar an eolas faoin imscrúdú agus faoi chéannacht na ndaoine údaraithe. Arna iarraidh sin do ÚBE, cuideoidh oifigigh de chuid an údaráis inniúil leis na daoine údaraithe sin a ndualgais a dhéanamh. Féadfaidh oifigigh de chuid an údaráis inniúil lena mbaineann freastal ar na himscrúduithe freisin arna iarraidh sin.

5. Más rud é, maidir le hiarraidh ar thaifid ar thrácht teileafóin nó ar thrácht sonraí dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (e), go gceanglaítear údarú a fháil ó chúirt de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme, déanfaidh ÚBE iarratas ar an údarú sin. Féadfar iarratas a dhéanamh ar an údarú sin freisin mar bheart réamhchúraim.

6. I gcás ina bhfaighidh cúirt i mBallstát iarratas ar údarú maidir le hiarraidh ar thaifid ar thrácht teileafóin nó ar thrácht sonraí dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (e), déanfaidh an chúirt a fhíorú i dtaobh:

(a) an bhfuil cinneadh ÚBE dá dtagraítear i mír 3 barántúil;

(b) an bhfuil aon bhearta atá le déanamh comhréireach agus nach bhfuil siad aondeonach ná iomarcach.

7. Chun críocha mhír 6, pointe (b), féadfaidh an chúirt a iarraidh ar ÚBE míniúcháin mhionsonraithe a thabhairt, go háirithe maidir leis na forais atá ag ÚBE chun drochamhras a bheith air go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo, maidir le tromchúis an tsáraithe a bhfuil drochamhras ann ina leith agus maidir le cineál na rannpháirtíochta ar thaobh an duine atá faoi réir na mbeart comhéigneach. Ní dhéanfaidh an chúirt sin athbhreithniú, áfach, ar an ngá atá leis an imscrúdú ná ní éileoidh sí go ndéanfar an fhaisnéis atá ar chomhad ÚBE a sholáthar di. Ní bheidh dlíthiúlacht chinneadh ÚBE faoi réir a athbhreithnithe ach amháin ag an gCúirt Bhreithiúnais agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 124

Cigireachtaí ar an láthair

1. Chun a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh faoi Airteagal 117 den Rialachán seo, féadfaidh ÚBE na cigireachtaí ar an láthair ar fad atá ag teastáil a dhéanamh ag áitreabh gnó ar bith de chuid na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus na n-eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha.

Cuirfear an coláiste amhail dá dtagraítear in Airteagal 119 ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chinntí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le cur i gcrích a chúraimí.

2. Féadfaidh na hoifigigh agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag ÚBE cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh dul isteach in aon áitreabh gnó de chuid na ndaoine atá faoi réir cinneadh maidir le himscrúdú a ghlacfaidh ÚBE agus beidh acu na cumhachtaí go léir dá bhforáiltear in Airteagal 123(1). Beidh sé de chumhacht acu freisin aon áitreabh gnó nó aon leabhair nó aon taifid a shéalú ar feadh thréimhse na cigireachta agus a mhéid is gá don chigireacht.

3. In am trátha roimh an gcigireacht, tabharfaidh ÚBE fógra faoin gcigireacht d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh. Féadfaidh ÚBE, tar éis an t-údarás inniúil sin a chur ar an eolas, an chigireacht ar an láthair a dhéanamh gan fógra a thabhairt roimh ré d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh más gá sin ar mhaithe leis na cigireachtaí a dhéanamh go cuí agus go héifeachtúil.

4. Feidhmeoidh na hoifigigh, agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag ÚBE cigireacht ar an láthair a dhéanamh, a gcumhachtaí tar éis dóibh údarú i scríbhinn a thaispeáint ina bhfuil ábhar agus cuspóir na cigireachta agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132 sonraithe, mura ngéillfidh na daoine lena mbaineann don chigireacht.

5. Rachaidh eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh faoi chigireachtaí ar an láthair arna n-ordú le cinneadh ó ÚBE. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir na cigireachta, an dáta a bheidh sí le tosú, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 132, na leigheasanna dlí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

6. Arna iarraidh sin do ÚBE, déanfaidh oifigigh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an chigireacht le déanamh, chomh maith leis na daoine sin a bheidh údaraithe nó ceaptha ag údarás inniúil an Bhallstáit sin, cúnamh gníomhach a thabhairt do na hoifigigh agus do na daoine eile a bheidh údaraithe ag ÚBE. Féadfaidh oifigigh de chuid údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann freastal ar na cigireachtaí ar an láthair freisin.

7. Chomh maith leis sin, féadfaidh ÚBE a cheangal ar údaráis inniúla cúraimí sonracha imscrúdúcháin agus cigireachtaí ar an láthair dá bhforáiltear san Airteagal seo agus in Airteagal 123(1) a dhéanamh thar a cheann.

8. I gcás ina n-aimsíonn na hoifigigh agus daoine eile a bheidh á dtionlacan, a bheidh údaraithe ag ÚBE, go bhfuil duine ag cur i gcoinne cigireacht a ordaíodh de bhun an Airteagail seo, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann gach cúnamh is gá dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sé cúnamh na bpóilíní nó cúnamh údaráis choibhéisigh forfheidhmiúcháin, ionas go mbeidh sé ar a gcumas a gcigireacht ar an láthair a dhéanamh.

9. Más rud é, maidir leis an gcigireacht ar an láthair dá bhforáiltear i mír 1 nó maidir leis an gcúnamh dá bhforáiltear i mír 7, go gceanglaítear údarú a fháil ó chúirt de bhun an dlí náisiúnta, déanfaidh ÚBE iarratas ar an údarú sin. Féadfar iarratas a dhéanamh ar an údarú sin freisin mar bheart réamhchúraim.

10. I gcás ina bhfaighidh cúirt iarratas ar údarú le haghaidh cigireacht ar an láthair dá bhforáiltear i mír 1 nó le haghaidh an chúnaimh dá bhforáiltear i mír 7, déanfaidh an chúirt sin an méid a fhíorú i dtaobh:

(a) an bhfuil an cinneadh arna ghlacadh ag ÚBE dá dtagraítear i mír 4 barántúil;

(b) an bhfuil aon bhearta atá le déanamh comhréireach agus nach bhfuil siad aondeonach ná iomarcach.

11. Chun críocha mhír 10, pointe (b), féadfaidh an chúirt a iarraidh ar ÚBE míniúcháin mhionsonraithe a thabhairt, go háirithe maidir leis na forais atá ag ÚBE chun drochamhras a bheith air go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo, maidir le tromchúis an tsáraithe a bhfuil drochamhras ann ina leith agus maidir le cineál na rannpháirtíochta ar thaobh an duine atá faoi réir na mbeart comhéigneach. Ní dhéanfaidh an chúirt sin athbhreithniú, áfach, ar an ngá atá leis an imscrúdú ná ní éileoidh sí go ndéanfar an fhaisnéis atá ar chomhad ÚBE a sholáthar di. Ní bheidh dlíthiúlacht chinneadh ÚBE faoi réir a athbhreithnithe ach amháin ag an gCúirt Bhreithiúnais agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 125

Malartú faisnéise

1. Chun dualgais mhaoirseachta ÚBE faoi Airteagal 117 a thabhairt i gcrích agus gan dochar d'Airteagal 96, déanfaidh ÚBE agus na húdaráis inniúla an fhaisnéis is gá chun a gcuid dualgas a thabhairt i gcrích faoin Rialachán seo a sholáthar dá chéile gan moill mhíchuí. Chun na críche sin, malartóidh na húdaráis inniúla agus ÚBE aon fhaisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha suntasach nó duine a rialaíonn, go díreach nó go hindíreach, eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, nó atá á rialú ag eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh;

(b) tríú páirtí amhail dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h), a bhfuil socrú conarthach ag eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh leis;

(c) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta a áirithíonn cumhdach na gcúlsócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 37;

(d) eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh nó duine a rialaíonn eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh, nó duine atá faoi rialú díreach nó indíreach eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh;

(e) soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i ndáil le comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(f) duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil mar chúram air comharthaí ríomh-airgid suntasacha a dháileadh thar ceann eisitheoir na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(g) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant i ndáil le comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó le comharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(h) ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ar a ligeadh comhartha sócmhainn-tagartha suntasach nó comhartha ríomh-airgid suntasach isteach chun a thrádála;

(i) comhlacht bainistíochta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (h).

2. Ní fhéadfaidh údarás inniúil diúltú gníomhú de bhun iarraidh ar fhaisnéis a mhalartú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo ná de bhun iarraidh ar chomhar maidir le himscrúdú nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagail 123 agus 124, faoi seach, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) gur dócha go mbeidh éifeacht dhiúltach ar a imscrúdú féin, ar a ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin nó, i gcás inarb ábhartha, ar a imscrúdú coiriúil má chomhlíonann sé an iarraidh;

(b) go ndearnadh imeachtaí a thionscnamh cheana féin i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna agus i gcoinne na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha céanna os comhair chúirteanna an Bhallstáit ar díríodh an iarraidh sin chucu;

(c) gur tugadh breithiúnas críochnaitheach maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha sin de dheasca na ngníomhaíochtaí céanna sin sa Bhallstát ar díríodh an iarraidh sin chuige.

Airteagal 126

Comhaontuithe riaracháin maidir le faisnéis a mhalartú idir ÚBE agus tríú tíortha

1. Chun a fhreagrachtaí maoirseachta a thabhairt i gcrích faoi Airteagal 117, ní fhéadfaidh ÚBE comhaontuithe riaracháin a thabhairt i gcrích maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis inniúla de chuid tríú tíortha ach amháin má tá an fhaisnéis arna nochtadh faoi réir ráthaíochtaí rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a leagtar amach in Airteagal 129.

2. Beidh an malartú faisnéise ann ar mhaithe le comhlíonadh chúraimí ÚBE nó chúraimí na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír, cuirfidh ÚBE Rialachán (AE) 2018/1725 i bhfeidhm.

Airteagal 127

Faisnéis ó thríú tíortha a nochtadh

1. Ní fhéadfaidh ÚBE an fhaisnéis a fhaightear ó údaráis mhaoirseachta tríú tíortha a nochtadh ach amháin más rud é go bhfuil comhaontú sainráite faighte ag ÚBE nó ag an údarás inniúil a thug an fhaisnéis do ÚBE ón údarás maoirseachta de chuid tríú tír a tharchuir an fhaisnéis agus, i gcás inarb infheidhme, gur chun na gcríoch dár thug an t-údarás maoirseachta sin a chomhaontú amháin a nochtfar an fhaisnéis nó i gcás ina bhfuil nochtadh den sórt sin riachtanach i gcomhair imeachtaí breithiúnacha.

2. An ceanglas maidir le comhaontú sainráite dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le húdaráis eile mhaoirseachta de chuid an Aontais i gcás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis a iarrann siad chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus ní bheidh feidhm aige maidir leis na cúirteanna ina bhfuil an fhaisnéis a iarrann siad ag teastáil le haghaidh imscrúduithe nó imeachtaí i dtaca le sáruithe atá faoi réir pionóis choiriúla.

Airteagal 128

Comhar le húdaráis eile

I gcás ina ngabhfaidh eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh do ghníomhaíochtaí seachas na cinn a chumhdaítear faoin Rialachán seo, oibreoidh ÚBE i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as maoirseacht na ngníomhaíochtaí eile den sórt sin dá bhforáiltear i ndlí ábhartha an Aontais nó sa dlí ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear údaráis chánach agus údaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha nach comhaltaí den choláiste iad amhail dá dtagraítear in Airteagal 119(2), pointe (m).

Airteagal 129

Rúndacht ghairmiúil

Beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir le ÚBE agus maidir leis na daoine go léir a oibríonn nó a d'oibrigh do ÚBE agus d'aon duine eile a ndearna ÚBE cúraimí a tharmligean chucu, lena n-áirítear iniúchóirí agus saineolaithe atá ar conradh ag ÚBE.

Airteagal 130

Bearta maoirseachta ag ÚBE

1. Más rud é go bhfaighidh ÚBE go ndearna eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh sárú mar a liostaítear in Iarscríbhinn V, féadfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh scor den iompar ar sárú é;

(b) cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de bhun Airteagail 131 agus 132;

(c) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh faisnéis bhreise a tharchur, i gcás inar gá chun sealbhóirí an comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, go háirithe sealbhóirí miondíola, a chosaint;

(d) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais aige go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(e) cinneadh a ghlacadh lena dtoirmisctear an comhartha sócmhainn-tagartha suntasach a thairiscint don phobal i gcás ina bhfaighidh sé gur sáraíodh an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige go ndéanfar sárú air;

(f) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a lig comhartha sócmhainn-tagartha suntasach chun a thrádála trádáil cripteashócmhainne den sórt sin a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(g) cinneadh a ghlacadh lena dtoirmisctear an comhartha sócmhainn-tagartha suntasach a thrádáil ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní i gcás ina bhfaighidh sé go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(h) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh a chumarsáid mhargaíochta a leasú, i gcás ina bhfaighidh sé nach gcomhlíonann an chumarsáid mhargaíochta Airteagal 29;

(i) cinneadh a ghlacadh chun cumarsáid mhargaíochta a chur ar fionraí nó a thoirmeasc i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(j) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh an fhaisnéis ábhartha uile a nochtadh, ar faisnéis í ar féidir éifeacht a bheith aici ar an measúnú a dhéantar ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a thrádála chun cosaint tomhaltóirí nó oibriú rianúil an mhargaidh a áirithiú;

(k) rabhaidh a eisiúint go mainníonn eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo;

(l) údarú eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh a tharraingt siar;

(m) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear duine nádúrtha a bhaint de chomhlacht bainistíochta eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh;

(n) a cheangal ar eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh atá faoina mhaoirseacht íosmhéid ainmníochta a thabhairt isteach i leith na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha sin nó teorainn a chur le méid an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh arna eisiúint, i gcomhréir le hAirteagail 23(4) agus 24(3).

2. Más rud é go bhfaighidh ÚBE go ndearna eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh sárú mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI, féadfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh scor den iompar ar sárú é;

(b) cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de bhun Airteagail 131 agus 132;

(c) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh faisnéis bhreise a tharchur, i gcás inar gá chun sealbhóirí an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, go háirithe sealbhóirí miondíola, a chosaint;

(d) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(e) cinneadh a ghlacadh lena dtoirmisctear an comhartha ríomh-airgid suntasach a thairiscint don phobal i gcás ina bhfaighidh sé gur sáraíodh an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige go ndéanfar sárú air;

(f) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha a oibríonn ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a lig comharthaí ríomh-airgid suntasacha isteach chun a dtrádála trádáil na gcripteashócmhainní sin a chur ar fionraí go ceann tréimhse nach faide ná 30 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(g) cinneadh a ghlacadh lena dtoirmisctear trádáil comharthaí ríomh-airgid suntasacha, ar ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní i gcás ina bhfaighidh sé go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo;

(h) cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear ar eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh an fhaisnéis ábhartha uile a nochtadh, ar faisnéis í ar féidir éifeacht a bheith aici ar an measúnú a dhéantar ar an gcomhartha ríomh-airgid suntasach a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a thrádála chun cosaint tomhaltóirí nó oibriú rianúil an mhargaidh a áirithiú;

(i) rabhaidh a eisiúint go mainníonn eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo;

(j) a cheangal ar eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá faoina mhaoirseacht íosmhéid ainmníochta a thabhairt isteach i leith an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh sin nó teorainn a chur le méid an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh arna eisiúint, mar thoradh ar Airteagal 58(3) a chur i bhfeidhm.

3. Agus na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 nó 2 á ndéanamh aige, déanfaidh ÚBE cineál agus tromchúis an tsáraithe a chur san áireamh, ag féachaint do na nithe seo a leanas:

(a) fad agus minicíocht an tsáraithe;

(b) a chinneadh an ndearnadh coir airgeadais, ar éascaíodh coir airgeadais nó an bhfuil, ar bhealach eile, coir airgeadais inchurtha ina leith;

(c) ar nocht an sárú laigí tromchúiseacha nó sistéamacha i nósanna imeachta, beartais agus bearta bainistithe riosca eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(d) cibé acu d'aon ghnó nó le faillí a rinneadh an sárú;

(e) méid freagrachta eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú;

(f) láidreacht airgeadais eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, atá freagrach as an sárú, arna léiriú le láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh atá freagrach nó le hioncam bliantúil agus glansócmhainní an duine nádúrtha atá freagrach;

(g) tionchar an tsáraithe ar leasanna shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(h) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh nó na gcaillteanas a sheachain eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú nó na gcaillteanas do thríú páirtithe mar thoradh ar an sárú, a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(i) leibhéal comhair eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, atá freagrach as an sárú le ÚBE, gan dochar don ghá le haisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain sé a áirithiú;

(j) sáruithe roimhe sin ag eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó ag eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú;

(k) bearta a rinne eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh tar éis an tsáraithe ionas nach dtarlóidh sárú den sórt sin arís.

4. Sula ndéanfar aon bhearta amhail dá dtagraítear i mír 1, pointí (d) go (g), agus pointe (j), cuirfidh ÚBE ESMA ar an eolas agus, i gcás ina bhfuil na comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha ag tagairt don euro nó d'airgeadra oifigiúil Ballstáit nach é an euro é, do BCE nó do bhanc ceannais an Bhallstáit lena mbaineann a eisíonn an t-airgeadra oifigiúil sin, faoi seach.

5. Sula ndéanfar aon bhearta amhail dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh ÚBE údarás inniúil eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh agus banc ceannais an Bhallstáit a dtagraíonn an comhartha ríomh-airgid suntasach dá airgeadra oifigiúil a chur ar an eolas.

6. Tabharfaidh ÚBE fógra faoi aon bheart a dhéantar de bhun mhír 1 nó 2 d'eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó d'eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú gan moill mhíchuí agus cuirfidh sé an beart sin in iúl do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus don Choimisiún. Déanfaidh ÚBE aon chinneadh den sórt sin a nochtadh go poiblí ar a shuíomh gréasáin laistigh de 10 lá oibre ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin, mura rud é go gcuirfeadh an nochtadh sin an chobhsaíocht airgeadais i mbaol go mór nó go ndéanfadh sé damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh sonraí pearsanta sa nochtadh sin.

7. Áireofar na ráitis seo a leanas leis an nochtadh don phobal dá dtagraítear i mír 6:

(a) ráiteas lena ndearbhófar ceart an duine atá freagrach as an sárú chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair na Cúirte Breithiúnais;

(b) I gcás inarb ábhartha, ráiteas lena ndearbhófar gur taisceadh achomharc agus lena sonraítear nach bhfuil éifeacht fionraíochta ag an achomharc sin;

(c) ráiteas lena ndearbhófar go bhfuil Bord Achomhairc ÚBE in ann cur i bhfeidhm an chinnidh a bhfuil conspóid ann ina leith a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 131

Fíneálacha

1. Glacfaidh ÚBE cinneadh lena bhforchuirfear fíneáil i gcomhréir le mír 3 nó mír 4 den Airteagal seo, más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 134(8), go gcinneann sé:

(a) go ndearna eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó comhalta dá chomhlacht bainistíochta, d'aon ghnó nó le faillí, sárú mar a liostaítear in Iarscríbhinn V;

(b) go ndearna eisitheoir comhartha ríomh-airgid shuntasaigh nó comhalta dá chomhlacht bainistíochta, d'aon ghnó nó le faillí, sárú mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI.

Measfar go ndearnadh sárú d'aon ghnó má thagann ÚBE ar fhachtóirí oibiachtúla lena léirítear gur ghníomhaigh an t-eisitheoir sin nó comhalta dá chomhlacht bainistíochta d'aon turas chun an sárú a dhéanamh.

2. Nuair atá cinneadh dá dtagraítear i mír 1 á ghlacadh aige, cuirfidh ÚBE cineál agus tromchúis an tsáraithe san áireamh, ag féachaint don mhéid seo a leanas:

(a) fad agus minicíocht an tsáraithe;

(b) a chinneadh an ndearnadh coir airgeadais, ar éascaíodh coir airgeadais nó an bhfuil coir airgeadais inchurtha ina leith ar bhealach eile;

(c) a chinneadh cibé acu ar nocht an sárú laigí tromchúiseacha nó sistéamacha i nósanna imeachta, beartais agus bearta bainistithe riosca eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh;

(d) a chinneadh cibé acu d'aon ghnó nó le faillí a rinneadh an sárú;

(e) méid freagrachta eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú;

(f) láidreacht airgeadais eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, atá freagrach as an sárú, arna léiriú le láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh atá freagrach nó le hioncam bliantúil agus glansócmhainní an duine nádúrtha atá freagrach;

(g) tionchar an tsáraithe ar leasanna sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(h) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh, nó na gcaillteanas a sheachain eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú nó na caillteanas do thríú páirtithe arb é an sárú ba chúis leo, a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(i) leibhéal comhair eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, atá freagrach as an sárú le ÚBE, gan dochar don ghá le haisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain sé a áirithiú;

(j) sáruithe roimhe sin ag eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó ag eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá freagrach as an sárú;

(k) bearta a ghlac eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh tar éis an tsáraithe ionas nach dtarlóidh sárú den sórt sin arís.

3. Maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, beidh uasmhéid na fíneála dá dtagraítear i mír 1 suas le 12,5 % dá láimhdeachas bliantúil sa bhliain gnó roimhe sin, nó dhá oiread de mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú nuair is féidir sin a chinneadh.

4. Maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha, beidh uasmhéid na fíneála dá dtagraítear i mír 1 suas le 10 % dá láimhdeachas bliantúil sa bhliain ghnó roimhe sin, nó dhá oiread de mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú nuair is féidir sin a chinneadh.

Airteagal 132

Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. Glacfaidh ÚBE cinneadh lena bhforchuirfear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla chun iallach a chur:

(a) ar dhuine scor den iompar ar sárú é i gcomhréir le cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 130;

(b) ar dhuine dá dtagraítear in Airteagal 122(1):

(i) chun faisnéis iomlán a sholáthar, ar faisnéis í a iarrfar le cinneadh de bhun Airteagal 122;

(ii) chun dul faoi imscrúdú agus go háirithe taifid, sonraí, nósanna imeachta nó aon ábhar eile is gá a thabhairt, agus aon fhaisnéis eile a thugtar in imscrúdú arna sheoladh ag cinneadh de bhun Airteagal 123 a iomlánú agus a cheartú;

(iii) chun dul faoi chigireacht ar an láthair arna ordú le cinneadh a ghlactar de bhun Airteagal 124.

2. Beidh íocaíocht phionósach thréimhsiúil éifeachtach agus comhréireach. Forchuirfear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil de réir gach lae moille.

3. D'ainneoin mhír 2, is é a bheidh i méid na dtráthíocaíochtaí pionósacha 3 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin nó, i gcás daoine nádúrtha, 2 % den mheánioncam laethúil sa bhliain féilire roimhe sin. Déanfar é a ríomh ón dáta a leagtar amach sa chinneadh ó ÚBE lena bhforchuirtear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.

4. Forchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil ar feadh uastréimhse sé mhí tar éis an fhógra faoin gcinneadh ó ÚBE. Tar éis dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh ÚBE an beart a athbhreithniú.

Airteagal 133

Nochtadh, nádúr, forghníomhú agus leithdháileadh fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. Déanfaidh ÚBE gach fíneáil agus gach íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchuirtear de bhun Airteagail 131 agus 132 a nochtadh don phobal, mura rud é go ndéanfadh an nochtadh sin don phobal dochar mór do chobhsaíocht airgeadais nó go mbeadh sé ina chúis le damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann. Ní bheidh sonraí pearsanta sa nochtadh sin.

2. Is de chineál riaracháin iad na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear de bhun Airteagail 131 agus 132.

3. Beidh na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear de bhun Airteagail 131 agus 132 infhorfheidhmithe i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ar ina chríoch a fhorfheidhmítear an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.

4. Déanfar méideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a leithdháileadh chuig buiséad ginearálta an Aontais.

5. Más rud é, d'ainneoin Airteagail 131 agus 132, go gcinnfidh ÚBE gan aon fhíneálacha ná íocaíochtaí pionósacha a fhorchur, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann ar an eolas agus leagfaidh sé amach na cúiseanna lena chinneadh.

Airteagal 134

Rialacha nós imeachta maidir le bearta maoirseachta a dhéanamh agus maidir le fíneálacha a fhorchur

1. Más rud é, agus a fhreagrachtaí maoirseachta faoi Airteagal 117 á gcur i gcrích aige, go bhfuil forais shoiléire agus inléirithe ann le bheith in amhras go ndearnadh sárú, nó go mbeidh sárú ann, mar a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI, ceapfaidh ÚBE oifigeach neamhspleách imscrúdúcháin laistigh de ÚBE chun an t-ábhar a imscrúdú. Ní bheidh an t-oifigeach imscrúdúcháin rannpháirteach ná ní raibh sé rannpháirteach go díreach ná go hindíreach i maoirseacht eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó eisitheoirí na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha lena mbaineann agus comhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna go neamhspleách ar ÚBE.

2. Déanfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin na sáruithe líomhnaithe a imscrúdú, agus aon bharúlacha a chuirfidh na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe á gcur i gcuntas agus cuirfidh sé comhad iomlán, ina mbeidh cinntí an oifigigh imscrúdúcháin, faoi bhráid ÚBE.

3. Chun a chuid cúraimí a thabhairt i gcrích, féadfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an chumhacht a fheidhmiú chun faisnéis a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 122 agus an chumhacht chun imscrúduithe a sheoladh agus chun cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 123 agus 124. Nuair a bheidh na cumhachtaí sin á n-úsáid aige, comhlíonfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin Airteagal 121.

4. Agus a chúraimí á ndéanamh aige, beidh rochtain ag an oifigeach imscrúdúcháin ar gach doiciméad agus faisnéis atá bailithe ag ÚBE ina ghníomhaíochtaí maoirseachta.

5. Tar éis don oifigeach imscrúdúcháin a imscrúdú a chríochnú agus sula ndéanfaidh sé an comhad ina bhfuil a chuid cinntí a chur faoi bhráid ÚBE, tabharfaidh sé deis do na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe éisteacht a fháil maidir leis na hábhair atá á n-imscrúdú. Is ar na fíorais sin a raibh deis ag na páirtithe lena mbaineann a dtuairimí a thabhairt ina leith agus ar na fíorais sin amháin a bhunóidh an t-oifigeach imscrúdúcháin a chuid cinntí.

6. Déanfar cearta cosanta na ndaoine lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn imscrúduithe faoin Airteagal seo.

7. Agus an comhad mar aon lena chinntí á chur faoi bhráid ÚBE, tabharfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin fógra ina leith do na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe sin. Beidh na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe i dteideal rochtain a bheith acu ar an gcomhad, faoi réir leas dlisteanach daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní shínfidh an ceart rochtana ar an gcomhad chuig faisnéis rúnda a dhéanann difear do thríú páirtithe nó do dhoiciméid ullmhúcháin inmheánacha ÚBE.

8. Bunaithe ar an gcomhad ina mbeidh torthaí an oifigigh imscrúdúcháin agus, arna iarraidh sin do na daoine lena mbaineann, tar éis na daoine atá faoi réir na n-imscrúduithe a éisteacht i gcomhréir le hAirteagal 135, cinnfidh ÚBE an bhfuil sárú a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI déanta ag eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh faoi réir an imscrúdaithe agus, sa chás sin, déanfaidh sé beart maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 130 nó déanfaidh sé fíneáil a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 131.

9. Ní bheidh an t-oifigeach imscrúdúcháin rannpháirteach i bplé ÚBE ná ní chuirfidh sé isteach ar aon slí eile ar phróiseas cinnteoireachta ÚBE.

10. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 139 faoin 30 Meitheamh 2024 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonrú breise a dhéanamh ar na rialacha nós imeachta maidir le feidhmiú na cumhachta chun fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta cosanta, forálacha ama, fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú, agus na tréimhsí teorann i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur agus a fhorfheidhmiú.

11. Déanfaidh ÚBE ábhair a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta ábhartha lena n-imscrúdú agus, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh ionchúiseamh coiriúil más rud é, le linn a chuid dualgas faoin Rialachán seo a thabhairt i gcrích, go bhfaigheann sé go bhfuil tásca tromchúiseacha ann go bhféadfadh sé gurbh ann d'fhíorais ar dóigh ina leith gurb ionann iad agus cionta coiriúla. Ina theannta sin, staonfaidh ÚBE ó fhíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gcás ina mbeidh sé ar an eolas faoi éigiontú nó faoi chiontú roimhe sin, a d'éirigh as fíoras comhionann nó as fíorais chomhionanna atá comhionann lena chéile go substaintiúil, a bhfuil feidhm *res judicata* bainte amach aige cheana mar thoradh ar imeachtaí coiriúla faoin dlí náisiúnta.

Airteagal 135

Na daoine lena mbaineann a éisteacht

1. Sula ndéanfaidh sé aon chinneadh de bhun Airteagail 130, 131 nó 132, tabharfaidh ÚBE an deis do na daoine atá faoi réir imscrúdú éisteacht a fháil faoina chinntí. Is ar na cinntí sin a raibh deis ag na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe sin a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin, a bhunóidh ÚBE a chinntí.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 má tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun damáiste suntasach agus gar-dhamáiste don chobhsaíocht airgeadais nó do shealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola, a chosc. Sa chás sin, féadfaidh ÚBE cinneadh eatramhach a ghlacadh agus tabharfaidh sé an deis do na daoine lena mbaineann éisteacht a fháil a luaithe is féidir tar éis an chinnidh.

3. Déanfar cearta cosanta na ndaoine atá faoi réir imscrúdú a urramú go hiomlán. Beidh siad i dteideal rochtain a bheith acu ar chomhad ÚBE, faoi réir leas dlisteanach daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní chuimseoidh ceart rochtana ar chomhad ÚBE faisnéis rúnda eile ná doiciméid réamhullmhúcháin inmheánacha ÚBE.

Airteagal 136

Athbhreithniú ón gCúirt Bhreithiúnais

Beidh dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí lenar fhorchuir ÚBE fíneáil, íocaíocht phionósach thréimhsiúil nó aon phionós riaracháin nó beart eile riaracháin i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a forchuireadh a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú.

Airteagal 137

Táillí maoirseachta

1. Déanfaidh ÚBE táillí a ghearradh ar eisitheoirí comharthaí sócmhainní suntasacha agus ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha. Cumhdófar leis na táillí sin caiteachas ÚBE maidir le maoirseacht eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha i gcomhréir le hAirteagal 117, chomh maith le haisíoc aon chostas a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a thabhú agus iad i mbun oibre faoin Rialachán seo, go háirithe mar thoradh ar aon tarmligean cúraimí i gcomhréir le hAirteagal 138.

2. Beidh méid na táille a ghearrtar ar eisitheoir aonair comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh i gcomhréir le méid a chúlsócmhainní agus cumhdófar leis na costais ar fad arna dtabhú ag ÚBE agus a chúraimí maoirseachta á gcomhlíonadh aige faoin Rialachán seo.

Beidh méid na táille a ghearrtar ar eisitheoir aonair comhartha ríomh-airgid shuntasaigh i gcomhréir le méid eisiúna na gcomharthaí ríomh-airgid mar mhalairt ar chistí agus cumhdófar leis na costais ar fad a eascraíonn ó chur i gcrích chúraimí maoirseachta ÚBE faoin Rialachán seo, lena n-áirítear aisíoc aon chostas a thabhaítear mar thoradh ar na cúraimí sin a chur i gcrích.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 139 faoin.30 Meitheamh 2024 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonrú breise a dhéanamh ar an gcineál táillí, na nithe a mbeidh na táillí dlite ina leith, méid na dtáillí agus an tslí a n-íocfar iad agus an mhodheolaíocht chun an t-uasmhéid in aghaidh an eintitis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo is féidir le ÚBE a ghearradh a ríomh.

Airteagal 138

Cúraimí ÚBE a tharmligean chuig údaráis inniúla

1. I gcás inar gá sin chun cúram maoirseachta a chomhlíonadh go cuí i leith eisitheoirí comharthaí sócmhainntagartha suntasacha nó eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha, féadfaidh ÚBE cúraimí sonracha maoirseachta a tharmligean chuig údarás inniúil. Féadfaidh an chumhacht chun faisnéis a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 122 agus chun imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 123 nó le hAirteagal 124 a bheith san áireamh sna cúraimí sonracha maoirseachta sin.

2. Sula ndéanfaidh sé cúram dá dtagraítear i mír 1 a tharmligean, rachaidh ÚBE i gcomhairle leis an údarás inniúil ábhartha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) raon feidhme an chúraim a bheidh le tarmligean;

(b) an tráthchlár chun an cúram a chomhlíonadh; agus

(c) tarchur na faisnéise riachtanaí ag ÚBE agus chuige.

3. I gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe maidir le táillí arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 137(3) agus Airteagal 139, déanfaidh ÚBE údarás inniúil a chúiteamh i leith na gcostas arna dtabhú mar thoradh ar chúraimí tarmligthe a thabhairt i gcrích.

4. Déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar tharmligean na gcúraimí ag eatraimh iomchuí. Féadfar an tarmligean sin a chúlghairm aon tráth.

TEIDEAL VIII

GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

Airteagal 139

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 43(11), 103(8), 104(8), 105(7), 134(10) agus 137(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 36 mhí ón 29 Meitheamh 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 36 mí, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 43 (11), 103(8), 104(8), 105(7), 134(10) agus 137(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(2), 43(11), 103(8), 104(8), 105(7), 134(10) agus 137(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

TEIDEAL IX

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 140

Tuarascálacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo

1. Faoin 30 Meitheamh 2027, tar éis dul i gcomhairle le ÚBE agus ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach. Tíolacfar tuarascáil eatramhach faoi 30 Meitheamh 2025, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach.

2. Beidh an méid seo a leanas sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) an líon eisiúintí cripteashócmhainní san Aontas, an líon páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil nó ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis inniúla, cineál na gcripteashócmhainní a eisíodh agus a gcaipitliú margaidh, agus líon na gcripteashócmhainní a ligeadh isteach chun a dtrádála;

(b) tuairisc ar an taithí ar aicmiú cripteashócmhainní lena n-áirítear éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith sna cuir chuige a bheidh ag na húdaráis inniúla;

(c) measúnú ar an ngá atá le sásra formheasa a thabhairt isteach le haghaidh páipéir bhána cripteashócmhainne maidir le haghaidh cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid;

(d) meastachán ar líon áitritheoirí an Aontais a úsáideann nó a infheistíonn i gcripteashócmhainní arna n-eisiúint san Aontas;

(e) i gcás inar féidir, meastachán ar líon áitritheoirí an Aontais a úsáideann nó a infheistíonn i gcripteashócmhainní arna n-eisiúint lasmuigh den Aontas agus míniú ar infhaighteacht na sonraí ina leith sin;

(f) líon agus luach na calaoise, na gcamscéimeanna, na haiceála, úsáid na gcripteashócmhainní le haghaidh íocaíochtaí a bhaineann le hionsaithe bogearraí éirice, le cibirionsaithe, gadaíocht nó caillteanais cripteashócmhainní a thuairiscítear san Aontas, na cineálacha iompraíochta calaoisí, an líon gearán arna bhfáil ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, an líon gearán arna bhfáil ag na húdaráis inniúla agus ábhair na ngearán arna bhfáil;

(g) líon na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, agus anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlchistí sócmhainní agus méid na n-íocaíochtaí a dhéantar i gcomharthaí sócmhainn-tagartha;

(h) líon na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, agus anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlchistí sócmhainní agus méid na n-íocaíochtaí a dhéantar i gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha;

(i) líon na n-eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid agus anailís ar na hairgeadraí oifigiúla atá faoi thagairt ag na comharthaí ríomh-airgid, comhdhéanamh agus méid na gcistí arna dtaisceadh nó arna n-infheistiú i gcomhréir le hAirteagal 54 agus méid na n-íocaíochtaí a dhéantar i gcomharthaí ríomh-airgid;

(j) líon na n-eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha agus anailís ar na hairgeadraí oifigiúla atá faoi thagairt ag na comharthaí ríomh-airgid suntasacha agus, i gcás institiúidí ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid suntasacha, anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlsócmhainní, agus méid na n-íocaíochtaí a dhéantar i gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(k) líon na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha;

(l) measúnú ar fheidhmiú mhargaí na gcripteashócmhainní san Aontas, lena n-áirítear forbairt agus treochtaí an mhargaidh, taithí na n-údarás maoirseachta, an líon soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní údaraithe agus a sciar faoi seach den mhargadh á cur san áireamh;

(m) measúnú ar leibhéal na cosanta do shealbhóirí cripteashócmhainní agus do chliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola;

(n) measúnú ar chumarsáid chalaoiseach mhargaíochta agus camscéimeanna a bhaineann le cripteashócmhainní a tharlaíonn trí líonraí meán sóisialta;

(o) measúnú ar na ceanglais is infheidhme maidir le heisitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus an tionchar atá acu ar athléimneacht oibríochta, ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, agus ar chosaint cliant agus sealbhóirí cripteashócmhainní;

(p) measúnú ar chur i bhfeidhm Airteagal 81 agus ar an bhféidearthacht tástálacha oiriúnachta a thabhairt isteach in Airteagail 78, 79 agus 80 chun cosaint níos fearr a thabhairt do chliaint soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola;

(q) measúnú i dtaobh an bhfuil raon feidhme na seirbhísí cripteashócmhainní a chumhdaítear leis an Rialachán seo iomchuí agus an bhfuil gá le haon choigeartú ar na sainmhínithe a leagtar amach sa Rialachán seo, agus ar ghá aon fhoirmeacha cripteashócmhainní nuálacha breise a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo;

(r) measúnú lena chinneadh an bhfuil na ceanglais stuamachta maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní iomchuí agus ar cheart iad a ailíniú leis na ceanglais maidir le caipiteal tosaigh agus cistí dílse is infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta faoi Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]) agus faoi Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([47]);

(s) measúnú ar oiriúnacht na dtairseach chun comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí suntasacha mar a leagtar amach in Airteagal 43(1), pointí (a), (b) agus (c), agus measúnú ar cibé ar cheart meastóireacht a dhéanamh go tréimhsiúil ar na tairseacha;

(t) measúnú ar fhorbairt an airgeadais dhíláraithe i margaí i gcripteashócmhainní agus ar láimhseáil rialála iomchuí na gcóras cripteashócmhainní díláraithe;

(u) measúnú ar oiriúnacht na dtairseach chun a mheas go bhfuil soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasach de bhun Airteagal 85, agus measúnú i dtaobh ar cheart meastóireacht a dhéanamh ar na tairseacha go tréimhsiúil;

(v) measúnú i dtaobh ar cheart córas coibhéise a bhunú faoin Rialachán seo d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní, d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid ó thríú tíortha;

(w) measúnú lena chinneadh an bhfuil na díolúintí faoi Airteagail 4 agus 16 iomchuí;

(x) measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh i leith cripteashócmhainní, lena n-áirítear aon tionchar ar rochtain FBManna ar mhaoiniú agus ar fhorbairt modhanna nua íocaíochta, lena n-áirítear ionstraimí íocaíochta;

(y) tuairisc ar fhorbairtí i samhlacha gnó agus i dteicneolaíochtaí i margaí i gcripteashócmhainní agus béim ar leith á leagan ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua a bhaineann leis an gcomhshaol agus an aeráid, chomh maith le measúnú ar roghanna beartais agus, i gcás inar gá, aon bhearta breise a d'fhéadfadh údar a bheith leo chun drochthionchair na dteicneolaíochtaí a úsáidtear i margaí i gcripteashócmhainní ar an aeráid agus drochthionchair eile a bhaineann leis an gcomhshaol a mhaolú agus, go háirithe, ar na sásraí comhthola a úsáidtear chun idirbhearta cripteashócmhainní a bhailíochtú;

(z) breithmheas i dtaobh an bhfuil gá le haon athrú ar na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo chun cosaint cliant agus sealbhóirí cripteashócmhainní, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú;

(aa) feidhmiú na bpionós riaracháin agus bearta eile riaracháin;

(ab) meastóireacht ar an gcomhar idir na húdaráis inniúla, ÚBE, ESMA, bainc cheannais, chomh maith le húdaráis ábhartha eile, lena n-áirítear maidir leis an idirghníomhú idir a bhfreagrachtaí nó a gcúraimí, agus measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húdaráis inniúla na mBallstát agus ÚBE, faoi seach, a bheith freagrach as maoirseacht faoin Rialachán seo;

([46]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

([47]) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

(ac) meastóireacht ar an gcomhar idir na húdaráis inniúla agus ESMA maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha, agus measúnú ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húdaráis inniúla na mBallstát agus ESMA, faoi seach, a bheith freagrach as an maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha faoin Rialachán seo;

(ad) na costais d'eisitheoirí cripteashócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, chun an Rialachán seo a chomhlíonadh mar chéatadán den mhéid a cruinníodh trí eisiúintí cripteashócmhainní;

(ae) na costais d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid chun an Rialachán seo a chomhlíonadh mar chéatadán dá gcostais oibriúcháin;

(af) na costais do na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní chun an Rialachán seo a chomhlíonadh mar chéatadán dá gcostais oibriúcháin;

(ag) líon agus méid na bhfíneálacha riaracháin agus na bpionós coiriúil a ghearrtar i leith sáruithe ar an Rialachán seo ag údaráis inniúla agus ag ÚBE.

3. I gcás inarb infheidhme, déanfar obair leantach freisin sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar na topaicí a dtugtar aghaidh orthu sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagail 141 agus 142.

Airteagal 141

Tuarascáil bhliantúil ESMA ar fhorbairtí sa mhargadh

Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ar na forbairtí i margaí i gcripteashócmhainní. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí.

Beidh na nithe seo a leanas sa tuarascáil:

(a) líon na n-eisiúintí cripteashócmhainní san Aontas, líon na bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil nó ar tugadh fógra ina leith do na húdaráis inniúla, cineál na gcripteashócmhainní a eisíodh agus a gcaipitliú margaidh, líon na gcripteashócmhainní a ligeadh isteach chun a dtrádála;

(b) líon na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, agus anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlchistí sócmhainní agus méid na n-idirbheart i gcomharthaí sócmhainn-tagartha;

(c) líon na n-eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, agus anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlchistí sócmhainní agus méid na n-idirbheart i gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha;

(d) líon na n-eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a údaraítear, agus anailís ar na hairgeadraí oifigiúla atá faoi thagairt ag na comharthaí ríomh-airgid, comhdhéanamh agus méid na gcistí arna dtaisceadh nó arna n-infheistiú i gcomhréir le hAirteagal 54, agus méid na n-íocaíochtaí arna dhéanamh i gcomharthaí ríomh-airgid;

(e) líon na n-eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha, agus anailís ar na hairgeadraí oifigiúla dá dtagraítear sna comharthaí ríomh-airgid suntasacha, anailís ar chatagóirí na gcúlsócmhainní, méid na gcúlchistí sócmhainní, agus méid na n-íocaíochtaí a dhéantar i gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha;

(f) líon na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus líon na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní suntasacha;

(g) meastachán ar líon áitritheoirí an Aontais a úsáideann nó a infheistíonn i gcripteashócmhainní arna n-eisiúint san Aontas;

(h) i gcás inar féidir, meastachán ar líon áitritheoirí an Aontais a úsáideann nó a infheistíonn i gcripteashócmhainní arna n-eisiúint lasmuigh den Aontas agus míniú ar infhaighteacht na sonraí ina leith sin;

(i) mapáil ar an suíomh geografach agus leibhéal na nósanna imeachta 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' agus díchill chuí custaiméara maidir le malartuithe neamhúdaraithe lena soláthraítear seirbhísí i gcripteashócmhainní d'áitritheoirí an Aontais, lena n-áirítear líon na malartuithe gan sainchónaí soiléir agus líon na malartuithe atá lonnaithe i ndlínsí atá san áireamh sa liosta de thríú tíortha ardriosca chun críocha rialacha an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, nó ar liosta na ndlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, arna n-aicmiú de réir an leibhéil chomhlíonta le nósanna imeachta leordhóthanacha maidir le 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí';

(j) cion na n-idirbheart i gcripteashócmhainní a tharlaíonn trí sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní nó trí sholáthraí seirbhísí neamhúdaraithe nó idir piaraí, agus méid a n-idirbheart;

(k) líon agus luach na calaoise, na gcamscéimeanna, na haiceála, úsáid na gcripteashócmhainní le haghaidh íocaíochtaí a bhaineann le hionsaithe bogearraí éirice, le cibirionsaithe, agus gadaíocht nó cailliúint na gcripteashócmhainní a thuairiscítear san Aontas, na cineálacha iompraíochta calaoisí, an líon gearán arna bhfáil ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, an líon gearán arna bhfáil ag na húdaráis inniúla agus ábhair na ngearán arna bhfáil;

(l) líon na ngearán a fuair soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, eisitheoirí agus údaráis inniúla i ndáil le faisnéis bhréagach agus mhíthreorach atá sna páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní nó i gcumarsáid mhargaíochta, lena n-áirítear trí ardáin meán sóisialta;

(m) cuir chuige agus roghanna féideartha, bunaithe ar dhea-chleachtais agus ar thuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, chun an riosca go rachfaí timpeall ar an Rialachán seo a laghdú, lena n-áirítear i ndáil le seirbhísí cripteashócmhainní a bheith á soláthar gan údarú ag gníomhaithe tríú tír san Aontas.

Soláthróidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis is gá do ESMA chun an tuarascáil a ullmhú. Chun críocha na tuarascála, féadfaidh ESMA faisnéis a iarraidh ar ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí.

Airteagal 142

Tuarascáil ar na forbairtí is déanaí ar chripteashócmhainní

1. Faoin 30 Nollaig 2024 tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE agus ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir lenar tharla le déanaí i dtaca le cripteashócmhainní, go háirithe maidir le hábhair nach dtugtar aghaidh orthu sa Rialachán seo, agus beidh togra reachtach ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí.

2. Beidh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) measúnú ar fhorbairt an airgeadais dhíláraithe i margaí i gcripteashócmhainní agus ar láimhseáil rialála iomchuí na gcóras cripteashócmhainní díláraithe gan eisitheoir ná soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear measúnú ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé maoiniú díláraithe a rialáil;

(b) measúnú ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé iasachtú agus iasachtaíocht cripteashócmhainní a rialáil;

(c) measúnú ar láimhseáil na seirbhísí a bhaineann le haistriú comharthaí ríomh-airgid, i gcás nach dtugtar aghaidh orthu i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/2366;

(d) measúnú ar fhorbairt margaí i gcripteashócmhainní uathúla agus neamh-idirmhalartacha agus ar láimhseáil rialála iomchuí na gcripteashócmhainní sin, lena n-áirítear measúnú ar a riachtanaí agus a indéanta atá sé rialáil a dhéanamh ar thairgeoirí cripteashócmhainní uathúla agus neamh-idirmhalartacha, agus freisin ar sholáthraithe seirbhísí a bhaineann leis na cripteashócmhainní sin.

Airteagal 143

Bearta idirthréimhseacha

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 4 go 15 maidir le tairiscintí cripteashócmhainní don phobal ar tháinig deireadh leo roimh an 30 Nollaig 2024.

2. De mhaolú ar Theideal II, ní bheidh feidhm ach ag na ceanglais seo a leanas maidir le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a ligeadh isteach chun a dtrádála roimh an 30 Nollaig 2024:

(a) beidh feidhm ag Airteagail 7 agus 9 maidir le cumarsáid mhargaíochta a fhoilsítear tar éis an 30 Nollaig 2024;

(b) áiritheoidh oibreoirí ardán trádála, faoin 31 Nollaig 2027, go ndéantar páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas, go dtugtar fógra ina leith agus go ndéantar é a fhoilsiú, sna cásanna is gá faoin Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 6, 8 agus 9, agus go nuashonrófar é i gcomhréir le hAirteagal 12.

3. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthair a seirbhísí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme roimh an 30 Nollaig 2024, leanúint d'amhlaidh a dhéanamh go dtí an 1 Iúil 2026 nó go dtí go ndeonófar nó go ndiúltófar údarú dóibh de bhun Airteagal 63, cibé acu is luaithe.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an maolú le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a fheidhmiú nó ré an mhaolaithe a laghdú i gcás ina measann siad nach bhfuil a gcreat rialála náisiúnta is infheidhme roimh an 30 Nollaig 2024 chomh dian leis an Rialachán seo.

Faoin 30 Meitheamh 2024, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do ESMA cibé a d'fheidhmigh siad an rogha dá bhforáiltear sa dara fomhír agus maidir le ré an mhaolaithe.

4. Maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha seachas institiúidí creidmheasa a d'eisigh comharthaí sócmhainn-tagartha i gcomhréir leis an dlí is infheidhme roimh an 30 Meitheamh 2024, féadfaidh siad leanúint d'amhlaidh a dhéanamh go dtí go ndeonófar nó go ndiúltófar údarú dóibh de bhun Airteagal 21, ar choinníoll go ndéanfaidh siad iarratas ar údarú roimh an 30 Iúil 2024.

5. Maidir le hinstitiúidí creidmheasa a d'eisigh comharthaí sócmhainn-tagartha i gcomhréir leis an dlí is infheidhme roimh an 30 Meitheamh 2024, féadfaidh siad leanúint d'amhlaidh a dhéanamh go dtí go bhformheasfar an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó go dtí go mainneofar é a fhormheas de bhun Airteagal 17, ar choinníoll go dtabharfaidh siad fógra dá n-údarás inniúil de bhun mhír 1 den Airteagal sin roimh an 30 Iúil 2024.

6. De mhaolú ar Airteagail 62 agus 63, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm le haghaidh iarratais ar údarú a thíolacfaidh eintitis idir an 30 Nollaig 2024 agus an 1 Iúil 2026, arb eintitis iad a raibh údarú acu an 30 Nollaig 2024 faoin dlí náisiúnta seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcomhlíontar Caibidlí 2 agus 3 de Theideal V sula ndéanfar údarú de bhun na nósanna imeachta simplithe sin a dheonú.

7. Déanfaidh ÚBE a fhreagrachtaí maoirseachta de bhun Airteagal 117 a fheidhmiú ó dháta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 43(11).

Airteagal 144

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

In Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Gníomhóidh an tÚdarás faoi réir na gcumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo agus faoi raon feidhme Threoir 2002/87/CE, Threoir 2008/48/CE (*), Threoir 2009/110/CE, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (**), Threoir 2013/36/AE (***), Threoir 2014/49/AE (****), Threoir 2014/92/AE (*****), Threoir (AE) 2015/2366 (******) agus Rialachán (AE) 2023/1114 (*******) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus, a mhéid a bhfuil feidhm ag na gníomhartha sin maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais agus maidir leis na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht orthu, faoi réir na gcodanna ábhartha de Threoir 2002/65/CE, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus d'aon ghníomh eile de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás. Gníomhóidh an tÚdarás freisin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle (********).

(*) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(***) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(****) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

(*****) Treoir 2014/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu (IO L 257, 28.8.2014, lch. 214).

(******) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

(*******) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

(********) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).'.

Airteagal 145

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

In Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Gníomhóidh an tÚdarás faoi réir na gcumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo agus faoi raon feidhme Threoracha 97/9/CE, 98/26/CE, 2001/34/CE, 2002/47/CE, 2004/109/CE, 2009/65/CE, Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) agus Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****), agus a mhéid a bhfuil feidhm ag na gníomhartha sin maidir le gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta nó maidir le gnóthais chomhinfheistíochta a dhéanann margaíocht ar a n-aonaid nó ar a scaireanna, eisitheoirí nó táirgeoirí cripteashócmhainní, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu nó soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht orthu, faoi réir na gcodanna ábhartha de Threoracha 2002/87/CE agus 2002/65/CE, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus d'aon ghníomh eile de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás.

(*) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

(**) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(***) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

(****) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).'

Airteagal 146

Leasuithe ar Threoir 2013/36/AE

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 15:

'15. Ríomh-airgead lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a eisiúint.

16. Comharthaí sócmhainn-tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6), de Rialachán (AE) 2023/1114 a eisiúint.

17. Seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16), de Rialachán (AE) 2023/1114.

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).'.

Airteagal 147

Leasú ar Threoir (AE) 2019/1937

I gCuid I.B den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'(xxii) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40)'.

Airteagal 148

Leasuithe ar Threoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 a thrasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 146 agus 147 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Nollaig 2024.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear le hAirteagal 116 a chur in iúl don Choimisiún, do ÚBE agus do ESMA.

Airteagal 149

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 30 Nollaig 2024.

3. De mhaolú ar mhír 2, beidh feidhm ag Teidil III agus IV ón 30 Meitheamh 2024.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 2(5), 3(2), 6(11) agus (12), Airteagal 14(1), an dara fomhír, Airteagail 17(8), 18(6) agus (7), 19(10) agus (11), 21(3), 22(6) agus (7), 31(5), 32(5), 34 (13), 35(6), 36(4), 38(5), 42(4), 43(11), 45(7) agus (8), 46(6), 47(5), 51(10) agus (15), 60(13) agus (14), 61(3), 62(5) agus (6), 63(11), 66(6), 68(10), 71(5), 72(5), 76(16), 81(15), 82(2), 84(4), 88(4), 92(2) agus (3), 95(10) agus (11), 96(3), 97(1), 103(8), 104(8), 105(7), 107(3) agus (4), 109(8) agus 119(8), 134(10), 137(3) agus Airteagal 139 ón 29 Meitheamh 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN

IARSCRÍBHINN I

NA MÍREANNA NOCHTA DON PHÁIPÉAR BÁN MAIDIR LE CRIPTEASHÓCMHAINNÍ LE HAGHAIDH CRIPTEASHÓCMHAINNÍ SEACHAS COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA NÓ COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID

Cuid A: Faisnéis maidir leis an tairgeoir nó leis an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige

1. Ainm;

2. Foirm dhlíthiúil;

3. Seoladh poist cláraithe agus ceannoifig, i gcás nach ionann iad;

4. Dáta an chláraithe;

5. Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh, nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

6. Uimhir teileafóin teagmhála agus seoladh ríomhphoist an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige, agus an tréimhse laethanta ar lena linn a thabharfar freagra don infheisteoir a rachaidh i dteagmháil leis an tairgeoir nó leis an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige tríd an uimhir theileafóin nó an seoladh ríomhphoist sin;

7. I gcás inarb infheidhme, ainm an mháthairghnóthais;

8. Céannacht, seoltaí gnó agus feidhmeanna na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlacht bainistíochta an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

9. Gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige agus, i gcás inarb infheidhme, gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil a mháthairghnóthais;

10. Staid airgeadais an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige le 3 bliana anuas nó i gcás nach bhfuil an tairgeoir nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige bunaithe le 3 bliana anuas, a staid airgeadais ó dháta a chláraithe.

    Déanfar measúnú ar an staid airgeadais bunaithe ar athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus feidhmíocht ghnólacht an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige agus ar a sheasamh do gach bliain agus do gach tréimhse eatramhach a bhfuil faisnéis airgeadais stairiúil ag teastáil ina leith, lena n-áirítear na cúiseanna le hathruithe ábhartha.

    Is éard a bheidh san athbhreithniú anailís chothrom chuimsitheach ar fhorbairt agus feidhmíocht an ghnólachta nó an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige agus ar a sheasamh, ar anailís í a bheidh comhsheasmhach le méid agus castacht an ghnólachta.

Cuid B: Faisnéis faoin eisitheoir, más rud é nach ionann é agus an tairgeoir nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige

1. Ainm;

2. Foirm dhlíthiúil;

3. Seoladh poist cláraithe agus ceannoifig, i gcás nach ionann iad;

4. Dáta an chláraithe;

5. Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh, nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

6. I gcás inarb infheidhme, ainm an mháthairghnóthais;

7. Céannacht, seoltaí gnó agus feidhmeanna na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlacht bainistíochta an eisitheora;

8. Gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an eisitheora agus, i gcás inarb infheidhme, a mháthairghnóthais.

Cuid C: Faisnéis faoi oibreoir an ardáin trádála i gcásanna ina dtarraingíonn sé suas an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní

1. Ainm;

2. Foirm dhlíthiúil;

3. Seoladh poist cláraithe agus ceannoifig, i gcás nach ionann iad;

4. Dáta an chláraithe;

5. Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh, nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

6. I gcás inarb infheidhme, ainm an mháthairghnóthais;

7. An chúis a ndearna an t-oibreoir sin an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a tharraingt suas;

8. Céannacht, seoltaí gnó agus feidhmeanna na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlacht bainistíochta an oibreora;

9. Gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an oibreora agus, i gcás inarb infheidhme, a mháthairghnóthais.

Cuid D: Faisnéis faoin tionscadal cripteashócmhainní

1. Ainm an tionscadail cripteashócmhainní agus na gcripteashócmhainní, i gcás nach ionann é agus ainm an tairgeora nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige agus giorrúchán nó ainm an láimhseálaí ticir;

2. Tuairisc ghonta ar an tionscadal cripteashócmhainní;

3. Mionsonraí na ndaoine nádúrtha nó na ndaoine dlítheanacha go léir (lena n-áirítear seoltaí gnó nó sainchónaí na cuideachta) a bhfuil baint acu le cur chun feidhme thionscadal na gcripteashócmhainní, amhail comhairleoirí, an fhoireann forbartha agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

4. I gcás ina mbaineann an tionscadal cripteashócmhainní le comharthaí fóntais, príomhghnéithe na n-earraí nó na seirbhísí atá le forbairt;

5. Faisnéis faoin tionscadal cripteashócmhainní, go háirithe garspriocanna an tionscadail a baineadh amach cheana féin agus atá le baint amach sa todhchaí agus, i gcás inarb infheidhme, na hacmhainní a leithdháileadh ar an tionscadal cheana féin;

6. I gcás inarb infheidhme, úsáid bheartaithe aon chistí nó cripteashócmhainní eile a bhailítear.

Cuid E: Faisnéis faoin tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó faoina ligean isteach chun a dtrádála;

1. Léiriú cibé a bhaineann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní le tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó lena ligean isteach chun a dtrádála;

2. Na cúiseanna leis an tairiscint don phobal nó le ligean isteach chun trádála a iarraidh;

3. I gcás inarb infheidhme, an méid a bheartaítear a thiomsú leis an tairiscint don phobal, i gcistí nó in aon chripteashócmhainn eile, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon spriocanna suibscríofa íosta agus uasta arna socrú le haghaidh na tairisceana don phobal ar chripteashócmhainní, agus cibé acu a ghlactar nó nach nglactar le ró-shuibscríbhinní agus conas a leithdháiltear iad;

4. Praghas eisiúna na cripteashócmhainne atá á tairiscint don phobal (in airgeadra oifigiúil nó in aon chripteashócmhainn eile), aon táille suibscríofa is infheidhme nó an modh ar i gcomhréir leis a chinnfear praghas na tairisceana;

5. I gcás inarb infheidhme, líon iomlán na gcripteashócmhainní atá le tairiscint don phobal nó atá le ligean isteach chun a dtrádála;

6. Léiriú ar na sealbhóirí ionchasacha ar a ndírítear leis an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó trí na cripteashócmhainní sin a ligean isteach chun a dtrádála, lena n-áirítear aon srian maidir leis an gcineál sealbhóirí i gcomhair na gcripteashócmhainní sin;

7. Sainfhógra go mbeidh ceannaitheoirí a ghlacann páirt sa tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní in ann aisíocaíocht a fháil mura rud é go mbainfear amach an sprioc suibscríofa íosta faoi dheireadh na tairisceana don phobal, más rud é go bhfeidhmeoidh siad an ceart chun tarraingt siar dá bhforáiltear in Airteagal 13 nó más rud é go gcuirfear an tairiscint ar ceal, chomh maith le tuairisc mhionsonraithe ar an sásra aisíocaíochta, lena n-áirítear an amlíne ionchais ar lena linn a dhéanfar na haisíocaíochtaí sin;

8. Faisnéis faoi chéimeanna éagsúla na tairisceana don phobal ar chripteashócmhainní, lena n-áirítear faisnéis faoi phraghas ceannaigh lascainithe i gcomhair ceannaitheoirí luatha cripteashócmhainní (díolacháin réamhphoiblí); i gcás praghsanna ceannaigh lascainithe i gcomhair roinnt ceannaitheoirí, míniú ar an gcúis a bhféadfadh praghsanna ceannaigh a bheith éagsúil agus tuairisc ar an tionchar ar infheisteoirí eile;

9. Le haghaidh tairiscintí lena mbaineann teorainn ama, an tréimhse suibscríbhinne a mbeidh an tairiscint oscailte don phobal lena linn;

10. Na socruithe chun cistí nó cripteashócmhainní eile dá dtagraítear in Airteagal 10 a choimirciú le linn na tairisceana lena mbaineann teorainn ama nó le linn na tréimhse tarraingthe siar;

11. Modhanna íocaíochta chun na cripteashócmhainní arna dtairiscint a cheannach agus modhanna chun an luach a aistriú chuig na ceannaitheoirí nuair atá siad i dteideal aisíocaíocht a fháil;

12. I gcás tairiscintí, faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar dá dtagraítear in Airteagal 13;

13. Faisnéis faoin modh agus faoin sceideal ama a úsáidfear chun na cripteashócmhainní arna gceannach a aistriú chuig na sealbhóirí;

14. Faisnéis faoi cheanglais theicniúla nach mór don cheannaitheoir a chomhlíonadh chun na cripteashócmhainní a shealbhú;

15. I gcás inarb infheidhme, ainm an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá i gceannas ar shocrú cripteashócmhainní agus ar an gcineál socrúcháin (ar bhonn ceangaltais dhaingin nó gan bonn ceangaltais dhaingin);

16. I gcás inarb infheidhme, ainm an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní ina bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála, agus faisnéis maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh infheisteoirí rochtain a fháil ar na hardáin trádála sin agus na costais lena mbaineann;

17. Speansais a bhaineann le cripteashócmhainní a thairiscint don phobal;

18. Coinbhleachtaí féideartha leasa na ndaoine atá bainteach sa tairiscint nó sa ligean isteach chun trádála, a thagann chun cinn i ndáil leis an tairiscint nó leis an ligean isteach chun trádála;

19. An dlí is infheidhme maidir le cripteashócmhainní a thairiscint don phobal, chomh maith leis an gcúirt inniúil.

Cuid F: Faisnéis faoi na cripteashócmhainní

1. An cineál cripteashócmhainne a thairgfear don phobal nó a bhfuiltear ag iarraidh í a ligean isteach chun a trádála;

2. Tuairisc ar shaintréithe lena n-áirítear na sonraí is gá chun an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a aicmiú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109, mar a shonraítear i gcomhréir le mír 8 den Airteagal sin, agus feidhmiúlacht na gcripteashócmhainní arna dtairiscint nó arna ligean isteach chun a dtrádála, lena n-áirítear faisnéis faoin uair a bheartaítear na feidhmiúlachtaí a chur i bhfeidhm.

Cuid G: Faisnéis faoi na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis na cripteashócmhainní

1. Tuairisc ar chearta agus oibleagáidí an cheannaitheora, más ann dóibh, agus an nós imeachta agus na coinníollacha chun na cearta sin a fheidhmiú;

2. Tuairisc ar na coinníollacha faoina bhféadfar na cearta agus na hoibleagáidí a mhodhnú;

3. I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi thairiscintí don phobal amach anseo ar chripteashócmhainní ag an eisitheoir agus faoi líon na gcripteashócmhainní a choinneoidh an t-eisitheoir féin;

4. I gcás ina mbaineann an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó a ligean isteach chun a dtrádála le comharthaí fóntais, faisnéis faoi cháilíocht agus cainníocht na dtáirgí nó na seirbhísí ar a dtugtar rochtain leis na comharthaí fóntais;

5. I gcás ina mbaineann tairiscintí don phobal ar chripteashócmhainní nó a ligean isteach chun a dtrádála le comharthaí fóntais, faisnéis faoin gcaoi ar féidir comharthaí fóntais a fhuascailt le haghaidh earraí nó seirbhísí lena mbaineann siad;

6. I gcás nach bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh, faisnéis faoin gcaoi agus an áit ar féidir na cripteashócmhainní a cheannach nó a dhíol tar éis na tairisceana don phobal;

7. Srianta ar inaistritheacht na gcripteashócmhainní atá á dtairiscint nó á ligean isteach chun a dtrádála;

8. I gcás ina bhfuil prótacail ag na cripteashócmhainní chun an méid díobh a sholáthraítear a laghdú nó a mhéadú mar fhreagairt ar athruithe san éileamh orthu, tuairisc ar fheidhmiú na bprótacal sin;

9. I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar scéimeanna cosanta lena gcosnaítear luach na gcripteashócmhainní agus tuairisc ar scéimeanna cúitimh;

10. An dlí is infheidhme maidir le cripteashócmhainní chomh maith leis an gcúirt inniúil;

Cuid H: Faisnéis faoin mbunteicneolaíocht

1. Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n-áirítear an teicneolaíocht mórleabhar dáilte, na prótacail agus na caighdeáin theicniúla atá in úsáid;

2. An sásra comhthola, i gcás inarb infheidhme;

3. Sásraí dreasachta chun idirbhearta a urrú agus aon táillí is infheidhme;

4. I gcás ina ndéantar na cripteashócmhainní a eisiúint, a aistriú agus a stóráil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte arna hoibriú ag an eisitheoir, ag an tairgeoir nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a gceann, tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú an mhórleabhair dháilte sin;

5. Faisnéis ar thoradh iniúchadh na teicneolaíochta a úsáidtear, más rud é go ndearnadh a leithéid d'iniúchadh.

Cuid I: Faisnéis faoi na rioscaí

1. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainní nó lena ligean isteach chun a dtrádála;

2. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an eisitheoir, más rud é nach ionann é agus an tairgeoir nó an duine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh aige;

3. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní;

4. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an tionscadal a chur chun feidhme;

5. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáidtear agus freisin le bearta maolaithe, más ann dóibh.

IARSCRÍBHINN II

MÍREANNA NOCHTA DON PHÁIPÉAR BÁN MAIDIR LE CRIPTEASHÓCMHAINNÍ LE HAGHAIDH COMHARTHA SÓCMHAINN-TAGARTHA

Cuid A: Faisnéis faoi eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha

1. Ainm;

2. Foirm dhlíthiúil;

3. Seoladh poist cláraithe agus ceannoifig, i gcás nach ionann iad;

4. Dáta an chláraithe;

5. Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

6. I gcás inarb infheidhme, céannacht an mháthairghnóthais;

7. Céannacht, seoltaí gnó agus feidhmeanna na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlacht bainistíochta an eisitheora;

8. Gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an eisitheora agus, i gcás inarb infheidhme, a mháthairghnóthais;

9. Staid airgeadais an eisitheora le 3 bliana anuas nó i gcás nach bhfuil an t-eisitheoir bunaithe le 3 bliana anuas, staid airgeadais ó dháta a chláraithe.

   Déanfar measúnú ar an staid airgeadais bunaithe ar athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus feidhmíocht ghnólacht an eisitheora agus ar a sheasamh do gach bliain agus do gach tréimhse eatramhach a bhfuil faisnéis airgeadais stairiúil ag teastáil ina leith, lena n-áirítear na cúiseanna le hathruithe ábhartha.

   Anailís chothrom chuimsitheach a bheidh san athbhreithniú ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht ghnólacht an eisitheora agus ar a sheasamh, ar anailís í a bheidh comhsheasmhach le méid agus castacht an ghnólachta sin.

10. Tuairisc mhionsonraithe ar shocruithe rialachais an eisitheora;

11. Cé is moite d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha atá díolmhaithe ó údarú i gcomhréir le hAirteagal 17, mionsonraí faoin údarú mar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha agus ainm an údaráis inniúil a dheonaigh an t-údarú sin.

    I gcás institiúidí creidmheasa, ainm údarás inniúil an Bhallstáit baile.

12. I gcás ina n-eisíonn eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha cripteashócmhainní eile freisin, nó i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí eile aige a bhaineann le cripteashócmhainní eile, ba cheart é sin a lua go soiléir; ba cheart don eisitheoir a shonrú freisin cibé atá aon nasc idir an t-eisitheoir agus an t-eintiteas a bhfuil an teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a eisiúint á riar aige, lena n-áirítear cibé atá na prótacail á riar nó á rialú ag duine a bhfuil dlúthbhaint aige le rannpháirtithe an tionscadail.

Cuid B: Faisnéis faoin gcomhartha sócmhainn-tagartha

1. Ainm agus giorrúchán nó láimhseálaí ticir an chomhartha sócmhainn-tagartha;

2. Tuairisc ar shaintréithe an chomhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear na sonraí is gá chun an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a aicmiú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109, mar a shonraítear i gcomhréir le mír 8 den Airteagal sin;

3. Mionsonraí na ndaoine nádúrtha nó na ndaoine dlítheanacha go léir (lena n-áirítear seoltaí gnó nó sainchónaí na cuideachta) a bhfuil baint acu le hoibríochtú an chomhartha sócmhainn-tagartha, amhail comhairleoirí, an fhoireann forbartha agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní;

4. Tuairisc ar ról, freagrachtaí agus cuntasacht aon eintiteas tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h);

5. Faisnéis faoi na pleananna maidir leis na comharthaí sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear tuairisc ar na garspriocanna a baineadh amach cheana féin agus atá le baint amach sa todhchaí agus, i gcás inarb infheidhme, na hacmhainní a leithdháileadh cheana féin.

Cuid C: Faisnéis faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó faoina ligean isteach chun a thrádála

1. Léiriú cibé a bhaineann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní le tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó a bheith á ligean isteach chun a thrádála;

2. I gcás inarb infheidhme, an méid a bheartaítear a thiomsú leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha, i gcistí nó in aon chripteashócmhainn eile, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, aon sprioc suibscríofa íosta agus uasta arna socrú le haghaidh na tairisceana don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha, agus cibé acu a ghlactar nó nach nglactar le ró-shuibscríbhinní agus conas a leithdháiltear iad;

3. I gcás inarb infheidhme, líon iomlán na n-aonad den chomhartha sócmhainn-tagartha atá le tairiscint nó le ligean isteach chun a dtrádála;

4. Léiriú ar na sealbhóirí ionchasacha ar a ndírítear leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó le ligean isteach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha sin chun a dtrádála, lena n-áirítear aon srian maidir leis an gcineál sealbhóirí i gcomhair an chomharthaí sócmhainn-tagartha sin;

5. Sainfhógra go mbeidh ceannaitheoirí a ghlacann páirt sa tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha in ann ranníocaíocht a fháil ar ais mura mbainfear amach an sprioc suibscríofa faoi dheireadh na tairisceana don phobal, lena n-áirítear an amlíne ionchais ar lena linn a dhéanfar na haisíocaíochtaí sin; ba cheart na hiarmhairtí a bhaineann le sprioc suibscríofa a shárú a chur in iúl go ríshoiléir;

6. Faisnéis faoi chéimeanna éagsúla na tairisceana don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear faisnéis faoi phraghas ceannaigh lascainithe do cheannaitheoirí luatha an chomhartha sócmhainn-tagartha (díolacháin réamhphoiblí) agus, i gcás praghas ceannaigh lascainithe do cheannaitheoirí áirithe, míniú ar an bhfáth a bhféadfadh na praghsanna ceannaigh a bheith éagsúil, agus tuairisc ar an tionchar ar na hinfheisteoirí eile;

7. Le haghaidh tairiscintí lena mbaineann teorainn ama, an tréimhse suibscríbhinne a mbeidh an tairiscint oscailte don phobal lena linn;

8. Modhanna íocaíochta chun an comhartha sócmhainn-tagartha arna dtairiscint a cheannach;

9. Faisnéis faoin modh agus faoin sceideal ama a úsáidfear chun an comhartha sócmhainn-tagartha arna gceannach a aistriú chuig na sealbhóirí;

10. Faisnéis faoi cheanglais theicniúla nach mór don cheannaitheoir a chomhlíonadh chun na cripteashócmhainní a shealbhú;

11. I gcás inarb infheidhme, ainm an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá i gceannas ar chomharthaí sócmhainn-tagartha a láithriú agus ar chineál an láithriúcháin sin (le bonn gealltanais dhaingin nó gan bonn gealltanais dhaingin);

12. I gcás inarb infheidhme, ainm an ardáin trádála le haghaidh cripteashócmhainní ina bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála, agus faisnéis maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh infheisteoirí rochtain a fháil ar na hardáin trádála sin agus na costais lena mbaineann;

13. Speansais a bhaineann leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha;

14. Coinbhleachtaí féideartha leasa na ndaoine atá bainteach sa tairiscint nó sa ligean isteach chun trádála, a thagann chun cinn i ndáil leis an tairiscint nó leis an ligean isteach chun trádála.

15. An dlí is infheidhme maidir leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha, chomh maith leis an gcúirt inniúil;

Cuid D: Faisnéis faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis na comharthaí sócmhainn tagartha

1. Tuairisc ar shaintréithe agus feidhmiúlacht an chomhartha sócmhainn-tagartha arna thairiscint nó arna ligean isteach chun a thrádála, lena n-áirítear faisnéis faoin uair a bheartaítear na feidhmiúlachtaí a chur i bhfeidhm;

2. Tuairisc ar chearta agus oibleagáidí an cheannaitheora, más ann dóibh, agus an nós imeachta agus na coinníollacha chun na cearta sin a fheidhmiú;

3. Tuairisc ar na coinníollacha faoina bhféadfar na cearta agus na hoibleagáidí a mhodhnú;

4. I gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le tairiscintí an chomhartha sócmhainn-tagartha amach anseo ag an eisitheoir agus líon aonad an chomhartha sócmhainn-tagartha atá á choinneáil ag an eisitheoir féin;

5. I gcás nach bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh, faisnéis faoin gcaoi agus an áit ar féidir an comhartha sócmhainn-tagartha a cheannach nó a dhíol tar éis na tairisceana don phobal;

6. Aon srianta ar inaistritheacht an chomhartha sócmhainn-tagartha atá á thairiscint nó á ligean isteach chun a thrádála;

7. I gcás ina bhfuil prótacail ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha chun an méid de a sholáthraítear a laghdú nó a mhéadú mar fhreagairt ar athruithe san éileamh air, tuairisc ar fheidhmiú na bprótacal sin;

8. I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar scéimeanna cosanta lena gcosnaítear luach an chomhartha sócmhainn-tagartha agus tuairisc ar scéimeanna cúitimh;

9. Faisnéis faoi chineál agus in-fhorfheidhmitheacht na gceart, lena n-áirítear buanchearta fuascailte agus aon éilimh a d'fhéadfadh a bheith ag sealbhóirí agus ag aon duine dlítheanach nó aon duine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 39(2) i gcoinne an eisitheora, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi a ndéileálfar leis na cearta sin i gcás nósanna imeachta dócmhainneachta, faisnéis maidir le cibé a leithdháiltear cearta éagsúla ar shealbhóirí éagsúla agus na cúiseanna neamh-idirdhealaitheacha atá leis an gcóir éagsúil sin;

10. Tuairisc mhionsonraithe ar an éileamh atá sa chomhartha sócmhainn-tagartha do shealbhóirí, lena n-áirítear:

    (a) tuairisc ar gach sócmhainn thagartha agus cion sonraithe gach ceann de na sócmhainní sin;

    (b) an gaol idir luach na sócmhainní tagartha agus méid an éilimh agus an chúlchiste sócmhainní; agus

    (c) tuairisc ar an gcaoi a ndéantar luacháil chóir thrédhearcach ar chomhpháirteanna an éilimh, ar tuairisc í ina sainaithnítear páirtithe neamhspleácha, i gcás inarb ábhartha;

11. I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na socruithe arna gcur i bhfeidhm ag an eisitheoir chun leachtacht an chomhartha sócmhainn-tagartha a áirithiú, lena n-áirítear ainmneacha na n-eintiteas atá i gceannas ar an leachtacht sin a áirithiú;

12. Na mionsonraí teagmhála chun gearáin a thíolacadh agus tuairisc ar na nósanna imeachta láimhseála gearán agus aon sásra réitigh díospóide nó nós imeachta sásaimh arna chur ar bun ag eisitheoir an chomhartha| sócmhainn-tagartha;

13. Tuairisc ar chearta na sealbhóirí i gcás nach mbeidh an t-eisitheoir in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás dócmhainneachta;

14. Tuairisc ar na cearta i gcomhthéacs an phlean téarnaimh a chur chun feidhme;

15. Tuairisc ar na cearta i gcomhthéacs an phlean fuascailte a chur chun feidhme;

16. Faisnéis mhionsonraithe faoin gcaoi a bhfuasclófar an comhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear an mbeidh an sealbhóir in ann an fhoirm fuascailte, an fhoirm aistrithe nó airgeadra oifigiúil na fuascailte a roghnú;

17. An dlí is infheidhme maidir le comhartha sócmhainn-tagartha, chomh maith leis an gcúirt inniúil.

Cuid E: Faisnéis faoin mbunteicneolaíocht

1. Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte, mar aon leis na prótacail agus na caighdeáin theicniúla a úsáidtear, lena gceadaítear comharthaí ríomh-airgid a shealbhú, a stóráil agus a aistriú;

2. An sásra comhthola, i gcás inarb infheidhme;

3. Sásraí dreasachta chun idirbhearta a urrú agus aon táillí is infheidhme;

4. I gcás ina ndéantar na comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint, a aistriú agus a stóráil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte arna hoibriú ag an eisitheoir nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn thar ceann an eisitheora, tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte sin;

5. Faisnéis ar thoradh iniúchadh na teicneolaíochta a úsáidtear, más rud é go ndearnadh a leithéid d'iniúchadh.

Cuid F: Faisnéis maidir leis na rioscaí

1. Na rioscaí a bhaineann le cúlchiste sócmhainní, i gcás nach féidir leis an eisitheoir a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh;

2. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le heisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha;

3. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha nó lena ligean isteach chun a thrádála;

4. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis na comharthaí sócmhainn-tagartha, go háirithe maidir leis na sócmhainní dá dtagraítear;

5. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le tionscadal an chomhartha sócmhainn-tagartha a oibríochtú;

6. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáidtear agus freisin le bearta maolaithe, más ann dóibh.

Cuid G: Faisnéis faoin gcúlchiste sócmhainní

1. Tuairisc mhionsonraithe ar an sásra atá dírithe ar luach an chúlchiste sócmhainní a ailíniú leis an éileamh a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear gnéithe dlíthiúla agus teicniúla;

2. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcúlchiste sócmhainní agus ar a gcomhdhéanamh;

3. Tuairisc ar na sásraí trína ndéantar comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt;

4. Faisnéis faoi cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar cuid de na cúlsócmhainní a infheistiú agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an mbeartas infheistíochta le haghaidh na gcúlsócmhainní;

5. Tuairisc ar na socruithe cumhdaigh le haghaidh na gcúlsócmhainní, lena n-áirítear a leithscaradh, agus ainm na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, na n-institiúidí creidmheasa nó na ngnólachtaí infheistíochta a cheaptar mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní.

IARSCRÍBHINN III

NA MÍREANNA NOCHTA DON PHÁIPÉAR BÁN MAIDIR LE COMHARTHA RÍOMH-AIRGID

Cuid A: Faisnéis faoi eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid

1. Ainm;

2. Foirm dhlíthiúil;

3. Seoladh poist cláraithe agus ceannoifig, i gcás nach ionann iad;

4. Dáta an chláraithe;

5. Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;

6. Uimhir teileafóin teagmhála agus seoladh ríomhphoist an eisitheora, agus an tréimhse laethanta ar lena linn a thabharfar freagra don infheisteoir a rachaidh i dteagmháil leis an eisitheoir tríd an uimhir theileafóin nó an seoladh ríomhphoist sin;

7. I gcás inarb infheidhme, céannacht an mháthairghnóthais;

8. Céannacht, seoltaí gnó agus feidhmeanna na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlacht bainistíochta an eisitheora;

9. Gníomhaíocht ghnó nó ghairmiúil an eisitheora agus, i gcás inarb infheidhme, a mháthairghnóthais;

10. Coinbhleachtaí leasa féideartha;

11. I gcás ina n-eisíonn eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid cripteashócmhainní eile freisin, nó i gcás ina bhfuil sé i mbun gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cripteashócmhainní, ba cheart é sin a lua go soiléir; ba cheart don eisitheoir a shonrú freisin cibé atá aon nasc idir an t-eisitheoir agus an t-eintiteas a bhfuil an teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáidtear chun an chripteashócmhainn a eisiúint á riar aige, lena n-áirítear cibé atá na prótacail á riar nó á rialú ag duine a bhfuil dlúthbhaint aige le rannpháirtithe an tionscadail;

12. Staid airgeadais an eisitheora le 3 bliana anuas nó i gcás nach bhfuil an t-eisitheoir bunaithe le 3 bliana anuas, taifead an eisitheora ar a staid airgeadais ón dáta ar cláraíodh é.

    Déanfar measúnú ar an staid airgeadais bunaithe ar athbhreithniú cothrom ar fhorbairt agus feidhmíocht ghnólacht an eisitheora agus ar a sheasamh do gach bliain agus do gach tréimhse eatramhach a bhfuil faisnéis airgeadais stairiúil ag teastáil ina leith, lena n-áirítear na cúiseanna le hathruithe ábhartha.

    Anailís chothrom chuimsitheach a bheidh san athbhreithniú ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht ghnólacht an eisitheora agus ar a sheasamh, ar anailís í a bheidh comhsheasmhach le méid agus castacht an ghnólachta sin;

13. Cé is moite d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a bhfuil díolúine acu ó údarú i gcomhréir le hAirteagal 48(4) agus (5), mionsonraí faoin údarú mar eisitheoir comhartha ríomh-airgid agus ainm an údaráis inniúil a dheonaigh an t-údarú.

Cuid B: Faisnéis faoin gcomhartha ríomh-airgid

1. Ainm agus giorrúchán;

2. Tuairisc ar shaintréithe an chomhartha ríomh-airgid, lena n-áirítear na sonraí is gá chun an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a aicmiú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 109, mar a shonraítear i gcomhréir le mír 8 den Airteagal sin;

3. Mionsonraí na ndaoine nádúrtha nó na ndaoine dlíthiúla go léir (lena n-áirítear seoltaí gnó agus/nó sainchónaí na cuideachta) a bhfuil baint acu le dearadh agus forbairt, amhail comhairleoirí, an fhoireann forbartha agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

Cuid C: Faisnéis faoin tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid nó faoina ligean isteach chun a thrádála

1. Léiriú cibé a bhaineann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní le tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid nó lena ligean isteach chun a thrádála;

2. I gcás inarb infheidhme, líon iomlán na n-aonad den chomhartha ríomh-airgid atá le tairiscint don phobal nó le ligean isteach chun a dtrádála;

3. I gcás inarb infheidhme, ainm na n-ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní ina bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach iad i dtrádáil an chomhartha ríomh-airgid;

4. An dlí is infheidhme maidir leis an tairiscint don phobal ar an gcomhartha ríomh-airgid, chomh maith leis an gcúirt inniúil.

Cuid D: Faisnéis maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le comharthaí ríomh-airgid

1. Tuairisc mhionsonraithe ar chearta agus oibleagáidí shealbhóir an chomhartha ríomh-airgid, más ann dóibh, lena n-áirítear an ceart chun fuascailte ag parluach chomh maith leis an nós imeachta agus na coinníollacha chun na cearta sin a fheidhmiú;

2. Tuairisc ar na coinníollacha faoina bhféadfar na cearta agus na hoibleagáidí a mhodhnú;

3. Tuairisc ar chearta na sealbhóirí i gcás nach mbeidh an t-eisitheoir in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás dócmhainneachta;

4. Tuairisc ar chearta i gcomhthéacs an phlean téarnaimh a chur chun feidhme;

5. Tuairisc ar chearta i gcomhthéacs an phlean fuascailte a chur chun feidhme;

6. Na sonraí teagmhála chun gearáin a thíolacadh agus tuairisc ar na nósanna imeachta láimhseála gearán agus aon sásra réitigh díospóide nó nós imeachta sásaimh arna chur ar bun ag eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid;

7. I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar scéimeanna cosanta lena gcosnaítear luach na cripteashócmhainne agus tuairisc ar scéimeanna cúitimh;

8. An dlí is infheidhme maidir leis an gcomhartha ríomh-airgid, chomh maith leis an gcúirt inniúil.

Cuid E: Faisnéis faoin mbunteicneolaíocht

1. Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte, chomh maith leis na prótacail agus na caighdeáin theicniúla atá in úsáid, lena gceadaítear comharthaí ríomh-airgid a shealbhú, a stóráil agus a aistriú;

2. Faisnéis faoi na ceanglais theicniúla nach mór don cheannaitheoir a chomhlíonadh chun an comhartha ríomh-airgid a rialú;

3. An sásra comhthola, i gcás inarb infheidhme;

4. Sásraí dreasachta chun idirbhearta a urrú agus aon táillí is infheidhme;

5. I gcás ina ndéantar an comhartha ríomh-airgid a eisiúint, a aistriú agus a stóráil trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte arna hoibriú ag an eisitheoir nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a cheann, tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte sin;

6. Faisnéis ar thoradh iniúchadh na teicneolaíochta a úsáidtear, más rud é go ndearnadh a leithéid d'iniúchadh.

Cuid F: Faisnéis faoi na rioscaí

1. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le heisitheoir an chomhartha ríomh-airgid;

2. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an gcomhartha ríomh-airgid;

3. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáidtear agus freisin le bearta maolaithe, más ann dóibh.

IARSCRÍBHINN IV

NA HÍOSCHEANGLAIS CHAIPITIL AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ

Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	An cineál seirbhísí cripteashócmhainní	Na híoscheanglais chaipitil faoi Airteagal 67(1), pointe (a)
Aicme 1	Soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe le haghaidh na seirbhísí cripteashócmhainní seo a leanas: — orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant; — cripteashócmhainní a láithriú; — seirbhísí aistrithe le haghaidh cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant; — orduithe le haghaidh cripteashócmhainní a ghlacadh agus a tharchur thar ceann cliant; — comhairle a thabhairt maidir le cripteashócmhainní; agus/nó — bainistiú punann maidir le cripteashócmhainní a sholáthar.	EUR 50 000
Aicme 2	Soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe le haghaidh aon seirbhísí cripteashócmhainní faoi aicme 1 agus: — cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant; — cripteashócmhainní a mhalartú ar chistí; agus/nó — cripteashócmhainní a mhalartú ar chripteashócmhainní eile.	EUR 125 000
Aicme 3	Soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe le haghaidh aon seirbhísí cripteashócmhainní faoi aicme 2 agus: — ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní a oibriú.	EUR 150 000

IARSCRÍBHINN V

LIOSTA DE NA SÁRUITHE DÁ DTAGRAÍTEAR I DTEIDIL III AGUS VI LE HAGHAIDH EISITHEOIRÍ COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA SUNTASACHA

1. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 22(1) mura ndéanann sé, i gcás gach comhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh lena ngabhann eisiúint is airde ná EUR 100 000 000, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (d), den mhír sin, a thuairisciú do ÚBE ar bhonn ráithiúil.

2. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 23(1) mura scoireann sé de chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach a eisiúint ach na tairseacha dá bhforáiltear sa mhír sin a bheith sroichte aige nó mura gcuireann sé plean faoi bhráid ÚBE laistigh de 40 lá oibre tar éis dó na tairseacha sin a bhaint amach chun a áirithiú go gcoinneofar meánlíon ráithiúil measta agus meánluach comhiomlán ráithiúil measta na n-idirbheart in aghaidh an lae faoi bhun na dtairseach sin.

3. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 23(4) mura gcomhlíonann sé na modhnuithe ar an bplean dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal sin de réir mar a cheanglaíonn ÚBE.

4. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 25 mura dtugann sé fógra do ÚBE faoi athrú ar bith ar a shamhail ghnó ar cosúil go mbeidh tionchar suntasach aige ar chinneadh ceannaigh aon sealbhóirí nó aon sealbhóirí iarbhír nó ionchasaigh comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha, nó mura dtugann sé tuairisc ar an athrú sin i bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

5. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 25 mura gcloíonn sé le beart arna iarraidh ag ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 25(4).

6. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 27(1) mura ngníomhaíonn sé ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil.

7. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 27(1) mura ndéanann sé cumarsáid le sealbhóirí agus sealbhóirí ionchasacha an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh ar bhealach atá cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach.

8. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 27(2) mura ngníomhaíonn sé chun leasa sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, nó más rud é go dtugann sé cóir fhabhrach do shealbhóirí sonracha, ar cóir fhabhrach í nach nochtar i bpáipéar bán an eisitheora maidir le cripteashócmhainní nó, i gcás inarb infheidhme, sa chumarsáid mhargaíochta.

9. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 28 mura bhfoilsíonn sé ar a shuíomh gréasáin an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus, i gcás inarb infheidhme, an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 25.

10. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 28 mura gcuireann sé an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní ar fáil don phobal faoi dháta tosaigh na tairisceana don phobal ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach nó roimh an dáta tosaigh a ligfear an comhartha sin isteach chun a thrádála.

11. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 28 mura n-áirithíonn sé go leanann an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní, agus, i gcás inarb infheidhme, an páipéar bán modhnaithe maidir le cripteashócmhainní de bheith ar fáil ar a shuíomh gréasáin chomh fada agus atá an comhartha sócmhainn-tagartha suntasacha á shealbhú ag an bpobal.

12. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 29(1) agus (2) más rud é go bhfoilsíonn sé cumarsáid mhargaíochta a bhaineann le tairiscint don phobal ar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, nó a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach sin a ligean isteach chun a thrádála, ach nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i i mír 1, pointí (a) go (d), agus mír 2 den Airteagal sin léi.

13. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 29(3) mura ndéanann sé cumarsáid mhargaíochta agus aon mhodhnuithe uirthi a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

14. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 29(5) mura dtugann sé fógra do ÚBE, arna iarraidh sin dó, faoin gcumarsáid mhargaíochta.

15. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 29(6) más rud é go scaipeann sé cumarsáid mhargaíochta sula bhfoilseofar an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

16. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 30(1) mura ndéanann sé líon an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh atá i gcúrsaíocht agus luach agus comhdhéanamh na gcúlsócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a nochtadh ar bhealach soiléir, cruinn agus trédhearcach in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi ar a shuíomh gréasáin, nó mura nuashonraíonn sé an fhaisnéis is gá gach mí ar a laghad.

17. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 30(2) mura ndéanann sé achoimre ghonta, shoiléir, chruinn agus thrédhearcach ar an tuarascáil iniúchóireachta, mar aon leis an tuarascáil iniúchóireachta iomlán neamhfholaithe, i ndáil leis an gcúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a fhoilsiú a luaithe is féidir agus in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi ar a shuíomh gréasáin.

18. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 30(3) mura ndéanann sé eachtra ar bith a bhfuil tionchar suntasach aige, nó ar dócha go mbeidh éifeacht shuntasach aige, ar luach na gcomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha nó ar an gciste cúlsócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a nochtadh in áit a bhfuil rochtain ag an bpobal agus rochtain éasca uirthi ar a shuíomh gréasáin ar bhealach soiléir, cruinn agus trédhearcach a luaithe is féidir.

19. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 31(1) mura ndéanann sé nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha a bhunú agus a choimeád ar bun chun gearáin a fhaightear ó shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh agus ó pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach a láimhseáil ar bhealach pras, cothrom agus comhsheasmhach, agus mura bhfoilsíonn sé tuairiscí ar na nósanna imeachta sin, nó, i gcás inar eintitis tríú páirtí a dháileann an comhartha sócmhainn-tagartha suntasach, go hiomlán nó i bpáirt, mura mbunaíonn sé nósanna imeachta chun láimhseáil gearán a éascú freisin idir sealbhóirí agus eintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h).

20. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 31(2) mura gcuireann sé ar chumas sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh gearáin a dhéanamh saor in aisce.

21. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 31(3), mura ndéanann sé teimpléad a fhorbairt agus a chur ar fáil do shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh chun gearáin a dhéanamh agus mura gcoinníonn sé taifead ar na gearáin go léir a fhaightear agus aon bhearta a dhéantar mar fhreagairt ar na gearáin sin.

22. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 31(4) mura ndéanann sé na gearáin go léir a imscrúdú ar bhealach tráthúil agus cothrom nó mura gcuireann sé torthaí imscrúduithe den sórt sin in iúl do shealbhóirí a chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh laistigh de thréimhse réasúnta ama.

23. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 32(1) mura ndéanann sé beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh, ar coinbhleachtaí leasa iad idir an t-eisitheoir féin agus a scairshealbhóirí nó a chomhaltaí, é féin agus aon scairshealbhóir nó comhalta, bíodh sé díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchas cáilitheach aige ann, é féin agus comhaltaí a chomhlachta bainistíochta, é féin agus sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh nó féin agus aon tríú páirtí a sholáthraíonn ceann de na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h).

24. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 32(2) mura nglacann sé na céimeanna iomchuí uile chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as bainistiú agus infheistiú an chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh.

25. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 32(3) agus (4), mura nochtann sé do shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, in áit fheiceálach ar a shuíomh gréasáin, cineál ginearálta agus foinsí na gcoinbhleachtaí leasa agus na céimeanna arna nglacadh chun na rioscaí sin a mhaolú, nó mura bhfuil sé beacht go leor agus an nochtadh á dhéanamh chun cur ar chumas sealbhóirí ionchasacha an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh cinneadh feasach ceannaigh a dhéanamh faoi chomhartha den sórt sin.

26. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 33 mura dtugann sé fógra láithreach do ÚBE maidir le haon athruithe ar a chomhlacht bainistíochta nó mura soláthraíonn sé an fhaisnéis uile is gá do ÚBE chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá Airteagal 34(2) á chomhlíonadh.

27. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(1) mura bhfuil socruithe láidre rialachais aige, lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil ina bhfuil freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus sásraí leordhóthanacha rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta ó thaobh an riaracháin agus na cuntasaíochta de.

28. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(2) más rud é go bhfuil comhaltaí dá chomhlacht bainistíochta nach bhfuil dea-cháil leordhóthanach orthu nó nach bhfuil an t-eolas iomchuí, na scileanna iomchuí ná an taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon, chun a gcuid dualgas a dhéanamh, nó nach léiríonn go bhfuil sé ar a gcumas acu dóthain ama a thabhairt chun a gcuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach.

29. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(3) mura gcuireann sé de chúram ar a chomhlacht bainistíochta measúnú nó athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht na socruithe agus na nósanna imeachta beartais arna gcur i bhfeidhm chun Caibidlí 2, 3,5 agus 6 de Theideal III a chomhlíonadh, nó mura nglacann sé bearta iomchuí chun dul i ngleic le haon easnaimh ina leith sin.

30. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(4) más rud é go bhfuil aige scairshealbhóirí nó comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu ach nach bhfuil dea-cháil leordhóthanach orthu.

31. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(5) mura nglacann sé beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach a ndóthain chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán seo, go háirithe mura ndéanann sé aon cheann de na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (k), den mhír sin, a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme.

32. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(5) mura ndéanann sé socruithe conarthacha le heintitis tríú páirtí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (h), den mhír sin, lena leagtar amach róil, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí an eisitheora agus an eintitis tríú páirtí lena mbaineann, nó mura ndéanann sé foráil do rogha gan débhrí maidir leis an dlí is infheidhme.

33. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(6) mura gcuireann sé tús le plean amhail dá dtagraítear in Airteagal 47, mura bhfuil córais, acmhainní nó nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha in úsáid aige chun feidhmiú leanúnach agus rialta sheirbhísí agus gníomhaíochtaí a áirithiú, agus mura gcoimeádann sé a chórais agus a phrótacail rochtana slándála uile ar bun i gcomhréir le caighdeáin iomchuí an Aontais.34. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(7) mura ndéanann sé plean maidir le scor de sholáthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid ÚBE lena fhormheas.

34. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(7) mura ndéanann sé plean maidir le scor de sholáthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid ÚBE lena fhormheas.

35. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(8) mura sainaithníonn sé foinsí rioscaí oibriúcháin agus mura n-íoslaghdaíonn sé na rioscaí sin trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt.

36. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(9) mura mbunaíonn sé beartas leanúnachais gnó agus pleananna lena n-áirithítear, i gcás ina gcuirtear isteach ar a chórais agus nósanna imeachta TFC, go gcaomhnaítear sonraí agus feidhmeanna riachtanacha agus go gcoinnítear a ghníomhaíochtaí ar bun nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, go n-athshlánaítear na sonraí agus na feidhmeanna sin go tráthúil agus go n-atosaítear a ghníomhaíochtaí go tráthúil.

37. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(10) mura bhfuil sásraí rialaithe inmheánaigh agus nósanna imeachta éifeachtacha maidir le bainistiú riosca i bhfeidhm aige, lena n-áirítear socruithe éifeachtacha rialaithe agus coimirce chun córais TFC a bhainistiú, mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554.

38. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(11) mura bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm aige atá leordhóthanach chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht a choimirciú, mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2022/2554 agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

39. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 34(12) mura n-áirithíonn sé go ndéanann iniúchóirí neamhspleácha iniúchadh tráthrialta ar an eisitheoir.

40. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(1) mura bhfuil cistí dílse aige i gcónaí arb ionann iad ar a laghad agus na méideanna is mó a leagtar amach i bpointe (a) nó (c) den mhír sin nó in Airteagal 45(5).

41. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(2) den Rialachán seo i gcás nach gcuimsítear lena gcistí dílse míreanna agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) agus Airteagal 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

42. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(3) mura gcomhlíonann sé ceanglas ÚBE maidir le méid is airde cistí dílse a bheith ina sheilbh aige, ag eascairt as an measúnú arna dhéanamh i gcomhréir le pointí (a) go (g) den mhír sin.

43. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(5) mura ndéanann sé tástáil struis, ar bhonn tráthrialta, lena gcuirtear san áireamh cásanna struis airgeadais atá dian ach inchreidte, amhail suaití rátaí úis agus cásanna struis neamhairgeadais, amhail riosca oibriúcháin.

44. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(5) mura gcomhlíonann sé ceanglas ÚBE maidir le méid is airde cistí dílse a bheith ina sheilbh aige bunaithe ar thoradh na tástála struis.

45. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura ndéanann sé cúlchiste sócmhainní a bhunú agus a choimeád ar bun i gcónaí.

46. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an cúlchiste sócmhainní comhdhéanta agus á bhainistiú sa chaoi go gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann leis na sócmhainní atá faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach.

47. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an cúlchiste sócmhainní comhdhéanta agus á bhainistiú sa chaoi go dtugtar aghaidh ar na rioscaí leachtachta a bhaineann le buanchearta fuascailte na sealbhóirí.

48. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(3) mura n-áirithíonn sé go leithscartar an cúlchiste sócmhainní go hoibríochtúil ó eastát an eisitheora, agus ó chúlchiste sócmhainní comharthaí sócmhainn-tagartha eile.

49. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(6) mura n-áirithíonn a chomhlacht bainistíochta go ndéantar an cúlchiste sócmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtach stuama.

50. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(6) mura n-áirithíonn sé go ndéantar eisiúint agus fuascailt an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh a mheaitseáil i gcónaí le méadú nó laghdú comhfhreagrach ar an gcúlchiste sócmhainní.

51. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(7) mura gcinneann sé luach comhiomlán an chúlchiste sócmhainní lena n-úsáidtear praghsanna an mhargaidh, agus mura bhfuil a luach comhiomlán cothrom, i gcónaí, ar a laghad le luach comhiomlán na n-éileamh i gcoinne an eisitheora ó shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh atá i gcúrsaíocht.

52. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(8) mura bhfuil beartas soiléir agus mionsonraithe aige lena dtugtar tuairisc ar shásra cobhsaíochta an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh, ar sásra é lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (g) den mhír sin.

53. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(9) mura dtugann sé sainordú chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an gcúlchiste sócmhainní gach 6 mhí, amhail ó dháta a údaraithe nó ó dháta formheasa an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17.

54. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(10) mura dtugann sé fógra do ÚBE faoi thoradh an iniúchta i gcomhréir leis an mír sin nó mura bhfoilsíonn sé toradh an iniúchta laistigh de 2 sheachtain ón dáta ar a dtugtar fógra do ÚBE.

55. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(1) mura ndéanann sé beartais chumhdaigh, nósanna imeachta cumhdaigh agus socruithe conarthacha cumhdaigh a bhunú, a choimeád ar bun nó a chur chun feidhme chun a áirithiú i gcónaí go gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (e), den mhír sin.

56. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(2) mura bhfuil beartas cumhdaigh i bhfeidhm aige do gach linn cúlsócmhainní tráth a n-eisíonn sé dhá cheann nó níos mó de chomharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha.

57. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(3) mura n-áirithíonn sé go bhfuil na cúlsócmhainní á gcumhdach ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dháta eisiúna an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh.

58. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura bhfeidhmíonn sé gach scil chuí, cúram cuí agus dícheall cuí maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní a roghnú, a cheapadh agus a athbhreithniú, nó mura n-áirithíonn sé gur duine dlítheanach ionann é agus an t-eisitheoir an coimeádaí.

59. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an saineolas agus an clú margaidh is gá chun gníomhú mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní sin ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní.

60. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura n-áirithíonn sé, sna socruithe conarthacha leis na coimeádaithe, go ndéantar na cúlsócmhainní atá á gcumhdach a chosaint ar éilimh ó chreidiúnaithe na gcoimeádaithe.

61. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(5) mura leagann sé amach sna beartais chumhdaigh na critéir roghnúcháin maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta a cheapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní, nó mura bhfuil nós imeachta leagtha amach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceapacháin sin.

62. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(5) mura ndéanann sé athbhreithniú ar bhonn tráthrialta ar cheapadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní, mura ndéanann sé measúnú ar a nochtadh do na coimeádaithe sin nó mura ndéanann sé faireachán ar staideanna airgeadais na gcoimeádaithe sin ar bhonn leanúnach.

63. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(6) mura n-áirithíonn sé go ndéantar na cúlsócmhainní a chumhdach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (a) go (d), den mhír sin.

64. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(7) mura dtugtar socrú conarthach mar fhianaise ar cheapadh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, institiúide creidmheasa nó gnólachta mar choimeádaí na gcúlsócmhainní, nó mura ndéanann sé rialáil, trí bhíthin an tsocraithe chonarthaigh sin, ar an sreabhadh faisnéise is gá chun gur féidir le heisitheoir an chomhartha shócmhainn-tagartha shuntasaigh, an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, an institiúid creidmheasa agus an gnólacht infheistíochta a bhfeidhmeanna mar choimeádaithe a chomhlíonadh.

65. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(1) más rud é go n-infheistíonn sé an cúlchiste sócmhainní in aon táirgí nach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha iad lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe, nó i gcás nach féidir na hinfheistíochtaí sin a leachtú go tapa gan ach éifeacht dhíobhálach íosta a imirt ar phraghsanna.

66. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(3) mura bhfuil na hionstraimí airgeadais ar iontu a infheistítear an cúlchiste sócmhainní á gcumhdach i gcomhréir le hAirteagal 37 aige.

67. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(4) mura n-iompraíonn sé na brabúis agus na caillteanais go léir, mar aon le haon rioscaí contrapháirtí nó oibriúcháin, a eascraíonn as infheistiú an chúlchiste sócmhainní.

68. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 39(1) mura ndéanann sé beartais agus nósanna imeachta soiléire agus mionsonraithe a bhunú, a choimeád ar bun agus a chur chun feidhme i leith na mbuancheart fuascailte shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh.

69. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 39(1) agus (2) mura n-áirithíonn sé go bhfuil buanchearta fuascailte ag sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh i gcomhréir leis na míreanna sin, agus mura mbunaíonn sé beartas maidir leis na buanchearta fuascailte sin, ar beartas é lena gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 39(2), an chéad fhomhír, pointí (a) go (e).

70. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 39(3) má chuireann sé táillí i bhfeidhm i gcás i gcás fhuascailt an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh.

71. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 40 má dheonaíonn sé ús i ndáil leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach.

72. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(1) mura ndéanann sé beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun, ar beartas é lena ndéantar an bainistiú riosca fónta agus éifeachtach ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha a chur chun cinn agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeáin riosca a mhaolú.

73. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(2) mura n-áirithíonn sé gur féidir le soláthraithe éagsúla seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe chun cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach, comhartha sócmhainn-tagartha suntasach a chumhdach.

74. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(3) mura ndéanann sé measúnú nó faireachán ar na riachtanais leachtachta chun iarrataí ó shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh a fhuascailt.

75. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(3) mura ndéanann sé beartas bainistithe leachtachta agus nósanna imeachta bainistithe leachtachta a bhunú, a choimeád ar bun nó a chur chun feidhme, nó mura n-áirithíonn sé, leis na beartais agus na nósanna imeachta sin, go bhfuil próifíl leachtachta athléimneach ag na cúlsócmhainní lena gcuirtear ar chumas an eisitheora an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh leanúint de bheith ag feidhmiú mar is gnách, lena n-áirítear i gcásanna struis leachtachta.

76. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(4) mura ndéanann sé tástáil struis leachtachta ar bhonn tráthrialta nó mura neartaíonn sé na ceanglais leachtachta i gcás arna iarraidh sin do ÚBE bunaithe ar thoradh na dtástálacha sin.

77. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(1) mura ndéanann sé plean téarnaimh a tharraingt suas agus a choimeád ar bun ina ndéantar foráil maidir le bearta atá le déanamh ag eisitheoir an chomhartha shócmhainn-tagartha shuntasaigh chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a athbhunú i gcásanna ina mainníonn an t-eisitheoir na ceanglais sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear caomhnú na seirbhísí dá chuid a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, athshlánú tráthúil oibríochtaí agus comhlíonadh oibleagáidí an eisitheora i gcás teagmhais lena ngabhann riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí.

78. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(1) mura ndéanann sé plean téarnaimh a tharraingt suas agus a choimeád ar bun, ar plean é ina n-áirítear coinníollacha agus nósanna imeachta iomchuí chun cur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí téarnaimh a áirithiú, chomh maith le raon leathan roghanna téarnaimh, mar a liostaítear sa tríú fomhír den mhír sin.

79. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(2) mura dtugann sé fógra faoin bplean téarnaimh do ÚBE agus, i gcás inarb iomchuí, dá údaráis réitigh agus dá údaráis maoirseachta stuamachta, laistigh de 6 mhí ó dháta an údaraithe de bhun Airteagal 21 nó laistigh de 6 mhí ó dháta formheasa an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17.

80. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(2) mura ndéanann sé an plean téarnaimh a athbhreithniú nó a nuashonrú go tráthrialta.

81. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(1) mura ndéanann sé plean oibríochtúil a tharraingt suas agus a choimeád ar bun chun tacú le gach comhartha sócmhainn-tagartha suntasach a fhuascailt go hordúil.

82. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige lena léirítear cumas eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh fuascailt a dhéanamh ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh gan íoc a eisíodh, gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh dá shealbhóirí ná do chobhsaíocht mhargaí na gcúlsócmhainní.

83. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige ina n-áirítear socruithe conarthacha, nósanna imeachta nó córais, lena n-áirítear riarthóir sealadach a ainmniú, chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le sealbhóirí uile an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh agus go n-íocfar sealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha shuntasaigh go tráthúil leis na fáltais ó na cúlsócmhainní atá fágtha a dhíol.

84. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige lena n-áirithítear leanúnachas aon ghníomhaíochtaí criticiúla atá riachtanach don fhuascailt ordúil agus a dhéanann an t-eisitheoir nó aon eintiteas tríú páirtí.

85. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(3) mura dtugann sé fógra faoin bplean fuascailte do ÚBE laistigh de 6 mhí ó dháta an údaraithe de bhun Airteagal 21 nó laistigh de 6 mhí ó dháta formheasa an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní de bhun Airteagal 17.

86. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(3) mura ndéanann sé an plean fuascailte a athbhreithniú nó a nuashonrú go tráthrialta.

87. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 88(1), ach amháin i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 88(2), mura gcuireann sé an pobal ar an eolas a luaithe is féidir faoi fhaisnéis ón taobh istigh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 87, a bhaineann go díreach leis an eisitheoir sin, ar bhealach ina gcuirtear ar chumas an phobail an fhaisnéis sin a rochtain go tapa agus í a mheasúnú ar bhealach iomlán, ceart agus tráthúil.

IARSCRÍBHINN VI

LIOSTA DE NA SÁRUITHE AR FHORÁLACHA DÁ DTAGRAÍTEAR I DTEIDEAL IV I GCOMHAR LE TEIDEAL III LE HAGHAIDH EISITHEOIRÍ COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID SUNTASACHA

1. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 22(1) mura ndéanann sé, i gcás gach comhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é lena ngabhann luach eisiúna is airde ná EUR 100 000 000, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (d), den mhír sin, a thuairisciú do ÚBE ar bhonn ráithiúil.

2. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 23(1) mura scoireann sé de chomhartha ríomh-airgid suntasach atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é a eisiúint ach na tairseacha dá bhforáiltear sa mhír sin a bheith sroichte aige nó mura gcuireann sé plean faoi bhráid ÚBE laistigh de 40 lá oibre tar éis dó na tairsí sin sin a bhaint amach chun a áirithiú go gcoinneofar meánlíon ráithiúil measta agus meánluach comhiomlán ráithiúil measta na n-idirbheart in aghaidh an lae faoi bhun na dtairseach sin.

3. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 23(4) mura gcomhlíonann sé na modhnuithe ar an bplean dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal sin de réir mar a cheanglaíonn ÚBE.

4. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(2) den Rialachán seo i gcás nach é atá ina chistí dílse míreanna agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagal 46(4) agus Airteagal 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

5. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(3) mura gcomhlíonann sé ceanglas ÚBE maidir le méid is airde cistí dílse a bheith ina sheilbh aige, ag eascairt as an measúnú arna dhéanamh i gcomhréir le pointí (a) go (g) den mhír sin.

6. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(5) mura ndéanann sé tástáil struis, ar bhonn tráthrialta, lena gcuirtear san áireamh cásanna struis airgeadais atá dian ach inchreidte, amhail suaití rátaí úis, agus cásanna struis neamhairgeadais, amhail riosca oibriúcháin.

7. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 35(5) mura gcomhlíonann sé ceanglas ÚBE maidir le méid is airde cistí dílse a bheith ina sheilbh aige bunaithe ar thoradh na tástála struis.

8. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura ndéanann sé cúlchiste sócmhainní a bhunú agus a choimeád ar bun i gcónaí.

9. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an cúlchiste sócmhainní comhdhéanta agus á bhainistiú sa chaoi go gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann leis an airgeadra oifigiúil atá faoi thagairt ag an gcomhartha ríomh-airgid suntasach.

10. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(1) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an cúlchiste sócmhainní comhdhéanta agus á bhainistiú sa chaoi go dtugtar aghaidh ar na rioscaí leachtachta a bhaineann le buanchearta fuascailte na sealbhóirí.

11. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(3) mura n-áirithíonn sé go leithscartar an cúlchiste sócmhainní go hoibríochtúil ó eastát an eisitheora, agus ó chúlchiste sócmhainní comharthaí ríomh-airgid eile.

12. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(6) mura n-áirithíonn a chomhlacht bainistíochta go ndéantar an cúlchiste sócmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtach stuama.

13. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(6) mura n-áirithíonn sé go ndéantar eisiúint agus fuascailt an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh a mheaitseáil le méadú nó laghdú comhfhreagrach ar an gcúlchiste sócmhainní.

14. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(7) mura ndéanann luach comhiomlán an chúlchiste sócmhainní a chinneadh trí úsáid á bhaint as praghsanna an mhargaidh, agus mura bhfuil a luach comhiomlán i gcónaí cothrom ar a laghad le luach comhiomlán na n-éileamh i gcoinne eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh atá i gcúrsaíocht.

15. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(8) mura bhfuil beartas soiléir agus mionsonraithe aige lena dtugtar tuairisc ar shásra cobhsaíochta an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh, ar sásra é lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (g) den mhír sin.

16. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(9) mura dtugann sé sainordú maidir le hiniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an gcúlchiste sócmhainní gach 6 mhí tar éis dháta na tairisceana don phobal nó an dáta a ligtear isteach iad chun a dtrádála.

17. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 36(10) mura dtugann sé fógra do ÚBE faoi thoradh an iniúchta i gcomhréir leis an mír sin nó mura bhfoilsíonn sé toradh an iniúchta laistigh de 2 sheachtain ón dáta ar a dtugtar fógra do ÚBE.

18. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(1) mura ndéanann sé beartais chumhdaigh, nósanna imeachta cumhdaigh agus socruithe conarthacha cumhdaigh a bhunú, a choimeád ar bun nó a chur chun feidhme chun a áirithiú i gcónaí go gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (e), den mhír sin.

19. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(2) mura bhfuil beartas cumhdaigh i bhfeidhm aige do gach linn cúlsócmhainní aige tráth a n-eisíonn sé dhá cheann nó níos mó de chatagóirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha.

20. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(3) mura n-áirithíonn sé go bhfuil na cúlsócmhainní á gcumhdach ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraíonn cumhdach agus riar cripteashócmhainní thar ceann cliant, ag institiúid creidmheasa nó ag gnólacht infheistíochta tráth nach déanaí ná 5 lá oibre i ndiaidh dháta eisiúna an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh.

21. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura bhfeidhmíonn sé gach scil chuí, cúram cuí agus dícheall cuí maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní a roghnú, a cheapadh agus a athbhreithniú, nó mura n-áirithíonn sé gur duine dlítheanach nach ionann é agus an t-eisitheoir an coimeádaí.

22. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura n-áirithíonn sé go bhfuil an saineolas agus an clú margaidh is gá chun gníomhú mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní sin ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní.

23. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(4) mura n-áirithíonn sé, sna socruithe conarthacha leis na coimeádaithe, go ndéantar na cúlsócmhainní atá á gcumhdach a chosaint ar éilimh ó chreidiúnaithe na gcoimeádaithe.

24. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(5) mura leagann sé amach sna beartais chumhdaigh na critéir roghnúcháin maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta a cheapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní, nó mura bhfuil nós imeachta leagtha amach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceapacháin sin.

25. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(5) mura ndéanann sé athbhreithniú ar bhonn tráthrialta ar cheapadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní, mura ndéanann sé measúnú ar a nochtadh do na coimeádaithe sin, nó mura ndéanann sé faireachán ar staideanna airgeadais na gcoimeádaithe sin ar bhonn leanúnach.

26. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(6) mura n-áirithíonn sé go ndéantar na cúlsócmhainní a chumhdach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (a) go (d), den mhír sin.

27. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 37(7) mura dtugtar socrú conarthach mar fhianaise ar cheapadh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta mar choimeádaí na gcúlsócmhainní, nó mura ndéanann sé rialáil, trí bhíthin an tsocraithe chonarthaigh sin, ar an sreabhadh faisnéise is gá chun gur féidir le heisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh agus leis an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, na hinstitiúidí creidmheasa agus na gnólachtaí infheistíochta a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh mar choimeádaithe.

28. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(1) más rud é go n-infheistíonn sé an cúlchiste sócmhainní in aon táirgí nach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha iad lena mbaineann riosca íosta margaidh, riosca íosta creidmheasa agus riosca íosta comhchruinnithe, nó i gcás nach féidir na hinfheistíochtaí sin a leachtú go tapa gan ach éifeacht dhíobhálach íosta a imirt ar phraghsanna.

29. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(3) mura bhfuil na hionstraimí airgeadais ar iontu a infheistítear an cúlchiste sócmhainní á gcumhdach i gcomhréir le hAirteagal 37 aige.

30. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 38(4) mura n-iompraíonn sé na brabúis agus na caillteanais go léir, mar aon le haon rioscaí contrapháirtí nó oibriúcháin, a eascraíonn as infheistiú an chúlchiste sócmhainní.

31. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(1) mura ndéanann sé beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a choimeád ar bun, ar beartas é lena ndéantar bainistiú riosca fónta agus éifeachtach ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid shuntasaigh a chur chun cinn agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeáin riosca a mhaolú.

32. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(2) mura n-áirithíonn sé gur féidir le soláthraithe éagsúla seirbhísí cripteashócmhainní atá údaraithe chun cumhdach agus riar cripteashócmhainní a sholáthar thar ceann cliant, ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach, a chomhartha ríomh-airgid suntasach a chumhdach.

33. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(3) mura ndéanann sé measúnú nó faireachán ar na riachtanais leachtachta chun iarrataí ar fhuascailt arna ndéanamh ag sealbhóirí comhartha ríomh-airgid suntasach a chomhlíonadh.

34. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(3) mura ndéanann sé beartas bainistithe leachtachta agus nósanna imeachta bainistithe leachtachta a bhunú, a choimeád ar bun nó a chur chun feidhme, nó mura n-áirithíonn sé, leis na beartais agus na nósanna imeachta sin, go bhfuil próifíl leachtachta athléimneach ag na cúlsócmhainní lena gcuirtear ar chumas an eisitheora an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh leanúint de bheith ag feidhmiú mar is gnách, lena n-áirítear i gcásanna struis leachtachta.

35. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(4) mura ndéanann sé tástáil struis leachtachta ar bhonn tráthrialta nó mura neartaíonn sé na ceanglais leachtachta i gcás arna iarraidh sin do ÚBE bunaithe ar thoradh tástálacha den sórt sin.

36. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 45(5) mura ndéanann sé an ceanglas maidir le cistí dílse a chomhlíonadh i gcónaí.

37. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(1) mura ndéanann sé plean téarnaimh a tharraingt suas agus a choimeád ar bun ina ndéantar foráil maidir le bearta atá le déanamh ag eisitheoir na gcomharthaí ríomh-airgid suntasacha chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a athbhunú i gcásanna ina mainníonn an t-eisitheoir na ceanglais sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear caomhnú na seirbhísí dá chuid a bhaineann leis an gcomhartha ríomh-airgid suntasach arna eisiúint, athshlánú tráthúil oibríochtaí agus comhlíonadh oibleagáidí an eisitheora i gcás teagmhais lena ngabhann riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí.

38. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(1) mura ndéanann sé plean téarnaimh a tharraingt suas agus a chothabháil coinníollacha agus nósanna imeachta iomchuí chun cur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí téarnaimh a áirithiú, chomh maith le raon leathan roghanna téarnaimh, mar a liostaítear sa tríú fomhír, pointí (a), (b) agus (c), den mhír sin.

39. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(2) mura dtugann sé fógra faoin bplean téarnaimh do ÚBE agus, i gcás inarb iomchuí, dá údaráis réitigh agus dá údaráis maoirseachta stuamachta, laistigh de 6 mhí ó dháta na tairisceana don phobal nó ó dháta an ligin isteach chun trádála.

40. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 46(2) mura ndéanann sé an plean téarnaimh a athbhreithniú nó a nuashonrú go tráthrialta.

41. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(1) mura ndéanann sé plean oibríochtúil a tharraingt suas agus a choimeád ar bun chun tacú le gach comhartha ríomh-airgid suntasach a fhuascailt go hordúil.

42. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige lena léirítear cumas eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh fuascailt a dhéanamh ar an gcomhartha sócmhainn-tagartha suntasach gan íoc a eisíodh, gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh dá shealbhóirí ná do chobhsaíocht mhargaí na gcúlsócmhainní.

43. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige ina n-áirítear socruithe conarthacha, nósanna imeachta nó córais, lena n-áirítear riarthóir sealadach a ainmniú, chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le sealbhóirí uile an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh agus go n-íocfar sealbhóirí an chomhartha ríomh-airgid shuntasaigh go tráthúil leis na fáltais ó na cúlsócmhainní atá fágtha a dhíol.

44. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(2) mura bhfuil plean fuascailte aige lena n-áirithítear leanúnachas aon ghníomhaíochtaí criticiúla, atá riachtanach don fhuascailt ordúil, a dhéanann an t-eisitheoir nó aon eintitis tríú páirtí.

45. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(3) mura dtugann sé fógra faoin bplean fuascailte do ÚBE laistigh de 6 mhí ó dháta na tairisceana don phobal nó ó dháta an ligin isteach chun trádála.

46. Sáraíonn an t-eisitheoir Airteagal 47(3) mura ndéanann sé an plean fuascailte a athbhreithniú nó a nuashonrú go tráthrialta.

RIALACHÁN (AE) 2023/1115 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Bealtaine 2023

maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Soláthraíonn foraoisí réimse leathan tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear adhmad agus táirgí foraoise neamhadhmaid agus seirbhísí comhshaoil atá fíor-riachtanach le haghaidh an chine dhaonna, ós rud é go dtugann siad tearmann don chuid is mó de bhithéagsúlacht talún na Cruinne. Coinníonn siad feidhmeanna éiceachórais ar bun, cuidíonn siad leis an gcóras aeráide a chosaint, soláthraíonn siad aer glan agus tá ról ríthábhachtach acu chun uiscí agus ithreacha a íonú mar aon le coinneáil agus athlíonadh uisce. Feidhmíonn limistéir mhóra foraoise mar fhoinse taise agus cabhraíonn siad le cosc a chur le gaineamhlú na réigiún ilchríochach. Ina theannta sin, soláthraíonn foraoisí cothú agus ioncam do thart ar aon trian de dhaonra an domhain agus baineann iarmhairtí tromchúiseacha le scriosadh foraoisí ar shlí bheatha na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla a bhraitheann go mór ar éiceachórais foraoise. Lena chois sin, le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí laghdaítear linnte carbóin bunriachtanacha. Ina theannta sin, cuireann dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí leis an dóchúlacht go mbeidh teagmháil ann idir ainmhithe fiáine, ainmhithe saothraithe agus daoine, rud a mhéadaíonn an riosca go leathfaidh galair nua agus an riosca go mbeidh eipidéimí agus paindéimí nua ann.

(2) Tá an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí ag tarlú ar ráta scanrúil. Measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) gur cailleadh 420 milliún heicteár d'fhoraois – thart ar 10 % de na foraoisí atá fágtha ar domhan, cothrom le limistéar is mó ná an tAontas Eorpach – ar fud an domhain idir 1990 agus 2020. Tá an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí, dá réir sin, ina bpríomhspreagthóirí an téimh dhomhanda agus chailliúint na bithéagsúlachta – an dá dhúshlán comhshaoil is tábhachtaí de chuid ár linne. Ach mar sin féin, leanann an domhan de 10 milliún heicteár foraoise a chailleadh gach bliain. Bíonn an-tionchar ag an athrú aeráide ar fhoraoisí freisin, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán chun inoiriúnaitheacht agus athléimneacht foraoisí a áirithiú sna blianta amach romhainn.

(3) Is iomaí bealach a rannchuidíonn an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí leis an ngéarchéim aeráide dhomhanda. Rud a bhfuil tábhacht ar leith leis, méadaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa trí dhóiteáin foraoise ghaolmhara, agus cumais linnte carbóin á mbaint go buan, athléimneacht an limistéir atá thíos leis á laghdú i bhfianaise an athraithe aeráide agus laghdú substaintiúil á dhéanamh ar a bhithéagsúlacht agus a athléimneacht i dtaca le galair agus feithidí lotnaide. An dífhoraoisiú as féin is cúis le 11 % d'astaíochtaí gáis ceaptha mar a luadh sa tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir leis an athrú aeráide agus talamh 2019.

(4) Spreagann cliseadh aeráide cailliúint na bithéagsúlachta go domhanda agus géaraíonn cailliúint bithéagsúlachta an t-athrú aeráide, dá bhrí sin, tá siad fite fuaite le chéile, mar a deimhníodh le staidéir le déanaí. Tá an bhithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla ríthábhachtach d'fhorbairt aeráid-díonach. Gníomhaíonn feithidí, éin agus mamaigh mar phailneoirí agus scaiptheoirí síolta agus is féidir leo cuidiú le carbón a stóráil ar bhealach níos éifeachtúla, go díreach nó go hindíreach. Áirithíonn foraoisí freisin athshlánú leanúnach ar acmhainní uisce agus cosc ar thriomach agus a n-éifeachtaí dochracha ar phobail áitiúla, lena n-áirítear pobail dhúchasacha. Is é an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a laghdú go mór agus foraoisí agus éiceachórais eile a athbhunú go córasach an deis aonair dúlrabhunaithe is mó dá bhfuil ann maidir le maolú aeráide.

([1]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 88.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Aibreán 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023.

(5) Tá an bhithéagsúlacht fíor-riachtanach le haghaidh athléimneacht na n-éiceachóras agus a gcuid seirbhísí ar leibhéal áitiúil agus domhanda araon. Tá breis agus leath na holltáirgeachta intíre domhanda ag brath ar an dúlra agus na seirbhísí a sholáthraíonn sé. Tá trí phríomhearnáil eacnamaíocha – foirgníocht, talmhaíocht, agus bia agus deoch – ag brath go mór ar an dúlra. Tá cailliúint na bithéagsúlachta ina bagairt ar thimthriallta uisce inbhuanaithe agus ar chórais bhia, rud a chuireann slándáil bia agus cothú i mbaol. Braitheann breis agus 75 % de chineálacha bairr bia ar fud na cruinne ar phailniú ó ainmhithe. Thairis sin, braitheann roinnt earnálacha tionsclaíochta ar an éagsúlacht ghéiniteach agus ar sheirbhísí éiceachórais mar ionchuir chriticiúla le haghaidh táirgeachta, go háirithe le haghaidh cógas, lena n-áirítear frithmhicróbáin.

(6) Tá an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an dífhoraoisiú ina n-ábhair imní a bhfuil fíorthábhacht dhomhanda leo, lena ndéantar difear do mharthanas an chine dhaonna agus do dhálaí maireachtála marthanacha ar an gCruinne. De bharr ghéarú an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an díghrádaithe comhshaoil, i dteannta samplaí inláimhsithe dá n-éifeachtaí millteacha ar an dúlra, ar dhálaí maireachtála an duine agus ar gheilleagair áitiúla, aithnítear an t-aistriú glas mar chuspóir sainitheach ár linne agus mar ábhar comhionannais inscne agus cothromais idir na glúine.

(7) Is minic a dhírítear géarleanúint agus ionsaithe marfacha ar chosantóirí chearta an duine maidir leis an gcomhshaol, a dhéanann iarracht cearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar uisce, aer agus talamh glan. Bíonn tionchar díréireach ag na hionsaithe sin ar phobail dhúchasacha. De réir tuarascálacha a scríobhadh in 2020, bhí níos mó ná dhá thrian d'íospartaigh na n-ionsaithe sin ag obair chun foraoisí an domhain a chosaint ar an dífhoraoisiú agus ar an bhforbairt thionsclaíoch.

(8) Tá tomhaltas an Aontais ina phríomhspreagthóir dífhoraoisiúcháin agus díghrádaithe foraoisí ar scála domhanda. Le measúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo meastar gurb amhlaidh, gan idirghabháil rialála iomchuí, a d'ardódh tomhaltas agus táirgeacht an Aontais maidir leis na sé thráchtearra sin féin (eallach, cócó, caife, pailm ola, soighe agus adhmad) chuig thart ar 248 000 heicteár dífhoraoisithe go bliantúil faoi 2030.

(9) A mhéid a bhaineann le staid na bhforaoisí laistigh den Aontas, sonraítear sa tuarascáil maidir le Staid Fhoraoisí na hEorpa 2020 gurb amhlaidh, idir 1990 agus 2020, a d'ardaigh limistéar na bhforaoisí san Eoraip faoi 9 %, a d'fhás carbón atá stóráilte sa bhithmhais faoi 50 % agus a d'ardaigh an soláthar adhmaid faoi 40 %. Tá príomhfhoraoisí agus foraoisí a athghintear go nádúrtha i mbaol, *inter alia*, de dheasca an dianbhainistithe agus, tá a mbithéagsúlacht uathúil agus a ngnéithe struchtúracha i mbaol. Ina theannta sin, thug an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dá haire go meastar anois go bhfuil níos lú ná 5 % de limistéir foraoise na hEorpa nár briseach, nó atá nádúrtha, agus gur aicmíodh 10 % de limistéir foraoise na hEorpa mar fhoraoisí dianbhainistithe. Ní mór d'éiceachórais foraoise dul i ngleic leis an iliomad brúnna arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, ó phatrúin adhaimsire go lotnaidí, agus le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an duine a mbíonn tionchar diúltach acu ar éiceachórais agus ar ghnáthóga. Go háirithe, maidir le foraoisí cothrom-aoisithe a ndéanfar dianbhainistiú orthu trí ghlanleagan agus adhmad marbh a bhaint, is féidir tionchar dian a bheith acu sin ar ghnáthóga iomlána.

(10) In 2019, ghlac an Coimisiún roinnt tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna comhshaoil an domhain, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha maidir leis an dífhoraoisiú. Ina theachtaireacht an 23 Iúil 2019 dar teideal *Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú] ('an Teachtaireacht maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú'), shainaithin an Coimisiún mar thosaíocht lorg tomhaltais an Aontais ar thalamh a laghdú agus tomhaltas táirgí ó shlabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a spreagadh san Aontas. Ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip leag an Coimisiún amach straitéis nua fáis a bhfuil sé d'aidhm aici sochaí chothrom agus rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar a bheidh nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch agus a thógfar ar shaorthrádáil inbhuanaithe riailbhunaithe mar nach mbeidh aon ghlanastaíocht gáis ceaptha teasa in 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní agus mar nach bhfágfar aon duine ná aon áit chun deiridh. Tá sé d'aidhm aici freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach agus na nglún atá le teacht a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Thairis sin, tá sé d'aidhm leis an gComhaontú Glas don Eoraip, *inter alia*, aer úr, uisce glan, ithir fholláin agus bithéagsúlacht a sholáthar do na saoránaigh agus do na glúine atá le teacht. Chuige sin, leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol ('Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030') an teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal '*A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system*' [Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc - le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'), an teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 maidir le 'New EU Forest Strategy for 2030' [Straitéis Foraoise nua an Aontais do 2030, an teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal '*on the the Pathway to a Healthy Planet for All, EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil*' ('Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean Gníomhaíochta an Aontais i dtreo Truailliú Nialasach le haghaidh Aeir, Uisce agus Ithir'] agus straitéisí ábhartha eile, amhail an teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 dar teideal 'on a long-term Vision for the EU's Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040' [ar fhís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais - i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha,

athléimneach agus rathúil faoi 2040], a forbraíodh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, cuirtear i dtábhacht a thuilleadh an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht um chosaint agus athléimneacht foraoisí. Go háirithe, tá sé d'aidhm ag Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 an dúlra a chosaint agus díghrádú éiceachóras a fhreaschur. Ar deireadh, leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 dar teideal '*A sustainable Bioeconomy for Europe: strengthening the connection between economy, society and the environment*' [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] feabhsaítear cosaint an chomhshaoil agus na n-éiceachóras agus aghaidh á tabhairt freisin ar an éileamh méadaitheach ar bhia, beatha, fuinneamh, ábhair agus táirgí trí bhealaí nua chun táirgthe agus chun tomhailte a lorg.

(11) Léirigh na Ballstáit arís agus arís eile gur ábhar imní dóibh an dífhoraoisiú seasmhach agus an díghrádú foraoisí seasmhach. Chuir siad i dtábhacht ós rud é nach leor na beartais atá ann faoi láthair ná an ghníomhaíocht atá á déanamh ar an leibhéal domhanda maidir le caomhnú, athbhunú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí chun an dífhoraoisiú, an díghrádú foraoisí agus an chailliúint bithéagsúlachta a stopadh, go bhfuil gá le gníomhaíocht fheabhsaithe ón Aontas chun rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe é in 2015. Thacaigh an Chomhairle go sonrach leis an bhfógra ón gCoimisiún ina theachtaireacht dar teideal '*Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests*' [Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú] á rá go ndéanfadh sé measúnú ar bhearta rialála agus neamhrialála breise agus go dtíolacfadh sé tograí donn dá chineál beart. Ina theannta sin tá Deich mBliana Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe ar mhaithe le SDGanna, Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras agus Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le Feirmeoireacht Teaghlaigh formhuinithe ag an Aontas agus ag na Ballstáit.

(12) Chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht go bhfuil scrios, díghrádú agus tiontú leanúnach fhoraoisí agus éiceachórais nádúrtha an domhain, chomh maith le sáruithe ar chearta an duine nasctha, den chuid is mó, le leathnú na táirgeachta talmhaíochta — go háirithe trí fhoraoisí a thiontú ina dtalamh talmhaíochta atá tiomnaithe do roinnt tráchtearraí agus táirgí ardéilimh a tháirgeadh. An 22 Deireadh Fómhair 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa rún i gcomhréir le hAirteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-iarrtar ar an gCoimisiún togra a chur isteach, ar bhonn Airteagal 192(1) CFAE, le haghaidh 'creat dlíthiúil de chuid AE chun an dífhoraoisiú domhanda atá faoi thionchar AE a stopadh agus a fhreaschur' bunaithe ar dhícheall cuí éigeantach.

(13) Tá comhrac an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise ina chuid thábhachtach den phacáiste beart is gá chun gealltanais an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip a chomhlíonadh agus faoi Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([3]) ('Comhaontú Pháras'), agus faoin Ochtú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol arna ghlacadh le Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus leis an ngealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) an neodracht aeráide a bhaint amach ar a dhéanaí faoi 2050 agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030.

(14) Tá comhrac an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise ina chuid thábhachtach den phacáiste beart is gá chun cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac agus chun gealltanais an Aontais a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) ([6]), faoin gComhaontú Glas don Eoraip, faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 agus cuspóirí an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra a ghabhann léi.

(15) Is rud uathúil na foraoisí príomhúla nach féidir aon rud a chur ina n-áit. Bíonn comhdhéanamh bithéagsúlachta éagsúil ag foraoisí plandála agus foraois a cuireadh agus cuireann siad seirbhísí éiceachórais éagsúla ar fáil nach ionann iad agus na seirbhísí a fhaightear i bhforaoisí príomhúla agus foraoisí a athghintear go nádúrtha.

(16) Spreagann leathnú talmhaíochta beagnach 90 % den dífhoraoisiú domhanda, agus is é tiontú foraoise ina talamh curaíochta is cúis le breis agus leath den chailliúint foraoise, cé go bhfuil innilt beostoic freagrach as beagnach 40 % de chailliúint foraoise.

(17) Is féidir le táirgeadh beatha do bheostoc cur le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí. Trí chleachtais talmhaíochta mhalartacha inbhuanaithe a chur chun cinn, is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide, agus dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí ar fud an domhain a sheachaint. D'fhéadfaí an brú ar thalamh agus acmhainní a laghdú trí dhaoine a dhreasú chun aistí bia níos cothroime, níos sláintiúla agus níos cothaithí agus stíl mhaireachtála níos inbhuanaithe a bheith acu.

([3]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

([4]) Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

([5]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([6]) Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

(18) D'allmhairigh agus thomhail an tAontas an tríú cuid de na táirgí talmhaíochta a trádáladh go domhanda atá bainteach leis an dífhoraoisiú idir 1990 agus 2008. Thar an tréimhse sin, bhí tomhaltas an Aontais freagrach as 10 % den dífhoraoisiú ar fud an domhain a bhí bainteach le táirgeadh earraí nó soláthar seirbhísí. Fiú má tá laghdú ag teacht ar sciar coibhneasta thomhaltas an Aontais, tá tomhaltas an Aontais ina spreagthóir dífhoraoisiúcháin díréireach mór. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas beart a dhéanamh chun íoslaghdú a dhéanamh ar an dífhoraoisiú domhanda agus ar an díghrádú foraoisí atá faoi thionchar a thomhaltais maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe agus leis sin féachaint lena rannchuidiú le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa agus cailliúint na bithéagsúlachta dhomhanda a laghdú mar aon le patrúin táirgeachta agus tomhaltais inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas agus go domhanda. Chun go mbeidh an tionchar is mó aige, ba cheart é a bheith d'aidhm ag beartas an Aontais tionchar a imirt ar an margadh domhanda, seachas ar shlabhraí soláthair chuig an Aontas agus orthu sin amháin. Tá comhpháirtíochtaí agus comhar idirnáisiúnta éifeachtúil, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála, le tíortha táirgthe agus tomhaltóra fíor-riachtanach ina leith sin.

(19) Tá an tAontas tiomanta do bheartais uaillmhianacha chomhshaoil agus aeráide a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ar fud an domhain, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 37 di lena bhforáiltear nach mór ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais agus a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe. Mar chuid de ghné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ba cheart a chur san áireamh i ngníomhaíocht faoin Rialachán seo a thábhachtaí atá na comhaontuithe domhanda, na gealltanais agus na creataí domhanda atá ann cheana agus lena rannchuidítear le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a laghdú amhail Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe le haghaidh Foraoisí 2017-2030 agus a Spriocanna Domhanda Foraoise, Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras, CBD agus an Creat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 a ghabhann leis sin, an Plean Straitéiseach Domhanda um Bithéagsúlacht 2011-2020 agus Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a ghabhann leis sin, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, chomh maith leis an gcreat iltaobhach chun tacú le dul i ngleic le bunchúiseanna an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí, amhail SDGanna agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.

(20) Is cuid fhíor-riachtanach de SDGanna an dífhoraoisiú a stopadh agus foraoisí díghrádaithe a athbhunú. Leis an Rialachán seo ba cheart rannchuidiú go háirithe leis na spriocanna a chomhlíonadh maidir leis an mbeatha ar thalamh (SDG 15), gníomhú ar son na haeráide (SDG 13), tomhaltas agus táirgeacht fhreagrach (SDG 12), ocras nialais (SDG 2) agus sláinte mhaith agus folláine (SDG 3). Maidir le sprioc ábhartha 15.2 chun an dífhoraoisiú a stopadh faoi 2020 níor comhlíonadh í, rud a léiríonn an phráinn atá le gníomhaíocht uaillmhianach agus éifeachtach.

(21) Leis an Rialachán seo ba cheart freagairt freisin do Dhearbhú Nua-Eabhrac maidir le Foraoisí, dearbhú polaitiúil nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de lena bhformhuinítear amlíne dhomhanda chun cailliúint foraoise nádúrtha a ghearradh ina dhá leath faoi 2020 agus féachaint le deireadh a chur léi faoi 2030. D'fhormhuinigh na scórtha rialtas an Dearbhú, roinnt de na cuideachtaí is mó ar domhan, agus eagraíochtaí mórthionchair ón tsochaí shibhialta agus ón bpobal dúchasach. Iarradh ar an earnáil phríobháideach leis freisin an sprioc a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis an dífhoraoisiú ó tháirgeadh tráchtearraí talmhaíochta amhail táirgí pailm ola, soighe, páipéir agus táirgí mairteola faoi thráth nach déanaí ná 2020, sprioc nár baineadh amach. Ina theannta sin leis an Rialachán ba cheart rannchuidiú le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontais le haghaidh Foraoisí, 2017-2030, arb í an Sprioc Foraoise Domhanda 1 dá chuid cailliúint an chumhdaigh foraoise a fhreaschur ar fud an domhain trí bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí, lena n-áirítear cosaint, athbhunú, foraoisiú agus athfhoraoisiú, agus cur le hiarrachtaí chun an díghrádú foraoisí a chosc agus chun rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

(22) Leis an Rialachán seo ba cheart freagairt freisin do Dhearbhú Cheannairí Ghlaschú maidir le Foraoisí agus Talamhúsáid arna eisiúint ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i mí na Samhna 2021, lena n-aithnítear 'chun ár spriocanna maidir le talamhúsáid, an aeráid, an bhithéagsúlacht agus ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhlíonadh, go domhanda agus go náisiúnta araon, go gceanglófar breis gníomhaíocht chlaochlaitheach sna réimsí idirnasctha a bhaineann leis an táirgeacht agus an tomhaltas inbhuanaithe; forbairt bonneagair; trádáil, maoiniú agus infheistíocht; agus tacaíocht le haghaidh feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha, agus pobail áitiúla'. Gheall na sínitheoirí go n-oibreoidís le chéile chun deireadh a chur le caillteanas na bhforaoisí agus díghrádú talún agus go n-aisiompóidís iad faoi 2030 agus chuir siad i dtábhacht go neartódh siad a n-iarrachtaí comhroinnte chun éascaíocht a dhéanamh ar bheartais trádála agus forbartha, go hidirnáisiúnta agus go hintíre, ar beartais iad lena gcuirfear an fhorbairt inbhuanaithe agus táirgeacht agus tomhaltas inbhuanaithe tráchtearraí chun cinn, agus a oibríonn chun tairbhe frithpháirtí na dtíortha.

(23) Mar chomhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), tá an tAontas tiomanta do chóras trádála iltaobhach atá uilíoch, bunaithe ar rialacha, oscailte, trédhearcach, intuartha, ionchuimsitheach, neamh-idirdhealaitheach agus cothromasach a chur chun cinn faoi EDT, mar aon le beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach. Ba cheart, dá bhrí sin, tráchtearraí agus táirgí a tháirgtear laistigh den Aontas mar aon le tráchtearraí agus táirgí a allmhairítear chuig an Aontas araon a bheidh san áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo.

(24) Is trí ghníomhaíocht dhomhanda amháin is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain maidir leis an athrú aeráide agus le cailliúint bithéagsúlachta. Ba cheart an tAontas a bheith ina ghníomhaí láidir domhanda agus dea-shampla á stiúradh aige agus é ar thús cadhnaíochta sa chomhar idirnáisiúnta chun córas iltaobhach oscailte agus cothrom a chruthú ina ngníomhóidh trádáil inbhuanaithe mar phríomhchumasóir an aistrithe ghlais chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun an chailliúint bithéagsúlachta a athrú.

(25) Leanann an Rialachán seo freisin teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2022 dar teideal 'the power of trade partnerships together for green and just economic growth' [cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glan agus cóir] agus an 18 Feabhra 2021 dar teideal *'Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy'* [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála - Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach], inar sonraíodh gurb amhlaidh le dúshláin inmheánacha agus sheachtracha nua agus go háirithe samhail fáis nua atá níos inbhuanaithe mar a shainmhínítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis Eorpach Dhigiteach, atá sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal '*Shaping Europe's Digital Future*' [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú], agus go dteastaíonn straitéis beartais trádála nua ón Aontas – straitéis lena dtacófar lena chuspóirí beartais seachtracha agus intíre a bhaint amach agus lena gcuirfear chun cinn inbhuanaitheacht níos mó i gcomhréir lena ghealltanas chun SDGanna a chur chun feidhme go hiomlán. Ní mór ról iomlán a bheith ag an mbeartas trádála i dtéarnamh an Aontais ó phaindéim COVID-19 agus i gclaochluithe glasa agus digiteacha an gheilleagair agus i dtreo Aontas níos athléimní a thógáil ar domhan.

(26) I gcomhréir leis an teachtaireacht uaidh an 22 Meitheamh 2022 dar teideal 'cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glas agus cóir', tá dlús á chur ag an gCoimisiún leis an rannpháirtíocht le comhpháirtithe trádála chun comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil a chothú. Déantar foráil sa teachtaireacht maidir le caibidlí láidre i ndáil le forbairt inbhuanaithe, ina bhfuil clásail maidir le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí. Comhlánófar cuspóirí an Rialacháin seo trí fhorfheidhmiú na gcomhaontuithe trádála atá ann faoi láthair agus tabhairt i gcrích comhaontuithe trádála nua ina bhfuil caibidlí den sórt sin.

(27) Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina chomhlánú ar bhearta eile a bheartaítear sa teachtaireacht dar teideal '*Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests*' [Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú], go háirithe: oibriú i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgeachta, chun tacú leo aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe, amhail rialachas lag, forfheidhmiú neamhéifeachtach an dlí agus éilliú agus comhar idirnáisiúnta le príomhthíortha tomhaltóra a neartú trí, *inter alia*, thrádáil i dtáirgí gan dífhoraoisiú agus glacadh beart comhchosúil a chur chun cinn, ionas nach gcuirfear táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí ar a margaí.

(28) Leis an Rialachán seo, ba cheart prionsabal an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt a chur san áireamh agus ba cheart comhar a chur chun cinn agus a éascú le tíortha i mbéal forbartha, go háirithe leis na tíortha is lú forbairt, *inter alia* trí chúnamh teicniúil agus airgeadais a sholáthar, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha.

(29) I gcomhordú leis na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tíortha táirgeachta, agus ar bhonn níos ginearálta i gcomhar le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha atá gníomhach ar an láthair trí idirphlé il-gheallsealbhóirí. Ba cheart don Choimisiún a thacaíocht agus a dhreasachtaí a threisiú maidir le foraoisí a chosaint agus maidir leis an aistriú chuig táirgeadh gan dífhoraoisiú, le ról agus cearta na bpobal dúchasach, na bpobal áitiúil, na sealbhóirí beaga agus na micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a admháil agus a neartú, le feabhas a chur ar rialachas agus tionacht talún, le forfheidhmiú an dlí a mhéadú agus le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn, agus béim á leagan ar chleachtais foraoiseachta atá níos gaire don dúlra, bunaithe ar tháscairí agus tairseacha atá bunaithe ar an eolaíocht, éiceathurasóireacht, talmhaíocht aeráid-díonach, éagsúlú, agra-éiceolaíocht agus agrafhoraoiseacht. Agus an méid sin á dhéanamh ag an gCoimisiún, ba cheart dó ról agus cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a aithint go hiomlán maidir le foraoisí a chosaint, agus prionsabal an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré á chur san áireamh (FPIC). Ag cur leis an taithí agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs na dtionscnamh atá ann cheana, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit oibriú i dtreo comhpháirtíochtaí le tíortha táirgeachta, arna iarraidh sin dóibh, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus riachtanais áitiúla á gcomhlíonadh agus aird á tabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga i gcomhréir leis an teachtaireacht maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú. Ba cheart an cur chuige comhpháirtíochta cuidiú le tíortha táirgeachta agus le codanna díobh foraoise a chosaint, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóir an Rialacháin seo dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a laghdú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, faisnéis gheospásúil, agus trí fhothú acmhainní.

(30) Ba cheart oibreoirí agus trádálaithe a bheith faoi cheangal ag oibleagáidí faoin Rialacháin seo, is cuma cé acu a chuirtear ar fáil ar an margadh iad trí mhodhanna traidisiúnta nó ar líne. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go bhfuil i ngach slabhra soláthair oibreoir de réir bhrí an Rialacháin seo atá bunaithe san Aontas agus gur féidir é a chur faoi dhliteanas i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus a shainaithint an bhfuil gá le sonraíochtaí nó tionscnaimh bhreise amach anseo de bharr forbairtí digiteacha agus teicneolaíocha, de réir mar is iomchuí.

(31) Gníomhaíocht thábhachtach eile a fógraíodh sa teachtaireacht maidir le Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú is ea bunú Fhaireachlann an Aontais um an dífhoraoisiú, an díghrádú foraoisí, athruithe i gcumhdach foraoise an domhain agus spreagthóirí comhlachaithe ('Faireachlann an Aontais') a sheol an Coimisiún chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar athruithe i gcumhdach foraoise an domhain agus i spreagthóirí gaolmhara. Agus í ag cur le huirlisí faireacháin, lena n-áirítear táirgí Copernicus agus foinsí atá ar fáil go poiblí nó go príobháideach, ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis maidir le slabhraí soláthair le haghaidh eintitis phoiblí, tomhaltóirí agus gnólachtaí, agus sonraí agus faisnéis intuigthe á soláthar lena nasctar an dífhoraoisiú, an díghrádú foraoisí, agus athruithe i gcumhdach foraoise an domhain le héileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí agus le trádáil an Aontais lena n-aghaidh. Dá réir sin, ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais tacú go díreach le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí fhianaise eolaíoch a sholáthar maidir leis an dífhoraoisiú domhanda agus an díghrádú foraoisí agus trádáil ghaolmhar. Ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais léarscáileanna téamacha a sholáthar, lena n-áirítear léarscáil cumhdaigh talún le hamshraitheanna ón scoithdháta a shainmhínítear sa Rialachán seo, agus raon aicmí lenar féidir comhdhéanamh tírdhreacha a scrúdú. Ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais a bheith rannpháirteach i bhforbairt córais réamhrabhaidh ina gcomhcheanglófar an acmhainneacht taighde agus faireacháin. Maidir leis an Rialachán seo, nuair is indéanta go teicniúil, ba cheart é a bheith mar chuspóir ag an gcóras luathrabhaidh a bheith mar chuid d'ardán lena bhféadfaí cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla, d'oibreoirí, do thrádálaithe agus do na geallsealbhóirí ábhartha eile agus lena bhféadfaí faireachán leanúnach agus luathfhógra a sholáthar maidir le dífhoraoisiú féideartha nó gníomhaíochtaí díghrádaithe foraoisí, agus ba cheart é a bheith oibríochtúil a luaithe is féidir. Ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais comhoibriú leis na húdaráis inniúla, leis na heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, le hinstitiúidí taighde, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le hoibreoirí, le trádálaithe, le tríú tíortha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

(32) Leis an gcreat dlíthiúil de chuid an Aontais atá ann cheana dírítear ar dhul i ngleic le lománaíocht neamhdhleathach agus ar thrádáil chomhlachaithe agus ní thugtar aghaidh ar an dífhoraoisiú go díreach. Is é atá ann Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ([8]). Rinneadh meastóireacht ar an dá Rialachán i Seiceáil Oiriúnachta lenar cinneadh, cé go raibh tionchar dearfach ag an reachtaíocht ar rialachas foraoise, nár comhlíonadh cuspóirí ceachtar Rialachán – eadhon lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a stopadh, agus laghdú a dhéanamh ar thomhaltas adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach san Aontas – agus thángthas ar an gconclúid nár leordhóthanach díriú ar dhlíthiúlacht adhmaid amháin chun na cuspóirí socraithe a chomhlíonadh.

(33) Deimhnítear leis na tuarascálacha atá ar fáil go bhfuil cuid shuntasach den dífhoraoisiú leanúnach dlíthiúil i gcomhréir le dlíthe na tíre táirgthe. Le tuarascáil ó Thionscnamh Trádála agus Airgeadais an Bheartais Foraoise a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021 meastar gurb amhlaidh idir 2013 agus 2019 a bhí thart ar 30 % den dífhoraoisiú a bhí dírithe ar an talmhaíocht tráchtála i dtíortha trópaiceacha dlíthiúil. Sna sonraí atá ar fáil is gnách go ndírítear ar thíortha ag a bhfuil rialachas lag — d'fhéadfadh sé go mbeadh an sciar domhanda den dífhoraoisiú atá neamhdhleathach ní b'ísle, ach soláthraítear sonraí soiléire iontu cheana lena léirítear go ndéantar dochar d'éifeachtacht na mbeart a bhaineann le beartais má fhágtar an dífhoraoisiú atá dlíthiúil sa tír tháirge as an áireamh.

(34) Leis an measúnú tionchair maidir le bearta beartais féideartha chun aghaidh a thabhairt ar an dífhoraoisiú agus ar an díghrádú foraoisí faoi thionchar an Aontais, le conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 agus le rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2020 sainaithnítear go soiléir gur gá an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a bhunú mar na treoircritéir le haghaidh bearta atá le teacht ón Aontas amach anseo. D'fhéadfadh riosca a bheith ag baint le bheith ag díriú ar an dlíthiúlacht amháin, is é sin go bhféadfadh sé go n-ísleofaí caighdeáin chomhshaoil d'fhonn rochtain a fháil ar an margadh. Dá bhrí sin, leis an gcreat dlíthiúil nua ón Aontas ba cheart aghaidh a thabhairt ar an dlíthiúlacht agus ar cibé acu atá nó nach bhfuil táirgeadh tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha gan dífhoraoisiú.

(35) Ba cheart an sainmhíniú ar 'gan dífhoraoisiú' a bheith sách leathan chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí araon a chumhdach, ba cheart soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar leis, agus ba cheart é a bheith intomhaiste bunaithe ar shonraí atá cainníochtúil, oibiachtúil agus aitheanta go hidirnáisiúnta.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lch. 23).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).

(36) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart úsáid talmhaíochta a shainmhíniú mar thalamh a úsáid chun críche talmhaíochta. Ina leith sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhorbairt chun léiriú an tsainmhínithe seo a shoiléiriú, go háirithe i ndáil le foraoisí a thiontú go talamh nach úsáid talmhaíochta é an cuspóir atá léi.

(37) Maidir le córais agrafhoraoiseachta, lena n-áirítear i gcás ina bhfástar barra faoi chumhdach crann, chomh maith le córais agra-fhoraoiseolaíochta, foraoisthréadacha agus agrai-fhoraoisthréadacha, níor cheart a mheas gur foraoisí iad ach gur úsáid talmhaíochta atá i gceist leo, ar measúnú é sin atá i gcomhréir le sainmhínithe FAO.

(38) Leis an Rialachán seo, ba cheart tráchtearraí a chumhdach a bhfuil tomhaltas an Aontais maidir leo ar an tomhaltas is ábhartha ó thaobh an dífhoraoisiú domhanda agus an díghrádú foraoisí a spreagadh agus ar lena n-aghaidh a d'fhéadfaí na tairbhí is airde in aghaidh luach aonaid na trádála a thabhairt le hidirghabháil bheartais ón Aontas. Athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht eolaíoch ábhartha, eadhon ar phríomhfhoinsí lena meastar tionchar thomhaltas an Aontais ar an dífhoraoisiú domhanda agus lena nasctar an lorg comhshaoil sin le tráchtearraí sonracha, rinneadh é mar chuid den staidéar lena dtacaítear leis an measúnú tionchair don Rialachán seo agus cros-seiceáladh é trí chomhairliúchán forleathan le geallsealbhóirí. Leis an bpróiseas sin soláthraíodh an chéad liosta d'ocht dtráchtearra. Áiríodh adhmad go díreach sa raon feidhme ós rud é gur cumhdaíodh cheana é le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010. De réir an pháipéir taighde ([9]) a foilsíodh le déanaí agus a úsáideadh le haghaidh na hanailíse éifeachtúlachta, seasann seacht dtráchtearra don sciar is mó den dífhoraoisiú faoi thionchar an Aontais i measc na n-ocht dtráchtearra ar a ndearnadh anailís sa pháipéar taighde sin: pailm ola (34,0 %), soighe (32,8 %), adhmad (8,6 %), cócó (7,5 %), caife (7,0 %), eallaí (5,0 %) agus rubar (3,4 %).

(39) Chun a áirithiú go ngnóthfar cuspóirí an Rialacháin seo, tá sé tábhachtach a áirithiú nach dífhoraoisiú a thiocfaidh as beatha a úsáidtear do bheostoc a thagann laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, oibreoirí a chuireann ar an margadh nó a onnmhairíonn táirgí ábhartha a bhfuil eallach iontu nó ar úsáideadh eallach lena ndéanamh, ar eallach é a cothaíodh le táirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha nó táirgí ábhartha eile lena ndéanamh, ba cheart dóibh a áirithiú, mar chuid dá gcóras díchill chuí, gur ó fhoinsí gan dífhoraoisiú a thagann an bheatha sin. Sa chás sin, ba cheart ceanglais geoshuímh faoin Rialachán seo a theorannú do thagairt a dhéanamh do shuíomh geografach gach ceann de na bunaíochtaí inar tógadh an t-eallach, agus níor cheart go mbeidh gá le haon fhaisnéis geoshuíomh don bheatha féin. Má fhaigheann an t-údarás inniúil faisnéis ábhartha nó má chuirtear ar an eolas é faoi fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear faisnéis atá bunaithe ar ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach ag tríú páirtithe, gurb ann do riosca nach gcomhlíonfaidh an bheatha an Rialachán seo, ba cheart don údarás inniúil faisnéis mhionsonraithe a iarraidh láithreach maidir leis an mbeatha sin. I gcás ina raibh an bheatha faoi réir dícheall cuí cheana féin i gcéim níos luaithe den slabhra soláthair, ba cheart d'oibreoirí sonraisc ábhartha, uimhreacha tagartha na ráiteas ábhartha maidir le dícheall cuí nó aon doiciméadacht ábhartha eile lena léirítear gur ó fhoinse gan dífhoraoisiú í a úsáid mar fhianaise agus d'fhéadfadh sé go gceanglófaí orthu an fhianaise sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin. Leis an bhfianaise, ba cheart saolré na n-ainmhithe a chumhdach, suas le huasmhéid 5 bliana.

(40) Á mheabhrú gur cheart úsáid tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha athchúrsáilte a spreagadh, agus go gcuirfí ualach díréireach ar oibreoirí dá ndéanfaí na tráchtearraí agus na táirgí sin a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart sean-tráchtearraí agus seantáirgí a bhfuil a saolré tagtha chun críche, agus a dhiúscrófaí mar dhramhaíl murach sin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith aige sin maidir le seachtháirgí áirithe ón bpróiseas monaraíochta.

(41) Leis an Rialachán seo, ba cheart oibleagáidí maidir le tráchtearraí ábhartha agus le táirgí ábhartha an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac go héifeachtach agus chun slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú a chur chun cinn, agus cosaint chearta an duine agus chearta na bpobal dúchasach agus áitiúil á gcur san áireamh, san Aontas agus i dtríú tíortha araon.

(42) Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca nach gcomhlíonfar ceanglais an Rialacháin seo i gcás tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a bheartaítear a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, ba cheart sáruithe ar chearta an duine a bhaineann le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí, lena n-áirítear sáruithe ar chearta pobal dúchasach, pobal áitiúil agus sealbhóirí gnáthcheart tionachta, a chur san áireamh.

([9]) Pendrill F., Persson U. M., Kastner, T. 2020. Deforestation risk embodied in production and consumption of agricultural and forestry commodities 2005-2017 (Version 1.0). Zenodo.

([10]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

(43) Maidir le roinnt eagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail FAO, IPCC, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, agus an tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra, bhí siad gníomhach, agus tugadh comhaontuithe idirnáisiúnta, amhail Comhaontú Pháras agus an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch i gcrích i réimse an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí, agus cuirtear leis an obair sin leis na sainmhínithe sa Rialachán seo.

(44) Leis an Rialachán seo, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh freisin ar shaincheist an díghrádaithe foraoise. Ba cheart an sainmhíniú ar dhíghrádú foraoisí a bheith bunaithe ar choincheapa arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, agus ba cheart a áirithiú go bhféadfaidh oibreoirí agus údaráis inniúla na hoibleagáidí gaolmhara a chomhlíonadh go héasca. Ba cheart na hoibleagáidí sin a bheith intomhaiste agus infhíoraithe ó thaobh oibriú de, chomh maith le bheith soiléir agus gan débhrí, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Sa chomhthéacs sin, leis an Rialachán seo, ba cheart díriú ar phríomheilimintí an díghrádaithe foraoisí atá intomhaiste agus infhíoraithe, agus atá an-ábhartha chun tionchair chomhshaoil a sheachaint, bunaithe ar na sonraí eolaíocha is cothroime le dáta. Chun na críche sin, ba cheart an sainmhíniú ar dhíghrádú foraoisí a thógáil ar choincheapa a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus atá sainmhínithe ag FAO. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar dhíghrádú foraoisí, i gcomhréir leis an Rialachán seo, chun a mheas cibé acu ar cheart nó nár cheart an sainmhíniú a leathnú chun raon feidhme níos leithne de spreagthóirí díghrádaithe foraoisí agus d'éiceachórais foraoisí ar fud an domhain a chumhdach chun tuilleadh tacaíochta a -thabhairt do chuspóirí comhshaoil an Rialacháin seo, agus an dul chun cinn a rinneadh sa phlé idirnáisiúnta ar an ábhar sin á chur san áireamh, chomh maith le héagsúlacht na n-éiceachóras foraoise agus na gcleachtas ar fud an domhain. Ba cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn mionanailíse, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta agus le pobal na heolaíochta.

(45) Leis an Rialachán seo, ba cheart cothromaíocht chuí a áirithiú idir cosaint a thabhairt d'ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí agus na dtrádálaithe a chuireann tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha ar an margadh, nó a onnmhairíonn iad, agus ag an am céanna cur isteach tobann ar shlabhraí soláthair a íoslaghdú, agus an ceart bunúsach maidir le cosaint an chomhshaoil mar a bhunaítear in Airteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chun na críche sin, ba cheart spriocdháta a shocrú chun bunús a sholáthar leis an meastóireacht ar cibé acu a bhí nó nach raibh an talamh lena mbaineann faoi réir an dífhoraoisithe nó an díghrádaithe foraoisí, rud a chiallaíonn nach bhféadfaí aon tráchtearra ná aon táirge faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chur ar an margadh, ná a onnmhairiú, dá dtáirgfí iad ar thalamh ar an ndearnadh dífhoraoisiú nó díghrádú foraoisí tar éis an dáta sin.

(46) Ba cheart an scoithdháta a bheith ag teacht leis na gealltanais idirnáisiúnta atá ann cheana agus a leagtar amach i SDGanna agus i nDearbhú Nua-Eabhrac maidir le Foraoisí, lena saothraítear an uaillmhian dífhoraoisiú a stopadh, foraoisí díghrádaithe a athbhunú agus foraoisiú agus athfhoraoisiú a mhéadú go mór ar fud an domhain faoi 2020, agus dá bhrí sin, ba cheart an 31 Nollaig 2020 a shocrú don scoithdháta sin. Tá an dáta sin comhsheasmhach freisin leis an bhfógra ón gCoimisiún ina raibh sé ar intinn aige dífhoraoisiú a chomhrac sa teachtaireacht maidir le Dlús a chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú, sa Chomhaontú Glas don Eoraip, i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais 2030 agus sa straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. I gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, maidir leis an scoithdháta léirithe sa togra ón gCoimisiún ar luaithe é ná dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Roghnaíodh an scoithdháta chun cosc a chur ar luathú gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a thuar idir dáta fógartha an togra ón gCoimisiún agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Leis an Rialachán seo, ba cheart an cuspóir comhshaoil atá á shaothrú a admháil agus an scoithdháta atá beartaithe a dheimhniú chun a áirithiú nach gceadaítear do tháirgeoirí agus d'oibreoirí is cúis leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí le linn thréimhse na caibidlíochta ar an Rialachán seo na tráchtearraí ábhartha agus na táirgí ábhartha lena mbaineann a chur ar an margadh, nó iad a onnmhairiú.

(47) Maidir leis na teorainneacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach agus ar chosaint ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí agus na dtrádálaithe a eascraíonn as rogha an dáta scoite, ba cheart dóibh a bheith comhréireach agus fíor-riachtanach chun cuspóir an leasa ghinearálta maidir le cosaint an chomhshaoil a shaothrú. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha arna dtáirgeadh roimh dáta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo. Le cur i bhfeidhm iarchurtha fhorálacha an Rialachán seo lena rialaítear oibleagáidí d'oibreoirí agus do thrádálaithe a bhfuil sé beartaithe acu tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a chur ar an margadh, nó iad a onnmhairiú, soláthraítear tréimhse réasúnach ama dóibh freisin chun oiriúnú do cheanglais nua an Rialacháin seo.

(48) Chun neartú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a stopadh, agus chun a áirithiú nach gcuirfear táirgí ábhartha ó shlabhraí soláthair a bhaineann leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí ar an margadh, nó nach n-onnmhairítear iad, níor cheart táirgí ábhartha a chur, ná a chur ar fáil ar an margadh, ná a onnmhairiú, mura rud é go bhfuil siad gan dífhoraoisiú agus gur táirgeadh iad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe. Chun a dheimhniú gurb é sin an cás, ba cheart ráiteas maidir le dícheall cuí a bheith ag gabháil leo i gcónaí.

(49) Ar bhonn cur chuige córasach, ba cheart d'oibreoirí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a shuí go gcomhlíonann na táirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar an margadh ceanglais gan dífhoraoisiú agus ceanglais dlíthiúlachta an Rialacháin seo. Chuige sin, ba cheart d'oibreoirí nósanna imeachta um dhícheall cuí a bhunú agus a chur chun feidhme. Ba cheart trí eilimint a áireamh sa nós imeachta um dhícheall cuí, eadhon ceanglais faisnéise, measúnú riosca agus bearta maolaithe riosca, lena ngabhfadh ceanglais maidir le tuairisciú freisin. Ba cheart na córais díchill chuí a dhearadh chun rochtain a sholáthar ar fhaisnéis maidir le foinsí agus le soláthróirí na dtráchtearraí agus na dtáirgí atá á gcur ar an margadh, lena n-áirítear faisnéis lena léirítear go bhfuil na ceanglais maidir le heaspa dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoise agus na ceanglais dlíthiúlachta á gcomhlíonadh, *inter alia* tríd an tír tháirgthe, nó codanna den tír sin, a shainaithint agus trí chomhordanáidí suímh gheografaigh na ndáileachtaí ábhartha talún a áireamh. Leis na comhordanáidí suímh gheografaigh sin atá ag brath ar uainiú, suíomh agus/nó faire na Cruinne, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as sonraí spáis agus seirbhísí a soláthraíodh faoi chlár spáis an Aontais (EGNOS/Galileo agus Copernicus). Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart d'oibreoirí measúnú riosca a dhéanamh. I gcás ina sainaithnítear riosca, ba cheart d'oibreoirí an riosca sin a mhaolú ionas nach mbaintear amach aon riosca nó nach mbaintear amach ach riosca diomaibhseach. Níor cheart cead a bheith ag an oibreoir táirgí ábhartha a chur ar an margadh nó iad a onnmhairiú ach amháin má chinneann an t-oibreoir, tar éis dícheall cuí a fheidhmiú, nach bhfuil aon riosca ann nó níl ach riosca diomaibhseach ann nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha an Rialachán seo.

(50) Agus táirgí á bhfáil, ba cheart iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go n-íocfar praghas cothrom le táirgeoirí, go háirithe le sealbhóirí beaga, chun ioncam beo a chumasú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an mbochtaineacht mar bhunchúis leis an dífhoraoisiú.

(51) Ba cheart do na hoibreoirí freagracht a ghlacadh go foirmiúil as comhlíontacht na dtáirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar an margadh an Aontais nó a onnmhairiú trí ráitis maidir le dícheall cuí a chur ar fáil. Leis an Rialachán seo ba cheart teimpléad le haghaidh na ráiteas sin a sholáthar. Táthar ag súil leis go n-éascófar leis sin forfheidhmiú an Rialacháin seo trí na húdaráis inniúla agus na cúirteanna mar aon le comhlíontacht ó oibreoirí a mhéadú.

(52) Chun dea-chleachtas a aithint, d'fhéadfaí scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna eile atá fíoraithe ag tríú páirtithe a úsáid sa nós imeachta um measúnú riosca, Níor cheart dóibh, áfach, freagracht an oibreora a ionadú a mhéid a bhaineann le dícheall cuí.

(53) Ba cheart do thrádálaithe a bheith freagrach as faisnéis a bhailiú agus a choimeád lena n-áirithítear trédhearcacht shlabhra soláthair na dtáirgí ábhartha a chuireann siad ar fáil ar an margadh. Tá tionchar suntasach ag trádálaithe nach trádálaithe FBManna iad ar shlabhraí soláthair agus tá ról tábhachtach acu chun a áirithiú go mbeidh na slabhraí soláthair gan dífhoraoisiú. Dá bhrí sin, ba cheart na hoibleagáidí céanna a bheith ar oibreoirí, ba cheart dóibh freagracht a ghlacadh as a áirithiú go comhlíonann na táirgí ábhartha ceanglais an Rialacháin seo, agus ba cheart dóibh a áirithiú, sula gcuirtear na táirgí ábhartha ar fáil ar an margadh, go ndearna siad dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus gur chinn siad nach bhfuil aon riosca ann nó níl ach riosca diomaibhseach ann nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha an Rialachán seo.

(54) Chun an trédhearcacht a chothú agus forfheidhmiú a éascú, ba cheart d'oibreoirí nach dtagann faoi chatagóir FBManna, lena n-áirítear micrifhiontar, ná daoine nádúrtha, ar bhonn bliantúil, tuairisciú go poiblí ar a gcóras díchill chuí, lena n-áirítear maidir leis na bearta a rinneadh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

(55) Ba cheart oibreoirí a bheith in ann ábhair imní a bhfuil bunús leo a fháil ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, agus ba cheart dóibh imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar na hábhair imní uile a bhfuil bunús leo a fuarthas.

(56) Maidir le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena bhforáiltear ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart feidhm a bheith acu a mhéid nach ann d'aon fhoráil shonrach leis an gcuspóir, leis an gcineál agus leis an éifeacht chéanna sa Rialachán seo a fhéadfar a oiriúnú i bhfianaise leasuithe amach anseo ar ghníomhartha dlí de chuid an Aontais. Níor cheart cur i bhfeidhm ionstraimí reachtacha eile ón Aontas, lena leagtar síos ceanglais maidir le dícheall cuí i leith an tslabhra luacha, a eisiamh de thoradh gurb ann don Rialachán seo. I gcás ina ndéanfar foráil leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le forálacha níos sonraí nó ina gcuirfear ceanglais leo leis na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart na forálacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhar le forálacha an Rialacháin seo. Thairis sin, i gcás ina mbeidh forálacha níos sonraí sa Rialachán seo, níor cheart iad a léirmhíniú ar bhealach lena ndéantar dochar do chur i bhfeidhm éifeachtach ionstraimí reachtacha eile ón Aontas maidir le dícheall cuí nó do bhaint amach a n-aidhme ginearálta. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann treoirlínte soiléire agus éasca le tuiscint a eisiúint le go ndéanfaidh oibreoirí agus trádálaithe, FBManna ach go háirithe, an Rialachán seo a chomhlíonadh.

(57) Trí chearta na bpobal dúchasach i ndáil le foraoisí agus prionsabal FPIC a urramú, lena n-áirítear mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le cearta na bpobal dúchasach, rannchuidítear leis an mbithéagsúlacht a chosaint, leis an athrú aeráide a mhaolú agus le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le leas an phobail. Tá eolas traidisiúnta ag pobail dhúchasacha ar luach éiceolaíochta agus leighis, agus is minic a mbíonn siad ina samhail d'úsáid inbhuanaithe acmhainní foraoise. D'fhéadfadh sé sin cur le caomhnú in situ, i gcomhréir le CBD. Ina theannta sin, tugtar le fios i staidéir go bhfuil dhá ról ag pobail dhúchasacha a

bhfuil cónaí orthu i bhforaoisí maidir leis an athrú aeráide a chomhrac: ar an gcéad dul síos, is gnách go seasann siad i gcoinne áitiú agus dhífhoraoisiú na dtailte ar a bhfuil siad ina gcónaí ar feadh na nglún; agus ar an dara dul síos, measann roinnt pobal dúchasach go bhfuil siad freagrach as na foraoisí a chosaint chun an t-athrú aeráide a mhaolú.

(58) Maidir leis na prionsabail a leagtar amach i nDearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe, Prionsabal 10 maidir le tábhacht fheasacht agus rannpháirtíocht an phobail i saincheisteanna comhshaoil agus Prionsabal 22 maidir le ról ríthábhachtach na bpobal dúchasach i mbainistiú agus i bhforbairt an chomhshaoil, tá siad tábhachtach i gcomhthéacs bainistiú inbhuanaithe foraoisí a áirithiú.

(59) Forbraíodh coincheap FPIC don phobal dúchasacha thar na blianta ó formheasadh Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair 1989 (Uimh. 169) maidir le Daoine Dúchasacha agus Treibhacha agus léirítear é i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a Chosaint. Is é is aidhm dó a bheith ina choimirce chun a áirithiú go ndéanfar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar phobail dhúchasacha a mheas i bpróiseas cinnteoireachta na dtionscadal a dhéanann difear dóibh.

(60) Oibreoirí a thagann faoi raon feidhme gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair chomhshaoil, ba cheart dóibh a bheith in ann na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Rialachán seo a chomhlíonadh tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a áireamh agus tuairisciú á dhéanamh faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.

(61) Ba cheart an fhreagracht as an Rialachán seo a fhorfheidhmiú a bheith ag na Ballstáit, agus ba cheart a cheangal ar údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo go hiomlán. Forfheidhmiú aonfhoirmeach ar an Rialachán seo a mhéid a bhaineann le táirgí ábhartha a bheith á dtabhairt isteach sa mhargadh nó á gcur amach as, ní féidir é a bhaint amach ach amháin trí mhalartú faisnéise agus comhar córasach idir na húdaráis inniúla, na húdaráis chustaim agus an Coimisiún.

(62) Tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an Rialacháin seo fíor-riachtanach chun a spriocanna a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún córas faisnéise a chur ar bun agus a bhainistiú chun tacú leis na hoibreoirí agus leis na húdaráis inniúla an fhaisnéis is gá a chur i láthair agus a rochtain maidir le táirgí ábhartha a chuirtear ar an margadh. Ba cheart do na hoibreoirí na ráitis maidir le dícheall cuí a chur isteach tríd an gcóras faisnéise. Ba cheart an córas faisnéise a bheith inrochtana ag na húdaráis inniúla agus ag na húdaráis chustaim chun éascaíocht a dhéanamh ar a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus ba cheart aistrithe faisnéise idir na Ballstáit, údaráis inniúla agus údaráis chustaim a éascú leis. Maidir leis na sonraí nach bhfuil íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith inrochtana ag pobal níos leithne freisin, faoi réir na sonraí a bheith anaithnidithe – seachas faisnéis a bhaineann le liosta na mbreithiúnas deiridh i gcoinne daoine dlítheanacha a dhéanann sáruithe ar an Rialachán seo agus na pionóis a fhorchuirtear orthu – ba cheart iad a sholáthar i bhformáid oscailte mheaisín-inléite i gcomhréir le Beartas Sonraí Oscailte an Aontais mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]).

(63) Maidir leis na táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ba cheart é a bheith de chúram ar na húdaráis inniúla fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht táirgí ábhartha leis an Rialachán seo bunaithe, *inter alia*, ar na ráitis maidir le dícheall chuí arna dtíolacadh ag na hoibreoirí. Ba cheart é a bheith mar ról ag na húdaráis chustaim a áirithiú go gcuirfear an tagairt don ráiteas maidir le dícheall cuí ar fáil dóibh i gcás inarb infheidhme. Ina theannta sin, ón tráth a chuirtear an comhéadan leictreonach i bhfeidhm chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla, ba cheart do na húdaráis chustaim scrúdú a dhéanamh ar stádas an ráitis maidir le dícheall cuí tar éis anailís riosca tosaigh a bheith déanta ag na húdaráis inniúla sa Chóras Faisnéise. Ba cheart do na húdaráis chustaim gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, amhail tráchtearra ábhartha nó táirge ábhartha a chur ar fionraí nó a dhiúltú má iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh ar bhonn stádas an ráitis maidir le dícheall cuí sa Chóras Faisnéise. Fágann an t-eagrú sonrach sin ar rialuithe nach bhfuil Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) infheidhme a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo.

(64) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil i gcónaí chun foireann agus trealamh a sholáthar go hiomchuí do na húdaráis inniúla. Tá ardleibhéal acmhainní ag teastáil chun seiceálacha a dhéanamh go héifeachtúil agus ba cheart acmhainní cobhsaí a sholáthar ar leibhéal atá iomchuí

([11]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

([12]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

maidir le riachtanais an fhorfheidhmithe ag aon tráth ar leith. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an maoiniú poiblí a fhorlíonadh trí na costais a thabhaítear agus seiceálacha á ndéanamh i ndáil le tráchtearraí ábhartha agus le táirgí ábhartha, a suíodh a bheith neamhchomhlíontach, a éileamh ar ais ó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

(65) Tá an Rialachán seo gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais maidir le hearraí agus le táirgí a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) Chód Custaim an Aontais a mhéid a bhaineann le cumhachtaí na n-údarás custaim agus le rialuithe custaim. Ba cheart a mheabhrú d'allmhaireoirí go bhforáiltear le hAirteagail 220, 254, 256, 257 agus 258 den Rialachán sin go bhfuil táirgí atá á dtabhairt isteach sa mhargadh a gceanglaítear tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu le cur faoin nós imeachta custaim iomchuí lena gcumasaítear an phróiseáil sin. Go ginearálta, níor cheart scaoileadh i saorchúrsaíocht ná onnmhairiú a mheas ina chruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais, toisc nach gá go n-áirítear rialú iomlán ar chomhlíontacht le scaoileadh ná le honnmhairiú den sórt sin.

(66) Chun próiseas rialúcháin na dtáirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as a bharrfheabhsú, lena n-áirítear tríd an ualach riaracháin a bhaint den phróiseas, is gá comhéadan leictreonach idir-inoibritheach a chur ar bun lena gcumasaítear an t-aistriú sonraí uathoibríoch idir córais chustaim agus córas faisnéise na n-údarás inniúil. Is é Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam an t-iarrthóir nádúrtha chun na haistrithe sonraí sin a chumasú. Ba cheart an comhéadan a bheith an-uathoibrithe agus so-úsáidte, agus ba cheart dóibh próisis a éascú do na húdaráis chustaim agus na hoibreoirí. Thairis sin, i bhfianaise na ndifríochtaí teoranta idir na sonraí atá le cur ar fáil d'údaráis chustaim agus atá le háireamh sa ráiteas maidir le dícheall cuí, is iomchuí cur chuige 'gnólacht-chuig-rialtas' a mholadh ina ndéanann trádálaithe agus oibreoirí eacnamaíocha an ráiteas maidir le dícheall cuí de chuid táirge ábhartha a chur ar fáil trí thimpeallacht ionad ilfhreastail náisiúnta do chustaim agus ina ndéantar an ráiteas sin a tharchur go huathoibríoch chuig an gcóras faisnéise faoin Rialachán seo atá in úsáid ag na húdaráis inniúla. Ba cheart do na húdaráis chustaim agus do na húdaráis inniúla rannchuidiú leis na sonraí atá le tarchur a chinneadh mar aon le haon cheanglas teicniúil eile.

(67) Athraíonn an riosca a bhaineann le táirgí neamhchomhlíontacha a bheith á gcur ar an margadh nó á n-onnmhairiú ag brath ar an tráchtearra agus an táirge agus ar a thír thionscnaimh agus tháirgthe nó codanna díobh. Oibreoirí a fhoinsíonn tráchtearraí agus táirgí ó thíortha nó ó chodanna díobh lena mbaineann ísealriosca maidir le tráchtearraí ábhartha a fhás, a lománú nó a tháirgeadh de shárú ar an Rialachán seo, ba cheart dóibh a bheith faoi réir níos lú oibleagáidí, rud a laghdaíonn costais chomhlíontachta agus an t-ualach riaracháin, mura rud é go bhfuil a fhios ag an oibreoir nó go bhfuil cúis aige le creidiúint gur ann do rioscaí nach gcomhlíonfar an Rialachán seo. I gcás ina dtiocfaidh údarás inniúil ar an eolas faoi riosca go bhfuiltear ag teacht timpeall ar an Rialachán seo, mar shampla i gcás ina ndéantar tráchtearra ábhartha nó táirge ábhartha a táirgeadh i dtír ardriosca a phróiseáil ina dhiaidh sin i dtír ísealriosca nó codanna di agus óna gcuirtear ar an margadh é nó óna dtagann sé isteach nó óna gcuirtear amach as an margadh é, agus ina léireofar sa ráiteas maidir le dícheall cuí nó sa dearbhú custaim gur táirgeadh an tráchtearra ábhartha nó an táirge ábhartha i dtír ísealriosca, ba cheart don údarás inniúil a fhíorú, trí bhíthin seiceálacha breise, an ann do neamhchomhlíonadh agus, más gá, gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, amhail an tráchtearra ábhartha nó an táirge ábhartha a urghabháil agus cur ar na margadh nó onnmhairiú an tráchtearra ábhartha nó an táirge ábhartha a chur ar fionraí, chomh maith le seiceálacha breise a dhéanamh. Ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla grinnscrúdú feabhsaithe a chur i bhfeidhm maidir le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha ó thíortha ardriosca nó ó chodanna díobh.

(68) Thairis sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí ar leibhéal tíre nó codanna di bunaithe ar réimse critéar lena léirítear sonraí cainníochtúla, oibiachtúla agus sonraí a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus ar thásca go bhfuil na tíortha rannpháirteach go gníomhach sa chomhrac in aghaidh an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí. Le faisnéis tagarmharcála den sórt sin ba cheart a éascú d'oibreoirí san Aontas dícheall cuí a fheidhmiú agus do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus í a fhorfheidhmiú, agus dreasacht á soláthar freisin do thíortha táirgeachta chun inbhuanaitheacht a gcóras táirgeachta talmhaíochta a mhéadú agus a dtionchar dífhoraoisithe a laghdú. Ba cheart an méid sin a bheith ina chuidiú le cur le trédhearcacht agus le hinbhuanaitheacht slabhraí soláthair. Ba cheart an córas tagarmharcála sin a bheith bunaithe ar chóras trí-chiseal chun tíortha a aicmiú mar thíortha ísealriosca, riosca chaighdeánaigh nó ardriosca. Chun trédhearcacht agus soiléireacht iomchuí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, na sonraí atá á n-úsáid le haghaidh na tagarmharcála, na cúiseanna le hathrú beartaithe an aicmithe agus freagra na tíre lena mbaineann, a chur ar fáil go poiblí. Le haghaidh táirgí ábhartha ó thíortha ísealriosca nó codanna díobh, ba cheart a cheadú d'oibreoirí dícheall cuí simplithe a fheidhmiú. Maidir le táirgí ábhartha ó thíortha ardriosca nó codanna díobh ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla grinnscrúdú feabhsaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na tíortha nó codanna díobh a shuíomh, lena mbaineann ísealriosca nó ardriosca.

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(69) Ba cheart don Choimisiún comhoibriú le tíortha a aicmítear nó a d'fhéadfaí a aicmiú mar thíortha ardriosca, agus le geallsealbhóirí ábhartha sna tíortha sin, chun oibriú i dtreo leibhéal an riosca a laghdú.

(70) Ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh ag eatraimh thráthrialta ar oibreoirí agus ar thrádálaithe chun a fhíorú go gcomhlíonann siad go héifeachtach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh ar bhonn faisnéise ábhartha atá ina seilbh acu, lena n-áirítear ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach ag tríú páirtithe. Ba cheart sainaithint na seiceálacha a bheidh le déanamh a bheith bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe. Maidir leis na táirgí ábhartha ó thíortha nó codanna díobh a aicmítear mar thíortha ardriosca, na hoibreoirí agus na trádálaithe faoi seach agus méideanna a sciar de thráchtearraí ábhartha agus de tháirgí ábhartha, ba cheart feidhm a bheith ag cur chuige dúbailte lena soláthraítear cumhdach cuimsitheach. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla seiceáil a dhéanamh ar chéatadán áirithe d'oibreoirí agus de thrádálaithe, agus céatadán sonrach de tháirgí ábhartha á chumhdach san am céanna. Maidir le táirgí ábhartha ó thíortha nó ó chodanna díobh a aicmítear mar riosca íseal nó caighdeánach, ba cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla céatadán áirithe d'oibreoirí agus de thrádálaithe ar a laghad a sheiceáil. Ba cheart leibhéal na seiceálacha a bheith níos airde i gcás táirgí ábhartha ó thíortha ardriosca nó ó chodanna díobh, ach d'fhéadfadh an leibhéal sin a bheith níos ísle i gcás tíortha lena mbaineann riosca caighdeánach nó íseal nó codanna díobh. Ina athbhreithniú ar an Rialachán, ba cheart don Choimisiún cuspóirí cainníochtaithe a shainaithint agus a mheas do na seiceálacha bliantúla a bheidh le déanamh ag údaráis inniúla atá iomchuí chun forfheidhmiú an Rialacháin seo agus cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais a áirithiú.

(71) Le seiceálacha na n-oibreoirí agus na dtrádálaithe arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla, ba cheart na córais díchill chuí agus comhlíontacht na dtáirgí ábhartha leis an Rialacháin seo a chumhdach. Ba cheart na seiceálacha a bheith bunaithe ar phlean rioscabhunaithe um sheiceálacha ina mbeidh critéir riosca lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla anailís riosca a dhéanamh ar na ráitis maidir le dícheall cuí atá curtha isteach ag oibreoirí agus ag trádálaithe. Sna critéir riosca ba cheart a chur san áireamh riosca an dífhoraoisithe atá bainteach le trachtearraí ábhartha sa tír tháirgthe, stair neamhchomhlíontachta na n-oibreoirí agus na dtrádálaithe le hoibleagáidí an Rialacháin seo agus aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil do na húdaráis inniúla. Leis an anailís riosca ar ráitis maidir le dícheall cuí ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann oibreoirí, trádálaithe agus táirgí ábhartha a bhfuil gá le hiad a sheiceáil a aithint. Ba cheart an anailís riosca sin a dhéanamh ag úsáid teicnící próiseála sonraí leictreonacha sa chóras faisnéise trína gcuirtear na ráitis maidir le dícheall cuí isteach. I gcás inar gá agus inar féidir, ba cheart na húdaráis inniúla, tar éis comhairliúchán agus i ndlúthchomhar le húdaráis i dtríú tíortha, a bheith in ann seiceáileacha in situ a dhéanamh freisin.

(72) I gcásanna ina nochtfar leis an anailís riosca ar na ráitis maidir le dícheall cuí ardriosca neamhchomhlíontachta táirgí ábhartha sonracha, ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann bearta eatramhacha a dhéanamh láithreach ionas nach gcuirfear, ná nach gcuirfear ar fáil ar an margadh iad ná nach ndéanfar iad a onnmhairiú. I gcásanna ina raibh na táirgí ábhartha sin á dtabhairt isteach sa mhargadh nó á gcur amach as, ba cheart do na húdaráis inniúla a iarraidh ar na húdaráis chustaim an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t-onnmhairiú a chur ar fionraí chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla na seiceálacha is gá a dhéanamh. Ba cheart na hiarrataí sin a chur in iúl tríd an gcóras comhéadain idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla. Maidir le fionraí i dtaca le cur ar an margadh nó cur ar fáil air, scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú, ba cheart í a theorannú do 3 lá oibre, nó 72 uair an chloig i gcás táirgí ábhartha meatacha, seachas i gcás ina gceanglóidh na húdaráis inniúla am breise chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtráchtearraí ábhartha agus na dtáirgí ábhartha leis an Rialachán seo. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta eatramhacha breise a dhéanamh chun síneadh a chur leis an tréimhse fionraí nó, i gcás ina mbeidh táirgí ábhartha á dtabhairt isteach sa mhargadh nó á gcur amach as, ba cheart dóibh síneadh a iarraidh le ó na húdaráis chustaim.

(73) Ba cheart do na húdaráis inniúla a gcuid pleananna um sheiceálacha a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar bhonn na seiceálacha sin a chur chun feidhme. Na hoibreoirí sin a léiríonn taifead teiste comhsheasmhach ar chomhlíontacht, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir seiceálacha nach ndéantar chomh minic céanna.

(74) Chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag na Ballstáit táirgí neamhchomhlíontacha a tharraingt siar agus a aisghairm agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfuil sáruithe de chuid oibreoirí agus trádálaithe ar an Rialachán seo faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

(75) Chun cuntasacht oibreoirí agus trádálaithe a mhéadú, ba cheart don Choimisiún liosta na mbreithiúnas críochnaitheach i gcoinne daoine dlítheanacha i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus na pionóis arna bhforchur orthu a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin cabhrú le húdaráis inniúla, oibreoirí eile agus trádálaithe a measúnuithe riosca a dhéanamh agus feasacht tomhaltóirí agus na sochaí sibhialta a mhéadú maidir le hoibreoirí agus trádálaithe a sháraíonn an Rialachán seo.

(76) Beidh acmhainní agus acmhainneacht leordhóthanach ag teastáil chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, sa bhreis ar acmhainní náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit deiseanna agus féidearthachtaí tacaíochta atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus trí mhodhanna eile a thapú a oiread agus is féidir, lena n-áirítear cistí comhtháthaithe agus ionstraimí fothaithe acmhainneachta, go háirithe i gcomhthéacs na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil arna bunú le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]).

(77) Agus cineál idirnáisiúnta an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí agus na trádála gaolmhaire á chur san áireamh, ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhar le chéile, le húdaráis chustaim na mBallstát, leis an gCoimisiún agus le húdaráis riaracháin tríú tíortha. Ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhar freisin leis na húdaráis inniúla chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí eile ón Aontas lena leagtar amach ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra luacha maidir le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair chomhshaoil.

(78) De réir chásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is faoi chúirteanna na mBallstát cosaint bhreithiúnach ar chearta duine faoi dhlí an Aontais a áirithiú. Sa bhreis air sin, ceanglaítear le hAirteagal 19 (1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) ar na Ballstáit leigheasanna a chur ar fáil atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar rochtain ar cheartas a áirithiú don phobal, lena n-áirítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chuir isteach ábhair imní a bhfuil bunús leo i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá aontaithe ag na Ballstáit mar pháirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil an 25 Meitheamh 1998 ('Coinbhinsiún Aarhus').

(79) Chun a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo ábhartha agus i gcomhréir i gcónaí le forbairtí trádála, eolaíocha agus teicneolaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an liosta de chóid AC de tháirgí ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([15]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(80) Le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 toirmisctear adhmad agus táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a chur ar mhargadh an Aontais. Leagtar síos leis oibleagáidí le haghaidh oibreoirí a chuireann adhmad ar an margadh den chéad uair dícheall cuí a fheidhmiú agus ar thrádálaithe taifead inrianaithe dá soláthróirí agus dá gcustaiméirí a choimeád. Leis an Rialachán seo ba cheart an oibleagáid a choinneáil chun dlíthiúlacht táirgí ábhartha a áirithiú, lena n-áirítear adhmad agus táirgí adhmaid, a chuirtear ar an margadh agus ba cheart an oibleagáid sin a chomhlánú leis an gceanglas maidir le hinbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, fágann Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 nach bhfuil feidhm feasta ag an Rialachán seo ná ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 607/2012 ([16]) ón gCoimisiún agus ba cheart iad a aisghairm. Is ionann iad adhmad agus táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 iad agus adhmad agus táirgí adhmaid a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus a bhfuil adhmad iontu nó ar úsáideadh adhmad lena ndéanamh.

(81) Le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 bunaítear scéim ceadúnúcháin dar teideal 'Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí' (FLEGT) le haghaidh allmhairí adhmaid isteach san Aontas. Cuirtear an scéim ceadúnúcháin chun feidhme trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonaí le tíortha táirgthe adhmaid, a bhfuil sé mar aidhm leo stop a chur leis an lománaíocht neamhdhleathach agus feabhas a chur ar rialachas foraoise agus ar thrádáil ghaolmhar. Leis an Rialachán seo, ba cheart cur leis na torthaí dearfacha a baineadh amach faoi FLEGT, go háirithe i dtéarmaí rannpháirtíocht fheabhsaithe na ngeallsealbhóirí agus rialachas foraoise feabhsaithe. D'fhéadfadh comhaontuithe comhpháirtíochta deonaí, i gcásanna sonracha, an Rialachán seo a chomhlánú maidir le dlíthiúlacht táirgí adhmaid. Chun gealltanais dhéthaobhacha leanúnacha a urramú agus chun an dul chun cinn atá bainte amach le tíortha comhpháirtíochta ag a bhfuil córas oibriúcháin i bhfeidhm (céim cheadúnúcháin FLEGT) a chaomhnú agus chun oibriú, i gcás inarb ábhartha agus comhaontaithe, le comhpháirtithe reatha comhaontuithe comhpháirtíochta deonaí chun an chéim sin a bhaint amach, ba cheart foráil a áireamh sa Rialachán seo lena ndearbhaítear go measfar an ceanglas dlíthiúlachta faoi Rialachán (CE)

([14]) Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

([15]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 607/2012 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2012 maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann le córas an díchill chuí agus minicíocht agus cineál na seiceálacha ar eagraíochtaí faireacháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 177, 7.7.2012, lch. 16).

Uimh. 2173/2005 a bheith á chomhlíonadh le hadhmad agus le táirgí adhmaid a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT bailí.

(82) Cé go dtugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar an dífhoraoisiú agus ar an díghrádú foraoisí, mar a bheartaítear i dteachtaireacht 'Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests' [Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú], níor cheart tiontú ná díghrádú éiceachóras nádúrtha eile eascairt as cosaint foraoisí. Maidir le héiceachórais, lena n-áirítear éiceachórais bhainistithe, amhail bogaigh, sabhánaí agus tailte portaigh, tá an-tábhacht leo maidir le hiarrachtaí domhanda chun an t-athrú aeráide agus géarchéim na bithéagsúlachta a chomhrac, mar aon le SDGanna eile, agus tá gá, mar ábhar práinne, le gníomhaíocht ar leith a mhéid a bhaineann lena dtiontú nó lena ndíghrádú agus ní mór iad a chosc. I bhfianaise lorg an Aontais ar éiceachórais nádúrtha neamhfhoraoise, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig coillearnach eile ar a dhéanaí bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart togra reachtach a thíolacadh maidir leis. Ina theannta sin, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta an teachta i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig éiceachórais nádúrtha eile, lena n-áirítear talamh eile ina bhfuil stoic mhóra charbóin agus lena mbaineann luach ard bithéagsúlachta, amhail féarthailte, tailte portaigh agus bogaigh. Tá éiceachórais neamh-fhoraoise faoi bhrú níos mó a mhéid a bhaineann lena dtiontú agus lena ndíghrádú i ngeall ar tháirgeadh tráchtearraí do mhargadh an Aontais. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an ngá atá leis an raon feidhme a leathnú chuig tráchtearraí breise agus ar a indéanta atá sé an méid sin a dhéanamh, ar a dhéanaí 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. An tráth céanna, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar liosta de chóid AC de tháirgí ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(83) Ag cur san áireamh an iarraidh a rinne Parlaimint na hEorpa ina rún 'An EU legal framework to halt and reverse EU-driven global deforestation' [Creat dlíthiúil AE chun dífhoraoisiú domhanda faoi thionchar an Aontais a stopadh agus a aisiompú] an 22 Deireadh Fómhair 2020 agus ó fhormhór mór beagnach 1,2 milliún rannpháirtí i gcomhairliúchán poiblí an Choimisiúin, ba cheart don Choimisiún a mheastóireacht agus a thogra reachtach féideartha a dhíriú ar leathnú raon feidhme an Rialacháin seo chuig éiceachórais neamhfhoraoise agus ar a dtiontú agus a ndíghrádú.

(84) I gcás, chun críocha an Rialacháin seo, inar gá sonraí pearsanta a phróiseáil, is gá déileáil leis na sonraí sin i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), de réir mar is infheidhme.

(85) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac trí laghdú a dhéanamh ar rannchuidiú an tomhaltais san Aontas, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(86) Ba cheart tréimhse réasúnach a thabhairt d'oibreoirí, do thrádálaithe agus do na húdaráis inniúla chun iad féin a ullmhú chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le táirgí ábhartha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil tráchtearraí ábhartha eadhon eallach, cócó, caife, pailm ola, rubar, soighe agus adhmad iontu, a cothaíodh leis na tráchtearraí sin nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh, a chur agus a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú an Aontais le dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoisí ar fud an domhain a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le dífhoraoisiú domhanda a laghdú;

([17]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([18]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(b) rannchuidiú an Aontais le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa agus le cailliúint na bithéagsúlachta dhomhanda a laghdú.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 37(3), níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a táirgeadh roimh an dáta a shonraítear in Airteagal 38(1).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tráchtearraí ábhartha' eallach, cócó, caife, pailm ola, rubar, soighe agus adhmad;

(2) ciallaíonn 'táirgí ábhartha' táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a cothaíodh leis na tráchtearraí sin nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh;

(3) ciallaíonn 'dífhoraoisiú' tiontú foraoise go húsáid talmhaíochta, cé acu de thoradh an duine nó ar bhealach eile;

(4) ciallaíonn 'foraois' talamh is fairsinge ná 0,5 heicteár agus í faoi chrainn is airde ná 5 mhéadar agus clúdach téastair aici is mó ná 10 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ, seachas talamh atá faoi úsáid talmhaíochta nó úsáid talún uirbí den chuid is mó;

(5) ciallaíonn 'úsáid talmhaíochta' talamh a úsáid chun críche talmhaíochta, lena n-áirítear le haghaidh plandálacha talmhaíochta agus limistéir thalmhaíochta curtha ar leataobh, agus le haghaidh beostoc a thógáil;

(6) ciallaíonn 'plandálacha talmhaíochta' talún ar a bhfuil clampa crann i gcórais táirgeachta talmhaíochta, amhail plandálacha crann torthaí, plandálacha pailme ola, úlloird olóige agus córais agrafhoraoiseachta ina bhfuil barra ag fás faoi bhrat crann. Áirítear leis plandálacha uile na dtráchtearraí ábhartha seachas adhmad; eisiatar plandálacha talmhaíochta ón sainmhíniú ar 'foraois';

(7) ciallaíonn 'díghrádú foraoisí' athruithe struchtúracha ar chumhdach foraoise, atá i bhfoirm amháin de na tiontuithe seo a leanas:

(a) tiontú foraoisí príomhúla nó foraoisí a athghintear go nádúrtha ina bhforaoisí plandála nó ina gcoillearnach eile; nó

(b) tiontú foraoisí príomhúla ina bhforaoisí a cuireadh;

(8) ciallaíonn 'foraois phríomhúil' foraois a athghintear go nádúrtha de speicis chrainn dhúchasacha, i gcás nach bhfuil aon táscairí le feiceáil go soiléir ar ghníomhaíochtaí an duine agus nach gcuirtear isteach go mór ar na próisis éiceolaíocha;

(9) ciallaíonn 'foraois a athghintear go nádúrtha' foraois atá comhdhéanta den chuid is mó de chrainn a bhunaítear trí athghiniúint nádúrtha; áirítear leis aon cheann díobh seo a leanas:

(a) foraoisí nach féidir idirdhealú a dhéanamh ina leith cibé acu atá plandaithe nó athghinte go nádúrtha;

(b) foraoisí ina bhfuil meascán de speicis de chrainn dhúchasacha a athghintear go nádúrtha agus crainn phlandaithe nó síolaithe, agus ina meastar gurb iad na crainn a athghintear go nádúrtha an chuid is mó den stoc atá ag fás tráth aibíocht na gclampaí;

(c) roschoill ó chrainn a bunaíodh ar dtús trí athghiniúint nádúrtha;

(d) crainn athghinte go nádúrtha de speicis a tugadh isteach;

(10) ciallaíonn 'foraois a cuireadh' foraois arb é atá inti den chuid is mó crainn a bunaíodh trí chur agus/nó trí shíolú d'aon turas, ar choinníoll go bhfuiltear ag súil leis gurb é a bheidh sna crainn a cuireadh nó a síolaíodh níos mó ná 50 % den stoc fáis tráth a n-aibíochta; áirítear leis sin roschoill ó chrainn a cuireadh nó a síolaíodh ar dtús;

(11) ciallaíonn 'foraois phlandála' foraois a cuireadh agus a ndéantar dianbhainistíocht uirthi agus a chomhlíonann, tráth a gcurtha agus tráth aibíocht na gclampaí, na critéir seo a leanas uile: speiceas amháin nó dhá speiceas, cothrom i dtaca le haicme aoise, agus spásáil rialta eatarthu; áirítear leis plandálacha gearruainíochta le haghaidh adhmaid, snáithín agus fuinnimh, agus eisiatar leis foraoisí a chuirtear le haghaidh cosanta nó athbhunú éiceachórais, mar aon le foraoisí a bhunaítear trí chur nó trí shíolú, atá nó a bheidh, tráth aibíocht na gclampaí, cosúil le foraoisí a athghintear go nádúrtha;

(12) ciallaíonn 'coillearnach eile' talamh nach n-aicmítear ina 'fhoraois' is fairsinge ná 0.5 heicteár, agus í faoi chrainn is airde ná 5 mhéadar agus clúdach téastair aici idir 5 % agus 10 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ, nó ar a bhfuil breis is 10 % de chumhdach comhcheangailte de thoir, sceacha agus crainn, seachas talamh atá faoi úsáid talmhaíochta nó úsáid talún uirbí den chuid is mó;

(13) ciallaíonn 'gan dífhoraoisiú' an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil sna táirgí ábhartha tráchtearraí ábhartha a táirgeadh le táirgí ábhartha ar thalamh nach ndearnadh dífhoraoisiú air tar éis an 31 Nollaig 2020, nó gur cothaíodh na táirgí leis na tráchtearraí sin nó gur úsáideadh na tráchtearraí sin lena ndéanamh; agus

(b) i gcás táirgí ábhartha a bhfuil adhmad iontu nó ar úsáideadh adhmad lena ndéanamh, gur lománaíodh an t-adhmad ón bhforaois gan bheith ina chúis le díghrádú foraoisí tar éis an 31 Nollaig 2020;

(14) ciallaíonn 'táirgthe' fásta, lománaithe nó tógtha ar dháileachtaí ábhartha talún nó bunaíochtaí i gcás eallaí, nó faighte orthu;

(15) ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirgí ábhartha ar an margadh nó a onnmhairíonn iad, le linn gníomhaíocht tráchtála;

(16) ciallaíonn 'cur ar an margadh' táirge ábhartha nó tráchtearra ábhartha a chur ar fáil den chéad uair ar mhargadh an Aontais;

(17) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine sa slabhra soláthair, seachas an t-oibreoir, a chuireann táirgí ábhartha ar fáil ar an margadh le linn gníomhaíocht tráchtála;

(18) ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' táirge ábhartha a sholáthar lena dháileadh, lena ídiú nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce;

(19) ciallaíonn 'le linn gníomhaíochta tráchtála' chun críche próiseála, le dáileadh ar thomhaltóirí tráchtála nó neamhthráchtála, nó lena úsáid i ngnó an oibreora nó an trádálaí féin;

(20) ciallaíonn 'duine' duine nádúrtha, duine dlítheanach nó aon chomhlachas daoine nach duine dlítheanach é, ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an acmhainneacht ag an duine sin gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh;

(21) ciallaíonn 'duine atá bunaithe san Aontas':

(a) i gcás duine nádúrtha, aon duine a bhfuil a áit nó a háit chónaithe san Aontas;

(b) i gcás duine dhlítheanaigh nó comhlachais daoine, aon duine a bhfuil a oifig chláraithe, a cheannáras lárnach nó buanbhunaíocht ghnó aige san Aontas;

(22) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige, i gcomhréir le hAirteagal 6, ó oibreoir nó ó thrádálaí chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an oibreora nó an trádálaí faoin Rialachán seo;

(23) ciallaíonn 'tír thionscnaimh' tír nó críoch dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(24) ciallaíonn 'tír tháirgthe' an tír nó an chríoch inar táirgeadh an tráchtearra ábhartha, nó an tráchtearra ábhartha a úsáideadh i dtáirgeadh táirge ábhartha, nó an tráchtearra ábhartha atá i dtáirge ábhartha;

(25) ciallaíonn 'táirgí neamhchomhlíontacha' táirgí ábhartha nach gcomhlíonann Airteagal 3;

(26) ciallaíonn 'riosca diomaibhseach' an leibhéal riosca a bhfuil feidhm aige maidir le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha, más rud é, ar bhonn measúnaithe iomlán ar fhaisnéis tháirgeshonrach agus ghinearálta, agus, i gcás inar gá, ar chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe iomchuí, nach léirítear leis na tráchtearraí nó na táirgí sin aon chúis imní nach gcomhlíontar leo Airteagal 3, pointe (a) nó (b);

(27) ciallaíonn 'dáileacht talún' talamh laistigh de réadmhaoin aonair, mar a aithnítear le dlí na tíre táirgthe, ag a bhfuil dálaí atá aonchineálach go leor chun go mbeifear in ann meastóireacht a dhéanamh ar an leibhéal comhiomlánaithe ar riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise atá bainteach le tráchtearraí ábhartha a tháirgtear ar an talamh sin;

(28) ciallaíonn 'geoshuíomh' suíomh geografach dáileacht talún a ndéantar cur síos air trí bhíthin comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhaid a chomhfhreagraíonn do phointe domhanleithid amháin agus domhanfhaid amháin ar a laghad agus a úsáideann sé dhigit dheachúla ar a laghad; i gcás dáileachtaí talún ina mbeidh níos mó ná ceithre heicteár a úsáidtear chun tráchtearraí ábhartha seachas eallach a táirgeadh, cuirfear an suíomh geografach ar fáil agus úsáid á baint as polagáin, le pointí domhanleithid agus domhanfhaid leordhóthanacha chun cur síos a dhéanamh ar imlíne gach dáileachta talún.

(29) ciallaíonn 'bunaíocht' aon áitreabh, déanmhas, nó, i gcás feirmeoireacht faoin aer, aon timpeallacht nó áit, ina gcoimeádtar beostoic, ar bhonn sealadach nó ar bhonn buan;

(30) ciallaíonn 'micreafhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide' nó 'FBManna' micreaghnóthais agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]);

(31) ciallaíonn 'ábhar imní a bhfuil bunús leis' maíomh cuí-réasúnaithe bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus infhíoraithe maidir le neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo agus lena bhféadfar idirghabháil ó na húdaráis inniúla a cheangal;

(32) ciallaíonn 'údaráis inniúla' na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 14(1);

(33) ciallaíonn 'údaráis chustaim' údaráis chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(34) ciallaíonn 'críoch chustaim' críoch mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(35) ciallaíonn 'tríú tír' tír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais;

(36) ciallaíonn 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(37) ciallaíonn 'onnmhairiú' an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 269 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(38) ciallaíonn 'táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh' táirgí ábhartha ó thríú tíortha a chuirtear faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais agus nach mbeartaítear le haghaidh úsáid nó ídiú príobháideach laistigh de chríocha custaim an Aontais;

(39) ciallaíonn 'táirgí ábhartha a chuirtear amach as an margadh' táirgí ábhartha a chuirtear faoin nós imeachta custaim 'onnmhairiú';

(40) ciallaíonn 'reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe' na dlíthe is infheidhme sa tír tháirgthe maidir le stádas dlíthiúil an limistéir táirgthe i dtéarmaí na nithe seo a leanas:

(a) cearta úsáide talún;

(b) cosaint an chomhshaoil;

(c) rialacha a bhaineann le foraoisí, lena n-áirítear bainistiú foraoisí agus caomhnú na bithéagsúlachta, i gcás ina bhfuil baint dhíreach acu le lománaíocht adhmaid;

(d) cearta tríú páirtithe;

(e) cearta saothair;

(f) cearta an duine a chosnaítear faoin dlí idirnáisiúnta;

(g) prionsabal an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré (FPIC), lena n-áirítear mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

(h) rialacháin chánach, frithéillithe, trádála agus chustaim;

Airteagal 3

Toirmeasc

Ní dhéanfar tráchtearraí ábhartha ná táirgí ábhartha a chur ná a chur ar fáil ar an margadh, ná a onnmhairiú ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá siad gan dífhoraoisiú;

(b) táirgeadh iad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe; agus

(c) cumhdaítear iad le ráiteas maidir le dícheall cuí.

CAIBIDIL 2

OIBLEAGÁIDÍ OIBREOIRÍ AGUS TRÁDÁLAITHE

Airteagal 4

Oibleagáidí oibreoirí

1. Feidhmeoidh oibreoirí dícheall cuí i gcomhréir le hAirteagal 8 sula gcuirfidh siad táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireoidh siad iad chun a chruthú go gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3.

([19]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

2. Ní chuirfidh oibreoirí táirgí ábhartha ar an margadh ná ní dhéanfaidh oibreoirí iad a onnmhairiú gan ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach roimh ré. Maidir le hoibreoirí a thagann ar an gconclúid, agus dícheall cuí dá dtagraítear in Airteagal 8 á fheidhmiú acu, go gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, cuirfidh siad ráiteas maidir le dícheall cuí ar fáil do na húdaráis inniúla tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 sula gcuirfidh siad na táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireofaidh siad iad. Is éard a bheidh i ráiteas maidir le dícheall cuí den sórt sin, atá ar fáil agus in-tarchurtha go leictreonach an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh na dtáirgí ábhartha agus deimhniú ón oibreoir go ndearna sé dícheall cuí a fheidhmiú agus nach bhfuarthas aon riosca nó nach bhfuarthas ach riosca diomaibhseach.

3. Trí bhíthin an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, glacfaidh an t-oibreoir freagracht as comhlíontacht an táirge ábhartha le hAirteagal 3. Coimeádfaidh oibreoirí taifead ar na ráitis maidir le dícheall cuí ar feadh 5 bliana ón dáta a thíolacfar an ráiteas tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33.

4. Ní chuirfidh oibreoirí táirgí ábhartha ar an margadh ná ní dhéanfaidh siad na táirgí sin a onnmhairiú má bhíonn feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

(a) tá na táirgí ábhartha neamhchomhlíontacha;

(b) nochtadh le feidhmiú díchill chuí riosca neamhdhiomaibhseach go bhfuil na táirgí ábhartha neamhchomhlíontacha;

(c) ní raibh an t-oibreoir in ann na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chomhlánú.

5. Maidir le hoibreoirí a fhaigheann faisnéis ábhartha nua nó a chuirtear ar an eolas iad ina leith, lena n-áirítear ábhair imní a bhfuil bunús leo, ina léirítear gur ann do riosca nach gcomhlíonann táirge ábhartha atá curtha ar an margadh acu an Rialachán seo, cuirfidh siad údaráis inniúla na mBallstát inar chuir siad an táirge ábhartha ar an margadh, chomh maith leis na trádálaithe ar sholáthair siad an táirge ábhartha dóibh, ar an eolas láithreach. I gcás onnmhairí, cuirfidh oibreoirí údarás inniúil an Bhallstáit, arb í an tír tháirgthe í, ar an eolas.

6. Tabharfaidh na hoibreoirí gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun déanamh na seiceálacha faoi Airteagal 18 a éascú, lena n-áirítear rochtain ar áitreabh agus doiciméad agus taifead a chur ar fáil.

7. Cuirfidh oibreoirí na hoibreoirí agus trádálaithe atá níos faide síos an slabhra soláthair ar an eolas faoi na táirgí ábhartha a chuir siad ar an margadh nó a d'onnmhairigh siad, an fhaisnéis uile is gá chun a léiriú gur feidhmíodh dícheall cuí agus nár aimsíodh aon riosca nó nár aimsíodh ach riosca diomaibhseach, lena n-áirítear uimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí a bhaineann leis na táirgí sin.

8. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le hoibreoirí ar oibreoirí FBManna iad ('oibreoirí FBManna'), ní bheidh sé de cheangal orthu dícheall cuí a fheidhmiú i gcás táirgí ábhartha atá sa táirge ábhartha nó atá déanta as táirge ábhartha a ndearnadh dícheall cuí orthu cheana féin i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus ar tíolacadh ráiteas maidir le dícheall cuí ina leith cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 33. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh oibreoirí FBManna uimhir thagartha an ráitis maidir le dícheall cuí a sholáthar do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin. I gcás codanna de tháirgí ábhartha nach gcumhdaítear le nós imeachta maidir le dícheall cuí, feidhmeoidh na hoibreoirí FBM dícheall cuí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

9. Ní fhéadfaidh oibreoirí nach FBManna iad tagairt a dhéanamh do ráitis maidir le dícheall cuí a cuireadh isteach cheana i gcomhréir le hAirteagal 33 ach amháin tar éis dóibh a fhionnadh gur feidhmíodh an dícheall cuí a bhaineann leis na táirgí ábhartha atá sna táirgí ábhartha nó ar úsáideadh na táirgí ábhartha lena ndéanamh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Áireoidh siad uimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí sin a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 33 sna ráitis maidir le dícheall cuí a chuireann siad isteach faoi mhír 2 den Airteagal seo. I gcás codanna de tháirgí ábhartha nach raibh faoi réir dícheall cuí, feidhmeoidh oibreoirí nach FBManna iad dícheall cuí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

10. Aon oibreoir a dhéanann tagairt do ráiteas maidir le dícheall cuí a cuireadh isteach cheana i gcomhréir le hAirteagal 33, coinneoidh an t-oibreoir an fhreagracht as comhlíontacht na dtáirgí ábhartha le hAirteagal 3, lena n-áirítear nach bhfuarthas aon riosca nó nach bhfuarthas ach riosca diomaibhseach, sular cuireadh táirgí ábhartha den sórt sin ar an margadh nó sular onnmhairíodh iad.

Airteagal 5

Oibleagáidí na dtrádálaithe

1. Measfar trádálaithe nach FBManna iad a bheith ina n-oibreoirí nach FBManna iad agus beidh siad faoi réir oibleagáidí agus forálacha in Airteagail 3, 4 agus 6, Airteagail 8 go 13, Airteagal 16(8) go (11) agus Airteagal 18 maidir leis na tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a chuireann siad ar fáil ar an margadh.

2. Ní dhéanfaidh trádálaithe ar FBManna iad táirgí ábhartha a chur ar fáil ar an margadh ach amháin má tá an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 3 ina seilbh acu.

3. Baileoidh agus coinneoidh trádálaithe ar FBManna iad an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na táirgí ábhartha a bheartaíonn siad a chur ar fáil ar an margadh:

(a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus, má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na n-oibreoirí nó na dtrádálaithe a sholáthair na táirgí ábhartha dóibh, chomh maith le huimhreacha tagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí a bhaineann leis na táirgí sin;

(b) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus, má tá sé ar fáil, seoladh gréasáin na hoibreoirí nó na dtrádálaithe ar sholáthair siad na táirgí ábhartha dóibh.

4. Déanfaidh trádálaithe ar FBManna iad an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a choimeád ar feadh 5 bliana ar a laghad ó dháta a curtha ar fáil ar an margadh agus soláthróidh siad an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla, arna hiarraidh sin.

5. Maidir le trádálaithe ar FBManna iad a fhaigheann faisnéis ábhartha nua nó a chuirtear ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha nua, lena n-áirítear ábhair imní a bhfuil bunús leo, lena léirítear go bhfuil riosca ann nach gcomhlíonfaidh an táirge ábhartha atá curtha ar fáil ar an margadh acu an Rialachán seo, cuirfidh siad údaráis inniúla na mBallstát inar chuir siad an táirge ábhartha ar fáil ar an margadh, chomh maith leis na trádálaithe ar sholáthair siad an táirge ábhartha dóibh, ar an eolas láithreach.

6. Tabharfaidh trádálaithe, bídís ina FBManna nó ná bídís, gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun déanamh na seiceálacha faoi Airteagail 18 agus 19 a éascú, lena n-áirítear maidir leis an rochtain ar áitreabh agus le doiciméad agus taifead a chur ar fáil.

Airteagal 6

Ionadaithe údaraithe

1. Féadfaidh oibreoirí nó trádálaithe ionadaí údaraithe a shainordú chun an ráiteas maidir le dícheall cuí de bhun Airteagal 4(2) a chur isteach thar a gceann. I gcásanna den sórt sin, coinneoidh an t-oibreoir nó an trádálaí an fhreagracht as comhlíontacht an táirge ábhartha le hAirteagal 3 seo sa chás sin.

2. Arna iarraidh sin dó, déanfaidh an t-ionadaí údaraithe cóip den sainordú i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais agus cóip i dteanga oifigiúil den Bhallstát ina láimhseáiltear an ráiteas maidir le dícheall cuí nó, mura féidir é sin a dhéanamh, i mBéarla, a sholáthar do na húdaráis inniúla.

3. Féadfaidh oibreoir ar duine nádúrtha nó micrifhiontar é sainordú a thabhairt don chéad oibreoir eile nó don chéad trádálaí eile níos faide anonn sa slabhra soláthair nach duine nádúrtha ná micrifhiontar é gníomhú mar ionadaí údaraithe. Ní dhéanfaidh an chéad oibreoir eile nó an chéad trádálaí eile sin níos faide anonn sa slabhra soláthair táirgí ábhartha a chur nó a chur ar fáil ar an margadh ná ní dhéanfaidh sé táirgí ábhartha a onnmhairiú gan an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur isteach de bhun Airteagal 4(2) thar ceann an oibreora sin. I gcásanna den sórt sin, coinneoidh an t-oibreoir ar duine nádúrtha nó micrifhiontar é an fhreagracht as comhlíontacht an táirge ábhartha le hAirteagal 3, agus cuirfidh sé an fhaisnéis go léir is gá chun a dheimhniú go bhfeidhmíodh an dícheall cuí agus nach bhfuarthas aon riosca, nó nach bhfuarthas ach riosca diomaibhseach, in iúl don chéad oibreoir eile nó don chéad trádálaí eile níos faide anonn sa slabhra soláthair.

Airteagal 7

Táirgí á gcur ar an margadh ag oibreoirí atá bunaithe i dtríú tíortha

I gcás ina gcuirfidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe lasmuigh den Aontas táirgí ábhartha ar an margadh, measfar gur oibreoir de réir bhrí an Rialacháin seo é an chéad duine nádúrtha nó duine dlítheanach, atá bunaithe san Aontas, a chuireann táirgí ábhartha den chineál sin ar fáil ar an margadh.

Airteagal 8

Dícheall cuí

1. Sula gcuirfear táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireofar iad, feidhmeoidh oibreoirí dícheall cuí maidir le gach táirge ábhartha arna soláthar ag gach soláthróir faoi leith.

2. Áireofar leis an dícheall cuí an méid seo a leanas:

(a) bailiú na faisnéise, na sonraí agus na ndoiciméad is gá chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9 a chomhlíonadh;

(b) bearta measúnúcháin riosca dá dtagraítear in Airteagal 10;

(c) bearta maolaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 11.

Airteagal 9

Ceanglais faisnéise

1. Baileoidh oibreoirí faisnéis, doiciméid agus sonraí lena léireofar go gcomhlíontar Airteagal 3 leis na táirgí ábhartha. Chun na críche sin, déanfaidh an t-oibreoir an fhaisnéis seo a leanas, maille le fianaise, a bhaineann le gach táirge ábhartha, a bhailiú, a eagrú agus a choimeád ar feadh 5 bliana ón dáta a chuirfear na táirgí ábhartha ar an margadh é nó a onnmhaireofar iad:

(a) tuairisc, lena n-áirítear trádainm agus cineál na dtáirgí ábhartha, mar aon le, i gcás táirgí ábhartha a bhfuil adhmad iontu nó ar úsáideadh adhmad lena ndéanamh, ainm coiteann an speicis agus ainm eolaíoch iomlán an speicis. Áireofar sa tuairisc ar an táirge an liosta tráchtearraí ábhartha nó táirgí ábhartha atá ann nó a úsáidtear chun na táirgí sin a dhéanamh;

(b) cainníocht na dtáirgí ábhartha maidir le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ní mór an chainníocht a shloinneadh i gcileagraim de ghlanmhais agus, i gcás inarb infheidhme, leis an gcód Córais Comhchuibhithe a shonraítear san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([20]), nó i ngach cás eile, ní mór an chainníocht a shloinneadh de réir glanmhaise nó i gcás inarb infheidhme, de réir glantoirte nó líon na n-aonad;. tá aonad forlíontach infheidhme i gcás ina sainítear go comhsheasmhach é le haghaidh gach fo-cheannteidil a d'fhéadfadh a bheith faoin gcód Córais Comhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí;

(c) an tháirgthe agus, i gcás inarb ábhartha, codanna di;

(d) geoshuíomh gach dáileachta talún ar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha atá sa táirge ábhartha nó lena ndearnadh é, mar aon le dáta nó raon ama an táirgthe; maidir le táirge ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha ann nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena dhéanamh, ar tráchtearraí iad a táirgeadh ar dháileachtaí talún éagsúla nó a rinneadh le tráchtearraí ábhartha a táirgeadh ar dháileachtaí talún éagsúla, áireofar geoshuíomh na ndáileachtaí talún éagsúla go léir; i gcás ina mbíonn aon difhoraoisiú nó díghrádú foraoisí ar dháileachtaí talún ar leith, dícháileofar go huathoibríoch na tráchtearraí ábhartha agus na táirgí ábhartha go léir ó na dáileachtaí talún sin óna gcur nó óna gcur ar fáil ar an margadh, nó óna n-onnmhairiú uaidh; maidir le táirgí ábhartha a bhfuil eallach iontu nó ar úsáideadh eallach lena ndéanamh, agus maidir le táirgí ábhartha a cothaíodh le táirgí ábhartha, déanfaidh an geoshuíomh tagairt do gach bunaíocht inar coinníodh an t-eallach sin; i gcás gach táirge ábhartha eile in Iarscríbhinn I, tagróidh an geoshuíomh do na dáileachtaí talún;

(e) ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist aon ghnólachta nó aon duine óna bhfuarthas na táirgí ábhartha;

(f) ainm, seoladh poist agus seoladh ríomhphoist aon ghnólachta, aon oibreora nó aon trádálaí ar soláthraíodh na táirgí ábhartha dóibh;

(g) faisnéis leorchinntitheach infhíoraithe go bhfuil na táirgí ábhartha gan difhoraoisiú;

(h) faisnéis leorchinntitheach infhíoraithe go ndearnadh na dtráchtearraí ábhartha a tháirgeadh i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe, lena n-áirítear aon socrú a thugann an ceart an ceantar faoi leith a úsáid chun an tráchtearra ábhartha a tháirgeadh.

2. Cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis, na doiciméid agus na sonraí a bhailítear faoin Airteagal seo ar fáil do na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin.

Airteagal 10

Measúnú riosca

1. Déanfaidh oibreoirí an fhaisnéis a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 9 agus aon doiciméadacht ábhartha eile a fhíorú agus a anailísiú. Ar bhonn na faisnéise agus na doiciméadachta sin, déanfaidh na hoibreoirí measúnú riosca chun a shuí cibé acu atá nó nach bhfuil riosca ann go bhfuil na táirgí ábhartha, a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, neamhchomhlíontach. Ní chuirfidh oibreoirí na táirgí ábhartha ar an margadh ná ní onnmhaireoidh siad uaidh iad ach amháin i gcás ina léireoidh an measúnú riosca nach ann d'aon riosca nó gur diomaibhseach an riosca go bhfuil na táirgí ábhartha neamhchomhlíontach.

([20]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

2. Cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh leis an measúnú riosca go háirithe:

(a) sannadh an riosca ar an tír tháirgthe ábhartha nó ar chodanna di i gcomhréir le hAirteagal 29;

(b) láithreacht foraoisí sa tír tháirgthe nó i gcodanna di;

(c) láithreacht pobal dúchasach sa tír tháirgthe nó i gcodanna de;

(d) comhairliúchán agus comhar de mheon macánta le pobail dhúchasacha sa tír tháirgthe, nó i gcodanna de;

(e) éilimh chuí-réasúnaithe ó phobail dhúchasacha a bheith ann bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil infhíoraithe maidir le húsáid nó úinéireacht an limistéir a úsáidtear chun an tráchtearra ábhartha a tháirgeadh

(f) leitheadúlacht an dífhoraoisithe nó díghrádaithe foraoisí sa tír tháirgthe nó i gcodanna de;

(g) an fhoinse, an iontaofacht, an bhailíocht agus na naisc le doiciméadacht eile atá ar fáil maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(1);

(h) ábhair imní i ndáil leis an tír tháirgthe agus thionscnaimh nó codanna díobh, amhail an leibhéal éillithe, forleithne an bhrionnaithe doiciméad agus sonraí, easpa fhorfheidhmiú an dlí, sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, coinbhleacht armtha a bheith ann nó smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó Comhairle an Aontais Eorpaigh;

(i) castacht an tslabhra soláthair ábhartha agus céim phróiseáil na dtáirgí ábhartha, go háirithe deacrachtaí maidir le táirgí ábhartha a nascadh leis an dáileacht talún inar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha;

(j) an riosca a bhaineann le himchéimniú an Rialacháin seo nó le measc adh le táirgí ábhartha de thionscnamh anaithnid nó a táirgeadh i limistéir inar tharla dífhoraoisiú nó díghrádú foraoisí nó ina bhfuil dífhoraoisiú nó díghrádú foraoisí ag tarlú;

(k) conclúidí ó chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin lena dtacaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo, arna bhfoilsiú sa chlár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin;

(l) ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach faoi Airteagal 31, agus faisnéis faoi stair neamhchomhlíontachta oibreoirí nó trádálaithe feadh an tslabhra soláthair ábhartha i dtaca leis an Rialachán seo;

(m) aon fhaisnéis a léireodh gur ann do riosca go bhfuil na táirgí ábhartha neamhchomhlíontach;

(n) faisnéis chomhlántach ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, lena bhféadfar faisnéis arna soláthar le deimhniúchán nó le scéimeanna eile atá deimhnithe ag tríú páirtithe a áireamh, lena n-áirítear scéimeanna deonacha arna n-aithint ag an gCoimisiún faoi Airteagal 30(5) de Threoir (AE) 2018/2001ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán seo leis an bhfaisnéis;

3. Maidir le táirgí adhmaid a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 agus a chumhdaítear le ceadúnas bailí FLEGT ó scéim cheadúnais oibríochtúil, measfar go gcomhlíontar Airteagal 3, pointe (b), den Rialachán seo leis an táirgí sin.

4. Déanfaidh na hoibreoirí na measúnuithe riosca a dhoiciméadú agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar a laghad agus cuirfidh siad iad ar fáil do na húdaráis inniúla iad arna iarraidh sin. Beidh oibreoirí in ann a léiriú conas a seiceáladh an fhaisnéis a bailíodh in aghaidh na gcritéar measúnaithe riosca a leagtar amach i mír 2 agus conas a chinn na hoibreoirí céim an riosca.

Airteagal 11

Maolú riosca

1. Glacfaidh an t-oibreoir nósanna imeachta agus bearta maolaithe riosca, atá leordhóthanach chun a chinntiú nach ann d'aon riosca nó nach ann ach do riosca diomaibhseach, sula gcuirfear na táirgí ábhartha ar an margadh nó sula n-onnmhaireofar iad, ach amháin i gcás ina léirítear sa mheasúnú riosca, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10, nach ann d'aon riosca nó gur diomaibhseach an riosca go bhfuil na táirgí ábhartha neamhchomhlíontach. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh leis na nósanna imeachta agus bearta den sórt sin:

(a) breis faisnéise, sonraí nó doiciméad, a iarraidh;

([21]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(b) suirbhéanna nó iniúchtaí neamhspleácha a dhéanamh;

(c) bearta eile a dhéanamh a bhaineann le ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 9.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le nósanna imeachta agus beart den sórt sin tacú le soláthróirí an oibreora sin, feirmeoirí beaga go háirithe, an Rialachán seo a chomhlíonadh, trí fhothú acmhainneachta agus infheistíochtaí.

2. Beidh beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm ag oibreoirí chun na rioscaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh táirgí ábhartha a shainaithnítear, a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach. Áireofar leis na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta sin an méid seo a leanas:

(a) cleachtais bainistíochta maidir le rioscaí samhaltaithe, tuairisciú, coinneáil taifead, rialú inmheánach agus bainistiú comhlíontachta, lena n-áirítear oifigeach comhlíontachta a cheapadh ag an leibhéal bainistíochta d'oibreoirí nach FBManna iad;

(b) feidhm iniúchóireachta neamhspleách chun na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i bpointe (a) a sheiceáil le haghaidh na n-oibreoirí uile nach FBManna iad.

3. Déanfaidh oibreoirí na cinntí maidir le nósanna imeachta agus bearta maolaithe riosca a dhoiciméadú, a athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar a laghad iad agus cuirfidh siad ar fáil do na húdaráis inniúla iad arna iarraidh sin. Beidh oibreoirí in ann a léiriú conas a rinneadh na cinntí maidir le nósanna imeachta agus bearta maolaithe riosca.

Airteagal 12

Córais díchill chuí a bhunú agus a chothabháil, tuairisciú agus taifid a choimeád

1. Chun dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 8, cuirfidh oibreoirí creat nósanna imeachta agus beart ar bun agus coinneoidh siad cothrom le dáta é chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 3 leis na táirgí ábhartha a chuireann siad ar an margadh nó a onnmhairíonn siad ('córas an díchill chuí').

2. Déanfaidh oibreoirí athbhreithniú ar chóras an díchill chuí uair sa bhliain ar a laghad. I gcás ina dtagann oibreoirí ar an eolas faoi fhorbairtí nua a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chóras an díchill chuí, tabharfaidh siad córas an díchill chuí cothrom le dáta chun na forbairtí sin a chur san áireamh. Coimeádfaidh oibreoirí taifead ar nuashonruithe den sórt sin ar a gcórais díchill chuí ar feadh 5 bliana

3. Maidir le hoibreoirí nach dtagann faoi réim chatagóirí FBManna, lena n-áirítear micrifhiontar, nó daoine nádúrtha, déanfaidh siad tuairisciú poiblí maidir lena gcóras díchill chuí ar bhonn bliantúil, a fhorleithne agus is féidir é, lena n-áirítear ar an idirlíon, lena n-áirítear maidir leis na bearta a rinne siad chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 8 iad. Maidir le hoibreoirí atá faoi raon feidhme gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais maidir le dícheall cuí i leith an tslabhra luacha, féadfaidh siad a n-oibleagáidí tuairisciúcháin a chomhlíonadh faoin mír seo tríd an bhfaisnéis a cheanglaítear a áireamh nuair atá an fhaisnéis á tuairisciú i gcomhthéacs na ngníomhartha dlí eile sin de chuid an Aontais.

4. Gan dochar do reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí, áireofar sna tuaraiscí dá dtagraítear i mír 3an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha:

(a) achoimre ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c);

(b) conclúidí an mheasúnaithe riosca a rinneadh de bhun Airteagal 10 agus na bearta a rinneadh de bhun Airteagal 11 agus tuairisc ar an bhfaisnéis agus ar an bhfianaise a fuarthas agus a úsáideadh chun an measúnú riosca a dhéanamh;

(c) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar phróiseas an chomhairliúcháin le pobail dhúchasacha, le pobail áitiúla agus le sealbhóirí eile ceart tionachta gnáiche nó leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta atá i láthair i limistéar táirgthe na dtráchtearraí ábhartha agus na dtáirgí ábhartha.

5. Coimeádfaidh oibreoirí an doiciméadacht uile a bhaineann le dícheall cuí, amhail gach taifead, bearta agus nósanna imeachta de bhun Airteagal 8, ar feadh 5 bliana ar a laghad. Cuirfidh siad an doiciméadacht sin ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin.

Airteagal 13

Dícheall cuí simplithe

1. Agus táirgí ábhartha á gcur ar an margadh nó á n-onnmhairiú, ní cheanglaítear ar oibreoirí na hoibleagáidí faoi Airteagail 10 agus 11 a chomhlíonadh, más rud é, tar éis measúnú a bheith déanta ar chastacht an tslabhra soláthair ábhartha agus ar an riosca a bhaineann le himchéimniú an Rialacháin seo nó meascadh le táirgí de thionscnamh anaithnid nó de thionscnamh tíortha ardriosca nó gnáthriosca nó codanna ardriosca nó gnáthriosca díobh, go bhfionnfaidh siad gur táirgeadh na tráchtearraí ábhartha agus na táirgí ábhartha uile i dtíortha nó i gcodanna díobh a aicmíodh mar thíortha nó mar chodanna ísealriosca i gcomhréir le hAirteagal 29. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an t-oibreoir doiciméadacht ábhartha ar fáil don údarás inniúil, arna iarraidh sin, ina léirítear go bhfuil riosca diomaibhseach ann maidir le himchéimniú an rialacháin seo nó meascadh le táirgí de thionscnamh anaithnid nó de thionscnamh tíortha ardriosca nó gnáthriosca nó codanna díobh.

2. D'anneoin mhír 1 den Airteagal seo, más rud é go bhfaighidh an t-oibreoir, nó go gcuirfear an t-oibreoir ar an eolas faoi, aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear mar thoradh ar an measúnú arna dhéanamh faoi mhír 1 den Airteagal seo, agus lena n-áirítear faisnéis maidir le hábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach faoi Airteagal 31, a d'fhéadfadh riosca a léiriú nach gcomhlíontar an Rialachán seo leis na táirgí ábhartha, nó go ndéanfar an Rialacháin a imchéimniú, déanfaidh an t-oibreoir oibleagáidí uile de chuid Airteagail 10 agus 11 a chomhlíonadh agus cuirfidh sé aon fhaisnéis ábhartha in iúl láithreach don údarás inniúil.

3. I gcás ina gcuirtear údarás inniúil ar an eolas faoi aon fhaisnéis lena dtabharfaí le tuiscint gur ann do riosca maidir leis an Rialacháin seo a imchéimniú, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar tráchtearraí ábhartha nó táirgí ábhartha a tháirgeadh i dtír ghnáthriosca nó ardriosca nó i gcuid di ina ndéantar iad a phróiseáil ina dhiaidh sin i dtír ísealriosca nó i gcuid di óna gcuirfear ar an margadh iad nó óna gcuirfear iad amach as, déanfaidh an t-údarás inniúil gníomh láithreach i gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus, i gcás inar gá, glacfaidh sé bearta eatramhacha i gcomhréir le hAirteagal 23

CAIBIDIL 3

OIBLEAGÁIDÍ NA MBALLSTÁT AGUS A NÚDARÁS INNIÚIL

Airteagal 14

Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a chomhlíonadh.

2. Faoin 30 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit ainmneacha, seoltaí agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an bhfaisnéis sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

3. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin gan moill mhíchuí. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go tráthrialta, bunaithe ar na nuashonruithe a fhaightear ó na Ballstáit.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumhachtaí leormhaithe, neamhspleáchas feidhmiúil agus na hacmhainní leormhaithe ag na húdaráis inniúla chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh.

Airteagal 15

Cúnamh teicniúil, treoir agus malartú faisnéise

1. Gan dochar d'oibleagáid na n-oibreoirí dícheall cuí a fheidhmiú mar a leagtar amach in Airteagal 8 í, féadfaidh na Ballstáit cúnamh teicniúil agus cúnamh agus treoraíocht eile a sholáthar do na hoibreoirí. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoir a thabhairt freisin, i gcás inar gá, d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla. Cuirfear san áireamh i gcúnamh teicniúil agus i gcúnamh agus i dtreoir eile staid FBManna, lena n-airítear micrifhiontar, agus daoine nádúrtha, chun comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le sonraí ó chórais ábhartha a thiontú chun an geoshuíomh sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 a shainaithint. Cuirfear san áireamh ann freisin gníomhartha dlí ábhartha reatha an Aontais agus gníomhartha dlí ábhartha a bheidh ann amach anseo lena mbaineann oibleagáidí díchill chuí.

2. Éascóidh na Ballstáit malartú agus scaipeadh faisnéise ábhartha, go háirithe d'fhonn cabhrú le hoibreoirí measúnú a dhéanamh ar rioscaí de réir mar a leagtar amach in Airteagal 10, agus faoi dhea-chleachtais maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus an Coimisiún faireachán leanúnach agus faisnéis a mhalartú maidir le haon athrú suntasach ar phatrún trádála na dtáirgí ábhartha a bhféadfaí a bheith ina chúis leis an Rialachán seo a imchéimniú.

4. Déanfar an cúnamh a sholáthar ar shlí nach ndéanann dochar do neamhspleáchas, oibleagáidí dlíthiúla ná freagrachtaí na n-údarás inniúil maidir leis an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

5. Féadfaidh an Coimisiún éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhchuibhithe an Rialacháin seo, trí threoirlínte ábhartha a eisiúint agus trí mhalartú faisnéise leordhóthanach, comhordú agus comhar a chur chun cinn idir údaráis inniúla, idir údaráis inniúla agus údaráis chustaim, agus idir údaráis inniúla agus an Coimisiún.

Airteagal 16

Oibleagáidí chun seiceálacha a dhéanamh

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha laistigh dá gcríoch chun a shuí cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann oibreoirí agus trádálaithe atá bunaithe san Aontas an Rialachán seo. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha laistigh dá gcríoch chun a shuí cibé acu a chomhlíonfar nó nach gcomhlíonfar an Rialachán seo leis na táirgí ábhartha arna gcur, arna gcur ar fáil ar an margadh nó arna onnmhairiú uaidh ag an oibreoir nó ag an trádálaí, nó a bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir nó an trádálaí iad a chur, a chur ar fáil ar an margadh, nó a onnmhairiú uaidh.

2. Déanfar na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 19.

3. Úsáidfidh na húdaráis inniúla cur chuige rioscabhunaithe chun na seiceálacha atá le déanamh a shainaithint. Sainaithneofar critéir riosca bunaithe ar anailís ar na rioscaí nach gcomhlíonfar an Rialachán seo, agus an méid a leanas á chur san áireamh go háirithe: na tráchtearraí ábhartha, castacht agus fad slabhraí soláthair, lena n-áirítear an bhfuil meascadh táirgí ábhartha i gceist leo, agus céim phróiseála an táirge ábhartha, an bhfuil na dáileachta talún lena mbaineann cóngarach d'fhoraoisí, riosca a shannadh do thíortha nó do chodanna díobh i gcomhréir le hAirteagal 29, agus aird ar leith á tabhairt ar staid na dtíortha nó gcodanna díobh a aicmítear mar thíortha nó mar chodanna ardriosca, a mhéid nár chomhlíon oibreoirí nó trádálaithe an Rialachán seo feadh an tslabhra soláthair ábhartha san am a chuaigh thart, rioscaí i ndáil le himchéimniú agus aon fhaisnéis ábhartha eile. Leis an anailís ar rioscaí, cuirfear leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10 agus féadfar tógáil ar an bhfaisnéis atá sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33, agus féadfar foinsí ábhartha eile a bheith mar thaca leis, amhail sonraí faireacháin, próifílí riosca ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach faoi Airteagal 31, nó conclúidí ó chruinnithe saineolaithe de chuid an Choimisiúin.

4. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, critéir riosca tháscacha a bhunú, agus a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le mír 3, agus cuirfidh sé in iúl d'údaráis inniúla iad.

5. Chun críocha na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, bunóidh na húdaráis inniúla pleananna bliantúla ina mbeidh, ar a laghad, an méid seo a leanas:

(a) critéir riosca náisiúnta, a bhunaítear i gcomhréir le mír 3, chun na seiceálacha a bheidh le déanamh a shainaithint; ag cur le haon chritéir riosca ar leibhéal an Aontais arna leagan amach ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4, agus áireofar orthu ar bhonn córasach critéir riosca i ndáil leis na tíortha nó le codanna na dtíortha sin a aicmítear mar thíortha nó mar chodanna ardriosca;

(b) rogha na n-oibreoirí agus na dtrádálaithe a bheidh le seiceáil; tá an roghnú sin le bheith bunaithe ar na critéir riosca náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (a), agus úsáid á baint, *inter alia*, as faisnéis atá sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 agus as teicnící próiseála sonraí leictreonacha; maidir le gach oibreoir nó trádálaí a bheidh le seiceáil, féadfaidh údaráis inniúla ráitis ar leith maidir le dícheall cuí a bheidh le seiceáil a shainaithint.

6. Leis an athbhreithniú bliantúil ar phleananna na n-údarás inniúil, cuirfear go córasach le torthaí na seiceálacha agus leis an taithí maidir le cur chun feidhme na bpleananna dá dtagraítear i mír 5 chun a n-éifeachtacht a fheabhsú.

7. Cuirfidh na húdaráis inniúla na pleananna seiceálacha, mar aon le nuashonruithe orthu, in iúl d'údaráis inniúla eile agus don Choimisiún. Malartóidh údaráis inniúla faisnéis maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm na gcritéar riosca dá dtagraítear i mír 5 le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún, agus comhordóidh siad forbairt agus cur i bhfeidhm na gcritéar sin, chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhorfheidhmiú an Rialacháin seo.

8. Áiritheoidh gach Ballstát go gcumhdófar, leis na seiceálacha bliantúla a dhéanann a údaráis inniúla de bhun mhír 1 den Aireagal seo, ar a laghad 3 % de na hoibreoirí a dhéanann táirgí ábhartha ina bhfuil nó a rinneadh le tráchtearraí ábhartha arna dtáirgeadh i dtír tháirgthe nó i gcodanna de thír a aicmítear mar thír ghnáthriosca nó mar chodanna gnáthriosca i gcomhréir le hAirteagal 29 a chur, a chur ar fáil ar an margadh nó a onnmhairiú.

9. Áiritheoidh gach Ballstát go gcumhdófar, leis na seiceálacha bliantúla a dhéanann a údaráis inniúla de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar a laghad 9 % de na hoibreoirí a dhéanann táirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh a chur, a chur ar fáil ar an margadh nó a onnmhairiú, chomh maith le 9 % de chainníocht na dtáirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh, agus a táirgeadh i dtír nó i gcodanna de thír a aicmítear mar thír nó mar chodanna ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 29.

10. Áiritheoidh gach Ballstát go gcumhdófar, leis na seiceálacha bliantúla a dhéanann a údaráis inniúla, de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar a laghad 1 % de na hoibreoirí a dhéanann táirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh agus a táirgeadh i dtír nó i gcodanna de thír a aicmítear mar thír nó mar chodanna ísealriosca, i gcomhréir le hAirteagal 29 a chur, a chur ar fáil ar an margadh nó a onnmhairiú.

11. Déanfar cuspóirí cainníochtaithe na seiceálacha atá le déanamh ag údaráis inniúla a chomhlíonadh ar leithligh i gcás gach ceann de na tráchtearraí ábhartha. Déanfar na cuspóirí cainníochtaithe a ríomh trí thagairt a dhéanamh do líon iomlán na n-oibreoirí a rinne táirgí ábhartha a chur, a chur ar fáil ar an margadh, nó a onnmhairiú sa bhliain roimhe sin, agus do chainníocht, i gcás inarb infheidhme. Measfar go mbeidh seiceáil déanta ar oibreoirí i gcás ina mbeidh seiceáil déanta ag an údarás inniúil ar na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointí (a) agus (b).

12. Gan dochar do na seiceálacha arna mbeartú roimh ré de bhun mhír 5 den Airteagal seo, déanfaidh údaráis inniúla seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nuair a gheobhaidh siad faisnéis nó nuair a chuirfear ar an eolas faoi fhaisnéis iad, lena n-áirítear faisnéis atá bunaithe ar ábhair imní a bhfuil bunús leo, arna gcur isteach ag tríú páirtithe faoi Airteagal 31, a bhaineann le féidearthacht a bheith ann nach gcomhlíonfar an Rialachán seo.

13. Déanfar seiceálacha gan réamhrabhadh a thabhairt don oibreoir nó trádálaí, ach amháin i gcás ina mbeidh gá le réamhfhógra a thabhairt don oibreoir nó trádálaí chun éifeachtacht na seiceálacha a áirithiú.

14. Coimeádfaidh na húdaráis inniúla taifid ar na seiceálacha agus léireofar iontu, go háirithe, cineál agus torthaí na seiceálacha, mar aon leis na bearta a rinneadh i gcás neamhchomhlíonta. Coimeádfar taifid ar na seiceálacha uile ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

15. Chun críocha Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]), faisnéis faoin gcomhshaol a bheidh i dtaifid ar sheiceálacha a dhéanfar faoin Rialachán seo, agus i dtuairiscí ar a dtorthaí, agus cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin.

Airteagal 17

Táirgí ábhartha lena n-éilítear gníomhaíocht láithreach

1. Sainaithneoidh údaráis inniúla cásanna de tháirgí ábhartha a bhfuil riosca neamhchomhlíonadh Airteagal 3 chomh hard sin i gceist leo nach mór d'údaráis inniúla gníomhaíocht láithreach a dhéanamh ina leith sula gcuirfear na táirgí ábhartha sin ar an margadh, nó sula gcuirfear ar fáil ar an margadh iad nó sula n-onnmhaireofar iad. Cláróidh údaráis inniúla cásanna sainaitheanta den sórt sin sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33.

2. Nuair a shainaithneoidh údaráis inniúla na staideanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, lena n-áirítear nuair a dhéanfaidh oibreoir ráiteas maidir le dícheall cuí a bhaineann leis táirgí ábhartha lena mbaineann a chur isteach, sainaithneoidh an córas faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 an t-ardriosca nach gcomhlíonfar Airteagal 3 agus cuirfidh sé údaráis inniúla ar an eolas, údaráis a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

(a) bearta eatramhacha a dhéanamh láithreach faoi Airteagal 23 chun cur nó cur ar fáil na dtáirgí ábhartha sin ar an margadh a chur ar fionraí nó,

(b) nuair a bheidh an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(1) i bhfeidhm, i gcás táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ceanglófar ar údaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú na dtráchtearraí nó na dtáirgí sin a chur ar fionraí faoi Airteagal 26(7).

3. Tiocfaidh deireadh leis na fionraíochtaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo laistigh de 3 lá oibre nó 72 uair an chloig i gcás táirgí ábhartha meatacha, ag tosú ón nóiméad a aithnítear an t-ardriosca neamhchomhlíonta sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33. I gcás ina gcinnfidh na húdaráis inniúla, bunaithe ar thoradh na seiceálacha a rinneadh laistigh den tréimhse sin, go bhfuil am breise de dhíth orthu chun a shuíomh cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, cuirfidh siad tréimhsí breise 3 lá oibre leis an tréimhse fionraíochta, trí bhíthin bearta eatramhacha breise a dhéanfar faoi Airteagal 23 nó, i gcás táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó atá a chuirtear amach as, trí fhógra a thabhairt do na húdaráis chustaim gur gá an fhionraíocht faoi Airteagal 26(7) a choinneáil.

([22]) Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

Airteagal 18

Seiceálacha ar oibreoirí agus ar thrádálaithe nach trádálaithe FBManna iad

1. Áireofar leis na seiceálacha ar oibreoirí ar thrádálaithe nach trádálaithe FBManna iad:

(a) scrúdú ar a gcóras díchill chuí, lena n-áirítear nósanna imeachta measúnaithe riosca agus maolaithe riosca, agus ar dhoiciméadacht agus taifid lena léirítear dea-fheidhmiú chóras an díchill chuí;

(b) scrúdú ar dhoiciméadacht agus ar thaifid lena léirítear go gcomhlíontar an Rialachán seo le táirge ábhartha sonrach, atá curtha ar an margadh ag an oibreoir, nó a bhfuil sé beartaithe aige é a chur ar an margadh, nó a d'onnmhairigh an t-oibreoir nó a bhfuil sé beartaithe aige é a onnmhairiú, nó atá curtha ar fáil ar an margadh ag thrádálaí nach trádálaí FBManna é nó a bhfuil sé beartaithe aige é a chur ar fáil ar an margadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhíthin birt mhaolaithe, mar aon le scrúdú ar na ráitis ábhartha maidir le dícheall cuí.

2. Sna seiceálacha ar oibreoirí agus ar thrádálaithe nach trádálaithe FBManna iad, i gcás inarb iomchuí, go háirithe i gcás inar ardaíodh ceisteanna leis na scrúduithe dá dtagraítear i mír 1, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh freisin:

(a) scrúdú ar an láthair ar thráchtearraí ábhartha nó ar na táirgí ábhartha d'fhonn a shuíomh go gcomhfhreagraíonn siad do na doiciméadachta a úsáidtear chun dícheall cuí a fheidhmiú;

(b) scrúdú ar bhearta ceartaitheacha a rinneadh faoi Airteagal 24;

(c) aon mhodh teicniúil agus eolaíoch atá leordhóthanach chun an speiceas nó an áit bheacht a chinneadh inar táirgeadh an tráchtearra nó táirge ábhartha, lena n-áirítear anailís anatamaíoch, cheimiceach nó DNA;

(d) aon mhodh teicniúil agus eolaíoch atá leormhaith chun a chinneadh cibé acu atá na táirgí ábhartha gan dífhoraoisiú nó nach bhfuil, lena n-áirítear sonraí um fhaire na Cruinne amhail sonraí as clár Copernicus agus as a chuid uirlisí nó ó fhoinsí ábhartha eile atá ar fáil go poiblí nó go príobháideach; agus

(e) seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear iniúchtaí allamuigh agus lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí i dtríú tíortha, ar choinníoll go n-aontóidh na tríú tíortha sin, trí chomhar le húdaráis riaracháin de chuid na dtríú tíortha sin.

Airteagal 19

Seiceálacha ar thrádálaithe ar FBManna iad

1. Áireofar ar na seiceálacha ar thrádálaithe ar FBManna iad scrúdú ar dhoiciméadacht agus ar thaifid lena léirítear go bhfuil Airteagal 5(2), (3) agus (4) á gcomhlíonadh acu.

2. Sna seiceálacha ar thrádálaithe ar FBManna iad, i gcás inarb iomchuí, go háirithe i gcás inar ardaíodh ceisteanna leis na scrúduithe dá dtagraítear i mír 1, féadfar seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear iniúchtaí allamuigh, a áireamh freisin.

Airteagal 20

Gnóthú costas ag údaráis inniúla

1. Féadfaidh na Ballstáit a údarú dá n-údaráis inniúla iomlán chostais a ngníomhaíochtaí a éileamh ar ais ó na hoibreoirí nó ó na trádálaithe i leith neamhchomhlíonadh.

2. Féadfar a áireamh leis na costais dá dtagraítear i mír 1 na costais as tástáil a dhéanamh, na costais stórála agus costais na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na táirgí ábhartha a shuitear a bheith ina dtáirgí neamhchomhlíontacha agus atá faoi réir gníomh ceartaitheach sula ndéanfar na táirgí ábhartha sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht, sula gcuirfear ar an margadh iad nó sula n-onnmhairítear iad.

Airteagal 21

Comhar agus faisnéis a mhalartú

1. Rachaidh údaráis inniúla i gcomhar le chéile, le húdaráis chustaim óna mBallstát féin, le húdaráis inniúla agus le húdaráis chustaim ó Bhallstáit eile, leis an gCoimisiún agus, i gcás inar gá, leis na húdaráis riaracháin de chuid tríú tíortha chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme iniúchtaí allamuigh.

2. Bunóidh údaráis inniúla socruithe riaracháin leis an gCoimisiún maidir le faisnéis faoi imscrúduithe a tharchur agus leis an mbealach a ndéanfar imscrúduithe.

3. Malartóidh údaráis inniúla an fhaisnéis is gá chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33. Áireofar leis sin rochtain ar fhaisnéis ar oibreoirí agus ar thrádálaithe a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus faisnéis ina leith a mhalartú leo, lena n-áirítear ráitis maidir le dícheall cuí, agus cineál agus torthaí na seiceálacha a rinneadh, chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a éascú.

4. Tabharfaidh údaráis inniúla foláireamh láithreach d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún nuair a bhraitheann siad aon neamhchomhlíonadh féideartha leis an Rialachán seo agus easnaimh thromchúiseacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin. Déanfaidh údaráis inniúla, go háirithe, údaráis inniúla na mBallstát eile a chur ar an eolas nuair a bhraitheann siad táirge ábhartha ar an margadh a mheasann siad a bheith ina táirge neamhchomhlíontach, chun é a chur ar a gcumas dóibh táirge den sórt sin a aistarraingt nó a aisghairm ó dhíolacháin sna Ballstáit uile.

5. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá a sholáthar d'údarás inniúil, arna iarraidh sin aige, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

Airteagal 22

Tuairisciú

1. Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fáil don phobal agus don Choimisiún le linn na bliana féilire roimhe. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

(a) na pleananna seiceálacha agus na critéir riosca ar ar bunaíodh na pleananna sin;

(b) líon agus torthaí na seiceálacha a rinneadh ar oibreoirí, ar thrádálaithe nach FBManna iad agus ar thrádálaithe eile i ndáil leis an líon iomlán oibreoirí, trádálaithe nach FBManna iad agus trádálaithe eile, lena n-áirítear na cineálacha neamhchomhlíontachta a sainaithníodh;

(c) cainníocht, táirgí ábhartha arna seiceáil i ndáil le cainníocht iomlán na dtáirgí ábhartha arna gcur ar an margadh nó arna n-onnmhairiú agus na tíortha táirgthe; i gcás táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, tá an chainníocht le sloinneadh i gcileagraim glanmhaise agus, i gcás inarb infheidhme, san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 in aghaidh chód an Chórais Chomhchuibhithe atá léirithe, nó, i ngach cás eile i nglanmhais nó, nuair is infheidhme, glantoirt, nó líon na n-aonad; beidh aonad forlíontach infheidhme i gcás ina shaineofar go comhsheasmhach é maidir le gach fo-cheannteideal a fhéadfadh a bheith ann faoi chód an Chórais Chomhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí;

(d) i gcásanna neamhchomhlíontachta, an gníomh ceartaitheach a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 24 agus na pionóis a forchuireadh i gcomhréir le hAirteagal 25,

(e) céatadán na seiceálacha a dhéanfar le réamhrabhadh de bhun Airteagal 16(13), agus údar lena n-úsáid á thabhairt ag na húdaráis inniúla ina dtuarascálacha ar sheiceálacha.

2. Faoin 30 Deireadh Fómhair gach bliain, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin forbhreathnú uile-Aontais ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil go poiblí, ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit isteach faoi mhír 1.

Airteagal 23

Bearta eatramhacha

Déanfaidh na Ballstáit foráil go bhféadfaidh na húdaráis inniúla bearta eatramhacha a dhéanamh láithreach, lena n-áirítear na tráchtearraí ábhartha agus na táirgí ábhartha a urghabháil nó a chur nó a chur ar fáil ar an margadh nó a n-onnmhairiú, a chur ar fionraí, i gcás inar braitheadh neamhchomhlíonadh féideartha leis an Rialachán seo ar bhonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) an scrúdú ar fhianaise nó ar fhaisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear faisnéis a mhalartaítear faoi Airteagal 21 nó ábhair imní a bhfuil bunús leo arna gcur isteach faoi Airteagal 31,

(b) na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 19,

(c) rioscaí a bheith sainaitheanta ag an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33.

I gcás inar gá, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas láithreach faoi na bearta sin.

Airteagal 24

Gníomhaíocht cheartaitheach i gcás neamhchomhlíonta

1. Gan dochar d'Airteagal 25, i gcás ina suífidh údaráis inniúla nár chomhlíon oibreoir nó trádálaí an Rialachán seo nó go bhfuil táirge ábhartha a chuirtear nó a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear uaidh neamhchomhlíontach, cuirfidh siad de cheangal gan mhoill ar an oibreoir nó ar an trádálaí sin gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí chomhréireach a dhéanamh chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnta shonraithe.

2. Chun críocha mhír 1, áireofar ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas leis an ngníomh ceartaitheach a cheanglófar ar an oibreoir nó ar an trádálaí a dhéanamh, de réir mar is infheidhme:

(a) aon neamhchomhlíonadh foirmiúil, go háirithe maidir le ceanglais Chaibidil 2, a chur ina cheart;

(b) cosc a chur ar an táirge ábhartha a bheith á chur nó á chur ar fáil ar an margadh nó á onnmhairiú;

(c) an táirge ábhartha a aistarraingt nó a aisghairm láithreach;

(d) an táirge ábhartha a dheonú chun críocha carthanacha nó ar mhaithe le leas an phobail nó, murar féidir é sin a dhéanamh, é a dhiúscairt i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola.

3. Gan beann ar an ngníomh ceartaitheach a rinneadh faoi mhír 2, tabharfaidh an t-oibreoir nó an trádálaí aghaidh ar aon easnaimh sa chóras díchill chuí d'fhonn an riosca ar tuilleadh neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo a chosc.

4. Má mhainníonn an t-oibreoir nó an trádálaí gníomhaíocht cheartaitheach dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a shonróidh an t-údarás inniúil faoi mhír 1, nó i gcás ina leanfaidh an neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh, tar éis na tréimhse ama sin cinnteoidh na húdaráis inniúla go bhfeidhmeofar an ghníomhaíocht cheartaitheach riachtanach dá dtagraítear i mír 2 ar gach uile bhealach a bheidh ar fáil dóibh faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 25

Pionóis

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]), leagfaidh na Ballstáit rialacha síos a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo arna ndéanamh ag oibreoirí agus ag trádálaithe agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh.

2. Beidh na pionóis dá bhforáiltear i mír 1 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áireofar ar na pionóis sin an méid seo a leanas:

(a) fíneálacha atá ar comhréir leis an damáiste comhshaoil agus le luach na dtráchtearraí ábhartha nó na dtáirgí ábhartha lena mbaineann, agus leibhéal na bhfíneálacha sin á ríomh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbainfear na tairbhí a eascraíonn as na sáruithe sin go héifeachtach díobh siúd atá freagrach astu, agus leibhéal na bhfíneálacha sin á mhéadú de réir a chéile as sáruithe leantacha; i gcás duine dlítheanach, is 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil iomlán an oibreora nó an trádálaithe ar fud an Aontais sa bhliain airgeadais roimh an gcinneadh fíneála a bheidh in uasmhéid na fíneála sin, agus an méid sin á ríomh i gcomhréir le ríomh an láimhdeachais chomhiomláin do ghnóthais a leagtar síos in Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([24]), agus méadófar é, i gcás inar gá, chun an sochar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann a shárú;

(b) coigistiú na dtáirgí ábhartha lena mbaineann ar an oibreoir agus/nó ar an trádálaí;

(c) coigistiú ioncam arna bhfáil ag an oibreoir agus/nó ag an trádálaí as idirbheart leis na táirgí ábhartha lena mbaineann;

([23]) Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

([24]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

(d) eisiamh sealadach ar feadh uastréimhse nach faide ná 12 mhí ó phróisis soláthair phoiblí agus ó rochtain ar chistiú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;

(e) toirmeasc sealadach ar thráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a chur, nó a chur ar fáil ar an margadh, nó a onnmhairiú, i gcás sárú tromchúiseach nó sáruithe leantacha;

(f) toirmeasc ar dhíchill chuí shimplithe a leagtar amach in Airteagal 13 a chur i bhfeidhm i gcás sárú tromchúiseach nó sáruithe leantacha;

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi bhreithiúnais chríochnaitheacha i gcoinne daoine dlítheanacha i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus faoi na pionóis arna bhforchur orthu laistigh de 30 lá ón dáta a ndéanfar breithiúnas críochnaitheach de na breithiúnais, agus aird á tabhairt ar na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de na breithiúnais sin ina mbeidh na gnéithe seo a leanas:

(a) ainm an duine dhlítheanaigh;

(b) dáta an bhreithiúnais chríochnaithigh;

(c) achoimre ar na gníomhaíochtaí ar ar a mbonn a cinneadh gur sháraigh an duine dlítheanach an Rialachán seo; agus

(d) cineál agus, i gcás pionós airgeadais, méid an phionóis arna fhorchur.

CAIBIDIL 4

NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH TÁIRGÍ ÁBHARTHA A THUGTAR ISTEACH SA MHARGADH NÓ A CHUIRTEAR AMACH AS

Airteagal 26

Rialuithe

1. Beidh táirgí ábhartha a chuirtear faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' nó 'onnmhairiú' faoi réir na rialuithe agus na mbeart a leagtar síos sa Chaibidil seo. Cuirtear an Chaibidil seo i bhfeidhm gan dochar d'aon fhoráil eile den Rialachán seo ná do gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Airteagail 46, 47, 134 agus 267 de. Ní bheidh feidhm ag Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le rialuithe ar tháirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh áfach, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú an Rialacháin seo.

2. Beidh údaráis inniúla freagrach as forfheidhmiú foriomlán an Rialacháin seo maidir le táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as. Go háirithe, beidh na húdaráis inniúla freagrach, i gcomhréir le hAirteagal 16, as na seiceálacha atá le déanamh ar bhonn cur chuige rioscabhunaithe a shainaithint agus as a shuí, trí na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 16, cibé acu an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar Airteagal 3 le haon táirge ábhartha den sórt sin. Déanfaidh na húdaráis inniúla na freagraíochtaí sin i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Chaibidil 3.

3. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh údaráis chustaim rialuithe ar na dearbhuithe custaim arna dtaisceadh i ndáil le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 48 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Beidh rialuithe den sórt sin bunaithe go príomha ar anailís riosca, mar a shuitear in Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

4. Déanfar uimhir thagartha an ráitis maidir le dícheall cuí a chur ar fáil do na húdaráis chustaim sula ndéanfar táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó sula n-onnmhaireofear é. Chun na críche sin, seachas i gcás ina ndéanfar an ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil tríd an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(2), déanfaidh an duine a thaisceann an dearbhú custaim maidir le táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú uimhir thagartha an ráitis díchill chuí a shanntar don táirge ábhartha sin leis an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33 a chur ar fáil d'údaráis chustaim.

5. Chun comhlíonadh an Rialacháin seo maidir le cead a thabhairt i ndáil le táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú a chur san áireamh:

(a) go dtí go mbeidh an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(1) i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag míreanna 6 go 9 den Airteagal seo, agus malartóidh údaráis chustaim faisnéis le húdaráis inniúla agus comhoibreoidh siad leo i gcomhréir le hAirteagal 27, agus, i gcás inar gá sin, cuirfidh siad san áireamh an malartú faisnéise agus an comhar sin agus cead á thabhairt i ndáil le táirgí ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú;

(b) a luaithe a bheidh an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(1) i bhfeidhm, beidh feidhm ag míreanna 6 go 9 den Airteagal seo, agus tabharfar na fógraí agus déanfar na hiarrataí faoi mhíreanna 6 go 9 den Airteagal seo tríd an gcomhéadan leictreonach sin.

6. Agus rialuithe á ndéanamh acu ar dhearbhaithe custaim maidir le táirge ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíochta nó a onnmhairiú, ar táirge é a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, scrúdóidh na húdaráis chustaim, tríd an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a úsáid, an stádas a shanntar don ráiteas comhfhreagrach maidir le dícheall cuí ó na húdaráis inniúla sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33.

7. I gcás ina léirítear leis an stádas dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo gur sainaithníodh gur gá an táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, de bhun Airteagal 17(2), a sheiceáil sula gcuirtear nó sula gcuirtear ar fáil ar an margadh é, nó sula n-onnmhairítear é, cuirfidh na húdaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú an táirge ábhartha sin ar fionraí.

8. I gcás ina gcomhlíonfar gach ceanglas agus foirmiúlacht eile faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta a bhaineann le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó le honnmhairiú, ceadóidh údaráis chustaim scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) ina léirítear leis an stádas dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo gur sainaithníodh, de bhun Airteagal 17(2), gur gá an táirge ábhartha a sheiceáil sula gcuirtear nó sula gcuirtear ar fáil ar an margadh nó sula n-onnmhairítear uaidh é;

(b) cuireadh an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t-onnmhairiú ar fionraí i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, agus níor iarr na húdaráis inniúla an fionraí a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 17(3);

(c) cuireadh an scaoileadh i saorchúrsaíocht nó an t-onnmhairiú ar fionraí i gcomhréir le mír 7, agus inar thug na húdaráis inniúla fógra do na húdaráis chustaim gur féidir an fionraí maidir leis na táirgí ábhartha a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú curtha a bhaint.

9. I gcás ina dtiocfaidh na húdaráis inniúla ar an gconclúid go bhfuil táirge ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, neamhchomhlíontach, tabharfaidh siad fógra dá réir do na húdaráis chustaim agus ní thabharfaidh na húdaráis chustaim cead an táirge ábhartha sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a onnmhairiú.

10. Ní mheasfar gur cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais ná comhlíonadh an Rialacháin seo, go háirithe, é an scaoileadh i saorchúrsaíocht ná an t-onnmhairiú.

Airteagal 27

Comhar agus malartú faisnéise i measc na n-údarás

1. Chun gur féidir an cur chuige rioscabhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 16(5) a chumasú le haghaidh táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as agus chun a áirithiú go mbeidh na seiceálacha éifeachtach agus go ndéanfar iad i gcomhréir leis an Rialachán seo, rachaidh an Coimisiún, údaráis inniúla agus údaráis chustaim i ndlúthchomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis eatarthu féin.

2. Rachaidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla i gcomhar le chéile i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus malartóidh siad an fhaisnéis is gá chun a bhfeidhmeanna faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí mheán leictreonach.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim faisnéis rúnda a fhaigheann na húdaráis chustaim agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu nó a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda do na húdaráis chustaim, a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-oibreoir, an trádálaí nó an t-ionadaí údaraithe bunaithe.

4. I gcás ina bhfuair na húdaráis inniúla faisnéis i gcomhréir le an Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla sin an fhaisnéis sin a chur in iúl d'údaráis inniúla Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 21(3).

5. Malartófar faisnéis a bhaineann le riosca mar a leanas:

(a) idir údaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) idir údaráis chustaim agus an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis inniúla Ballstát eile, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 28

Comhéadan leictreonach

1. Forbróidh an Coimisiún comhéadan leictreonach a bheidh bunaithe ar Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]), chun gur féidir sonraí, go háirithe na fógraí agus na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 26(6) go (9) den Rialachán seo, a tharchur idir na córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33. Beidh an comhéadan leictreonach sin i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2028.

2. Forbróidh an Coimisiún comhéadan leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/2399 chun an méid seo a leanas a chumasú:

(a) chun go gcuirfear ar a gcumas d'oibreoirí agus do thrádálaithe an oibleagáid a chomhlíonadh i dtaca leis an ráiteas maidir le dícheall cuí ar thráchtearra ábhartha nó ar tháirge ábhartha a thíolacadh de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo, trína sholáthar tríd an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2399 agus aiseolas a fháil ina leith ó údaráis inniúla; agus

(b) chun go mbeifear in ann an ráiteas sin maidir le dícheall cuí a tharchur chuig an gcóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar mionsonraí na socruithe cur chun feidhme le haghaidh mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus, go háirithe, lena saineofar na sonraí, lena n-áirítear a bhformáid, atá le tarchur i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Leis na ngníomhartha cur chun feidhme, soiléireofar freisin an chaoi a dtabharfar fógra láithreach agus go huathoibríoch do na húdaráis chustaim ábhartha faoi aon athruithe ar an stádas arna sannadh ag na húdaráis inniúla ar an ráiteas maidir le dícheall cuí atá sa chóras faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 33, tríd an gcomhéadan leictreonach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Féadfaidh sé go gcinnfear leis na gníomhartha cur chun feidhme freisin go dtarchuirfear sonraí sonracha áirithe atá ar fáil sa ráiteas maidir le dícheall cuí agus is gá le haghaidh gníomhaíochtaí údarás custaim, lena n-áirítear faireachas agus an comhrac in aghaidh na calaoise, agus go gclárófar i gcóras custaim an Aontais agus i gcórais chustaim náisiúnta iad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

CAIBIDIL 5

CÓRAS TAGARMHARCÁLA TÍRE AGUS COMHAR LE TRÍÚ TÍORTHA

Airteagal 29

Measúnú ar thíortha

1. Bunaítear leis an Rialachán seo córas trí-chiseal chun measúnú a dhéanamh ar thíortha nó ar chodanna díobh. Chun na críche sin, déanfar Ballstáit agus tríú tíortha, nó codanna díobh, a aicmiú i gceann de na catagóirí riosca seo a leanas:

(a) tagraíonn 'ardriosca', do thíortha nó codanna díobh, inar sainaithníodh, de réir an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 3, go bhfuil ardriosca ann go dtáirgfear sna tíortha sin nó i gcodanna díobh, tráchtearraí ábhartha nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, pointe (a), ina leith;

(b) tagraíonn 'ísealriosca' do thíortha, nó codanna díobh, a meastar ina leith, de réir an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 3, go bhfuil dóthain muiníne ann gurb eisceachtúil iad na cásanna ina dtáirgtear sna tíortha sin nó i gcodanna díobh, tráchtearraí ábhartha nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, pointe (a), ina leith;

(c) tagraíonn 'gnáthriosca' do thíortha nó codanna díobh, nach dtagann faoi chatagóir an 'ardriosca' ná catagóir an 'ísealriosca'.

2. An 29 Meitheamh 2023, sannfar gnáthleibhéal riosca ar na tíortha uile. Déanfaidh an Coimisiún tíortha, nó codanna díobh, a mbaineann riosca íseal nó ardriosca leo a aicmiú i gcomhréir le mír 1. Déanfar an liosta de na tíortha sin, nó na codanna díobh, a mbaineann ísealriosca nó ardriosca leo a fhoilsiú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(2), tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2024. Déanfar an liosta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta más iomchuí, a mhinice is gá i gcás fianaise nua a bheith ann.

([25]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

3. Bunófar aicmiú na dtíortha ísealriosca agus ardriosca, nó codanna díobh, de bhun mhír 1 ar mheasúnú oibiachtúil trédhearcach arna dhéanamh ag an gCoimisiún, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí agus na foinsí a aithnítear go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh. Bunófar an t-aicmiú go príomha ar na critéir mheasúnaithe seo a leanas:

(a) ráta an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoisí;

(b) ráta leathnaithe na talún talmhaíochta le haghaidh tráchtearraí ábhartha;

(c) treochtaí táirgeachta maidir le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha.

4. Sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 3, féadfar an méid seo a leanas a chur san áireamh freisin:

(a) faisnéis arna tíolacadh ag an tír lena mbaineann, ag na húdaráis réigiúnacha lena mbaineann, ag oibreoirí, ag ENRanna, agus ag tríú páirtithe, lena n-áirítear pobail dhúchasacha, ag pobail áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, maidir le cumhdach éifeachtach astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus ón úsáid talún sa rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide;

(b) comhaontuithe agus ionstraimí eile idir an tír lena mbaineann agus an tAontas agus/nó a Bhallstáit lena dtugtar aghaidh ar an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí agus lena n-éascaítear comhlíonadh Airteagal 3 i dtaca le tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha agus cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas sin;

(c) cibé acu atá nó nach bhfuil dlíthe náisiúnta nó fonáisiúnta i bhfeidhm ag an tír lena mbaineann, lena n-áirítear i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhaontú Pháras, agus a ghlacann nó nach nglacann sí bearta éifeachtacha forfheidhmiúcháin chun dul i ngleic leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí, agus chun gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a sheachaint agus pionóis a ghearradh orthu agus go háirithe cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear pionóis i bhfeidhm atá géar go leor chun na tairbhí a fhabhraítear as an dífhoraoisiú nó as an díghrádú foraoisí a bhaint;

(d) cibé acu a chuireann nó nach gcuireann an tír lena mbaineann na sonraí ábhartha ar fáil go trédhearcach; agus, más infheidhme, dlíthe lena gcosnaítear cearta an duine, cearta na bpobal dúchasach, pobail áitiúla agus sealbhóirí eile gnáthcheart tionachta a bheith ann, a chomhlíonadh nó a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

(e) smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ar allmhairí nó onnmhairí na dtráchtearraí ábhartha agus na dtáirgí ábhartha.

5. Rachaidh an Coimisiún i mbun idirphlé sonrach leis na tíortha uile a aicmítear mar thíortha ardriosca, nó a bhfuil riosca ann go n-aicmeofar iad amhlaidh, agus é mar chuspóir a leibhéal riosca a laghdú.

6. Gan dochar do mhír 5, tabharfaidh an Coimisiún fógra go foirmiúil don tír lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige an tír sin nó cuid di a athaicmiú chuig catagóir riosca eile agus iarrfaidh sé uirthi aon fhaisnéis a mheasfar a bheith úsáideach ina leith a sholáthar. Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis inniúla ar an eolas freisin faoi rún den sórt sin.

Áireofaidh an Choimisiún an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:

(a) an chúis nó na cúiseanna leis an rún aicmiú riosca na tíre nó codanna di a athrú;

(b) an iarraidh ar fhreagra a thabhairt ar an gCoimisiún i scríbhinn maidir leis an rún aicmiú riosca na tíre nó codanna di a athrú;

(c) na hiarmhairtí a bhaineann lena aicmiú mar thír ísealriosca nó ardriosca.

7. Tabharfaidh an Coimisiún am leordhóthanach don tír lena mbaineann chun freagra a thabhairt ar an bhfógra. I gcás ina mbaineann an fógra le rún de chuid an Choimisiúin an tír nó cuid di a aicmiú mar thíortha nó cuid di lena mbaineann riosca níos airde, féadfaidh an tír lena mbaineann faisnéis a sholáthar don Choimisiún sa fhreagra uaithi maidir leis na bearta a ghlac sí chun an cás a leigheas.

8. Tabharfaidh an Coimisiún fógra, gan mhoill, don tír lena mbaineann agus do na húdaráis inniúla faoi thír, nó codanna di, a áireamh leis an liosta dá dtagraítear i mír 2 nó a bhaint den liosta sin.

Airteagal 30

Comhar le tríú tíortha

1. Laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, rachaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais agus na Ballstáit leasmhara, i gcur chuige comhordaithe, i gcomhar le tíortha táirgeachta agus le codanna díobh, a mbaineann an Rialachán seo leo, go háirithe na tíortha sin a aicmiú mar thíortha ardriosca i gcomhréir le hAirteagal 29, trí chomhpháirtíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus trí shásraí comhair ábhartha eile chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe agus an dígrádaithe foraoisí. Forbróidh an Coimisiún creat straitéiseach cuimsitheach de chuid an Aontais don chomhar sin agus breithneoidh sé ar ionstraimí ábhartha an Aontais a shlógadh. Díreofar leis na sásraí comhpháirtíochta agus comhair sin ar chaomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí, ar an dífhoraoisiú, ar an dígrádú foraoisí agus ar an aistriú chuig modhanna inbhuanaithe táirgthe tráchtearraí, próiseála tomhaltais agus trádála. Le sásraí comhpháirtíochta agus comhair, féadfar idirphlé struchtúrtha, socruithe riaracháin, agus comhaontuithe atá ann cheana nó forálacha díobh, chomh maith le treochláir chomhpháirteacha lena gcumasaítear an t-aistriú chuig táirgeadh talmhaíochta lena n-éascaítear comhlíonadh an Rialacháin seo, a áireamh agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na bpobal dúchasach, na bpobal áitiúil agus na bhfeirmeoirí beaga agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe leasmhara uile á háirithiú.

2. Le comhpháirtíochtaí agus comhar, ceadófar rannpháirtíocht iomlán gach geallsealbhóra, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, pobail dhúchasacha, pobail áitiúla, mná, an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear micrifhiontair agus FBManna eile, agus feirmeoirí beaga. Le comhpháirtíochtaí agus comhar, tacófar freisin le hidirphlé cuimsitheach agus rannpháirteach nó tionscnófar an t-idirphlé sin maidir le próisis náisiúnta athchóirithe dlí agus rialachais chun rialachas foraoise a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar thosca intíre lena gcuirtear leis an dífhoraoisiú.

3. Le comhpháirtíochtaí agus comhar, cuirfear forbairt chun cinn i dtaca le próisis chomhtháite um pleanáil talamhúsáide, mar aon le reachtaíocht ábhartha na dtíortha táirgthe, próisis ilgheallsealbhóra, dreasachtaí fioscacha nó tráchtála agus uirlisí eile a bhaineann le hábhar chun feabhas a chur ar chaomhnú foraoisí agus na bithéagsúlachta, bainistíocht inbhuanaithe agus athbhunú foraoisí, dul i ngleic le foraoisí agus le héiceachórais leochaileacha a bheith á n-athrú ina n-úsáidí eile talún, barrfheabhas a chur ar ghnóthachain le haghaidh an tírdhreacha, slándáil tionachta, táirgeacht talmhaíochta agus an t-iomaíochas, agus trédhearcacht slabhraí soláthair, cearta na bpobal a bhraitheann ar fhoraoisí a neartú, lena n-áirítear feirmeoirí beaga, pobail áitiúla, agus pobail dhúchasacha, a bhfuil a gcearta leagtha amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, agus áiritheofar rochtain an phobail ar dhoiciméid bainistíochta foraoisí agus ar fhaisnéis ábhartha eile.

4. Laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, rachaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, nó na Ballstáit, nó iad araon, i mbun plé déthaobhach agus iltaobhach idirnáisiúnta maidir le beartais agus le gníomhaíochtaí chun an dífhoraoisiú agus an dígrádú foraoisí a stopadh, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha amhail an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac, Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, G7 agus G20. Áireofar sa rannpháirtíocht sin cur chun cinn an aistrithe chuig táirgeacht inbhuanaithe talmhaíochta agus bainistíocht inbhuanaithe foraoise mar aon le forbairt slabhraí soláthair trédhearcacha inbhuanaithe mar aon le hiarrachtaí leabúnacha chun caighdeáin agus sainmhínithe láidre a shainaithint agus a chomhaontú lena n-áiritheofar leibhéal ard cosanta d'fhoraoisí agus d'éiceachórais nádúrtha eile agus cearta an duine a bhaineann leis sin.

5. Laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, rachaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais agus na Ballstáit leasmhara, i mbun idirphlé agus comhar le tíortha tomhaltais móra eile, chun glacadh ceanglas uaillmhianach a chur chun cinn chun rannchuidiú na dtíortha sin leis an dífhoraoisiú agus leis an dígrádú foraoisí a íoslaghdú, agus cothrom na Féinne domhanda a chur chun cinn.

CAIBIDIL 6

ÁBHAIR IMNÍ A BHFUIL BUNÚS LEO

Airteagal 31

Ábhair imní a bhfuil bunús leo de chuid daoine nádúrtha nó dlítheanacha

1. Féadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhair imní a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad nach bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibreoir nó trádálaí amháin nó níos mó.

2. Déanfaidh údaráis inniúla measúnú, gan moill mhíchuí, ar na hábhair imní a bhfuil bunús leo go dícheallach neamhchlaonta, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil bonn maith leis an maíomh, agus déanfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear seiceálacha ar oibreoirí agus ar thrádálaithe agus éisteachtaí a thabhairt dóibh, d'fhonn neamhchomhlíontacht fhéideartha ar an Rialacháin seo a bhrath agus, i gcás inarb iomchuí, bearta eatramhacha a dhéanamh faoi Airteagal 23 chun cosc a chur ar tháirgí ábhartha atá faoi imscrúdú a bheith á gcur nó á gcur ar fáil ar an margadh agus á n-onnmhairiú.

3. Laistigh de 30 lá tar éis dó ábhar imní a bhfuil bunús leo a fháil, mura luaitear a mhalairt sa dlí náisiúnta, cuirfidh an t-údarás inniúil na daoine dá dtagraítear i mír 1, arb iad na daoine a thíolaic na húdair imní a bhfuil bunús leo, ar an eolas faoin obair leantach a rinneadh maidir leis an aighneacht sin agus tabharfaidh sé na cúiseanna leis sin.

4. Gan dochar do na hoibleagáidí de bhun Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), déanfaidh na Ballstáit foráil do bhearta chun cosaint a thabhairt do chéannacht na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a chuir isteach ábhair imní a bhfuil bunús leo nó a dhéanann imscrúduithe arb é is aidhm leo a fhíorú an bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibreoirí nó trádálaithe.

Airteagal 32

Rochtain ar an gceartas

1. Maidir le haon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a mbeidh leas leordhóthanach, arna chinneadh i gcomhréir leis na córais náisiúnta atá ann cheana maidir le leigheasanna dlí, lena n-áirítear i gcás ina gcomhlíonann daoine den sórt sin na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos sa dlí náisiúnta lena n-áirítear daoine a thíolaic ábhar imní a bhfuil bunús leis i gcomhréir le hAirteagal 31, beidh rochtain ag an duine nádúrtha nó dlítheanach sin ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí, na ngníomhartha nó na heaspa gníomhaíochta ó na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo.

2. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena rialaítear an rochtain ar an gceartas agus do na forálacha sin lena gceanglaítear go ndéantar triail a bhaint as gach nós imeachta athbhreithnithe riaracháin sula rachfar i muinín imeachtaí breithiúnacha.

CAIBIDIL 7

CÓRAS FAISNÉISE

Airteagal 33

Córas faisnéise

1. Faoin 30 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún córas faisnéise a bhunú agus a choimeád ar bun ina dhiadh, ina mbeidh na ráitis maidir le dícheall cuí gcur ar fáil de bhun Airteagal 4(2).

2. Gan dochar do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhunaítear i gCaibidil 2 agus 3, beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad ag an gcóras faisnéise:

(a) oibreoirí agus trádálaithe agus a n-ionadaithe údaraithe san Aontas a chlárú; i gcás oibreoirí a chuireann táirgí ábhartha faoin nós imeachta custaim 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' nó 'onnmhairiú', áireofar ina bpróifíl clárúcháin an uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha (EORI) a bhunaítear de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) ráitis maidir le dícheall cuí a chlárú lena n-áirítear uimhir thagartha le haghaidh gach ráitis maidir le dícheall cuí arna thíolacadh tríd an gcóras faisnéise a chur in iúl don oibreoir nó don trádálaí lena mbaineann;

(c) uimhir thagartha na ráiteas maidir le dícheall cuí atá ann cheana a chur ar fáil de bhun Airteagal 4(8) agus (9);

(d) i gcás inar féidir, sonraí ó chórais ábhartha a thiontú chun an geoshuíomh a shainaithint;

(e) toradh na seiceálacha ar ráitis maidir le dícheall cuí a chlárú;

(f) idirnascadh le húdaráis chustaim trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam i gcomhréir le hAirteagal 28, lena n-áirítear na fógraí agus na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 26(6) go (9) a cheadú;

(g) faisnéis ábhartha a sholáthar chun tacú le próifíliú riosca do phlean na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 16(5), lena n-áirítear torthaí na seiceálacha, próifíliú riosca na n-oibreoirí, na dtrádálaithe agus na dtráchtearraí ábhartha agus na dtáirgí ábhartha chun críche oibreoirí agus trádálaithe atá le seiceáil dá dtagraítear in Airteagal 16(5) a shainaithint, bunaithe ar theicnící próiseála sonraí leictreonacha, agus chun críche táirgí ábhartha atá le seiceáil ag na húdaráis inniúla;

(h) cúnamh riaracháin agus comhar idir údaráis inniúla, agus idir údaráis inniúla agus an Coimisiún a éascú chun faisnéis agus sonraí a mhalartú;

([26]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

(i) tacú leis an gcumarsáid idir údaráis inniúla agus oibreoirí agus trádálaithe chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí uirlisí digiteacha bainistithe soláthair a úsáid.

3. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le feidhmiú an chórais faisnéise faoin Airteagal seo, lena n-áirítear rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus malartú sonraí le córais eile TF. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

4. Tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar an gcóras faisnéise sin d'údaráis chustaim, d'údaráis inniúla, d'oibreoirí agus do thrádálaithe agus, más infheidhme, dá n-ionadaithe údaraithe, i gcomhréir lena gcuid oibleagáidí féin faoin Rialachán seo.

5. I gcomhréir le Beartas Sonraí Oscailte an Aontais, tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar thacair sonraí iomlána anaithnidithe an chórais faisnéise don phobal i gcoitinne i bhformáid oscailte mheaisín-inléite agus lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht, athúsáid agus inrochtaineacht.

CAIBIDIL 8

ATHBHREITHNIÚ

Airteagal 34

Athbhreithniú

1. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024, tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ag gabháil leis chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun coillearnach eile a áireamh. Áireofar sa mheasúnú, *inter alia*, an scoithdháta dá dtagraítear in Airteagal 2, d'fhonn rannchuidiú an Aontais le tiontú agus díghrádú éiceachóras nádúrtha a íoslaghdú. Áireofar san athbhreithniú measúnú ar thionchar na dtráchtearraí ábhartha ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoisí.

2. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2025, tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair a mbeidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ag gabháil leis chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig éiceachórais nádúrtha eile, lena n-áirítear talamh eile ina bhfuil stoic mhóra charbóin agus lena mbaineann luach ard bithéagsúlachta, amhail féarthailte, tailte portaigh agus bogaigh. Cumhdófar sa mheasúnú leathnú féideartha an éiceachórais, lena n-áirítear ar bhonn an scoithdháta dá dtagraítear in Airteagal 2, d'fhonn rannchuidiú an Aontais le tiontú agus díghrádú éiceachóras nádúrtha a íoslaghdú. Tabharfar aghaidh san athbhreithniú freisin ar an ngá atá ann maidir le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig tráchtearraí breise, lena n-áirítear arbhar Indiach, agus ar a indéanta atá sé an méid sin a dhéanamh. Áireofar san athbhreithniú measúnú ar thionchar na dtráchtearraí ábhartha ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoisí, mar a léirítear le fianaise eolaíoch, agus cuirfear athruithe ar thomhaltas san áireamh ann.

3. Áireofar freisin sa mheasúnú tionchair dá dtagraítear i mír 2 measúnú i dtaobh cibé acu is iomchuí nó nach iomchuí maidir le liosta na dtáirgí ábhartha in Iarscríbhinn I a leasú nó a leathnú chun a áirithiú go n-áireofar ar an liosta sin na táirgí is ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a cothaíodh le tráchtearraí ábhartha nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh. Tabharfar aird ar leith sa mheasúnú sin ar áireamh féideartha bithbhreoslaí (cód CC 382600) in Iarscríbhinn I.

4. Sa mheasúnú tionchair dá dtagraítear i mír 2, déanfar meastóireacht freisin ar ról na n-institiúidí airgeadais maidir le cosc a chur ar shreafaí airgeadais lena rannchuidítear go díreach nó go hindíreach le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí agus déanfar measúnú ann ar an ngá atá le foráil a dhéanamh d'aon oibleagáidí sonracha d'institiúidí airgeadais i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais i ndáil leis sin, agus aon reachtaíocht chothrománach agus earnálach ábhartha á cur san áireamh.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun Iarscríbhinn I a leasú maidir le cóid AC ábhartha na dtáirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a cothaíodh le tráchtearraí ábhartha nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh.

6. Faoin 20 Meitheamh 2028 agus gach 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ginearálta ar an Rialachán seo, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach. Áireofar sa chéad cheann de na tuarascálacha meastóireacht ar an méid seo a leanas go háirithe, bunaithe ar staidéir shonracha:

(a) an gá atá le tuilleadh uirlisí éascaithe trádála, agus a n-indéantacht – agus go háirithe do thíortha is lú forbairt a mbeidh tionchar mór ag an Rialachán seo orthu agus do thíortha nó codanna díobh a aicmíodh riosca caighdeánach nó ardriosca ina leith – chun tacú le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo;

(b) tionchar an Rialacháin seo ar fheirmeoirí, go háirithe feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann le tuilleadh tacaíochta le haghaidh an aistrithe chuig slabhraí soláthair inbhuanaithe agus do fheirmeoirí beaga chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

(c) síneadh breise a chur leis an sainmhíniú ar díghrádú foraoisí, ar bhonn mionanailíse, agus an dul chun cinn a rinneadh sa phlé idirnáisiúnta ar an ábhar sin á chur san áireamh;

(d) an tairseach d'úsáid éigeantach polagán dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (28), agus an tionchar atá aici ar dhul i ngleic le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí á chur san áireamh;

(e) athruithe ar phatrúin trádála na dtáirgí ábhartha agus na dtráchtearraí ábhartha a áirítear faoi raon feidhme an Rialacháin seo nuair a d'fhéadfadh na hathruithe sin a léiriú gur teacht timpeall atá i gceist leo;

(f) measúnú ar cibé acu a bhí nó nach raibh na seiceálacha a rinneadh éifeachtach chun a áirithiú go gcomhlíontar Airteagal 3 leis na tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear.

CAIBIDIL 9

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 35

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 34(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 29 Meitheamh 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 34(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 34(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 36

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír sin, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 11 de.

([27]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Airteagal 37

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 le héifeacht ón 30 Nollaig 2024.

2. Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 d'fheidhm a bheith aige, áfach, go dtí an 31 Nollaig 2027 maidir le hadhmad agus le táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 a táirgeadh roimh an 29 Meitheamh agus a cuireadh ar an margadh ón 30 Nollaig 2024 nó tar éis an dáta sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 1(2) den Rialachán seo, leis an adhmad agus na táirgí adhmaid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010, a táirgeadh roimh an 29 Bealtaine 2023 agus a cuireadh ar an margadh ón 31 Nollaig 2027, déanfar Airteagal 3 den Rialachán seo a chomhlíonadh.

Airteagal 38

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Faoi réir mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 3 go 13, Airteagail 16 go 24, agus Airteagail 26, 31 agus 32 ón 30 Nollaig 2024.

3. Cé is moite de na táirgí a chumhdaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010, i gcás oibreoirí a bunaíodh faoin 31 Nollaig 2020 mar mhicreaghnóthais nó mar ghnóthais bheaga de bhun Airteagal 3(1) nó (2) de Threoir 2013/34/AE, faoi seach, beidh feidhm ag na hAirteagail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ón 30 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 31 Bealtaine 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	P. KULLGREN

IARSCRÍBHINN I

Tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1

Sa tábla seo a leanas liostaítear earraí mar a aicmítear iad san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo.

Seachas seachtháirgí próisis monaraíochta, i gcás ina mbaineann an próiseas sin le hábhar nach dramhaíl é mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2008/98/CE, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí más amhlaidh go dtáirgtear iad go hiomlán as ábhar a bhfuil a shaolré caite agus a chaithfí amach mar dhramhaíl ina mhalairt de chás, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) den Treoir sin.

Tráchtearra ábhartha	Táirgí ábhartha
Eallach	0102 21, 0102 29 Eallach beo ex 0201 Feoil ó eallach, úr nó fuaraithe ex 0202 Feoil ó eallach, reoite ex 0206 10 Scairteach inite ó eallach, úr nó fuaraithe ex 0206 22 Aenna inite ó eallach, reoite ex 0206 29 Scairteach inite ó eallach (seachas teangacha agus aenna), reoite ex 1602 50 Feoil, scairteach feola, fuil eile ó eallach, ullmhaithe nó leasaithe ex 4101 Seithí agus craicne amha ó eallach (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe thairis sin), bídís bearrtha nó scairghearrtha nó ná bídís ex 4104 Seithí agus craicne súdaraithe nó crústaithe ó eallach, gan fionnadh orthu, bídís scairghearrtha nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu ex 4107 Leathar ó eallach, a ndearnadh ullmhú breise air tar éis a shúdaraithe nó a chrústaithe, lena n-áirítear leathar párchóirithe, gan fionnadh air, bíodh sé scairghearrtha nó ná bíodh, cé is moite de leathar atá faoi cheannteideal 4114
Cócó	1801 Pónairí cócó, iomlán nó briste, amh nó rósta 1802 Blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus dramhaíl eile cócó 1803 Leafaos cócó, bíodh sé díshaillte nó ná bíodh 1804 Im cócó, saill cócó agus ola cócó 1805 Púdar cócó nach bhfuil siúcra breise ná substaint eile mhilsithe ann 1806 Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó
Caife	0901 Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; mogaill agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu

Tráchtearra ábhartha	Táirgí ábhartha
Pailm ola	1207 10 Cnónna pailme agus eithní pailme 1511 Ola pailme agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu 1513 21 Amhola eithne pailme agus amhola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bíodh, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu 1513 29 Ola eithne pailme agus ola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu (seachas amhola) 2306 60 Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile chnónna pailme nó eithní pailme, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola nó saillte chnónna pailme nó eithní pailme a úscadh ex 2905 45 Gliocról, ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó (arna ríomh de réir mheáchan an táirge thirim) 2915 70 Aigéid phailmíteacha, aigéid stéaracha, a gcuid salann agus eistear 2915 90 Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe (seachas aigéad formach, aigéad aicéiteach, aigéid mhonaclóraicéiteacha, dhéchlóraicéiteacha nó thríchlóraicéiteach, aigéad próipianach, aigéid bhútánócha agus aigéid pheantánócha, aigéid phailmíteacha, aigéid stéaracha, a gcuid salann agus eistear, agus ainhidríd aicéiteach) 3823 11Aaigéad stéarach tionsclaíoch 3823 12 Aigéad oiléach tionsclaíoch 3823 19 Aigéid shailleacha thionsclaíocha mhonacarbocsaileacha; olaí aigéid ó athscagadh (seachas aigéad stéarach, aigéad oiléach agus aigéid shailleacha ó roisín leachtach) 3823 70 Alcóil shailleacha tionsclaíocha
Rubar	4001 Rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla, i bhfoirmeacha príomhúla nó ina bplátaí, ina leatháin nó ina stiallacha ex 4005 Rubar comhshuite, neamhbholcánaithe, i bhfoirmeacha príomhúla nó ina phlátaí, ina leatháin nó ina stiallacha ex 4006 Rubar neamhbholcánaithe i bhfoirmeacha eile (e.g. slata, feadáin agus cruthanna próifíle) agus earraí (e.g. dioscaí agus fáinní) ex 4007 Snáithe agus corda rubair bholcánaithe ex 4008 Plátaí, leatháin, stiallacha, slata agus cruthanna próifíle, as rubar bolcánaithe seachas rubar crua ex 4010 Criosanna nó beilteanna iompair nó tarchurtha, as rubar bolcánaithe ex 4011 Aerbhoinn nua, as rubar ex 4012 Aerbhoinn atráchta nó chaite as rubar; boinn sholadacha nó chúisín, boinn agus flapaí boinn, as rubar

Tráchtearra ábhartha	Táirgí ábhartha
	ex 4013 Feadáin inmheánacha, as rubar ex 4015 Earraí éadaigh agus oiriúintí éadaigh (lena n-áirítear lámhainní, mitíní agus miotóga), chun críoch uile, as rubar bolcánaithe seachas rubar crua ex 4016 Earraí eile as rubar bolcánaithe seachas rubar crua, nach bhfuil sonraithe in áit eile i gcaibidil 40 ex 4017 Rubar crua (e.g. éabainnít) i bhfoirmeacha uile, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll; earraí rubair chrua
Soighe	1201 Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís 1208 10 Plúr pónaire shoighe agus min phónaire shoighe 1507 Ola phónaire shoighe agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu 2304 Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola phónaire shoighe a úscadh
Adhmad	4401 Connadh, ina spreotaí, ina smutáin, ina chraobhóga, ina bhrosna nó i bhfoirmeacha dá samhail; adhmad i sliseanna nó i gcáithníní; min sáibh agus fuíolladhmad agus dramhadhmad, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, brícíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail 4402 Fioghual, lena n-áirítear scillig-ghualach nó cnóghualach, bíodh sé ceirtleánaithe nó ná bíodh 4403 Adhmad neamhchóirithe, bíodh nó ná bíodh coirt nó sú-adhmad air nó bainte de, nó cearnaithe go garbh 4404 Adhmad fonsa; poil scoilte; cairn, cuaillí agus stácaí adhmaid, a bhfuil pointe orthu ach nach bhfuil sáfa ar a bhfad; bataí adhmaid, iad garbh-bhearrtha, ach gan iad deilte, lúbtha ná oibrithe ar aon bhealach eile, atá oiriúnach chun maidí siúil, scáthanna fearthainne, cosa uirlisí nó a leithéidí a mhonarú; slisadhmad agus a leithéid 4405 Olann adhmaid; plúr adhmaid 4406 Trasnáin (trascheangail) adhmaid iarnróid nó trambhealaí 4407 Adhmad sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús is mó ná 6 mm 4408 Leatháin le haghaidh athchraicinn (lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmad lannaithe a shliseadh), le haghaidh sraithadhmaid nó le haghaidh adhmaid lannaithe chomhchosúil agus adhmaid eile, sáfa ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús nach mó ná 6 mm 4409 Adhmad (lena n-áirítear stiallacha agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-shiúntáilte, feirbthe, múnlaithe, maolaithe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá fhoircinn nó dá éadain, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte 4410 Clár cáithníneach, clár sliseog treoshuite (OSB) agus clár den tsamhail sin (clár slisín, mar shampla), as adhmad nó as ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe le roisíní nó le táthshubstaintí orgánacha eile 4411 Clár snáithíneach adhmaid nó ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé nasctha le roisíní nó le substaintí orgánacha eile

Tráchtearra ábhartha	Táirgí ábhartha
	4412 Sraithadhmad, painéil a bhfuil athchraiceann orthu agus adhmad lannaithe comhchosúil 4413 Adhmad dlúthaithe, ina bhloic, ina phlátaí, ina stiallacha nó ina chruthanna próifíle 4414 Frámaí adhmaid i gcomhair pictiúr, grianghraf, scáthán nó nithe comhchosúla 4415 Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistithe dá samhail, déanta as adhmad; drumaí cáblaí, déanta as adhmad; pailléid, pailléid i bhfoirm boscaí agus cláir ualaigh eile, déanta as adhmad; coiléir phailléid, déanta as adhmad (nach n-áirítear leo ábhar pacála a úsáidtear go heisiach mar ábhar pacála chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh a chosaint nó a iompar.) 4416 Cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus táirgí cúipéara eile agus codanna díobh as adhmad, lena n-áirítear stéibheanna 4417 Uirlisí, ceapa uirlise, cosa uirlise, ceapa nó cosa scuaibe, déanta as adhmad; ceapa gréasaí do bhróga nó buataisí, déanta as adhmad 4418 Táirgí siúinéireachta agus cearpantóireachta, lena n-áirítear painéil cheallacha adhmaid, painéil chóimeáilte urláir, slinnte agus fabhtanna 4419 Gréithe tábla agus cistine, as adhmad 4420 Maircíneacht adhmaid agus adhmad inleagtha; cisteoga agus cásanna do sheodra nó sceanra, agus earraí comhchosúla, as adhmad; deilbhíní agus earraí ornáideacha eile, as adhmad; troscáin déanta as adhmaid nach gcumhdaítear i gCaibidil 94 4421 Earraí eile déanta as adhmad, Laíon agus páipéar i gCaibidlí 47 agus 48 den Ainmníocht Chomhcheangailte, cé is moite de tháirgí bambú agus de tháirgí (dramhaíola agus fuílll) aisghafa ex 49 Leabhair chlóite, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid thionscal na clódóireachta; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna, as páipéar ex 9401 Suíocháin (seachas na cinn atá faoi cheannteideal 9402) cibé ar féidir iad a thiontú go leapacha nó nach féidir, agus páirteanna díobh, as adhmad. 9403 30, 9403 40, 9403 50, 9403 60 agus 9403 91 Troscán adhmaid, agus codanna díobh 9406 10 Foirgnimh adhmaid réamhdhéanta

IARSCRÍBHINN II

Ráiteas maidir le dícheall cuí

Faisnéis atá le háireamh sa ráiteas maidir le dícheall cuí i gcomhréir le hAirteagal 4(2):

1. Ainm agus seoladh an oibreora agus, i gcás tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, an uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. Cód Córais Chomhchuibhithe, tuairisc saorthéacs, lena n-áirítear ainm trádála agus, i gcás inarb infheidhme, ainm eolaíoch iomlán, agus cainníocht, an táirge ábhartha a bheartaíonn an t-oibreoir a chur ar an margadh nó a onnmhairiú. Maidir le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a cuirtear amach as ní mór an chainníocht a shloinneadh i gcileagraim de ghlanmhais, lena sonraítear meastachán céatadáin nó diall, agus, i gcás inarb infheidhme, san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 in aghaidh chód an Chórais Chomhchuibhithe atá léirithe freisin nó, i ngach cás eile, ní mór í a shloinneadh i nglanmhais lena sonrófar meastachán céatadánach nó diall nó, i gcás inarb infheidhme, glantoirt nó líon na n-ítimí. Beidh feidhm ag aonad forlíontach i gcás ina shaineofar go comhsheasmhach é le haghaidh gach fo-cheannteidil a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chód an Chórais Chomhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí.

3. An tír tháirgthe agus geoshuíomh gach plásóige talún inar táirgeadh na tráchtearraí ábhartha. Maidir le táirgí ábhartha a bhfuil eallach iontu nó ar úsáideadh eallach lena ndéanamh, agus maidir le táirgí ábhartha den sórt sin a cothaíodh le táirgí ábhartha, déanfaidh an geoshuíomh tagairt do gach bunaíocht inar coinníodh an t-eallach sin; maidir leis an táirge ábhartha a bhfuil tráchtearraí a táirgeadh i ndáileachtaí talún éagsúla ann nó ar ar úsáideadh tráchtearraí a táirgeadh i ndáileachtaí talún éagsúla lena dhéanamh, áireofar geoshuíomh na ndáileachtaí talún go léir i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe(d).

4. I gcás oibreoirí a thagraíonn do ráiteas maidir le dícheall cuí atá ann cheana de bhun Airteagal 4(8) agus (9), uimhir thagartha an ráitis díchill chuí sin.

5. An téacs: "Agus an ráiteas seo maidir le dícheall cuí á thíolacadh, dearbhaíonn an t-oibreoir gur feidhmíodh dícheall cuí i gcomhréir le Rialachán (AE)2023/1115 agus nár aimsíodh aon riosca nó nár aimsíodh ach riosca diomaibhseach go bhfuil na táirgí ábhartha neamhchomhlíontach le hAirteagal 3, pointe (a) nó (b), den Rialachán sin.".

6. Síniú san fhormáid seo a leanas:

   "Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:

   Dáta:

   Ainm agus feidhm: Síniú:".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA